

Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (Arna Leasú)



Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Roinn A: Ábhar Straitéiseach.

Roinn B: Cuspóirí agus Beartais an Phlean.



Meitheamh 2018

Nóta Tábhachtach

Nóta #1

Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (Arna Leasú)

Tá an tAthru ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 maidir le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dhún na nGall TEN—T (Athru Uimh. 1), ar ghlac Comhairle Tofa Chomhairle Contae Dhún na nGall leis ar an 31 Bealtaine 2021, tugtha isteach i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú). Tá **cló gorm** ar na téacsanna úra atá curtha isteach de bharr an athraithe sin, agus tá ~~líne tríd i geló-dearg~~ ar na téacsanna sin atá scriosta de bharr an athraithe sin.

Lena chois sin, tá na léarscáileanna seo a leanas mar chuid den athru thuasluaite agus agus tá siad le fáil istigh i gCuid A agus i gCuid B den Phlean Forbartha: Léarscáil 2.1, Léarscáil 5.1.1, Léarscáil 5.1.2, Léarscáil 5.1.4, Léarscáil 5.1.5, Léarscáil 5.1.6, agus Léarscáil 7.1.1. Ar mhaithe le soiléire: (a.) na léarscáileanna sin a ndearnadh athru orthu, i ndáiríre, de bharr an Athraithe (Léarscáil 2.1, Léarscáil 5.1.1, Léarscáil 5.1.2, agus Léarscáil 7.1.1), níl aon lipéad orthu leis na hathruithe sin a aithint; Agus (b.) i gcás gur cuireadh léarscáileanna úra isteach in áit seanléarscáileanna, i ndáiríre, (Léarscáil 5.1.4, Léarscáil 5.1.5, agus Léarscáil 5.1.6), tá na leaganacha bunaidh bainte ar shiúl ar fad ón Phlean comhdhlúite. Mar sin féin, tá na leaganacha bunaidh de na léarscáileanna thuasluaite ar fáil chun féachaint orthu ar shuíomh idirlín na Comhairle ag: <https://www.donegalcoco.ie/services/planning/planningpolicy>

Nóta #2

PLEAN FORBARTHA CHONTAE DHÚN NA NGALL 2018-2024

Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghnéithe Áirithe den Bheartas Fuinnimh Ghaoithe

Le hOrdú arna dhéanamh an 5^ú lá de Shamhain 2018 in imeachtaí ar a raibh Uimhir Thaifid 2018/533JR idir Planree Limited, an tIarratasóir, agus Comhairle Contae Dhún na nGall, an Freagraí, ordaíodh go ndéanfaí forálacha áirithe de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 – ba iad sin Cuid 6.5(c) agus (f) de na caighdeáin Fuinnimh Ghaoithe atá i Roinn B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla agus Léarscáil 8.2.1 mar atá i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 mar atá foilsithe – a scriosadh agus/nó a bhaint ó Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024. Ba cheart an Plean Forbartha a léamh i bhfianaise an Ordaithe atá i gceist, ar feitheamh aon athraithe a d'fhéadfaí a dhéanamh air amach anseo. Tá nótaí breise, le haire na léitheoirí a tharraingt ar an mhéid atá san Ordú, curtha isteach i gcodanna cuí den Phlean seo.

(Níl anseo ach nóta míniúcháin agus níl sé mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024)



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



RÉAMHRÁ

Thar ceann Bhaill Thofa Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá lúcháir an domhain orm Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024 a chur in bhur láthair. Léirítear sa Phlean seo athrú treo don Chomhairle ón tsamhail 'gnó mar is gnách' go dtí fíís phleanála níos uailmhianaí d'fhás dearfach agus d'fhorbairt eacnamaíochta an Chontae.

Réitíodh an plean i gcomhthéacs an iomad forbairtí suntasacha nasctha, idir náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Creat Náisiúnta Pleanála an Rialtais; Breatimeacht; agus na socrúithe comhoibrithe idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus (i) Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSraitha Báin faoi scáth Pháirtíocht Straitéiseach Fáis an Iar-Thuaiscirt agus is den tábhacht gurb é an toradh atá air sin coincheap Réigiún Cathrach Trasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire-an tSraitha Báin a bhunú agus a neadú i bpolasaí Náisiúnta agus Réigiúnach; agus (ii) socrúithe breise comhoibrithe le comhpháirtithe i ndeisceart an Chontae (faoi scáth Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair) agus san oirthear (Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí).

Déantar iarracht sa phlean seo dul i glic leis na dúshláin seo agus freastal ar na háiméir seo ar dhóigh chothrom a fheabhsóidh caighdeán na beatha ag muintir Dhún na nGall agus a chothóidh sócmhainní timpeallachta nádúrtha agus tógtha an Chontae, sócmhainní a chuireann le timpeallacht tharraingteach ar leith an Chontae mar áit den scoth ag daoine le bheith ina gcónaí, ag obair, ag teacht ar cuairt agus le gnó a dhéanamh.

An Comhairleoir Gerry McMonagle
Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall,
Meitheamh 2018

CLÁR NA nÁBHAR

Roinn A: Ábhar Straitéiseach

CAIBIDIL 1	CUR I LÁITHIR AGUS FÍS.....	1
1.1	CUR I LÁTHAIR AGUS FÍS.....	1
1.2	AN CREAT NÁISIÚNTA PLEANÁLA (NPF).....	3
1.3	DAONRA	4
1.4	AN GHNÉ TEORANN	6
1.5	AN TIMPEALLACHT EACNAMAÍOCHTA REATHA.....	7
1.6	AN CLÁR UM PHLEANÁIL CEANTAIR ÁITIÚLA	8
1.7	PRÍOMHCHUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA PHLEAN FORBARTHA AN CHONTAE	8
CAIBIDIL 2A	CROÍSTRAITÉIS	10
2A.1	RÉAMHRÁ	10
2A.2	AN CHROÍSTRAITÉIS AGUS SPRIOCANNA DAONRA AN CHONTAE	11
2A.3	AN STRUCHTÚR LONNAÍOCHTA.....	13
2A.3.1	Achoimre ar shaintréithe an Struchtúir Lonnaíochta:	13
2A.3.2	Feidhmíonn Codanna comhpháirteacha an struchtúir mar a bheadh córas gearrann	14
2A.3.3	Codanna Comhpháirteacha/Sraitheanna an Struchtúir Lonnaíochta.....	14
2A.3.4	An Cur Chuige i leith Soláthar Talún Tithíochta.....	17
2A.4	RÉAMH-MHEASTACHÁIN DAONRA.....	21
2A.5	TÁBLA NA CROÍSTRAITÉISE	21
2A.6	STRAITÉIS TITHÍOCHTA	24
2A.7	STRAITÉIS IOMPAIR	24
2A.8	TOSAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA SEIRBHÍSÍ UISCE.....	25
2A.9	CLÁR MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHTA	26
2A.10	CUSPÓIRÍ NA CROÍSTRAITÉISE	26
2A.11	BEARTAIS NA CROÍSTRAITÉISE	28
CAIBIDIL 2B	GNÉ NA TEORANN	30
2B.1	RÉAMHRÁ.....	30
2B.2	TRÉITHE GHNÉ NA TEORANN	31
2B.2.1	Comaitéireacht Trasteorann	31
2B.2.2	Bonneagar Bóithre.....	32
2B.2.3	Trádáil.....	32
2B.2.4	Miondíol.....	33
2B.2.5	Infheistíocht Dhíreach Eachtrach- Breithnithe Geografacha	33
2B.2.6	Pobal.....	33
2B.2.7	Oideachas.....	33

2B.2.8	Sláinte	33
2B.2.9	Turasóireacht	34
2B.2.10	Cistiúcháin an AE	34
2B.2.11	Airgeadra	34
2B.3	TRÁCHTAIREACHT, CUSPÓIRÍ AGUS BEARTAIS ATÁ ÁBHARtha GO DÍREACH DO GHNÉ NA TEORANN Á LUA ARÍS	34
CAIBIDIL 3	BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE	40
3.1	RÉAMHRÁ	40
3.2	AN STRAITÉIS LE HÁTHNUACHAN AGUS LE HÁTHGHINIÚINT A DHÉANAMH AR BHAILTE AGUS AR SHRÁIDBHAILTE	41
3.3	NA RÉIMÍSÍ TÉAMACHA CUMAIS MAIDIR LE GACH AON BHAILE STRAITÉISEACH	44
3.4	CUSPÓIRÍ	46
3.5	BEARTAIS	46
CAIBIDIL 4	FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA	61
4.1	FORBAIRT GHINEARÁLTA EACNAMAÍOCHTA	61
4.1.1	Cúlra	61
4.1.2	Cuspóirí	63
4.1.3	Straitéis Forbartha Eacnamaíochta	64
4.1.4	Beartais	66
4.2	STRAITÉIS MIONDÍOLA AN CHONTAE 2018-2024	71
4.2.1	Cúlra	71
4.2.2	Cuspóirí	76
4.2.3	Beartais	77
CAIBIDIL 5	BONNEAGAR	79
5.1	IOMPAR	79
5.1.1	Cúlra	79
5.1.2	Cuspóirí	84
5.1.3	Beartais	85
5.2	SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA AGUS UISCE	91
5.2.1	Cúlra	91
5.2.2	Cuspóirí	93
5.2.3	Beartais	95
5.3	TEILEACHUMARSÁID	99
5.3.1	Cúlra	99
5.3.2	Cuspóirí	101
5.3.3	Beartais	101
5.4	TUILTE	103
5.4.1	Cúlra	103

5.4.2	Cuspóirí	106
5.4.3	Beartais	107
CAIBIDIL 6	TITHÍOCHT	108
6.1	STRAITÉIS TITHÍOCHTA	108
6.1.1	Cúlra	108
6.1.2	Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne	109
6.1.3	Éileamh ar Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne.....	109
6.1.4	Roghanna Soláthair le freastal ar éileamh	109
6.1.5	Cuspóirí	111
6.1.6	Beartais	112
6.2	TITHÍOCHT UIRBEACH	113
6.2.1	Cúlra	113
6.2.2	Cuspóirí	114
6.2.3	Beartais	115
6.3	TITHÍOCHT TUAITHE	121
6.3.1	Cúlra	121
6.3.2	Cuspóirí	123
6.3.3	Beartais	124
CAIBIDIL 7	AN OIDHREACTH NÁDÚRTHA AGUS FHOIRGNITHE	131
7.1	AN OIDHREACTH NÁDÚRTHA	132
7.1.1	CÚLRA.....	132
7.1.2	Cuspóirí	137
7.1.3	Beartais	138
7.2	AN OIDHREACTH FHOIRGNITHE.....	141
7.2.1	Cúlra	141
7.2.2	Cuspóirí	142
7.2.3	Beartais	143
7.3	OIDHREACTH SEANDÁLAÍOCHTA	145
7.3.1	Cúlra	145
7.3.2	Cuspóirí	145
7.3.3	Beartais	145
CAIBIDIL 8	FORBAIRT AR ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA.....	148
8.1	AN TIONSCAL EASTÓSCTHA AGUS NA GEOLAÍOCHTA	148
8.1.1	Cúlra	148
8.1.2	Cuspóirí	149
8.1.3	Beartais	149
8.2	FUINNEAMH	151
8.2.1	Cúlra	151

8.2.2	Cuspóirí	154
8.2.3	Beartais	155
CAIBIDIL 9	TURASÓIREACHT	159
9.1	CÚLRA	159
9.2	CUSPÓIRÍ	165
9.3	BEARTAIS	167
CAIBIDIL 10	AN ACMHAINN MHUIRÍ AGUS BAINISTIÚ CÓSTA.....	166
10.1	CÚLRA	166
10.2	CUSPÓIRÍ	170
10.3	BEARTAIS	172
CAIBIDIL 11	POBAIL, CULTÚR AGUS AN GHAELTACHT.....	174
11.1	CÚLRA	174
11.2	CUSPÓIRÍ	177
11.3	BEARTAIS	179
Roinn B: Aguisín 3:	Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla.....	184
Roinn B: Aguisín 4:	Ag Tógáil Tí faoin Tuath i nDún na nGall - Treoir maidir le Suíomh, Suí agus Dearadh.....	271

LIOSTA LÉARSCÁILEANNA

Léarscáil 2A.1:	Léarscáil Croístraitéise
Léarscáil 5.1.1:	Gréasán Ten-T
Léarscáil 5.1.2:	Gréasán Iompair Straitéiseach
Léarscáil 5.1.3:	Bóithre lena mbaineann T-P-4
Léarscáil 5.1.4:	N14 Leitir Ceanainn go Leifear (agus an A5 trí Srath Bán)
Léarscáil 5.1.5:	N15/N13 Seachbhóthar Bealach Féich/Srath an Urláir
Léarscáil 5.1.6:	N56 Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn
Léarscáil 5.1.7:	N15 Leifear go Bealach Féich-Srath an Urláir
Léarscáil 5.1.8:	N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear
Léarscáil 5.1.9:	N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta
Léarscáil 5.1.10:	N56 Inbhear go dtí na Cealla Beaga
Léarscáil 5.1.11:	Bóithre Faoisimh Laistigh agus Lasmuigh Bun Cranncha
Léarscáil 5.1.12:	Seachbhóthar Mhagh
Léarscáil 5.1.13:	Cosaint Aerfort Dhún na nGall
Léarscáil 5.3.1:	Conairí Straitéiseacha Bonneagair
Léarscáil 5.3.2:	Mór-Ghréasán Gan Sreang ICT (Amharclíne)
Léarscáil 6.2.1:	Cineálacha Ceantair Tuaithe
Léarscáil 7.1.1:	Limistéar Ardscéimhe
Léarscáil 8.2.1:	Fuinneamh Gaoithe
Léarscáil 9.1:	Turasóireacht
Léarscáil 10.1:	Acmhainn Farraiige agus Cósta Bainistíocht
Léarscáil 11.1:	Pobal, Cultúr agus an Ghaeltacht
Léarscáil 01.Aguisín 3:	Ceartha Slí Poiblí

LIOSTA FÍORACHA

Fíor 1.1:	Contae Dhún na nGall sa Chomhthéacs Réigiúnach.....	1
Fíor 1.2:	An caidreamh idir Plean Forbartha an Chontae agus Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt..	2
Fíor 1.3:	Athrú Daonra (%) i gContae Dhún na nGall, 1991 go 2016 de réir Toghcheantair (ED) .	4
Fíor 1.4:	Athrú Daonra (%) i gContae Dhún na nGall sa tréimhse 2006-2016.....	6
Fíor 1.5:	Sreabh Pobail Fostaíochta Trasteorann: Turais i gcarranna trasna na teorann ó Phoblacht na hÉireann go Tuaisceart Éireann (Buaicphointe AM)	7
Fíor 1.6:	Sreabh Pobail Fostaíochta Trasteorann: Turais i gcarranna trasna na teorann ó Thuaisceart Éireann go Poblacht na hÉireann(Buaicphointe AM).....	7
Fíor 2A.1:	Straitéis Fáis 2 Chéim.....	12
Fíor 2A.2:	An Struchtúr Lonnaíochta	14
Fíor 2A.3:	An Struchtúr Lonnaíochta	16
Fíor 2B.1:	Iarthuaisceart na hÉireann - Na Fírí	30
Fíor 2B.2:	Comaitéirí Trasteorann chun críocha Oibre nó Staidéir, 2016 (Foinse: CSO).....	31
Fíor 3.1:	Scaipeadh Spásúlachta na `mBailte Straitéiseacha'	42
Fíor 01 Aguisín 1:	Naisc an Phlean Forbartha le Pleananna eile	49
Fíor 4.1.1:	Cúinsí Iomaíochais	63
Fíor 5.4.1:	Sampla –Ceantair Chreasa Tuile A, B agus C	106
Fíor 6.3.1:	Teaghaisí in aghaidh Míle den Daonra de réir Contae, Ceathrú 2 2016	122
Fíor 9.1:	Cuairteoirí ón gCoigríoch i nDún na nGall (000)	160
Fíor 9.2:	Cuairteoirí Baile i nDún na nGall (000)	160
Fíor 9.3:	Líon na gCuairteoirí i bPríomháiteanna Turasóireachta i nDún na nGall 2016	161
Fíor 9.4:	Cuairteoirí on gCoigríoch i gContaetha Shlí an Atlantaigh Fhiáin (2015).....	163
Fíor 1 Aguisín 3:	Mionsonraí an Bhealaigh Isteach do Réadmhaoine Cónaitheacha	187
Fíor 2 Aguisín 3:	Tomhas do Spré Léargais [achair X & Y]	189
Fíor 3 Aguisín 3:	Spré léargais malartach do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tuaithe áit a bhfuil cosc ar scoitheadh (foinse: DMURS).....	190

LIOSTA TÁBLAÍ

Tábla 1.1:	Comhchodanna d’Athrú Daonra i gContae Dhún na nGall (2006, 2011, 2016).....	5
Tábla 1.2:	Gluaiseacht Tráchta Iomlán in aghaidh na seachtaine agus an lae in aghaidh an bhealaigh-Sonraí Teiliméadracha 2015 DRD	6
Tábla 2A.1:	Spríodhaonra Daonra	12
Tábla 2A.2:	Scaipeadh Spríodhíthe Fáis do Sholáthar Talún Tithíochta.....	15
Tábla 2A.3:	Bailte an Struchtúir Lonnaíochta	17
Tábla 2A.4:	Stádas Straitéiseach Seirbhísí Uisce ar fud Shraitheanna 1, 2A agus 2B.....	18
Tábla 2A.5:	Réamh-Mheastacháin Daonra	21
Tábla 2A.6:	Tábla na Croístraitéise.....	22
Tábla 2A.7:	Infheistíocht bheartaithe i Seirbhísí Uisce atá i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021	25
Tábla 2B.1:	Gluaiseacht Tráchta Iomlán in aghaidh na seachtaine agus an lae in aghaidh an bhealaigh-Sonraí Teiliméadracha 2015 DRD	32
Tábla 3.1:	Na ‘Bailte Straitéiseacha’ atá ag feidhmiú ‘Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta’.	43
Tábla 3.2:	Na Cúiseanna le ‘Bailte Straitéiseacha’ a aithint mar bhailte ag a bhfuil ‘Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta’.....	44
Tábla 01 Aguisín 1:	An tArdú Daonra atá leagtha amach in RPGanna 2010 (go 2016 agus 2022).....	52
Tábla 4.2.1:	Cineálacha Miondíola	73
Tábla 5.2.1:	Ceanglais maidir le cóireáil dramhuisce d’ílfhorbairtí.....	97
Tábla 5.4.1:	Aicmiú Leochaileachta do chineálacha difriúla forbartha tógtha ó Thábla 3.1 den Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile –Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009)	105
Tábla 5.4.2:	Maitrís Leochaileachta versus crios tuile mar a tógadh ó Thábla 3.1 den Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol d’Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009).....	106
Tábla 7.1:	Míniú ar Théarmaí Teicniúla agus Giorrúcháin.....	132
Tábla 9.1	Forbairtí Féideartha Glasbhealaí.....	163
Tábla 10.1:	Straitéisí Bainistithe Cósta	170
Tábla 1 Aguisín 3:	Teorainneacha Cois Bóthair i gCeantair Thuaithe.....	187
Tábla 2 Aguisín 3:	Bóithre Tionsclaíoch/Cónaitheacha Inmheánacha	189
Tábla 3 Aguisín 3:	Amharclínte ag pointí rochtana ar Bhóithre Tuaithe nach Bóithre Náisiúnta iad, lasmuigh de chrios teorainn luais 60kph	191
Tábla 4 Aguisín 3:	Achair Stoptha Amhairc do Cheantair Uirbeacha laistigh de chrios teorainn luais 60kph (SSD).....	191
Tábla 5 Aguisín 3:	Achair Stoptha Amhairc	192
Tábla 6 Aguisín 3:	Caighdeán Pháirceála Carranna	192
Tábla 7 Aguisín 3:	Toisí Bánna Páirceála agus Luchtaithe	196
Tábla 8 Aguisín 3:	Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi choimirce an OPW.....	202

Tábla 9: Aguisín 3	Reiligí Stairiúla (faoi choimirce Chomhairle Chontae Dhún na nGall)	203
Tábla10 Aguisín 3:	Ceantar Bardasach na nGleannta.....	206
Tábla 11 Aguisín 3:	Ceantar Bardasach Inis Eoghain	211
Tábla 12 Aguisín 3:	Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn	222
Tábla 13 Aguisín 3:	Ceantar Bardasach Shrath an Urláir	232
Tábla14 Aguisín 3:	Ceantar Bardasach Dhún na nGall	243
Tábla 15 Aguisín 3:	Ceartha Slí Poiblí	269

Roinn A

**AN PLEAN
STRAITÉISEACH**

Caibidil 1 Cur I Láithir agus Fís


1.1 Cur i Láthair agus Fís

Is é Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall an príomhphlean reachtúil d'úsáid talún sa Chontae agus leagtar amach ann fís straitéiseach d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae amach anseo thar na 6 bliana de shaolré an Phlean (go 2024) agus ina dhiaidh sin go ceann 20 bliain (go 2038). Féachtar leis an gcreat straitéiseach spás-bhunaithe seo bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar athrú ar úsáid talún sa Chontae agus tugtar léargas soiléir ar an am atá romhainn ó thaobh na forbartha chomh maith le tosaíochtaí soiléire a thabhairt le treallús a chur faoi fhás.

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Contae (CDP) seo fís uailmhianach chomh fada ar aghaidh le 2038 atá le bheith mar chatalaíoch d'fhás dearfach agus d'fhorbairt eacnamaíochta i gContae Dhún na nGall agus é mar aidhm go ndíreodh an Contae ar fhás daonra de thart ar 173,000 duine a bhaint amach faoin mbliain 2024 agus spríoc de 200,000 duine agus níos mó a bhaint amach faoin mbliain 2038. Tugtar aitheantas do na treochtaí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil níos leithne ina dtarlóidh an fás laistigh dóibh ach tá sé dírithe d'aon ghnó ar fhéidearthachtaí agus ar dheiseanna don chontae a eascraíonn óna shuíomh mar chuid de cheantar socheacnamaíoch agus geografach comhtháite níos leithne.

Tá comhpháirtíochtaí seanbhunaithe laistigh de chomhthéacs níos leithne an réigiúin a bhfuil tuilleadh forbartha le déanamh orthu ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do chur chuige comhordaithe le tosaíochtaí réigiúnacha atá rithábhachtach a sheachadadh chun éascú a dhéanamh ar thosaíochtaí Chontae Dhún na nGall. Nuair a thógtar san áireamh éagsúlacht agus méid geografach Chontae Dhún na nGall (tagair do Fíor 1.), tá leas á bhaint as deiseanna ar mhaithe le comhoibriú réigiúnach ar fud teorainneacha an chontae trí (i) ceantar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRRA), atá comhdhéanta de chontaetha Dhún na nGall, Mhuineacháin, an Chabháin, Shligigh, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Gaillimh agus; (ii) i gcomhthéacs Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, atá comhdhéanta de cheantair go léir Chomhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) agus Comhairle Cheantair Chathair Dhoire & an tSraitha Báin (DCSDC), le Leitir Ceanainn agus Cathair Dhoire mar mhórchéantair a nascann leo. Tá an ceantar seo aitheanta mar Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus tá comhpháirtíocht rialtais áitiúil bainte amach ag an Tionscnamh idir an DCC agus an DCSDC a bhfuil an dá údarás áitiúil ag tacú leis, agus a bhfuil an dá rialtas náisiúnta faoi seach ag tacú leis freisin.

Fíor 1.1: Contae Dhún na nGall sa Chomhthéacs Réigiúnach



Tá fianaise ann ar an gcumas sa Réigiún tríd an bhfreagra réigiúnach ar chomhairliúchán ar an gCreat Náisiúnta Pleanála atá á chomhordú tríd an NWRA agus trí chomhoibriú an DCC agus DCSDC araon, atá mar bhonn taca le bunú na Comhpháirtíochta d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt. Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht oibriú i gcomhar le chéile le hathghiniúint agus rathúnas eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt ag díriú ar trí philéar: forbairt eacnamaíochta, forbairt fhisiciúil agus; pleanáil pobail agus sóisialta. Tugann an Plean Forbartha Contae seo, a Fhís, a Chroístraitéis, a chuspóirí agus a bheartais tacaíocht do ról ríthábhachtach Chontae Dhún na nGall sa réigiún níos leithne agus go háirithe i gcur i bhfeidhm Tionscnamh Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt. Cuireann sé creat pleanála reachtúil spásúlachta ar fáil do Chontae Dhún na nGall agus léirítear comhordú agus bainistíocht fíis Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus ár n-uaimhian laistigh de sin (tagraíonn Fíor1.2).

Fíor 1.2: An caidreamh idir Plean Forbartha an Chontae agus Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt



Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, leas a bhaint as na láidreachtaí agus as na deiseanna áirithe agus as an gcumas nideoige atá laistigh de réimsí difriúla den Chontae le tairbhí agus athrú fóna a chur ar fáil do gach pobal i nDún na nGall agus don réigiún dá réir sin. Tá an cumas atá i gContae Dhún na nGall le fáil laistigh dár gceantair thuaithe agus laistigh dár mbailte agus sráidbhailte ón Tuaisceart go dtí an Deisceart agus ón Oirthear go dtí an tIarthar agus dá bhrí sin tá sé éagsúil agus uathúil de réir a nádúir. Is ionann Contae Dhún na nGall ina iomláine agus áit iontach chun maireachtáil, chun oibriú agus chun gnó a dhéanamh ann. Cuireann sé gné uathúil den chomhthéacs réigiúnach é, go háirithe ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt atá láidir agus atá ag fás agus a bhfuil mais chriticiúil ann de ghar de 400,000 duine agus é ar an 4ú Réigiún Cathrach is mó atá ar Oileán na hÉireann.

Tugtar Fís an Phlean Forbartha seo mar a leanas:

Faoin mbliain 2038, beidh Contae Dhún na nGall ina áit atá nasctha, a mbeidh an geilleagar láidir ann, a bheidh iomaíoch agus nuálach, a bheidh ag mealladh agus ag cothú daonra sa bhreis ar 200,000 duine, ag cur caighdeán saoil ar fáil atá ar an gcaighdeán is airde sa tír agus a mbeidh ról lárnach aige i gcomhthéacs Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus laistigh de Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

1.2 An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF)


Tiocfaidh an NPF in áit na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020 (NSS) agus beidh fócas ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar infheistíocht i mbonneagar tithíochta, seirbhísí uisce, iompar, cumarsáid, fuinneamh, sláinte agus oideachas san áireamh ann. Tá an NPF1 á hullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoHPCLG) agus cuireadh líon foilseachán agus páipéar comhairliúcháin (lena n-áirítear páipéar dar teideal 'Saincheisteanna agus Roghanna') ar fáil an 2 Feabhra 2017 le heolas a chur ar fáil do thréimhse chomhairliúcháin agus leanfar suas é sin le dréachtNPF in am trátha. Foilsíodh an Páipéar 'Saincheisteanna agus Roghanna' le tagairtí comhairliúcháin a dhéanamh maidir leis an gcaidreamh le Tuaisceart Éireann agus tagraíonn sé go háirithe don Chomhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt mar chur chuige rathúil trasteorann le bealach a chur ar fáil d'fheidhmíocht níos fearr ag leibhéal spásúlachta. Déanann an Páipéar 'Saincheisteanna agus Roghanna' cur síos ar an gcur chuige mar chur chuige áit-bhunaithe le luas a chur faoi fhás inbhuanaithe atá faoi threallús ag ceannaireacht áitiúil agus atá faoi threoir agus lena dtacaíonn beartas lárnach. Leagan sé amach go bhfuil feabhas a chur ar fheidhmíocht réimse an Iarthuaiscirt ar phríomhaschur atá ríthábhachtach d'uailmhianta Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus do Rialtas na hÉireann araon le cumas eacnamaíochta an réigiúin a bhaint amach. Tá Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, chomh fada agus is indéanta ailínithe leis na príomhshaincheisteanna atá ag teacht chun cinn go dtí seo trí réamh-thráchttaireacht timpeall ar an NPF. homh maith leis sin, tá an obair i gcomhar leis an nGrúpa Comhpháirtíochta d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt ag cuidiú le heolas a chur ar fáil don NPF agus ag cur breac-chuntas ar fáil ar an gcumas atá ag Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt².

I dtéarmaí athrú daonra agus cásanna fáis, déanann Páipéar 'Saincheisteanna agus Roghanna' an NPF cur síos ar scála fáis na hÉireann óna luath 1990í (féach Fíor1.3) mar fhás nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus leagan amach go leanfaidh an fás agus an t-athrú. Leagan an Páipéar amach, in easnamh NPF éifeachtach, gur dóigh go leanfaidh na treochtaí reatha i dtéarmaí patrúin lonnaithe scaipthe lasmuigh de na príomhcheantair uirbeacha, ardú ar an daonra agus ar ghníomhaíocht sa taobh thoir den tír agus is dóigh go dtiocfaidh laghdú ar an daonra i gceantair thuaithe nach mbeidh chomh hinrochtana do chathracha agus do bhailte atá níos mó. I gcomparáid le patrúin lonnaithe, leagan an Páipéar amach go bhfuil an patrún spásúlachta fostaíochta dírithe go príomha ar chathracha agus ar bhailte atá níos mó mar shuíomhanna ina bhfuil níos mó lucht oibre. Molann an Páipéar gur chóir go mbreithneodh próiseas an NPF malairt straitéisí ó thaobh leanúnachas na dtreochtaí reatha nó 'Gnó mar is Gnách' ar mhaithe le seachadadh a dhéanamh ar spriocanna náisiúnta comhroinnte. Sa chomhthéacs seo, cuireann fíis an Phlean Forbartha seo malairt 'Gnó mar is Gnách' ar fáil do Chontae Dhún na nGall trí raon meicníochtaí, lena n-áirítear éascú a dhéanamh ar fheabhsúcháin i gcaighdeáin na beatha agus i bhfoláine, ag spreagadh athghiniúint tuaithe agus uirbeach araon, ag aithint agus ag tacú leis an gcumas fostaíochta ar fud an Chontae, agus aire a thabhairt dár n-acmhainní comhshaoil agus tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt bonneagair.

¹ www.npf.ie

² D'fhoilsigh an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtas Áitiúil an NPF deiridh i mí Feabhra 2018 agus dá bhrí sin bhain imeachtaí an aird den téacs thuasluaite. D'ainneoin sin, rinneadh na comharthaí atá i bpáipéir Chomhairliúcháin Saincheisteanna an NPF maidir le Dún na nGall agus an iarthuaisceart, agus dá dtagraítear sa téacs thuas, a thabhairt ar aghaidh chuig doiciméad deiridh an NPF agus, dá bhrí sin, tá an Plean Forbartha Contae seo ailínithe go láidir leis an NPF.

Fíor 1.3: Athrú Daonra (%) i gContae Dhún na nGall, 1991 go 2016 de réir Toghcheantair (ED)



Foinse: Sliocht ó www.npf.ie

1.3 Daonra

Mar atá luaite i gcuid 1.1, aithnítear leis an uailmhian d'fhás daonra atá sa Phlean Forbartha seo an cumas atá ann go mbainfidh an contae amach daonra atá os cionn 200,000 duine faoin mbliain 2038 thar chur chuige dhá chéim i leith forbairt an Chontae, eadhon:

- Baineann Céim 1 le tréimhse an Phlean, 2018-2024, agus déanann soláthar le haghaidh ardú ar fhás daonra ag ráta bliantúil de 1.1% as seo go dtí an bhliain 2024, a mbeidh daonra de suas le 173,000 mar thoradh air faoin mbliain 2024. I gcomhthráth leis sin, beidh Céim 1 mar thréimhse 'idirghabhálacha' cinntithe, lena n-áirítear leagan amach agus cur i bhfeidhm tosaíochtaí infheistíochta, tionscnaimh agus taighde spriocdhírithé cuí a mbeidh sé mar aidhm leo spreagadh agus luas a chur faoi thuilleadh fáis chomh fada ar aghaidh le Céim 2.
- Déanfaidh Céim 2 soláthar do mheánráta bliantúil fáis luathaithe de 1.5% thar an tréimhse 2024 go 2038 de réir mar a éireoidh tionchar 'idirghabhálacha' soiléir. D'fhéadfadh spriocdaonra de 209,000 duine a bheith mar thoradh ar Chéim 2 faoin mbliain 2038. Chomh maith leis sin, leanfar le cur chuige idirghabhála leanúnach le díriú ar infheistíocht agus ar chlár le linn Chéim 2. Tugann Caibidil 2, Croístraitéis, aghaidh níos mionsonraithe ar fhás daonra agus ar an soláthar talún amach anseo a bhaineann leis.

Léiríonn Tábla 1.1 agus Fíor 1.4, agus an uailmhian ó thaobh an daonra á chur i gcomhthéacs, athrú daonra agus comhchodanna ó thaobh athrú daonra i nDún na nGall thar thréimhse dhaonáirimh 2006, 2011 agus 2016. Léiríonn an anailís go raibh ráta tapa fáis de 9.4% ag baint leis an daonra i gContae Dhún na nGall thar an tréimhse 2006-2011, (arbh ionann é agus 1.9% in aghaidh na bliana) agus bhí an ráta seo níos gasta ná mar a bhí sa Stát le linn na tréimhse céanna. Ba leibhéal ard imirce ghlan³ chomh maith le leibhéal seasmhach d'ardú nádúrtha ba chúis leis an ráta fáis sa tréimhse seo.

³Is é seo an ráta daoine a aistríonn chuig contae lúide líon na ndaoine a fhágann an contae céanna

Tábla 1.1: Comhchodanna d'Athrú Daonra i gContae Dhún na nGall (2006, 2011, 2016)


	2006	2011	2016	% d'athrú 2006- 2011	% d'athrú 2011- 2016	% d'athrú 2006- 2016
Daonra (líon)	147,264	161,137	158,755	9.42 (+1.8% in aghaidh na bliana)	-1.5 (-0.3% in aghaidh na bliana)	7.8 (+0.78% in aghaidh na bliana)
Ardú Nádúrtha (líon)	3,113	5,655	4,349	81.66	-23	39.7
Imirce ghlan measta (líon)	6,576	8,218	-6731	24.97	-181.9	-202
Meánráta breitheanna sa bhliain (ráta in aghaidh an 1000 duine den daonra)	13.5	14.4	12.4	--	--	--
Meánráta báis sa bhliain (ráta in aghaidh an 1000 duine den daonra)	8.0	7.0	7.0	--	--	--
Meánardú Nádúrtha sa bhliain⁴ (ráta in aghaidh an 1000 daonra)	7.4	7.3	5.4	--	--	--
Meánráta measta imirce ghlan sa bhliain⁵ (ráta in aghaidh an 1000 daonra)	11.5	10.7	-8.4	--	--	--

Léiríonn sonraí ó réamh-dhaonáireamh 2016 a foilsíodh gur tháinig athrú ar threochtaí thar an tréimhse 2011- 2016 (Féach Tábla 1.1 agus Fíor 1.4), gur tháinig laghdú 1.5% go 158,755 duine ar an daonra i nDún na nGall (laghdú de 2,382 duine) i gcomhthráth leis an ngéarchéim eacnamaíochta. I dtéarmaí comhchodanna athrú daonra le linn tréimhse dhaonáireamh 2011-2016, tháinig titim ar an ráta fáis nádúrtha agus ar ghlan-imirce amach araon i gContae Dhún na nGall. Tá ráta an ghlanimirce sa chontae, áfach, níos suntasaí ó thaobh na treochta seachas an laghdú a tháinig ar an ardú nádúrtha, rud a léiríonn dá bhrí sin, flúirse na bpatrúin imirce mar fhachtóir leis an laghdú le gairid ar an daonra i gContae Dhún na nGall. Tá an treocht seo ag teacht leis na leibhéil arda comparáideacha imirce isteach a bhí le brath thar thréimhse 2006-2011. I gcomhthéacs an Stáit, is i gContae Dhún na nGall is mó a bhí imirce amach agus bhí Baile Átha Cliath Theas sa dara háit agus Contaetha Luimnigh, Mhaigh Eo agus na Gaillimhe ag teacht ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil ráta an ardaithe nádúrtha i gContae Dhún na nGall (5.4) in 2016 níos lú ná an meán sa Stát (8.5), ní léiríonn sé an ráta glanimirce (atá ar an ráta is ísle sa tír) ach ina dhiaidh sin is uile tá sé cláraithe mar an seachtú Contae is ísle sa Stát sa tréimhse daonáireamh 2011-2016.

Léiríonn treochtaí, agus riochtaí geilleagrach náisiúnta inar tharla athrú daonra sa tréimhse 2011-2016 á n-aithint, a breithníodh thar thréimhse fhadtéarmach, patrúin fáis níos tomhaiste agus níos inbhuanaithe. Ar an gcéad dul síos, mar léirítear i bhFíor 2.1, de Chaibidil 2, agus dearcadh fadtéarmach á thógáil sa tréimhse 1971-2016 (45 bliain), tá ardú de bheagnach 50,500 duine tagtha ar an daonra i gContae Dhún na nGall, rud a léiríonn patrúin fáis dearfacha agus léirítear ag an am céanna freisin laghdú timthrialta eacnamaíochta agus daonra sa tréimhse seo. Ar an dara dul síos, tá taifeadadh déanta ar fhás dearfach sa daonra freisin sa tréimhse 10 mbliana 2006-2016 ag ráta 7.8% nó 0.78% in aghaidh na bliana.

⁴Sainmhínítear é seo mar líon na mbreitheanna lúide líon na mbásanna sa chontae

⁵Is é seo an ráta daoine a aistríonn chuig contae lúide líon na ndaoine a fhágann an contae céanna

Fíor 1.4: Athrú Daonra (%) i gContae Dhún na nGall sa tréimhse 2006-2016

1.4 An Ghné Teorann


Cuireann Caibidil 2B síos ar an ghné teorann ar ullmhaíodh an Plean seo ina leith. Tá 181km de theorainn ag an chontae le Tuaisceart Éireann (atá taobh le Comhairlí Chathair Dhoire agus An tSraitha Bán agus; Fear Meanach agus an Ómaigh) agus 11km eile de theorainn taobh le Contae Liatroma. Tá 58 pointe trasnaithe bóthair aige go Tuaisceart Éireann agus 7 go Contae Liatroma. Tá an-tionchar ag an ghné teorann ar ghníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta laethúla i gContae Dhún na nGall agus ar fhoirmiú, cur i bhfeidhm agus infheistiú polasaí straitéiseach ardleibhéil. Tá poitéinseal ag iarmhairtí Breatimeachta, cé nach eol dúinn fós iad, meascán de dhúshláin agus deiseanna a chruthú agus tá sé mar aidhm ag an Plean seo a bheith láidir agus réidh chun tabhairt faoi na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tábla 1.2: Gluaiseacht Tráchta Iomlán in aghaidh na seachtaine agus an lae in aghaidh an bhealaigh-Sonraí Teiliméadracha 2015 DRD

Bealach	Gluaiseacht Tráchta (in aghaidh na seachtaine)	Gluaiseacht Tráchta (in aghaidh an lae oibre)
Doire- Ceann an Droichid	134,863	19,266
Doire- An Magh	71,145	10,164
An Srath Bán- Leifear	120,569	17,224
Líon iomlán turas	326,577	46,654


(Foinse: 'An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hImeacht na Breataine as an Aontas Eorpach mar a bhainfidh le Limistéar Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Chathair Dhoire agus an Srath Bán Feabhra 2017)

Fíor 1.5: Sreabh Pobail Fostaíochta Trasteorann: Turais i gcarranna trasna na teorann ó Phoblacht na hÉireann go Tuaisceart Éireann (Buaicphointe AM)



(Foinse: Páipéar 'Saincheisteanna agus Roghanna' an NPF, Feabhra 2017)

Fíor 1.6: Sreabh Pobail Fostaíochta Trasteorann: Turais i gcarranna trasna na teorann ó Thuaisceart Éireann go Poblacht na hÉireann (Buaicphointe AM)



(Foinse: Páipéar 'Saincheisteanna agus Roghanna' an NPF, Feabhra 2017)

1.5 An Timpeallacht Eacnamaíochta Reatha

Tá an comhthéacs náisiúnta eacnamaíochta don Phlean Forbartha ar chomhthéacs a léiríonn go bhfuiltear ag fillleadh ar fhás eacnamaíochta mar aon le tréimhse atá neamhchinnte i bhfianaise chinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil. Tabharfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire & an tSraitha Báin freagra i gcomhar ar Brexit trí Chomhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt agus trí Thionscnamh Réigiúin Cathrach an Iarthuaiscirt. Chuathas i mbun obair shuntasach go dtí seo leis na dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun tosaigh a bhreithniú, lena n-áirítear dréacht-thuarascáil a fhoilsiú i mí Feabhra 2017 'Initial Analysis of the Challenges and Opportunities of Brexit for the Derry City & Strabane and Donegal County Council areas-The North West City Region.' Léirítear ar thorthaí na hoibre sin go dtí seo go bhfuil sé níos tábhachtaí ná riamh anois a chinntiú go mbeidh na príomhthosaíochtaí suntasacha fáis réigiúnaí ar nós tionscadail bóithre an A5 agus A6 bainte amach. Tá ról cumasúcháin an Phlean Forbartha ó thaobh infheistíocht i mbonneagar a mbaineann ríthábhachtach lena aithint, lena chomhordú agus tosaíocht a thabhairt dó, mar aon le suíomh a bhaineann le forbairt eacnamaíochta a threorú, mar chomhchuid an-tábhachtach den téarnamh geilleagrach i gContae Dhún na nGall agus tá naisc dhíreacha aige leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) Dhún na nGall 2016–2022.

Léiríonn an Plean Forbartha seo go bhfuil ról ag lonnaíochtaí ó thaobh dlús a chur faoi fhorbairt eacnamaíochta suntasach sa Chontae trí bhéim a chur ar an tábhacht a bhaineann le hathnuachan agus le hathghiniúint ár mbailte agus ár sráidbhailte áit a bhfuil earnálacha nideoige, braislí fiontraíochta nó láidreachtaí, deiseanna nó sócmhainní áirithe ar féidir leas a bhaint astú ar bhealach atá cothrom. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo, i gcomhthráth leis sin, na pobail tuaithe a láidriú trí thacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht-talmhaíochta, do thurasóireacht, agus do dheiseanna ó thaobh eacnamaíochta na tuaithe a fhorbairt, forbairt a bheidh ar nádúr agus ar scála cuí, áit ar féidir deiseanna fostaíochta a chur ar fáil go háitiúil. Tugann Roinn B, Caibidil 4 (Forbairt Eacnamaíochta) aghaidh níos mionsonraithe ar an gcomhthéacs áitiúil maidir le fás eacnamaíochta chomh maith le creat a aithint ina ndéanfar forbairt eacnamaíochta nua a threorú laistigh de.

1.6 An Clár um Phleanáil Ceantair Áitiúla

IS é an Plean Forbartha Contae (PFC) seo an chéad Phlean Forbartha Contae i gContae Dhún na nGall ina iomláine, (lena n-áirítear na hiar-cheantair Chomhairlí Bhaile Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin). Mar sin de, leanann sé na creatlacha reatha úsáid talaimh agus criosaithe i ndáil le Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin agus na téacsanna scríofa a bhaineann leo a dhaingniú. Cuirfidh clár pleanáilte chun Clár um Phleanáil Ceantair (LAP) i ndáil le Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin a dheimhnítear trí Chroí-Chuspóir Straitéiseach CS-0-15, an leibhéal cuí measúnaithe agus mionsonraithe ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na creatlacha pleanála ina ndéanfaidh gach ceann acu a chinntiú athbhreithniú ar an bhonn fhianaise iomchuí. Tabharfaidh na Pleananna Ceantair Áitiúla cláraithe aghaidh ar an easnamh aitheanta ar thailte cónaithe 1ú céim i Leitir Ceanainn chomh maith le méid na dtailte ainmnithe 'Cúlchiste Cónaitheach Straitéiseach' (SRR) mar bhanc thailte cónaithe fadtéarmach i ngach baile.

Seo a leanas na hamscálaí don chlár pleanáilte Pleananna Ceantair Áitiúla:

- An Plean Ceantair Áitiúil a ghlacadh mí Iúil 2018 maidir leis An Chlochán Liath, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus Ceann an Droichid freisin.
- Ullmhúchán Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn (spriocfhoilsiú an 4ú ceathrú 2018).
- Ullmhúchán Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil maidir le Bun Dobhráin agus Bun Cranncha (spriocthús an 4ú ceathrú 2018).

1.7 Príomhchuspóirí Straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae

Aithnítear sa Phlean na príomhchuspóirí straitéiseach seo a leanas don Chontae:

S-O-1: Pleanáil a dhéanamh chun 173,000 duinea chur leis an daonra faoin mbliain 2024 agus pleanáil a dhéanamh ina dhiaidh chun ardú breise go dtí 200,000 duine a chur ar an daonra faoin mbliain 2038 ar mhaithe le mais chriticiúil sa Chontae agus ina dhiaidh sin cur leis an mais chriticiúil (i) Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt le Leitir Ceanainn, An Strabán agus Chathair Dhoire mar príomhlonnaíochtaí uirbeacha aige agus, ceantair Údarás Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt (NWRA), go háirithe Contae Shligigh, Contae Mhuineacháin agus Contae an Chabháin, mar aon le páirtithe i gContae Fhear Manach agus Comhairle Ceantair na hÓmaí.

- S-O-2:** Tacaíocht a thabhairt d'fhás sa Chontae trí 'Straitéis Uile Chontae' ar mhaithe le forbairt éifeachtach a chinntiú agus le leas a bhaint as láidreachtaí agus deiseanna áirithe atá laistigh de cheantair dhifriúla sa Chontae.
- S-O-3:** Tacaíocht a thabhairt do ról Leitir Ceanainn mar cheantar uirbeach nasctha i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt ar mhaithe le treallús a chur faoi infheistíocht agus tairbhí iarmhartacha a chur ar fáil ar fud an Chontae iomláin agus tacaíocht a thabhairt d'fhás réigiúnach i gcomhthéacs Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.
- S-O-4:** Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm samhail eacnamaíochta inbhuanaithe do Chontae Dhún na nGall a chuimsíonn fás i réimsí ar nós nuálaíocht, taighde agus forbairt, éagsúlú na tuaithe, tionscnaimh turasóireachta, dul chun cinn i gcúrsaí fuinnimh agus fiontar nuathionscanta inbhuanaithe a chur chun cinn agus mar chomhchuid dílis le luas a chur faoi fhás socheacnamaíoch san Iarthuaisceart.
- S-O-5:** Tosaíocht a thabhairt d'athghiniúint agus d'athnuachan bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe sa Chontae ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do phobail bheoga agus pobail láidrithe mar thiománaithe a chuireann dlús le fás eacnamaíochta.
- S-O-6:** Caighdeán agus éagsúlacht na timpeallachta sa Chontae a chosaint, a fheabhsú agus an leas cuí a bhaint aisti trí raon leathan bearta le tacaíocht ó phleanáil chúí agus ó fhorbairt inbhuanaithe.
- S-O-7:** Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht bonneagair phríomha atá riachtanach ar fud an Chontae, ar nós gréasáin iompair, seirbhísí uisce, diúscairt dramhaíola, gréasáin fuinnimh agus cumarsáide, soláthar oideachais, cúram sláinte, miondíol agus raon leathan saoráidí pobalbhunaithe agus comhoibriú a thabhairt ó thaobh a seachadadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs réigiúnach.
- S-O-8:** Éascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe, ar nuálaíocht, taighde agus dul chun cinn i dteicneolaíocht gnó, cumarsáid agus forbairt fuinnimh chúí ar fud an Chontae agus i gcomhthéacs Réigiúnach, Trasteorann agus Náisiúnta.
- S-O-9:** Tá sé mar chuspóir leis an bPlean Forbartha seo beartais an Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm.
- S-O-10:** Creat straitéiseach spáis a sholáthar le comhoibriú, infheistíocht, forbairt pobail agus fás inbhuanaithe a stiúradh.
- S-O-11:** Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T (TFBD TEN-T) a chur chun cinn agus, i ndeireadh na dála, é a chur i gcrích/a chur i bhfeidhm mar thionscadal a bhfuil tábhacht chriticiúil straitéiseach leis do Dhún na nGall faoi réir ceaduithe reachtúla riachtanacha a fháil don tionscadal sin agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le haon cheaduithe mar sin (má thugtar iad).

Caibidil 2A Croístraitéis

2A.1 Réamhrá

Mar atá molta i gCaibidil 1, leagan an Plean Forbartha seo amach fíis uailmhianach d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae amach anseo sa 6 bliana de thréimhse an Phlean (go 2024) agus ina dhiaidh sin go ceann 20 bliain (2038). Cuireann an Fhís Contae Dhún na nGall i láthair mar áit a bheidh nasctha faoin mbliain 2038 le geilleagar láidir, iomaíoch agus nuálaíoch agus mar áit a bheidh ag tarraingt daoine chuige féin agus a dhéanfaidh cothabháil ar dhaonra atá níos mó na 200,000 duine, ag cur caighdeán beatha ar fáil atá aicmithe ar an gcaighdeán is fearr sa tír. Luann sé freisin go mbeidh príomhról straitéiseach ag Contae Dhún na nGall i gcomhthéacs Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus laistigh de réimse Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Leagan an Plean seo amach, le seachadadh a dhéanamh ar an uailmhian seo, cúlra fáis eile i leith 'gnó mair is gnách' i gContae Dhún na nGall. Tagann sé seo le tráchtairacht fhoilseachán an NPF 'Saincheistanna agus Roghanna' a dhéanann cur síos ar an bpatrún spáis a thaobh na forbartha in Éirinn leis na déaga de bhlianta mar:

- Tá lonnaíochtaí níos scaipthe agus go ginearálta tá fostaíocht níos dírithe ar líon beag ceantar;
- Is ar imeall na lonnaíochtaí atá fás an daonra ag tarlú;
- Tá fás fostaíochta níos feiceálaí i gceantair atá níos mó;
- Go ginearálta tharla meath i gceantair thuaithe, i mbailte beaga agus i gcodanna uirbeacha seanbhunaithe sna cathracha agus i mbailte atá níos mó agus nach bhfuil chomh hinrochtana seo;
- Tá níos mó daonra agus níos mó gníomhaíocht gheilleagrach in Oirthear an Chontae.

Leagtar amach i gCaibidil 1 an comhthéacs leathan athrú daonra i gContae Dhún na nGall a léiríonn tionchar imirce amach sa tréimhse daonáirimh 2011- 2016 mar fhachtóir suntasach sa laghdú 1.5% sa daonra foriomlán. Cuirfidh eisiúintí beartaithe torthaí daonáirimh amach anseo eolas níos mionsonraithe ar fáil maidir leis seo. Is í croístraitéis an Phlean seo, an mhalairt ar 'gnó mar is gnách' bearta úsáide talún agus spáis a aithint a chuirfidh leis an leibhéal imirce amach a chúlú; timpeallacht eacnamaíochta inbhuanaithe a spreagadh agus a éascú lenár ndaonra óg a choinneáil (cohóirt aoise 0-19 a rinne suas 29% de dhaonra Chontae Dhún na nGall sa bhliain 2011) agus; cur leis an leibhéal imirce isteach, lena n-áirítear na daoine siúd ar mian leo fillleadh abhaile go Dún na nGall. I gcomhthráth leis sin, aithníonn an croístraitéis ról na lonnaíochtaí ó thaobh treallús a chur faoi fhorbairt an chontae, i ndáil le tábhacht Leitir Ceanainn agus a mhórchéantar araon agus maidir le gréasán bailte straitéiseacha agus bailte beaga tuaithe eile mar ionaid seirbhísí agus mar ionaid ag a bhfuil cumas eacnamaíochta agus feidhm speisialta áirithe. Tá sé mar aidhm le Caibidil 3 an cumas atá inár ngréasán bailte ar fud an Chontae a aithint agus leas a bhaint as trí straitéis athghiniúna agus athnuachana pobail tuaithe.

Tá an cur chuige seo ar aon dul leis an chlár oibre náisiúnta ar athrú aeráide agus dícharbónú atá mar bhonn agus taca ag Alt 10(2)(n) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (Mar a Leasaíodh) agus a chuirtear in iúl in: (i.) Páipéar Bán an Rialtais ar Bheartas Fuinnimh; agus (ii.) an Plean Náisiúnta Maolúcháin. Leagtar amach i bPáipéar Bán an Rialtais ar Bheartas Fuinnimh - Éire Dul i dTreo Fuinnimh Ísealcharbóin (RCGAC) treoir polasaí agus na bearta a bhfuil rún acu a dhéanamh san earnáil fuinnimh a fhad le 2030, ag cur san áireamh cuspóirí agus comhaontuithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta ar athrú aeráide, le cois thosaíochtaí sóisialta, eacnamaíochta agus fostaíochta na hÉireann.

Tá sraith bearta agus gníomhartha maolúcháin sa Phlean Náisiúnta Maolúcháin le tabhairt faoin dúshlán láithreach a fhad le 2020 agus le déanamh réidh faoi choinne 2030. Cumhdaítear sa Phlean Náisiúnta Maolúcháin astuithe gás ceaptha teasa sna hearnálacha Giniúna Leictreachais, Timpeallachta Tógtha, Iompair, agus Talmhaíochta, Foraoise agus Úsáid Talún. I gcás gach earnála, leagtar amach sa Phlean an comhthéacs polasaí earnála, na treochtaí astuithe gás ceaptha teasa i ngach earnáil, na deiseanna

agus dúshláin, bearta maolúcháin atá ar siúl faoi láthair agus á bhforbairt agus bearta ar leith le hobair a thabhairt chun cinn i ngach earnáil. Cé gur Contae tuaithe den chuid is mó Contae Dhún na nGall agus de réir a nádúir agus dá bhrí sin tá sé mar aidhm leis na 'Cineálacha Ceantair Thuaithe' atá aitheanta sa Phlean, ceantar tuaithe a aithint mar acmhainn chasta ar a bhfuil éilimh iomaíocha agus ba chóir, dá bhrí sin, é a chur in áirithe go soiléir do thithíocht ar mhaithe le fíor-riachtanas tuaithe, áit ar féidir aghaidh a thabhairt go cuí ar gach breithniú eile. Chomh maith leis sin, leagan an Plean seo amach gur féidir deiseanna le roghanna tarraingteacha tithíochta a lorg ar nós láithreán ag a bhfuil seirbhísí i mbailte tuaithe. Cuireann nádúr uathúil cheantar na teorann agus an t-athrú daonra a ghabhann leis béim ar an méid atá an tuaisceart agus an deisceart ag brath ar a chéile agus atá níos ábhartha fós i gcomhthéacs Brexit. Tagraítear den tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit agus na deiseanna a d'fhéadfadh eascairt as i gContae Dhún na nGall i gCaibidil 1 agus i Roinn B, Caibidil 2A: Croí-Straitéis; Caibidil 2B: Gné na Teorann; agus Caibidil 4, Forbairt Eacnamaíochta. Tá roinnt príomhcheantar aitheanta mar cheantair thosaíochta a bhfuil sé ríthábhachtach an fás daonra a shamhlaítear a chumasú agus a éascú. Is iad na réimsí tosaíochtaí:

- Athnuachan agus athghiniúint
- Bóithre agus rochtain
- Seirbhísí uisce
- Forbairt eacnamaíochta
- Acmhainní nádúrtha
- Turasóireacht
- Comhoibriú réigiúnach


2A.2 An Croístraitéis agus Spriocanna Daonra an Chontae

Is é aidhm na Croístraitéise:

An creat comhordaithe a shocrú laistigh den Chontae chun áit atá nasctha a dhéanamh den chontae, fás eacnamaíochta a chumasú, bearta chun ardchaighdeán beatha a chur ar fáil a éascú, fás daonra laistigh den struchtúr lonnaithe cuí a stiúradh agus comhoibriú go héifeachtach laistigh de chomhthéacs réigiúnach.

Tá dhá chéim i gceist leis an gCroístraitéis; beidh baint ag Céim 1 le saolré an Plean (2018- 2024) agus beidh baint ag Céim 2 leis an straitéis fadtéarmach go dtí 2038 (Féach Fíor 2A.1). Déanfaidh Céim 1 soláthar do mheánráta fáis bliantúil de 1.1% thar shaolré an Phlean (2018- 2024), ag déanamh cothabháil ar an mbealach sin ar na leibhéil soláthar talún atá ann cheana do chuspóirí tithíochta, ag soláthar d'fhilleadh mall, dearfach ar fhás sa Chontae, atá á spreagadh freisin ag cur i bhfeidhm tionscnamh Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt. I gcomhthráth leis sin, beidh Céim 1 mar thréimhse 'idirghabhála' cinntithe a dhéanfaidh spreagadh agus a chuirfidh luas le tuilleadh fáis chomh fada ar aghaidh le Céim 2. Beidh gnéithe sonracha spáis atá faoi stiúir plean i gceist le 'hidirghabhálacha' den sórt sin ach rachaidh siad níos faide ná comhthéacs spáis agus beidh freagra comhoibríoch comhpháirtíochta ar fud na hearnála poiblí agus príobháideach san áireamh iontu. Áireofar le 'hidirghabhálacha', leagan amach agus cur i bhfeidhm tosaíochtaí infheistíochta i mbonneagar bóithre, seirbhísí uisce agus fuinneamh mar shamplaí; bunú tionscnaimh agus clár chumasúcháin, go háirithe maidir le hathnuachan agus athghiniúint lár bailte; idirghabhálacha forghníomhach chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fiontair dhúchasacha agus úsáid talún fiontraíochta; cur chuige spriocdhírthe le hInfheistíocht Choigríche Dhíreach a bhaint amach; agus straitéis forbartha/taighde ríthábhachtach a sheachadadh agus aithneofar as sin an gníomh breise nach mór tabhairt faoi.

Fíor 2A.1: Straitéis Fáis 2 Chéim



Mar thoradh air sin, déanfaidh Céim 2 soláthar do mheánráta fáis bliantúil de 1.5% ó 2024 go 2038 de réir mar a thiocfaidh tionchair na 'n-idirghabhálacha' chun cinn. I gcomhthráth leis sin, leanfar le cur chuige idirghabhála leanúnach chun díriú ar chlár agus ar infheistíocht. Leagan Tábla 2A.1 amach na réamh-mheastacháin atá le cur ar fáil i bPlean Forbartha an Chontae. Beidh ardú daonra réamh-mheasta de 13,968 duine faoin mbliain 2024 agus daonra iomlán de 172,723 mar thoradh air sin.

Tábla 2A.1: Spriocdhaonra Daonra

An Staid Reatha 2016	<ul style="list-style-type: none"> Daonra Chontae Dhún na nGall 2016 	158,755 duine
Céim 1; 2018- 2024	<ul style="list-style-type: none"> Meánardú bliantúil daonra (líon) ag ráta de 1.1% in aghaidh na bliana Ardú daonra faoi 2024 (thar 8 mbliana) ag ráta de 1.1% in aghaidh na bliana Daonra Iomlán Chontae Dhún na nGall (líon) faoi 2024 ag ráta de 1.1% in aghaidh na bliana 	<p>1,746 duine</p> <p>13,968 duine</p> <p>172,723 duine</p>
Céim 2; 2024- 2038	<ul style="list-style-type: none"> Meánardú bliantúil daonra (líon) ag ráta de 1.5% in aghaidh na bliana Ardú daonra faoi 2038 (thar 14 bliain) ag ráta de 1.5% in aghaidh na bliana Daonra Iomlán Chontae Dhún na nGall (líon) faoi 2038 ag ráta de 1.5% in aghaidh na bliana 	<p>2,590 duine</p> <p>36,271 duine</p> <p>208,994 duine</p>

2A.3 An Struchtúr Lonnaíochta⁶

2A.3.1 Achoimre ar shaintréithe an Struchtúir Lonnaíochta:


- Feidhmíonn codanna comhpháirteacha an struchtúir mar a bheadh gearanna atá idirnasctha.
 - Tá 3 chuid chomhpháirteach/shraith ann:-
 - Leitir Ceanainn;
 - Bailte Straitéiseacha; agus
 - Bailte Tuaithe agus Ceantair Amuigh Faoin Tuath.
 - I Leitir Ceanainn a bheidh 30% den ardú daonra
 - 34% i mBailte Straitéiseacha; agus
 - 36% i mBailte Tuaithe agus i gCeantair Amuigh Faoin Tuath (Sraith 3)
 - Sraith 2, tá 'Bailte Straitéiseacha', comhdhéanta de 2 ghné-
 - Aithnítear lonnaíocht 2A i gcomhthéacs daonra agus feidhm speisialta eacnamaíochta; agus
 - Aithnítear lonnaíochtaí 2B mar gheall ar a bhfeidhm speisialta eacnamaíochta. Tá ról ríthábhachtach ag bailte le feidhm speisialta eacnamaíochta ó thaobh treallús a chur faoi fhás agus faoi fhorbairt sa Chontae.
 - Tá idirdhealú idir an cuspóir simplithe chun soláthar leordhóthanach agus cuí talamh atá criosaithe chun críocha tithíochta a chinntiú sa Chontae atá ríthábhachtach ó thaobh treallús a chur faoi fhás agus faoi fhorbairt. Déantar cur síos ar shuíomhanna den chineál sin mar 'Bhailte le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'.
-

⁶Cloíonn an struchtúr lonnaíochta agus a chomhchodanna le ceanglais an Achta P & F 2000 (arna leasú), alt 10 (2A)(f).

2A.3.2 Feidhmíonn Codanna comhpháirteacha an struchtúir mar a bheadh córas gearr ann

Léiríonn Fíor 2.2 go bhfeidhmíonn an struchtúr lonnaithe mar a bheadh córas gearr idirnasctha ann lena ndéanann a chodanna comhpháirteacha suas córas daoine agus nithe. Oibríonn codanna comhpháirteacha mar ghréasán mar gheall go bhfuil gach páirt den Chontae idirnasctha agus ag brath ar a chéile agus a bhfuil cumas, láidreachtaí agus deiseanna áirithe ar féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Aithníonn an cur chuige seo go nascann ceantair thuaithe agus bailte tuaithe le feidhmeanna agus saintréithe bailte atá níos mó agus go bhfuil bailte atá níos mó agus a gcúlchríocha tuaithe nasctha le baile Leitir Ceanainn atá láidir. Ar an gcuma céanna, níl ar chumas Leitir Ceanainn a bheith ann agus éirigh níos láidre gan na ceangail atá riachtanach le ceantair thuaithe agus le bailte an Chontae agus an mhais chriticiúil carnach daonra.

Fíor 2A.2: An Struchtúr Lonnaithe



2A.3.3 Codanna Comhpháirteacha/Sraitheanna an Struchtúir Lonnaithe

Tá an struchtúr lonnaithe déanta suas den 3 chuid chomhpháirteach a ndéantar cur síos orthu mar 'sraitheanna', eadhon:

Sraith 1: Leitir Ceanainn

Sraith 2: Bailte Straitéiseacha, déanta suas de 2 chuid:

- **2A:** Bailte straitéiseach i gcomhthéacs soláthar talún tithíochta agus mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta' agus;
- **2B:** Bailte Straitéiseach mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta' den chuid is mó.

Sraith 3: Bailte Tuaithe agus ceantair amuigh faoin tuath.

Tríd is tríd, bheadh an t-ardú ar Dhaonra an Chontae chomh fada leis an mbliain 2038 de thart ar 50,000 duine scaipthe go réasúnach trí chur le fás i Leitir Ceanainn (sraith 1) agus a mhais chriticiúil le 15,000 duine faoin mbliain 2038 (30%); trínár mbailte straitéiseacha a fhás (sraith 2) ar fud an Chontae

trí chomhiomlán de 17,000 duine faoin mbliain 2038 (34%), agus trí láidriú agus cothú a dhéanamh ar ár bpobail tuaithe ar fud ár mbailte tuaithe agus sna ceantair amuigh faoin tuath (sraith 3)trí os cionn 18,000 duine faoin mbliain 2038 (36%). Leagan Tábla 2A.2 amach daonra measta do gach aon sraith sa struchtúr lonnaíochta sa bhliain 2016⁷ agus an spriocdhaonra faoi seach faoi na blianta 2024 agus 2038 maidir le soláthar talún chun críocha tithíochta. Léiríonn Fíor 2A.3 agus Tábla 2A.3 na bailte a dhéanann suas gach aon sraith den struchtúr lonnaíochta.

Tábla 2A.2: Scaipeadh Spriocdhírthe Fáis do Sholáthar Talún Tithíochta

Sraith	Daonra Measta 2016 ⁸	Spriocsciar% d'ardú daonra faoi2038	Daonra breise faoi2024	Spriocdhaonra faoi2024	Daonra breise faoi2038	Spriocdhaonra faoi2038
1 Leitir Ceanainn	19,302	30%	4,190	23,492	10,881	34,373
2 Bailte Straitéiseacha	35,726	34%	4,749	40,475	12,332	52,807
3 Bailte Tuaithe&Ceantair Amuigh Faoin Tuath	103,727	36%	5,029	108,756	13,058	121,814
Iomlán	158,755	100%	13,968	172,723	36,271	208,994

Sraith 1: Leitir Ceanainn

Aithnítear Leitir Ceanainn mar shraith ann féin laistigh den struchtúr lonnaíochta. Soláthraíonn sé, mar an baile is mó, raon leathan seirbhísí ar fud earnálacha, lena n-áirítear, fostaíocht, oideachas, sláinte, seirbhísí cultúrtha, seirbhísí pobail, caitheamh aimsire agus go leor eile. Tá tábhacht ag gabháil lena fhás agus lena láidriú mar mhóronad daonra chomh maith le mórcheantar níos leithne sa chomhthéacs réigiúnach, go háirithe i dtéarmaí an caidreamh le Cathair Dhoire. Cuirfidh Leitir Ceanainn, baile atá láidir, beoga agus nasctha le daonra atá ag fás, tairbhí ar fáil ar fud an Chontae agus laistigh den réigiún i dtéarmaí infheistíochta ón earnáil phríobháideach a mhealladh ó thaobh poist agus geilleagar agus ó thaobh infheistíocht i mbonneagar a bhaint amach atá ríthábhachtach don Chontae ina iomláine. Déanann an Croístraitéis soláthar do sholáthar talún leordhóthanach le freastal ar dhaonra breise de 4,190 duine faoin mbliain 2024 agus do 10,881 duine breise faoin mbliain 2038 (Tagraíonn Fíor 1.3).

Sraith 2: Bailte Straitéiseacha

Tá Sraith 2, na Bailte Straitéiseacha, déanta suas de dhá chuid agus déantar cur síos orthu mar 2A agus 2B. Tá Sraith 2A comhdhéanta de 8 mbaile (Tagraíonn Fíor 2A.3 agus Tábla 2A.3) atá aitheanta mar bhailte straitéiseacha mar gheall ar an mbonn daonra atá iontu agus mar gheall ar a gcumas bonneagair chun freastal ar fhorbairt nua tithíochta agus díríonn an chroístraitéis, dá bhrí sin, leibhéal réasúnacha forbairt tithíochta amach anseo ar na suíomhanna sin. Aithnítear na bailte seo freisin mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta' go háirithe, lena n-áirítear go bhfeidhmíonn siad mar phríomhionaid seirbhíse ag leibhéal fo-chontae. Tá Sraith 2B comhdhéanta de 15 baile eile a aithnítear sa Chontae mar Bhailte Straitéiseacha freisin agus taispeántar iad i bhFíor 2A.3 agus tá siad liostaithe i dTábla 2A.3. Cuireann na bailte seo feidhmeanna speisialta i gcrích agus tá ról ríthábhachtach acu ó thaobh treallús a chur faoi fhás agus faoi fhorbairt sa Chontae mar gheall ar an fheidhm speisialta eacnamaíochta atá acu i láthair na huairé nó mar gheall go bhfuil cumas acu ó thaobh na sócmhainní/acmhainní/suíomh atá acu nó a gcuidreamh le straitéisí comhthreomhara eile a threiseoidh forbairt eacnamaíochta. Tá tosaíocht a thabhairt do chuspóirí athghiniúna, athnuachana agus forbartha sna bailte seo mar thosaíocht thar shaolré an Phlean mar gur idirghabháil ríthábhachtach atá ann a

⁷Táthar ag súil le foilseachán sceidealaithe sonraí Dhaonáireamh 2016 do bhailte in Aibreán/Bealtaine 2016 agus cuirfear eolas atá cothrom le dáta ar fáil maidir le hathrú daonra ag leibhéal baile.


⁸Tá meastacháin bunaithe ar fheidhmiú cothrom -1.5% d'athrú daonra sa tréimhse 2011-2016 do gach ceantar. Tá sonraí breise Dhaonáireamh 2016 lena n-áirítear sonraí ar leibhéal baile le foilsiú le linn na bliana 2017.

chuirfidh leis an uailmhian daonra a bhaint amach don Chontae. Leagan Caibidil 3: Bailte agus Sráidbhailte, amach a gcumas áirithe mar aon le breac-chuntas ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí agus na cuspóirí straitéiseacha a d'fhéadfadh cuidiú le cumas iomlán gach aon baile a bhaint amach. Táthar ag súil le leibhéal teoranta tithíochta nua sna bailte seo, mar go n-aithnítear go ginearálta, go bhfuil srianta suntasacha bonneagair ann lena mbeidh cur chuige nuálacha i gceist lena réiteach. Dá bhrí sin, díritear i Sraith 2B Bailte Straitéiseacha, ar an timpeallacht a fheabhsú do ghníomhaíocht eacnamaíochta agus fáis sna bailte seo a chumasú. Ar an iomlán, díríonn an chroístraitéis ar sholáthar talún leordhóthanach le freastal ar dhaonra go leibhéal sraith 2 de 4,749 duine faoin mbliain 2024 agus 12,332 duine breise faoin mbliain 2038 (Féach Tábla 2A.2).

Sraith 3: Bailte Tuaithe agus bailte amuigh faoin tuath

Tá Sraith 3 comhdhéanta de ghréasán an Chontae de bhailte tuaithe atá níos lú mar aon lena gcúlchríoch thuaithe. Go ginearálta, déanann sraith 3 soláthar de bhraislí forbartha tuaithe ar scála beag i mbailte tuaithe agus de thithíocht tuaithe astu féin le tacaíocht ó sheirbhís uisce sonrach a chuirtear ar fáil go príomha mar chórais aonair nó mar chórais phríobháideacha. Aithníonn an Chroístraitéis gur ionann Sraith 3 agus comhpháirt ríthábhachtach d'aitheantas sóisialta, pobail agus cultúrtha an Chontae agus go bhfuil láidriú pobail tuaithe ríthábhachtach ar mhaithe le marthanacht saintréith uathúil an Chontae a chinntiú. Cuireann ceantair thuaithe Sraith 3 acmhainn atá tábhachtach ar fáil don Chontae mar áit le maireachtáil ann; le haitheantas cultúrtha a léiriú; le pobail tuaithe a bhunú agus a láidriú; le caighdeán uathúil beatha a chur ar fáil; le táirge nádúrtha turasoireachta a chur ar fáil; ar mhaithe le sláinte, caitheamh aimsire agus folláine; ar mhaithe lena chumas acmhainní nádúrtha; ar mhaithe le deiseanna eacnamaíochta a sholáthar a bhaineann go díreach le ceantair thuaithe. Taispeánann Tábla 2A.2 go ndíríonn an Chroístraitéis, ar mhaithe le leanúint le tacaíocht a thabhairt do phobail tuaithe agus iad a láidriú, ar dhaonra breise de 5,029 duine faoi 2024 agus 13,058 duine eile faoin mbliain 2038, a dhéanann suas comhpháirt thábhachtach de mhais chriticiúil an Chontae.

Fíor 2A.3: An Struchtúr Lonnaíochta



Tábla 2A.3: Bailte an Struchtúir Lonnaíochta

Sraith 1	Leitir Ceanainn				
Sraith 2 Na Bailte Straitéiseacha	2A: Bailte straitéiseacha i gcomhthéacs soláthar talún tithíochta agus mar gheall ar a bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta				
	An Clochán Liath	Bealach Féich- Srath an Urláir	Béal Átha Seanaidh	Bun Cranncha	Bun Dobhráin
	Carn Domhnach	Baile Dhún na nGall	Na Cealla Beaga		
	2B: Bailte Straitéiseacha mar gheall ar a bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta				
	Ailt an Chorráin	An Bun Beg-Doirí Beaga	An Charraig	An Fál Carrach	Ard an Rátha
	Baile Lífín	Ceann an Droichid	Dún Fionnachaidh	Na Gleannta	An Caisleán Nua
Leifear	Málainn	Bun an Phobail	Ráth Mealtain	Ráth Bhoth	
Sraith 3 Bailte Tuaithe agus Ceantair faoin Tuath	An Dúchoraidh	Anagaire	Baile na Finne	Baile an tSratha	An Bhroclais
	Bun na hAbhann	Carraig Airt	An Charraigín	An Cheathrú Chaol	Caisleán na Finne
	Cill Charthaigh	Cluain Maine	Conmhaigh	An Craoslach	Cúil Dabhcha
	Dún Cionnaola	Fathain	Na Frosa	Gleann Cholm Cille (Glencolmcille)	Gleann Aola
	Gort an Choirce	Cill Fhéich	Cúil na gCuirridín	Cill Mhic Réanáin	An Lathaigh
	Loch an Íúir	Mainéar Uí Chuinneagáin	Baile na nGallógach	Tamhnach an tSalainn	Magh
	Na Dúnaibh	An Baile Nua	Paiteagó	Port an tSalainn	Rinn Uí Choigligh
	Ráth Maoláin	Ros Neamhlach	Baile Suingean		

2A.3.4 An Cur Chuige i leith Soláthar Talún Tithíochta

Tá an chur chuige i leith soláthar talún tithíochta bunaithe ar fhianaise ó thaobh tailte le tithíocht ar scála níos mó ar shuíomhanna a aithint, áit a léiríonn fianaise go bhfuil cinnteacht ann go mbeidh cumas bonneagair ansin le freastal ar an gcineál agus ar an dlús seo forbartha agus taispeánann Tábla 2.4 an stádas reatha maidir le bonneagar uisce agus dramhuisce i ngach aon bhaile a dhéanann suas sraitheanna 1 agus 2A. Ina dhiaidh sin agus uile, beidh deiseanna nuálacha á lorg agus le tabhairt chun cinn le feabhsúcháin eile bonneagair a bhaint ar fud an chontae agus breithnítear iad sin mar idirghabháil ríthábhachtach ó thaobh tosaíocht a thabhairt d'athnuachan agus d'athghiniúint agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thuilleadh forbartha ar 'Bhailte Straitéiseacha' atá aitheanta i sraith 2B, mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta'. Tá an cur chuige fianaise-bhunaithe maidir le talamh le haghaidh tithíocht a aithint do chreat ama gearrthéarmach go meántéarmach ríthábhachtach ionas gur féidir úinéirí nua tithe a shásamh go bhfuil infheistíocht á dhéanamh acu in áit atá oiriúnach le maireachtáil ann. Ag an leibhéal is bunúsaí, ní mór a dheimhniú d'úinéirí tithe go mbeidh soláthar uisce agus cóireáil dramhuisce leordhóthanach á fháil acu; nach bhfuil aon bhagairt ann ó thaobh ár n-acmhainní comhshaoil mar gheall ar scaoileadh neamhchuí agus; nach dtarlóidh sé riamh arís go mbeifear fágtha le heastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe agus le costais le réiteach a fháil ar na

fadhanna sin. Aithníonn an cur chuige ról tithíochta tuaithe i gContae Dhún na nGall agus tá sé mar aidhm freastal ar an leibhéal éileamh a bhfuiltear ag súil leis sa chás go mbíonn fianaise shoiléir ann go bhfuil gá i ndáiríre ann chun maireachtáil i gCeantar Tuaithe (Tagraíonn Roinn B, Caibidil 6) nó sa chás gur féidir deiseanna a fháil le suíomhanna le seirbhísí a chur ar fáil i mbailte tuaithe mar rogha tithíochta atá tarraingteach agus inbhuanaithe. Ar mhaithe le cur chuige láidir agus freagrach a chur ar fáil, ní aithnítear criosú úsáid talún forordaitheach chun críocha tithíochta ar fud Sraith 2B, Bailte Straitéiseacha atá ag feidhmiú mar 'Fheidhm Speisialta Eacnamaíochta agus ar fud bailte tuaithe agus i gceantair faoin tuath (Sraith 3).

Tábla 2A.4: Stádas Straitéiseach Seirbhísí Uisce ar fud Shraitheanna 1, 2A agus 2B

Sraith 1	Uisce	Dramhuisce
Leitir Ceanainn	Tá an cumas ann. Is Mórthionscadal Cláir atá i Scéim Soláthair Uisce Leitir Ceanainn lena n-áirítear Ionad nua Cóireála Uisce sa Ghabhail atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 lena bhfuil thart ar €22milliún d'infheistíocht i gceist leis. Meastar go mbeidh sé tugtha chun críche in 2018.	Cumas & agus cóireáil ar fáil.
Sraith 2A	Uisce	Dramhuisce
An Clochán Liath	Saincheisteanna cumais le réiteach le linn PRW1 (2017-2021) lena gcuideoidh athsholáthar thart ar 9.7km d'obair ar phíopaí mar chuid de Thionscadal Athshlánúcháin Príomhphíobáin Uisce ar fud na gCeantar faoin Tuath agus dlús a chur le gníomhaíochtaí chun sceitheadh a aimsiú agus caoi a chur orthu agus leibhéal an sceite a laghdú	Saincheisteanna cumais le réiteach go gairid trí Scéimeanna Séarachais WWTP na nGleannta/an Clochán Liath. Beidh cumas agus cóireáil ar fáil a luaithe is a bheidh coimisiúnú déanta ar an WWTP.
Bealach Féich – Srath an Urláir	Cumas agus cóireáil ar fáil	Saincheisteanna cumais le réiteach trí Ghréasán Dramhuisce Bealach Féich-Srath an Urláir agus tionscadail WWTP mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021. Fostaíodh comhairleoir faoi dheireadh na bliana 2016 leis an WWTP a leagan amach i ndáil le comhionann daonra.
Béal Átha Seanaidh	Aghaidh le tabhairt ar shaincheisteanna cumais trí Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 a bhfuil €15 milliún i gceist leis.	Cumas agus cóireáil ar fáil
Bun Cranncha	Cumas agus cóireáil ar fáil	Cumas agus cóireáil ar fáil Tá tograí deartha le huasghrádú a dhéanamh ar Stáisiún Pumpála <i>Westbrook</i> á mbreithniú. Tá tús le cur le feabhsúcháin maidir le hoibriú agus cumas láimhsithe uisce stoirme i Stáisiún Pumpála <i>Westbrook</i> faoin mbliain 2018 faoi Thionscadal Bhailte agus Sráidbhailte Chontae Dhún na nGall.
Bun Dobhráin	Cumas agus caighdeán le feabhsú cumas trí Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 a bhfuil €15 milliún i gceist leis mar aon le gréasán idirnascaire a chur chun cinn mar chuid de Thionscadal Athshlánúcháin Príomhphíobáin Uisce ar fud na gCeantar faoin Tuath.	Tá saincheisteanna cumais le réiteach go gairid trí Scéim Séarachais Ghrúpa B Dhún na nGall mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021. Táthar i mbun oibre ar fheabhsúcháin gréasáin agus WWTP faoi láthair. Beidh cumas ar fáil chomh luath agus a bheidh

		coimisiúnú déanta ar an WWTP.
Carn Domhnach	Cumas agus caighdeán ar fáil. Déanann Plean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 soláthar do dhíchoimisiúnú WTP Charn Domhnach agus do sholáthar leasaithe ó <i>Pollam Dam</i> .	Cumas agus cóireáil ar fáil
Baile Dhún na nGall	Cumas agus caighdeán ar fáil	Cumas agus cóireáil ar fáil
Na Cealla Beaga	Táthar chun cur leis an gcumas próiseála uisce trí Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce na gCealla Beaga mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 a bhfuil €9 milliún infheistíochta i gceist leis	Tá saincheisteanna cumais le réiteach go gairid trí Scéim Séarachais Ghrúpa B Dhún na nGall mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021. Beidh cumas agus cóireáil ar fáil chomh luath agus a bheidh coimisiúnú déanta ar an WWTP.
Sraith 2B		
Ailt an Chorráin (Burtonport)	Déantar an soláthar trí Sheirbhís Soláthair Uisce Réigiúnach na Rosann. Déanfar feabhsuithe ar Ionad Cóireála Uisce Chroithlí agus oibreoidh sé chun acmhainní uisce breise a aithint thar an chéad tréimhse infheistíochta eile. Áirítear i measc na n-oibreacha breise athsholáthar píobáin laistigh de líonra Seirbhísí Soláthair Uisce (WSS) Réigiúnach na Rosann mar chuid de Thionscadal Athshlánú Phríomhphíobáin Uisce an Chontae, agus dianú gníomhaíochtaí a aimsiú agus a shocrú chun leibhéil reatha sceite a laghdú.	Uimh. – aitheanta mar cheantar uirbeach ina bhfuil gá le feabhsúcháin chun saincheisteanna tosaíochta a réiteach. Tá PE ceangailte timpeall ar 69 ag an chóras reatha bailiúcháin. Áirítear gan cóireáil fuíolluisce ar liosta suíomhanna an EPA. Tús curtha le tionscadal chun Tionscadal Cóireála Fuíolluisce (WWTP) úr a sholáthar.
An Bun Beag-Na Doirí Beaga	Déantar an soláthar trí líonra Seirbhísí Soláthair Uisce (WSS) Réigiúnach na Rosann. Déanfar feabhsuithe ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Chroithlí agus oibreoidh sé chun acmhainní uisce breise a aithint thar an chéad tréimhse infheistíochta eile. Áirítear i measc na n-oibreacha breise athsholáthar píobán lochtacha (amhail ard-mhínicíocht phléasctha) laistigh de líonra Seirbhísí Soláthair Uisce (WSS) Réigiúnach na Rosann mar chuid de Thionscadal Athshlánú Phríomhphíobáin Uisce an Chontae, agus dianú gníomhaíochtaí a aimsiú agus a shocrú chun leibhéil reatha sceite a laghdú.	Ní ann d'aon chóras bailiúcháin séarachais ag Uisce Éireann (IW) Déantar freastal ar an chuid is mó de na tithe le humair seipteach. Tá Uisce Éireann ag obair chun tionscadal nuálaíoch a sheachadadh chun séarachas a bhailiú agus chun áis chóireála a sholáthar don cheantar seo. Tá tionscadal taispeántais tosaigh ina bhfuil 20-30 teach á ullmhú.
An Charraig	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach. Tá ionad cóireála nua le tógáil ag Abhainn tSeiscinne.	Níl aon bhailiúchán nó cóireáil séarachais Uisce Éireann (IW) i bhfeidhm.
An Fál Carrach	Tá uasghrádú mór ar Ionad Cóireála Uisce san Ardraidh Bheag i mbéal a chríochnaithe. Cinnteoidh sé sin go mbeidh toilleadh cóireála leordhóthanach agus infhaighteacht uisce ann.	Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) á sholáthar ag Uisce Éireann (IE) (1,675p.e.)
Ard an Rátha	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach. Moltar uasghráduithe ar Ionaid Cóireála Fuíolluisce (WTP) na nGleanntach agus Ard an Rátha.	Tá – Ceantar uirbeach pe=1920; WWTP pe=2350
Baile Lifín	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach.	Níl – Ceantar uirbeach pe=1303; WWTP pe=400. Staidéar féidearthachta d'uasghrádú Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) Bhaile Lifín le tosú i 2017.
Ceann an Droichid	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach.	Níl – Ceantar uirbeach pe=763; Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) pe=652. Staidéar féidearthachta d'uasghrádú

		Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) Cheann an Droichid le tosú i 2017.
Dún Fionnachaidh (agus Port na Bláiche)	Táthar ag súil go gcríochnófar Ionad úr Cóireála Uisce ar an Chraoslach in 2019. Cinnteoidh sé sin go mbeidh toilleadh cóireála leordhóthanach agus infhaighteacht uisce ann.	Níl – Ceantar uirbeach pe=2376; Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) pe=900. Staidéar féidearthachta d'uasghrádú Chóras Cóireála Dramhuisce (WWTP) Dhún Fionnachaidh (agus Phort na Bláiche) le tosú i 2017.
Na Gleannta	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach. Moltar uasghráduithe a dhéanamh ar Chóras Cóireála Dramhuisce (WWTP) na nGleanntach agus Ard an Rátha.	Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) i bhfeidhm le toilleadh 1,600p.e.
An Caisleán Nua	Uasghrádú ar Scéim Réigiúnach Uisce Inis Eoghain ar siúl. Soláthroidh an scéim nasc ó Ionad Cóireála Uisce (WTP) Na nUillí go hInis Eoghain Thoir a éascóidh díchoimisiúnú Ionad Cóireála Uisce (WTP) An Chaisleáin Nua. Cinnteoidh sé sin go mbeidh toilleadh cóireála leordhóthanach agus infhaighteacht uisce ann.	Tionscadal ar bun chun Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) úr a sholáthar a dhéanfaidh freastal ar Bhun an Phobail agus ar An Caisleán Nua.
Leifear	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach.	Níl – Ceantar uirbeach pe=2182; Córas Cóireála Dramhuisce (WWTP) pe=1558. Níl an tIonad Cóireála Dramhuisce (WWTP) seo san áireamh faoi láthair ar Phlean Infheistíochta Uisce Éireann(IW) le haghaidh uasghrádú.
Málainn	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach.	Tá - Á sholáthar ag an ionad a sholáthraíonn Carn Domhnach freisin. Ceantar uirbeach pe=5424; an tIonad Cóireála Dramhuisce (WWTP) pe=5833
Bun an Phobail	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach.	In áirithe ar liosta suíomhanna an EPA gan aon chóireáil fuíolluisce. Tús curtha le tionscadal chun Tionscadal Cóireála Fuíolluisce (WWTP) úr a sholáthar do Bhun an Phobail agus an Caisleáin Nua.
Ráth Mealtain	Faoi láthair tá Ráth Mealtain ceangailte le Córas Uisce Poiblí (PWS) Bhaile na nGallóglach. Tá an scéim seo idirnasctha le hIonad Cóireála Uisce (WTP) nua na Gabhla (Scéim Sholáthar Uisce (WSS) Leitir Ceanainn). Cinnteoidh sé sin go mbeidh toilleadh cóireála leordhóthanach agus infhaighteacht uisce ann.	In áirithe ar liosta suíomhanna an EPA gan aon chóireáil fuíolluisce. Tús curtha le tionscadal chun Tionscadal Cóireála Fuíolluisce (WWTP) úr a sholáthar do Ráth Maoláin, Ráth Mealtain agus Bun an Phobail.
Ráth Both	Faoi láthair, tá an toilleadh cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach. Tugtar WSS an Mhúrn san áireamh sa Tionscadal Athshlánú Príomhlíonra ar fud an Chontae lena n-áirítear athsholáthar príomhlíonra achrannacha (droch-chaiighdeán uisce agus ard-líon pléascaithe) sa scéim seo.	Níl – Ceantar uirbeach pe=1686; Tionscadal Cóireála Fuíolluisce (WWTP) pe=800. Tionscadal Cóireála Fuíolluisce (WWTP) úr a sholáthar ag Uisce Éireann (IW) (2,500p.e.)

2A.4 Réamh-Mheastacháin Daonra

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) leagtar amach i dtábla 2A.5 réamh-mheastacháin daonra agus aird á thabhairt ar uaillmhian daonra an Phlean, maidir le (a) réamh-mheastacháin aonair do gach aon bhaile le daonra de 1,500 duine nó níos mó i ndaonáireamh 2011 agus; (b) réamh-mheastacháin daonra comhiomlána don chuid eile. Chun críocha na soiléireachta, cuireann Tábla 2A.5 réamh-mheastacháin daonra ar fáil freisin maidir leis an gClochán Liath agus na Cealla Beaga ar mhaithe le sraith chuimsitheach meastachán a chur ar fáil do Shraith 2A.

Tábla 2A.5: Réamh-Mheastacháin Daonra

	Daonra 2011	Daonra Measta 2016 ⁹	Daonra Breise Réamh-Mheasta faoi 2024	Daonra Réamh-Mheasta faoi 2024
Leitir Ceanainn	19,588	19,302	4,190	23,492
Bun Cranncha	6,839	6,735	1,215	7,950
Bealach Féith – Srath an Urláir	4,852	4,781	838	5,619
Baile Dhún na nGall	2,607	2,568	461	3,029
Carn Domhnach	2,534	2,495	460	2,955
Béal Átha Seanaidh	2,503	2,467	419	2,886
Bun Dobhráin	2,140	2,108	377	2,485
Leifear	1,658	1,633	73	1,706
An Bun Beag –Doirí Beag	1,553	1,528	73	1,601
Na Cealla Beaga	1,297	1,279	210	1,489
An Clochán Liath	1,183	1,165	210	1,375
An Chuid Eile	114,383	112,694	5,442	118,136
Iomlán Contae	161,137	158,755	13,968	172,723

2A.5 Tábla na Croístraitéise

Cuireann Tábla 2A.6 eolas ar fáil maidir le leibhéal na talún atá críosaithe sa Phlean Forbartha seo ar fud an struchtúir lonnaithe chun críocha tithíochta, lena n-áirítear úsáid measctha. Mar atá leagtha amach sna fo-nótaí atá ag gabháil leis an tábla, táthar le haghaidh a thabhairt trí chlár Plean Ceantair Áitiúil (LAP) ar an nganntanas/farasbarr in aonaid tithíochta atá aitheanta agus ar féidir leis an gcriosú talún atá leagtha amach sa Phlean seo iad a sheachadadh. Déanfaidh an clár LAP seachadadh ar sholáthar talún cuí atá ag teacht leis na spriocanna daonra agus leis an HLR sa Phlean seo tríd an ord seo a leanas:

- (i) An Plean Ceantair Áitiúil a ghlacadh mí Iúil 2018 maidir leis An Chlochán Liath, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus le Ceann an Droichid freisin.
- (ii) Ullmhú dréachtphlean Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn (foilsíú dréachtphlean i Q1 2019).
- (iii) Ullmhú dréachtphlean Ceantair Áitiúil maidir le Bun Dobhráin agus Bun Cranncha (4^ú ráithe de 2018 an sprioc lena thosú).

⁹Meastachán daonra 2016 ar bhonn feidhmiú cothrom laghdú daonra -1.5% ó 2011

Tábla 2A.6: Tábla na Croístraitéise

Sraith sa Struchtúr Lonnaíochta	Suíomh	Leithdháileadh Daonra na Croístraitéise go 2024	An líon aonad tithíochta atá riachtanach ¹⁰	Riachta nas Talún Tithíochta (Ha) ¹¹	An líon féideartha aonaid tithíochta a d'fhéadfaí a sholáthar tríd an HLR ¹²	Criósú faoi láthair (ha) (Amhail 1 Feabhra 2017)	An líon aonad tithíochta a ndéanann an criósú atá ann soláthar dóibh	Criósú beartaithe (Cónaitheach go príomha-1úcéim; Ha)	Criósú beartaithe (Talamh eile) (Ha)	Toradh Tithíochta (Aonaid) ó Talamh Cónaitheach go príomha – 1 ^ú céim	Toradh Tithíochta (Aonaid) ó Thailte eile-1 ^ú céim	Ganntanas / farasbarr (aonaid) ¹³
1	Leitir Ceanainn	4,190	1,552	116.4	2,328	66	1401	55.2	15.2	1203	286	-839
2	Bailte Straitéiseacha	4,749	1,759	219	2,628	132.76	1565	82.26	38.8	1,190	283	-1,133
2A	Bun Cranncha	1,215	450	56	672	65	694	26.04	38.8	502	258	88 ¹⁴
	Bealach Féich-Strath an Urláir	838	310	39	468	10.3	124	10.3	0	124	0	-344
	Baile Dhún na nGall	461	171	21	252	6.8	82	6.8	0	82	0	-170
	Carn Domhnach	460	170	21	252	11.5	138	11.5	0	138	0	-114
	Béal Átha Seanaidh	419	155	19	228	0	0	0	0	0	0	-228
	Bun Dobhráin	377	140	17	204	22.86	332	22.93	0	307	25	128 ¹⁵
	Na Cealla Beaga	210	78	10	120	0	0	0	0	0	0	-120
(An Clochán Liath)	210	78	10	120	5.1	61	5.1	0	61	0	-59	
2B	Bailte	559	207	26	312	11.2	134	0	0	0	0	-312 ¹⁶

¹⁰Bunaithe ar mheánmhéid teaghlach de 2.7 duine/ teaghlach (daonáireamh 2011)

¹¹Áirítear 50% breise do rogha margaidh ag teacht le treoirlínte na Croístraitéise. Feidhmítear dlús de 20 aonad/ha i Leitir Ceanainn agus 12 aonad i ngach áit eile.

¹²Feidhmítear dlús de 20 aonad/ha i Leitir Ceanainn agus 12 aonad i ngach áit eile.

¹³An ganntanas i Leitir Ceanainn, Bealach Féich-Strath an Urláir, Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach, Béal Átha Seanaidh, na Cealla Beaga agus sa Chlochán Liath (Dungloe)le seachadadh trí na Pleananna Ceantair Áitiúil.

¹⁴Aghaidh le tabhairt ar an bhfarasbarr trí chur chuige monatóireachta agus bainistíochta.

¹⁵An farasbarr leis an margadh baile suntasach i mBun Dobhráin a dhéanann soláthar d'aonaid chónaitheacha a thabhairt san áireamh. Aghaidh le tabhairt ar an bhfarasbarr breise trí chur chuige monatóireachta agus bainistíochta roimh ullmhú an Phlean Ceantair Áitiúil.

¹⁶Níl aon chriósú cónaitheach forordaithe ar fud sraith 2B ar mhaithe le teacht aniar agus solúbthacht sa chur chuige. Treoróidh beartais eile an Phlean fás inbhuanaithe agus breisíoch bailte atá aitheanta i sraith 2B.

	Straitéiseach le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta											
3	Bailte Tuaithe agus Ceantair Amuigh Faoin Tuath&	5029	1863	233	2,796	7.6	91	0	0	0	0	-2,796 ¹⁷
N/A	Iomlán Contae	13,968	5174	568	7,752	206.36	3057	137.87	54	2417	569	-4,744

¹⁷Níl aon chriósú cónaitheach forordaithe ar fud shraith 3 ar mhaithe le teacht aniar agus solúbthacht sa chur chuige. Treoróidh beartais eile an Phlean fás inbhuanaithe agus breisíoch tithíochta aon uaire i gceantair atá amuigh faoin tuath agus tithíocht i mbailte tuaithe atá aitheanta mar shraith 3.












**County Donegal
Development Plan
2018 – 2024
(As Varied)**


**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 – 2024
(Arna Leasú)**

Map 2.1 / Léarscáil 2.1

**Core Strategy
Schematic Map
Scéimléarscáil
Croístraitéise**

Legend

-  Strategic Towns
Bailte Straitéiseacha
-  Letterkenny/Derry
Leitir Ceanainn/Doire
-  Urban Area/Limistéir Uirbeacha
-  Structurally Weak Rural Areas
Ceantair Thuaithe atá Lag go Struchtúrach
-  Areas Under Strong Urban Influence
Ceantair Faoi Thionchar Láidir Uirbeach
-  Stronger Rural Areas
Ceantair Thuaithe Níos Láidre
-  Strategic routes/Bealaí Straitéiseacha
-  Ports/Calafóirt
-  Airports/Aerfoirt



Ordnance Survey; Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/2/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey; Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey; Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhíreacht Ordánsaí Éireann arna athléigeadh faoi Uimhir Chiseadónaí SOE 2018/2/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Níl dhíntar é seo a athléigeadh gan údarás, stórláir nó cóipéiriú faoi Shuirbhíreacht Ordánsaí Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhíreacht Ordánsaí Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.
To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le léamh i gcomhar leis an tteacs ábhartha ábhartha atá clúdaithe sa chuid seo den agallán ábhartha mar le cuspóir agus bearta ábhartha eile sa PPC.

2A.6 Straitéis Tithíochta

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Tithíochta atá i Roinn B, Caibidil 6, an leibhéal soláthar tithíochta a fhreastalóidh ar riachtanais gach earnáil de dhaonra Dhún na nGall a spreagadh agus a éascú. Léiríonn anailís ar riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne na patrúin tithíochta atá ag athrú a dtagraítear dóibh i Roinn 2A.1 agus cuirtear béim orthu trí phróiseas comhairliúcháin NPF agus dearbhaíonn arís go bhfuil malairt cur chuige i leith 'gnó mar is gnách' riachtanach i dtéarmaí freastal go cuí ar an ngá. Tá an déimeagrafaic gaolmhar athraitheach soiléir san éileamh ar thithíocht sóisialta agus inacmhainne mar go léiríonn an phróifíl reatha go bhfreastalódh cóiríocht idir 1 & 2 seomra leapa ar an riachtanas foriomlán 70% (tá méid tithe cónaithe ag laghdú) agus tá gá le cóiríocht do dhaoine scothaosta agus do riachtanais speisialta (tá daoine ag maireachtáil níos faide).

Leagan an Straitéis Tithíochta amach go bhfuil an cur chuige chun freastal ar riachtanais sóisialta agus inacmhainne i nDún na nGall bunaithe ar an gcúig philéar atá i Straitéis an Rialtais, 'Ag Atógáil na hÉireann, Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine', a foilsíodh i mí Iúil 2016 le fócas ar riachtanais shonracha an Chontae. Tá achoimre déanta ar na cúig philéar mar a leanas:

- Piléar 1- Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine
- Piléar 2- Luas a chur faoi thithíocht sóisialta
- Piléar 3- Tuilleadh tithe a thógáil
- Piléar 4- Feabhas a chur ar an earnáil cíosa
- Piléar 5- Úsáid a bhaint as an tithíocht atá ann cheana

Léiríonn an Straitéis Tithíochta atá ailínithe leis an gcroístraitéis le hathnuachan agus athghiniúint a chumasú, go bhfuil géar ghá le fócas a chur arís ar an ngné den soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne le tithe atá faoi úinéireacht phríobháideach agus atá folamh agus aonaid atá folamh a chur in úsáid arís, go háirithe laistigh de príomhionaid i mbailte móra agus i sráidbhailte. Leagan an Straitéis Tithíochta amach go leanfar le deiseanna a scrúdú le haonaid nua a fhorbairt as an gcúlsholáthar atá ann, lena n-áirítear cur chuige spriocdhírthe, áit a mbeidh forbairtí lándéanta cuí. Tá an cur chuige seo ailínithe le struchtúr lonnaíochta i dtéarmaí talamh a sholáthar do thithíocht agus éilíonn go ndéanfar iarracht réitigh nuálacha a fháil i ndáil leis an easnamh bonneagair.

2A.7 Straitéis Iompair

Tugann an Straitéis Iompair, atá leagtha amach i Roinn B, Caibidil 5, tacaíocht don Croístraitéis agus don Struchtúr Lonnaíochta. Aithníonn an Straitéis creat iompair straitéiseach a dhéanann soláthar do nascacht Leitir Ceanainn agus Bailte Straitéiseach eile le príomhionaid eile lasmuigh den Chontae agus déantar soláthar do nascacht thábhachtach idir an contae le gréasán na mBailte Tuaithe ar fud an Chontae. In ainneoin charachtar tuaithe an Chontae, den chuid is mó, agus in ainneoin an tsoláthair iompair phoiblí neamhleor atá ann faoi láthair agus an gá atá ann taisteal i ngluaisteáin a bhaineann leis, cuimsíonn an Plean, áfach, fócas ar sholáthar iompair phoiblí a fheabhsú (féach Alt 5.1.2: Cuspóirí Iompair agus Alt 5.1.3: Polasaithe Iompair). In éineacht leis an gcur chun cinn i gCroí-Straitéis na lonnaíochtaí mar príomhthiománaithe d'fhorbairt an Chontae, tá sé i gceist leis na bearta seo go dtabharfar faoin chlár náisiúnta athraithe aeráide agus dícharbónaithe mar atá luaite in Alt 2.1 thuas. Tá an gá le hinfheistiúcht i mbóithre nua rochtana agus i bhfeabhsúchán an bhonneagair bóithre atá laistigh den Chontae cheana féin, mar thosaíocht idirghabhála a bheidh á lorg ar fud shaolré an Phlean. Léiríonn Léarscáil Uimhir 2.1, Léarscáil na Croístraitéise, an caidreamh idir an creat iompair straitéiseach agus an t-ordlathas lonnaíochta agus léiríonn an tábhacht a bhaineann le naisc amach chun cinn agus naisc sheachtracha trí [mar shampla, Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T](#), [Gréasán TEN-T go ginearálta](#), Chonair Iompair an Iarthair, an A5 agus tionscadail bóithre an A6, [an Gréasán TEN-T agus go háirithe Bóthair Faoisimh Leitir Ceanainn agus bóthar an N14 Leitir Ceanainn/Leifear](#). Tá tábhacht ó thaobh fás eacnamaíochta ag baint leis na naisc sheachtracha agus na nasc amach chun cinn seo agus lenár bhfócas ar tiomantais trasteorann agus seachadadh na glár seo. Chomh maith leis sin, is ionann tairbhí athfhorbairt bóthar an N4 (Baile Átha Cliath-Sligeach) agus

pósa bonneagair atá straitéiseach agus tábhachtach do Chontae Dhún na nGall. Tugtar aitheantas i gcreat iompair straitéiseach agus i straitéis eacnamaíochta an phlean, an ról tábhachtach atá ag bonneagar ar ardchaighdeán ar nós bóithre, iarnród agus ar muir ó thaobh infheistíochta, gnó agus ó thaobh fiontair nua a tharraingt isteach.

2A.8 Tosaíochtaí Infheistíochta Seirbhísí Uisce

Leagan Tábla 2A.4 amach stádas straitéiseach na seirbhísí uisce, lena n-áirítear infheistíocht maidir le Leitir Ceanainn agus na bailte atá aitheanta mar Bhailte Straitéiseacha Sraith 2A, a léiríonn go bhfuil an cumas cuí ar fáil le freastal ar fhás réasúnach. Liostaítear i dTábla 2A.7 infheistíocht reatha seirbhísí uisce atá aitheanta i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021. Chomh maith le tionscadail atá liostaithe i dTábla 2A.7, leanfar suas réitigh nuálacha i leith easnaimh bonneagair ar fud an Chontae le tagairt ar leith de na heasnaimh atá aitheanta laistigh de bhailte Sraith 2B, a ndéantar cur síos orthu mar 'Bhailte le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'.

Tábla 2A.7: Infheistíocht bheartaithe i Seirbhísí Uisce atá i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021

Uisce nó Dramhuisce	Ainm an tionscadail
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Bhéal Átha Seanaidh, Céim 1 – WTP nua agus síneadh le scéim <i>Ballymagourty</i> , an Caiseal Ard agus Bun Dobhráin
Uisce Óil	Athshlánúchán Príomhlíonra Uisce ar fud Chontae Dhún na nGall Conradh Uimhir 1
Uisce Óil	Scéim Soláthair Uisce Ghort an Choirce/an Fháil Charraigh
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Inis Eoghain - Trunclíne
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Inis Eoghain - Uasghrádú WTP
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce na gCealla Beaga Uasghrádú WTP agus síneadh le scéim na nGleannta/Ard an Rátha
Uisce Óil	WTW Leitir Ceanainn/an Ghabhail
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Leitir Mhic an Bhaire - Uasghrádú WTP síneadh le scéim Phort Nua, Baile na Finne agus na nGleannta/Ard an Rátha
Uisce Óil	Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Loch Moirne- Uasghrádú WTP
Uisce Óil	Scéim Soláthair Uisce <i>Owenteskna</i> - Uasghrádú WTP
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Bhealach Féich/Srath an Urláir
Dramhuisce	WWTP Bhealach Féich/Srath
Dramhuisce	WWTP Bhaile Lifín
Dramhuisce	WWTP Cheann an Droichid
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Bhun Cranncha
Dramhuisce	WWTP Bhun na hAbhann
Dramhuisce	H.E. WWTP Ailt an Chorráin
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Ailt an Chorráin
Dramhuisce	WWTP Charraig Airt
Dramhuisce	Scéimeanna Séarachais – Fearas Cóireála Dramhuisce Dhún na nGall (Grúpa B)
Dramhuisce	WWTP Dhún Fhionnachaidh-Phort na Bláiche
Dramhuisce	WWTP Fathain
Dramhuisce	WWTP an Fháil Charraigh

Uisce nó Dramhuisce	Ainm an tionscadail
Dramhuisce	Gréasán Dramhuiscena Ceathrú Chaoile
Dramhuisce	WWTP na Ceathrú Chaoile
Dramhuisce	WWTP Chill Charthaigh
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Chill Mhic Réanáin
Dramhuisce	WWTP Chill Mhic Réanáin
Dramhuisce	Scéim Séarachais Leitir Ceanainn (Gréasán) Gach Conradh
Dramhuisce	Gréasán DramhuisceBhaile na nGallóglach
Dramhuisce	WWTP Bhaile na nGallóglach
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Thamhnach an tSalainn
Dramhuisce	Gréasán WWTP Bhun an Phobail
Dramhuisce	Gréasán Dramhuisce Ráth Mealtain
Dramhuisce	WWTP Ráth Mealtain
Dramhuisce	WWTP Ráth Bhoth
Dramhuisce	Dabhach Shéarachais Ráth Maoláin Nr. 2 (WWTP)
Dramhuisce	WWTP Ráth Maoláin

2A.9 Clár maidir le Cur i bhFeidhm agus Monatóireachta

Bunófar clár maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar mhaithe le hidirghabhálacha ar tugadh fúthu le seachadadh a dhéanamh ar an gcroístraitéis agus le seachadadh a dhéanamh ar uailmhian daonra an Phlean a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déanfaidh an clár scrúdú freisin ar ghlacadh le talamh tithíochta a bunaíodh tríd an gcroístraitéis.

2A.10 Cuspóirí na Croístraitéise

- CS-O-1:** Fás dhaonra Dhún na nGall le 14,000 duine faoin mbliain 2024 a chumasú agus fás luathaithe ar dhaonra le tuairim is 36,000 duine faoin mbliain 2038 a chumasú tuilleadh, ag cur Chontae Dhún na nGall chun tosaigh mar áit atá nasctha le geilleagar láidir, iomaíoch agus nuálach agus atá ag cur caighdeán beatha ar fáil atá aicmithe mar an caighdeán is airde sa tír.
- CS-O-2:** A dhearbhu go bhfuil príomhról ag Contae Dhún na nGall i gcomhthéacs Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus laistigh de cheantar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.
- CS-O-3:** Struchtúr lonnaithe atá comhdhéanta de 3 shraith, eadhon, Leitir Ceanainn (Sraith 1), 'Bailte Straitéiseacha' (Sraith 2A agus B) agus 'Bailte Tuaithe agus Ceantair Amuigh faoin Tuath' (Sraith 3) a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil an soláthar talún tithíochta ag teacht le Riachtanas Talún Tithíochta (HLR) atá aitheanta.
- CS-O-4:** Tacaíocht a thabhairt d'fhás Leitir Ceanainn agus a mhórcheantar mar thiománaí fás daonra agus geilleagair sa Chontae agus an soláthar cuí a dhéanamh do thart ar 4,200 duine breise faoin mbliain 2024.

- CS-O-5:** Tacaíocht a thabhairt d'fhás gréasán 'Bailte Straitéiseacha' (Sraith 2) mar phríomhshuíomhanna fás daonra (ag déanamh soláthar do thart ar 4,500 duine breise faoin mbliain 2024) agus/nó mar áiteanna a fheidhmíonn mar 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta').
- CS-O-6:** Tacaíocht a thabhairt do 'Bhailte Tuaithe agus do Bhailte Amuigh Faoin Tuath' (Sraith 3) trí sholáthar a dhéanamh do dhaonra breise de thart ar 5000 duine breise faoin mbliain 2024 agus trína:
- (a) Chinntiú go dtugtar tosaíocht d'fhorbairt nua cónaithe i gceantair thuaithe agus go gcuirtear in áirithe iad le haghaidh riachtanas tuaithe atá dáiríre ag teacht leis na ceanglais a bhaineann le 'Cineálacha Ceantair Thuaithe' ar fud an Chontae (tagraíonn Roinn B, Caibidil 6 Tithíocht Thuaithe).
 - (b) Deiseanna a lorg le hathnuachan agus athghiniúint a dhéanamh ar bhailte tuaithe.
 - (c) Ceantair thuaithe shonracha a chosaint ó leibhéil dhiana forbartha a bhaineann le tithíocht uirbeach.
- CS-O-7:** Infheistíocht i mbonneagar a ailíniú le tosaíochtaí le haghaidh fáis atá lonnaithe sa struchtúr lonnaithe, mura, i gcásanna sonracha, go sonrúidh nithe a bhaineann leis an gcomhshaol a mhalairt nó mura dtagann deiseanna nuálacha chun cinn le haghaidh straitéis infheistíochta lena mbaineann tábhacht shuntasach ag malairt suíomhanna.
- CS-O-8:** Deiseanna ó thaobh na nuálaíochta a leanúint suas ar mhaithe le tuilleadh infheistíochta i mbonneagar atá rithábhachtach a chumasú, go háirithe maidir le 'Baile le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'.
- CS-O-9:** Seachadadh príomhbhóithre agus bonneagar rochtana a chomhordú agus a chur chun cinn (lena n-áirítear Conair Iompair an Iarthair an A5 agus tionscadail bóthair an A6, [Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T agus feabhsuithe ar ghréasán TEN-T go ginearálta -Gréasán Ten-T, Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn agus Bóthar Leitir Ceanainn/Leifear an N14](#)) i gcomhar le húdaráis ábhartha eile, lena n-áirítear comhpháirtithe sa gComhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt agus laistigh de Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair ionas go mbeidh naisc straitéiseach éifeachtach chuig agus ar fud an Chontae mar thoradh orthu.
- CS-O-10:** Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i bpríomhnaisc straitéiseacha idir Leitir Ceanainn agus na Bailte Straitéiseacha mar aon le naisc le conair iompair a fhreastalaíonn ar an gcuid eile den Chontae.
- CS-O-11:** Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíochta ar fud an chontae, trí:
- (a) Tuarascáil Eacnamaíochta Straitéiseach Bunlíne a ullmhú chun eolas a chur ar fáil do bhreithniú ar impleachtaí spáis maidir le fás eacnamaíochta féideartha agus beartaithe.
 - (b) Rannpháirtíocht i gcur chuige réigiúnach ar mhaithe le príomhról forbartha straitéiseach a dhearbhu i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus mar chuid de cheantar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.
 - (c) Leitir Ceanainn a bhunú mar ionad fáis eacnamaíochta ar fud gach earnáil, go háirithe tríd an bpáirc ghnó atá ann cheana féin a chur chun cinn, comhdhlúthú a dhéanamh ar lár an bhaile, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt d'fheabhsúchán an réimse poiblí, bonneagar príomhbhóithre agus rochtain a sheachadadh trí chur chuige forghníomhach le seachadadh príomhshuíomhanna athghiniúna a chumasú.
 - (d) Bailte Straitéiseacha a bhunú, lena n-áirítear Bailte le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta mar thiománaithe rithábhachtach fáis lasmuigh de Leitir Ceanainn mar gheall ar a bhfeidhm speisialta eacnamaíochta nó mar gheall go bhfuil an fhéidearthacht sna hacmhainní/sócmhainní/suíomh atá acu cheana nó ó thaobh a gcaidreamh le straitéisí comhthreomhara eile a chuirfidh borradh faoi fhorbairt eacnamaíochta.

- (e) Tosaíocht a thabhairt do chuspóirí athghiniúna, athnuachana agus forbartha i 'mBailte le Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta' thar shaolré an Phlean.
- (f) Deiseanna a eascraíonn as tionchar Brexit maidir le hinfheistíocht nua eacnamaíochta, go háirithe laistigh de réigiún na teorann, a aithint agus leas a bhaint astu.
- (g) Straitéis Forbartha Turasóireachta a ullmhú mar aon le tacaíocht a thabhairt dó agus forbairt chuí a bhaineann le turasóireacht a chumasú, go háirithe i mbailte tuaithe agus i mbailte amuigh faoin tuath (sraith 3).

CS-O-12: Fás bailte, ar bhealach seicheamhach amach ó chroí an bhaile a éileamh ar mhaithe leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar atá ann cheana agus bonneagar atá beartaithe chun go rachaidh sé chun leasa do phobail áitiúla agus d'fhás éifeachtach uirbeach.

CS-O-13: Comhtháthú úsáid talún agus iompair a chur chun cinn ar mhaithe le haistriú módúil agus forbairt inbhuanaithe beartais a spreagadh.

CS-O-14: Réiteach éifeachtach maidir le forbairt chónaithe nach bhfuil críochnaithe a lorg.

CS-O-15: Pleananna Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn agus le Bailte Straitéiseacha a aithníodh i Sraith 2A, mar aon le Creatphleananna Lonnaíochta do bhailte i Sraith 2B a ullmhú.

CS-O-16: Na cuspóirí críosaithe ábhartha atá leagtha amach i Roinn C den Phlean seo a chur i bhfeidhm.

CS-O-17: Tá sé mar chuspóir ag an Chomhairle straitéisí inbhuanaithe forbartha agus iompair a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus tuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn d'fhonn:

- (i) An t-éileamh ar fhuinneamh mar fhreagra ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar chostais fuinnimh agus eile mar gheall ar laghdú fadtéarmach in acmhainní neamh-inathnuaite;
- (ii) astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú; agus
- (iii) Tabhairt faoin ghá atá le hoiriúnú ar athrú aeráide.

CS-O-18: Athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna agus ar mhéid na dtailte atá críosaithe 'Cúlchiste Straitéiseach Cónaitheach' chun a chinntiú go soláthrófar banc talún fadtéarmach i gcomhar tithíochta.

2A.11 Beartais na Croístraitéise

CS-P-1: Is é beartas na Comhairle go mbreithneofar tograí a bhaineann le forbairt i Leitir Ceanainn i bhfianaise nithe a bhaineann le hábhar pleanála ábhartha, beartais ábhartha Phlean Forbartha an Chontae, lena n-áirítear Roinn C, Caibidil 12, 'Cuspóirí agus Beartais do Leitir Ceanainn' agus beartas/treoir náisiúnta agus réigiúnach eile, ainmniúcháin comhshaoil ábhartha agus go háirithe Léarscáil 12.1B (Criosú Úsáid Talún) agus Léarscáil 12.1A (Creat Deartha Uirbigh).

CS-P-2: Is é beartas na Comhairle go mbreithneofar tograí a bhaineann le forbairt i mBun Cranncha agus i mBun Dobhráin i bhfianaise nithe a bhaineann le hábhar pleanála ábhartha, beartais ábhartha Phlean Forbartha an Chontae, lena n-áirítear Roinn C, Caibidil 12 agus 13, 'Cuspóirí agus Beartais do Bhun Cranncha' agus 'Cuspóirí agus Beartais do Bhun Dobhráin' agus beartas/treoir náisiúnta agus réigiúnach eile, ainmniúcháin comhshaoil ábhartha agus go háirithe Léarscáil 12.1B (Criosú Úsáid Talún) agus Léarscáil 13.1A (Criosú Úsáid Talún i mBun Cranncha) agus Criosú Úsáid Talún i mBun Dobhráin.

- CS-P-3:** Is é beartas na Comhairle go mbreithneofar tograí a bhaineann le forbairt sa Chlochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach agus sna Cealla Beaga i bhfianaise nithe a bhaineann le hábhar pleanála ábhartha, beartais ábhartha Phlean Forbartha an Chontae, agus beartas/treoir náisiúnta agus réigiúnach eile, ainmniúcháin comhshaoil ábhartha, go háirithe i bhfianaise Creat-Léarscáileanna Lonnaíochta agus an téacs gaolmhar atá i Roinn C den Phlean seo. (Tabhair air aird: Tá Plean Ceantair Áitiúil á ullmhú maidir le bailte aitheanta agus nuair a ghlacfar leo, tiocfaidh an Plean Ceantair Áitiúil in áit Creat-Léarscáileanna agus cuirfidh an téacs a bheidh ag gabháil leis creat pleanála atá níos mionsonraithe ar fáil).
- CS-P-4:** Is é beartas na Comhairle go ndéanfar measúnú ar iarratais forbartha, laistigh de theorainneacha na mbailte atá aitheanta mar Bhailte Straitéiseacha mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta' (Sraith 2B) agus laistigh de bhailte tuaithe atá aitheanta mar Shraith 3, i bhfianaise nithe a bhaineann le hábhar pleanála ábhartha, lena n-áirítear aon chriosú úsáid talún atá aitheanta, fáil a bheith ar bhonneagar, beartais ábhartha an Phlean Forbartha agus beartas/treoir náisiúnta agus réigiúnach eile agus ainmniúcháin comhshaoil ábhartha.
- CS-P-5:** Is é beartas na Comhairle forbairt bailte a threorú ar bhealach seicheamhach, amach ó chróí an cheantair ar mhaithe le cur an méid is féidir le húsáid soláthar bonneagair atá ann agus a bheidh ann amach anseo, inbhuanaitheacht a bhaint amach agus a chur cur cinn, bogadh go dtí ceantair eile atá níos iargúlta a sheachaint agus úsáid níos fearr a bhaint as talamh nach bhfuil mórán úsáide á bhaint as. Ní bheidh feidhm ag an bheartas seo maidir le fiontair ghnó ar scála beag (seachas forbairt mhiondíola) de thuairim is ar 1 go 5 fostaí. Ní dhéanfar forbairt mhiondíola ar shuíomh lasmuigh den ionad a mheas ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhféadfaidh an t-iarratasóir a léiriú (agus an t-údarás pleanála sásta ina leith) nach bhfuil aon suíomhanna nó suíomhanna féideartha laistigh den ionad nó ar imeall an ionaid atá (a) fóirsteanach, (b) ar fáil agus (c) inmharthana.
- CS-P-6:** Is é beartas na Comhairle a chinntiú go dtugann forbairtí i gceantair uirbeacha feidhm do Chritéar Deartha 12 atá leagtha amach i bhfoilseachán Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach – Treoirleabhar Dea-Chleachtais (DoEHLG, 2009).
- CS-P-7:** Is é beartas na Comhairle tograí a dhéanann iarracht le forbairt chónaithe atá ann agus nach bhfuil críochnaithe a réiteach, lena n-áirítear trí fhorbairtí a leagan amach ar bhealach eile atá cuí agus breithneofar tograí den chineál sin lasmuigh de na spriocanna daonra atá leagtha amach sa gcroístraitéis.

Caibidil 2B Gné na Teorann

2B.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 (Réamhrá), tá tionchar ag gné na teorann ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta laethúla i gContae Dhún na nGall agus ar a múnú chomh maith le leagan amach, feidhmiú agus infheistíocht beartas straitéiseach ardleibhéil. Breithnítear sa Plean seo a mhéid atá an Contae ar fad ag teacht laistigh de thionchair ghné na Teorann. Tá 181km de theorainn á roinnt ag an gContae le Tuaisceart Éireann (in éineacht le Comhairlí Chathair Dhoire agus an tSraitha Báin agus; Fearmanach agus an Ómaigh) agus 11km eile de theorainn le Contae Liatroma chomh maith le 65 bóthar trasna na teorann ar a n-áirítear roinnt nasc iompair straitéiseach. Glacann an plean seo, mar an príomhphlean reachtúil d'úsáid talún sa Chontae, le gné na teorann agus moltar cur chuige réigiúnach i ndáil leis an Iarthuaisceart a fhorbairt. Tacaítear le cur chuige páirtnéireachta le páirtithe trasteorann i gCo. Liatroma agus i gCo. Shligigh trí fhóram Thionól Réigiúnach an Iarthair agus an Tuaiscirt agus freisin le Comhairle Dúiche Chathair Dhoire agus an tSraitha Báin agus Fearmanach agus an Ómaigh trí fhóram na Comhpháirtíochta d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt agus Thionscnamh Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.

Cé go bhfuil míchinnteacht ann faoi na tionchair, dúshláin agus deiseanna a thiofadh chun cinn le Brexit, féachann an Plean seo le creat pleanála d'úsáid spásúil talún a chur ar fáil a léireoidh go bhfuiltear faoi réir dul in oiriúint nuair is gá agus deiseanna, nuair a thiofadh siad chun cinn, a thapú. Mar a leagtar amach i gCaibidil 1, tugadh faoi chomhchomhairleoireacht agus thaighde suntasach go háitiúil maidir leis na dúshláin a bhainfeadh le Brexit agus tá sin tairbheach le tuiscint a fháil ar na gnéithe is mó agus is lú a bhaineann le bheith i do chónaí, ag obair agus infheistiú i réigiún na teorann. Féachtar sa chaibidil seo cuid den eolas seo a thabhairt le chéile agus roinnt cur chuige i dtaobh beartais sa Plean atá á gcur ar fáil laistigh de Chontae Dhún na nGall a lua arís.

Mar réigiún teorann a áiríonn Contae Dhún na nGall, is áit ar leith an tIarthuaiscirt. Tá mais mhór chriticiúil de suas le 410,000 duine ann. Tá daonra óg, nuálach, oilte ann agus bonneagar oideachais ardchaighdeán agus institiúidí taighde mar thaca ann. Is réigiún fiontraíochta é a bhfuil SMEanna bríomhara ann agus atá ag mealladh infheistíochta ó chuideachtaí idirnáisiúnta atá ag teacht i dtír chaighdeán saoil den chéad scoth atá ar fáil ann.

Fíor 2B.1: Iarthuaisceart na hÉireann - Na Fírí



Foinse: Bróisiúr 'Gateway to Growth', Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin agus Comhairle Chontae Dhún na nGall, Nollaig 2016.


Tá na dinimic a bhaineann le bheith ag maireachtáil, ag obair agus infheistiúocht i réigiún na teorann ag teacht faoi réimse téamaí. Is é ról an Phlean Forbartha léiriú agus creat pleanála iomchuí d'úsáid talún agus gnéithe pleanála a thabhairt. Ó tharla go bhfuil na réimsí a bhfuil an trasnú i gceist iléagsúil chomh maith le tionchar a bheith acu ar réimse gheografach iomlán an Chontae, tá an tráchtairacht, cuspóirí agus beartais a bhaineann snoite tríd an bPlean agus dá bhrí sin comhtháite sna caibidlí earnála sa Phlean. Chun críocha eolais, tugtar arís i gCuid 2B.3 an tráchtairacht cuspóirí agus beartais a bhaineann go díreach le gné na teorann. Tugtar ar aird nach liosta cuimsitheach é seo mar go bhféadfadh tagairtí níos ginearálta a bheith i gceist a bheadh ábhartha freisin i gcomhthéacs na teorann.

2B.2 Tréithe Ghné na Teorann

2B.2.1 Comaitéireacht Trasteorann

Is féidir gluaiseacht, idirghníomhaíocht agus gníomhaíochtaí an daonra trasna na teorann agus ar an dá thaobh den teorainn a mheas agus tugann sin léiriú soiléir ar a mhéid a fheidhmíonn daonra an Iarthuaiscirt ar bhonn trasteorann. Tá go leor cúiseanna leis an ghluaiseacht agus leis an idirghníomhú i measc daoine, gnónna agus earraí trasna na teorann - teacht a bheith ar shaoráidí sláinte, oideachais, siamsaíochta, áineasa, sóisialta agus pobail ina measc chomh maith le gníomhaíocht miandíola, teacht ar mhargaí eacnamaíochta agus ar mhoil idirnáisiúnta iompair mar shampla. Léiríonn Fíor 2B.2 léarscáil comaitéireachta trasteorann chun críocha oibre nó staidéir. Léirítear i ndath dearg dorcha na ceantair i nDún na nGall ina bhfuil líon níos airde daoine de bhunadh Dhún na nGall a thaistealaíonn thar an teorainn talún le dul ag obair nó ag staidéar. Tá sin le sonrú ach go háirithe in oirthear an Chontae in MDanna Inis Eoghain, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir, rud a léiríonn a mhéid idirghníomhaíochta trasteorann atá ann sna háiteanna is gaire don teorainn. Chomh maith leis sin, tugtar le fios gurb é an ceantar timpeall Dhoire an ceannscríbe a bhíonn ag líon mór daoine a dtosaíonn a dturas i bPoblacht na hÉireann.

Fíor 2B.2: Comaitéirí Trasteorann chun críocha Oibre nó Staidéir, 2016 (Foinse: CSO)



2B.2.2 Bonneagar Bóithre

Léir Fíor 2B.2 (cé nach mbaineann sé le dhá chúis den iliomad cúis a bhíonn le taisteal trasteorann) an sreabhadh mór tráchta a bhíonn trasna agus ar ais sa 58 áit trasnaithe ar bhóithre a nascann Contae Dhún na nGall le Tuisceart Éireann. Tá idir bhóithre Contae, Réigiúnacha agus Náisiúnta i gceist leis na bóithre seo agus teastaíonn cur chuige i gcomhar ó thaobh dearadh, tosaíocht agus córais maoiniúcháin chun iad a chothabháil agus a uasghrádú. Is é an gréasán bóithre trasteorann an cnámh droma ar a dtugtar faoi thuras ó lá go lá agus cuireann rochtain straitéiseach ar fáil chuig an réigiún agus as agus chuig moil idirnáisiúnta iompair agus ina dhiaidh sin ar aghaidh chuig margaí domhanda. Airítear ar thionscadail trasteorann chriticiúla an gréasán TEN-T, an A5 agus an A6.

Tá áiteanna sonracha trasnaithe ar bhóithre le haithint san áit is tréine a mbíonn gníomhaíocht trasteorann. Léiríonn comhaireamh sonraí Roinn Forbartha Réigiúnach Thuaisceart Éireann ar ghluaiseachtaí tráchta in aghaidh na seachtaine agus in aghaidh an lae a thréine is a bhíonn gníomhaíochtaí trasteorann ar thrí phríomhbhealach - is siad sin Doire/Ceann an Droichid, Doire/An Magh agus an Srath Bán/Leifear¹⁸ (tagraíonn Tábla 2B.1) Is fianaise é seo ar an líon ard idirghníomhaíochtaí trasteorann atá ag tarlú ar fud an réigiúin i réimsí éagsúla den saol sóisialta agus eacnamaíochta.

Tábla 2B.1: Gluaiseacht Tráchta Iomlán in aghaidh na seachtaine agus an lae in aghaidh an bhealaigh-Sonraí Teiliméadracha 2015 DRD

Bealach	Gluaiseacht Tráchta (in aghaidh na seachtaine)	Gluaiseacht Tráchta (in aghaidh an lae oibre)
Doire- Ceann an Droichid	134,863	19,266
Doire- An Magh	71,145	10,164
An Srath Bán- Leifear	120,569	17,224
Líon iomlán turas	326,577	46,654

Foinse: 'An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hÍmeacht na Breataine as an Aontas Eorpach mar a bhainfidh le Limistéar Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Chathair Dhoire agus an tSratha Bán - Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, DCC & DCSDC, ' Feabhra 2017.

2B.2.3 Trádáil

Is gné thábhachtach den gheilleagar áitiúil an trádáil trasteorann agus léiríonn sé leibhéal comhtháthaithe eacnamaíochta san Iarthuaisceart go háirithe in áiteanna atá gar don teorainn. Leagtar amach i dTuarascáil an DCC agus DCSDC, An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hÍmeacht na Breataine as an Aontas Eorpach' go dtaifeadann an Monatóir Idirthrádála Éireann go mbíonn 34% de ghnólachtaí i limistéar DC&SDC agus 38% de ghnólachtaí Dhún na nGall i mbun trádáil trasteorann i gcomparáid le 25% de ghnólachtaí ar an oileán trí chéile. Deimhníonn sin an idirnasacht atá ann ar dhá thaobh na teorann ó thaobh trádála. I gcomhthéacs Brexit, aithnítear sa tuarascáil 'An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hÍmeacht na Breataine as an Aontas Eorpach' gur earnáil thábhachtach ar an dá thaobh den teorainn an earnáil Agraibhia agus go bhfuil sí ar cheann de na hearnálacha is láidre ó thaobh trádáil trasteorann in éineacht le ceimicí agus ábhar

¹⁸ **Foinse:** 'An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hÍmeacht na Breataine as an Aontas Eorpach mar a bhainfidh le Limistéar Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Chathair Dhoire agus an tSratha Bán - Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt' arna fhoilsiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall & Comhairle Ceantair Chathair Dhoire & an tSratha Bán, Feabhra 2017.

foirgníochta - eárnálacha ar fad a bhí i measc na n-earnálacha is mó a bheadh i mbaol ó Brexit san anailís a rinne Rialtas na hÉireann.

2B.2.4 Miondíol

Tá 16% de na daoine atá fostaithe i gCo. Dhún na nGall fostaithe san earnáil miondíola. I gcomhthéacs na teorann, tá an earnáil siocrach do luaineacht sa ráta malairte Euro-Steirling agus sreabhadh mór trasteorann Theas go Thuaidh ann faoi láthair. Moltar sa phlean seo gur i lár bhailte Dhún na nGall a bheadh na príomhréimsí forbartha miondíola agus úsáide measctha eile agus moltar iad a neartú. Aithnítear ann freisin an timpeallacht fhisiciúil a bheith ríthábhachtach chun eispéireas an chuariteora a fheabhsú agus leagtar béim ar leith ar shócmhainní oidhreachta an Chontae mar dheiseanna chun spásanna uirbeacha ardcháilíochta, dearfacha agus tarraingteacha a chruthú.

2B.2.5 Infheistíocht Dhíreach Eachtrach- Breithnithe Geografacha

Tugtar ar aird sa tuarascáil 'An Chéad Anailís ar na Dúshláin agus na Deiseanna a bhainfidh le hImeacht na Breataine as an Aontas Eorpach' an tábhacht atá le teacht a bheith ar an Margadh Aonair i dtaobh roghanna geografacha ag infheisteoirí agus aithnítear ann go bhféadfadh Contae Dhún na nGall a bheith ina rogha tarraingteach in áit na RA dá bharr. Tá áiteanna ar an teorainn, ina measc bailte straitéiseacha mar Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Bealach Féich - Srath an Urláir, Leifear, Ceann an Droichid agus Bun Cranncha, lonnaithe go straitéiseach le buntáiste a bhaint as na deiseanna sin agus chuige sin tá soláthar cuí de thailte forbartha eacnamaíochta straitéiseacha aitheanta tríd an bPlean seo nó tríd an bPlean Limistéir Áitiúil iomchuí.

2B.2.6 Pobal

Maidir leis an fhianaise atá ann i dtaobh gluaiseachtaí trasteorann, tá pobail ag idirghníomú ar bhonn eacnamaíochta agus pobail agus leis sin measann an pobal go bhfuil 'baint' acu leis an dá thaobh den teorainn. Tarlaíonn sin mar gheall ar riachtanais daoine aonair - fostaíocht, spórt agus áineas, fóillíocht agus siopadóireacht mar shampla - a bheith á sásamh ag roinnt soláthróirí ar an dá thaobh den teorainn. Sa chomhthéacs sin, tá ról soiléir ann do straitéis atá bunaithe ar áit, ar chomhoibriú dlí agus ar phleanáil i gcomhar.

2B.2.7 Oideachas

Tarlaíonn comhoibriú maith i dtaobh scileanna agus oiliúint ar bhonn trasteorann. Tá timpeallachtaí foghlama ar ardchaighdeán ar fáil in Ollscoil Uladh i Magee, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus i gColáiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Tá dul chun cinn suntasach déanta trí shaoráidí mar an Pháirc Réigiúnach Eolaíochta i nDoire (Páirc Réigiúnach Eolaíochta an Iarthuaiscirt) agus i Leitir Ceanainn (Co-Lab). Le fanacht iomaíoch, tá breis comhoibrithe riachtanach le cur chuige i gcomhar a ghlacadh chun mic léinn a mhealladh chuig gach campas agus chun cuir chuige ionchais agus athlínithe a fhorbairt chun freastal ar riachtanais tionscail atá ann agus tionscail atá ag teacht chun cinn. Neartaíonn an cur chuige i gcomhar agus trasteorann acmhainn scileanna an réigiúin, cuirtear deiseanna níos fearr ar fáil d'fhoghlaim agus tarraingíonn infheistíocht isteach i dtaobh daoine a bhfuil scileanna acu a bheith ar fáil.

2B.2.8 Sláinte

Tá dul chun cinn á dhéanamh san Iarthuaisceart i dtaobh soláthar inmharthanach agus cothrom sláinte trí cheantar daonra trasteorann. Is cur chuige é seo le dul i ngleic le himeallachas agus tá sé tábhachtach i dtaobh caighdeán saoil agus seirbhísí don saoránach a fheabhsú. Leis an chur chuige sin, déantar

soláthar d'fhorbairt/infheistíocht i gcomhar i dtaobh seirbhísí roinnte agus an poitéinseal ann cúram speisialtóireachta a chur ar fáil agus tacú le torthaí sláinte níos fearr do shaoránaigh. Is trí Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, Ospidéal Cheantar Allt Mhic Dhuibhleacháin agus Ospidéal Géarchúraim an Iardheiscirt in Inis Ceithleann a chuirtear cúram sláinte ar fáil san Iarthuaisceart chomh maith le hAcadamh Taighde agus Cliniciúil Dhún na nGall a bunaíodh d'fhonn nuálaíocht agus obair i gcomhar a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais, taighde agus seirbhísí.

2B.2.9 Turasóireacht

Tá earnáil rathúil turasóireachta atá ag dul i neart i gContae Dhún na nGall a dtagann trí oiread cuairteoirí ann le DC&SDC. Táthar ag leanúint le hobair shuntasach ar díol suntais do chuairteoirí, eispéreas cuairteora agus cóiríocht a fhorbairt - rannpháirtíocht iomlán i straitéis margaíochta agus bolscaireachta an WAW san áireamh. Tá nascacht a fheabhsú, lena n-áirítear glasbhealaí trasteorann, tábhachtach le tacú le rochtain a bheith ag cuairteoirí ar an réigiún.

2B.2.10 Cistiúcháin an AE

Mar thoradh ar chomhpháirtíochta láidre trasteorann san Iarthuaisceart, rinneadh cistíocht riachtanas AE a ghairáil idir DCC agus DC&SDC agus páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear gnónna agus an earnáil pobail. Mar thoradh ar an chur chuige sin baineadh amach tionscadail trí chlár Peace agus INTERREG a raibh tairbhe le baint ag gach aon taobh astu agus a raibh tábhacht eacnamaíochta agus pobail leo. Cuireadh, ach go háirithe, tacaíocht ar fáil d'earnálacha iléagsúil pobail agus cultúir sa réigiún ar gné thábhachtach í de chomhfhorbairt áite agus de straitéisí ceannaireachta áit-bhunaithe.

2B.2.11 Airgeadra

Mar fhachtóir seachtrach agus lasmuigh de chúrsaí pleanála talún, bhí baint ag luaineachtaí airgeadra i ráta malairte Euro-Steirling riamh le gníomhaíochtaí eacnamaíochta a shocrú feadh teorainn an Chontae le Tuaisceart Éireann. Is léir seo ach go háirithe i ndáil le SMEanna agus gníomhaíocht siopadóireachta. Ag brath ar an treo a bhfuil an tairbhe ón ráta malairte, bíonn na tionchair fhisiciúla le sonrú sna luaineachtaí i mbrú forbartha ina measc áiteanna folmha agus dearóil go heatramhach ar an teorainn.

2B.3 Tráchttaireacht, Cuspóirí agus Beartais atá ábhartha go díreach do Ghné na Teorann á lua arís

Mar a leagtar amach i gCuid 2B.1, tá na dinimic a bhaineann le maireachtáil, le bheith ag obair agus infheistíocht i réigiún na teorann ag teacht faoi réimse téamaí agus dá bhrí sin tá an tráchttaireacht, na cuspóirí agus beartais atá ábhartha go díreach do ghné na teorann snoite trí chaibidilí earnála an Phlean. Chun críocha eolais, tugtar arís an tráchttaireacht cuspóirí agus beartais a bhaineann go díreach le gné na teorann. Tugtar ar aird nach liosta cuimsitheach é seo mar go bhféadfadh tagairtí níos gearrála a bheith i gceist a bheadh ábhartha freisin i gcomhthéacs na teorann.

Caibidil, Cuid

Achoimre ar ábhar a bhaineann leis an teorainn

Caibidil 1: Cur i láthair & fí; Cuid 1.1

Cur síos ar an chaidreamh atá ag an gContae leis na húdaráis ar an teorainn

Caibidil 1: Cur i láthair & fí; Cuid 1.2 (An Creat

Téama trasteorann i gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Pleanála chun tabhairt faoi chur chuige bunaithe ar áit chun dlús a chur faoi fhás

Náisiúnta Pleanála)	inmharthana.
Caibidil 1: Cur i láthair & fí; Cuid 1.4 (An Ghné Teorann)	Aithnítear go bhfuil tionchar ag an ngné a bhaineann leis an teorainn ar ghníomhaíochtaí dhaonra na teorann ó lá go lá agus ar chuir chuige beartais ag leibhéal straitéiseach agus áitiúil.
Caibidil 1: Cur i láthair & fí; Cuid 1.5 (An Timpeallacht Eacnamaíochta Reatha)	An freagra i gcomhar ag an leibhéal áitiúil i leith Brexit agus níos tábhachtaí fós i leith a chinntiú go ndéantar tosaíochtaí suntasacha ó thaobh fáis, mar A5 agus A6, a thabhairt chun fíre.
Caibidil 2A Croístraitéis; Cuid 2A.1 (Réamhrá)	Tagraíonn do nádúr uathúil cheantar na teorann agus an t-athrú daonra a ghabhann leis agus leagtar béim ar an méid atá an tuaisceart agus an deisceart ag brath ar a chéile agus atá níos ábhartha fós i gcomhthéacs Brexit.
Caibidil 2A Croístraitéis; Cuid 2A.3.3 (Bailte Straitéiseacha)	Tagraíonn do Bhailte Straitéiseacha a aithint agus an tábhacht atá leis na bailte sin a neartú.
Caibidil 2A: Croístraitéis; Fíor 2A.3 (An Struchtúr Lonnaíochta)	Aithnítear sa léarscáil scaipeadh spásúlachta na mbailte Straitéiseacha sa struchtúr lonnaíochta agus tá suíomhanna teorann le haithint.
Caibidil 2A: Croístraitéis; Cuid 2A.7 (Straitéis Iompair)	Tagraíonn do riachtanais agus tosaíochtaí iompair lena n-áirítear príomhbhealaí i gcomhthéacs na teorann mar an A5, A6, Gréasán TEN-T agus bealach an N14 Leitir Ceanainn go Leifear.
Chapter 2A: Croístraitéis; Cuid 2A.10 (Cuspóirí na Croístraitéise)	<p>CS-O-2: "A dhearbhu go bhfuil príomhról ag Contae Dhún na nGall i gcomhthéacs Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus laistigh de cheantar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair".</p> <p>CS-O-9: "Seachadadh príomhbhóithre agus bonneagar rochtana a chomhordú agus a chur chun cinn (lena n-áirítear Conair Iompair an Iarthair an A5 agus tionscadail bóthair an A6, Gréasán Ten- T, Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn agus Bóthar Leitir Ceanainn/Leifear an N14) i gcomhar le húdaráis ábhartha eile, lena n-áirítear comhpháirtithe sa gComhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt agus laistigh de Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair ionas go mbeidh naisc straitéiseach éifeachtach chuig agus ar fud an Chontae mar thoradh orthu."</p> <p>CS-O-10: "Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i bpríomhnaisc straitéiseacha idir Leitir Ceanainn agus na Bailte Straitéiseacha mar aon le naisc le conair iompair a fhreastalaíonn ar an chuid eile den Chontae."</p> <p>CS-O-11: "Tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíochta ar fud an chontae, trí: (f) Deiseanna a eascraíonn as tionchar Brexit maidir le hinfeistíocht nua eacnamaíochta, go háirithe laistigh de réigiún na teorann, a</p>

aithint agus leas a bhaint astu."

CS-O-15:

"Pleananna Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn agus le Bailte Straitéiseacha a aithníodh i Sraith 2A, mar aon le Creatphleananna Lonnaíochta do bhailte i Sraith 2B a ullmhú."

Caibidil 3: Bailte agus Sráidbhailte; Cuid 3.2

Leagtar amach 6 théama choitianta a bhaineann leis na feidhmeanna eacnamaíochta speisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist trasna na 'mBailte Straitéiseacha', ina measc:

1. Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin;
2. Oidhreacht fhoirgnithe agus oidhreacht seandálaíochta;
3. An Ghaeilge;
4. Spórt agus áineas;
5. Suíomh trasteorann agus;
6. Muirí.

Caibidil 3: Bailte agus Sráidbhailte; Tábla 3.

Leagtar amach na bhunchúiseanna le 'Bailte Straitéiseacha' a aithint mar bhailte ag a bhfuil 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'. Suíomh na teorann aitheanta mar théama maidir le Bealach Féich-Srath an Urláir, Leifear agus Ceann an Droichid.

Caibidil 3: Bailte agus Sráidbhailte; Cuid 3.4 (Cuspóirí); TV-O-1

TV-O-1:

"Tacaíocht a thabhairt do thionscnamh athghiniúna agus athnuachana bailte agus sráidbhailte Chontae Dhún na nGall le fócas faoi leith ar 'Bhailte Straitéiseacha' atá aitheanta i Sraith 2 sa struchtúr lonnaíochta."

Caibidil 3: Bailte agus Sráidbhailte; Cuid 3.5 (Beartais); TV-P-1

TV-P-1:

"Is é beartas na Comhairle tograí atá dírithe ar leas a bhaint as 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta' 'Bhailte Straitéiseacha' an Chontae a spreagadh, faoi réir ag beartais eile an Phlean, lena n-áirítear Roinn C agus faoi réir ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair."

Caibidil 5: Forbairt Eacnamaíochta; Cuid 5.1.1; An Comhthéacs Réigiúnach

Tagraíonn do na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar gheall ar Brexit.

Caibidil 5: Forbairt Eacnamaíochta; Cuid 5.1.2; (cuspóirí)

ED-O-1:

"Comhoibriú trasteorann a éascú agus deiseanna forbartha sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a chumasú agus a choinneáil ar bun."

ED-O-2:

"A chinntiú go gcuirtear talamh leordhóthanach ar fáil ag ionaid chúí d'úsáideanna giniúint fostaíochta agus go mbeidh cosaint ag talamh dá leithéid ar fhorbairt mhíchuí a dhéanadh dochar dá forbairt fhadtéarmach."

ED-O-3:

"Forbairtí giniúint fostaíochta a éascú agus a threorú isteach i lárionad Geatabhealaigh Leitir Ceanainn agus na Bailte Straitéiseacha

Tacaíochta, agus tacú le forbairt eacnamaíochta bailte níos lú agus sráidbhailte ar fud an chontae."

ED-O-5:

"Forbairt eacnamaíochta tuaithe chuí a chur chun cinn trí éagsúlú a spreagadh a thacaíonn le fás fiontar tuaithe atá ag teacht chun cinn, ó thaobh feidhme bainteach leis an tuath."

ED-O-11:

"Tacú le réigiún na teorann d'fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíochta tríd an acmhainneacht agus na deiseanna a éiríonn as Brexit a uasmhéadú."

Caibidil 5: Forbairt Eacnamaíochta; Cuid 5.1.4; (beartais)

ED-P-15:

"Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt eacnamaíochta iomchuí a éascú laistigh de réigiún na teorann san áit a bhfuil an bonneagar ar fáil nó a bhfuil acmhainneacht aici."

Caibidil 6: Bonneagar; Cuid 6.1.1; (Cúlra)

Tagraíonn do nascacht i réigiún na teorann agus an tábhacht atá le líonra bóithre réigiúnacha chun rochtain a thabhairt ar gach ceantar sa chontae.

Caibidil 6: Bonneagar; Cuid 6.1.1; (cúlra); Comhthéacs Bóithre Straitéiseacha

Tagraíonn don tábhacht atá leis an Ghréasán TEN-T maidir le:

- bóthar N15 ó Bhun Dobhráin agus ar aghaidh go Baile Dhún na nGall agus go Bealach Féich/Srath an Urláir;
- an N13 Bealach Féich/Srath an Urláir go Leitir Ceanainn go bóthar Cheann an Droichid (agus go Doire via an A6); agus
- an N14 ó Leitir Ceanainn go bóthar Leifir (agus an Srath Bán via an A5)

Maidir le bóthar N15 Bealach Féich/Srath an Urláir, deirtear seo a leanas:

- Cé nach bhfuil sé ar an ghréasán TEN-T cuireann an bóthar N15 Bealach Féich/Srath an Urláir gné thábhachtach eile den ghréasán bóithre straitéiseach ar fáil in oirthear an chontae.

Tagraíonn freisin don tábhacht atá leis na bealaí seo le nascacht chriticiúil ar chur ar fáil i gcás:

- go Baile Átha Cliath agus go dtí an oirdheisceart (via na bóithre N14 agus A5); agus le ceantar Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt níos leithne (le Doire via bealach an N13/A6; agus leis an Srath Bán via bealach an N14/A5); agus
- feadh cuid mhór d'fhad an Chontae agus go dtí an deisceart agus ceantar Chomhthionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt níos leithne, agus ceantar Chonair an Atlantaigh (via na bóithre N15 agus N13).

Caibidil 6: Bonneagar; Cuid 6.1.2; (Cuspóirí)

T-O-1:

"An Gréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T), a sheachadadh (mar a cheanglaíonn Rialacháin an AE (AE) Uimh. 315/2013 "Treoirlínte um forbairt *Gréasán Iompair Tras-Eorpach* (Ten-T)") mar chuid de

ghréasán iompair lárnach cuimsitheach na hÉireann."

T-O-2:

"Conairí iompair idir-uirbeacha tábhachtacha cáilíochta a bhaint amach a thugann rochtain ar mhargaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta le naisc le hiompar muirí, aeir agus iarnróid."

T-O-3:

"Soláthar do nascacht ardcháilíochta laistigh den Chontae ag teacht leis an Chroístraitéis trí Ghréasán Bóithre Straitéiseacha cáilíochta a chur chun cinn mar a aithnítear ar Léarscáil 6.1.2."

T-O-4:

"Uas-inrochtaineacht, éascaíocht ghluaiseachta a sheachadadh agus tograí cuí d'aistriú modha a éascú."

**Caibidil 6: Bonneagar;
Cuid 5.1.3; (Beartais)**

T-P-19:

"Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le haerfort Chathair Dhoire agus é a chur chun cinn mar shócmhainn bonneagair trasteorann straitéiseach tábhachtach do Dhún na nGall thoir. "

**Caibidil 9: Forbairt
Acmhainní Nádurtha;
Cuid 9.2.2; (cuspóirí)**

E-O-2:

"Láidriú na greille leictreachais a éascú le teacht i dtír ar fhuinnimh agus a dháileadh a chumasú. Tacóidh an Chomhairle le hidirnascairí trasnáisiúnta agus trasteorann chun easpórtáil fuinnimh lasmuigh den Chontae a chumasú."

**Caibidil 9: Forbairt
Acmhainní Nádurtha;
Cuid 9.2.3; (beartais)**

E-P-1:

"Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt treisithe greille a éascú lena n-áirítear naisc ghreille agus gréasán fuinnimh trasteorann (Leictreachas agus gás) isteach agus tríd an gContae agus idir gach contae tadhach agus chun tacú le forbairt naisc ghreille trasteorann, faoi réir cuspóirí agus beartas eile an Phlean seo."

**Caibidil 10:
Turasóireacht; Cuid
10.1.2; (cuspóirí)**

TOU-O-8:

"Tacú le forbairt feidhmiúcháin phríomhbhonneagair rochtana turasóireachta, agus é a chosaint, isteach agus ar fud an chontae mar bhonneagar bóithre (lena n-áirítear an bóthar A5 Baile Átha Cliath go Doire, Bealach an Atlantaigh agus an N56), Bonneagar Aeir (lena n-áirítear Aerfort Dhún na nGall, Aerfort Chathair Dhoire, agus Aerfort Chnoc Mhuire/Iarthar Éireann) agus rochtain Farráige (lena n-áirítear bonneagar cuain sna Cealla Beaga agus bonneagar farantóireachta ar fud an Chontae)."

TOU-O-15:

"Oibriú i gcomhar le comhlachtaí turasóireachta ábhartha agus údaráis áitiúla i dTuaisceart Éireann le lánacmhainneacht turasóireachta réigiún trasteorann an Iarthuaiscirt a chur ar fáil. "

**Caibidil 10:
Turasóireacht; Cuid**

TOU-P-8:

"Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire a éascú, cur lena bhfeidhmiúlacht agus í

10.1.3; (beartais)

a chosaint, agus an rochtain orthu araon a fheabhsú."

**Caibidil 12: An Pobal,
Cultúr agus an
Ghaeltacht; Cuid 12.2
(beartais)**

CCG-P-7:

"Is beartas de chuid na Comhairle é leathnú cuí saoráidí taighde agus oideachais ag institiúidí tríú leibhéal a éascú go háirithe maidir le nuálaíochtaí biteicneolaíochta, fuinnimh in-athnuaite agus nascachtaí trasteorann le soláthraithe tríú leibhéal i dTuaisceart Éireann faoi réir infhaighteacht bonneagair riachtanaigh, aon ainmnithe timpeallachta agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair."

Caibidil 3 Bailte agus Sráidbhailte

Aidhm:

An cumas atá i mbailte agus i sráidbhailte a mhúscailt trí athghiniúint agus athnuachan ar mhaithe le cumas agus beogacht sóisialta, pobail agus eacnamaíochta bailte a láidriú agus pobail tuaithe a láidriú.

3.1 Réamhrá

Aithníonn Caibidil 1 agus 2A, Réamhrá agus Croístraitéis, an tábhacht agus an príomhról atá ag pobail thuaithe Dhún na nGall ó thaobh cur le fás dearfach agus le forbairt eacnamaíochta ar fud an Chontae agus ó thaobh cur le daonra Dhún na nGall atá ag fás agus a sheasfaidh ag 200,000 faoin mbliain 2038. Sócmhainn atá i bpobail thuaithe Chontae Dhún na nGall agus is cóir meas agus cothú a dhéanamh orthu. Tá an éagsúlacht deiseanna a chuireann ár bpobail thuaithe ar fáil suntasach leis an gcumas idirdhealú a dhéanamh idir an Contae agus áiteanna eile, go háirithe i dtéarmaí an chaighdeáin beatha atá á chur ar fáil. Tá bailte agus sráidbhailte an Chontae i gcoilár ár bpobail tuaithe mar gurbh ionann iad agus suíomhanna tábhachtacha do sheachadadh seirbhíse, teacht le chéile, léiriú aitheantais, fiontair thuaithe agus tacaíochtaí sóisialta agus pobail. Aithnítear sa Phlean seo an tábhacht a bhaineann le bailte agus sráidbhailte tuaithe ó thaobh an phobail tuaithe níos leithne agus dá bhrí sin déantar iarracht a n-athbheochan agus a n-athghiniúint a chumasú trí phríomhidirghabháil straitéiseach. Chuige sin, díreann Caibidil 2A, Croístraitéis an Phlean, thart ar 70% den fhás daonra réamh-mheasta i dtreo na coda sin den Chontae lasmuigh den Leitir Ceanainn.

Tá an cur chuige sin ag teacht leis an mbeartas náisiúnta i dtéarmaí na dtéamaí atá ag teacht chun cinn san NPF agus go háirithe trí fhoilseachán Rialtais, *Realising Our Rural Potential- Action Plan for Rural Development* Eanáir 2017. Léiríonn an Plean Gníomhaíochta an ról fíorthábhachtach atá ag ceantair thuaithe na hÉireann ó thaobh rathúnas geilleagrach na hÉireann a mhúnlú, lena n-áirítear trína creat tacaíochta ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Tá an Plean Gníomhaíochta bunaithe thart ar chúig phríomhphiléar téamacha, agus tá sraith cuspóirí agus gníomhaíochtaí ag gabháil le gach aon cheann acu sin. Is iad na cúig philéar:

- Piléar 1: Tacaíocht a thabhairt do Phobail Inbhuanaithe
- Piléar 2: Tacaíocht a thabhairt d'Fhiontraíocht agus d'Fhostaíocht
- Piléar 3: Cur an méid is fearr is féidir lenár gCumas Turasóireachta agus Áineasa Tuaithe
- Piléar 4: Cultúr agus Cruthaitheacht a Chothú i bPobail Thuaithe
- Piléar 5: Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú

Aithnítear i bPiléar 1 go háirithe, ról bailte agus sráidbhailte tuaithe mar chroílár pobail tuaithe agus leagan amach an tábhacht a bhaineann le bearta leis an mbeo a chur ar ais i mbailte tuaithe agus cur ar a gcumas a bheith ina n-áiteanna beoga, agus leagtar béim go bhfuil cur chuige níos comhtháite ar fud Ranna, agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus ag leibhéal áitiúil riachtanach. D'aithin na gníomhaíochtaí gur chuir tacaíocht a thabhairt do Philéar 1, lena n-áirítear scéimeanna ar nós na Scéime Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Clár CLÁR, leathnú a chur ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara, cur i bhfeidhm an Chreata chun Lár an Bhaile a Athbheochan agus leathadh amach an Chláir Náisiúnta um Athchóiriú Lár an Bhaile, le seachadadh a dhéanamh ar scéimeanna beaga tithíochta i mbailte agus i sráidbhailte.

3.2 An Straitéis le hAthnuachan agus le hAthghiniúint a dhéanamh ar Bhailte agus ar Shráidbhailte

Agus breithniú á dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta, tá dul chun cinn suntasach agus bearta feidhmithe curtha i gcrích cheana féin ar fud bailte agus sráidbhailte i gContae Dhún na nGall agus tá an ghníomhaíocht leanúnach seo ag cur lena n-athbheochan agus lena n-athghiniúint: Áirítear ar shamplaí den dul chun cinn agus de bhearta feidhmithe:

- Na gníomhartha atá aitheanta i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Dhún na nGall 2016-2022.
- Ról ghréasán Choistí na mBailte Slachtmhara i gcomhfhorbairt áite.
- Obair eagraíochtaí pobal-bhunaithe i gcur i bhfeidhm tionscnaimh forbartha sóisialta, pobail agus eacnamaíochta áitiúla lena n-áirítear tionscadail comhfhorbairt áite.
- Cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (baineann sampla den tionscadal ábhartha le forbairt treorach le haghaidh siopaí).
- Cur i bhfeidhm Chlár Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar fud 5 bhaile (Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich-Srath an Urláir, an Clochán Liath, Carn Domhnach agus Ráth Bhoth). Infheistíocht iomlán de €440,000.
- Cur i bhfeidhm Chlár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) – 2017 caiteachas €1.9m.
- Cur i bhfeidhm Chlár Forbartha Pobail/LEADER - €10milliún sa tréimhse (2015-2020), do thionscnaimh faoi stiúir an phobail timpeall ar théamaí fiontraíochta/fostaíochta, sóisialta agus an chomhshaoil.
- Cur i bhfeidhm chlár €5.5 milliún PEACE IV do thionscadail chaipitil ar nós clóis súgartha, hallaí pobail agus gairdíní pobail.
- Infheistíocht caipitil leanúnach Chomhairle Chontae Dhún na nGall i bhfeabhsúcháin timpeallachta agus bóithre.
- Clár maidir le Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a bhfuil maoiniú déanta aige, inter alia, ar oibreacha thabhairt chun críche Ionad Fiontraíochta na nGleannta, agus oibreacha athnuachan bailte agus sráidbhailte i mBéal Átha Seanaidh.

Tá creat straitéiseach bunaithe ag Croístraitéis an Phlean seo le díriú ar athnuachan agus athghiniúint bailte trínar féidir cur chuige comhoibríoch, ilghníomhaireachta agus trasearnála a bhainistiú. Déanann an Straitéis soláthar freisin do chreat ullmhachta i gcás go bhfógraítear clár/tionscnaimh náisiúnta a thacóidh le cuspóirí athnuachana agus athghiniúna an Phlean. Cé gurbh é cuspóir na Comhairle cumas bailte agus sráidbhailte atá níos lú a aithint, agus cé go gcomhoibreoidh an Chomhairle le haon chomhpháirtí ionchasach eárnála poiblí agus/nó príobháideach ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar aon tionscadail inbhuanaithe den sórt sin a chloíonn le beartas, aithníonn an Plean líon beag bailte (Struchtúr Lonnaíochta Sraith 2) le hathnuachan, athghiniúint agus athbheochan a dhíriú orthu. Roghnaíodh na lonnaíochtaí seo ar bhealach straitéiseach, comhordaithe, le scaipeadh cothrom an fhócais seo ar fud an Chontae a chinntiú agus aird á tabhairt ar phríomhthiománaithe fáis a bhfuiltear ag súil leis, sna ceantair lasmuigh de Leitir Ceanainn agus caighdeáin agus saintréithe bunúsacha na mbailte agus na sráidbhailte beaga atá roghnaithe, fás den chineál sin a bhfuiltear ag súil leis a sheachadadh.

Tá an straitéis d'athnuachan agus d'athghiniúint bailte á sholáthar ar fud dhá chatagóir agus tá na bailte áirithe atá aitheanta taispeánta i bhFíor 3.1 agus i dTábla 3.1:


1. 23 baile a bhfuil cur síos déanta orthu mar 'Bhailte Straitéiseacha' an Chontae' a fheidhmíonn 'Feidhm Speisialta Eacnamaíochta atá aitheanta i struchtúr lonnaíochta na Croístraitéise mar Shraith 2 (A & B).
2. 7 mbaile/ceantar tuaithe ar scála níos lú (lena n-áirítear i Sraith 3 sa struchtúr lonnaíochta) trína láidreoidh fócas ar athghiniúint agus athnuachan, go príomha trí scéimeanna feabhsúcháin, na pobail.

Déantar cur síos ar na bailte go léir le 'Feidhm Speisialta Eacnamaíochta' Sraith 2(A agus B) den Struchtúr Lonnaíochta mar 'Bailte Straitéiseacha' an Chontae. Is ar mhaithe le cuspóir scaipeadh cuí fás réamh-mheasta daonra an t-idirdhealú idir Sraith 2A agus 2B i gCaibidil 2A, agus aird á thabhairt ar chumas bonneagair níos fearr agus mais chriticiúil lonnaíochta Sraith 2 chun freastal ar chion suntasach den fhás réamh-mheasta seo. Chun críocha an Choda seo den Phlean, níl aon idirdhealú le déanamh idir Sraitheanna 2A agus 2B. Tá an Chomhairle, tiomanta ar an tslí chéanna, treallús a chur faoi chlár oibre don dá ghrúpa lonnaíochta. Ar mhaithe le roinnt comhsheasmhachta a choinneáil, áfach, leis an struchtúr atá i bhfeidhm ó thaobh na lonnaíochta sa Chroístraitéis agus mar thagairt éasca amháin, tá cur chuige i leith Sraith 2A agus 2B coinnithe sna hailt thíos.

Léiríonn Fíor 3.1 suíomhanna spáis na mBailte Straitéiseacha le 'Feidhm Speisialta Eacnamaíochta', (Sraith 2A agus B) atá scaipthe ar fud an Chontae. Chomh maith le cúiseanna sonracha le bailte áirithe a aithint, tá 6 théama coitianta ann ó thaobh feidhmeanna speisialta eacnamaíochta atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá ar fáil ar fud na 'mBailte Straitéiseacha', lena n-áirítear:

1. Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin;
2. Oidhreacht Fhoirgnithe agus Oidhreacht Seandálaíochta;
3. An Ghaeilge;
4. Spórt agus áineas;
5. Suíomh trasteorann agus;
6. Muirí.

Fíor 3.1: Scaipeadh Spásúlachta na 'mBailte Straitéiseacha'



Is féidir féachaint ar léarscáileanna chreat lonnaíochta/léarscáileanna críosaithe úsáid talún maidir le gach aon bhaile de na 'Bailte Straitéiseacha' i Roinn C den Phlean seo agus leagan Alt 3.3 den chaibidil seo amach cur síos gairid ar na réimsí téamacha cumais maidir le gach aon bhaile de na 23 baile. Áirítear ar shamplaí:

- Leifear (atá suite le buntáiste a bhaint as a shuíomh in aice na teorann, lena n-áirítear na deiseanna a d'fhéadfadh eascairt de thoradh Brexit);

- Bun an Phobail (atá suite le buntáiste a bhaint as a shuíomh in aice an chósta, buntáiste as deiseanna muirí, a shuíomh feadh Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus a oidhreacht fhoirgnithe);
- An Fál Carrach agus Gleann Cholm Cille (atá suite le buntáiste a bhaint as a suíomh in aice an chósta, feadh Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus mar príomhbhailte maidir leis an nGaeilge;
- Ráth Bhoth (atá suite le buntáiste a bhaint as a oidhreacht fhoirgnithe agus as a oidhreacht seandálaíochta agus as a chumas turasóireachta).

Tiocfaidh gach aon bhaile atá aitheanta chun cinn le láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí difriúla agus aithnítear, i go leor cásanna, go mbeidh bonneagar fisiciúil i dtéarmaí seirbhísí uisce ina dhúshlán a gcaithfear aghaidh a thabhairt air. Éileoidh baint amach torthaí inlámhsithe maidir le bailte atá aitheanta, dlúthchaidreamh oibre idir raon eagraíochtaí earnála poiblí, príobháidí agus pobail ar bhonn lonnaíochta le lonnaíocht. Ina ainneoin sin, tá Comhairle Chontae Dhún na nGall tiomanta do na páirteanna sin is iargúlta den Chontae agus dá bhrí sin cuirfear clár ar siúl le deiseanna a scrúdú ó thaobh idirghabhálacha straitéiseacha sna ceantair sin i gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear pobail áitiúla, an earnáil phríobháideach agus gníomhaireachtaí eile na hearnála poiblí. Tabharfaidh an clár aghaidh, ar an gcéad dul síos ar 8 mbaile atá aitheanta mar Shraith 2A mar go bhfuil obair shuntasach déanta cheana féin le Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú maidir leis na bailte áirithe sin.

Tábla 3.1: Na 'Bailte Straitéiseacha' atá ag feidhmiú 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'.

2A: Bailte Straitéiseacha i gComhthéacs soláthar talún tithíochta agus mar gheall ar a bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta					
Sraith 2 Na Bailte Straitéiseacha	An Clochán Liath	Bealach Féich- Srath an Urláir	Béal Átha Seanaidh	Bun Cranncha	Bun Dobhráin
	Carn Domhnach	Baile Dhún na nGall	Na Cealla Beaga		
	2B: Bailte Straitéiseach mar gheall ar a bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta				
Ailt an Chorráin	An Bun Beg-Doirí Beaga	An Charraig	An Fál Carrach	Ard an Rátha	
Baile Lifín	Ceann an Droichid	Dún Fionnachaidh	Na Gleannta	An Caisleán Nua	
Leifear	Málainn	Bun an Phobail	Ráth Mealtain	Ráth Bhoth	

Tá seacht mbaile eile/ceantar tuaithe atá níos lú (atá i Sraith 3 den Struchtúr Lonnaíochta) aitheanta freisin lena láidreoidh díriú ar athghiniúint agus athnuachan, go háirithe trí scéimeanna feabhsúcháin, na pobail. Léirítear tiomantas na Comhairle do bhailte agus do shráidbhailte atá níos lú sa Chroístraitéis, áit a n-aithnítear 33 baile/sráidbhaile eile den sórt sin sa Chontae atá níos lú mar chuid de Shraith 3 den struchtúr lonnaíochta (tagraíonn Tábla 2A.3, Caibidil 2A). Leithdháileann an Chroístraitéis 36% d'fhás réamh-mheasta daonra don tSraith seo, lena n-áirítear, ceantair atá amuigh faoin tuath agus tá an creatbheartas bainistíochta forbartha atá sa Phlean socraithe ionas go mbeidh prionsabal na forbartha atá ar scála cuí inghlactha i mbailte agus i sráidbhailte Shraith 3, faoi réir ag nithe a bhaineann go mionsonraithe le beartais. Is ionaid chónaithe de chuid is mó de réir carachtair atá i go leor de na bailte agus de na sráidbhailte i Sraith 3 agus táthar ag súil go gcoinneoidh siad an carachtar agus an fheidhm atá acu mar bhraislí cónaitheacha tithíochta go príomha. Tá ról ríthábhachtach ag na lonnaíochtaí seo, áfach, ó thaobh cóiríocht a chur ar fáil do chion suntasach de dhaonra an Chontae agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do phobail thuaithe. Is iad na seacht lonnaíocht:

1. Mín an Lábáin
2. Conmhaigh
3. Dún Cionnaola
4. Cill Mhic Réanáin

5. Tamhnach an tSalainn
6. An Baile Nua
7. Baile Suingean

3.3 Na réimsí téamacha cumais maidir le gach aon Bhaile Straitéiseach

Mar atá leagtha amach i Roinn 3.2, tá 6 théama coitianta a bhaineann leis na 23 baile atá aitheanta mar 'Bhailte Straitéiseacha' mar gheall ar a 'bhFeidhm Speisialta Eacnamaíochta' chomh maith le cúiseanna sonracha eile lena n-aithint. Aithníonn Tábla 3.2 na téamaí ábhartha nó na cúiseanna sonracha maidir leis an aithint. Tabhair ar aird; níor chóir glacadh leis na téamaí atá aitheanta mar liosta uileghabhálach mar go bhféadfadh réimsí eile cumais a bheith ann a bhféadfaí cur leo.

Tábla 3.2: Na Cúiseanna le 'Bailte Straitéiseacha' a aithint mar bhailte ag a bhfuil 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'

Baile	Na Cúiseanna le 'Bailte Straitéiseacha' a aithint mar bhailte ag a bhfuil 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta'
An Clochán Liath	Turasóireacht & Slí an Atlantaigh Fhiáin An Ghaeilge. Lárionad Seachadta do sheirbhísí an Údaráis Áitiúil
Bealach Féich- Srath an Urláir	Ionad Forbartha a dhíríonn ar bhailte mar Ionaid den Scoth do Spórt agus d'Áineas. Mol Oideachais. Gaireacht do theorainn Thuaisceart Éireann agus comhthéacs gaolmhar trasteorann. An méid miondíola atá ar fáil.
Béal Átha Seanaidh	Ionad Forbartha le fócas ar oidhreacht chultúrtha agus ar fhiontraíocht. Baile Oidhreachta le hacmhainní suntasach oidhreacht foirgnithe. Turasóireacht & Slí an Atlantaigh Fhiáin Ceantar lena mbaineann oidhreacht seandálaíochta atá tábhachtach.
Bun Cranncha	Ionad Forbartha (i gcomhar le Carn Domhnach) le fócas ar thurasóireacht. Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.
Bun Dobhráin	Ionad Forbartha le fócas ar thurasóireacht mhuirí Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.
Carn Domhnach	Ionad Forbartha (i gcomhar le Bun Cranncha) le fócas ar thurasóireacht. Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin. Ionad Seachadta do sheirbhísí Údaráis Áitiúil.
Baile Dhún na nGall	Ionad Forbartha le fócas ar thurasóireacht. Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin. Ionad Seachadta do sheirbhísí Údaráis Áitiúil.
Na Cealla Beag	Ionad Forbartha le fócas ar an mbaile a bhunú mar Mhol Nuálaíochta d'acmhainní muirí, lena n-áirítear bia, fuinneamh agus fuinneamh aigéin. Tionscail Muirí – Calafort agus tionscal a bhaineann le hiascaireacht. Ceist Turasóireachta Réigiúnaí agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.

	<p>Turasóireacht a bhaineann le longa pléisiúir.</p> <p>Ceantar lena mbaineann oidhreacht seandálaíochta atá tábhachtach.</p>
Ailt an Chorráin	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>Muirí.</p> <p>Aithnítear an baile le cumas áirithe le haghaidh scéim feabhsúcháin baile cuí le pobail a láidriú.</p>
An Bun Beg-Doirí Beaga	<p>Ionad Forbartha Gaoth Dobhair le fócas ar ghnó a fhorbairt.</p> <p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>An Ghaeilge.</p>
An Charraig (Carrick)	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin (lena n-áirítear gaireacht do Phointe Sár-Radhairc Shliabh Liag).</p>
An Fál Carrach	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>An Ghaeilge.</p> <p>Aithnítear an baile le cumas áirithe le haghaidh scéim feabhsúcháin baile cuí le pobail a láidriú.</p>
Ard an Rátha	<p>Turasóireacht (agus nasc leis na Gleannta) agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>Baile Oidhreachta agus acmhainní suntasach oidhreachta foirgnithe.</p>
Baile Lifín	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>Aithnítear an baile le cumas áirithe le haghaidh scéim feabhsúcháin baile cuí le pobail a láidriú.</p>
Ceann an Droichid	<p>Gaireacht do theorainn Thuaisceart Éireann agus comhthéacs gaolmhar trasteorann.</p>
Dún Fionnachaidh	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p>
Na Gleannta	<p>Turasóireacht (agus nasctha le hArd an Rátha).</p> <p>Oidhreacht, Fóillíocht agus Cultúr</p>
An Caisleán Nua	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>Muirí.</p>
Leifear	<p>Gaireacht do theorainn Thuaisceart Éireann agus comhthéacs gaolmhar trasteorann.</p> <p>Ionad Seachadta do sheirbhísí Údaráis Áitiúil.</p>
Málainn	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin (lena n-áirítear gaireacht do Phointe Sár-Radhairc Chionn Mhálanna)</p>
Bun an Phobail	<p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p> <p>Baile Oidhreachta agus acmhainní suntasacha oidhreachta foirgnithe.</p> <p>Muirí (nasctha leis an gCaisleán Nua)</p>
Ráth Mealtain	<p>Baile Oidhreachta agus acmhainní suntasacha oidhreachta foirgnithe.</p>
Ráth Bhoth	<p>Baile Oidhreachta agus acmhainní suntasacha oidhreachta foirgnithe.</p> <p>Ceantar lena mbaineann oidhreacht seandálaíochta atá tábhachtach.</p> <p>Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.</p>

3.4 Cuspóirí

- TV-O-1:** Tacaíocht a thabhairt do thionscnamh athghiniúna agus athnuachana bailte agus sráidbhailte Chontae Dhún na nGall le fócas faoi leith ar 'Bhailte Straitéiseacha' atá aitheanta i Sraith 2 sa struchtúr lonnaithe.
- TV-O-2:** Tionscnaimh chuí athghiniúna agus athnuachana a aithint, trí scéimeanna feabhsúcháin go príomha, le pobail i Sraith 3 bailte/ceantair thuaithe shonracha a láidriú; eadhon, Mín an Lábáin, Conmhaigh, Dún Cionnaola, Cill Mhic Réanáin, Tamhnach an tSalainn, an Baile Nua agus Baile Suingean.
- TV-O-3:** Leas a bhaint as agus cur an méid is féidir le cumas bhailte agus sráidbhailte an Chontae agus a d'fhéadfadh cur le fás inbhuanaithe eacnamaíochta an Chontae.
- TV-O-4:** Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh le timpeallacht fisiciúil bailte agus sráidbhailte a láidriú agus a fheabhsú agus comhfhorbairt dearfach áite a spreagadh.
- TV-O-5:** Tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú ar fud earnálacha poiblí, príobháideacha, pobail agus deonacha ar mhaithe le hathghiniúint agus le hathnuachan bailte agus sráidbhailte a chur chun cinn.
- TV-O-6:** Nuálaíocht a lorg le haghaidh a thabhairt ar shrianta bonneagair i 'mBailte Straitéiseacha an Chontae'.
- TV-O-7:** Suíomhanna 'folamh' agus 'suíomhanna athghiniúna' a shainiúint, de réir an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta 2015 i Leitir Ceanainn agus i mBun Cranncha agus más cuí, sa chuid eile de na bailte Sraithe 2A trí ullmhú a gcuid Pleananna Ceantair Áitiúla, faoi seach.

3.5 Beartais

- TV-P-1:** Is é beartas na Comhairle tograí atá dírithe ar leas a bhaint as 'Feidhmeanna Speisialta Eacnamaíochta' 'Bhailte Straitéiseacha' an Chontae a spreagadh, faoi réir ag beartais eile an Phlean, lena n-áirítear Roinn C agus faoi réir ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- TV-P-2:** Is é beartas na Comhairle tograí d'fhorbairt chónaitheach ar scála beag a spreagadh, lena n-áirítear scéimeanna tithíochta sóisialta i mbailte agus i sráidbhailte agus a chuirfidh le hathbheochan agus le hathnuachan faoi réir ag beartais eile an Phlean seo, lena n-áirítear Roinn C agus faoi réir ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- TV-P-3:** Is é beartas na Comhairle cáilíocht a lorg i dtograí d'fhorbairt nua laistigh de lár bailte ar mhaithe le cur le comhfhorbairt dhearfach áite.
- TV-P-4:** Is é beartas na Comhairle a chinntiú go ndéanfaidh tograí forbartha laistigh de Lár Bailte nó ceantair uirbeacha faoi fhoirgnimh:
- Soláthar d'fhoirgnimh shainiúla lena mbaineann cáilíocht ard ailtireachta a chuireann le mothúchán sainiúil áite agus áit poiblí ar ardchaighdeán.
 - Go gcruthaítear éadanas sráide trí chloí le líne na tógála sean-bhunaithe san áit is gaire nó líne tógála nua a bhunú leis an mbóthar cóngarach is gaire sa chás go bhfuil an deis ann lena dhéanamh. Ceadófar slánachar sa chás go gciallóidh an fhorbairt go gcruthófaí áit uirbeach ar ardchaighdeán le tírdhreachú/pleanáil, troscán sráide leordhóthanach, srl.

- Meas a léiriú, nuair is cuí, ar chomhthéacs na bhfoirgneamh cóngaracha, sráid-dreach nó foirgnimh chónagaracha atá ansin cheana féin, i dtéarmaí deartha, airde, scála agus mais, srl.
- Meas a léiriú ar shonraí agus ar stíl ailtireachta (i dtéarmaí deartha/socrú do chóiriú na bhfuinneog, cóireáil facia/tairr, críochnú ginearálta agus ábhair) airde sceimhle, airde an dín, líne an dín, cruth agus airde an fhoirgnimh fhoriomláin, mar is cuí, i gceantair ina bhfuil saintréithe dúchasacha nó sráid-dreach atá ar ardchaighdeán.
- Go gcruthaítear foirgnimh ar cháilíocht daonna, trí fhorbairt mhínghráinneach a sholáthar, i dtéarmaí scála, chóiriú na bhfuinneog, saghas/comhréir, comharthaíocht agus mionsonraí agus briseadh cuí foirm foirgnimh feadh éadanassráide isteach i bhfad cothrománach caol.
- Go gcuirtear chun cinn, nuair is cuí, díol spéise amhairc trí mhodhnú agus mionsonraí gnéithe ailtireachta (m.sh. mionsonraí/cóireáil sceimhleacha, fuinneoga, éadanas, athruithe beaga i líne dín, slánachar, srl.,)
- Go mbaintear úsáid, nuair is cuí, as dearadh inrochtana agus inoiriúnaithe ar urlár na talún ar mhaithe lena chinntiú go mbeifear in ann é a úsáid arís do mhalairt feidhmeanna amach anseo (m.sh. miondíol/tráchtáil, srl).
- Go seachnófar úsáid a bhaint as cumhdach de chineál tionsclaíoch nó gloiniú a dhéanamh ar réimse mór den fhorbairt atá beartaithe.

TV-P-5: Is é beartas na Comhairle tograí a bhreithniú d'ailtireacht comhaimseartha laistigh de lár bailte,

- A chuireann dearadh ar ardchaighdeán ar fáil a bhaineann úsáid as ábhair atá ar ardchaighdeán agus buan.
- Atá báuil leis an airde, scála agus mais fhoriomlán agus nach bhfuil ag seasamh amach taobh leis na foirgnimh nó leis an tsráid-dreach cóngarach.

TV-P-6: Is é beartas na Comhairle a chinntiú go mbaineann tograí forbartha úsáid éifeachtúil as talamh agus nach gcuirfeadh bac ar chumas forbartha talamh cúil laistigh de cheantair uirbeacha amach anseo.

TV-P-7: Is é beartas na Comhairle go mbeidh tograí d'aghaidh siopaí, nuair is cuí.

- Ar ardchaighdeán i dtéarmaí dearadh, dath agus ábhair foriomlán.
- Ag teacht le saintréithe ailtireachta an fhoirgnimh atá i gceist, i dtéarmaí scála, méid, bailchríoch, ábhar agus ceangal leis na leibhéil níos airde.
- Ag teacht leis an sráid-dreach agus éadanas siopaí atá ann sa cheantar cheana, lena n-áirítear, i dtéarmaí scála, méid, leithead na láithreach, uigeacht, socruithe cóirithe fuinneog, cóireáil facia, scéim dathanna, ábhair agus bailchríoch na forbartha.
- Go seachnaítear úsáid facia atá iomarcach, forscáth plaisteach os cionn éadanas siopaí, comhláir seachtracha slándála, dathanna atá gan chuma, soilse atá gealánach nó soilse neoin.
- Seachas sin, a bheith de réir bheartais na hoidhreachta foirgnithe atá i Roinn B, Caibidil 7.

ROINN A: Aguisín 1:

Comhthéacs Dlíthiúil, Léirmhínte agus Beartais

1.1 Creat Reachtaíochta don Phlean

Ullmhaíodh an Plean Forbartha Contae 2018-2024 seo de réir cheanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2016 agus de réir Threoirlínte Phlean Forbartha 2007 agus threoir eile Rialtais i bhfoirm Treoirlínte agus Ciorcláin.

Leagan an Plean Forbartha amach cuspóirí agus beartais d'úsáid straitéiseach talún na Comhairle d'fhorbairt fhoriomlán an Chontae chomh fada ar aghaidh leis an mbliain 2024 agus níos faide ná sin. Baineann an Plean le ceantar feidhme Chomhairle Chontae Dhún na nGall, agus áirítear, den chéad uair, bailte Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin.

Léiríonn Fís agus Croístraitéis an Phlean Forbartha seo go bhfuil na cuspóirí forbartha atá leagtha amach sa Phlean, chomh fada agus is féidir, ag teacht le cuspóirí forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020 agus leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann, 2010-2022. Tá sé mar aidhm leis an Fhís agus leis an gCroístraitéis cuidiú le heolas a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá ag eascairt as an réamh-thráchtairéacht a bhaineann leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus le próisis na Straitéise Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnaí (RSES).¹⁹ Tá an Plean Forbartha freisin faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) de réir mar a éilítear faoin Treoir um Ghnáthóga.

Léirmhíniú

Sa Phlean seo mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:-

Ciallaíonn an "Chomhairle" Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Ciallaíonn an "Comhairle Chontae" Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Ciallaíonn an "Contae" ceantar riaracháin na Comhairle chun críocha na nAchtanna Pleanála a chuimsíonn Contae Dhún na nGall ina iomláine.

Ciallaíonn "An Plean" Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

Ciallaíonn "CDP" Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

Leagan amach an doiciméid

Tá Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 comhdhéanta de na doiciméid seo a leanas:

- Ráiteas Scríofa
- Léarscáileanna/Pleananna
- Aguisíní


Chun amhras a sheachaint, sa chás go bhfuil coimhlint nó difríocht ann idir na léarscáileanna agus an téacs, tugtar tosaíocht don ráiteas scríofa.

¹⁹ Féach Fo-nóta 2 ag Alt 1.2

1.2 Comhthéacs Pleanála

Tá Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 leagtha amach laistigh d’ordlathas beartas pleanála straitéisí mar a bhaineann leis an gcomhthéacs Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Léiríonn Fíor 01 Aguisín 1 caidreamh an Phlean le pleananna eile, pleananna úsáid talún agus pleananna nach pleananna úsáid talún iad. Tá sé i gceist leis an tsraith pleananna, agus iad curtha i dtoll a chéile, cur chuige comhordaithe agus comhtháite a chur ar fáil don réigiún. Ní mór don Phlean a bheith comhsheasmhach, chomh fada agus is féidir, le creataí pleanála reatha náisiúnta agus réigiúnach (an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002 (NSS) agus Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Réigiún na Teorann (RPG’na) 2010) agus léirítear a chomhsheasmhacht go soiléir i gCaibidil 2A: Croístraitéis.

Fíor 01 Aguisín 1: Naisc an Phlean Forbartha le Pleananna eile



Comhthéacs Náisiúnta agus Trasteorann

Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha maidir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (NPF)

Tá an NPF á ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoHPCLG) agus foilsíodh Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha ar mhaithe le comhairliúchán an 2 Feabhra 2017 agus tiocfaidh dréacht NPF ina dhiaidh sin, in am trátha. Tiocfaidh an NPF in áit na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020 (NSS). San NPF beidh fócas ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar infheistiúcht i dtithíocht, seirbhísí uisce, iompar, cumarsáid, fuinneamh, agus bonneagar sláinte agus oideachais. Déanann an páipéar saincheisteanna straitéiseacha a foilsíodh le haghaidh comhairliúcháin tagairt don chaidreamh trasteorann le Tuaisceart Éireann agus déanann tagairt go háirithe don Chomhpháirtíocht d’Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt mar chur chuige trasteorann rathúil le bealach a chur ar fáil d’fheidhmíocht níos éifeachtaí ag leibhéal spásúlachta. Déanann an páipéar saincheisteanna straitéiseacha cur síos ar an gcur chuige mar chur chuige áit-bhunaithe le luas a chur faoi fhás inbhuanaithe, faoi threallús ag ceannaireacht áitiúil agus a fhaigheann tacaíocht agus treoir ó bheartas lárnach. Leagan sé amach aschur lárnach le feidhmíocht an mhórchéantair Thuaidh-Thiar a fheabhsú atá ríthábhachtach d’uaimhianta Fheidhmeannas Tuaisceart Éireann agus do Rialtas na hÉireann araon le cumas eacnamaíochta an réigiúin a bhaint amach. Tá Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall ailínithe, chomh fada agus is féidir leis na príomhshaincheisteanna atá ag teacht chun cinn trí réamh-thráchtairacht ar an NPS. Chomh maith leis sin tá comhoibriú an Ghrúpa Comhpháirtíochta d’Fhás

Straitéiseach an Iarthuaiscirt ag cuidiú le heolas a chur ar fáil don NPF agus ag leagan amach cumas an Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.

An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020

Is é an NSS 2002-2020 agus a 'Thuarascáil leis an Eolas is deireanaí agus Ionchais' a foilsíodh sa bhliain 2011 an creat náisiúnta pleanála reatha agus tiocfaidh an NPF, ar tagraíodh dó níos túsce, nuair a bheidh sé críochnaithe, ina áit. Leagadh an NSS amach le cothromaíocht inbhuanaithe sóisialta, eacnamaíochta, forbairt fhisiciúil agus fás daonra a bhaint amach ar fud an Chontae. Chuir an NSS béim ar ról lárnach Geatabhealaí ainmnithe, ó thaobh feidhmiú mar thiománaithe eacnamaíochta dá réigiún, d'ainmnigh an NSS, i gcomhthéacs Chontae Dhún na nGall agus réigiún an Iarthuaiscirt, Geatabhealach nasctha do Leitir Ceanainn-Doire. D'aithin sé freisin an cumas maidir le comhoibriú ar phríomhshaincheistean straitéiseacha pleanála le Tuaisceart Éireann, le fócas faoi leith ar naisc straitéiseacha bonneagair ar fud oileán na hÉireann. Mar gurbh é an NSS an creat pleanála reatha sa chomhthéacs náisiúnta, ullmhaíodh Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 le comhsheasmhacht a bhaint amach leis an NSS, go háirithe maidir leis an obair le Comhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt, a bhfuil sé mar aidhm leis cumas iomlán Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a bhaint amach. Aithníonn an Plean an t-ailíniú straitéiseach atá déanta freisin i gcomhthéacs ár gcontaetha comhpháirtíochta laistigh de réimse Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Treoirínte maidir le Beartas Náisiúnta Pleanála

Éilíonn na hAchtanna Pleanála ar údaráis áitiúla aird a thabhairt ar Threoirínte ón Aire. Ar an gcuid is mó atá ábhartha maidir le hullmhú an Phlean Forbartha, tá:

- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta(SEA), 2004
- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte, 2009
- Treoirínte chun Tithíocht Inbhuanaithe a Fhorbairt faoin Tuath, 2005
- Treoirínte Pleanála Miondíola, 2012
- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus Lámhleabhair Deartha, 2009
- Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua, 2015
- Treoirínte Pleananna Forbartha, 2007
- Treoirínte Forbartha Fuinneamh Gaoithe, 2006

Tá an tsraith iomlán treoirínte le fáil ag www.housing.gov.ie

An Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann 2035, ag Cur le Todhchaí Níos Fearr (RDS 2035)

Foilsíodh an RDS 2035 sa bhliain 2010 mar straitéis spásúlachta Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Aithnítear ann an ról atá ag Béal Feirste maidir le rathúnas réigiúnach agus Doire mar fhócas d'fhás eacnamaíochta i Réigiún an Iarthuaiscirt. Tá 8 n-aidhm mar a leanas mar bhonntaca fúithi:

- Tacaíocht a thabhairt d'fhás láidir inbhuanaithe a rachaidh chun leasa do gach cuid den Réigiún.
- Béal Feirste a láidriú mar thiománaí eacnamaíochta réigiúnach agus Doire a bheith mar phríomhchathair an Iarthuaiscirt.
- Tacaíocht a thabhairt do bhailte, sráidbhailte agus pobail tuaithe leis an méid is fearr is féidir a bhaint amach
- Forbairt a chur chun cinn a chuireann feabhas ar shláinte agus ar fholláine pobail.
- Nascacht a fheabhsú le feabhas a chur ar ghluaiseacht daoine, earraí, fuinneamh agus eolas idir áiteanna.
- An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú.
- Tabhairt faoi ghníomhartha le lorg carbóin an réigiúin a laghdú agus éascú a dhéanamh ar dhul in oiriúint d'athrú aeráide.

Sainmhíneann an RDS 2035 an tIarthuaisceart mar Doire, an Srath Bán agus Léim an Mhadaidh chomh maith leis an gcuid is mó de Chontae Dhún na nGall. Déanann sé cur síos ar Chathair Dhoire mar chroílonnaíocht agus mar phríomh-gheatabhealach trasteorann agus idirnáisiúnta a chuireann rochtain bóthair, iarnróid agus ar muirí ar fáil don Iarthuaisceart.

Comhthéacs an Bheartais Réigiúnaigh

Comhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt

Is tionscnamh comhoibríoch trasteorann is ea í an Chomhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt, mar atá leagtha amach i Roinn 1.1., atá á stiúradh i gcomhar le chéile ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus ag Comhairle Cheantair an tSraitha Bán, le lánchumas Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a bhaint amach agus is cur chuige atá ann atá i gcomhréir leis na cuspóirí don réigiún atá leagtha amach san NSS agus san RDS chomh maith le RPG'na 2010. Chomh maith leis sin, cuireann an cur chuige réigiúnach i leith forbairt an Iarthuaiscirt amach anseo eolas ar fáil agus tá sé ag tabhairt aghaidh ar na saincheistanna atá ag teacht chun cinn ón réamh-phlé maidir leis an NPF atá le foilsiú. Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht oibriú i gcomhar le chéile chun treallús a chur faoi athghiniúint agus rathúnas eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta sa réigiún agus díreann ar trí philéar maidir le forbairt eacnamaíochta; forbairt fisiciúil agus; pleanáil sóisialta agus pobail. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha Contae, ag a chuid cuspóirí agus beartais tacaíocht a thabhairt d'fhís na Comhpháirtíocht d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt.

Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann(RPG'na) 2010-2022

Leagan na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha²⁰ amhcreat pleanála straitéiseach fadtéarmach amach do phleanáil cheart agus d'fhorbairt an Réigiúin (atá comhdhéanta de Chontaetha Dhún na nGall, Sligigh, Liatroma, an Cabhán, Muineachán agus Lú) le soláthar a dhéanamh do phobail inbhuanaithe. Is ionann na Treoirínte agus an creat pleanála réigiúnach reatha agus tá Plean Forbartha an Chontae i gcomhréir leis, chomh fada agus is féidir, agus tá siad ailínithe go dlúth leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus leis an Straitéis d'Fhorbairt Réigiúnach i dTuaisceart Éireann freisin.

Baineann príomhspríocanna straitéiseacha an RPG le forbairt Leitir Ceanainn mar thiománaí straitéiseach fáis don Chontae; le héascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe comhtháite idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuithe; chun feabhas a chur ar nascacht agus ar naisc shoghluaisteachta; fás eacnamaíochta agus iomaíochas a chur chun cinn; chun éascú a dhéanamh ar earnálacha atá ag teacht chun cinn sa réimse soláthair post inbhuanaithe; agus chun caighdeán na timpeallachta nádúrtha agus na hoidhreachta foirgnithe a chosaint agus a fheabhsú.

Léirítear straitéis spásúlachta lonnaithe do réigiún na teorann i Léarscáil 3.1 atá san RPG (Meán Fómhair 2010). Aithníonn an straitéis seo an tábhacht a bhaineann le Conair Straitéiseach an Iarthair a nascann Leitir Ceanainn-Doire-Bealach Féich/Srath an Urláir-Baile Dhún na nGall-Béal Átha Seanaidh-Bun Dobhráin agus Geatabhealaigh Shligigh le chéile. Taispeánann sé tuilleadh nascachta níos faide ar aghaidh ó Gheatabhealaí Thuaisceart Éireann agus trí Shligeach go Gaillimh. Tá an tábhacht a bhaineann le tionscadal bóthair an A5 le huasghrádú a dhéanamh ar an gconair iompair straitéiseach ó Dhoire go Baile Átha Cliath soiléir freisin trí shainnithint Chros an Tuaiscirt agus tá a naisc le Conair an Iarthair soiléir chomh maith leis an tairbhe ghaolmhar do Réigiún an Iarthuaiscirt.

Maidir le forbairt eacnamaíochta baineann na saincheistanna atá ag eascairt as an RPG maidir leis an bplean forbartha, leis an riachtanas soláthar talún agus bonneagar ar scála mór a éilítear d'infheistíocht ollmhór, le tailte criosaithe tionsclaíoch agus tráchtála leordhóthanach a chinntiú agus le cur chuige leanúnach a bhreithniú i dtaca leis sin. Chomh maith leis sin, léiríonn RPGanna an riachtanas ó thaobh soláthar a dhéanamh d'éagsúlacht talmhaíochta agus d'fhiontair thuithe ar nós foraoisiú agus fuinneamh in-athnuaite faoi réir ag nithe a bhaineann le cúrsaí comhshaoil chuí. Tugann na RPGanna ar aird freisin an gá le deiseanna a chur ar fáil chun fiontair atá bunaithe ar phróiseáil táirgí nádúrtha a bhunú chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt don earnáil miondíola agus do leibhéal an mhéid miondíola atá a chailliúint le Tuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, tugann RPGanna ar aird, i gcomhthéacs infheistíocht ollmhór agus forbairt thionsclaíoch, nach mór go mbeidh

²⁰Údarás Réigiúnach na Teorann, 2010

beartais ann chun forbairt a dhéanamh ar fhiontair ollmhóra agus ar thionscail den sórt sin i suíomhanna a mbeifear in ann córas cóireála dramhuisce leis an gcumas scaoilte dramhuisce a chur ar fáil a bheidh ar chaighdeán nach mbeidh tionchar diúltach ar láithreáin Eorpacha síos le sruth.

Leagan na RPGanna amach Croístraitéis don Réigiún lena mbunaítear creat maidir le fás daonra, spriocanna tithe agus 'Riachtanas Talamh Tithíochta' (HLR) do gach údarás áitiúil go 2016 agus go 2022. Chiallaigh glacadh le Plean Forbartha Dhún na nGall 2012-2018 roimhe seo, ullmhú an chéad Croístraitéis de chuid an Chontae agus chinntigh comhsheasmhacht le Croístraitéis RPGanna 2010. Tugann Caibidil 2A den Phlean (Croístraitéis) seo breac-chuntas níos mionsonraithe, ar fhás an daonra a ndéantar soláthar dó tríd an bPlean Forbartha go dtí 2024 (deireadh saolré an Phlean) i dtéarmaí soláthar talún chun críocha tithíochta. Aithnítear freisin bailte agus sráidbhailte a bhfuil cumas áirithe athnuachana/athghiniúna acu mar gheall ar an fheidhm agus ar na saintréithe atá acu i láthair na huaire. Mar atá leagtha amach níos mionsonraithe i Roinn 1.3 agus i gCaibidil 2A, díronn an fás a ndéantar soláthar dó sa Phlean Forbartha seo ar fhás atá dearfach agus uaillmhianach le treallús a chur faoi Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt atá láidir, ionaid uirbeacha atá ag feidhmiú go láidir agus pobail thuaithe atá beoga. Tá uaillmhian daonra an Phlean seo comhsheasmhach le agus leagtha amach laistigh de na spriocanna daonra reatha RPGanna 2010 agus chun críocha eolais, leagan Tábla 01 Aguisín 1 amach an t-ardú daonra atá leagtha amach i gCroístraitéis RPGanna 2016 agus 2022.

Tábla 01 Aguisín 1: An tArdú Daonra atá leagtha amach in RPGanna 2010 (go 2016 agus 2022)

Suíomh	Ardú Réamh-mheasta Daonra RPGanna 2010 do 2010-2016	Ardú Réamh-mheasta Daonra RPGanna 2010 do 2016- 2022
Leitir Ceanainn	2,700	2,700
Contae Dhún na nGall (a ndéantar cur síos ar mar an sciar atá fanta) (gan Leitir Ceanainn san áireamh)	10,227	10,413
Daonra réamh-mheasta iomlán do Chontae Dhún na nGall (m.sh. Leitir Ceanainn agus an chuid eile den cheantar tuaithe atá fanta)	171,337	184,450

Tiocfaidh an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES) atá á hullmhú in áit na dTreoirínte Pleanála Réigiúnach, 2010 in am trátha, a bheidh le hullmhú ag Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Beidh an RSES comhsheasmhach leis an NPF deiridh agus beidh sé á comhordú ar fud an údaráis áitiúil agus ag leibhéal beartais poiblí níos leithne chun tacú leis an NPF.

Comhthéacs an Bheartais Áitiúil

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall 2016-2022 (LECP)

Tá sé mar aidhm le Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall 2016-2022 (LECP) forbairt eacnamaíochta agus forbairt pobail a chur chun cinn sa Chontae thar na 6 bliana atá amach romhainn agus cinnteoidh glacadh leis an bPlean ailíniú agus comhsheasmhacht leis an bPlean Forbartha a bhí i bhfeidhm ag an am sin (CDP 2012-2018). Tá an Plean Forbartha seo don tréimhse 2018- 2024 ailínithe go cothrománach leis an LECP ag cur úsáid talún cuí agus tacaíocht spásúlachta ar fáil do chuspóirí an LECP agus go bunúsach, feidhmeoidh an LECP mar cheann de na huirlisí feidhmithe chun cuidiú le straitéis fás uaillmhianach atá leagtha amach sa Phlean seo a sheachadadh. Is ionann an LECP agus Plean comhpháirtíochta a thugann aghaidh ar shaincheistean, riachtanais agus deiseanna an chontae ar fud gach earnáil agus atá comhdhéanta de ghné shuntasach réigiúnach, (lena n-áirítear trasteorann). I dtaca leis sin, cuirfidh obair na Comhpháirtíochta d'Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt meicníocht ar fáil le seachadadh a dhéanamh ar líon gnéithe maidir le LECP Chontae Dhún na nGall agus a chontrapháirtí i dTuaisceart Éireann trí phróiseas pleanála pobail. Is í Fís LECP Chontae Dhún na nGall:

'Muintir Dhún na nGall agus áiteanna i nDún na nGall a nascadh, leas a bhaint as a chuid deiseanna eacnamaíochta agus pobail atá láidir, folláin, cuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach'.

Tá an fhís mar bhonn leis na 7 Sprioc thosaíochta atá in LECP Contae Dhún na nGall mar a leanas:

1. Forbairt a dhéanamh ar Dhún na nGall mar áit nasctha
2. Leas a bhaint as Caipiteal Nádúrtha agus Daonna Dhún na nGall
3. Meas a bheith ar ár nAcmhainn Chultúir agus Chruthaitheachta, agus í a Chothú agus a Fhorbairt
4. Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Sláintiúil a Chur Chun Cinn
5. Dún na nGall a Fhorbairt mar Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta
6. Branda 'Dhún na nGall' a fhorbairt
7. Fiontraíocht, Infheistíocht agus Fiontair a Chur Chun Cinn

Plean Ceantair Áitiúil do 7 mBaile atá Suite go Straitéiseach

Tá Plean Ceantair Áitiúil maidir le 7 mbaile atá suite go straitéiseach, (an Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga), á ullmhú agus meastar go nglacfar leis go luath sa bhliain 2018. Beidh an Plean Ceantair Áitiúil comhsheasmhach le Croístraitéis an Phlean Forbartha seo chomh fada agus a bhaineann sé le soláthar talún chun críocha tithíochta agus cuirfidh sé lena n-ainmniúchán straitéiseach mar lárionaid seirbhíse sa Chontae, a ndéantar cur síos freisin orthu mar Ionaid Forbartha san LECP. Dá bhrí sin, beidh sé mar aidhm leis an bPlean Ceantair Áitiúil tacaíocht a thabhairt agus forbairt eacnamaíochta agus pobail a chur chun cinn le hailíniú áirithe leis an gcaidreamh spásúlachta le gnéithe de LECP Chontae Dhún na nGall.

Chomh maith leis sin, ullmhófar na Pleananna Ceantair Áitiúil maidir le bailte Leitir Ceanainn, Bun Cranncha, agus Bun Dobhráin agus cinnteofar comhsheasmhacht le Croístraitéis an Phlean Forbartha seo.

1.3 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Cuireadh ullmhú an MST 2018-2024 faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a rinne Bail Chomhairle Contae Dhún na nGall de réir na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (IR Uimh. 436 de 2004 arna leasú le IR Uimh. 201 de 2011) agus an Treoir 2001/42 / CE um Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta Eorpach (SEA) á thrasú i ndlí na hÉireann. Is ionann an próiseas SEA agus an measúnú córasach foirmiúil ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil is dóichí a bhainfidh le plean nó clár a chur i bhfeidhm sula ndéanfar cinneadh glacadh leis an phlean nó an chlár. Cuireann sé in iúl don phróiseas pleanála na tionchair is dóichí a bheidh ag comhshaoil ar ghníomhaíochtaí eile agus cuireann sé le comhtháthú na gceisteanna comhshaoil maidir le déanamh pleanála.

Leagtar amach sa Tuairisc Timpeallachta, Cuid D den MST, an dóigh a ndearnadh an MST, don Dréachtphlean, agus cuimsíonn sé cur síos ar thimpeallacht reatha (bonnlíne) an Chontae chomh maith le measúnú ar na héifeachtaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí an Dréacht-PFC, athruithe agus cúinsí riachtanacha, agus moltaí maolaithe agus monatóireachta don todhchaí. Foilsíodh Aguisín ar an Tuairisc Timpeallachta i bhFeabhra 2018 leis na hAthruithe Molta a foilsíodh ag an am sin. Tuairisc Timpeallachta eile de Chuid B: Aguisín 3; Treoirínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Ullmhaíodh Roinn 6.5 de Dhréacht-Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024 i mí Aibreáin, 2018.

1.4 Measúnacht Chuí

Éilítear in Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43/EEC) cosaint speicis agus ghnáthóga ainmnithe shuíomhanna Natura 2000. Mar sin de, éilítear i bplean ar bith a bhfuil baol ann go rachaidh sé i bhfeidhm ar chuspóirí caomhnaithe suíomhanna ainmnithe bearta cuí a dhéanamh le cosc a chur ar mheath gnáthóga nádúrtha agus gnáthóga speiceas chomh maith le cur isteach ar speicis ar ainmniú limistéir ina leith agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir Measúnacht Chuí.

Rinne baill de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall Measúnacht Chuí de bhun Airteagal 6 de Threoir an AE ar Ghnáthóga (92/43/EEC), Rialúchain an AE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 2011 arna leasú ag S.I. uimh. 355 2015) agus an tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) (lena n-áirítear san Acht Comhshaoil (Forálacha Ichineáil) 2011).

Rinneadh an Dréacht-PFC a scagthástáil faoi choinne Measúnacht Chuí (lena n-áirítear comhairliúchán leis na hÚdaráis Chomhshaoil) agus cinneadh go raibh gá le Measúnacht Chuí (Céim 2) den Dréacht-PFC molta óir ní fhéadfaí a chur as an áireamh, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, nach mbeadh tionchar suntasach ag an Dréacht-PFC molta, as féin nó in éineacht le pleananna ná le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach. Tugadh na bearta maolúcháin a aithníodh i Measúnacht Chuí Céim 2 (.i. Tuairisc Tionchair Natura) isteach sa Dréacht-PFC. Foilsíodh an Tuairisc Tionchair Natura ag an am céanna le Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2018-2024 agus an Tuairisc Chomhshaoil. Foilsíodh Aguisín do Tuairisc Tionchair Natura i mí Feabhra 2018 a ghabh leis na hAthruithe Ábharacha Molta. Réitíodh in Aibreán 2018 Tuairisc Tionchair Natura breis de Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Mír 6.5 de Dhréacht-Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024.

Roinn A: Aguisín 2:

Alt 28 Ráiteas maidir le Plean Forbartha Dhún na nGall 2018-2024

Éilíonn Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2016 ráiteas a iarcheangal leis an Plean Forbartha a mbeidh faisnéis ann a léiríonn:

- An tslí ina ndearna an tÚdarás Pleanála na beartaí agus na cuspóirí de chuid an Aire, mar atá leagtha amach i dTreoirínte a eisiúnn an tAire ar Údarás Phleanála, a chur i ngníomh i ndáil le haon cheann dá chuid feidhmeanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt le linn dó an fheidhm atá acu maidir leis an limistéar nó le cuid den limistéar den Plean Forbartha agus den Phlean Forbartha a bhreithniú, nó
- Más infheidhme, go bhfuil an tÚdarás Pleanála den tuairim nach féidir, de bharr nádúr agus tréithe an limistéir nó cuid de limistéar an Phlean Forbartha, beartaí agus cuspóirí áirithe an Aire mar atá leagtha amach sna Treoirínte a chur i ngníomh le linn dó na beartaí sa limistéar nó i gcuid de limistéar an Plean Forbartha nó an Phlean Forbartha a bhreithniú agus tabharfaidh cúiseanna le bunús na tuairime sin agus an chúis nach bhfuil beartaí agus cuspóirí an Aire curtha i bhfeidhm.

Leagtar amach sa tábla ar na leathanaigh seo a leanas ráiteas Alt 28 maidir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

Treoirínte Alt 28	Ráiteas maidir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024
Treoirínte an Phlean Forbartha, Meitheamh 2007	Ullmhaíodh Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall agus aird á thabhairt ar Threoirínte an Phlean Forbartha go háirithe maidir le struchtúr, ábhar straitéiseach, soléiteacht agus próiseas.
Treoirínte maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil, Samhain 2004	Tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta na mBall ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 ina cuid thábhachtach d'ullmhú an Phlean. Cuireadh in iúl don MST trí, inter alia: an Tuarascáil Timpeallachta (Bealtaine, 2017), Cuid D den PFC; Aguisín ar an Tuarascáil Timpeallachta (Feabhra 2018) a ghabhann leis na hAthruithe Molta a foilsíodh ag an am sin; Tuairisc Thimpeallachta eile de Chuid B: Aguisín 3; Treoirínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Roinn 6.5 de Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024 (Aibreán, 2018); agus imscrúdú ar aighneachtaí ábhartha. Tugadh faoin próiseas Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus aird á thabhairt ar mhodheolaíocht agus ábhar na dTreoirínte maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.
Measúnacht Chúí ar Phleananna agus ar thionscadail in Éirinn – Treoir d'Údarás Phleanála, 2009	Bhí Measúnú Cuí na mBall ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 mar chuid lárnach d'ullmhú an Phlean. Áirítear leis an Measúnú Cuí, inter alia, na bearta maolaithe a aithníodh sa Tuarascáil ar Thionchar Natura Céim 2; Aguisín ar an Tuarascáil ar Thionchar Natura (Feabhra, 2018) le dul isteach leis na hAthruithe Ábhartha Molta; agus Tuarascáil Tionchair Natura eile de Chuid B: Aguisín 3; Treoirínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Alt 6.5 de Dhréachtphlean

	Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024 (Aibreán, 2018). Tugadh faoin bpróiseas MC agus aird ar an mhodheolaíocht a moltar sa Mheasúnú Cuí ar Phleananna agus i dtionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála, 2009.
Creat do Chomhoibriú ar Straitéisí Spásúlachta Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann	Ullmhaíodh an cur chuige i ndáil le hábhar straitéiseach an Dréachtphlean mar a leagtar amach i Roinn A agus aird á thabhairt ar an gCreat do Chomhoibriú ar Straitéisí Spásúlachta Thuaisceart Éireann Phoblacht na hÉireann agus a bhfuil cur chuige comhpháirtíochta suntasach i leith fás i réigiún an Iarthuaiscirt mar thoradh air. Léirítear an cur chuige sin ar fud an Plean go háirithe i Roinn A, Caibidil 1 (Cur i Láthair) agus Caibidil 2A (Croístraitéis) agus Roinn B, Caibidil 4 (Forbairt Eacnamaíochta).
Nóta Treorach ar Dhea-chleachtas ar Chomhairleoireacht Trasteorann agus Pleananna Úsáide Talún, 2010	Tá an cur chuige a leagtar amach sa Nóta Treorach ar Dhea-chleachtas ar Chomhairleoireacht Trasteorann agus Pleananna Úsáide Talún curtha i bhfeidhm sa mhodheolaíocht agus sa phróiseas a bhain le hullmhú an phlean lena n-áirítear comhairleoireacht neamhfhoirmeálta trasteorann agus deimhniú ar thorthaí nach mbeidh aon mórthionchar suntasach ag an Dréachtphlean ar DHPCLG de réir an Nóta Treorach.
Treoirínite maidir le Forbairt Inbhuanaithe ar Thithíocht faoin Tuath, Aibreán 2005	Ullmhaíodh Caibidil 6, maidir le tithíocht tuaithe (cuid 6.3) agus aird á thabhairt ar Threoirínite maidir le Forbairt Inbhuanaithe ar Thithíocht faoin Tuath, Aibreán 2005 agus cuirtear i bhfeidhm go háirithe 'Ceantair Thuaithe Níos Láidre', 'Ceantair Thuaithe Níos Laige' agus 'Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir'. Lánpháirtíonn an Plean an cur chuige seo ar fud Roinn A, Caibidil 2A (Croístraitéis), Cuid B, Caibidil 6 (Tithíocht) agus Cuid B, Aguisín 3 (Treoir Dearaidh).
Treoirínite Pleanála Miondíola, Aibreán 2012	Leagtar amach i gCaibidil 4, cuid 4.2 Straitéis Miondíola an Chontae 2018-2024 agus tagraíonn go háirithe do na Treoirínite Pleanála Miondíola. Ullmhaíodh an Straitéis Miondíola agus aird á thabhairt ar na Treoirínite Pleanála Miondíola 2012 go háirithe maidir le maorlathas miondíola Contae a aithint agus cur chuige seiceamhach a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt nua miondíola.
Treoirínite maidir le Saoráidí Cúram Leanaí, Meitheamh 2001	Ullmhaíodh Caibidil 11, Pobal, Cultúr agus an Ghaeltacht agus aird á thabhairt ar na Treoirínite maidir le Saoráidí Cúram Leanaí i dtaobh an áit is fearr áiseanna cúraim leanaí a chur chun soláthar áitiúil, inrochtaineacht agus forbairt inbhuanaithe a éascú.
Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha, Dréacht-chomhairliúchán Treoirínite, Meitheamh 2000	Ullmhaíodh Caibidil 7 le tagairt ar leith d'alt 7.1 (Oidhreacht Nádúrtha) agus Léarscáil 7.1.1 (Taitneamhacht Sárscéimhe) agus aird ar an Tírdhreach agus an Measúnú Tírdhreacha, Dréacht-Chomhairliúchán Treoirínite. Déantar foráil leis d'aicmithe tírdhreacha a aimsiú ar fud an Chontae ar bhonn chur chuige fianaise faoi stiúir eolas ón Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha Chontae Dhún na nGall agus leagann sé amach na cuspóirí agus na beartais chun tírdhreacha tábhachtacha a chosaint.
Treoirínite maidir le Fuinneamh Gaoithe, 2006 & Treoirínite Eatramhacha d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide, 2017	Ullmhaíodh Roinn 8.2 (Fuinneamh) agus Léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) agus aird ar Threoirínite maidir le Fuinneamh Gaoithe(2006), agus ar Treoirínite Eatramhacha d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide, (2017). Déantar foráil leis an Phlean maidir le (i) ceantair 'Ar Fáil lena mBreithniú', (ii) ceantair a aithníodh mar 'Gan a Bheith Inghlactha' agus (iii) ceantair a aithníodh mar 'Inghlactha d'Fheabhsúcháin ar

Fheirmeacha Gaoithe atá ann Cheana' a aimsiú. Tháinig aithint na gceantar sin i ndiaidh modheolaíocht ar bhonn fianaise faoi stiúir an chuir chuige atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe. Soláthraíonn Caibidil 8 mar aon le cuspóirí agus beartais Chaibidil 7 (An Oidhreacht Nádúrtha agus Fhoirgnithe) creat cuí chun an breithniú mionsonraithe ar thograí fuinnimh ghaoithe a threorú agus ullmhaíodh sin agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte.

Mar sin féin, tá an tÚdarás Pleanála den tuairim nach bhfuil Alt 5.0 de na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe curtha i bhfeidhm maidir le 'fad ó na tuirbíní is gaire d'aon mhaoin íogair torainn' ar an chúis seo a leanas. De bhrí go bhforáiltear sna Treoirlínte: *'Go ginearálta, ní dócha go mbeidh an torann ina fhadhb shuntasach más amhlaidh go bhfuil an fad ón tuirbín is gaire d'aon mhaoin íogair torainn níos mó ná 500 méadar'*, leagtar síos sa Phlean go dteastaíonn fad íosta deich n-oiread ón phointe is airde (mar gheall ar chúiseanna torainn), rud a fhágfaidh go mbeidh spás i bhfad níos mó ná an t-achar treorach 500m, ag féachaint ghnáthchaighdeán airde na dtuirbíní nua-aimseartha.

D'aontaigh an Chomhairle an beartas seo de bharr a himscrúdú ar thuarascáil neamh-Fheidhmeanach a cuireadh faoi bhráid na Comhairle inar tugadh réasúnaíocht le glacadh le beartas den sórt sin, agus a raibh réasúnaíocht tagairtí san áireamh sa réasúnaíocht sin do staidéir eolaíocha ar thorainn agus cás dlí maidir le suaithheadh torann ó thuirbíní gaoithe.

Chinn an tuarascáil:

'D'fhonn conláiste cónaithe a chosaint de réir na fianaise atá ag teacht chun cinn agus a thaispeántar thuas, tá sé ciallmhar prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm go dtí go bhféadfar éifeachtaí díobhálacha a lascainiú go heolaíoch de réir an chás dlí dá dtagraítear dó sa chás breithiúnais CJEU le déanaí C # 142/16. Chomh maith leis sin ó glacadh leis an CDP atá ann faoi láthair bhí teagmhais sceitheadh lann (An Charcair Mhór) againn, titim tuirbíní (Loch Dhoire Dubh agus Screagach), tine (An Cheapach Bheag), a sholáthródh athshocrú an tuirbín maolán sábháilteachta leordhóthanach. [1]

Rinne an Plean seo an t-athshocrú comhréireach agus forálacha eile Athrú Uimh. 2 ón Phlean roimhe seo agus cé go gcomhlíontar na forálacha beartais atá i gCaibidil 1.2 de Threoirlínte 2006 mar a léirítear sa tuarascáil a fhorghuineadh an Chomhairle an 2ú Bealtaine 2017 dar teideal 'Aighneacht maidir le doiciméad leasaithe' ROGHA 3 Athbhreithnithe' ar Dhréacht-Phlean Forbartha an Chontae 2018-2024 ', Aithníonn an tuarascáil seo na sainchuinsí timpeallachta agus spásúla a bhaineann le limistéar feidhmiúil an Phlean agus cé nach ndéanann an treoir in alt 5.0 a chóipeáil go sclábhánta tá an plean ag teacht agus ailínithe le cuspóirí na treoirlíne seo, trí mhaolú ar na himpleachtaí timpeallachta faoi na ceannteidil a d'aithin sé, de réir mar is cuí do Dhún na nGall.

Maidir leis na Treoirlínte Eatramhacha um Pleanáil thuasluaite d'Údaráis ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide (Iúil 2017), áirítear leis na Treoirlínte seo foráil ag mír 4 (3) go bhfuil aon togra chun achar nó achair athshocrú do thuirbíní gaoithe a thabhairt isteach nó a athrú ó úsáidí talún sonraithe nó le haicmí úsáide talún laistigh den Phlean Forbartha faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus go ndéanfaí breithniú ábhartha ar na moltaí sin sa Mheasúnacht Straitéiseach an ndéanfadh an togra teorannú nó srian suntasach ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite lena

n-áirítear feirmeacha gaoithe. Leagtar amach freisin sna Treoirínte go mbeadh gá le haon togra chun achar athshocruithe den sórt sin a thabhairt isteach nó a athrú chun comhlíonadh le mír 4 (2) a léiriú a éilíonn léiriú ar conas a chuirfidh cur i bhfeidhm an phlean thar an tréimhse éifeachtach le spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus athrú aeráide, agus go háirithe le táirgeadh fuinnimh gaoithe agus acmhainn féideartha (MW).

Ag eascairt as na ceanglais seo, rinne an Chomhairle Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus Measúnú Cuí ar éifeachtaí na bhforálacha ábhartha sa Phlean, eadhon Alt 6.5 (f) d'Alt 6: Caighdeáin Theicniúla Fuinneamh Gaoithe, Aguisín 3, Cuid B den Plean. Áiríodh leis seo ullmhú Tuairisc Thimpeallachta agus Tuairisc Tionchar Natura ar an tsaincheist seo. Chinn an Chomhairle mar seo a leanas.

Go mbeidh coimhlint ionchasach i gceist le Roinn 6.5 (f) maidir le stádas na SEOnna AC1, AC2 agus AC3 mar go gcuireann sé teorannú beag ar an mhéid a chuireann sé le tionscadail um mhaolú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite mar a leagtar amach sa tuarascáil seo. Taispeántar gur dócha go ndéanfaidh an éifeacht seo i gcomhar leis na héifeachtaí carnacha, maolú go pointe inghlactha mar gheall ar chumas fhoriomlán an phlean cur le haon spriocanna réasúnta beartais náisiúnta a léirítear sa Tuarascáil Chomhshaoil seo.

Dá bhrí sin, baineann na pointí seo a leanas leis an phlean, lena n-áirítear mír 6.5 (f):

- (i) Dá bharr sin, ní laghdódh sé sin go suntasach an tacaíocht fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na Comhairlí maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC1) agus;
- (ii) Ní chuirfeadh sé laghdú suntasach ar rannchuidiú féideartha na Comhairle maidir le laghdú ar gach cineál truailliú aeir, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC2) agus;
- (iii) Ní chuirfeadh sé laghdú suntasach ar thacaíocht agus cur chun cinn féideartha na Comhairle maidir le hathrú ó fhuinneamh atá ag brath ar bhreosla iontaise go fuinneamh níos inbhuanaithe, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC3) agus;
- (iv) Ceadaíonn sé don phlean a léiriú conas a chuirfeadh an plean le linn a shaoil leis na spriocanna a leagadh amach i mír 4 (2) de na treoirínte eatramhacha a bhaint amach, agus;
- (v) A léirigh (cé go bhfuil an t-achar athshocraithe comhréireach dá dtagraítear in Alt 6.5 (f) sa phlean forbartha atá ann cheana féin agus nach n-athróidh an dréachtphlean é) comhlíonadh mionsonraithe le mír 4 (2) de na treoirínte eatramhacha i dTogra Comhairle Contae Dhún na nGall chun achar nó achair athshocraithe éigeantacha do thuirbíní gaoithe a thabhairt isteach nó a athrú ó úsáidí talún sonraithe nó le haicmí úsáide talún ina bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil.
- (vi) Bhí ceanglais measúnaithe timpeallachta faoi réir Threoracha an MST agus na nGnáthóg.
- (vii) Rinneadh machnamh ábhartha ar na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le factóirí aeráide, chomh maith le factóirí eile amhail tírdhreach agus aer, i MST a d'féadfadh teorainn nó srian suntasach a chruthú do thionscadail athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, laistigh de cheantar

riaracháin an phlean.

<p>Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála, Bealtaine 2009 agus;</p> <p>Lámhleabhar Dea-Chleachtais Dearaidh Uirbigh, Bealtaine 2009</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 6 (Tithíocht Uirbeach) agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus tá sé luaite go sonrach laistigh den chaibidil agus laistigh de Roinn B, Aguisín 2 (Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla).</p>
<p>Caighdeáin d’Árasáin Nua Treoirlínte d’Údaráis Phleanála, Nollaig 2015</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 6 (Tithíocht Uirbeach) agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte maidir le Caighdeáin Dearaidh d’Árasáin Nua agus tá sé luaite go sonrach laistigh den chaibidil agus laistigh de Chuid B, Aguisín 2 (Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla).</p>
<p>Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha, 2013</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 5 (Bonneagar), go háirithe cuid 5.1 (Iompar) agus na Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla atá i Roinn B, Aguisín 2 agus aird á thabhairt ar an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha. Tagraíonn beartas T-P-15 go háirithe.</p>
<p>An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála, Samhain 2009</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 5 (Bonneagar), go háirithe cuid 5.1 (Tuilte) Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte i ndáil le modheolaíocht lena n-áirítear an cur chuige réamhchúramach agus seicheamhach. Tagraíonn cuspóirí F-O-1 go dtí F-O-3 agus beartais F-P-1 go dtí F-P7.</p>
<p>Treoirlínte maidir le hOidhreacht Ailtireachta a Chosaint d’Údaráis Pleanála, 2004 and;</p> <p>Oidhreacht Ailtireachta in Áiteanna Adhartha Phoiblí a Chosaint, 2003</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 7 (An Oidhreacht Nádúrtha agus Fhoirgnithe), go háirithe cuid 7.2 (An Oidhreacht Fhoirgnithe) agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte maidir le hOidhreacht Ailtireachta a Chosaint agus na Treoirlínte maidir le hOidhreacht Ailtireachta in Áiteanna Adhartha Phoiblí a Chosaint. Déantar foráil leis na cuspóirí agus na beartais sa chaibidil seo agus sna caibidilí ábhartha do bhailte i Roinn C den Plean do chosaint agus chaomhnú na bhfoirgneamh a liostaítear ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (a liostaítear i Roinn B, Aguisín 2), na bhfoirgneamh a aithníodh ar an NIAH, ACA i Leitir Ceanainn agus do chosaint sráid-dhreach i mBun Cranncha.</p>
<p>Scoileanna a Sholáthar agus an Córas Pleanála – Cód Cleachtais d’Údaráis Áitiúla</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 11 (Pobal, Cultúr agus Gaeltacht), agus aird á thabhairt ar Scoileanna a Sholáthar agus an Córas Pleanála – Cód Cleachtais d’Údaráis Áitiúla lena n-áirítear tagairt shonrach dó laistigh de Bheartas CCG-P-5.</p>
<p>Aintéiní Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta, Iúil 1996</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 5 (Bonneagar), go háirithe cuid 5.3 (Teileachumarsáid) agus aird á thabhairt ar threoirlínte a bhaineann le haintéiní Teileachumarsáide agus struchtúir thacaíochta.</p>
<p>Treoirlínte um Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta, Eanáir 2012</p>	<p>Ullmhaíodh Caibidil 5 (Bonneagar), go háirithe cuid 5.1 (Iompar) agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte um Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta agus tagraítear do sonrach dóibh in 5.1.3 agus i mbeartais T-P-1 to T-P-15.</p>
<p>Treoirlínte maidir le Crainn a Chaomhnú</p>	<p>I gCaibidil 7 (An Oidhreacht Nádúrtha agus Fhoirgnithe), go háirithe cuid 7.1 cuirtear beartais agus cuspóirí ar fáil chun crainn, fála sreach, teorainneacha nádúrtha agus conair nádúrtha oidhreachta agus talamh taitneamhachta a chaomhnú agus aird a thabhairt ar na Treoirlínte</p>

maidir le Crainn a Chaomhnú.

Cairéil agus Gníomhaíochtaí
Coimhdeacha, 2004

Ullmhaíodh Caibidil 8 (Forbairt ar Acmhainní Nádúrtha), go háirithe cuid 8.1 agus aird á thabhairt ar na treoirlínte a bhaineann le Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha lena n-áirítear tagairt shonrach laistigh den chaibidil.

ROINN B

Cuspóirí agus Beartais an Phlean

Caibidil 4 Forbairt Eacnamaíochta

4.1 Forbairt Ghinearálta Eacnamaíochta

Aidhm:

Soláthar d'fhás cuí na forbartha eacnamaíochta agus deiseanna fostaíochta ar fud na n-earnálacha uile de réir na Croístraitéise agus uailmhianta thionscnamh Réigiún an Iarthuaiscirt agus ag teacht le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

4.1.1 Cúlra

Tugann an Chaibidil seo achoimre ar straitéis a thugann freagra spásúil, treoraithe ag plean, ar na saincheisteanna atá roimh an eacnamaíocht áitiúil. Tá an Straitéis Miondíola ann freisin.

Tugann an beochlár tomhas cothrom le dáta ar an dífhostaíocht sa Chontae. Léiríonn sé go raibh 14,214 duine ar an mbeochlár i Nollaig 2016, titim 34% ó Nollaig 2010. Cé gur treocht dhearfach é seo go cinnte, ina dhiaidh sin leanann an Contae air ag tabhairt aghaidh ar dhúshlámh ó thaobh a bhonn eacnamaíochta a láidriú, go háirithe ó imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach atá le tarlú agus na hiarmhairtí agus deiseanna ionchasacha dá dhroim do Réigiún na Teorann.

Mar a bhfuil cur síos air sa Chroístraitéis, samhlaíonn an Plean seo fás uailmhianach don Chontae i gcomhthéacs thionscnamh Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, ag tógáil ar na deiseanna a chuireann an mhais chriticiúil i gceantar Leitir Ceanainn ar fáil, agus iarracht á dhéanamh freisin forbairt inbhuanaithe a chinntiú ar fud bailte, sráidbhailte agus ceantair thuithe uile sa Chontae agus fócas ar leith á chur ar fáil ar na bailte agus ar na sráidbhailte sin ar léir feidhmeanna speisialta a bheith acu (e.g. na Cealla Beaga mar Mhol Nuálaíochta d'acmhainní mara lena n-áirítear bia, turasóireacht agus fuinneamh aigéin; an turasóireacht i Málainn; deiseanna trasteorann i gCeann an Droichid agus Leifear etc.). Tá gá ann i gcónaí deiseanna fostaíochta a mhealladh chun dul in áit na bpostanna a cailleadh le linn an chúlaithe eacnamaíochta ar fud na n-earnálacha lena n-áirítear na tionscail togála, deantúsaíochta, teicstíleanna, miondíola, talmhaíochta agus iascaireachta agus tá gá scrúdú a dhéanamh ar an acmhainn chun an Contae a fhorbairt mar cheantar treorach don gheilleagar glas mar aon leis na réimsí fáis do Sheirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta, táirgeadh bia breisluacha níos airde agus an turasóireacht.

Tá cuid mhór buntáistí ag an gContae d'infheisteoirí ionchasacha ar mian leo lonnú agus forbairt sa cheantar seo. Tá cáilíocht an bheatha sa Chontae as cuimse, le radharc tíre sléibhe, lochanna agus trá mhara gan mhilleadh, mar aon le raon leathan seirbhísí den scoth le idir infheisteoirí agus thurasóirí a mhealladh go dtí an ceantar. Ina theannta sin tá an Contae mar chuid d'fho-réigiún i bhfad níos móin éineacht le Cathair Dhoire, a bhfuil an chuid iomlán d'iarthuaisceart an oileáin ann agus a thairgeann raon leathan áiseanna sláinte, oideachais, miondíola, sóisialta agus pobail. Cuireann an réimeas cánach corparáideach buntáisteach, na deiseanna a chuireann Togra Kelvin ar fáil, agus infhaighteacht buíon oibre ardoilte leis an gContae a bheith ina áit mhealltach le infheistíocht, cónaí agus oibriú ann. Agus ag cur taca leis na tréithe seo go léir, tá acmhainn áitritheoirí an réigiúin, an daonra is óige san Eoraip agus 35% díobh faoi bhun 25 bliain d'aois ar féidir lena mbuanna agus a n-

acmhainní cur leis an athrú, an nuálaíocht, agus leis an bhfiontraíocht. Tá infhaighteacht agus rochtain ar dheis oideachasúil an-tábhachtach agus tá príomhról ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Ollscoil Uladh agus ionaid tríú leibhéal eile maidir leis seo – go deimhin tá daonra mac léinn tríú leibhéal de 40,000 ag réigiún an iarthuaiscirt, rud a léiríonn méid an oideachais agus atraenála sa Chontae agus sa réigiún níos leithne.

An Comhthéacs Náisiúnta

Ó fhágáil chlár cúnaimh airgeadais an Troika (An Coimisiún Eorpach, Banc Ceannais na hEorpa agus an IMF) i 2013, tá ionchas eacnamaíochta níos dearfaí ag tosú ag teacht chun cinn don Stát. Amhail Nollaig 2016, measann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go mbeidh an fás eacnamaíochta foriomlán láidir i 2017, agus fás OTI de 3.5 faoin gcéad á thuar; cé gur chóir a thabhairt ar aird go bhfuil míchinnteacht éigin ann i gcónaí, de thoradh reifreann Brexit den chuid is mó. Thug an ESRI ar aird freisin go bhfuil foinsí fáis baile láidir go maith i gcónaí agus go leanann an margadh saothair air ag feabhsú, agus go meastar go mbainfidh an ráta dífhostaíochta náisiúnta 6.8 faoin gcéad amach faoi dheireadh 2017.

An Comhthéacs Réigiúnach

Cé gur féidir go gcuirfeadh neamhchinnteacht maidir le Brexit agus lagú ionchasach steirling a d'fhéadfadh a bheith ann bac le fás onnmhairiúchán na hÉireann i 2017, ba chóir a thabhairt ar aird ina dhiaidh sin, i gcomhthéacs réigiúnach, go bhféadfadh go mbeadh deiseanna ann do Dhún na nGall ó thaobh infheistíocht isteach a chinntiú ó chuideachtaí ar mian leo láithreach a bheith acu laistigh de cheann de na tíortha ar Béarla is mó a labhraítear iontu san AE, go háirithe na cuideachtaí agus na gnólachtaí sin atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Déanfaidh cóngarachacht gheoghrafach Dhún na nGall don teorainn le Tuaisceart Éireann, na cosúlachtaí ina ndéantar gnó a reáchtáil sa dá dhlíne, na scothcíosa atá ar fáil sa Chontae agus go bhfuil costais tuarastail níos ísle ná i mBaile Átha Cliath, i Londain agus i gcuid mhór d'Iarthar na hEorpa, Dún na nGall a shuí mar scothionad agus ionad áisiúil do ghnólachtaí ar mian leo leas a bhaint as deiseanna athlonnaithe.

Ba ghnéithe tábhachtacha iad na cúinsí seo i ngineadh agus i gcéad chéimeanna forbartha tionscnaimh Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt. Mar chuid de Thionscnamh NWCR, tugann comhthuarascáil Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus Chomhairle Cheantair Chathair Dhoire & an tSratha Báin dar teideal 'Initial Analysis of the Challenges and Opportunities of Brexit for the Derry City & Strabane and Donegal County Council Area - The North West City Region,' arna foilsiú i mí Feabhra 2017, céad breithniú ar na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don réigiún mar thoradh ar Brexit. Ar na réimsí a ndéantar breithniú orthu tá trádáil, infheistíocht dhíreach; maoiniú AE; imirce; comaitéireacht trasteorann; turasóireacht; siopadóireacht trasteorann agus comhoibriú agus bainistiú trasteorann. Léiríonn an chéad breithniú go mbaineann na réimsí is mó a bhféadfaí an tionchar is suntasaí a imirt orthu i gcomhthéacs réigiúnach le trádáil agus maoiniú ón AE ach i gcomhthéacs Dhún na nGall ina cheart féin, is iad na réimsí is suntasaí ná trádáil, miondíol agus turasóireacht.


Cé go bhfuil na saincheistanna a bhaineann le gach réimse casta agus i gcásanna áirithe baineann siad go soiléir agus go díreach le cúrsaí pleanála i ndáil le húsáid talún spásúil, tá saincheistanna eile atá lasmuigh de théarmaí tagartha an Phlean Forbartha Contae agus beidh gá go deimhin le freagra comhtháite ar fud na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail. Soláthraíonn an Plean seo fíis dhearfach agus creat pleanála talamhúsáide spásúil chun tacú leis na hearnálacha suntasacha amhail trádáil, miondíol agus turasóireacht agus soláthraíonn sé ullmhacht oiriúnach chun freagairt do dhúshláin agus dheiseanna a thagann i láthair.

Treoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022

Leag Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Údarás Réigiúnach na Teorann (2010-2022) amach creat d'fhorbairt eacnamaíochta an Réigiúin agus an Chontae. Leagann sé amach creat de chúinsí iomaíochais chun feidhmíocht a chinneadh agus aithníonn príomhshócmhainní Réigiúnacha agus ceantair fiontraíochta féideartha Lena mbaineann (Figiúr 4.1.1).

Agus iad ag tógáil ar na cúinsí seo breithníonn na RPGanna sócmhainní an Réigiúin ó thaobh na ndeiseanna eárnálacha agus aithníonn na gnéithe láithreacha agus féideartha d'fhás eacnamaíochta amach anseo. Áirítear orthu turasóireacht, seirbhísí eolasbhunaithe, fuinneamh in-athnuaite/an geilleagar glas, eárnáil an agraibhia, agus táirgí agus seirbhísí comhshaoil. Aithníonn na RPGanna freisin an bonn acmhainne nádúrtha (lena n-áirítear talmhaíocht, foraoiseacht agus dobharshaothrú breisluacha), cultúr cruthaitheach (dearadh, na meáin dhigiteacha, ceardaíocht agus na hamharc-ealaíona) agus an eárnáil mhiondíola, i bpríomhionaid, mar ghnéithe suntasacha lena mbreithniú. Léiríonn siad freisin gur cóir go dtógfadh Pleananna Forbartha laistigh den réigiún ceann dá n-anailís eárnálach, méid an chomhchruinnithe agus an scaipthe a theastaíonn ar fud an réigiúin á léiriú. Cuireann na RRGanna béim freisin ar ollriachtanais talún agus bonneagair mhór-infheistíochta, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach ar chóir a bhreithniú agus soláthar di sna Pleananna Forbartha faoi seach sa Réigiún. Ní mór soláthar tailte tionscail agus tráchtála leordhóthanacha, seirbhísithe agus criosaithe a bheith fianaise-bhunaithe agus an cur chuige seicheamhach a leanúint.

Fíor 4.1.1: Cúinsí Iomaíochais



Foinse: Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann, 2010-2022

Cé go dtiocfaidh an Straitéis Eacnamaíochta, Spásúil agus Réigiúnach atá ag teacht chun cinn in áit na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha i rith saoil luath Phlean Forbartha an Chontae, áirítear ina dhiaidh sin féin go mbeidh na cúinsí fáis ionchasacha a aithnítear sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha ábharach i gcónaí.

4.1.2 Cuspóirí

- ED-O-1:** Comhoibriú trasteorann a éascú agus deiseanna forbartha sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a chumasú agus a choinneáil ar bun.
- ED-O-2:** A chinntiú go gcuirtear talamh leordhóthanach ar fáil ag ionaid chúí d'úsáideanna giniúint fostaíochta agus go mbeidh cosaint ag talamh dá leithéid ar fhorbairt mhíchuí a dhéanfadh dochar dá forbairt fhadtéarmach.
- ED-O-3:** Forbairtí giniúint fostaíochta a éascú agus a threorú isteach i lárionad Geatabhealaigh Leitir Ceanainn agus na Bailte Straitéiseacha Tacaíochta, agus tacú le forbairt eacnamaíochta bailte níos lú agus sráidbhailte ar fud an chontae.

- ED-O-4:** Idirchaidreamh a dhéanamh le Uisce Éireann chun uas-sioncrónú a chinntiú idir Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta agus Croístraitéis an Phlean seo le clár infheistíochta Uisce Éireann agus ar an mbealach seo soláthar bonneagair leordhóthanach a chinntiú, lena n-áirítear saoráidí uisce, cóireáil dramhuisce agus bainistíocht uisce chun freastal ar fhás eacnamaíochta agus cruthú postanna amach anseo in ionad Geatabhealaigh Leitir Ceanainn agus sna bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae.
- ED-O-5:** Forbairt eacnamaíochta tuaithe chuí a chur chun cinn trí éagsúlú a spreagadh a thacaíonn le fás fiontar tuaithe atá ag teacht chun cinn, ó thaobh feidhme bainteach leis an tuath.
- ED-O-6:** Tacú le forbairt bhreise ar ionaid forbartha agus taighde agus oideachais tríú leibhéal chuí sa chontae.
- ED-O-7:** Forbairt chuí na turasóireachta a éascú ar fud an Chontae trí thacaíocht a thabhairt do thograí turasóireachta inbhuanaithe agus cur chun cinn tionscal cruthaitheach mar acmhainn faoi réir cúinsí taitneamhachta, bonneagair, oidhreachta agus timpeallachta.
- ED-O-8:** Ionchas Togra Kelvin, Líonraí Ceantar Cathrach agus acmhainní agus bonneagar ICT go léir a uasmhéadú ar fud an Chontae chun forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe chuí a éascú agus chun tacú leis na tionscnaimh atá i bPlean Gníomhaíochta Digiteach Dhún na nGall.
- ED-O-9:** Forbairt chuí acmhainní fuinnimh in-athnuaite an chontae a uasmhéadú agus tacú le cruthú margaidh fuinnimh in-athnuaite áitiúil inbhuanaithe agus é a éascú i nDún na nGall ónar féidir le oibreoirí fuinnimh a "dtáirge fuinnimh in-athnuaite áitiúil" a iompar, a stóráil, a thrádáil agus a easportáil chuig margaí baile agus neamhbhaile faoi réir ainmnithe comhshaoil agus cúinsí taitneamhachta.
- ED-O-10:** Tacú le forbairt Pháirc Ghnó Gaoth Dobhair mar ionad déantúsaíochta, fiontair agus gnó chun tacú le bonn fostaíochta, beogacht eacnamaíochta, agus ar a seal beocht teangeolaíochta na Gaeltachta.
- ED-O-11** Tacú le réigiún na teorann d'fhorbairt eacnamaíoch agus fiontraíochta tríd an acmhainneacht agus na deiseanna a éiríonn as Brexit a uasmhéadú.

4.1.3 Straitéis Forbartha Eacnamaíochta

Is í an straitéis forbairt nua eacnamaíochta agus fostaíochta a ailíniú le ról agus feidhm socraíochtaí agus ceantar tuaithe mar a aithnítear sa Chroístraitéis. Díríonn sé ar chomhtháthú úsáideanna fostaíochta cuí le húsáideanna talún eile, lena n-áirítear úsáideanna cónaitheacha, pobail, turasóireachta agus miondíola, agus iarracht á dhéanamh le forbairt inbhuanaithe chothrom a chur ar fáil. Áirítear anseo an t-ionchasriachtanas taistil a laghdú agus amanna taistil a laghdú, rud a léireodh ról criticiúil líonra bóthar náisiúnta éifeachtach agus slán i dtacú le fás eacnamaíochta. Déanann an straitéis iarracht freisin na deiseanna uathúla a chur chun cinn a léiríonn an Contae i gcomhthéacs Idirnáisiúnta agus Náisiúnta.

Caidreamh leis an gCroístraitéis agus leis an Ordlathas Lonnaíochta

Tá tábhacht Náisiúnta, Réigiúnach, Áitiúil agus Trasteorann ag baint le ceantar nasctha cathrach Leitir Ceanainn agus Cathair Dhoire-Londonderry. Is é an ceantar seo príomhthiománaí na forbartha eacnamaíochta sa Chontae i gcomhar leis na Bailte Straitéiseacha Tacaíochta Shraith 2A agus leis na bailte agus sráidbhailte Shraith 2 a bhfuil feidhmeanna speisialta acu ar fud an Chontae. Leagtar amach sa Chroístraitéis, mar a bhfuil cur síos uirthi i gCaibidil 2A, an tOrdlathas Lonnaíochta (tagraíonn Léarscáil 2A.1) a léiríonn tábhacht ceantar Leitir Ceanainn mar phríomhinneall gilleagar

an Chontae. Tá idirchaidreamh an-tábhachtach idir an Straitéis Eacnamaíochta, an Chroístraitéis agus gnéithe eárnálacha an Phlean Forbartha.

Áirítear ar chuspóirí na Croístraitéise tosaíocht a thabhairt do phríomhnaisc straitéiseacha idir an ceantar uirbeach agus Bailte Straitéiseacha Tacaíochta Shraith 2A. Anuas ar seo déanann an Chomhairle iarracht naisc straitéiseacha cháilíochta Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Réigiúnacha farraige, aeir agus traenach a éascú ó Dhún na nGall go dtí mórionaid daonra agus margaidh eile. Tacaíonn an Chroístraitéis freisin le fás eacnamaíochta ag príomhionaid straitéiseacha le hacmhainn bonneagair. Aithníodh an Chroístraitéis agus ina dhiaidh sin na príomhionaid do mhórfhás eacnamaíochta sa phlean seo agus ceann á thógáil den ionchas d'íarmhairtí timpeallachta. Leagann an Tuarascáil Timpeallachta (Cuid D) amach staid reatha na timpeallachta, a chlúdaíonn raon réimsí lena n-áirítear bithéagsúlacht, suíomhanna faoi chosaint mar Dhobharcheantar Diúilicín Péarla Fionnuisce, cumhdach talún, uisce (i dtaca le Plean Bainistíochta Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt), dramhuisce, uisce, tírdhreach agus sócmhainní ábhartha. Rinneadh na cúinsí seo a mheas go carnach sa chinneadh faoin leibhéal fáis a bheadh oiriúnach ar fud an chontae.

An Straitéis Miondíola

Léiríonn an Straitéis Miondíola a bhfuil leathnú déanta thíos uirthi, go bhfuil céatadán suntasach den fhórsa oibre fostaithe sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola. Is príomhchuspóir de straitéis eacnamaíochta é tairiscint miondíola éagsúla agus beoga a sholáthar ag teacht leis na Treoirlínte Náisiúnta. De réir na Croístraitéise agus Creata Lonnaíochta an Phlean, stiúránn an Straitéis Miondíola úsáideanna talún laistigh de lárionaid baile sainaitheanta agus na caighdeáin is airde agus is féidir á gcur chun cinn i ndearadh agus i leagan amach asraonta miondíola.

Infhaighteacht Talún agus Bonneagar

Is suíomh tarraingteach é baile Leitir Ceanainn, mar thiománaí eacnamaíochta an Chontae, d'fhorbairt eacnamaíochta lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach agus soláthraítear dó seo trí na criosuithe agus na beartais atá sa Phlean Forbartha seo. Tá a thuilleadh tailte faoi úinéireacht na Comhairle agus comhlachtaí eile ann ag suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae a d'fhéadfadh soláthar freisin do dheiseanna giniúna fostaíochta. Meastar mar sin go bhfuil an soláthar talún leordhóthanach le freastal ar a éileamh sa ghearr go meántearma, ach agus aitheantas á thabhairt do na héilimh a d'fhéadfadh a bheith ag athrú do spás fiontraíochta, déanfar athbhreithniú ar an soláthar talún i Leitir Ceanainn agus Bailte Straitéiseacha Tacaíochta Shraith 2A mar chuid de phróiseas an Phlean Ceantair Áitiúil do na lonnaíochtaí seo.

Tá infheistíocht sa bhonneagar criticiúil do ghníomhaíocht forbartha eacnamaíochta amach anseo. Déanfaidh an Chomhairle iarracht aon easnaimh bonneagair a aithint a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt eacnamaíochta chuí agus meicníochtaí a aithint chun an teorannú seo a sháru a bhféadfadh ranníocaíochtaí ó fhorbróirí a bheith i gceist iontu.

An Ceantar Tuaithe

Tá ról tábhacht ag gníomhaíochtaí traidisiúnta feirmeoireachta, turasóireachta agus foraoiseachta i gcónaí i ngeilleagar tuaithe an Chontae agus beidh amach anseo. Tá thart ar 39% d'achar iomlán an Chontae in úsáid le haghaidh feirmeoireachta, cé go bhfuil cuid mhaith de mí-oiriúnach do dhianfheirmeoireacht thráchtála. Tá cumhdach foraoise ard go maith ag an gContae, thart ar 11%, agus beagnach 40% de seo faoi úinéireacht phríobháideach. Tá formhór na ngníomhaíochtaí feirmeoireachta agus foraoiseachta lasmuigh de scóip rialú pleanála, ach tá an t-ionchas ag deiseanna éagsúlaithe atá ag teacht chun cinn le marcaíocht ar chapall, iascaireacht, seoltóireacht, tonnmarcaíocht, siúl agus éiceathurasóireacht, cuairteoirí ón mbaile agus ó thar lear araon a mhealladh agus poist tacaíochta a chruthú. Tá an t-ionchas ag táirgeadh bia breisluacha agus orgánach freisin do chruthú post. Tagann formhór na bithmhaise ón bhforaoiseacht, agus tugann saileach agus mioscantach an fhéidearthacht do bharr fuinnimh bithmhaise. Féadfaidh díghrádú anaeróbach dramhaíl orgánach agus bithmhaise fliuch a aistriú go dtí fuinneamh in-athnuaite agus d'fhéadfaí glacadh le teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn chun lánacmhainneacht na hearnála seo a bhaint amach. Féadfaidh an fhoraoiseacht leagan forlíontach gníomhaíochta feirme a chur ar fáil trícúir agus baint agus féadfaidh sé freisin ábhar tógála inbhuanaithe a chur ar fáil agus bheith ina

foinse fuinnimh in-athnuaite. Tá an t-ionchas ag acmhainní muirí mar bhaint agus próiseáil feamainne cur le deiseanna éagsúla fostaíochta mar shampla i réimse earraí cógaisíochta, cosmaidí, fuinneamh agus táirgí bia. Tá deiseanna suntasacha fostaíochta ann freisin san earnáil turasoíreachta mar a bhfuil cur síos orthu sa Chaibidil Turasoíreachta/Muirí, agus tá an t-ionchas freisin ag fiontair fuinnimh in-athnuaite cur le giniúint fostaíochta agus le geilleagar Dhún na nGall.

Aithníonn an Chomhairle freisin, i gcuinsí áirithe, go bhféadfadh go mbeadh sé oiriúnach fiontair ghnó baile ar scála beag a éascú (mar shampla sa chás go bhfreastalódh soláthar seirbhíse ar phobal scaipthe tuaithe). Ní bheadh gnólachtaí dá leithéid inghlactha ach nuair is léir go bhfuil siad ar scála an-bheag (e.g. circa 1-2 fostaí) agus ní dóigh go ndéanfaí breithniú fábharach ar aon mholadh chun leathnú thar an scála teoranta seo amach a bheadh lonnaithe níos inbhuanaithe i mbailte agus i sráidbhailte an Chontae.

Caidreamh agus comhoibriú idirghníomhaireachta

Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall tacaíocht theicniúil agus riaracháin ar fáil do Choiste Pobail Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (LCDC); coiste atá comhdhéanta do chomhaltaí ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhaltaí agus oifigigh rialtais áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit, an earnáil phríobháideach agus ionadaithe forbartha pobail agus áitiúla. Oibríonn an LCDC ansin i gcomhar le gnéithe pobail Phlean Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúil (LECP) 6 bliain go leith a ullmhú agus cur i bhfeidhm clár forbartha pobail agus áitiúil a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

Comhlántar an comhordú seo ag leibhéal an Chontae le comhoibriú trasteorann maidir le forbairt eacnamaíochta, go háirithe bunú Comhpháirtíochta Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt a bhfuil d'aidhm aige oibre i gcomhar le hathghiniúint agus rathúnas sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta a a thiomáint chun cinn i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.

Is ráiteas reachtúil é Plean Forbartha an Chontae ar úsáid talún agus mar gheall air seo déanann sé iarracht spriocanna straitéiseacha agus gníomhartha tosaíochta an LCDC agus Comhpháirtíocht Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt a léiriú agus a aithint.

Athnuachan Baile agus Sráidbhaile: Mar thiománaí Deis Eacnamaíochta

Baineann Clár Athnuachana Baile & Sráidbhaile na Comhairle le hoibreacha feabhsúcháin timpeallachta a dhéanamh i mbailte chun feidhmiú mar chatalaíoch d'athnuachan shóisialta agus eacnamaíochta. Áirítear ar an gcineál oibreacha gléasra fiontáil a chur faoi thalamh, soláthar troscán sráide, oibreacha tírdhreachta, athghiniúint lár baile agus páirceáil carranna eas-sráide. Agus é seo á scríobh tá maoiniú faighte ag an gComhairle faoin Scéim Athnuachana Baile & Sráidbhaile 2016 chun oibreacha feabhsúcháin timpeallachta a dhéanamh i gcúig bhaile agus is iad sin: Carn Domhnach, Bealach Féich/Srath an Urláir, An Clochán Liath, Béal Átha Seanaidh agus Ráth Mealtain; agus tá na cláir oibre do na lonnaithe seo á gcur chun cinn faoi láthair. Cé go bhfáiltear roimh an infheistíocht seo aithnítear ina dhiaidh sin go bhfuil scála an mhaoinithe seo teoranta agus leanfaidh an Chomhairle leis an obair chun maoiniú breise a fháil don réimse tábhachtach seo oibre.

4.1.4 Beartais

ED-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta a chur i bhfeidhm chun fostaíocht atá ann faoi láthair a choinneáil agus cruthú post i suíomhanna cuí ar fud an Chontae a éascú.

ED-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle go gcaithfidh aon togra forbartha eacnamaíochta a fhreastalaíonn ar na beartais suímh atá leagtha amach thíos (beartais ED-P-3 – ED-P-13) na critéir a leagadh síos i mBeartas ED-P-14 a chomhlíonadh freisin agus a bheith ag teacht le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

ED-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é, laistigh de cheantair Chreat Lonnaíochta ainmnithe, tograí forbartha eacnamaíochta ina bhfuil foirgneamh nó próiseas tionsclaíoch i gceist (mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú) sna cúinsi seo a leanas agus faoi réir forálacha Beartas ED-P-2 agus ED-P-14:

Ar thalamh atá criosaithe d'úsáid dá leithéid sa Phlean seo nó i bPleananna Ceantair áitiúil amach anseo; nó i gceantar tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana.

In áiteanna eile laistigh de chreatcheantair lonnaíochta, ní bhreithneofar tograí d'úsáid nó do phróiseas tionsclaíoch ach i lonnaíochtaí Shraith 1 agus Shraith 2, agus nuair is féidir a léiriú: nach bhfuil aon talamh criosaithe ar fáil nó talamh ar cheantar tionsclaíoch atá ann cheana; gur togra daingean atá sa togra agus ní togra amhantrach; bheadh an fhorbairt comhoiriúnach don cheantar; agus go rannchuideodh an fhorbairt go mór le heacnamaíocht an cheantair.

Ní cheadófar forbairt a mbeidh foirgnimh nó próisis Tionsclaíocha i gceist iontu, ach amháin nuair a chomhlíonann an fhorbairt beartaithe téarmaí an Bheartais ED-P-13, lasmuigh de theorann lonnaíochtaí amuigh faoin tuath mura mbíonn baint dhíreach acu le hacmhainn táirge sonrath do shuíomh agus nach bhféadfaí an fhorbairt mholta a lonnú i lonnaíocht ag teacht leis an bheartas seo.

ED-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é, laistigh de Chreatcheantair Lonnaíochta ainmnithe, tograí forbartha eacnamaíochta a bhreithniú a bhaineann le foirgneamh tionscal éadrom, (mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú) sna cúinsí seo a leanas agus faoi réir forálacha Beartas ED-P-2 & ED-P-14:

- (a) Ar thalamh atá criosaithe d'úsáid dá leithéid sa Phlean seo nó i bPleananna Ceantair Áitiúil amach anseo nó ar cheantar tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana, ar an gcoinníoll go bhfuil an togra ar scála, nádúr agus cruth cuí don suíomh.
- (b) In áiteanna eile laistigh de chreatcheantair lonnaíochta, déanfar tograí d'úsáid tionsclaíoch éadrom a chinneadh ar a bhfiúntas aonair ag féachaint do scála agus do charachtar na lonnaíochta, cúinsí timpeallachta, infhaighteacht bonneagair riachtanach, comhlíonadh beartas ED-P-14, agus comhoiriúnacht leis an gceantar.
- (c) Ní cheadófar forbairt ina mbeidh foirgnimh tionscail éadrom lasmuigh de theorann lonnaíochtaí amuigh faoin tuath mura mbíonn baint dhíreach acu le hacmhainn táirge atá sonrath do shuíomh nó tionscadal faoi théarmaí aon cheann de na beartais ED-P-8 go ED-P 13.

ED-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é laistigh de Chreatcheantair Lonnaíochta tograí forbartha eacnamaíochta a bhreithniú bainteach le húsáid trádstórais nó stóras (mar a shainmhínítear faoi 'Stór' in Airteagal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú) sna chúinsí seo a leanas agus faoi réir forálacha Beartas ED-P-2 agus ED-P-14:

- (a) Ar thalamh atá criosaithe d'úsáid dá leithéid sa Phlean seo nó i bPleananna Ceantair Áitiúil amach anseo nó ar cheantar tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana, ar an gcoinníoll go dtagann an togra leis na critéir seo a leanas:-
 - (i) go bhfuil sé comhoiriúnach le haon úsáid tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana agus nach mbainfidh sé ón a leanúnachas nó a leathnú;
 - (ii) nach mbeidh cailteanas suntasach talún tionsclaíoch infhaighte de thoradh air, go háitiúil nó i gceantar níos leithne an Phlean.
- (b) In áiteanna eile lasmuigh de chreatcheantair lonnaíochta, déanfar cinneadh faoi úsáid trádstórais/stórála ar a bhfiúntas aonair ag féachaint do scála an togra i gcomórtas scála agus charachtar na lonnaíochta, infhaighteacht bonneagair riachtanaigh agus comhlíonadh beartas ED-P-14.

- (c) Ní ghlacfar le tograí d'úsáid trádstórais nó stórála de ghnáth lasmuigh de theorann na lonnaíochta mura mbíonn siad bainteach go díreach le hacmhainn táirge atá sonrach do shuíomh nó tionscadal faoi théarmaí aon cheann de bheartais ED-P-8 go ED-P-13.

ED-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é laistigh de Chreatcheantair Lonnaíochta ainmnithe tograí forbartha a bhreithniú d'úsáid Oifige (Aicme 3), úsáid mar ionad glaonna, nó chun críocha forbartha agus taighde:

- (a) Ar thalamh atá criosaithe d'úsáid dá leithéid sa Phlean nó in aon Phleananna Ceantair Áitiúil nó ar cheantar tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana, ar choinníoll go dtagann an togra leis na critéir seo a leanas:-
- (i) go bhfuil sé comhoiriúnach le haon úsáid tionsclaíoch/fostaíochta atá ann cheana agus nach mbainfidh sé ón a leanúnachas nó a leathnú ;
- (ii) nach mbeidh cailteanas suntasach de thalamh tionsclaíoch atá ar fáil go háitiúil nó i gceantar níos leithne an Phlean.

In áiteanna eile laistigh de lonnaíochtaí ní dhéanfar tograí d'úsáid dá leithéid a bhreithniú ach sa chás gur féidir a léiriú nach bhfuil aon talamh nó foirgnimh ar fáil laistigh de thalamh ar bith atá criosaithe d'úsáid dá leithéid; nó i gcás nach bhfuil aon chriosú/ainmniú dá leithéid, go bhfuil an suíomh beartaithe lonnaithe go lárnach; agus sa chás go dtagann an togra le beartais uile eile an Phlean seo agus na critéir i mbeartas ED-P-14.

Ní cheadófar forbairt lena ngabhann úsáidí gnó Aicme 3 lasmuigh de theorainn na lonnaíochta amuigh faoin tuath de ghnáth.

ED-P-7: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí le síneadh a chur le húsáid tionsclaíoch nó gnó atá ann cheana a bhreithniú laistigh de lonnaíocht shainithe ar choinníoll go bhfuil scála agus foirm an fhiontair a éiríonn dá bharr comhoiriúnach le carachtar agus le scála na lonnaíochta agus leis an gceantar agus go dtagann an togra leis na critéir atá leagtha amach i mbeartas ED-P-14.

ED-P-8: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí d'úsáideanna forbartha eacnamaíochta amuigh faoin tuath, an Ghaeltacht san áireamh, a bhreithniú, a chomhlíonann na forálacha seo a leanas, faoi réir chomhlíonadh Bheartas ED-P-14 agus cosaint ceantair atá ainmnithe mar Thaitneamhacht Sárscéimhe (EHSA):-

- Scéimeanna Éagsúlaithe Feirme – leagtar na forálacha amach i mBeartas ED-P-9.
- Leathnú nó athfhorbairt úsáid forbartha eacnamaíochta atá ann cheana – leagtar na forálacha amach i mBeartas ED-P-10.
- Mórthorbarth tionsclaíoch – leagtar na forálacha amach i mBeartas ED-P-11.
- Gnólachtaí i gceantair tuaithe a d'fhéadfadh leas a dhéanamh don eacnamaíocht/táirge turasóireachta áitiúil agus Oibriú ón mBaile – leagtar na forálacha amach i mBeartas ED-P-13.

Ní cheadófar aon tograí eile d'fhorbairt eacnamaíochta amuigh faoin tuath ach i gcúinsí eisceachtúla áit a chuimsíonn an togra forbairt de shuntas náisiúnta nó réigiúnach agus nach ann do shuíomh oiriúnach laistigh de lonnaíocht sa cheantar ar féidir leis freastal ar an togra (lena mbaineann Beartas ED-P-12).

ED-P-9: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do na Scéimeanna Éagsúlaithe Feirme áit a bhfuil an scéim éagsúlaithe le reáchtáil i gcomhar leis na hoibríochtaí talmhaíochta ar an bhfeirm. Ba chóir don fhorbairt bheartaithe, chomh fada agus is féidir, foirgnimh feirme barraíochta atá ann cheana a athúsáid nó a chur in oiriúint. Caithfidh scála, déanamh agus dearadh aon fhoirgnimh nua atá beartaithe a bheith oiriúnach don cheantar tuaithe. Caithfidh an scéim éagsúlaithe bheartaithe gach beartas

eile den Phlean seo a chomhlíonadh agus freastal ar na critéir ábhartha de Bheartas ED-P-14. Sa chás go mbíonn easnaimh ar an mbonneagar uisce agus/nó nach bhfuil sé indéanta nascadh le córais phoiblí, beidh ar an bhforbróir a léiriú gur féidir réitigh saincheaptha treoraithe ag an bhforbairt a aithint, iad a aontú i scríbhinn, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil a thabharfaidh aghaidh ar na heasnaimh sin.

ED-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do leathnú nó d'athfhorbairt forbairt eacnamaíochta atá ann cheana faoin tuath ar choinníoll go gcuirfidh scála agus nádúr na forbartha a thiocfaidh dá bharr go dearfach le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an fhiontair atá ann cheana, faoi réir comhlíonadh forálacha ábhartha uile an Bheartais ED-P-14. Ní cheadófar togra nach gcomhlíonadh na critéir seo ach i gcúinsí eisceachtúla in ar féidir a léiriú:

go soláthródh an togra do chomhdhlúthú agus/nó feabhsúchán ar na saoráidí atá ann cheana;

- sa chás nach mbeadh athlonnú an fhiontair indéanta;
- go ndéanadh an togra rannchuidiú suntasach don gheilleagar áitiúil;
- go gcoinneodh an fhorbairt carachtar tuaithe an cheantair atá ann cheana; agus
- sa chás go dteastaíonn feabhsúcháin bonneagair gur féidir réiteach treoraithe ag forbróir a aithint agus a sheachadadh.

ED-P-11: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do mhórthionscal/fiontar faoin tuath a bhreithniú a dhéanann rannchuidiú suntasach do gheilleagar an Chontae sa chás go léirítear go dteastaíonn suíomh tuaithe ón togra de bharr a riachtanas sonracha suímh nó méide. Ní mór d'iarratas d'fhorbairt a bheartaítear faoin mbeartas seo fianaise a bheith leis chun tacú le cás leas eacnamaíochta do gheilleagar an Chontae agus i gcás suíomh tuaithe ar bhonn méide, eolas mionsonraithe faoin gcuardach a rinneadh le suíomh oiriúnach a fháil laistigh de theorainn lonnaithe. Cuirfear forálacha Beartas ED-P-14 san áireamh freisin agus ní mór Plean Taistil a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist inrochtana ar mhodhanna éagsúla iompair. Déanfar feabhsúcháin bonneagair treoraithe ag forbróir a choinníollú i gcásanna cuí. Déanfar tograí forbartha a mheas i bhfianaise gach cúinse pleanála ábhartha iomchuí, beartas ábhartha Phlean Forbartha an Chontae agus treoir/beartas náisiúnta agus réigiúnach eile, ainmnithe timpeallachta ábhartha lena n-áirítear léiriú ar chomhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

ED-P-12: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le deiseanna eacnamaíochta lonnaithe sa Ghaeltacht ar thailte le tacaíocht nó faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta. Déanfar tograí forbartha a mheas i bhfianaise na gcúinsí pleanála ábhartha iomchuí go léir, beartais ábhartha Phlean Forbartha an Chontae lena n-áirítear Beartas ED-P-14 agus treoir/beartas náisiúnta agus réigiúnach eile, ainmnithe timpeallachta ábhartha lena n-áirítear léiriú ar chomhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

ED-P-13: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do ghnólachta i gceantair tuaithe a bhreithniú a d'fhéadfadh (a.) Fónamh mar bhreis luachmhar don gheilleagar áitiúil agus/nó táirge turasóireachta i gceantar, amhail iad siúd bainteach le bia (go háirithe táirgí breisluacha mar bhia ceardaí) foraoiseacht (e.g. táirgí adhmaid), ceardaíocht, tionscail chruthaitheacha, éiceathurasóireacht agus agrathurasóireacht (e.g. lóistín i dteach feirme, feirm pheataí, saoire i dteach feirme, feirmeacha sláinte, gníomhaíochtaí eachaíochta, saoire ag faire ar éin, teagasc péintéireachta agus grianghrafadóireachta, turasóireacht iascaigh, staidéar allamuigh, rothaíocht agus cnocadóireacht) nó (b.) Gnó bailebhunaithe ar scála teoranta (circa 1-5 fostaí) a chuimsiú, lonnaithe laistigh de chúirtealáiste teach cónaithe atá ann cheana; faoi réir comhlíonadh Beartas ED-P-14 agus ag féachaint do gach cúinse pleanála ábhartha eile.

ED-P-14: Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh ar aon togra d'úsáid forbartha eacnamaíochta, anuas ar fhorálacha beartais eile an Phlean seo, na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) tá sé comhoiriúnach le húsáideanna talún mórthimpeall atá ann cheana nó atá faofa;
- (b) Ní bheadh sé díobhálach do charachtar aon cheantar a bhí sonraithe mar Cheantar SárScéimhe (EHSA);
- (c) ní dhéanann sé dochar do thaitneamhachtaí áitritheoirí in aice láimhe;
- (d) tá cumas reatha nó réamhchláraithe sa bhonneagar uisce (soláthair agus/nó diúscairt eisiltigh) nó is féidir feabhsúcháin oiriúnacha treoraithe ag an bhforbróir a aithint agus a sheachadadh;
- (e) is féidir leis an ngréasán bóithre atá ann cheana déileáil go sábháilte le haon trácht feithiclí breise ginte ag an bhforbairt bheartaithe nó déantar feabhsúcháin oiriúnacha treoraithe ag forbróir a aithint agus a sheachadadh chun aon fhadhbanna ar bhóithre a shárú;
- (f) cuirtear socruithe rochtana, páirceála, ionramhála agus ceantar seirbhísithe leordhóthanacha ar fáil ag teacht leis na caighdeáin Forbartha & Teicniúla atá leagtha amach sa Phlean seo nó a aontaítear i scríbhinn leis an údarás pleanála;
- (g) ní bheidh núis torainn dá bharr;
- (h) is féidir leis déileáil go sásúil le haon astaíochtaí;
- (i) ní dhéanann sé dochar do ghnéithe tábhachtacha den oidhreacht fhoirgnithe nó den oidhreacht nádúrtha, lena n-áirítear láithreáin Natura 2000;
- (j) níl sé lonnaithe i gceantar atá i mbaol tuile agus/nó ní bheidh sé ina chúis tuile nó ní chuirfidh sé leis;
- (k) tá leagan amach an tsuímh, dearadh an fhoirgnimh, an bonneagar agus socruithe tírdhrechtaithe d'ardchaighdeáin agus cuireann siad le cur chun cinn na hinbhuanaitheachta agus;
- (l) tá cóireáil teorann cuí agus bealaí imfhálaithe curtha ar fáil agus tá aon cheantar stórála lasmuigh atá beartaithe ceilte go leordhóthanach ó radharc an phobail;
- (m) i gcás tograí faoin tuath tá bearta sásúla ann chun cuidiú lena chomhtháthú sa taobh tíre;
- (n) ní chuireann sé cáilíocht an uisce i mbaol nó ní théann sé i ngleice leis an gclár bearta atá i bPhean Bainistithe Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWIRBD).

ED-P-15 Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt eacnamaíochta iomchuí a éascú laistigh de réigiún na teorann san áit a bhfuil an bonneagar ar fáil nó a bhfuil acmhainneacht aici.

4.2 Straitéis Miondíola an Chontae 2018-2024

Aidhm:

Raon éagsuil gníomhaíochtaí miondíola a éascú ag suíomhanna cuí i gceantair uirbeacha, beogacht agus inmharthanacht á chinntiú ar an dóigh sin agus iomaíochas á fheabhsú laistigh de lár ár mbailte.

4.2.1 Cúlra

Ullmhaíodh an Straitéis Miondíola seo de réir na dTreoirínte Pleanála Miondíola reatha, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil i 2012.

Tagann an Straitéis freisin leis an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002, Treoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010 agus Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae 2018-2024.

Tá an timpeallacht miondíola sa Chontae dúshlánach agus iomaíoch i gcónaí; é faoi thionchar trádáil trasteorann mar atá, iomaíocht mhéadaithe agus na múnlaí miondíola nua atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas.

Cúlra Beartais

Mar a léiríodh sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010, is léiriú é an earnáil mhiondíola ar chohórt suntasach fostaíochta. Léirigh sonraí fostaíochta earnála do Dhún na nGall 11% (7795 duine) fostaíochta sa trádáil miondíola agus mórdhíola i 2011.

Cé nach mbeidh méid an athraithe sa bhfostaíocht mhiondíola ó 2011 ar eolas go dtí go bhfoilseofar torthaí iomlána daonáireamh 2016, is léir an príomhról atá ag miondíol sa Chontae agus is é is dóigh go mbeidh sé ina phríomhfhoinsé fostaíochta i gcónaí. Mar shampla, léiríonn Tuarascáil Monatóireachta Margaidh Tomhaltóra de chuid Institiúid Mhargadóir na hÉireann do R2 de 2016 go bfuil fianaise láidir de théarnamh inbhuanaithe leathan á léiriú anois ag geilleagar an tomhaltóra in Éirinn, ollioncam indiúscartha ag méadú i 2015 agus sa chéad ráithe de 2016. Chuir feabhsúcháin ghinearálta sa mhargadh saothair freisin le muinín tomhaltóra agus caiteachas breise tomhaltóra. Agus aird ar leith á thabhairt ar mhiondíol, tugann an tuarascáil faoi deara tar éis cúig bliana de dhul i léig, gur tharla casadh suntasach i 2014, a ghéaraigh ar a luas tuilleadh i 2015, agus méid na ndíolachán méadaithe de 6.1 faoin gcéad. Tugann Tuarascáil Mhionatóireachta Margaidh Tomhaltóra ar aird freisin gur lean 2016 air ag seachadadh fás láidir díolachán d'fhormhór miondíoltóirí, agus méadú de 5.5 faoin gcéad ó thaobh méide, bliain ar bhliain, ar chaiteachas sa chéad leath den bhliain. In ainneoin, glactar leis nár choinnigh leibhéal an téarnaimh i nDún na nGall céim ar chéim le feabhsúcháin ag an leibhéal náisiúnta

Don Straitéis Pleanála Miondíola i nDún na nGall dearbhaíonn sé seo comhthéacs agus cuspóirí an bheartais ag na leibhéal straitéise Réigiúnacha agus Náisiúnta araon. Is príomhchuspóir do Dhún na nGall é an t-ispéireas siopadóireachta is beoga agus is éagsúil agus is féidir a chur ar fáil ag teacht leis an gCroístraitéis (Caibidil 2A) agus an straitéis Lonnaíochta agus na caighdeáin cáilíochta is airde agus is féidir á gcur chun cinn i ndearadh agus i leagan amach forbairtí miondíola.

Tá deiseanna suntasacha ag lár na mbailte a aithníodh chun freastal ar spás urláir miondíola breise ó thaobh leas a bhaint as deiseanna athfhorbartha agus inlíonta. Caithfear aitheantas a thabhairt freisin do mhéid an fholúntais i mbailte agus i sráidbhailte áit a bhfuil an deis ann an táirge miondíola atá

ann faoi láthair a chomhdhlúthú sna lonnaíochtaí agus cur le beogacht agus dreach fisiciúil na lárionad seo dá bharr.

Cur Chuige Seicheamhach

(Treoirínte Pleanála Miondíola, 2012 –An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil)

Is é an rogha suímh d'fhorbairt mhiondíola nua, nuair is praiticiúil agus inmharthana, ná laistigh de lár baile (nó ceantar nó lár mór-shráidbhaile). I gcás nach bhfuil sé indéanta foirm agus scála na forbartha a theastaíonn a chur ar fáil ar shuíomh laistigh de lár an bhaile ansin is féidir suíomh ar imeall lár an bhaile a bhreithniú chun an fhéidearthacht go bhfreastalódh turas amháin ar roinnt feidhmeanna a spreagadh. Glactar leis chun críocha na dtreoirínte seo gurb éard é láithreán ar imeall an láir ceann atá i bhfad siúil éasca agus áisiúil ó phríomhchroí siopadóireachta lár baile. Athróidh an fad a meastar a bheith áisiúil de réir cúinsí áitiúla ach de ghnáth ní bheadh sé mórán níos mó ná 300-400 méadar ó imeall an phríomhcheantair siopadóireachta, agus níos lú i lonnaíochtaí níos lú.

Agus measúnacht déanta ar mhéid, infhaighteacht, inrochtaineacht, agus indéantacht an dá láithreán agus na háitribh, laistigh de lár baile ar dtús agus sa dara háit ar imeall lár an bhaile, níor chóir láithreáin mhalartacha amach ón lár a bhreithniú ach nuair is féidir a léiriú nach bhfuil aon láithreán lár baile nó ar imeall láithreáin lár atá oiriúnach, inmharthana agus ar fáil. Tugtar an cur chuige seicheamhach air seo de ghnáth i leith suíomh forbartha miondíola.

I ndáil le cibé ar féidir le láithreáin oiriúnach, infhaighteacht agus inmharthanacht a léiriú, cuirfear seo a leanas san áireamh agus an cur chuige seicheamhach á chur i bhfeidhm, anuas ar gach cúinsí ábhartha eile -

- Oiriúnacht:** Ar na cúinsí a bhreithneofar áirítear cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhorbairt i gcomhréir le cuspóirí an phlean forbartha, go háirithe i gcuspóirí críosaithe, gníomhaíocht úsáide talún reatha i gcomharsanacht an láithreáin, na méide agus an cumas freastail do shaincheistanna forbartha agus tráchta agus iompair.
- Infhaighteacht:** baineann an critéir seo le úinéireacht láithreáin, éascaíocht cur le chéile agus tráthúlacht.
- Inmharthanacht:** is príomhchúinse an inmharthanacht airgeadais forbartha freisin.

D'fhéadfadh go dtarlódh roinnt forbartha miondíola i suíomhanna lasmuigh den lár. Ní bheidh láithreáin i ngach lárionad, go háirithe i mbailte beaga agus stairiúla, atá oiriúnach ó thaobh méide, páirceála, giniúint tráchta nó socruithe seirbhísithe d'fhorbairtí ar mhórsála i lár an bhaile féin. I lárionaid dá leithéid ba chóir go mbeadh forbairt ar scála atá iomchuí do mhéid an lárcheantair chun an fhéidearthacht do thionchar díobhálacha a íoslaghdú. Agus iarratais lasmuigh den lár á measúnú, breithneoidh an tÚdarás Pleanála freisin ar chúinsí mar (inter alia) an riachtanas leathan (riachtanas spás urláir) d'fhorbairt miondíola bhreise chun freastal ar phobal áitiúil aitheanta, méid na forbartha, cáilíocht an dearaidh agus an leagan amach, éifeacht ar an timpeallacht in aice láimhe, éifeacht ar bheogacht agus ar inmharthanacht, seirbhísí, inrochtaineacht ar mhodhanna taistil éagsúla agus páirceáil carranna.

Cur Chuige Seicheamhach agus Síneadh nó Athrú ar Fheidhmeanna Úsáide

Bainfidh an tÚdarás Pleanála úsáid as an gcur chuige seicheamhach freisin chun tograí do shíneadh nó athrú ábhartha ar úsáid forbairt atá ann cheana áit a bhfuil siad ar scála a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar ról agus ar fheidhm lárcheantair baile.

Léiríonn an tábla seo a leanas (Tábla 4.2.1) an cineál miondíola a mbeifí ag súil go ndéanfaí é a lonnú i sraitheanna Struchtúr Lonnaíochta agus atá ceaptha an t-ordlathas lonnaíochta a leagtar amach i gCaibidil 2A a chomhlánú. Glactar leis go mbeadh spás ag lárionaid mhóra agus ar mheánmhéid d'fhorbairt siopa áitiúil agus comharsanachta chun fónamh do na bailte sin.

Tábla 4.2.1: Cineálacha Miondíola

Cineál Miondíola	Comhthéacs do Mheasúnú	Sraith Lonnaíochta Chuí/Lonnaíocht
<p>Ionaid Siopadóireachta Ceantair</p>	<p>Cuirtear ionaid siopadóireachta ceantair saintógtha ar fáil de ghnáth laistigh de cheantar foirgnithe mórcheirtleán uirbeach. Bíonn siopa bia mór mar phríomhthionónta iontu de ghnáth agus bíonn raon siopaí aonaid iontu agus asraonta seirbhíse neamh-miondíola (mar bhainc, oifig an phoist nó gruaigeadóirí). Bíonn feidhm thábhachtach miondíola leo don phobal áitiúil a chónaíonn laistigh de thiomáint 15-20 nóiméad ón láithreán. Níl aon tairseach méide soiléir do lárionad ceantair cé gur dóigh, ag brath ar dhúlús an daonra sa cheantar, go gcuimseoidh siad thart ar 10,000 m².</p>	<p>Sraith 1</p>
<p>Siopaí Bia Móra (tagar do Bheartas RS-P-2)</p>	<p>Suas go 3000m² glan. Freastalaíonn na siopaí seo go príomha ar mhór-riachtanais siopadóireachta earraí áise seachtainiúla teaghlach. Teastaíonn réimsí móra glana spás urláir uathu mar aon le páirceáil in aice láimhe mar go ndéanann formhór na dteaghlach (ach ní gach teaghlach) a mórsiopadóireacht sheachtainiúil áise sa charr.</p> <p>Nuair is féidir ba chóir siopaí móra bia a chur ar fáil i mbaile, i sráidbhaile mór nó i lár réigiúin nó ar imeall an lárcheantair áit ar féidir soláthar d'iompar poiblí a chur ar fáil do lucht siopadóireachta nach bhfuil úsáid carr acu. I gcásanna eisceachtúla ní bheidh sé indéanta láithreáin a thabhairt chun cinn atá i lárcheantar baile nó ar imeall lárcheantar baile mar gheall ar riachtanais méide láithreáin mórshiopaí bia, srianta timpeallacha i mbaile stairiúla nó toisc nach bhfuil an cumas ag an ngréasán bóithre do thrácht breise agus d'fheithclí seirbhíse.</p>	<p>Sraith 1 agus 2A</p>
<p>Siopaí beaga go meánmhéid Áise/Bia (tagar do Bheartas RS-P-3)</p>	<p>Tá ról ionchasach ag siopaí bia/áise beaga go meánmhéid, suas le 1,500 m²iomlán, i leathnú a dhéanamh ar rogha agus ar raon miondíola, go háirithe d'earnálach áirithe den phobal. Tá a gceantair chustaiméara agus táirge miondíola éagsúil ó ollshiopaí agus ollmhargaí príomhshrutha agus beidh a mealladh trádála éagsúil; beidh sé seo ábhartha agus tionchar á mheas, cé gur chóir a n-éifeacht ar lárionaid chomharsanachta agus siopaí eile a bhreithniú freisin. Féadfaidh an cineál seo siopaí bia/áise bheith ina bpríomhthionónta éifeachtach ar lárionaid níos lú. Ba chóir tograí a bhreithniú i ndáil leis an bplean forbartha agus an fhéidearthacht do thionchair dhíobhálacha ar bheogacht agus ar inmharthanacht aon lárcheantair baile/sráidbhaile atá ann cheana. Ba chóir athúsáid áitribh fholamha neamh-miondíola atá ann cheana i lárionaid atá ann cheana a spreagadh mura bhfuil fianaise shoiléir ann a thugann le fios go mbeadh tionchar suntasach ar</p>	<p>Sraith 1 agus 2</p>

Cineál Miondíola	Comhthéacs do Mheasúnú	Sraith Lonnaíochta Chuí/Lonnaíocht
	inmharthanacht lárionaid níos lú, de bharr méid an tsiopa lascaine.	
<p>Ord níos airde, Comparáid agus Trádstóráil Miondíola, Páirceanna Miondíola/Trádstórais Miondíola</p> <p>(tagair do bheartas RS-P-4)</p>	<p>Tá páirceanna miondíola tar éis teacht chun cinn mar cheirtleáin de thrádstórais miondíola cruinnithe thart ar charrchlós coiteann a dhíolann earraí tí toirtiúla. Teastaíonn réimsí leathana de spás taispeántais ó thrádstórais miondíola, riachtanais stórála íosta go minic. Bailíonn céatadán substainteach custaiméirí earraí i gcarr nó veain. I gcásanna áirithe bíonn oibreoírí trádstórais miondíola ábalta seachadadh go dtí an baile a shocrú.</p> <p>Go ginearálta ní oireann trádstórais miondíola go héasca i lárcheantair bailte ag cur a riachtanais méide san áireamh agus ar an ngá atá le dea-shaoráidí páirceala agus éascaíocht seirbhísithe.</p> <p>Ní mór d’údarais phleanála agus iarratais ar pháirceanna miondíola neamhbhia á mbreithniú acu an tionchar ar lárcheantair bailte atá ann cheana a bhreithniú.</p> <p>Féadfaidh forbairt aonad trádstórála aonair miondíola an-mhóra atá go mór os cionn 5,000 m² (agus amanna 10,000 m² nó níos mó) dírithe ar dheighleog margaidh sonrach, tionchar monaplachta áitiúil doghlactha a bheith aige ar shiopaí níos lú i lárcheantair bailte. Ní dóigh go mbeadh aonad trádstórála aonair ar mhórskála de bhreis ar 6,000 m² comhlán (lena n-áirítear aon ionad garraíodóireachta coimhdeach) inghlactha i gcuid mhór suíomhanna de bharr a n-éifeacht ar an ngréasán bóithre sa timpeallacht agus a bhféidearthacht monaplachtaí áitiúla a chruthú a chuirfeadh bac ar iomaíochas laistigh de dhobharcheantair áitiúla.</p> <p>Ba chóir ar an iomlán cur in aghaidh iarratais ar thrádstórais miondíola aonair lasmuigh de lárcheantar baile nó ar a imeall chun líon na dturas i gcarranna a laghdú. Ina dhiaidh sin, ag cur a gcumas do thionchar físiúil san áireamh, ní mór aird ar leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm lonnú trádstórais neamhspleácha feadh mórbhealach sa chaoi gur féidir dea-cháilíocht dearaidh a bhaint amach.</p>	<p>Sraith 1 agus 2A</p>
<p>Siopaí (Comharsanachta) Áitiúla</p> <p>(tagair do Bheartas RS-P-7)</p>	<p>Bíonn feidhm thábhachtach ag siopaí áitiúla lonnaithe i lárionaid áitiúla nó comharsanachta i gceantair uirbeacha. Féadfaidh siad seirbhís luachmhar a chur ar fáil, ag fónamh go háirithe do riachtanais laethúla nó fánacha áitritheoirí in aice láimhe nó daoine ag dul thar bráid. Bíonn feidhmeanna suntasacha sóisialta agus eacnamaíochta ag siopaí áitiúla a chuimsíonn idir siopaí bia agus asraonta neamhbhia tábhachtacha mar</p>	<p>Sraith 1 agus 2A</p>

Cineál Miondíola	Comhthéacs do Mheasúnú	Sraith Lonnaíochta Chuí/Lonnaíocht
	<p>chógaslanna; tairgeann siad seirbhís thar a bheith tábhachtach dóibh siúd nach bhfuil gluaiseacht rómhaith fúthu, go háirithe daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh le leanaí beaga agus iad siúd nach bhfuil teacht acu ar charr.</p> <p>Mar shampla, in eastáit tithíochta fhorimeallacha, d'fhéadfadh go gcuireann siad an t-aon saoráid siopadóireachta amháin ar a bhfuil rochtain ar fáil go héasca. Sa chás gur féidir leis an gComhairle bunús soiléir a chur faoi thábhacht áitiúil siopaí dá leithéid i lárionaid áitiúla sainithe, ba chóir dóibh iad a chosaint i bpleananna forbartha trí chriosú úsáide talún cuí.</p>	
<p>Lárionaid Asraonta Monarchana</p> <p>(Tagair do Bheartas RS-P-4)</p>	<p>Ní mheastar go mbeadh lárionaid asraonta mhonarchana oiriúnach do shuíomhanna úrnua lasmuigh de bhaile.</p>	<p>Sraith 1 agus 2A</p>
<p>Clubanna Trádstórais Miondíola (Cash & Carrys)</p> <p>(Tagair do Bheartas RS-P-4)</p>	<p>Comhcheanglaíonn clubanna trádstórais miondíola gnéithe de mhórdhiól íoc is iompair le díolacháin le baill den phobal a cháilíonn. Ba chóir caitheamh leo chun críche na Straitéise seo amhail is go mba ghnólachtaí miondíola iad faoi réir fhorálacha beartais an phlean forbartha agus na riachtanais atá leagtha amach sna Treoirínte Pleanála Miondíola.</p>	<p>Sraith1 agus 2A</p>
<p>Siopaí i mBailte Beaga, Sráidbhailte agus i gCeantair Thuaithe</p> <p>(do cheantair thuaithe tagair do Bheartas RS-P-11)</p>	<p>Is minic go mbíonn ról tábhachtach ag siopaí bia agus ollmhargaí atá ann cheana i gcoinneáil cáilíocht agus raon na siopadóireachta i lárcheantair bailte tuaithe níos lú agus cuidíonn chun an geilleagar tuaithe timpeallach a dhaingniú, go háirithe i gceantair is lú dlúthlonnaithe sa Stát. Ba chóir go dtacódh beartais phleanála le saoráidí áitiúla i mbailte beaga agus i sráidbhailte a chuireann seirbhís éifeachtach agus luachmhar ar fáil don phobal áitiúil. Ba chóir do lárionaid dá leithéid leanúint orthu ag cur ní hamháin bia, ach roinnt siopadóireachta comparáide ar fáil freisin, agus ba chóir gurb iad an rogha suímh, go háirithe do shiopaí bia. Nuair nach bhfuil lárcheantair baile tuaithe ag freastal ar an bpobal go maith, agus go bhfuil roinnt mhaith taistil i gcarr go dtí lárionaid eile níos mó, ansin ba chóir tograí d'fhorbairtí miondíola nua a spreagadh i lárcheantar an bhaile nó gar dó, chun taisteal a laghdú agus an trádáil a choinneáil ar an mbaile. I mbailte beaga agus i sráidbhailte mar sin tá barúil shoiléir ann i bhfabhar suíomhanna lárcheantair nó ar imeall an lair d'fhorbairtí nua. Mar atá in áiteanna eile, ní chóir forbairtí miondíola as an lárcheantar más dóigh go gcuirfidh a bhforáil laghdú ar an raon saoráidí áitiúla i mbailte agus i sráidbhailte, nó go gcuirfidh siad</p>	<p>Gach sraith agus ceantar tuaithe de réir mar is cuí, de réir an cholúin 'Comhthéacs do Mheasúnú.</p>

Cineál Miondíola	Comhthéacs do Mheasúnú	Sraith Lonnaíochta Chuí/Lonnaíocht
	<p>isteach ar éagsúlacht siopaí nó go mbeadh caillteanas miondíola bia ginearálta ó lárcheantar bailte níos lú. Is é is dóigh go mbeadh an scóip d'ollshiopaí agus d'fhorbairtí miondíola eile ar scála mór, teoranta i mbailte tuaithe níos lú ná mar a bheadh in áiteanna eile.</p> <p>Ba chóir an miondíol a dhíriú ar lonnaíochtaí atá ann cheana agus ní ghlacfaí le forbairt mhiondíola faoin tuath de ghnáth. Go heisceachtúil, d'fhéadfadh go mbeadh saoráidí miondíola lasmuigh de theorannacha forbartha creachtantair lonnaíochta inghlactha sna cúinsí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Siopa atá coimhdeach do ghníomhaíochtaí ag éirí as éagsúlú feirme. ▪ Siopa atá ceaptha freastal ar thurasóirí nó ar áiseanna caitheamh aimsire agus coimhdeach don phríomhúsáid. ▪ Siopa ar scála beag ceangailte le ceardlann faofa nó atá ann cheana agus an táirge á mhiondíol díreach leis an bpobal ▪ Siopaí ar scála beag ceaptha freastal ar phobal tuaithe scaipthe ▪ Athfhorbairt siopaí ar scála beag atá ann cheana ceaptha freasta ar phobal tuaithe scaipthe 	

4.2.2 Cuspóirí

- RS-O-1:** Mais chriticiúil d'úsáideanna miondíola a bhaint amach sna príomh-lárcheantair uirbeacha sa Chontae ar bhealach atá ag teacht leis an gCroístraitéis agus an Straitéis Lonnaíochta.
- RS-O-2:** Comhsheasmhacht a chinntiú le cuspóirí miondíola na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010 agus Treoirínte Pleanála Miondíola 2012 agus aon uasghrádú ar na doiciméid sin ina dhiaidh sin.
- RS-O-3:** Éagsúlacht cineálacha miondíola laistigh den Chontae a chur chun cinn.
- RS-O-4:** Ardcháilíocht dearaidh a chur chun cinn i ndéanamh agus i leagan amach tograí miondíola ar bhealach a chuireann le cáilíocht fhisiciúil lárcheantar bailte.
- RS-O-5:** Earnáil mhiondíola neamhspleách láidir a chur chun cinn mar chuid de thimpeallacht mhiondíola atá éagsúil agus iomaíoch.
- RS-O-6:** Forbairtí miondíola laistigh de lárcheantair bailte a chomhdhlúthú agus leathnú ar bhealach incriminteach ina dhiaidh sin.
- RS-O-7:** Dlús níos airde agus éagsúlacht níos mó a chur chun cinn trí thalamh chúil, inlíonadh agus forbairt úsáide measctha.

RS-O-8: Athghiniúint talún nó foirgneamh tréigthe a chur chun cinn d'úsáideanna miondíola laistigh de lárcheantair bailte.

RS-O-9: Miondíol a chur chun cinn mar chuid de gheilleagar turasóireachta an Chontae.

4.2.3 Beartais

RS-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é mórfheabhsúchán d'fhoráil miondíola réigiúnaigh den ord is airde i Leitir Ceanainn a chur chun cinn agus a spreagadh, faoi réir fhorálacha Beartas RS-P-5 agus RS-P-6.

RS-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do Shiopaí Bia Móra (suas le 3000 méadar cearnach glan) ag suíomhanna cuí i lonnaíochtaí Shraith 1 agus Shraith 2A mar a n-áithnítear sa Chroístraitéis, faoi réir fhorálacha Bheartas RS-P-5 agus RS-P-6.

RS-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do shiopaí áise/bia ó Bheag go Meánmhéid (suas le 1500 méadar cearnach glan) ag suíomhanna cuí i lonnaíochtaí Shraith 1 agus Shraith 2A mar a n-áithnítear sa Chroístraitéis, faoi réir fhorálacha Bheartas RS-P-5 agus RS-P-6.

RS-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é breithniú a dhéanamh ar sholáthar méid teoranta trádstóras miondíola, comparáide agus d'ord níos airde, asraonta monarchana agus clubanna tradstórais miondíola ag suíomhanna cuí i lonnaíochtaí Shraith 1 agus Shraith 2A mar a aithníodh sa Chroístraitéis; treoirithe ag Tábla 4.2.1 thuas -Cineálacha Miondíola, faoi réir fhorálacha Bheartas RS-P-5 agus RS-P-6.

RS-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh gach togra miondíola leis an bhféidearthacht dul i gcion ar bheogacht agus ar inmharthanacht an lárionaid (nó na lárionad) ábhartha ag brath ar thástáil seicheamhach chuí ar shuíomh an láithreáin agus ar an gcineáil miondíola beartaithe i gcomhréir leis na Treoirínte Pleanála Miondíola (2012) nó aon leagan de na treoirínte seo ina dhiaidh sin. Ní ghlacfar ach le tograí a shásaíonn an cur chuige seicheamhach, cé is moite de chásanna eisceachtúla.

RS-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é Measúnacht Tionchair Miondíola a éileamh i gcás go measann sí go bhfuil togra forbartha miondíola thar a bheith mór i gcomparáid leis an lonnaíocht ábhartha ina bhfuil an láithreán lonnaithe. Caithfidh an t-iarratasóir, tríd an Mheasúnacht Tionchair Miondíola, aghaidh a thabhairt ar na critéir seo a leanas agus a léiriú cibé a dhéanfadh nó nach ndéanfadh an togra é seo:

- tacú leis an straitéis fhadtéarmach do lárcheantair bailte an Chontae mar a bunaíodh sa Chroístraitéis/Straitéis Miondíola, agus nach mbainfeadh go bunúsach ón ionchas chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a mhealladh isteach i gceann amháin nó níos mó de lárcheantair dá leithéid;
- an cumas a bheith aige deiseanna fostaíochta a mhéadú agus athghiniúint eacnamaíochta a chur chun cinn;
- an cumas a bheith aige iomaíochas a mhéadú laistigh den cheantar agus mar sin tuilleadh tomhaltóirí a mhealladh go dtí an ceantar; agus
- freagairt d'éileamh tomhaltóra ar a tháirge miondíola agus gan baint de raon na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí gur féidir le lárionad uirbeach tacú leo;
- bheith ina chúis drochthionchair ar lárcheantar baile amháin nó níos mó, ceann ar cheann nó go carnach, le forbairtí a tharla le deireanaí nó ceadanna pleanála eile amuigh (a bhfuil ionchas réadúil acu go gcuirfead i bhfeidhm iad) ar leor iad chun baint de cháilíocht an lárionaid nó a fheidhm níos leithne i gcur chun cinn agus i spreagadh feidhm na n-ealaíon, an chultúir na háineasa, an ríocht phoiblí de lárcheantar an bhaile atá criticiúil do shaol sóisialta agus eacnamaíochta an phobail:

- (f) bheith ina chúis le méadú ar líon na réadmhaoine folamh sa phríomhcheantar miondíola ar dóigh go leanfaidh sé sa bhfadtearma;
- (g) ardchaighdeán rochtana a chinntiú ag iompar poiblí, de shiúl na gcos agus ag carr príobháideach sa chaoi go bhfuil teacht go héasca ag gach cuid den tsochaí ar an togra; agus/nó
- (h) nascadh go héifeachtach le lárcheantar baile atá ann cheana sa chaoi gur dóigh go mbeidh sinéirge tráchtála ann.

Ní ghlacfar ach leis na tograí sin ar féidir a léiriú don Údarás Pleanála nach dóigh go mbeidh drochthionchar suntasach ag an bhforbairt mar a léirítear ag measúnacht de na critéir thuas.

RS-P-7: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do sholáthar siopaí comharsanachta ar scála áitiúil laistigh de lonnaíochtaí Shraith 1 agus 2A, i gcás go bhfuil siopaí dá leithéid deartha agus lonnaithe go soiléir chun freastal ar chomharsanachtaí cónaitheacha ar leith, faoi réir comhlíonadh beartas ábhartha eile uile an Phlean seo.

RS-P-8: Is beartas de chuid na Comhairle é athúsáid agus athfhorbairt tailte nó foirgneamh folamha nó tréigthe laistigh de lárcheantair bailte/sráidbhailte d'úsáid mhiondíola a spreagadh agus a éascú.

RS-P-9: Is beartas de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh láithreáin chorrthrádála a shainiú i gcomhréir leis an Acht Corr-Thrádála 1995 i láithreáin oiriúnacha laistigh de shuíomhanna lárcheantair baile nó ar shuíomhanna iomchuí eile.

RS-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do shiopa suas le achar miondíola 100 méadar cearnach glan nuair atá sé bainteach le stáisiún líonta peitрил. Nuair a lorgaítear glanspás miondíola sa bhreis ar 100 méadar cearnach ansin beidh feidhm leis an gcur chuige seicheamhach i leith forbartha dá leithéid.

RS-P-11: Déanfar miondíol a threorú de ghnáth i dtreo lonnaíochtaí atá ann cheana, de mhéid chuí, agus ní cheadófar forbairt saoráidí miondíola míchuí sa taobh tuaithe oscailte. Ach is beartas de chuid na Comhairle é breithniú a dhéanamh ar thograí do shaoráidí miondíola áirithe a d'fhéadfaí a mheas iad a bheith oiriúnach lasmuigh de chreatcheantair lonnaíochta, lena n-áirítear:

- Siopaí feirme atá tánaisteach do ghníomhaíochtaí ag éirí ó éagsúlú feirme;
- Siopaí atá ceaptha freastal ar shaoráidí áineasa nó turasóireachta agus ar léir iad a bheith tánaisteach don phríomhúsáid;
- Siopaí ar scála beag ceangailte le ceardlanna atá ann cheana nó faofa chun miondíol díreach an táirge don phobal a cheadú; agus
- Siopaí ar scála beag atá ceaptha freastal ar phobal tuaithe scaipthe agus;
- Athfhorbairt siopaí ar scála beag atá ann cheana, iad ceaptha freastal ar phobal tuaithe scaipthe.

Caithfidh gach togra d'úsáid mhiondíola de bhun an Bheartais seo gach beartas agus caighdeán ábhartha eile atá sa Phlean seo a chomhlíonadh.

Caibidil 5 Bonneagar

5.1 Iompar

Aidhm:

Naisc straitéiseacha Réigiúnacha, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta farraige, aeir, agus iarnróid ó Dhún na nGall a bhaint amach chun fás dearfach a chumasú laistigh de Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt mar atá leagtha amach sa Chroístraitéis. Is é Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt an ceathrú réigiún is mó sa tír agus tá nascacht cháilíochta ar fud na hÉireann agus níos faide ar shiúl ríthábhachtach chun tacú le forbairt spásúil straitéiseach Chontae Dhún na nGall chun athghiniúint shóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta agus rathúnas a thiomáint ar aghaidh.

5.1.1 Cúlra

Is gné ríthábhachtach é gréasán iompair inbhuanaithe ardcháilíochta i bhforbairt agus fás a chur chun cinn ar fud gach réimse forbartha eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta. Tá gréasán iompair thar a bheith bunúsach in infheistíocht a mhealladh, tionscal na turasóireachta a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus i gcruthú áiteanna agus pobal inbhuanaithe. Tá an Straitéis Iompair, mar atá leagtha amach sa chaibidil seo, nasctha go dlúth leis an gCroístraitéis atá leagtha amach i gCaibidil 2A, agus is uaithi a thagann sí. Tá cur i bhfeidhm na Croístraitéise (tagair Léarscáil 2A.1) ag brath roinnt ar na príomhnaisc iompair ar fud an Chontae, ag leibhéal straitéiseach, ag leibhéal idirchontae agus ag leibhéal áitiúil.

Aithníonn an páipéar 'Éire 2040 Ár bPlean: an Creat Náisiúnta Pleanála – Saincheisteanna agus Roghanna' (Feabhra 2017) a leanas: 'féadfaidh pleanáil iompair straitéisigh cabhrú le réigiún a gcuid acmhainneachta a bhaint amach trí ghréasáin iompair a aithint a bheidh riachtanach chun freastal ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch' (4.2.19). Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall an straitéis iompair reatha d'Éirinn mar atá leagtha amach i Taisteal Níos Cliste–Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, 2009-2020 a chuimsíonn spriocanna uailmhianacha d'aistriú modha (ag aistriú go dtí modhanna taistil malartacha de rogha ar thuras bótharbhunaithe go háirithe an carr príobháideach), laghdú ar astaíochtaí iompair agus brú tráchta a laghdú. Aithnítear go bhfuil deiseanna ann trí fhorbairt bealaí rothaíochta agus glasbhealaí tuaithe naisc inbhuanaithe a sholáthar. Mar sin féin, i ndáiríre braitheann Dún na nGall go mór ar a líonra bóithre straitéiseach, agus is amhlaidh a bheidh an cás sna blianta amach romhainn chun an dá rud a sholáthar:

- nascacht laistigh den Chontae, go háirithe idir bailte Shraith 1 agus Shraith 2 a aithníodh sa Chroístraitéis, agus ar fud an Chontae go ginearálta; agus
- an nascacht idir an Contae agus na ceantair chomharsanachta agus níos faide ar shiúl go dtí an réimse náisiúnta níos leithne.

Meastar go bhfuil nascacht idir Réigiún na Teorann agus Tuaisceart Éireann criticiúil do rathúlacht chlár oibre Chomhpháirtíocht Fáis Straitéiseach an Iarthuaiscirt, ainneoin imní faoin éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a eascirt as socruithe 'Brexit'.

Tá Contae Dhún na nGall ag brath ar fhorbairt ardchaighdeáin leanúnach a ghréasáin bóithre chun nascacht a chur ar fáil isteach, laistigh agus ar fud an Chontae don phobal áitiúil le gur féidir leo maireachtáil, bualadh lena chéile agus oibriú ann agus don fhorbairt eacnamaíochta, tráchtála agus turasóireachta chomh maith. Chun na críche seo tá ról suntasach ag gréasán bóithre tuaithe agus réigiúnacha i dtréscailteacht agus rochtain a chur ar fáil do gach ceantar sa chontae.

Comhthéacs Bóithre Straitéiseacha

Aithnítear gréasán bóithre straitéiseacha Dhún na nGall ar Léarscáil 5.1.2 agus sa Chroístraitéis. Cuimsíonn sé bóithre an Ghréasáin Iompair Tras-Eorpach (TEN-T), bóithre Náisiúnta eile agus roinnt bóithre réigiúnacha a aithníonn an Chomhairle go bhfuil tábhacht straitéiseach leo mar go n-éascaíonn na bóithre seo méideanna arda trácht feithicle, rud a cheadaíonn gluaiseacht éifeachtach tráchta idir lonnaithe laistigh agus lasmuigh den Chontae.²¹ **Faoi láthair tá Tionscadal Feabhsúcháin Bealach Tosaíochta TEN-T ag an Chéim Srianata / Roghnú Bealaigh. Cuirfear an Roghnú Bealaigh i gerích faoi R2/R3-2018 agus ar ghlacadh le bealaí rognaithe, beidh gá le hAthrú Ábharach ar an Phlean Forbartha Contae. Glacfaidh Tionscadal Feabhsúcháin Bealach Tosaíochta TEN-T nua Chonairí Bealaigh Dhún na nGall áit 'conairí bealaigh forchoimeáda thionscadal an ama atá caite' atá sa Phlean Forbartha Contae faoi láthair mar is gá, mar atá:**

- **N13-N15 Seachbhóthar Bhealach Féich Srath an Urláir**
- **N56 Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn**
- **N14 Leitir Ceanainn go Leifear**

Cuimsíonn gréasán criticiúil TEN-T na Príomhbhóithre Náisiúnta seo a leanas (tagair do Léarscáil 5.1.1):

- bóthar N15 ó Bhun Dobhráin agus ar aghaidh go Baile Dhún na nGall agus go Bealach Féich agus Srath an Urláir;
- an N13 Bealach Féich/Srath an Urláir go Leitir Ceanainn go bóthar Cheann an Droichid (agus go Doire via an A6); agus
- an N14 ó Leitir Ceanainn go bóthar Leifir (agus an Srath Bán via an A5)

Cuireann na bealaí seo nascacht chriticiúil ar fáil:

- le Baile Átha Cliath agus go dtí an oirdheisceart (via na bóithre N14 agus A5); agus le ceantar Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt níos leithne (le Doire via bealach an N13/A6; agus leis an Srath Bán via bealach an N14/A5); agus
- feadh cuid mhór d'fhad an Chontae agus go dtí an deisceart agus ceantar Chomhthionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt níos leithne, agus ceantar Chonair an Atlantaigh (via na bóithre N15 agus N13)

Cé nach bhfuil sé ar an ngréasán TEN-T, is Príomhbhóthar Náisiúnta é an N15 Bealach Féich/Srath an Urláir go Leifear, agus cuireann sé an bóthar N15 Bealach Féich/Srath an Urláir gné thábhachtach eile den ghréasán bóithre straitéiseach ar fáil in oirthear an chontae. **Príomhbhóthar Náisiúnta eile is ea**

²¹ (* I Nollaig 2013 glac Parlaimint na hEorpa le Rialachán (AE) Uimh. 315/2013 ar Threoirlínte d'fhorbairt an Ghréasáin Iompair Tras-Eorpach (Ten-T), (arna leasú i 2014 le léarscáilleana forlíontacha a chur san áireamh (AE) Uimh. 473/2014). Leag na Treoirlínte amach go nglacadh ballstáit "na bearta cuí" lena ngréasán lárnach a thabhairt chun críche faoi 2030; léiríonn na léarscáilleana bainteach leis na Rialacháin go síneann conairí ghréasáin lárnacha an TEN-T ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste, agus ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus sin amháin. Go náisiúnta, de thoradh na treorach, aithníodh cuid den N13, N14 agus N15 mar chuid de ghréasán TEN-T freisin. — Aithnítear na bealaí seo mar chonairí iompair idir uirbeacha tábhachtacha a thugann rochtain ar mhargáid idirnáisiúnta agus réigiúnacha; a aithnítear ar Léarscáil 5.1.1.)

21 (* I Nollaig 2013, glacadh le Rialachán (AE) Uimh. 1315 / 2013 maidir le Treoirlínte AE d'fhorbairt an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (TEN-T). Cuimsíonn an Gréasán TEN-T: bóithre, línte iarnróid, bealaí long, calafoirt, aerfoirt srl. Tá dhá chiseal ag gréasán TEN-T, mar atá: 1) An Croíghréasán: na naisc is tábhachtaí idir cathracha móra agus; 2) An Gréasán Cuimsitheach: naisc eile ar fud Réigiúin na hEorpa lena n-áirítear i nDún na nGall an N13, AN N14 agus an chuid is mó de bhealaí náisiúnta an N15. Sainnítear na rialacháin réamhluaite: inrochtaineacht agus nascacht réigiúnach fheabhsaithe, scrogaill tráchta a bhaint go háirithe i gcodanna trasteorann, acmhainn a mhéadú, agus sábháilteacht a fheabhsú mar thosaíochtaí ginearálta don chiseal chuimsitheach líonra. I Nollaig 2016 d'athraigh Rialachán (AE) 2017/849 stádas bhóithre Ghréasán TEN-T i nDún na nGall ó 'Bóthar/ Críochnaithe' go 'Bóthar / Le huasghrádú'.

an N3, bóthar ó Bhéal Átha Seanaidh go Béal Leice, a nascann oirdheisceart an Chontae le Baile Átha Cliath agus an tOirdheisceart (via an N4) via Inis Ceithleann.

Is é an dara gné chriticiúil de ghréasán Bóithre Náisiúnta an Chontae ná anbóthar Náisiúnta den Dara Grád, an N56 a fhreastalaíonn ar dheisceart, ar iarthar agus iarthuaiscirt agus tuaisceart an Chontae. Ní hamháin go gcuireann sé conair iompair ríthábhachtach ar fáil d'áitritheoirí agus do ghnólachtaí an cheantair ach ailíníonn an bóthar go suntasach le bealach turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Ar deireadh, aithníonn an Chomhairle freisin ríthábhacht **codanna** an ghréasáin Bóithre Réigiúnacha **atá luaite thíos, atá sainaitheanta i Léarscáil 5.1.2** mar chuid den ghréasán Bóithre Straitéiseacha **lena n-áirítear:**

- nascann na bóithre R250, R252 agus R251 iarthar an Chontae leis an lár agus an oirthear;
- an **R238**, R244, R240, agus R24 a fhreastalaíonn ar cheantar Inis Eoghain; agus
- an R245 idir Leitir Ceanainn agus **Ráth-Mealtainn Baile na nGallóglach agus a nascann a fhreastalaíonn ar** na leithinsí Fhánada agus Ros Guill **faoi-seach; agus**
- an stráice gearr ach tábhachtach den R263a nascann na Cealla Beaga agus an bóthar Náisiúnta den dara grád, an N56; **agus**
- **An-R265 An ghréasán bóithre réigiúnacha** ón Charraigín go Ros Géar.

Tugann Tábla 5.1 thíos mionsonrú ar roinnt tograí feabhsúcháin iompair beartaithe ar fud na tíre a aithnítear ar léarscáileanana, agus atá sa bhreis ar an gcothabháil agus uasghrádú leanúnach ar ghréasán bóithre áitiúla an chontae:

Tábla 5.1: — Tograí feabhsúcháin iompair beartaithe mar a aithnítear ar Léarscáileanna

Bóithre Náisiúnta	TEN-T	Bóithre Straitéiseacha (eile)	Gréasán Straitéiseach Leitir Ceanainn
N14 Leitir Ceanainn go Leifear (agus A5 via an Srath Bán) (Léarscáil 5.1.4)	Sea	Bóithre Faoisimh Seachtracha agus Imheánacha Bhun Cranncha (Léarscáil 5.1.11)	Seachbhóthar an Tuaiscirt (Léarscáil 12.1B)
N15/N13 Seachbhóthar Bealach Féich/Srath an Urláir (Léarscáil 5.1.5)	Sea	Seachbhóthar an Mhaigh (Léarscáil 5.1.12)	Seachbhóthar an Iarthair (Léarscáil 12.1B)
N14/N56 Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn/ Bóthar Ceangail Bhun an Ghaoith (Léarscáil 5.1.6)	Sea	Bóthar Ceangail Bhealach Féich-laistigh den Chreat Lonnaíochta (Léarscáil 15.2)	Seachbhóthar an Deiscirt (Léarscáil 12.1B)
N15 Leifear go Bealach Féich/Srath an Urláir (Léarscáil 5.1.7)		Seachbhóthar Bhun na hAbhann laistigh de Chreat Lonnaíochta (Léarscáil 15.25)	Bóthar Faoisimh na Súillí (Léarscáil 12.1B)
N56 Tamhnach an tSalainn go Inbhear (Léarscáil 5.1.8)		Seachbhóthar na gCealla Beag atá laistigh de Chreat Lonnaíochta (Léarscáil 15.6)	
N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta			

(Map 5.1.9)			
N56 Inbhear go dtí na Cealla Beaga (Léarscáil 5.1.10)			

Tugann Tábla 5.1A thíos forbhreathnú ar chomhpháirteanna uile an Ghréasáin Bóithre Straitéiseacha:

TÁBLA 5.1A - Gréasán Bóithre Straitéiseacha (mar a thaispeántar ar Léarscáil 5.1.2)

Gréasán Bóithre Straitéiseacha	
An N13, Bealach Féich/Srath an Urláir go Leitir Ceanainn go bóthar Cheann an Droichid	Gréasán TEN-T / Príomhbhóthar Náisiúnta
An N14, an bóthar idir Leitir Ceanainn agus Leifear	Gréasán TEN-T / Príomhbhóthar Náisiúnta
An N15, an bóthar idir Bun Dobhráin agus Bealach Féich/Srath an Urláir	Gréasán TEN-T / Príomhbhóthar Náisiúnta
An N3, an bóthar idir Béal Átha Seanaidh agus Béal Leice	Príomhbhóthar Náisiúnta
An N15, an bóthar idir Bealach Féich/Srath an Urláir agus Leifear	Príomhbhóthar Náisiúnta
An N56, an bóthar a fhreastalaíonn ar dheisceart, ar iarthar, ar iarthuaisceart agus ar thuaisceart an Chontae	Bóthar Náisiúnta den Dara Grád
Na bóithre R250, R251 agus R252 a nascann iarthar an Chontae leis an lár agus leis an oirthear;	Réigiúnach
Na bóithre R238, R240, R241, agus R244 a fhreastalaíonn ar cheantar Inis Eoghain	Réigiúnach
An R245 - an bóthar idir Leitir Ceanainn agus Ráth Mealtain, bóthar a nascann leithinsí Fhánada agus Ros Goill	Réigiúnach
An R263 - an chuid den bhóthar a nascann na Cealla Beaga agus an N56	Réigiúnach
Bóithre Réigiúnacha - An Carraigín go Ros Géar	Réigiúnach

Tionscadail Feabhsúcháin Iompair Atá Beartaithe

Tugann Tábla 5.1B thíos mionsonraí ar roinnt tionscadal feabhsúcháin iompair atá beartaithe ar fud an chontae atá sainaitheanta ar léarscáileanna, agus atá sa bhreis ar an chothabháil agus uasghrádú leanúnach ar ghréasán bóithre áitiúla an chontae.

Áirítear leis seo Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T atá comhdhéanta de 3 phríomhchuid de ghréasán TEN-T i nDún na nGall agus a thugann tosaíocht dóibh, mar atá:

- Stráice 1 - N15 / N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich / Srath an Urláir.
- Stráice 2 - N56 / N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin.
- Stráice 3 - N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/An Srath Bán/Bóthar Ceangail A5. (Nóta: Cheadaigh an Bord Pleanála nasc an N14/N15 go dtí an A5, as féin, in 2012 (ABP Tag: 05.HA033). Is féidir é seo a chur san áireamh (faoi réir comhlíontachta leis na riachtanais a bhaineann le Measúnacht Tionchair Comhshaoil, Measúnacht Iomchuí agus/nó Ceannach Éigeantach) laistigh den phróiseas TEN-T PRIPD do Chuid 3 atá ar na bacáin, nó mar mhalairt, é a thabhairt chun cinn as féin de réir mar a mheastar atá riachtanach nó oiriúnach.

Taispeántar na roghanna conairí bealaigh do na stráicí sin anois ar Léarscáil 5.1.5, Léarscáil 5.1.6 agus Léarscáil 5.1.4 faoi seach.

Tagann na conairí bealaigh roghnaithe seo in áit na gconairí bealaigh forchoimeáda stairiúla (Seachbhóthar Shrath an Urláir N13-N15, Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn an N56, agus an N14, bóthar idir Leitir Ceanainn agus Leifear) a sonraíodh roimhe seo sa phlean seo.

Tá buntáistí suntasacha ag baint le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T lena n-áirítear:

- **Eacnamaíoch:** Fás eacnamaíoch a éascú agus ligean do Dhún na nGall dul san iomaíocht go rathúil le haghaidh infheistíochta isteach trí éifeachtúlacht agus acmhainn an ghréasáin bóithre a fheabhsú lena n-áirítear amanna turas a fheabhsú, amanna ar féidir brath orthu, ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
- **Sábháilteacht:** Minicíocht agus déine imbhuailtí a laghdú/sábháilteacht ar ár mbóithre náisiúnta a fheabhsú agus sábháilteacht ar bhóithre i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe a fheabhsú trí thrácht straitéiseach a dheighilt ó thrácht áitiúil.
- **Comhshaol:** Truailliú aeir de bharr ciúail tráchta a laghdú agus leibhéal torainn a laghdú gar do shuíomhanna atá íogair ó thaobh torainn de.
- **Caighdeán na beatha:** Amanna turas a laghdú, trácht a laghdú agus spás bóthair inár mbailte agus sráidbhailte a shaoradh le haghaidh modhanna iompair inbhuanaithe (.i. siúl, rothaíocht agus iompar poiblí), bonneagar úr siúil agus rothaíochta a sholáthar mar chuid den scéim agus rochtain ar sheirbhísí sláinte agus oideachais a fheabhsú.
- **Inrochtaineacht Réigiúnach a Fheabhsú:** Inrochtaineacht chuig / ó Dhún na nGall a fheabhsú d'fhostóirí, do lucht easpórtála, do thurasóirí agus don phobal i gcoitinne.
- **Straitéiseach / Trasteorann:** Nascacht trasteorann a fheabhsú, acmhainneacht Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhuascailt.

Ina theannta sin, leagtar béim ar thábhacht straitéiseach an tionscadail sin don Chontae:

- Toradh Straitéiseach Náisiúnta de chuid an Chreata Náisiúnta Pleanála: Éire 2040 - An Tionscadal is ea inrochtaineacht réigiúnach fheabhsaithe, lena n-áirítear rochtain ar an Iarthuaisceart a uasghrádú ag baint úsáide as bealaí mar an N14 agus forbairt fhorásach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ó thuaidh tríd an bhóthar ceangail N15/N13 a uasghrádú.
- Tá "An N15 Seachbhóthar Bhealach Féich", "An N13/N14/N56 Seachbhóthar Leitir Ceanainn agus Débhealach go Mainéar Uí Chuinneagáin" agus "An N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear" go léir liostaithe mar thosaíochtaí infheistíochta laistigh den Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.
- Tá sé mar chuspóir ag an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair an tionscadal a chur i gcrích faoi 2028. (Tagraíonn Cuspóir RPO 3.7.30 den doiciméad réamhluaite dó sin).
- Tá an tionscadal iontach go deo tábhachtach maidir le rath Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus nascacht iompair fheabhsaithe idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, ar cuspóirí Beartais Náisiúnta iad araon den Chreat Náisiúnta Pleanála (tagraíonn NPO 45 agus 46 den doiciméad réamhluaite dó sin).

Áirítear le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T: An príomhlíne agus na hoibreacha sealadacha agus buana gaolmhara go léir lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gach uile acomhal, bóthar ceangail agus bóthar úr gaolmhar eile, athailíniú na mbóithre atá ann cheana de réir mar is gá mar aon le créfoirt, struchtúir agus droichid, draenáil, comharthaíocht, compúin tógála, poill charta agus limistéir shil-leagain a bhaineann leis an tionscadal réamhluaite.

TÁBLA 5.1B: Tionscadail Feabhsúcháin Iompair Bheartaithe atá Sainaitheanta ar Léarscáileanna Liostaithe Thíos.

TIONSCADAL	TAGAIRT LÉARSCÁILE
Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T	
An N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/An Srath Bán/Bóthar Ceangail A5	Léarscáil 5.1.4
N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich / Shrath an Urláir	Léarscáil 5.1.5
N56/N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin	Léarscáil 5.1.6
NÁISIÚNTA	
N15 Leifear go Bealach Féich/Srath an Urláir	Léarscáil 5.1.7

N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear	Léarscáil 5.1.8
N56 Inbhear go dtí na Cealla Beaga	Léarscáil 5.1.10
N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta	Léarscáil 5.1.9
Nasc N14/N15 go dtí an A5 (nó de réir mar is féidir é a bheith leasaithe nó curtha san áireamh, le leasú nó athrú san áireamh nó gan sin san áireamh, laistigh de na forbairtí TEN-T).	(Níl léarscáil ann).
EILE	
Bóthar Faoisimh Laistigh agus Lasmuigh Bhun Cranncha	Léarscáil 5.1.11
Seachbhóthar Mhagh	Léarscáil 5.1.12
Bóthar Ceangail Bhealach Féich	Léarscáil 15.2
Seachbhóthar Bhun na hAbhann	Léarscáil 15.25
Bóthar Faoisimh Lasmuigh na gCealla Beaga	Léarscáil 15.6
LETTERKENNY STRATEGIC NETWORK	
Conair Faoisimh Straitéiseach an Tuaiscirt	Léarscáil 12.1B & 12.3
Conair Faoisimh Straitéiseach an Iarthair	Léarscáil 12.1B & 12.3
Conair Faoisimh Straitéiseach an Deiscirt	Léarscáil 12.1B & 12.3
Conair Faoisimh Straitéiseach an Oirthir	Léarscáil 12.1B & 12.3

5.1.2 Cuspóirí

T-O-1: Le feabhsuithe a dhéanamh ar An Gréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T), a sheachadadh (mar a cheanglaíonn Rialacháin an AE (AE) Uimh. 315/2013 "Treoirínte um fhorbairt Gréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T)") mar chuid de ghréasán iompair lárnach cuimsitheach na hÉireann.

Maidir leis seo is cuspóir sonrach de chuid na Comhairle é:

- Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T (TFBTD TEN-T) a chur chun cinn agus, i ndeireadh na dála, é a chur i gcrích/a chur i bhfeidhm mar thionscadal a bhfuil tábhacht chriticiúil straitéiseach aige do Dhún na nGall faoi réir ceaduithe reachtúla riachtanacha a fháil don tionscadal sin agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le haon cheaduithe mar sin (má thugtar iad).
- Conairí bealaigh roghnaithe Thionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T, mar a thaispeántar ar léarscáileanna 5.1.4, 5.1.5, agus 5.1.6 iad, a chur in áirithe chun críocha an tionscadail mar aon leis na saoráidí coimhdeacha le freastal ar an tionscadal céanna agus gan cead a thabhairt d'fhorbairt eile laistigh de na conairí sin ina bhféadfadh an fhorbairt sin dochar a dhéanamh do chur i gcrích/chur i bhfeidhm an tionscadail réamhluaite.

T-O-1A I gcás go mbeidh aon choinbhleacht dhealraitheach ann idir, ar lámh amháin, Cuspóirí, Beartais agus/nó forálacha an phlean forbartha a dhéanann foráil d'fhorbairt Thionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T (TFBTD TEN-T) agus, os a choinne sin, aon Chuspóirí, Bheartais agus/nó forálacha eile den phlean forbartha, tabharfar tosaíocht do na Cuspóirí, do na Beartais agus do na Forálacha sin a dhéanann foráil d'fhorbairt TEN-T PRIPD thar gach foráil nó aon fhoráil eile den phlean forbartha agus léifear agus forléireofar aon fhorálacha nó Cuspóirí eile den sórt sin mar ábhar nach bhfuil chomh tábhachtach céanna, agus ní sháraíonn rud ar bith, ar aon bhealach ábhartha, na Cuspóirí, na Beartais agus na forálacha atá sa phlean forbartha seo a dhéanann foráil d'fhorbairt TEN-T PRIPD.

- T-O-2:** Conair idir-uirbeacha tábhachtacha cáilíochta a bhaint amach a thugann rochtain ar mhargaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta le nasc le iompar muirí, aeir agus iarnróid.
- T-O-3:** Soláthar do nascacht ardcháilíochta laistigh den Chontae ag teacht leis an gCroístraitéis trí chur chun cinn Gréasán Bóithre Straitéiseacha cáilíochta mar a aithnítear ar Léarscáil 5.1.2.
- T-O-4:** Uas-inrochtaineacht, éascaíocht ghluaiseachta a sheachadadh agus tograí cuí d'aistriú modha a éascú.
- T-O-5:** Rochtain mhaith a chur ar fáil ar shuíomhanna mórghníomhaíochta eacnamaíochta.
- T-O-6:** Cosaint a thabhairt do chumas iompair agus do shábháilteacht Bhóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnach sonraithe eile.
- T-O-7:** Na conairí agus bealaí a chosaint agus an talamh riachtanach do thograí feabhsúchán iompair mar a aithnítear i dtábla 5.1B thuas a fháil.
- T-O-8:** Tacú le soláthar nasc iarnróid idir Leitir Ceanainn agus Doire agus freisin go Sligeach, agus tacú le hathoscailt Chonair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Sligeach.
- T-O-9:** Tacú le rochtain ar chalafoirt agus ar aerfoirt agus a bhforbairt chuí.
- T-O-10:** Tacú le forbairt agus leathnú seirbhísí iompair poiblí, idir sheirbhísí reatha agus úra, lena n-áirítear an Tionscnamh Iompair Tuaithe, iad a éascú agus a oiread leasa agus is féidir a bhaint astu.
- T-O-11:** Tacú le feabhas cuí ar rochtain ar oileáin amach ón gcósta.
- T-O-12:** Nasc iompair trasteorann a láidriú (lena n-áirítear an A5, Conair Iompair an Iarthair) agus tacú le forbairt nasc nua go dtí agus laistigh de Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.
- T-O-13:** Tacú le forbairt siúlbealaí nua, bealaí siúlóide, rianta, glasbhealaí agus rotharbhealaí a bhaineann a oiread leasa agus is féidir as gréasáin siúlóide agus rothaíochta áitiúla, réigiúnacha agus uile-oileánda.
- T-O-14:** Tacú le forbairt iompair cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn.

5.1.3 Beartais

Bóithre

In Eanáir 2012 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 'Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta: Treoirínte d'Údaráis Phleanála' (Treoirínte DoECLG). Leagann na treoirínte amach cúinsí beartais pleanála bainteach le forbairt a mbeadh éifeacht aige ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre den dara grád, lena n-áirítear mótarbhealaí agus acomhail ghaolmhara, lasmuigh de na criosanna luasteorainneacha 50-60 kph do chathracha, bailte agus sráidbhailte. Eisíodh na treoirínte seo faoi alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus ceanglaítear ar údaráis phleanála agus ar An Bord Pleanála aird a thabhairt ar na treoirínte agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna Pleanála.

Laistigh den 'Ghréasán Bóithre Straitéiseacha' tugtar leibhéal níos airde de thábhacht straitéiseach do Phríomhbhóithre Náisiúnta & bóithre Náisiúnta den dara grád (agus an R238 ó Bhun Cranncha go Ceann an Droichid) trí fheidhmiú Beartas T-P-4 (rochtain ar Bhóithre Náisiúnta) mar gur chuid shonrach de Chonair an Atlantaigh na bóithre seo, agus soláthraíonn rochtain sheachtrach nó nasc le lárionaid daonra Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt. Tabharfar cosaint chuí do chumas iompair, d'éifeachtacht agus do shábháilteacht na mBóithre Réigiúnacha ar chuid den 'ghréasán Bóithre Straitéiseacha' iad trí Chuspóir T-O-6 agus trí Bheartais T-P-5, T-P-7 agus T-P-15, agus déanfar monatóireacht ar éifeachtúlacht an chuir chuige seo.

T-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le forbairt chuí, leathnú agus feabhsúchán an ghréasáin TEN-T (tagraíonn Léarscáil 5.1.1), agus iad a éascú, laistigh de Dhún na nGall de réir na Croístraitéise agus faoi réir cúinsí timpeallachta, sábháilteachta agus pleanála eile. Maidir leis seo is cuspóir sonrach de chuid na Comhairle é:

- a) Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T (TFBTD TEN-T) a chur chun cinn agus, i ndeireadh na dála, é a chur i gcrích/a chur i bhfeidhm mar thionscadal a bhfuil tábhacht chriticiúil straitéiseach aige do Dhún na nGall faoi réir ceaduithe reachtúla riachtanacha a fháil don tionscadal sin agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le haon cheaduithe mar sin (má thugtar iad).
- b) Conairí bealaigh roghnaithe Thionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T, mar a thaispeántar ar léarscáileanna 5.1.4, 5.1.5, agus 5.1.6 iad, a chur in áirithe chun críocha an tionscadail mar aon leis na saoráidí coimhdeacha le freastal ar an tionscadal céanna agus gan cead a thabhairt d'fhorbairt eile laistigh de na conairí sin ina bhféadfadh an fhorbairt sin dochar a dhéanamh do chur i gcrích/chur i bhfeidhm an tionscadail réamhluaite.
- c) Éascaíocht a dhéanamh ar aon fhorbairt a bhaineann le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T laistigh de thailte atá criosaithe:
 - o TFBTD TEN-T/Forbairt Bhunaithe.
 - o TFBTD TEN-T/Cúltaca Cónaithe Straitéiseach.
 - o TFBTD TEN-T/Fostaíocht Ghinearálta.
 - o TFBTD TEN-T/Spás Oscailte.
 - o TFBTD TEN-T/Taitneamhacht.
 - o TFBTD TEN-T/Comhshaoil Áitiúil.
 - o TFBTD TEN-T/Fóillíocht agus Taitneamhacht.
 - o TFBTD TEN-T/Suíomh Deise.

T-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le forbairt chuí, leathnú agus feabhsúchán gréasán iompair Dhún na nGall lena n-áirítear an Gréasán Bóithre Straitéiseach (tagraíonn 5.1.2), agus bóithre a aithnítear i dTábla 5.1 agus iad seo a éascú de réir na Croístraitéise agus faoi réir cúinsí eile timpeallachta, sábháilteachta agus pleanála.

T-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é oibriú i gcomhar le húdaráis Thuaisceart Éireann chun naisc iompair trasteorann (lena n-áirítear siúlbealaí agus rotharbhealaí) atá ann cheana a láidriú agus a fheabhsú agus tacú le forbairt nasc nua (lena n-áirítear siúlbealaí agus rotharbhealaí) chun forbairt eacnamaíochta agus spásúil spriocdhírthe Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a chumasú.

T-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairtí a éilíonn rochtain nua a cheadú nó a mbeadh géarú diúltach ar phointí rochtana atá ann cheana ar Bhóithre Náisiúnta de thoradh orthu áit a bhfuil an luasteorainn níos mó ná 60 kphnó ar bhóithre ar caitheadh leo go Caighdeán Bóithre Náisiúnta agus is iad sin (tagraíonn Léarscáil 5.1.3):

An R238 Ceann an Droichid go Bóthar Bhun Cranncha (áit a bhfuil an luasteorainn níos mó ná 60 kph)

D'ainneoin an méid thuas, i gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfaí go ndéanfaí forbairtí a bhfuil tábhacht straitéiseach réigiúnach agus náisiúnta leo, a bhreithniú nuair atá saintréithe ag na suíomhanna atá i gceist a fhágann go bhfuil siad thar a bheith oiriúnach do na forbairtí atá beartaithe, faoi réir go ndéantar soláthar d'fhorbairtí dá leithéid trí phróiseas déanamh an Phlean Ceantair Áitiúil nó Plean Forbartha, lena n-áirítear i gcomhairle leis an TII.

- T-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é an cháilíocht agus an nascacht a chuirtear ar fáil tríd an Ghréasán Bóithre Straitéiseacha (Léarscáil 5.1.2) a spreagadh, faoi réir cúinsí timpeallachta, sábháilteachta agus pleanála eile.
- T-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcuirtear gach forbairt nua a bheartaítear cóngarach do Bhóithre Náisiúnta atá ann cheana nó atá á bpleanáil siar 50m ón gciumhais amuigh den charrbhealach reatha mura mbíonn foirgnimh atá ann cheana tar éis líne foirgnithe bunaithe a dhéanamh agus sa chás sin féadfaidh na foirgnimh nua an líne foirgnithe atá bunaithe a leanúint.
- T-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go ndéanfaí aon rochtain nua ar bhóithre straitéiseacha a dhearadh ide réir, caighdeáin dearaidh bóthair atá riachtanach ag Infrastruchtúr Iompair Éireann, le húsáid lánaí ag casadh ar dheis a sheachaint mura gcruthaítear go bhfuil gá soiléir faoina gcoinne.
- T-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é Measúnacht Iompair agus Tráchta agus Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair a éileamh d'aon fhorbairt a bheartaíonn rochtain ar an nGréasán Bóithre Straitéiseacha.
- T-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle seo é go n-aithnítear Gleann na Finne mar lárshuíomh geografach laistigh den Chontae mar go bhfeidhmíonn sé mar phointe rochtana suntasach isteach sa Chontae agus tríd.
- T-P-10:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairt a cheadú a dhéanfaidh dochar do chur chun feidhme scéim iompair a aithnítear sa Phlean Forbartha.
- T-P-11:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chúí a éascú ar réitigh iompair ilmhodha, inacmhainne a thairgeann fíor-roghanna iompair do phobail agus do na glúnta atá ag teacht mar pháirceáil agus taisteal; coisithe agus rothaíocht; seirbhísí bus agus tacsáí; agus bonneagar coimhdeach.
- T-P-12:** Is beartas de chuid na Comhairle é soláthar, feabhsúchán agus síneadh a lorg ar chosáin agus soilsiú ag suíomhanna cuí faoi réir cúinsí taitneamhachta, sábháilteachta agus timpeallachta.
- T-P-13:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal ar thograí forbartha soláthar leordhóthanach do pháirceáil carranna agus socruithe seirbhísithe gaolmhara a chur ar fáil. Cinnfear an méid chruinn páirceála de réir saintréithe na forbartha agus a suíomh ag féachaint do na caighdeáin atá leagtha amach i gCaighdeáin Teicniúla agus Forbartha, Aguisín 3. Is féidir go mbeadh líon laghdaithe spásanna páirceála ar fáil do charranna sna cúinsí seo a leanas:
- Sa chás, trí Mheasúnacht Iompair agus Tráchta (TTA), go mbíonn sé mar chuid de phacáiste bearta chun modhanna iompair malartacha a chur chun cinn; nó
 - Nuair a bhíonn an fhorbairt i suíomh ard-inrochtana a fhreastalaíonn iompar poiblí maith air; nó
 - Sa chás go mbainfeadh an fhorbairt leas as acmhainn atá fágtha i gcarrchlóis phoiblí, carrchlóis a bhíonn ar oscailt d'úsáid phoiblí de ghnáth nó páirceáil carranna ar an tsráid; nó

- Nuair is léir don Údarás Pleanála go bhfuil úsáid i rith an lae ar cheann de na húsáideanna agus úsáid sa tráthnóna ar an gceann eile; nó
- Nuair is féidir a fháil amach go dtugann daoine den phobal cuairt ar an suíomh ar bhus/cóiste réamhshocraithe; nó
- Nuair a chuideodh solúbthacht le caomhnú na hoidhreacht nádúrtha nó foirgnithe, nuair a chuideodh sé le hathnuachan ceantar a bhfuil gá le hathghiniúint iontu, a éascódh cáilíocht níos fearr forbartha nó athúsáid thairbhiúil foirgneamh atá ann cheana.

Agus soláthairtí páirceála do charranna á meas éileoidh an Chomhairle

- (a) go gcuirtear céatadán de na spásanna atá le cur ar fáil in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas de réir dea-chleachtais; agus
- (b) go leithdháilfear céatadán de na spásanna atá le cur ar fáil mar phointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha de réir dea-chleachtais.

Sa chás go nglactar le leibhéal laghdaithe soláthar páirceála, ní bhainfidh sé seo de ghnáth le líon na spásanna forchoimeáda atá le cur ar fáil.

T-P-14: Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcuirfí lánaí rothaíochta, seastáin agus saoráidí coimhdeacha leordhóthanacha ar fáil i dtograí forbartha cuí ag féachaint do na caighdeáin atá leagtha amach i gCaighdeáin Teicniúla agus Forbartha, Aguisín 3.

T-P-15: Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcomhlíonann gach togra forbartha na Caighdeáin Teicniúla agus Forbartha atá leagtha amach in Aguisín 3 chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

Aer

Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall tábhacht straitéiseach Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire i soláthar príomhrochtana idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnaí chuig agus ón gContae.

T-P-16: Is beartas de chuid na Comhairle é rochtain chuí ar aerfort Dhún na nGall agus leathnú an aerfoirt a éascú agus a fheabhsú faoi réir phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

T-P-17: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhainistiú laistigh de chomharsanacht níos leithne Aerfort Dhún na nGall ag féachaint don léarscáil coimircithe atá leagtha amach ag deireadh na Coda seo (tagraíonn Léarscáil 5.1.13).

T-P-18: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le hAerfort Dhún na nGall agus é a chur chun cinn mar phríomhshócmhainn iompair agus turasoireachta do Chontae Dhún na nGall.

T-P-19: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le aerfort Chathair Dhoire agus é a chur chun cinn mar shócmhainn bonneagair trasteorann straitéiseach tábhachtach do Dhún na nGall thoir.

Calafóirt agus Seirbhísí Farantóireachta

Mar atá leagtha amach in áit eile sa phlean, tá ról tábhachtach ag calafóirt agus seirbhísí farantóireachta i gcur chun cinn beogacht shóisialta agus eacnamaíochta an Chontae.

T-P-20: Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt agus leathnú breise ar Lárionad Cuain na gCealla Beaga agus Chuan an Chaisleáin Nua a chur chun cinn agus a éascú mar chalafóirt dhoimhne tráchtála agus áineasa tábhachtach straitéiseach, faoi réir ag cúinsí timpeallachta.

- T-P-21:** Is beartas de chuid na Comhairle é na seirbhísí farantóireachta ó An Caisleán Nua go Aird Mhic Giollagáin agus Bun Cranncha go Ráth Maoláin a chur chun cinn, a chothabháil agus a fheabhsú.
- T-P-22:** Is beartas de chuid na Comhairle é seirbhísí ag Machaire Rabhartaigh agus Ailt an Chorráin a chur chun cinn agus a éascú agus calafoirt an Chaisleáin Nua agus na gCealla Beaga, a bhfuil tábhacht leis ó thaobh straitéise de, a neartú agus a fhorbairt tuilleadh.

Iarnród

Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall na deiseanna sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta bainteach le tabhairt isteach seirbhísí iarnróid an athuir isteach agus tríd an Contae.

- T-P-23:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le soláthar naisc iarnróid idir Geatabhealach nasctha Leitir Ceanainn/Doire agus go Sligeach chomh maith, agus tacú le hathoscailt Chonair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Sligeach, rud a thabharfadh gréasán iarnróid Uile Éireann chun críche.
- T-P-24:** [Ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T a chur i gcrích](#) Is beartas de chuid na Comhairle é conairí iarnróid seanbhunaithe/stairiúla ar fud an Chontae a chosaint go príomha mar sholáthar bonneagair straitéiseach (mar thograí iarnróid/bóthair/glasbhealaigh) agus sa dara háit le haghaidh forbairt áineasa. Ní bhreithneofar úsáideanna eile feadh na gconairí seo. Sa chás go bhfuil na conairí seo i mbaol cheana ag forbairt, déanfar tailte in aice láimhe a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun gabháil thar bac dá leithéid agus na bealaí seo a athcheangail chun críocha áineasa (siúlóid/rotháíocht), a chosaint chun na críocha seo. Ach i ngach cás is soláthar bonneagair straitéisigh an cuspóir sáráitheach.
- T-P-25:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chúig tograí iarnróid ar scála beag bunaithe ar an turasóireacht a éascú sa Chontae faoi réir cúinsí timpeallachta agus pleanála eile.

Seirbhísí Bus agus Tacsáí

Tá ról sóisialta ríthábhachtach ag seirbhísí bus agus tacsáí i bpobail tuaithe, ceantair thuaithe á nascadh le lonnaithe agus le seirbhísí riachtanacha mar scoileanna agus cúram sláinte. Tá cineálacha éagsúla iompair bhus agus tacsáí ag freastal ar an gContae, agus tá siad seo leagtha amach thíos:

- Seirbhísí fad-achair luasbhealaigh Bus Éireann, a nascann Dún na nGall le Doire, Baile Átha Cliath, Sligeach agus Gaillimh.
- Cuireann Bus Éireann/Ulster Bus agus oibreoirí iompair príobháideacha bealaí agus seirbhísí comaitéarachta áitiúla ar fáil ar fud an Chontae.
- Seirbhísí bus scoile a oibrítear thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, agus oibreoirí bus príobháideacha
- Seirbhísí cóiste agus mionbhus príobháideacha go Doire, Béal Feirste, Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Glaschú.
- Bealaí bus pobail a oibrítear faoin Tionscnamh Iompair Thuaithe (RTI).
- Seirbhísí tacsáí príobháideacha.
- Seirbhísí tacsáí maoinithe go poiblí, mar iad siúd a oibrítear faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

- T-P-26:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt agus feabhsú saoráidí, cláir agus tionscnaimh iompair a fhreastalaíonn ar cheantair uirbeacha agus tuaithe an Chontae araon, a éascú.

- T-P-27:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairtí iompair cuí bunaithe ar an turasóireacht agus cláir bainteach le sócmhainní turasóireachta straitéiseacha a éascú (e.g. Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Sliabh Liag).
- T-P-28:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le forbairt tionscadal agus tograí poiblí, leathphoiblí agus pobail, agus iad a éascú, tionscadail agus tograí a chuireann réitigh iompair nuálaíoch ar fáil i gceantair thuaithe, ceantair faoi mhíbhuntáiste agus ceantair theorann mar scéimeanna tuaithe páirceála agus taistil, scéimeanna comhroinnt carranna tuaithe, scéimeanna páirceála agus rothaíochta agus scéimeanna tacsáí agus bus i gcomhairliúchán le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail thuaidh agus theas faoi réir phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- T-P-29:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcuireann forbairtí ar mhórsála bonneagar leordhóthanach ar fáil d'úsáid busanna agus tacsaithe, nuair is cuí, faoi réir phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- T-P-30** Is é polasaí na Comhairle tacú le moil agus ceangail iompair phoiblí idir Leitir Ceanainn agus Bailte Straitéiseacha Shraith 2A le cois naisc fhóirsteanacha a riarann ar an chuid eile den Chontae, an ceantar tuaithe san áireamh.

Siúl agus Rothaíocht

Is iad an siúl agus an rothaíocht na cineálacha iompair is inbhuanaithe agus is príomhchoda iad de ghluaiseacht agus d'inrochtaineacht i gceantair uirbeacha agus idir-uirbeacha. Téann an siúl agus an rothaíocht chun leasa na timpeallachta agus an daonra trí thruailliú, torann agus brú tráchta a laghdú, agus cuireann siad le stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus níos gníomhaí.

- T-P-31:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcosnaíonn tograí forbartha bealach nascachtaí ionchasacha (mar pháirceanna líneacha, bóithre, cosáin, rianta, glasbhealaí agus rotharbhealaí) tríd an láithreán is ábhar do thogra nuair a mheasann an t-údarás pleanála go bhfuil deis straitéiseach ann nascacht a chur ar fáil go dtí nó idir ceantair atá buailte lena chéile.
- T-P-32:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go n-ionchorpraíonn dearadh agus leagan amach forbairt tráchtála agus tionsclaíoch ar scála mór, ilchónaitheach agus pobail, forálacha éifeachtacha agus sainiúla do ghluaiseachtaí tráchta feithicle agus coisithe laistigh den láithreán agus den cheantar.
- T-P-33:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcuireann tograí forbartha ar mhórsála bonneagar siúil agus rothaíochta ar fáil.
- T-P-34:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal ar fhorbairtí soláthar cuimsitheach a dhéanamh, nuair is cuí, do rochtain do dhaoine a bhfuil riachtanais soghluaiseachta speisialta acu de réir dea-chleachtas reatha.
- T-P-35:** Is beartas de chuid na Comhairle é bealaí rothaíochta agus siúil fadraoin agus glasbhealaí comhtháite do chaitheamh aimsire a spreagadh agus iad mar mhalairt ar an gcarr, go háirithe i gceantair thuaithe, idir lonnáíochtaí. Cuirfear áiseanna páirceála leordhóthanacha ar fáil don charr, nuair is gá, i gcomhar le haon fhorbairtí dá leithéid.
- T-P-36:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le cothabháil, feabhsú agus leathnú an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar.

5.2 Seirbhísí Timpeallachta agus Uisce

Aidhm:

Seirbhísí bonneagair leordhóthanacha a chinntiú chun soláthar iontaofa uisce glan, a chur ar fáil agus bainistiú éifeachtach dramhaíola chun fás spriocdhírthe, straitéiseach, eacnamaíochta agus daonra an Chontae a choinneáil, agus ar an gcaoi seo soláthar do chosaint na timpeallachta.

5.2.1 Cúlra

Tá an gá atá le ailíniú bonneagair uisce agus dramhuisce le straitéis fáis na Comhairle mar a leagtar amach sa Chroístraitéis é, soiléir. Ba chóir don ailíniú seo a chinntiú nach dtagann an fás measta trasna ar shócmhainní timpeallachta an Chontae. Tugtar aghaidh go mionsonraithe ar na hidirspleáchais seo in Aguisín D, an Tuarascáil Timpeallachta.

Ó thaobh infheistíochta, is é Uisce Éireann (IW) anois an príomhúdarás infheistíochta caipitil sa tír agus i 2015 d'fhoilsigh IW céad phlean náisiúnta comhtháite na hÉireann do sheachadadh seirbhísí uisce 'Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP)' a thugann aghaidh ar sé phríomhthéama:

- Seirbhís do Chustaiméirí
- Uisce óil slán agus glan
- Bainistiú éifeachtach dramhuisce
- An timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú
- Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíochta
- Infheistíocht a dhéanamh inár dtodhchaí

Leagann an WSSP cuspóirí straitéiseacha amach do sheachadadh seirbhísí uisce thar na chéad 25 bliain eile suas go 2040. Tagann an tráthchlár seo go héifeacht le fíis fhadtéarmach agus amscála an Phlean seo. Tugann sé cur síos mion ar dhúshláin todhchaí agus reatha a théann i gcion ar sholáthar seirbhísí uisce agus aithníonn na tosaíochtaí ar ghá tabhairt fúthu sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma. Déanfar athbhreithniú ar an WSSP ar bhonn cúig bliana ar a laghad chun a chinntiú go bhfuil sé cothrom le dáta i gcónaí le riachtanais reatha agus todhchaí. Tá athbhreithniú eatramhach beartaithe freisin le comhsheasmhacht a chinntiú le beartais nua atá ag teacht chun cinn sa Chreat Náisiúnta Pleanála, na Straitéisí Eacnamaíochta agus Spásúla Réigiúnacha nua agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí a fhorbrófar as seo go ceann roinnt blianta.

Díríonn Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann (CIP) 2014-2016 ar acmhainní uisce breise, laghdú ar sceitheadh agus athléimneacht fheabhsaithe trí infheistíocht i ngréasáin cumas cóireála. Tá an chéad CIP eile á ullmhú ag Uisce Éireann faoi láthair chun an tréimhse 2017-2021 (ar a dtugtar IP2) a chlúdach. Mar chuid den tionscadal sin tá athbhreithniú ar gach bonneagar uisce agus dramhuisce i gContae Dhún na nGall á dhéanamh. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe sin san áireamh sa CIP foriomlán 2017-2021. Ní mór do bheartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil bonn eolais a chur faoi CIP agus WSSP. I mí Lúnasa 2016, d'fhoilsigh Uisce Éireann a 'Plean Rialú Ioncaim Eatramhaigh 2017-2018 do Phlean Infheistíochta 2017-2021' ina sainithnítear 39 tionscadal caipitil uisce/fuíolluisce do Dhún na nGall gona mbuiséad iomlán c. €150 milliún (€81 milliún ar fuíolluisce agus €68 milliún ar uisce). Tá an infheistíocht seo lánach do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta ar fud an Chontae. Tá forbartha agus tús áite tugtha ag Uisce Éireann, i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, do chlár mór oibre a thabharfaidh faoi na heasnamh thromchúiseacha atá ar fud na scéime soláthar uisce. Cuimsítear sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí

Uisce, faoi Dhréacht-IP2 2017-2021, uasghrádú bonneagar fuíolluisce sa Chontae. Cinnteofar leis na córais nua cóireála dramhuisce go mbeidh eisilteach cóireáilte ag cur le caighdeain GCC agus go gcuirfear san áireamh fás daonra agus forbairt eacnamaíochta amach anseo sna ceantair seo. Táthar ag súil go gcinnteofar leis na tionscadail seo go gcomhlíonfar Treoracha AE agus go soláthrófar acmhainn cóireála fuíolluisce sna ceantair seo a thacóidh le fás agus forbairt eacnamaíochta.

Creat Beartais

Cosaint Uisce

Cé go bhfuil roinnt mhaith gníomhaíochtaí lasmuigh de chúinsí Pleanála ar baol ionchasach iad do cháilíocht uisce an Chontae, is baol ionchasach freisin iad gníomhaíochtaí forbartha. Cuireann reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach, beartais agus Treoracha creat corparáideach leathan ar fáil chun úsáid uiscí nádúrtha agus gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar dhobharlaigh a shrianadh. Ar na forálacha seo áirítear an Chreat-treoir Uisce (2000/60/CE arna leasú²²), an Treoir maidir le Cóireáil Dramhuisce Uirbhí (91/271/CE), an Treoir maidir le hUisce Óil (98/83/CE) agus an Creat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE).

Ó 2000 tá bainistíocht uisce san AE á stiúradh ag an WFD, a bhaineann le haibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta agus bunaíonn cur chuige comhtháite d'úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní uisce seo. Is é aidhm an WDF "ardstádas" uiscí a choinneáil áit a bhfuil sé ar fáil, meathlú ar stádas uisce atá ann cheana a chosc agus "dea-stádas" ar a laghad a bhaint amach maidir le móramh na n-uiscí faoi 2015, nó ar a dheireanaí faoi 2027. Cuirtear an Treoir chun feidhme trí Phleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMPanna). Áirítear sna RBMPanna Clár Bearta a leagann amach na cuspóirí dár n-uiscí agus a mholann na gníomhartha atá riachtanach leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Aithníodh ocht Réigiún Abhantraí d'Oileán na hÉireann a chuimsíonn 46 abhantrach, 583 fo-abhantrach agus 4,829 dobharlach níos lú in iomlán. Ullmhaíodh RBMPanna céad sraithe don ocht RBD in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Chlúdaigh na pleananna sin an tréimhse 2009-2015.

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Abhantraí Idirnáisiúnta (NWIRBMP) 2009-2015, a chlúdaíonn Contae Dhún na nGall agus lasmuigh de, mar chuid den chéad sraith de RBMPanna. Ba phríomhpháirt den NWIRBMP aithint agus luacháil ceantair faoi chosaint; is iad seo na huiscí atá faoi chosaint faoi reachtaíocht Eorpach nó náisiúnta atá ann cheana agus teastaíonn cosaint uathu mar gheall ar a n-íogaireacht don truailliú nó a dtábhacht ar leith eacnamaíochta, sóisialta nó timpeallachta. Ar na ceantair faoi chosaint áirítear foinsí uisce óil, uiscí sliogéisc, uiscí snámha, ceantair chothaitheach-íogair, Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta.

Tá ullmhú an dara sraith RBMPanna ar siúl anois. In Feabhra 2017 d'éisigh an EPA 'Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn (2018-2021)' a leagann amach na cuspóirí atá le baint amach faoi 2021. Is ionann an dara dréachtshraith RBMPanna agus cur chuige nua maidir le pleanáil bainistíochta abhantraí a ghlacann cur chuige ceantar abhantraí aonair d'Éirinn. Clúdaíonn 'Ceantar Abhantraí na hÉireann' limistéar 70,273km², le 46 aonad bainistíochta abhantrach, ar a mbeidh 583 fho-abhantrach agus 4,832 dobharlach. Tá an dréacht RBMP 2018-2021 faoi réir faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí faoi láthair go dtí deireadh Lúnasa 2017, agus é beartaithe an RBMP deiridh a fhoilsiú faoi mhí na Nollag 2017. Aithnítear gur ndearnadh roinnt dul chun cinn faoin gcéad sraith RBMPanna, d'ainneoin seo, tá gá le tuilleadh oibre má tá 'dea-stádas' cuimsitheach le baint amach faoi 2027.

Tá struchtúr nua rialachais trí shraith curtha i bhfeidhm ag Aire na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) do chur i bhfeidhm an dara timthriall RBMP a fhómann chun riachtanais an WDF a sheachadadh ar bhealach níos fearr.

²²Comhchuimsíodh na Treoracha seo a leanas ón AE sa Chreat-treoir Uisce: an Treoir maidir le hAistarraigt Uisce Óil; An Treoir maidir le hUisce Óil a Shampláil; an Treoir maidir le Malartú Eolais ar Cháilíocht Fionnuisce Dromchla; an Treoir maidir le Sliogéisc; an Treoir maidir le hÉisc Fionnuisce; an Treoir maidir le Screamhuisce (Substaintí Contúirteacha); agus an Treoir maidir le Substaintí Contúirteacha.

Leagann na Cuspóirí agus Beartais den Chaibidil seo den Phlean béim ar aitheantas na Comhairle faoi thábhacht a hacmhainn uisce agus a tiomantas dá cosaint agus a freagrachtaí pleanála spásúla á gcomhlíonadh.

Dramhaíl

Cuireann na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011 an bunús reachtaíochta ar fáil do bhainistiú dramhaíola sa Tír. Cuireann reachtaíocht agus beartais náisiúnta bonn eolais faoi na príonsabail threoracha do bhainistiú dramhaíola agus cuirtear bonn eolais fúthu sin ar a seal ag roinnt de Threoracha an AE lena n-áirítear: An Treoir maidir le Dramhaíl Ghuaiseach (96/59/CE), an Treoir maidir le Líonadh Talún (99/31/CE) agus an Chreat-treoir Dramhaíola (2008/98/CE). Leagtar amach beartas náisiúnta ar bhainistiú dramhaíola in 'Deis Acmhainne-Beartas Bainistithe Dramhaíola in Éirinn' a foilsíodh in Iúil 2012. Tugann sé cur síos ar na bearta trína ndéanfaidh Éire an bhreis dul chun cinn atá riachtanach le bheith ina sochaí athchúrsála, le fócas soiléir ar éifeachtacht acmhainne agus deireadh nach mór a chur le líonadh talún dramhaíola cathrach.

Is doiciméid pleanála reachtacha iad pleananna bainistithe dramhaíola in Éirinn a dhéanann creat a leagan amach do chosc agus do bhainistiú dramhaíolacha do cheantar réigiúnach sainithe. Faoin reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair ceanglaítear ar Phlean Forbartha cuspóirí an Phlean Bainistithe Dramhaíola dá cheantar a bheith san áireamh ann. Is freagracht reachtúil de chuid an údaráis áitiúil é pleananna bainistithe dramhaíola a ullmhú agus féadfaidh dhá údarás nó níos mó plean dramhaíola i gcomhar a ullmhú.

Cuireann 'Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht-Uladh 2015-2021' an creat straitéiseach ar fáil do chosc agus do bhainistiú dramhaíola i réigiún an iarthuaiscirt²³ ar bhealach slán agus inbhuanaithe. Is í fíis straitéiseach an Phlean Réigiúnaigh athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le bainistiú dramhaíolacha, trí bhreathnú ar ár sruthanna dramhaíola mar acmhainní ábhartha luachmhara ar féidir timpeallacht níos sláintiúla agus deiseanna tráchtála inbhuanaithe dár ngeilleagar a bheith mar thoradh ar a mbainistiú inbhuanaithe. Cuireann cur chuige straitéiseach an Phlean Réigiúnaigh béim níos láidre ar dhramhaíolacha a chosc agus ar ghníomhaíochtaí athúsáide ábhair. Ceanglaítear ar an bPlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach go ndéantar é a leasú nó go gcuirtear plean eile ina ionad gach sé bliana, de réir reachtaíochta náisiúnta.

Tá an creat roimhe seo mar bhonn le forbairt bheartas ag an gComhairle maidir le seirbhísí timpeallachta agus cosaint.

5.2.2 Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Comhairle maidir le huisce, seirbhísí timpeallachta agus cosaint:

- WES-O-1:** Tacú le Uisce Éireann i gcur chun feidhme na gcuspóirí straitéiseacha a bhfuil cur síos orthu sa 'Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (2015)' do sheachadadh seirbhísí uisce thar an 25 bliain atá le teacht suas go dtí 2040.
- WES-O-2:** Oibriú go dlúth le Uisce Éireann chun seachadadh tráthúil na seirbhísí uisce a theastaíonn chun cuspóirí forbartha an phlean seo a aithint agus a éascú de réir na Croístraitéise agus Struchtúir Lonnaíochta an Phlean seo.
- WES-O-3:** Tacú le Uisce Éireann agus é a éascú chun leibhéal sásúil seirbhíse a chinntiú, trí chórais inbhuanaithe, maidir le:
- (a) Soláthar Uisce

²³Áirítear sa réigiún seo limistéir údaráis áitiúla Chomhairle Contae an Chábháin, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Liatroma, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Shligigh.

- Soláthar leordhóthanach agus slán uisce óil folláin go dtí ceantair soláthair atá ann cheana agus go dtí na ceantair sin a aithníodh le haghaidh fáis sa Chroístraitéis agus Struchtúr Lonnaíochta;
- Cáilíocht an uisce óil atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú de réir rialacháin uisce óil reatha;
- Soláthar leordhóthanach uisce do riachtanas tráchtála agus tionsclaíoch, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí; agus
- Acmhainní uisce an Chontae a chosaint agus a chaomhnú trí íoslághdú sceite agus cur chun cinn feasachta agus baint an phobail le caomhnú uisce.

(b) Dramhuisce

- Cóireáil leordhóthanach a chur ar fáil don dramhuisce uile ag dul isteach i gcóras bailiúcháin poiblí de réir an cheadúnais sceite iomchuí do dhramhuisce arna eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil;
- Cumas cóireála dramhuisce leordhóthanach do cheantair uirbeacha tosaíochta a aithníodh sa Chroístraitéis agus Struchtúr Lonnaíochta; agus
- Rialuithe leordhóthanacha do chóireáil agus diúscairt dramhuisce tionsclaíoch agus tráchtála, nuair is cuí trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach.

WES-O-4: Creat-treoir Uisce an AE a chur chun feidhme trí fheidhmiú an Phlean Bainistithe agus Clár Bearta Abhantraí de réir mar a théann sé i gcion ar Dhún na nGall.

WES-O-5: Cáilíocht uiscí dromchla agus screamhuisc a choinneáil, a chosaint agus a fheabhsú de réir Clár na mBearta atá laistigh den Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha.

WES-O-6: Soláthar do chosaint timpeallachta, trí:

- Chosaint uisce dromchla agus screamhuisce ó thruailliú de réir an Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha, an Scéim Chosanta Screamhuisce agus Pleananna Cosanta Foinse do sholáthairtí uisce poiblí;
- Cosaint in aghaidh éilliú ithreach;
- Truailliú aeir agus torainn a íoslághdú;
- Tacú le feabhsú aon truailliú atá ann cheana; agus
- Lánchomhlíonadh Treoracha AE ábhartha, agus Beartais agus Rialacháin Eorpacha agus Náisiúnta a chinntiú agus trí mhonatóireacht agus rialú gníomhaíochtaí ábhartha.

WES-O-7: Tacú le chur chun feidhme 'Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht-Uladh 2015-2021' sa mhéid is go mbaineann sé le ceantar Chontae Dhún na nGall agus ag féachaint do spriocanna agus do chuspóirí straitéiseacha an phlean.

WES-O-8: Laghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a spreagadh.

WES-O-9: Iarracht a dhéanamh seirbhísí leordhóthanacha a chur ar fáil do:

- Bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíl tí; agus
- Bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola tionsclaíoch agus tráchtála, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

WES-O-10: Saoráidí seirbhíse éigeandála cuí a sholáthar agus a fhorbairt laistigh den Chontae.

WES-O-11: Deiseanna a shaothrú do nuálaíocht maidir le soláthar bonneagair seirbhísí uisce, go háirithe maidir le 'Bailte le Feidhmeanna Eacnamaíochta Speisialta.'

5.2.3 Beartais

Is iad seo a leanas beartais na Comhairle maidir le huisce, seirbhísí timpeallachta agus cosaint:

Soláthar Uisce

WES-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le hUisce Éireann agus é a éascú i soláthar uisce óil ardcháilíochta, caomhnú uisce, agus forbairt agus feabhsú córas uisce le freastal ar éilimh a bhfuil coinne leo ar sholáthairtí uisce slán agus glan don Chontae.

WES-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gceadaítear forbairt i gcomhar leis an soláthar uisce atá ar fáil agus go ndéantar forbairt a bhainistiú sa chaoi nach gceadaítear é ach nuair atá cumas nó acmhainní leordhóthanacha ann cheana, nó go mbeidh siad ar fáil laistigh de shaolré cead pleanála.

Dramhuisce

WES-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le hUisce Éireann agus é a éascú chun soláthar leanúnach bonneagar dramhuisce a chinntiú agus freisin uasghrádú bonneagar dramhuisce a chinntiú chun freastal ar riachtanais dramhaíola measta an Chontae.

Cosaint Timpeallachta

WES-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é an timpeallacht a chosaint ó éifeacht dhíobhálach trí fhorbairt, forfheidhmiú, ceadúnú agus idirghabháil dhíreach a stiúradh agus a rialú.

Bainistiú Dramhaíola

WES-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú, tacú le sórtáil ábhair agus athchúrsála agus é a spreagadh, agus a chinntiú go ndéantar dramhaíl a bhainistiú agus a chóireáil ach gan bheith ina chúis le truailliú timpeallachta.

WES-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é ardleibhéal seirbhíse a bhainistiú agus a choinneáil ag Lárionaid Athchúrsála agus a chinntiú go gcuirtear é seo ar fáil ar an mbealach is costas-éifeachtaí.

WES-P-7: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go bhfuil gach saoráid téarnaimh ábhar tráchtála laistigh den Chontae ceadaithe/ceadúnaithe go cuí agus iad ag feidhmiú laistigh de théarmaí a gceadúnas/ceadanna.

Cosaint Screamhuisce

WES-P-8: Is beartas de chuid na Comhairle é uiscí uile a chosaint, lena n-airítear aon láithreán ar Chlár Ceantar Cosanta na Creat-treorach Uisce trí thacaíocht a thabhairt d'Uisce Éireann lena chlár cosanta timpeallachta (lena n-airítear an Clár Bearta atá sa Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha, a éascú; agus trí chóras pleanála úsáide talún.

Beidh rialuithe bunaithe ar chur chuige bainistíochta riosca, a fhéachann le nádúr na guaise, leochaileacht an docharlaigh agus iarmhairtí ionchasacha teagmhais éillithe a fháil amach. Tá roinnt uiscíoch atá tábhachtach go háitiúil i nDún na nGall, ina stóráiltear méideanna móra uisce agus a bhfuil an cumas iontu uisce a stóráil do scéimeanna beaga grúpa agus sráidbhaille. (Féadtar pointí Aistarraingthe

Screamhuisce Poiblí agus Pleananna Cosanta Screamhuisce gaolmhara a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

WES-P-9: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le hUisce Éireann agus é a éascú chun Rialacháin Chóireála Dramhuisce Uirbigh a chomhlíonadh agus an Ceadúnas Sceite Dramhuiscemaidir le sceití dramhuisce uirbigh go haibhneacha, inbhir agus an fharraige mhór, agus chun forbairt eacnamaíochta agus sóisialta a cheadú trí sheachadadh a chlár scéime camrais, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

WES-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é a Clár Grúpscéimeanna Uisce a chur i bhfeidhm agus tacaíocht riaracháin agus theicniúil leordhóthanach do choistí grúpscéimeanna a chur ar fáil, agus chun cuidiú leis na scéimeanna seo le próiseas glactha faoina chúram Uisce Éireann más mian leis na grúpaí é seo a dhéanamh.

WES-P-11: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le hUisce Éireann agus é a éascú chun a chinntiú go ndéantar dramhuisce a ghintear a bhailiú agus a dhiúscairt ar bhealach slán inbhuanaithe atá ag teacht leis an gcomhchur chuige a bhfuil cur síos air sna Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) is deireanaí agus le cuspóirí an Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha agus é seo á dhéanamh beidh feidhm le seo a leanas:

1. Do theaghais aonair (nó a coibhéis) le coibhéis daonra níos lú ná 10 nó cothrom le 10 i gceantar gan séarach:

Ní cheadófar tograí do theaghais aonair (nó a coibhéis) i gceantar gan séarach ach i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach ndéanfaidh an fhorbairt, nuair a bhreithnítear é sa bhreis ar fhorbairt atá ann cheana nó a ceadáíodh roimhe seo, dochar don chumas freastal ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha. Agus iarratas pleanála á dhéanamh caithfidh an t-iarratasóir eolas a chur isteach faoin gcineál córais chóireála atá beartaithe ar an láithreán agus fianaise faoi oiriúnacht an láithreáin don chóras atá beartaithe. Caithfidh measúnóirí oiriúnachta láithreáin na measúnuithe go léir a dhéanamh de réir na treorach is deireanaí a chuirtear ar fáil sa Chód Cleachtais.

Beidh gá le seo a leanas chomh maith:

- (a) Caithfidh an córas cóireála dramhuisce an leasú is deireanaí ar an gCód Cleachtais do Chóireáil Dramhuisce agus Córais Diúscairt a Fhreastalaíonn ar Theaghaisí Aonair (p.e. ≤ 10) foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, a chomhlíonadh, agus caithfear an córas a roghnú, a dhearadh agus a shuiteáil i gcomhréir leis an gCód Cleachtais seo.
- (b) Sa chás go dteastaíonn córais chóireála dílsithe teastóidh Deimhniú ó Bhord Agrément na hÉireann nó caithfear caighdeán infhíoraithe neamhspleách aitheanta a bhaint amach.
- (c) Roimh áitiú teaghaise, cuirfear fianaise scríofa/deimhniú ar fáil don Údarás Pleanála ag deimhniú go bhfuil an tanc séarachais/an córas cóireála dramhuisce suiteáilte de réir théarmaí agus choinníollacha an cheandúnais pleanála a deonaíodh.
- (d) Roimh áitiú beidh clár oibríochta agus cothabhála rialta don chóras dramhuisce curtha isteach ag na húnéirí.

2. Do theaghais aonair (nó a coibhéis) le coibhéis daonra níos lú ná 10 nó cothrom le 10 i gceantar le séarach:

Ní cheadófar tograí do theaghais aonair (nó a coibhéis) i gceantar le séarach ach i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach ndéanfaidh an fhorbairt, nuair a bhreithnítear é sa bhreis ar fhorbairt atá ann cheana nó a ceadáíodh roimhe seo, dochar don chumas freastal ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha. Agus iarratas pleanála á dhéanamh beidh ar iarratasóirí an pointe ag a bhfuil sé beartaithe nascadh leis an gcóras atá ann cheana a léiriú, agus beidh orthu toiliú chun

nascadh leis an gcóras atá ann cheana a chur ar isteach, dearbhú cumais ann san áireamh. Nuair nach bhfuil cumas a dhóthain ag an séarach nó córas cóireála atá ann cheana féadfaidh an tÚdarás Pleanála dá rogha iomlán féin córas cóireála a cheadú ar an láthair a chomhlíonann na forálacha do cheantar gan séarach thuas.

3. D'ílfhorbairtí (nó a gcoibhéis):

Caithfidh tograí dá leithéid a bheith cuí agus ag teacht le cuspóirí agus beartais eile sa Phlean agus i gcásanna dá leithéid déanfaidh an Chomhairle measúnú ar thograí i gcomhthéacs na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha, agus téarmaí an cheadúnais sceite dramhuisce nó an teastas dramhuisce ábhartha agus ag féachaint d'ílfhorbairtí ceadaithe nó atá ann cheana. Sa chás nach bhfuil cumas leordhóthanach ann cheana i ngléasra cóireála dramhuisce chun freastal ar fhorbairt nua beidh feidhm leis seo a leanas:

- (a) Sa chás go bhfuil soláthar cumais ar tí tarlú agus:
- (i) go bhfuil séarach ann cheana le cumas hidrálach leordhóthanach, féadtar cead a thabhairt do ghléasra cóireála eatramhach a scaoilfidh eisilteach cóireáilte isteach sa séarach. Déanfar an gléasra a dhíchoimisiúnú láithreach tar éis soláthar an chumais chóireála riachtanaigh agus déanfar an dramhuisce a threorú isteach sa séarach. Beidh feidhm leis na coinníollacha atá liostaithe faoi (A) i dTábla 5.2.1 thíos.
 - (ii) nach bhfuil aon séarach ann cheana, féadtar cead eatramhach a thabhairt do ghléasra cóireála áit a bhfuil ceadúnas faighte chun eisilteach cóireáilte a scaoileadh isteach sa timpeallacht ghlactha. Beidh feidhm freisin leis na coinníollacha atá liostaithe faoi (A) i dTábla 5.2.1 thíos.
- (b) Sa chás nach bhfuil soláthar cumais ar tí tarlú, ní cheadófar forbairt de ghnáth, ach:
- (i) Sa chás go bhfuil séarach nó scaoileadh dramhuisce ann cheana sa cheantar máguaird déanfar soláthar cumas cóireála dramhuisce ag forbróir a bhreithniú ar an gcoinníoll go bhfuil an cumas ag an ngléasra cóireála freastal ar an bhforbairt ceadaithe, beartaithe nó atá ann cheana go leibhéal suntasach. Beidh feidhm leis na coinníollacha atá liostaithe faoi (B) i dTábla 5.2.1 thíos.
 - (ii) Sa chás nach bhfuil aon séarach ann cheana agus nach feidhm le (b)(i) féadtar cead a thabhairt do ghléasra cóireála chun freastal ar an bhforbairt nuair a fhaightear ceadúnas leis an eisilteach cóireáilte a scaoileadh isteach sa timpeallacht ghlactha. Beidh feidhm leis na coinníollacha atá liostaithe faoi (C) i dTábla 5.2.1 thíos:

Tábla 5.2.1: Ceanglais maidir le cóireáil dramhuisce d'ílfhorbairtí

Critéir	Mionsonraí na gCeanglas
(A)	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Caithfidh an gléasra cóireála cóireáiltánaisteach ar a laghad a chur ar fáil agus caithfidh méid a dhóthain a bheith ann le freastal ar gach réadmhaoin laistigh den fhorbairt. ▪ Caithfidh an córas a bheith deartha le nascadh éasca ar an séarach poiblí beartaithe agus ní mór nascadh láithreach leis an séarach poiblí tar éis coimisiúnú na saoráide cóireála dramhuisce poiblí. ▪ Caithfear fianaise ar chomhaontú cothabhála le soláthraí an aonaid chóireála shealadaigh a chur isteach chuig an t-údarás pleanála. ▪ Déanfaidh an soláthraí an t-aonad cóireála sealadach a shuiteáil agus a choimisiúnú. ▪ Déanfar córais aonad cóireála sealadacha a roghnú, a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil de réir na treorach atá leagtha amach i Lámhleabhair Chóireála Dramhuisce, Córais Chóireála do Phobail

Critéir	Mionsonraí na gCeanglas
	<p>Bheaga, Ghnólachtaí, Ionaid Áineasa agus Óstáin foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Caithfidh an tÚdarás Áitiúil sonraíocht an aonaid chóireála dramhuisce shealadaigh a cheadú. ▪ Beidh Muirir Fhorbartha de réir na Scéime Ranníocaíochta Forbartha iníoctha. ▪ Beidh bonneagar cóireála dramhuisce ann, é ag feidhmiú, agus cumas leordhóthanach ann roimh áitiú aon chuid den fhorbairt.
(B)	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Caithfidh suíomh, láithreánú, dearadh, tógáil, suiteáil agus coimisiúnú an ghléasra cóireála, sruth éalaithe agus bonneagar riachtanach eile a bheith chun sástachta an údaráis phleanála. ▪ Caithfidh an próiseas cóireála a bheith leordhóthanach lena chinntiú go bhfreastalóidh an scaoileadh amach ar cheanglais an chomhchuir chuige mar a shainítear i Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 (nó aon rialacháin leasaithe). ▪ Caithfidh an t-iarratasóir teacht ar chomhaontú le Comhairle Dhún na nGall agus le hUisce Éireann maidir le roinnt na gcostas caipitil agus freisin maidir le roinnt aon chostais chothabhála agus oibriúcháin a thabhaítear don ghléasra cóireála sa tréimhse roimh a ghlacadh faoina gcúram. ▪ Beidh bonneagar cóireála dramhuisce in áit, ag feidhmiú agus le cumas leordhóthanach ann roimh áitiú aon chuid den fhorbairt.
(C)	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Déanfar córais aonad cóireála a roghnú, a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil de réir na treorach atá leagtha amach sna Lámhleabhair Chóireála Dramhuisce, Córais Chóireála do Phobail Bheaga, do Ghnólachtaí, Ionaid Áineasa agus Óstáin foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus freisin chun sástachta an Údaráis Phleanála. ▪ Caithfear fianaise ar shocrú cothabhála le soláthraí an aonaid chóireála shealadaigh a chur isteach chuig an údarás phleanála. ▪ Beidh Muirir Forbartha de réir na Scéime Ranníocaíochtaí Forbartha iníoctha. ▪ Beidh bonneagar cóireála dramhuisce in áit, ag feidhmiú agus cumas leordhóthanach aige roimh áitiú aon chuid den fhorbairt.

WES-P-12: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhainistiú chun riosca a laghdú agus/nó iarmhairtí mórthionóiscí a theorannú a mbíonn substaintí guaiseacha bainteach leo.

I gcomhthéacs beartais agus cuspóirí a bheith san áireamh chun críocha riosca mórthionóisce a laghdú agus iarmhairtí mórthionóisce a theorannú ceanglaítear ar an bPlean Forbartha suíomh agus nádúr láithreán bunaithe laistigh de cheantar an phlean a léiriú.

D'fhéadfadh go mbainfeadh critéir forbartha le achair chuí a choinneáil idir guaiseanna agus ceantair chónaithe, ceantair úsáide poiblí, agus/nó ceantair a bhfuil íogaireacht nó suim nádúrtha ar leith bainteach leo. Beidh caidreamh dlúth ag an gComhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ina leith seo agus beidh ar aon tograí phleanála a chuirfí isteach rialacháin, treoirínite, agus Treoracha bainteach leis an Treoir um Mórthionóiscí a chomhlíonadh.

5.3 Teileachumarsáid

Aidhm:

Forbairt gréasáin Teileachumarsáide inbhuanaithe agus ardcháilíochta don Chontae a éascú mar ghné chriticiúil chun tacú le fás i ngach réimse den gheilleagar agus cáilíocht na beatha do mhuintir Dhún na nGall a mhéadú.

5.3.1 Cúlra

Is príomhghnéithe d'fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta an Chontae iad gréasáin Teileachumarsáide ardluais. Tacaíonn leathanbhanda ardluais agus seirbhísí teileafónaíochta le gach earnáil eacnamaíochta, cuireann rochtain uilíoch ar fáil do sheirbhísí poiblí, iad ríthábhachtach do mhalartú náisiúnta agus idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí, agus feidhmíonn siad mar chatalaíoch in idirchaidreamh eacnamaíochta a athrú trí athrú teicneolaíochta sciobtha.

Tá forbairt leanúnach agus sciobtha Teicneolaíochta na Cumarsáide agus na Faisnéise (ICT), agus fás leathan ar úsáid na hIdirlíne mar gheata rochtana criticiúil don trádáil idirnáisiúnta in earraí agus seirbhísí, idirghníomhú líonraithe sóisialta agus teacht chun cinn coinbhéirseachta craoltóireacht phríomhshrutha na meán agus feidhmeanna cumarsáide móibíleacha, ag giniúint éileamh atá ag fás de shíor ó úsáideoirí gnó, oideachasúla, craoltóireacht na meán agus úsáideoirí cónaitheacha ar luais níos airde íoslódála agus uaslódála, cumas breise agus iontaofacht agus athléimneacht níos mó.

Tá gréasán cumarsáide Teileachumarsáid ardluais inbhuanaithe lárnach do sholáthar seirbhísí leathanbhanda, inrochtana ardcháilíochta do chách. Cuimsíonn sé seo raon ardán Teileachumarsáide, a fhorbraítear ar bhealach íogair ó thaobh na timpeallachta.

Baineadh roinnt mhaith dul chun cinn amach le blianta beaga anuas trí thionscadail có-mhaoinithe ag an AE agus go Náisiúnta ag tabhairt aghaidh ar na heasnaimh ar an gcroíghréasán leathanbhanda agus idirnasacht idirnáisiúnta trí chur chun feidhme na Scéimeanna Gréasán Ceantair Cathrach sna bailte seo a leanas sa Chontae: Gaoth Dobhair, Leitir Ceanainn, Bun Dobhráin, Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich/Srath an Urláir, Carn Domhnach agus Baile Dhún na Gall.

Tá rolladh amach tionscamh 'Tionscadal Kelvin' tar éis nascacht idirnáisiúnta den scoth a bhunú dírithe ar Gheatabhealach Leitir Ceanainn-Doire. Cuireann an teicneolaíocht seo rochtain dhíreach ar fáil ar chábla snáthoptaice fomhuirí trasAtlantach a shíneann fad le gréasáin cábla snáthoptaice talamhbhunaithe le nascacht ar fud Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe agus mór-roinn na hEorpa. Sheol tabhairt chun críche an tionscadail Dún na nGall agus an réigiún mar shuíomh tarraingteach do chuideachtaí domhanda, mar príomhchuideachtaí airgeadais, soláthraithe seirbhíse margaí airgeadraí agus cuideachtaí na meán a dteastaíonn bandaleithead sárluais, ardacmhainne, praghsáilte go hiomaíoch, athléimneach le aga foláigh uathu. Léiríonn Léarscáil 5.3.1 mionsonraí an bhealaí ag líne Kelvin, anuas ar shuíomh malartuithe Eircom DSL, an idirnascoir leathanbhanda idir an Phoblacht agus Tuaisceart Éireann agus gréasán cnámh droma leathanbhanda Eircom.

Chuir tionscadail eile mar an Scéim Leathanbhanda Náisiúnta agus tionscadal Seirbhísí Gréasáin Pobail a sheachdтар go háitiúil, feabhas ar infhaighteacht seirbhísí leathanbhanda den chéad ghluin ar fud na tíre.

Tá cuideachtaí Teileachumarsáide féin tar éis infheistiú láidir a dhéanamh i seirbhísí Teileachumarsáide socraithe agus móibíleacha ar bhonn tráchtála le blianta beaga anuas. Tá céatadán ard malartán leathanbhanda ardluais cumasaithe i gContae Dhún na nGall i gcomparáid le Contaetha tuaithe eile.

Dála áiteanna eile sa tír áfach, tá deighilt tuaithe/uirbeach maidir le leathanbhanda ardluais ag teacht chun cinn ar fócas an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda é.

An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Tá Rialtas na hÉireann tar éis tábhacht leathanbhanda ardluais a aithint, go háirithe do cheantair thuaithe agus tá sé tar éis straitéis idirghabhála chuimsitheach a fhorbairt – an Plean Náisiúnta Leathanbhanda.

Is tionscnamh beartais de chuid an Rialtais an Plean Náisiúnta Leathanbhanda dírithe ar leathanbhanda ardluais a sheachadadh chuig gach saoránach agus gnó in Éirinn. Tá an cuspóir seo á bhaint amach trí chomhcheangal d'infheistíocht tráchtála luathaithe ag oibreoirí cuideachtaí teileachumarsáide, agus clár idirghabhála Stáit chun leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do na coda sin den tír áit nach bhfuil sé indéanta go heacnamaíoch go ndéanfadh an earnáil tráchtála infheistíocht ann.

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis freachnamh léarscáile a dhéanamh chun áitribh a aithint a ndéanfaidh oibreoirí tráchtála freastal orthu agus iad siúd nach ndéanfaidh. Tabharfaidh an scéim idirghabhála stáit cúnamh airgeadais chun cuidiú le soláthar seirbhísí leathanbhanda ardluais sa cheantar idirghabhála trí phróiseas iomaíoch. I gContae Dhún na nGall déanfaidh oibreoirí tráchtála freastal ar thart ar 48,249 áitreabh agus déanfar freastal ar 52,269 áitreabh faoin Straitéis Idirghabhála Náisiúnta Leathanbhanda. Beidh freagracht chomhpháirteach ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil as seachadadh an chláir. Tá tairgeoirí faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda ag beartú cábla snáthoptaice go háitreabh mar réiteach, ar dhea-scéal é don tuath in Éirinn. Meastar go mbronnfar na conarthaí d'fheidhmiú an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ag deireadh 2017 agus go mbeidh an tréimhse cur chun feidhme ag dul ó 2018 – 2023.

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag obair go dlúth le hÚdaráis Áitiúla ag ullmhú don rolladh amach. Tá an dá Roinn Rialtais tar éis Tascfhórsa Leathanbhanda agus Fón Póca a chur ar bun i gcomhar chun aghaidh a thabhairt láithreach ar fhrustachas drochnascachta agus cúnamh a thabhairt lena fuascailt, agus chun an bealach a ullmhú do shíneadh amach Lónra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. D'eisigh an Tascfhórsa a thuarascáil tosaigh i Nollaig 2016 a leagann amach raon tionscnamh chun nascacht agus clúdach soghluaiste a fheabhsú. Tabharfaidh Grúpa Cur Chun Feidhme tuairisc rialta don Rialtas ar dhul chun cinn.

Tá sé tugtha ar aird go mbeidh rialacháin Forbairt Dhíolmhaithe leasaithe agus athbhreithniú ar na treoirlínte pleanála reachtúla (Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta) le tabhairt chun cinn ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chuid den tionscnamh seo. Beidh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall na socruithe leasaithe seo a chomhlíonadh, má ghlactar nó nuair a ghlactar leo mar reachtaíocht.

Aithníonn an Chomhairle Lónraí leathanbhanda ardluais agus fón póca mar bhonneagar riachtanach do chumarsáid nua-aimseartha, tacaíocht ghnó agus freisin do sheirbhísí ceantar uirbeacha mar aon le cuid mhaith ceantair thuaithe ar fud an Chontae. I nDún na nGall tá tionchar tábhachtach atá ag dul i méid ag an mbonneagar seo ar an ngeilleagar tuaithe, sa talmhaíocht, sa turasóireacht agus i ngnólachtaí eile, tionchar eacnamaíochta agus sóisialta na hiargúlachta agus na himeallachta á laghdú.

Is féidir le taitneamhacht amhairc agus díghrádú timpeallachta a bheith ina bpríomhcheist maidir le tograí crann & aeróga agus tá breithniú cúramach ar na héifeachtaí carnacha agus ar thionchar sainiúil ag dul do gach togra aonair. Tá suíomh tograí teileachumarsáide ina cheist lárnach agus aghaidh á thabhairt ar chosaint ár n-oidhreacht foirgnithe agus nádúrtha. Is é comhlonnú aeróga ar chrainn atá ann cheana agus comhlonnú crann ar láithreáin atá ann cheana an rogha is fearr mar go ndéanfadh sé éileamh ar chruthú suíomhanna crann nua ar fud an Chontae a dhíchur, ag teacht le moltaí Treoracha Rialtais ar Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta. Spreagfar lonnú

aeróga ar struchtúir atá ann cheana mar phiolóin agus aeróga leictreachais de réir mar is cuí. Is príomhuirlis í an mheasúnacht tionchair amhairc sna cúinsí cuí le scrúdú a dhéanamh ar an méid tionchair a bhíonn ag struchtúr beartaithe ar an óst-timpeallacht.

Is minic go dtógtar saincheist Cúinsí Sláinte maidir le tograí crann & aeróg. Tá an Chomhairle faoi threoir treoirlínte an Rialtais dá dtagraítear thuas ina bhfuil ráiteas ar ghnéithe Sláinte & Sábháilteachta agus ceanglas go gcuireann iarratasóirí ar phleanáil ráiteas isteach maidir le comhlíonadh Treoirlínte an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht (IRPA) nó an choibhéis Eorpach agus fianaise go gcomhlíonann a suiteáil bheartaithe na treoirlínte. Tugann ceadúnú teileafónaíochta soghluaiste aghaidh ar astaíochtaí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin idirnáisiúnta agus dá bharr deir Treoirlínte an Rialtais nach gnó d'údaráis phleanála é an mhonatóireacht.

5.3.2 Cuspóirí

TC-O-1: Forbairt agus seachadadh líonra teileachumaráide inbhuanaithe ar fud an Chontae trí raon córas teileachumarsáide, a forbraíodh agus aird chuí á thabhairt ar oidhreacht nádúrtha agus foirgnithe agus do chúinsí timpeallachta.

TC-O-2: Tacú le himlonnú an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus é a éascú, an plean fóirdheontais Náisiúnta chun Leathanbhanda Ardluais a sheachadadh go dtí gach teaghlach tuaithe laistigh de na ceantair a bhfuil freastal tráchtála orthu mar a shainítear ar Léarscáil an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus tionscadail dá leithéid, faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

5.3.3 Beartais

TC-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é imlonnú an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú, an plean fóirdheontais Náisiúnta chun Leathanbhanda Ardluais a sheachadadh go dtí gach teaghlach tuaithe lasmuigh de na ceantair a bhfuil freastal tráchtála le déanamh orthu mar a shainítear ar Léarscáil an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus tionscadail dá leithéid, faoi réir aon srianta ag éirí as ainmnithe náisiúnta/idirnáisiúnta agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

TC-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é mórLíonra gan Sreang ICT (amharclíne) a chosaint. Déanfar tograí forbartha a thagann laistigh den líonra a bhreithniú i gcomhairle le Roinn Córas Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall. Sa chás go meastar éifeachtaí diúltacha a bheith ag an togra forbartha ar an líonra, beidh ar an bhforbróir bearta a aithint agus a chur chun feidhme leis an mbac seo a shárú. Tá an líonra leagtha amach i Léarscáil uimh. 5.3.2. Cuirfear leagain nuashonraithe ar fáil thar thréimhse an Phlean via www.donegalcoco.ie le nuashonraithe agus forbairtí ar an líonra a léiriú de réir mar a thagann siad chun cinn.

TC-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéanfaí comhlonnú aeróga agus miasa nua nó athsholáthairtí ar chrainn atá ann cheana agus comhlonnú agus cruinniú crann nua ar láithreáin a bhí ann cheana, mura gcuirtear cás doiciméadaithe go hiomlán isteach le go ndéanfaí é a bhreithniú, maraon leis an iarratas a mhíníonn na cúinsí beachta a chuaigh i gcoinne comhlonnaithe agus/nó cruinnithe. Lonnófar aeróga teileachumarsáide nua agus struchtúir tacaíochta de réir forálacha Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 1996 (nó arna leasú) agus ní fhéachfar orthu le fonn de ghnáth laistigh de Cheantair Sárscéimhe, taobh le scoileanna, struchtúir chosanta nó láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí eile. I mbailte agus i sráidbhailte déanfaidh oibreoirí iarracht lonnú in eastáit nó i gceantair tionsclaíocha nuair is féidir.

- TC-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí d'aeróga agus do mhiasa teileachumarsáide athsholáthair a bhreithniú nuair is féidir aon aeróg/mias nua beartaithe a shuiteáil agus a lonnú ar bhealach nach bhfuil éifeacht diúltach aige ar na taitneamhachtaí amhairc, an oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha & seandálaíochta nó leas cáilitheach aon cheantar dá leithéid. Beidh aon togra do mhiasa/aeróga athsholáthair faoi réir cúinsí ábhartha, lena n-áirítear ainmnithe timpeallachta agus cúinsí taitneamhachta.
- TC-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí d'aon struchtúir tacaíochta teileachumarsáide athsholáthair a bhreithniú nuair is féidir aon struchtúr tacaíochta nua a shuiteáil agus a lonnú ar bhealach nach mbíonn tionchar diúltach aige ar na taitneamhachtaí amhairc, ar oidhreacht fhoirgnithe agus seandálaíochta nó leas cáilitheach aon cheantar dá leithéid. Beidh aon togra do struchtúir tacaíochta teileachumarsáide athsholáthair faoi réir gach cúinse ábhartha, lena n-áirítear ainmnithe timpeallachta agus cúinsí taitneamhachta.
- TC-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é nach gceadófar tograí do struchtúir tacaíochta teileachumarsáide nua, aeróga agus miasa laistigh de Cheantair Sárscéimhe.
- TC-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é go gcaithfear bóithre rochtana bainteach le forbairt teileachumarsáide a dhearadh agus a thírdhreachú chun aon chur isteach amhairc agus timpeallachta ar an tírdhreach a sheachaint, caithfear Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga a chomhlíonadh agus ag féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, na leasa cáilitheacha agus bagairtí do shláine aon láithreán Natura 2000.
- TC-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal, nuair is cuí, (trí chúinsí pleanála más gá) go ndéanfar suiteáil duchtála leathanbhanda i gcomhar le scéimeanna bóthar, séarach, príomhphíobán uisce, tráchtála agus cónaithe, lena n-áirítear teaghais tuaithe aonair.

5.4 Tuilte

Aidhm:

Tograí forbartha a bhainistiú laistigh de cheantair atá i mbaol ó thuilte ar bhealach seicheamhach bunaithe ar sheachaint, ionadú, fírinniú agus maolú agus a chinntiú ar bhealach eile gur féidir baol tuile a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha gan baol ó thuilte a mhéadú in áit eile.

5.4.1 Cúlra

Réamhrá

Is tarlú nádúrtha é tuile nach féidir a chosc go hiomlán. Bíonn cúiseanna éagsúla leis (e.g. báisteach, abhainn, taoide/cósta, screamhuisce) iad in éineacht go minic agus féadfaidh sé tarlú i raon suíomhanna. Féadfaidh daoine daonna riosca tuile a mhéadú tuilleadh trí ghníomhartha mar fhorbairtí a thógáil ar shuíomhanna atá i mbaol ó thuilte, cumas stórála tuilemhá á laghdú nó rith chun srutha uisce dromchla a mhéadú trí ró-úsáid dromchlaí crua.

Bíonn sé deacair uainiú agus méid tuile a thuar go minic mar gheall ar an idirghníomhú casta as a n-eascaíonn tuile (e.g. déine agus fad na báistí, méid an dobharcheantair, ithir, grádán, geolaíocht, rith chun srutha uisce dromchla, cúinsí taoide etc). Chomh maith leis sin tá sé tuartha go dtarlóidh imeachtaí tuile níos minicí agus níos déine de thoradh athrú aeráide.

Le blianta beaga anuas tharla roinnt imeachtaí tuile i nDún na nGall a rinne damáiste suntasach socheacnamaíoch e.g. Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (2013 agus 2014), an Bun Beag (2009) agus Ráth Bhoth (2008). Ach measann an Chomhairle gur féidir leis an bpróiseas pleanála ról dearfach suntasach a bheith aige i mbainistiú baol tuile trí ghníomhartha a chinntiú: nach dtógtar forbairtí leochaileacha ar shuíomhanna aitheanta a mbíonn claonadh tuile iontu, nach laghdaíonn forbairtí an cumas stórála nádúrtha a chuireann tuilemhána ar fáil, agus nach méadaíonn forbairtí rith chun srutha dromchla uisce níos mó ná na rátaí nádúrtha.

Reachtaíocht agus Treoir

I 2007 tháinig an Treoir maidir le Tuilte de chuid anAE (2007/60/CE) i bhfeidhm. Bhí sé d'aidhm ag an treoir seo drochiarmhairtí tuile a laghdú ar shláinte an duine, ar an timpeallacht, oidhreacht chultúrtha agus gníomhaíocht eacnamaíochta. Cheangal an treoir ar Bhallstáit léarscáiliú a dhéanamh ar mhéid na tuile agus na sócmhainní agus na daoine i mbaol sna ceantair seo agus chun bearta leordhóthanacha agus comhorduithe a dhéanamh leis an mbaol a laghdú.

I Samhain 2009, d'fhoilsigh an DoEHLG An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile – Treoirínte d'Údaráis Phleanála. Déanann na treoirínte seo a leanas:

- Glacann siad cur chuige réamhchúramach i leith tuile.
- Leagann siad amach cur chuige Seicheamhach do bhainistiú forbartha i gceantair atá i mbaol ó thuilte ar féidir achoimre leathan mar a leanas a thabhairt air:
 - Forbairt i suíomhanna atá i mbaol ó thuilte a sheachaint.
 - Cuir úsáid talún/forbairt ina ionad nach bhfuil chomh leochaileach do thuile nuair nach bhfuil seachaint indéanta.
 - Úsáid talún/forbairt bheartaithe a fírinniú de réir Tástáil Fírinnithe shonrach nuair nach bhfuil seachaint agus ionadú indéanta.

- Aon bhaol iarmharach ó thuilte ag éirí as an bhforbairt a mhaolú go dtí leibhéal inghlactha i gcás gur éirigh leis an bhforbairt sa tástáil fírinneithe.
- Ceangal ar ullmhú Measúnachtaí Baol Tuile Straitéiseacha (SFRA); Ceantair atá i mBaol ó Thuilte a aithint, measúnú a dhéanamh ar bhonneagar tuile atá ann cheana, bearta ionchasacha cosanta tuile a aithint
- Ordilathas seo a leanas de Cheantair atá i mBaol ó Thuilte agus catagóirí Forbartha Leochaileacha a aithint trínar féidir an Tástáil Seicheamhach a fheidhmiú.

Leagtar amach na catagóirí Criosanna Tuile agus Forbairtí Leochaileacha is infheidhme do na Treoirínte Bainistithe Tuile sa bhfo-roinn ar Ghluais/Mínithe thíos.

Ainmníodh Oifigí na nOibreacha Poiblí (OPW) mar an ghníomhaireacht threorach do bhainistiú baol tuile in Éirinn agus mar Údarás Inniúil do chur chun feidhme na Treorach maidir le Tuilte. Tá an OPW tar éis Measúnacht agus Bainistíocht Riosca Tuile Náisiúnta Dobharcheantar-bhunaithe (CFRAM), a dhéanamh, ar cuireadh tús leis i 2011 a raibh d'aidhm aige: guais tuile agus baol tuile atá ann cheana a aithint agus a léarscáiliú i gCeantair le haghaidh Tuilleadh Measúnachta (AFA) áirithe, roghanna inmharthana a leagan amach do bhainistiú inbhuanaithe agus éifeachtach baol tuile sna AFAnna úd, agus Pleananna Bainistithe Tuile (FRMPanna) a ullmhú lena n-áirítear straitéisí agus gníomhartha do bhainistiú inbhuanaithe agus costas-éifeachtach baol tuile láithreach agus todhchaí sna AFAnna.

Chun na críche seo tá an clár CFRAM taréis seo a leanas a dhéanamh: an Tír a roinnt i roinnt Réigiúin Abhantraí (RBD) atá ar a seal roinnte ina nAonaid Bainistíochta (UoM); tá Ceantair le haghaidh Tuilleadh Measúnachta aitheanta trí Réamh-mheasúnacht Baol Tuile (PFRA); Léarscáiliú Guais Tuile curtha ar fáil do cheantair AFA; agus d'fhoilsigh Dréacht-Phleananna Bainistithe Baol Tuile (FRMPanna) don trí Aonad Bainistíochta a aithníodh laistigh de Dhún na nGall. Leagann na Dréacht-Phleananna Bainistithe Baol Tuile seo amach cuspóirí bainistithe tuile, agus aithníonn bearta bainistithe baol tuile lena n-áirítear idir bhearta ginearálta don UoM iomlán (e.g. feidhmiú na dTreoirínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile) agus bhearta ar leith do gach AFA (e.g. oibreacha bonneagair).

Measann an Chomhairle go bhfuil na Dréacht-Phleananna Bainistithe Riosca Tuile do UoM 1, 35 agus 36 agus an Léarscáiliú Guaise Tuile gaolmhar, le chéile, ina n-acmhainn shuntasach le haghaidh bhainistíocht na forbraíochta i nDún na nGall vis-á-vis baol tuile san am atá romhainn. I dtaca leis sin de tá an Chomhairle tar éis na Dréacht-Phleananna Bainistithe Tuile seo agus an léarscáiliú tuile gaolmhar a úsáid le bonn eolais a chur faoi phríomhainmnithe creasa laistigh den phlean seo agus úsáidfidh iad freisin chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht todhchaí ar bheartas, forbairt agus soláthar bonneagair. Lena chois, tá Measúnacht Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte (SFRA) Chéim 1 comhlánaithe ag an Chomhairle do na 62 baile mór agus sráidbhaile atá i Struchtúr Lonnaíochtaí na Croí-Straitéise agus, ag eascirt as an obair seo, déanfar SFRA Chéim 2 i ndeich lonnaíocht mar chuid de phróiseas Plean Ceantair Áitiúil - mar atá Leitir Ceanainn, Bun Chranncha, Bun Dobhráin, An Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaigh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga.

Aithníonn an Chomhairle freisin go bhféadfadh go bhfuil suíomhanna eile i mbaol ó thuilte nach bhfuil aitheanta go sonrach go bhfuil gá le SFRA Chéim 2 ina leith ná sna Dréacht-Phleananna Bainistithe Baol Tuile agus an léarscáiliú Guaise Tuile gaolmhar. I gceantair dá leithéid glacfaidh an Chomhairle cur chuige réamhchúramach, cuirfidh sí an cur chuige seicheamhach thuasluaite i bhfeidhm agus bainfidh úsáid as tacair shonraí eile atá ar fáil (e.g. Na léarscáileanna tuile Stairiúla atá ar fáil ar www.floodmaps.ie, Léarscáiliú Staidéar Straitéise ar Chosaint Chósta de chuid an OPW).

Gluais/Mínithe:

Cineálacha Criosanna Tuile mar a bhfuil achoimre orthu ó Chuid 2.23 den Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile –Treoirínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009)

Crios A – Ard-dóchúlacht tuile, i.e. dóchúlacht níos mó ná 1% nó 1 i 100 ó aibhneacha agus breis agus dóchúlacht 0.5% nó 1 i 200 ó thuille cósta.

Crios B – Dóchúlacht mheasurtha tuile, i.e. idir dóchúlacht 0.1% nó 1 i 1,000 bliain agus 1% nó 1 i 100 bliain do thuile abhann agus idir 0.1% or 1 i 1,000 bliain agus 0.5% nó 1 i 200 do thuile cósta.

Crios C – Dóchúlacht íseal tuile, i.e. níos lú ná 0.1% nó 1 i 1,000 bliain do thuile abhann agus tuile cósta araon). Clúdaíonn crios tuile C gach ceantar lasmuigh de Chriosanna A nó B.

Tábla 5.4.1: Aicmiú Leochaileachta do chineálacha difriúla forbartha tógtha ó Thábla 3.1 den Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile –Treoirínte d’Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009)

Aicmiú Leochaileachta	Úsáid Talún agus Cineálacha Forbartha lena n-áirítear
Forbairt Chomhoiriúnach le hUisce	Bonneagar rialaithe tuile.
	Duganna, muiríní agus céanna.
	Saoráidí loingseoireachta.
	Tógáil long, deisiú agus baint ó chéile, próiseáil agus cuisniú éisc ag an gcé agus gníomhaíochtaí comhoiriúnacha a dteastaíonn suíomh le hais an uisce uathu.
	Áineas agus turasóireacht uiscebhunaithe (gan cóiríocht chodlata san áireamh).
	Stáisiúin gharda tarrthála agus garda cósta.
	Spás oscailteaitneamhachta, spóirt agus caitheamh aimsire lasmuigh agus saoráidí riachtanacha mar sheomraí feistis, agus: Cóiríocht riachtanach nó cóiríocht chónaitheach choimhdeach do lucht foirne a theastaíonn ó úsáideanna sa chatagóir seo (faoi réir rabhadh sonrath agus pleananna aslonnaíochta).
Forbairt is lú Leochaileachta	Foirgnimh a úsáidtear le haghaidh: institiúidí miondíola, áineasa, trádstórála, tráchtála agus neamhchónaitheacha.
	Talamh agus foirgnimh a úsáidtear le haghaidh camplána agus carbhán saoire turasóireachta neamhsheasta, faoi réir rabhadh sonrath agus pleananna aslonnaíochta.
	Talamh agus foirgnimh a úsáidtear don talmhaíocht agus foraoiseacht.
	Cóireáil dramhaíola (seachas líonadh talún agus dramhaíl ghuaiseach).
	Oibriú agus próiseáil mianraí, agus:
	Bonneagar iompair áitiúil.
Forbairt Ardleochaileachta	Ba chóir go mbeadh lárionaid cheannais na nGardaí, otharcharr agus stáisiún dóiteáin lánfheidhmeach le linn tuilte.
	Ospidéal.
	Pointí rochtana agus imeachta éigeandála.
	Scoileanna.
	Tithe cónaithe, árais chónaithe mac léinn agus brúnna.
	Tithe cúraim cónaithe, árais do leanaí agus árais seirbhísí sóisialta.
	Páirceanna carbhán agus tithe soghluaiste.
Tithe cónaithe a dearadh, a tógadh nó a oiriúnú le haghaidh daoine scothaosta nó daoine eile maol-luaineachta, agus;	


Bonneagar riachtanach mar iompar príomha agus dáileadh fónas, lena n-áirítear stáisiúin agus fo-stáisiúin ginte cumhacht leictreachais, cóireáil uisce agus séarach, agus foinsí tábhachtacha ionchasacha truaillithe i gcás tuile.

Foinse–Treoirlínte Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile d’Údaráis Phleanála, Samhain 2009 DoEHLG.

Tábla 5.4.2: Maitrís Leochaileachta versus crios tuile mar a tógadh ó Thábla 3.1 den Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol d’Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009)

	Crios Tuile A Ardleochaileacht	Crios Tuile B Dóchúlacht Mheasartha	Crios Tuile C Dóchúlacht Íseal
Forbairt Chomhoiriúnach le hUisce	Oiriúnach d’Fhorbairt	Oiriúnach d’Fhorbairt	Oiriúnach d’Fhorbairt
Forbairt is lú Leochaileachta	Tástáil Fírinne de dhíth	Oiriúnach d’Fhorbairt	Oiriúnach d’Fhorbairt
Forbairt Ardleochaileachta	Tástáil Fírinne de dhíth	Tástáil Fírinne de dhíth	Oiriúnach d’Fhorbairt

Fíor 5.4.1: Sampla –Ceantair Chreasa Tuile A, B agus C



5.4.2 Cuspóirí

- F-O-1:** Measúnú a dhéanamh ar gach togra forbartha de réir ‘an Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile – Treoirlínte d’Údaráis Phleanála’ (DoEHLG, 2009).
- F-O-2:** Glacadh le cur chuige seicheamhach do bhainistiú baol tuile agus an suíomh á mheasúnú d’fhorbairt nua bunaithe ar sheachaint, ionadú, fírinne agus maolú baol tuile.
- F-O-3:** Cinntiú go gcomhlíontar ceanglais dlí náisiúnta agus AE maidir leis an timpeallacht nádúrtha agus caomhantas nádúrtha ag gach céim de bhainistiú baol tuile agus Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh agus féachaint do chuspóirí caomhnaithe ábhartha, leas cáilitheach agus bagairtí do shláine láithreáin Natura 2000.

5.4.3 Beartais

- F-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcomhlíonann gach togra forbartha 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Baol Tuile – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála', Samhain 2009, DoEHLG. Agus é seo á dhéanamh déanfaidh an tÚdarás Pleanála:
- Forbairtí a mheasúnú de réir cur chuige Seicheamhach agus prionsabal réamhchúraim atá leagtha amach sa Chóras Pleanála agus Bainistíocht Baol Tuile – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála'; agus
 - Na Dréacht-Phleananna Bainistithe Baol Tuile a úsáid (agus aon léarscáiliú baol tuile gaolmhar) a ullmhaíodh mar chuid de chlár CFRAMS, nó aon tacar sonraí baol tuile eile nó léarscáiliú ar dóigh leis a bheith cuí agus baol tuile á mheasúnú.
- F-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal ar iarratasóirí/forbróirí 'Measúnacht Baol Tuile' neamhspleách a chur isteach de réir na Treoirlínte Bainistithe Baol Tuile, DEHLG, 2009 nó aon fhoilsiúchán gaolmhar ina dhiaidh sin agus/nó 'Ríomh Draenála Uisce Dromhchla' ó dhaoine atá cáilithe go cuí.
- F-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é ceangal ar iarratasóirí/forbróirí fianaise a chur isteach, nuair is cuí, ar chomhlíonadh na tástála Fírinne atá leagtha amach i S5.15 den Chóras Pleanála agus Bainistíocht Baol Tuile – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' (DoEHLG 2009) nó aon fhoilsiúchán gaolmhar ina dhiaidh sin.
- F-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairt a cheadú nuair nár tugadh nó nach féidir aghaidh a thabhairt go rathúil ar shaincheisteanna bainistíochta tuile nó uisce dromchla, agus/nó i gcás gur ann i gcónaí do rioscaí tuile iarmharacha do-ghlactha don fhorbairt, dá áitritheoirí agus/nó do mhaoin nó bonneagar poiblí in áit eile, inter alia, le sruth nó in aghaidh an tsrutha.
- F-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é úsáid Córas Draenála Uirbigh Inbhuanaithe (SUDanna) a spreagadh, ceantair mhaolaithe tuile, scaoileadh rialaithe uiscí dromchla agus úsáid spásanna oscailte agus dromhchlaí crua leath-thréscaoilteach do thograí forbartha cuí.
- F-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt oibreacha feabhsúcháin tuile gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhreithniú, lena n-áirítear claífoirt, cosaintí farraige, cainéil draenála, agus locháin mhaolaithe chun baol tuile a laghdú agus damáiste do shlíthe beatha, do mhaoin agus don ghnó faoi réir ag cúinsí timpeallachta lena n-áirítear an tionchar ionchasach ar uisce sliogéisc ainmnithe agus do bharcantair diúilicín péarla fionnuisce, comhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, dea-chleachtas i mbeartais Bainistithe Creasa Cósta agus Acmhainn Mhuirí agus Bainistíocht Cósta an Phlean seo.
- F-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairtí a cheadú a chuirfeadh bac ar chothabháil cainéal draenála agus abhann.

**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
(As Varied)**


**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024
(Arna Leasú)**

Map 5.1.2 / Léarscáil 5.1.2

**Strategic Transport Network
Líonra Iompair Straitéiseach**

Legend

- █ **Strategic Road Network**
Gréasán Bóithre Straitéiseacha
- █ **National Roads**
Bóithre Náisiúnta
- █ **Regional Roads**
Bóithre Réigiúnacha
-  **Airports**
Aerfort
-  **Fishing Ports**
Calafort Iascaireachta



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhíreacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhíreacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhíreacht Ordánais Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartaí ábhartha eile sa PFC.



**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean
Forbartha Contae
Dhún na nGall
2018 - 2024**


Map 5.1.3 / Léarscáil 5.1.3

**Roads to which
Policy T-P-4 applies
Bóithre lena mbaineann
Polasaí T-P-4**

National Roads (& R238 Bridgend to Bun Cranna) and to which policy T-P-4 applies.

Bóithre Náisiúnta (& R238 Ceann an Droichid go Bun Cranncha) agus lena mbaineann polasaí T-P-4

Regional Roads
Bóithre Réigiúnacha





**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
(As Varied)**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024
(Arna Leasú)**

**Map 5.1.4
Léarscáil 5.1.4**

**TEN-T Priority Route
Improvement Project, Donegal**


**Tionscadal Feabhsúcháin
Bhealach Tosaíochta,
Dún na nGall, TEN-T**

**Section 3 – N14
Manorcunningham
to Lifford /
Strabane / A5 Link**

**Stráice 3 – N14 Mainear Uí
Chuinneagáin go Leifear/Srath
Bán/Bóthar Ceangail A5**



**Preferred Route Corridor
Mapped for Reservation
Rogha Conaire Bealaigh
Léarscáilithe d'Fhorchoimeád**



**Scale to fit
Scála oiriúnaithe**

**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
(As Varied)**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024
(Arna Leasú)**


**Map 5.1.5
Léarscáil 5.1.5**


**TEN-T Priority Route
Improvement Project, Donegal**

**Tionscadal Feabhsúcháin
Bhealach Tosaíochta,
Dún na nGall, TEN-T**

**Section 1 - N15/N13
Ballybofey / Stranorlar
Urban Region**

**Stráice 1 - Réigiún Uirbeach
N15 / N13 Bealach Féich /
Srath an Urláir**

 Preferred Route Corridor
Mapped for Reservation
Rogha Conaire Bealaigh
Léarscáilithe d'Fhorchoimeád



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
 Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Mís dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
 Le léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den agúisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.



**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
(As Varied)**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024
(Arna Leasú)**

**Map 5.1.6
Léarscáil 5.1.6**

**TEN-T Priority Route
Improvement Project, Donegal**


**Tionscadal Feabhsúcháin
Bhealach Tosaíochta,
Dún na nGall, TEN-T**

**Section 2 –
N56/N13
Letterkenny to
Manorcunningham**

**Stráice 2 – N56/N13
Leitir Ceanainn go
Mainéar Uí Chuinneagáin**



Preferred Route Corridor
Mapped for Reservation
Rogha Conaire Bealaigh
Léarscáilithe d'Fhorchoimeád






**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**


**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 5.1.8
Léarscáil 5.1.8**

**N56 Mountcharles
to Inver
N56 Tamhnach an tSalainn
go hInbhear**



Routes & Corridors
Mapped for Reservation
Bealaí agus Slíte Léarscáilithe
d'Fhorchoimeád



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018. Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann ama atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP. Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisin chomh maith le cuspóirí agus beartaí ábhartha eile sa PFC.



**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 5.1.9
Léarscáil 5.1.9**

**N56 An Clochán Liath/Dungloe
Glenties
(Kilraine)
N56 An Clochán Liath
Na Gleannta (Cill Riáin)**



Routes & Corridors
Mapped for Reservation
Bealaí agus Slíte Léarscáilithe
d'Fhorchoimeád



Scale to fit
Scála oiriúnaithe

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann ama atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé coipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018.
Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.




To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den agus in chomh math le cuspóirí agus beartaí ábhartha eile sa PFC.



**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 5.1.11
Léarscáil 5.1.11
Buncrana Inner
& Outer
Relief Roads
Bóithre Faoisimh Laistigh
agus Lasmuigh
Bhun Cranncha**

-  Tie in route
Ceangail i Bealach
-  Outer Relief Road
Bóthar Faoisimh Anuigh
-  Inner Relief Road
Bóthar Faoisimh
Inmheánach



Scale to fit
Scála oiriúnaithe

County Donegal Development Plan 2018 - 2024

Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024

Map 5.1.12
Léarscáil 5.1.12
Muff Bypass
Seachbhóthar Mhagh


Routes & Corridors Mapped for Reservation
Bealaí agus Slíte Léarscáilithe d'Fhorchoimeád



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann ama atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the DDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisin chomh maith le cuspóirí agus beartaí ábhartha eile sa PFC.



**County Donegal Development
Plan 2018-2024
Plean Forbartha Contae Dhún
na nGall 2018-2024**

**Map 5.1.13: Donegal Airport
Safeguarding
Léarscail 5.1.13: Aerfort a Chosaint
Léarscail**

- 1 & 2 Transitional Surfaces Maximum Elevation 47.88m**
1 & 2 Dromchlaí Idirchriosacha Uas-Airde 47.88m
- 3 & 4 ILS Transitional Surfaces Maximum Elevation 302.88m**
3 & 4 Dromchlaí Idirchriosacha CTT (Córas Trealamh Tuirlingthe) Uas-Airde 302.88m
- 5 Approach Surfaces @ 3.33% Maximum Elevation 86.21m**
5 Dromchlaí Isteach @ 3.33% Uas-Airde 86.21m
- 6 Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 84.43m**
6 Dromchlaí Isteach @ 2.5% Uas-Airde 84.43m
- 7 Approach Surfaces @ 4% Maximum Elevation 444.43m**
7 Dromchlaí Isteach @ 3% Uas-Airde 444.43m
- Take Off Surfaces @ 4%**
8 Maximum Elevation 102.88m
9 Maximum Elevation 109.43m
Dromchlaí Isteach @ 4%
8 Uas-Airde 102.88m
9 Uas-Airde 109.43m
- 10 & 11 Inner Horizontal Surfaces Maximum Elevation 47.88m**
10 & 11 Ion-Dromchlaí Cothrománacha Uas-Airde 47.88m
- 12 & 13 Conical Surfaces @ 3% Maximum Elevation 107.88m**
12 & 13 Dromchlaí Cónúla @ 5% Uas-Airde 107.88m
- 14 Missed Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 302.88m**
14 Dromchlaí Asraimh Ionraib @ 2.5% Uas-Airde 302.88m










**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

Map 5.3.1 / Léarscáil 5.3.1

**Strategic
Infrastructure Corridors
Slite Infreastruchtúir
Straitéiseacha**

-  110 Kv Line Eirgrid / Líne 110 Kv Eirgrid
-  110 Kv Station Eirgrid / Stáisiún 110 Kv Eirgrid
-  110 Kv Reinforcement Line - Operational from 2012 / Líne Átreisiúcháin 110 Kv - i bhfeidhm ó 2012
-  38 Kv Station / Stáisiún 38 Kv
-  38 Kv Line / Líne 38 Kv
-  Indicative Location of Hydro Electricity Generation Facility / Suíomh Áscach d'Áis Ghiniúna Idrileictreachais
-  Indicative Utility Infrastructure Corridor / Dorchla Táscach d'Infrastruchtúr Fóntais
-  Project Kelvin / Tionscadal Kelvin
-  Broadband Interconnector / Idirnascaire Leathanbhanda
-  Eircom Broadband Backbone Network / Líonra Leathanbhanda Cnámh Droma Eircom
-  Eircom DSL Exchanges / Ialartáin DSL Eircom
-  Metropolitan Area Network / Líonra Ceantar Uirbeach
-  Indicative Gas Pipeline Route / Bealach Táscach do Phíblíne Gháis






**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

Map 5.3.2 / Léarscáil 5.3.2

**Major ICT Wireless Network
(Line of Sight)
Mórlíonra ICT gan Sreang
(Líne Amhairc)**

— Wireless Routes
Bealaí gan sreang



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/County Donegal. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnaís Éireann ama atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnaís Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnaís Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartaís ábhartha eile sa PFC.

Caibidil 6 Tithíocht

6.1 Straitéis Tithíochta

6.1.1 Cúlra

Ullmhaítear an Straitéis Tithíochta faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus tá sé d'aidhm aige leibhéal soláthair tithíochta a spreagadh agus a éascú a fhreastalóidh ar riachtanais tithíochta gach earnáil de phobal Chontae Dhún na nGall. Scrúdaíonn an straitéis riachtanais tithíochta todhchaí an phobail mar aon leis an riachtanas todhchaí ar dóigh a bheidh ann do thithíocht shóisialta agus inacmhainne. Tugann an straitéis aghaidh ar an ngá atá le meascán cineálacha tí sa todhchaí ag teacht leis an gCroístraitéis agus le huailmhian an phobail a aithníodh i Roinn A den Phlean.

Déantar athbhreithniú ar athrú ar an daonra i gContae Dhún na nGall i gRoinn A, Caibidil 1 agus 2. Léiríonn sé beagán de mheath ar an daonra thar an tréimhse 2011- 2016 a ailíníonn leis an treocht náisiúnta maidir le daonra agus a thréithe atá ag athrú agus tionchar thréimhse cúlú eacnamaíochta. Tá léargas fadtéarmach ag Caibidil 2, Cuid A den Phlean maidir le huailmhian an daonra a thugann le fios go raibh méadú foriomlán ar an daonra i gContae Dhún na nGall thar thréimhse níos faide an daonáirimh, agus mar sin tá cur chuige uailmhianach le glacadh tríd an bPlean seo chun fás an daonra sa Chontae a thiomáint chun cinn de thart ar 14,000 duine faoi 2024 go dtí daonra thart ar 173,000 in iomlán agus de 36,000 duine breise nó mar sin faoi 2038 a mbeadh daonra tuartha iomlán de 209,000 de thoradh air.

Aithníonn an Plean agus a Straitéis Tithíochta go bhfuil athrú ag teacht ar dhéimeagrafaic agus go bhfuil impleachtaí aige seo do sholáthar seirbhísí agus don bhealach ina ndéanaimid gníomhaíochtaí agus gnó ó lá go lá. Léirítear é seo sa pháipéar comhairliúcháin 'Saincheisteanna agus Roghanna' an NPF a deir go leanfaidh an t-athrú daonra sa tír. Deir sé go mbeidh níos mó daoine a bheidh níos éagsúla agus níos sine agus a dteastóidh tithe breise agus poist bhreise uathu, le tacú ó bhonneagar, seirbhísí agus saoráidí nua. Deir an páipéar comhairliúcháin, a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leis i gcomhthéacs na Straitéise Tithíochta, go dtarlóidh seo in Éirinn thar na chéad fiche bliain eile:

- Méadóidh líon na ndaoine in Éirinn os cionn aois a 65 faoi dhó go dtí breis agus milliún;
- Is é is dóigh go laghdóidh meánlíon daoine in aghaidh an teaghlaigh áitithe go dtí thart ar 2 dhuine an teaghais in áit an líon reatha 2.7 duine in aghaidh an teaghlaigh.
- Beidh gá go náisiúnta le 25,000 teach nua ar a laghad sa tír gach bliain;
- Beidh béim mhéadaithe ar shláinte agus ar fholláine, lena n-áirítear stíleanna beatha níos gníomhaí agus fócas ar mheabhairshláinte, go háirithe agus daoine ag maireachtáil níos faide.

Laistigh den chúlra déimeagrafaic seo, leagann an Straitéis Tithíochta seo amach leibhéal an éilimh ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne i gContae Dhún na nGall mar aon le roghanna don soláthar ailínithe le straitéisí an Rialtais dar teideal 'Éire a Atógáil, Plean Gnímh do Thithíocht agus don Easpa Dídine' a foilsíodh in Iúil 2016. Leagann an Straitéis Tithíochta béim go háirithe ar an ionchas díriú arís ar ghné den soláthar a thugann aonaid thréigthe agus fholamha atá faoi úinéireacht phríobháideach ar ais chun úsáide táirgiúla, go háirithe laistigh de phríomh-lárcheantair bailte agus sráidbhailte, d'fhonn cur lena n-athnuachan agus a n-athghiniúint. Ailíníonn an cur chuige seo go héifeachtach leis an gcroístraitéis agus leis an riachtanas aitheanta athghiniúint bailte agus sráidbhailte a spreagadh agus a chumasú ar fud an chontae.

6.1.2 Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Ceanglaíonn Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go gcaithfidh Straitéis Tithíochta an Chontae soláthar do thithíocht inacmhainne agus shóisialta araon. Maidir leis seo, sainmhíníonn an straitéis seo tithíocht shóisialta mar thithíocht ar cíos curtha ar fáil ag an Údarás Áitiúil, nó ag Comhlacht Tithíochta Ceadaithe nó cóiríocht curtha ar fáil ón earnáil cíosa phríobháideach via Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) agus meicníochtaí léasaithe éagsúla. Sainmhínítear Tithíocht Inacmhainne mar thithíocht áitithe ag an úinéar, nó tithíocht a chuirtear ar fáil trí scéim cheannaigh incriminteach ag praghsanna faoi bhun luach an mhargaidh.

6.1.3 Éileamh ar Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Tá 1,187 teaghlach ar an liosta feithimh do thithíocht shóisialta faoi láthair, mar aon le 1,285 eile ar an liosta aistriú (a bhfuil aistriú a lorg acu ó chóiríocht reatha de chuid an údarais áitiúil nó ó chóiríocht a chuirtear ar fáil via HAP). D'fhág tabhairt isteach HAP i rith 2015 agus a chur chun feidhme i nDún na nGall go raibh laghdú suntasach ar líon glan na dteaghlach ar an liosta feithimh.

I dtéarmaí foriomlána, tá an *cineál cóiríochtae* theastaíonn le freastal ar an éileamh tar éis athrú thar roinnt blianta. Roimhe seo bhí éileamh ar chóiríocht teaghlaigh 3 sheomra leapa den chuid is mó. Ach léiríonn próifíl láithreach an éilimh go bhfreastalódh cóiríocht 1 agus 2 sheomra leapa ar 70% den riachtanas foriomlán. Is é airgeadais an *phríomhchúis leis an éileamh tithíochta*, i.e. gan an cumas freastal ar riachtanais tithíochta óna n-acmhainní féin, rud a chuir 88% d'iaratasóirí ar a n-iaratas.

I dteannta iad siúd atá ar an liosta tithíochta sóisialta, tá éileamh freisin ar chóiríocht do *dhaoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu* chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine i láithreacha comhchónaithe, daoine scothaosta agus mar sin de. Faoi láthair, tá Treoirínte Náisiúnta do Phróiseas Measúnachta agus Leithdháilte do Sholáthar Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas á n-ullmhú agus tá an obair seo go maith chun cinn. Cé go bhfuil prótacail chumarsáide mhaith idirghníomhaireachta ann cheana féin i nDún na nGall ina leith seo, tabharfaidh na treoirínte nua tuilleadh treorach agus cabhrach do ghníomhaireachtaí agus riachtanais daoine á measúnú nach mbeadh tar éis cur isteach go traidisiúnta nó de ghnáth tríd an ngnáthphróiseas iarrais ar thithíocht shóisialta.

Áirítear an gá atá le cóiríocht do *theaghlaigh den lucht siúil* sa Chontae sa riachtanas tithíochta sóisialta foriomlán, agus déantar cur síos ar na príomhspríocanna maidir leis seo sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 – 2018.

Beidh baint ag an gComhairle i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile leis an g*Clár Athlonnaithe* do theifigh ag teacht le ceanglais agus leis an líon a shannann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Beidh éileamh áirithe le cois i gceist ar fhigiúirí riachtanais reatha don tithíocht shóisialta a bhfuil cur síos orthu thuas.

Tá an t-éileamh ar *thithíocht inacmhainne* laghdaithe go mór, mar atá na treochtaí sa mhargadh go ginearálta. Forálann an Scéim Cheannaigh Incriminteach do sholáthar/dhíol teaghaisí ag luachanna faoi bhun an mhargaidh, agus tá an Scéim seo á hathbhreithniú faoi láthair.

6.1.4 Roghanna Soláthair le freastal ar éileamh

Beidh baint ag an bhfreagra ar fhreastal ar an riachtanas tithíochta le raon de leithdháilí tionóntachtaí faoi Chlár Tithíochta Sóisialta na Comhairle féin, úsáid á baint as na tionscnaimh léasaithe agus cíosa éagsúla lena n-áirítear HAP agus RAS, soláthar cúnaimh i scéimeanna iasachta agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil.

Tá caidreamh dearfach fadseasmhach ag Comhairle Contae Dhún na nGall le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun tithíocht shóisialta a sholáthar agus a bhainistiú, lena n-áirítear aonaid do riachtanais speisialta. Leanfar de seo agus caidrimh oibre dlúth á bhforbairt tuilleadh trí struchtúir ár gCeantair Bhardasaigh, agus beidh an tsraith iomlán roghanna i gceist ann, i.e. tógáil nua, fáil, léasú agus mar sin de.

Cuimsíonn Éire a Atógáil, Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus d'Easpa Dídine, a foilsíodh in Iúil 2016 cúig cholún de ghníomhartha comhbheartaithe ar fud an Rialtais. Féadtar achoimre a dhéanamh ar na gníomhartha atá beartaithe faoi gach ceann de na cúig cholún seo mar seo a leanas:

- Colún 1 – Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine
- Colún 2 – Tithíocht Shóisialta a Luathú
- Colún 3 – Níos Mó Tithe a Thógáil
- Colún 4 – An Earnáil Cíosa a Fheabhsú
- Colún 5 – Tithíocht atá ann cheana a Úsáid

Tá an cur chuige chun freastal ar riachtanais tithíochta inacmhainne agus sóisialta i nDún na nGall bunaithe ar na cúig cholún a bhfuil cur síos orthu, le béim agus fócas ar leith ar na riachtanais shonracha laistigh den chontae. Cé go bhfuil riachtanas ann i gcónaí d'aonaid nuathógtha, tá príomhriachtanas ann freisin díriú an athuair ar ghné den soláthar chun aonaid thréigthe, folmha faoi úinéireacht phríobháideach a thabhairt ar ais in úsáid táirgiúil, go háirithe laistigh de príomhcheantair bailte agus sráidbhailte d'fhonn cur lena n-athghiniúint agus lena n-athnuachan. Is príomhghné a bheidh anseo i nDún na nGall i gcomhthéacs beartais níos leithne d'athghiniúint a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte ar fud an chontae.

Le blianta beaga anuas bhí athrú éigin ar an bhfócas i dtreo tionscnamh nua a chumasaíonn freastal ar riachtanais tithíochta ó laistigh den earnáil cíosa phríobháideach atá ann cheana. Baineadh é seo amach trí thionscnaimh mar RAS agus HAP mar a raibh cur síos air níos luaithe, mar aon le tionscnaimh mar léasú maoine faoi úinéireacht phríobháideach do thréimhsí fadaithe. Leanfaidh an cur chuige seo sna blianta atá le teacht. Leanfar de thabhairt isteach HAP a fheidhmiú sa chontae ina leith seo.

D'ainneoin an méid sin thuas, leanfaidh an Chomhairle air freisin ag scrúdú deiseanna chun aonaid nuathógtha a fhorbairt ar an gcúlsoláthar talún atá ann cheana, nuair is cuí, agus aird á thabhairt ar éileamh i mbailte agus i sráidbhailte áirithe. I mbailte agus i sráidbhailte áirithe tá dúshlán shonracha ann maidir le acmhainn séarachais ar ghá a shárú má táimid lenár gcúlsoláthar talún a úsáid dá lánacmhainneacht ina leith seo. Cé nach mbeadh sé i gceist tabhairt faoi chlár suntasach fáil talún do Thithíocht, beidh cur chuige spriocdhírthe i mbailte agus i sráidbhailte áit a n-éilíonn éileamh.

Bainfear úsáid as cur chuige spriocdhírthe mar é nuair a mheastar forbairtí lándéanta a bheith riachtanach. Meastar gur sna bailte agus sna sráidbhailte níos mó a bheidh sé seo áit a mheastar lándéanta bheith ina rogha soláthair cuí.

Cé go mbeidh cur chun feidhme Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt ina ghné thábhachtach chun freastal ar riachtanas, ní bheidh ról chomh suntasach aige agus a bhí roimhe seo agus an cur chun donais i dtionscal na tógála san áireamh. Ach de réir mar a leanann an geilleagar air ag feabhsú agus go méadaíonn ar an bhfoirgníocht, leanfar de chuir chun feidhme Cuid V ó thaobh forchoimeádas 10% do Thithíocht Shóisialta.

Amach i 2016, fuair an Chomhairle cead chun maoine atá ann cheana sa mhargadh a fháil chun freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta. Cé nach meastar go mbeidh fálacha ina ngné shuntasach de chlár sa todhchaí, meastar go dtiocfaidh sé chun a bheith ina ghné dár gcur chuige d'athghiniúint bailte agus sráidbhaile leis an aidhm aonaid fholmha faoi úinéireacht phríobháideach atá ann cheana a thabhairt chun úsáide táirgiúla. D'fhéadfadh go mbeadh tionscnaimh mar 'ceannaigh agus déan athnuachan' nó 'léas a dheisiú' i gceist. D'aithníomar cheana úsáid tithíochta faoi úinéireacht phríobháideach atá ann cheana laistigh dár mbailte agus sráidbhailte mar príomhghné dár straitéis agus sinn ag dul chun cinn. Cé go soláthraíonn sé seo dúshlán atá éagsúil ó thógáil nua ar láithreáin úrnua, agus go bhféadfadh sé am a thógáil lena chur chun feidhme, tá sé i gceist fócas láidir a chur air seo sna blianta atá ag teacht,

leis an aidhm aonaid tithíochta atá ann cheana a úsáid, laistigh de lárionaid bailte agus sráidbhailte nuair is féidir. Ar an gcaoi chéanna leanfaimid orainn ag tabhairt ár dtithe folmha féin de chuid na Comhairle ar ais chun úsáide táirgiúla mar chuid dár gclár agus beidh athchóiriú na n-aonad seo go caighdeán nua-aimseartha i gceist.

Bhí scéimeanna do *Dhaoine Scothaosta agus Daoine faoi Mhíchumas* á gcur chun cinn ag an gComhairle agus leanfar de, go háirithe tríd an Scéim Chúnamh Chaipitil, trí chruinnithe idirghníomhaireachta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Beidh an Chomhairle ag díriú isteach ar chásanna riachtanas speisialta nuair is léir nach féidir le clár tithíochta sóisialta na Comhairle den scéim cóiríochta cíosa/léasaithe, tógáil dhíreach freastal ar riachtanais na gcliant seo. Leanfaidh an Chomhairle freisin ag cuidiú le daoine ina dtithe féin trí na deontais oiriúnaithe éagsúla atá ar fáil.

Leagann an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018 amach spriocanna na Comhairle chun freastal ar riachtanais an Lucht Siúil trí sholáthar tríocha dó (32) aonad cóiríochta trí raon bearta Tithíochta Sóisialta. Leagann cuspóirí an Chláir amach freisin tograí chun déileáil le cóiríocht teaghlach ar dhá láithreán stad mar aon le déileáil le raon tionscadal ar scála beag sa chás go n-eascaíonn riachtanas cóiríochta éigeandála i rith an Chláir i.e. oibreacha oiriúnaithe, oibreacha leasúcháin, cláir athchóireála etc. Tá an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil tiomanta freisin d'athbhreithniú foriomlán a thabhairt chun críche ar chóiríocht Neamhbhuan sa Chontae.

Agus dúshláin eacnamaíochta le blianta beaga anuas á gcur san áireamh anuas ar an laghdú suntasach ar an éileamh do *thithíocht inacmhainne*, ní cheaptar go bhfuil soláthar tuilleadh tithíochta inacmhainne breise ina ghné shuntasach de chlár tithíochta na Comhairle go luath amach anseo. Beidh an seasamh maidir leis an Scéim Cheannaigh Incriminteach á choimeád faoi athbhreithniú le linn saolré an phlean.

Freastalóidh na bearta ar fad atá beartaithe, mar aon le forbairt chur chuige na 'saolré' i measúnú riachtanais tithíochta ag pointe áirithe ama, ar riachtanas na tithíochta sóisialta ar bhonn inbhuanaithe as seo go ceann 5 go 10 mbliana.

6.1.5 Cuspóirí

- HS-O-1:** Úsáid sócmhainní ábhartha atá ann cheana a spreagadh, mar shampla maoiní folamha faoi úinéireacht phríobháideach laistigh de bhailte agus sráidbhailte, d'fhonn cur le hathghiniúint ár mbailte agus sráidbhailte, mar aon le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe do sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta nuair is cuí agus is indéanta, faoi réir comhlíonadh forálacha beartais eile an Phlean seo.
- HS-O-2:** Comhairle a chur ar fáil d'iarratasóirí maidir le raon na dtacaíochtaí cúnaimh tiithíochta atá ar fáil de réir na scéimeanna reatha uile, tríd ár Lárionad Seirbhíse Poiblí. Cinnteoidh an tseirbhís seo go bhfuil iarratasóirí feasach ar an raon roghanna atá ar fáil agus go n-aithnítear an rogha is cuí. Meastar go bhfuil sé seo lánach do sheachadadh soláthar leordhóthanach chun freastal ar riachtanas, an úsáid is éifeachtaí acmhainne agus scéimeanna atá ar fáil á cinntiú.
- HS-O-3:** Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag obair leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun na meicníochtaí soláthair éagsúla a uasmhéadú, go háirithe i gcás daoine le riachtanais speisialta.
- HS-O-4:** Féachaint le méid leordhóthanach maoinithe a leithdháileadh trí phróiseas an Bhuiséid bhliantúil agus seachas sin a stoc go léir atá ar cíos a choinneáil go dtí caighdeán inghlactha, agus go háirithe stoc níos sine a uasghrádú agus na foinsí maoinithe uile atá ar fáil in úsáid.
- HS-O-5:** Iarracht a dhéanamh meascáin chúil chineálacha tí a bhaint amach laistigh d'fhorbairtí a fhreagraíonn do dhéimeagrafaic daoine ar an liosta tithíochta atá ag athrú.

- HS-O-6:** Tacaíocht a log ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile chun déileáil le heasnaimh acmhainn seirbhíse ar chúinse srianta iad i bhforbairt tithíochta laistigh de bhailte agus sráidbhailte áirithe.
- HS-O-7:** Meascán tithíochta cuí a spreagadh agus forbairt lárionaid chomharsanachta nuair is cuí trí bheith rannpháirteach i gcomhairliúchán leathan le gníomhaireachtaí éagsúla laistigh den Chontae agus trína struchtúir Cheantair Bhardasaigh agus na Coistí Beartais Straitéisigh ábhartha. Tá caighdeán le leagan síos agus le baint amach sa ghníomhaíocht seo le freastal ar chleachtas inghlactha mar a leagtar amach sna treoirlínte ábhartha go léir, lena n-áirítear treoirlínte do chúram leanaí mar a eisíodh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.
- HS-O-8:** Coincheap tithíochta inoiriúnaithe saolré a spreagadh agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine aonair agus cúinsí teaghlaigh atá ag athrú. Tabharfar tosaíocht d'aithint luath riachtanas ó thaobh tithíochta inoiriúnaithe saolré mar aon le leasú cuí ar mheascán cineálacha tí le freastal ar riachtanais aitheanta.
- HS-O-9:** Tá sé mar chuspóir ag an Chomhairle na deiseanna a chíoradh chun tithíocht shóisialta riachtanach a sholáthar chun freastal ar riachtanais dhaonra tuaithe an Chontae.

6.1.6 Beartais

- HS-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é 10% den talamh atá criosaithe d'úsáid chónaitheach nó meascán d'úsáideanna cónaitheacha agus eile a choinneáil do sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta. Leanfaidh an Chomhairle ag leagan coinníoll ar gach iarratas pleanála do thithíocht ar an talamh criosaithe ábhartha a sholáthraíonn do raon meicníochtaí chun an t-iarratasóir/forbróir a éascú chun comhaontú a dhéanamh leis an gComhairle faoi alt 96(3) den Acht um Pleanáil &Forbairt 2000 (arna leasú).
- HS-P-2:** Is beartas é an chomhairle smaoineamh ar dheiseanna tithíocht shóisialta riachtanach a sheachadadh ag suíomhanna timpeall (i) scoileanna tuaithe agus; (ii) lonnaithe tuaithe; faoi réir ag seirbhísí dramhaíola a sheachadadh agus a chothabháil go cuí ag Comhairle Contae Dhún na nGall mar chuid de scéim tithíochta sóisialta agus faoi réir ag gach cuspóir agus polasaí ábhartha eile den phlean, lena n-áirítear cúrsaí timpeallachta agus comhlíonadh na Treorach um Ghnáthóga.

6.2 Tithíocht Uirbeach

Aidhm:

Tithíocht uirbeach cháilíochta a bhaint amach sa Chontae chun cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil d'fhás daonra sa todhchaí ar bhealach a sholáthraíonn d'fhorbairt agus d'athghiniúint inbhuanaithe agus seicheamhach bailte agus comhtháthú pobal le chéile leis an leibhéal cuí soláthar bonneagair agus seirbhíse.

6.2.1 Cúlra

Tháinig fás suntasach ar thithíocht uirbeach sa Chontae sa tréimhse 2000 go 2008 agus tháinig laghdú suntasach air ó shin i leith, gan ach foirgníocht teoranta ann ó glacadh leis an bPlean deiridh i 2012 agus roghnú teoranta freisin ar thailte críosaithe chun críocha forbartha cónaithí. Comhlíonann tithíocht uirbeach feidhm thábhachtach, aonaid tithíochta á gcur ar fáil laistigh de struchtúir lonnaíochta atá ann cheana agus cuireann tithíocht ar fáil gar do scoileanna, saoráidí pobail, saoráidí sláinte, siopadóireacht, fostaíocht agus siamsaíocht. Ó thaobh na timpeallachta comhlíonann sé cuspóir inbhuanaitheachta mar go soláthraíonn tithíocht uirbeach d'uas-úsáid acmhainní talún agus comhchruinniú gníomhaíochta laistigh de spáscheantar aitheanta.

Leagann an Chroístraitéis i Roinn A, Caibidil 2 amach na riachtanais tithíochta iomlána (i heicteáir agus líon aonad) a theastaíonn ar fud an chontae chun an fás daonra a sholáthraítear dó sa Plean go 2004 de bheagnach 14,000, a shásamh. Forálann an straitéis spásúil chun suíomh tithíochta uirbí nua a threorú do sholáthar todhchaí an chontae d'fhorbairt ilchónaitheach ar scála níos mó i Leitir Ceanainn agus sna Bailte Straitéiseacha a aithnítear mar Shraith 2A mar go bhfuil, nó go mbeidh go luath, an cumas oiriúnach i seirbhísí uisce acu chun freastal ar na coibhéisí daonra coibhneasta. Chun é seo a éascú tá thart ar 190 heicteár talún críosaithe chun críocha cónaitheacha ar fud Leitir Ceanainn (Sraith 1) agus i Sraith 2A. Glacann Tábla 2.3 i gCaibidil 2 leis go bhfuil gannchion talún cónaitheach críosaithe thar Shraith 1 agus 2 agus deireann cuid 2.5 de chaibidil 2 go bhfuil an gannchion le seachadadh trí chlár Pleananna Ceantair Áitiúla.

Cuirfidh Bailte Straitéiseacha a aithnítear mar Shraith 2B, de bharr a 'bhFeidhm Eacnamaíochta Speisialta', mar aon le bailte tuaithe laistigh de Shraith 3 deiseanna ar fáil freisin do thithíocht uirbeach ar scála oiriúnach ag féachaint don Chroístraitéis, cumas seirbhísí uisce atá ar fáil agus scála agus carachtar an bhaile. Tá an fhéidearthacht ag tithíocht uirbeach i mbailte a aithnítear mar Shraith 2B agus sna bailte tuaithe atá laistigh de Shraith 3 le bheith ina rannchuidiú suntasach don athnuachan agus don athghiniúint agus is idirghabháil spriocdhírthe é seo a dtugtar tosaíocht dó sa Plean le tagairt ar leith i gCaibidil 3. Léiríonn forbairt láithreán seirbhísithe go háirithe i mbailte agus i sráidbhailte deis tacú le hathnuachan agus le hathghiniúint. Thairis sin tá nuálaíocht le lorg chun mórcheantair baile a athbheochan trí thionscnaimh chun folúntas agus dearóiliú a laghdú agus ar an mbealach seo tithe a bhféadfaí cónaí iontu a dhéanamh as aonaid dá leithéid. Tugann an Straitéis Tithíochta tacaíocht don chur chuige seo freisin agus aithníonn athghiniúint foirgneamh tréigthe agus folamha i mórcheantair bailte mar phríomhfhócas don todhchaí. Aithníonn an Plean an gá atá le cuir chuige láidre agus nuálaíochta chun athnuachan agus athghiniúint a bhaint amach agus mar sin níl aon chriosaithe forordaithe chun críocha forbartha cónaithí thar Shraith 2B nó sna bailte tuaithe a aithnítear laistigh de shraith 3. Ina ionad, tá clúdaí lonnaíochta sna bailte ar fáil laistigh de Chuid C den phlean seo chun méid an cheantair 'uirbigh' a shonrú.

I gcomhar le fócas spriocdhírthe ar na suíomhanna d'ílfhorbairtí nua agus ar ról tithíochta in athnuachan agus athghiniúint a spregadh i mbailte níos lú, cuirfidh cur chun cinn an phróisis dearaidh d'fhorbairtí chónaitheacha buntáistí suntasacha ar fáil agus is idirghabháil thráthúil é in uailmhian fhoriomlán an Phlean agus muinín mhéadaitheach i margaí airgeadais agus sa bhfostaíocht go ginearálta a bhfuil coinne le méadú ar an earnáil foirgníochta tithíochta dá bharr. Fágfaidh cur chun cinn na cáilíochta dearaidh go mbeidh áiteanna níos deise ann le cónaí iontu, agus soláthraíonn sé seo nascacht agus comhtháthú níos fearr tithíochta nua leis an gcreatlach uirbeach atá ann cheana, cuireann spásanna dearfacha ar fáil, cuireann réitigh dhearaidh nuálaíocha ar fáil, agus cuidíonn chun spiorad pobail a fhorbairt agus coiriúlacht a laghdú. Baineann an straitéis seo go díreach le baint amach fis an Phlean a thagraíonn do Chontae Dhún na nGall a bhfuil an aicmiú is airde sa tír aige do cháilíocht na beatha faoi 2038. Tacaíonn foilsíú Treorach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil mar a bhí leis an gcur chuige seo mar a leanas:

- 'Tithe Cáilíochta do Phobail Inbhuanaithe, Treoirlínte Dea-Chleachtais do Thithe a Sheachadadh, Pobail Chothaithe,' DEHLG, 2007.
- 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua,' DEHLG, 2007
- 'Treoirlínte maidir le Forbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha,' DEHLG, 2009.
- 'Lámhleabhar Dearaidh Uirbeach, Treoir Dea-Chleachtais, Comhdhoiciméad do na Treoirlínte Pleanála ar Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' DEHLG, 2009.

6.2.2 Cuspóirí

Is iad seo a leanas na cuspóirí maidir le tithíocht uirbeach:

- UB-O-1:** An riachtanas réamh-mheasta d'aonaid tithíochta a dháileadh de réir na Cróistraitéise mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 a fhorálann é féin do phleanáil chúig agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.
- UB-O-2:** Forbairt chónaitheach uirbeach nua i mbailte a sheachadadh ar bhealach seicheamhach, ón gcroí amach agus an úsáid is fearr á baint as bonneagar, acmhainní talún agus ag cuidiú le hathghiniúint bailte atá ann cheana.
- UB-O-3:** A chinntiú nach ndéantar an fhorbairt chónaitheach nua roimh cur chun feidhme clár pleanáilte maidir le hinfheistíocht i mbonneagar crua (e.g. bóithre, casáin, dramhuisce, soláthar uisce) agus bonneagar pobail agus sóisialta.
- UB-O-4:** Dearadh uirbeach cáilíochta a chur chun cinn i bhforbairt chónaitheach nua agus a chinntiú go bhfuil sé comhtháite le forbairt uirbeach atá ann cheana ar bhealach a sholáthraíonn d'áiteanna agus do spásanna chun cur le comhtháthú sóisialta foriomlán agus cáilíocht na beatha.
- UB-O-5:** Soláthar sásúil tithíochta inacmhainne agus sóisialta a chinntiú go dtí ardchaighdeán dearaidh agus leagain amach sna suíomhanna is cuí, ait ar féidir seirbhísí riachtanacha agus bonneagar a chothabháil nó a chur ar fáil go héasca.
- UB-O-6:** A chinntiú go ndéantar príomhbhonneagar chun tacú le forbairt ilchónaitheach nua a sheachadadh ar bhealach a thacaíonn le forbairt chomharsanachta inbhuanaithe.
- UB-O-7:** Deiseanna don nuálaíocht a scrúdú a d'fhéadfadh seachadadh bonneagair chriticiúil a éascú agus ar an mbealach seo easnaimh a réiteach agus forbairt chónaitheach chúig a éascú.
- UB-O-8:** Deiseanna do sheachadadh láithreán seirbhísithe do thithíocht laistigh de bhailte agus sráidbhailte a scrúdú.

- UB-O-9:** Athghiniúint agus athnuachan lár baile a spreagadh trí athúsáid maoinne folamha agus tréigthe d'fhonn forbairt chónaitheach nua a chur ar fáil.
- UB-O-10:** Réiteach éifeachtach ar fhorbairt chónaitheach nach bhfuil críochnaithe a lorg.
- UB-O-11:** Tobhach an láithreáin fholaimh a chur chun feidhme trí 'láithreáin fholamha' agus 'láithreáin atghiniúna' bhreise a aithint trí chlár an Phlean Ceantair Áitiúil agus de réir an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015.

6.2.3 Beartais

Is iad seo a leanas Beartais na Comhairle atá ceaptha an aidhm agus na cuspóirí atá leagtha amach thuas, a bhaint amach:

- UB-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é aonaid tithíochta iolracha nua (sainithe mar 2 aonad nó níos mó) a threorú chuig na bailte sin a aithníodh sa Chroístritéis/Struchtúr Lonnaíochta. Beidh scála forbairt dá leithéid ag teacht leis an bhfás dírithe réamh-mheasta dá leibhéal sonrath; beidh aird aige ar chúinsí na lonnaíochta sonraí lena n-áirítear leibhéal na talún críosaithe agus beidh sé de réir cuspóirí agus beartais an Phlean seo, Cuid C san áireamh.
- UB-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéanfar iarratais ar fhorbairt chónaitheach, laistigh de Leitir Ceanainn agus Sraith 2A, a mheasúnú i bhfianaise gach cúinse pleanála ábhartha cuí lena n-áirítear críosaithe úsáid talún cónaitheach, infhaighteacht bonneagair, beartais ábhartha den Phlean Forbartha Contae lena n-áirítear Cuid C agus beartas/treoir náisiúnta agus réigiúnach agus sonrúcháin timpeallachta ábhartha.
- UB-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é, roimh dhéanamh an Phlean Ceantair Áitiúil, go mbeidh 7 mbaile lonnaithe go straitéiseach (An Clochán Liath, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga) ina bhfuil iarratas ar fhorbairt chónaitheach beartaithe ar thalamh nach bhfuil críosú cónaitheach dearfach aici (nó críosú úsáid mheasctha lena n-áirítear gné chónaitheach) go ndéanfar an togra a bhreithniú ag féachaint do leibhéal glactha tailte críosaithe eile don tithíocht sa bhaile áirithe agus i gcomhthéacs na Croístraitéise agus beartas eile den Phlean Forbartha Contae lena n-áirítear Cuid C agus i gcomhthéacs pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe an cheantair.
- UB-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é breithniú a dhéanamh ar thithíocht uirbeach 2 aonad nó níos mó ar thailte lonnaithe laistigh d'ímchlúdaigh lonnaíochta bailte a aithnítear mar Shraith 2B agus bailte tuaithe laistigh de Shraith 3, ag féachaint do chomhlíonadh an togra leis an gCroístritéis agus ag féachaint do bheartas eile an Phlean Forbartha Contae lena n-áirítear Cuid C agus i gcomhthéacs pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe an cheantair.
- UB-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chónaitheach uirbeach a theorú ar bhealach seicheamhach, amach ón gcroícheantar chun áisiúlacht soláthar bonneagair todhchaí agus reatha a uasmhéadú, baint amach inbhuanaitheachta a chur chun cinn, 'caitheamh cliobóg' (dul de léim chun tosaigh) go dtí ceantair níos faide ar shiúl a sheachaint agus úsáid níos fearr talún tearcúsáidte a dhéanamh faoi réir comhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (más infheidhme). Ní dhéanfar forbairt tithíochta ar shuíomh lasmuigh den limistéar a mheas ach amháin i gcúinsí eisceachtúla inar féidir leis an iarratasóir a léiriú, agus a bhfuil an t-údarás pleanála sásta faoi, nach bhfuil aon suíomhanna nó suíomhanna féideartha laistigh den limistéar nó ar imeall an limistéir atá (a) oiriúnach, (b) ar fáil agus (c) inmharthana.

- UB-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacaíocht a thabhairt do thograí d'fhorbairt chónaitheach nua agus í a spreagadh a mbeidh athghiniúint nó athnuachan lárcheantair baile nó ceantair folúntais agus/nó dearóilithe de thoradh orthu faoi réir beartas ábhartha uile eile an phlean seo lena n-áirítear Cuid C, treoir réigiúnach/náisiúnta chuí, sonrúchán timpeallachta ábhartha agus i gcomhthéacs pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe an cheantair.
- UB-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é go léireoidh tograí forbartha d'fhorbairtí cónaitheacha nua (2 aonad nó níos mó) i lonnaithe go gcomhlíonann an próiseas dearaidh, leagan amach, sonraíocht, bailchríoch na forbartha beartaithe na treoirlínte atá leagtha amach sna príomhfhoilseacháin Rialtais seo a leanas:
- 'Tithíocht Cháilíochta do Phobail Inbhuanaithe, Treoirlínte Dea-Chleachtais do Sheachadadh Tithe, Inbhuanú Pobal,' DEHLG, 2007.
 - 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua,' DEHLG, 2007.
 - 'Treoirlínte ar Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair,' DEHLG, 2009.
 - 'Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh, Treoir Dea-Chleachtais, Comhdhoiciméad do na Treoirlínte Pleanála ar Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' DEHLG, 2009.
 - 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua', 2015, DoHPCLG.
- UB-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é go leagfar amach forbairtí cónaitheacha nua agus iad treosuite le húsáid a bhaint as saintréithe an tírdhreacha lena n-áirítear gnéithe áitiúla agus radhairc tíre, agus deiseanna a chuirtear ar fáil ag grian-neartú éighníomhach.
- Beidh forbairt gar do cheantair thaitneamhachta treosuite le aghaidh a dhíriú ar na ceantair thaitneamhachta agus faireachas neamhfhoirmiúil uasta a chur ar fáil. Ní cheadófar ceantair thaitneamhachta ar chúl réadmhaoine.
- UB-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é go gcuirfeadh naisc rothair agus choisithe dhíreacha ar fáil laistigh de thograí d'fhorbairtí cónaitheacha nua chun idirnascaidh le lárcheantair taitneamhachta, forbairtí comharsanachta cóngaracha agus saoráidí comharsanachta faoi réir comhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga. Cuirfeadh naisc ar fáil anuas ar an bpríomhrochtain ar an bhforbairt agus beidh siad deartha le faireachas éighníomhach ó na réadmhaoine sa timpeall a uasmhéadú, beidh dea-shoilsíú ann agus dea-chothabháil agus beidh ardchaighdeán sna hábhair agus sa bhailchríoch. Ní ghlacfar de ghnáth le naisc a thógnn bealaí indíreacha agus/nó go dtí cúl réadmhaoine.
- UB-P-10:** Is beartas de chuid na Comhairle é go léireoidh tograí d'fhorbairt chónaitheach nua go mbaintear dlús tithíochta cuí dá comhthéacs amach, agus forálann do phatrún inbhuanaithe forbartha le linn timpeallacht chónaitheach den chaighdeán is airde a chinntiú. D'fhéadfadh raonta dlúis níos ísle a bheith riachtanach ag féachaint do dhlús agus do phatrún spáis forbartha ar thailte atá ag síneadh leis na láithreáin. Chomh maith leis seo déanfar dlúsanna tithíochta a bhreithniú i bhfianaise gach cuspóir agus beartas ábhartha eile an phlean, lena n-áirítear na cuspóirí agus na beartais atá leagtha amach i gCaibidil 2, an Chroístraitéis.
- UB-P-11:** Cuirfidh tograí d'fhorbairt chónaitheach meascán de chineálacha agus de mhéideanna tí ar fáil chun riachtanais chatagóirí teaghlaigh difriúla a mheaitseáil go réasúnach laistigh de cheantar an Phlean, lena n-áirítear na grúpaí sin a bhfuil riachtanais speisialta acu. Déanfaidh an Chomhairle iarracht cothromaíocht a fháil sa stoc tithíochta chun freastal ar riachtanais agus ar bharrmianta na ndaoine a chónaíonn laistigh de cheantar an Phlean.
- UB-P-12:** Is beartas de chuid na Comhairle é taitneamhacht chónaitheach aonad cónaitheacha atá ann cheana a chosaint agus coincheapanna dearaidh a chur chun cinn do thithíocht nua a chinntiú bunú leibhéal réasúnta taitneamhachta cónaitheach.

UB-P-13: Beidh forbairtí cónaitheacha iolracha, de ghnáth:

- (a) Ar láithreáin úrnua, lena n-áirítear íosmhéid 15% de cheantar an láithreáin fhoriomláin forchoimeáidtha mar cheantar taitneamhachta poiblí;
- (b) I gcásanna eile, mar láithreáin líonta talún mhóra nó láithreáin athfhorbraíochta beidh íosmhéid 10% de cheantar láithreáin foriomlán coimeáidtha mar cheantar taitneamhachta poiblí nó (
- (c) Ar thailte a bhfuil foirgneamh/imh institiúide nó foirgneamh príobháideach mór orthu, suite ar thailte oscailte substaintiúla, áireofar íosmhéid 20% de cheantar foriomlán an láithreáin in áirithe mar cheantar taitneamhachta poiblí; de réir agus faoi réir na treorach leagtha amach sna 'Treoirínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' (2009) agus na ceanglais atá leagtha amach thíos -

Beidh soláthar spás oscailte taitneamhachta poiblí laistigh d'fhorbairtí cónaitheacha nua:

- i. Lonnaithe go háisiúil laistigh den fhorbairt, agus deartha mar chuid lárnach den leagan amach foriomlán ag feidhmiú mar phointe fócais nádúrtha a chuireann le feabhas amhairc na forbartha, agus
- ii. Beidh ardcháilíocht dearaidh ann, a sholáthraíonn d'úsáideanna ilfheidhme trí úsáid teicnící tírdhreacha boga agus cruá lena n-áirítear ceantair súgartha foirmiúla lánfheistithe, faichí neamhfhoirmiúla, troscán, ceantair taitneamhachta phábhailte agus plandáilte, agus
- iii. Beidh soilsiú agus comharthaíocht leordhóthanach ar fáil, naisc ardrechtana leis an líonra cosán poiblí mórthimpeall agus ceantair thaitneamhachta ainmnithe eile, agus
- iv. Beidh clár cothabhála san áireamh ann.

UB-P-14: Is beartas de chuid na Comhairle é nach gceadófar tograí do theaghaisí aonair laistigh de Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin, ach ar thailte a aithnítear mar 'Chónaitheach (Céim 1)' nuair is féidir a léiriú go soiléir:

- (a) Nach gcuirfeadh suíomh an tí cumas an láithreáin i mbaol chun soláthar forbairt/í chónaitheach chomhtháite cuimsitheach a éascú agus ceantar an láithreáin iomlán in úsáid; agus
- (b) Nach gcuirfeadh suíomh an tí líne aon bhóthar faoisimh beartaithe i mbaol; agus
- (c) Nach mbeadh an togra díobhálach do thaitneamhacht chónaitheach na réadmhaoine in aice leis nó nach mbeadh sé díobhálach do charachtar ginearálta an cheantair máguaird, go mbeidh sé faoi réir cuspóirí agus beartais an Phlean, agus nach mbeidh tionchar diúltach aige ar shonrúcháin timpeallachta.

UB-P-15: Is beartas de chuid na Comhairle é nach gceadaítear tograí do theaghaisí aonair ar thailte a aithnítear mar 'Chúltaisce Cónaitheach Straitéiseach' laistigh de Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin nuair is féidir a léiriú go soiléir:

- (a) Nach gcuirfeadh suíomh agus leagan amach na teaghaise as do chumas an láithreáin soláthar forbairt(í) chónaitheach iolrach fhadtéarmach a éascú ar fhuascailt na talún de réir a feidhme straitéisí; agus
- (b) Nach gcuirfeadh suíomh agus leagan amach na teaghaise as do líne aon bhóthar faoisimh beartaithe nó pasáiste bonneagair; agus
- (c) Go mbeadh meas ag scála agus ag cuma na forbartha ar charachtar láithreach an cheantair agus nach mbeidh tionchar díobhálach aige ar charachtar láithreach an cheantair nó ar thaitneamhacht chónaitheach réadmhaoine in aice láimhe; agus
- (d) Gur féidir leis an togra, le réasún, nascadh le soláthar todhchaí seirbhísí príomhlínte go dtí an ceantar; agus
- (e) Nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar do rochtain ar thalamh laistigh den chúltaisce d'fhorbairt thodhchaí agus nach gcuirfidh sé le cineálacha forbartha ribíní a

d'fhéadfadh le chéile go bhféadfadh go mbeadh an 'Cúltaisce Cónaitheach Straitéiseach' talamhiata dá bharr.

(f) Nach mbeidh tionchar diúltach ag an bhforbairt ar ainmnithe timpeallachta ábhartha.

- UB-P-16:** Is beartas de chuid na Comhairle é, anuas ar thograí cónaitheacha laistigh de thailte atá criosaithe mar 'Chónaitheach (Céim 1)' i Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin, go ndéanfaí saoráidí comhlántacha scálaithe a bhreithniú mar saoráidí crèche saoráidí sugartha, agus siopa(i) beaga áise faoi réir beartas ábhartha eile uile an phlean seo, treoir réigiúnach/náisiúnta ábhartha, ainmniúchán timpeallachta ábhartha agus i gcomhthéascas pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe an cheantair.
- UB-P-17:** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí d'fhorbairt chónaitheach uirbeach a bhreithniú a dhéanann iarracht forbairt chónaitheach neamhchríochnaithe atá ann cheana a réiteach, lena n-áirítear trí athchumraíocht chuí forbairtí, agus déanfar tograí dá leithéid a bhreithniú lasmuigh de na spriocanna daonra a leagann an chroístraitéis amach.
- UB-P-18:** Is beartas de chuid na Comhairle é an stoc tithíochta sóisialta reatha a choinneáil chun cur ar chumas na Comhairle freastal ar riachtanas tithíochta poiblí cheal aon roghanna soláthair neamhfoirgnithe a bheith ar fáil.
- UB-P-19:** Is beartas de chuid na Comhairle é Monatóireacht Tithíochta bhliantúil a dhéanamh.
- UB-P-20:** Is beartas de chuid na Comhairle é oidhreacht teangeolaíochta agus chultúrtha Ghaeltacht Dhún na nGall a chosaint maidir le tionchair ábhartha ar an oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíochta a d'fhéadfadh a eascairt as ilfhorbairtí tithíochta laistigh nó gar d'aon cheantar Gaeltachta trí cheanglas Measúnachtaí Tionchair Teanga mar chuid de thograí forbartha. Beidh gá le Measúnachtaí Tionchair Teanga leis an tionchar ar oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíochta an cheantair a mheasúnú agus nuair a léirítear tionchar suntasach beidh gá le bearta maolaithe cuí a chur ar fáil. Is cúinse ábhartha a bheidh i Measúnacht Tionchair Teanga i mbreithniú tograí forbartha ag an údarás pleanála. Beidh éileamh ar Mheasúnachtaí Tionchair Teanga mar seo a leanas:
- (a) Teastóidh Measúnacht Tionchair Teanga d'Ilfhorbairtí Cónaitheacha de 10 aonad cónaitheacha nó níos mó sa Ghaeltacht.
- (b) I bhformhór na gcásanna nuair is togra do 2 go 9 aonad go huile atá ann, ní bheidh gá le Measúnacht Tionchair Teanga mura mbíonn an t-ionchas ann do "Thionchar Suntasach", mar shampla maidir le haon chomhthéacs carnach. Ach is ceanglas d'aon chead a bheidh ann gur ionann céatadán na n-aonad atá le áitiú ag cainteoirí Gaeilge agus céataán cainteoirí Gaeilge laistigh den DED (bunaithe ar na sonraí daonáirimh is deireanaí) de láithreán an iarrtais (faoi réir ag íosmhéid 20%).
- UB-P-21:** Is beartas de chuid na Comhairle é roimh thús na forbartha, go dtabharfaidh na forbróirí uimhir agus ainm do na forbairtí tithíochta i gcomhairle le Coiste Logainmneacha Dhún na nGall, ar bhealach loighiciúil agus seicheamhach chun éascaíocht rochtana ag seirbhísí éigeandála agus ag an bpobal a éascú. Is ceangaltas freisin a bheidh ann go suiteálfadh forbróirí bearta moillithe tráchta cuí, comharthaíocht agus líne ar fáil laistigh d'fhorbairtí tithíochta roimh a céad áitiú, mar chuid de réiteach dearaidh cáilíochta.
- UB-P-22:** Is beartas de chuid na Comhairle é go gcuireann tograí forbartha d'ilfhorbairt chónaitheach nua (2 aonad nó níos mó) an bonneagar riachtanach go léir ar fáil chun tacú le seachadadh seirbhísí agus cáilíocht na beatha don fhorbairt chónaitheach nua agus dá comharsanacht roimh chéad áitiú aon aonaid. Áireofar aon soláthar bonneagair dá leithéid, agus gan a bheith teoranta leis, naisc seirbhíse go dtí aon líonraí fónais atá ann cheana, saoráidí comharsanachta, saoráidí cúraim leanaí, soláthar spáis oscailte, stadanna bus, rothairbhealaí, cosáin agus soilsiú poiblí. Cuirfear slándáil leordhóthanach ar fáil chun tabhairt chun críche agus cothabháil shásúil na forbartha, de réir forálacha Cuid B, Aguisín

3 de Threoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, agus ní scaoilfear leis go dtí go gcomhlíontar na ceanglais sin agus go mbíonn fianaise chun sástachta an Údaráis Phleanála ann.

- UB-P-23:** Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeadh, más cuí, páirceáil eas-sráide leordhóthanach ar fáil do charranna ag forbairtí cónaitheacha nua chun an fhorbairt a éascú de réir na gcaighdeán atá leagtha amach i Roinn B, Aguisín 3, de Chaighdeáin Theicniúla agus Forbartha.
- UB-P-24:** Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéanfar aonaid aonair agus ilaonaid tithe saoire a bhreithniú laistigh de chreatcheantair lonnaíochta ar choinníoll nach mbeadh sé de thoradh ar an bhforbairt bheathaithe go sáródh líon iomlán na dtithe saoire ceadaithe agus reatha laistigh den chreatcheantar lonnaíochta 20% den stoc tithíochta iomlán ceadaithe agus reatha. Déanfar aon iarratas a mheasúnú freisin i bhfianaise na gcúinsí pleanála ábhartha cuí lena n-áirítear criosuithe úsáide talún, infhaighteacht bonneagair, beartais ábhartha an Phlean Forbartha Contae agus treoir/beartais náisiúnta agus réigiúnacha eile agus ainmnúcháin timpeallachta cuí. Beidh ar fhorbairtí dá leithéid féachaint do scála agus do dhéanamh na lonnaíochta.
- UB-P-25:** Ní cheadóidh an Chomhairle forbairt a bhfuil fo-roinnt láithreán cónaitheacha bainteach leis ach nuair is féidir a léiriú go soiléir:
- Nach bhfuil an teach atá ann faoi láthair mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán agus go gcuirfeadh an togra as don leagan bunaidh ar chuid de an teach atá ann cheana, agus
 - Nach bhfuil cúirtealáiste na teaghaise bunaidh fo-roinnte ag níos mó ná 50% mar gheall ar an togra, agus
 - Nach sáródh lorg na teaghaise beartaithe aon trian de chúirtealáiste nua, agus
 - Nach mbeadh cuma aisteach ar an togra le hais dlúis, mórdhlúthú, scála, coibhéis, ábhair agus dearadh agus carachtar foriomlán na maoine atá ann cheana agus carachtar na sráid-dreacha agus an cheantair máguaird; agus
 - Nach mbeadh tionchar díobhálach ag an togra ar thaitneamhacht chónaitheach agus amhairc réadmhaoine in aice láimhe ná ar an gceantar máguaird nó a d'fhéadfadh bheith ina chúis drochthionchar ar iompair nó sábháilteacht ar bhóithre agus a chuirfidh leibhéal inghlactha páirceála ar fáil do gach teaghais áitithe ar leith, agus
 - Nach laghdódh an togra soláthar spás taitneamhachta príobháideach leordhóthanach don teaghais atá ann cheana agus go gcuirfeadh spás taitneamhachta príobháideach leordhóthanach ar fáil d'aon teaghais(i) nua áitithe ar leithligh.
 - Nach mbeadh éifeacht dhíobhálach ag an togra ar thaitneamhachtaí réadmhaoine comharsanachta.
- UB-P-26:** Ceadófar tograí d'athchóiriú foirgnimh in árasáin nó athchóiriú árasáin mhóra atá ann cheana ina n-aonaid níos lú de ghnáth, ar an gcoinníoll:
- go bhfuil acmhainn ag an bhfoirgneamh/láithreán freastal ar na taitneamhachtaí cónaitheacha breise; agus
 - nach gcuirfeadh an togra bac ar ghluaiseacht tráchta nó go gcuirfeadh sé sábháilteacht úsáideoirí bóithre nó coisithe i mbaol; agus
 - go n-áirítear sa togra taitneamhachtaí a chuimsíonn saoráidí diúscartha dramhaíola, ceantair thriomúcháin agus rochtain ar spás taitneamhachta príobháideach lasmuigh; agus
 - go mbaineann an togra le árasáin féin chuimsitheacha; agus
 - Nuair is cuí, go n-áireofar sa togra páirceáil eas-sráide leordhóthanach agus áisiúil do charranna a chomhtháthaíonn leis na réadmhaoine comharsanachta

- (f) go gcomhlíonann an togra íoschaighdeáin a shonraítear in 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua', An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Meán Fómhair 2007.

UB-P-27: Déanfar tograí do shíneadh ar theaghais a bhreithniú faoi réir na gcritéar seo a leanas:

- (a) Léiríonn an fhorbairt scála agus carachtar na teaghaise atá le síneadh agus a lonnaíocht níos leithne, agus tá meas aici uirthi;
- (b) Déantar soláthar do rochtain agus do pháirceáil feithicle atá slán agus leordhóthanach; agus
- (c) Ní bheadh éifeacht dhíobhálach ag an togra ar thaitneamhachtaí maoine tadhláí.

UB-P-28: Déanfar tograí d'athúsáid urláir uachtaracha os cionn áitreabh tráchtála agus miondíola laistigh de cheantar an phlean chun críocha cóiríochta a bhreithniú faoi réir ag léiriú:

- (a) nach ndéanann an togra dochar do ghníomhaíocht thráchtála atá ann cheana nó nach mbíonn cailteanas taitneamhachta cónaithí dá bharr; agus
- (b) go gcruthaíonn an fhorbairt socruithe rochtana feithicle agus coisithe oiriúnacha.
- (c) gur féidir leis an bhforbairt a léiriú go gcuireann sé go dearfach le beogacht agus le meascán úsáideanna sa cheantar.

UB-P-29: Is beartas de chuid na Comhairle é go measfar forbairt teach saoire laistigh de limistéir chreatlaí lonnaíochta gan srian a chur i bhfeidhm i dtéarmaí cothromaíocht idir tithe saoire agus tithe buanchónaí (beartas UB-P-24), faoi réir ainmniúcháin timpeallachta agus oidhreachta agus ceisteanna conláiste, agus i gcás ina mbeidh an t-iarratasóir ábalta a léiriú gur láithreán athfhorbraíochta é an suíomh laistigh de chreatlach uirbeach na lonnaíochta agus is chun críocha tithe saoire an fhorbairt, agus nach ndéanfaidh méid agus scála na forbartha sin aon dochar do charachtar na lonnaíochta. Is ionann láithreán athfhorbraíochta agus ceann ar tógadh air roimhe. Ní chuimsíonn sé páirceanna, ionaid caitheamh aimsire, spás oscailte príobháideach nó poiblí, garraithe scóir, tailte foraoiseachta/foirgnimh talamh talmhaíochta agus talamh ina bhfuil iarsmaí na húsáide roimhe seo ag teacht leis an tírdhreach, nó in ionad criosú úsáid talúin nó tailte lena mbaineann luach caomhnaithe nó úsáid chonláiste.

6.3 Tithíocht Tuaithe

Aidhm:

Freastal ar fhorbairt a thugann aghaidh ar fhíor-riachtanas tithíochta tuaithe na bpobal tuaithe ar fud an chontae ar bhealach a thugann aird chuí ar chúrsaí timpeallachta.


6.3.1 Cúlra

Díríonn beartas tithíochta tuaithe ar a chinntiú go bhfuil gach rogha inbhuanaithe agus cuí ar fáil ag daoine faoin tuath le coinneáil orthu ina gcónaí ina gceantar féin agus cur le saol an phobail. Cuireann na Treoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe (2005) buntaca leis an bprionsabal seo i mbeartas áitiúil agus náisiúnta. Chun é seo a léiriú, leanfaidh freastal ar fhíor-riachtanas tithíochta ginte faoin tuath de bheith ina chuid lárnach de bheartas na Comhairle i gcónaí laistigh de na spriocanna d'fhás an daonra a aithníodh laistigh den Chroístraitéis (Caibidil 2).

D'ainneoin na ndálaí eacnamaíochta atá i réim le tamall beag anuas, tugadh cead pleanála do thart ar 1216 aonad cónaitheacha i gceantair thuaithe i nDún na nGall ó tháinig an Plean Forbartha Contae roimhe seo i bhfeidhm; agus tugadh 'síneadh' do 1021 cead eile rud a fhágann go bhfuil 2237 cead atá ar marthain d'aonaid chónaitheacha i gceantair thuaithe. Tugann táscairí eile le fios freisin go bhfuil soláthar suntasach teaghaisí aonair ar fáil laistigh den Chontae. Tugann an LogEolaire 'Tuarascáil Tógála Cónaithe Geoview'¹ (2016) ar aird go bhfuil an dara comhchruinniú is airde tithíochta in aghaidh an 1000 den daonra sa Stát ag Dún na nGall (541 teaghais in aghaidh 1000 den daonra – féach Fíor 6.3.1 thíos) agus tugann ar aird freisin go meastar go bhfuil 28.2 % den stoc seo folamh (23,899 aonaid, a bhfuil 3243 díobh i gceantair thuaithe den chontae),

Sa bhreis ar an gcórt de thithíocht atá ann cheana, leithdháileann Croístraitéis an Phlean seo 36% den leithdháileadh tithíochta iomlán don tréimhse 2018-2024 ar bhailte tuaithe agus ar thaobh tíre oscailte laistigh den chontae chun soláthar do mhéadú go 5029 duine ar an daonra go 2024 (tagair do thábla 2.7).

Cuireann na Treoirínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe creat ar fáil d'fhorbairt beartais maidir le tithíocht tuaithe bunaithe ar thréithe fisiciúla, sóisialta agus déimeagrafach an chontae. Cumasaíonn sé seo an beartas a bheith saincheaptha le freastal ar fhíor-riachtanais tithíochta a ghintear faoin tuath do mhuintir Dhún na nGall in áit saincheisteanna bainteach le héileamh ar nós brúnna ginte uirbeacha, mianta an mhargaidh tithe saoire agus an t-éileamh ginte ag luacha talún mealltacha.

Fíor 6.3.1: Teaghaisí in aghaidh Míle den Daonra de réir Contae, Ceathrú 2 2016

Source: GeoDirectory Database, CSO Census 2016

Foinse: Bunachar Sonraí an Logeolaire, Daonáireamh CSO 2016

Chumasaigh an chomh-mheasúnacht fisiciúil, sóisialta agus déimeagrafach ar an gceantar tuaithe sainaitheint na gceantar tuaithe seo a leanas:

- Ceantair Thuaithe atá Lag go Struchtúrach;
- Ceantair Thuaithe nó Ceantair níos Láidre; agus
- Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir

Aithnítear na ceantair seo i Léarscáil 6.2.1

Aithníonn na Treoirínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe Ceantair Thuaithe atá Lag go Struchtúrach mar cheantair a léiríonn saintréithe ar nós meath daonra suntasach agus seasmhach mar aon le struchtúr eacnamaíochta níos laige bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fás eacnamaíochta. Sainmhínítear Ceantair Thuaithe níos Láidre mar cheantair ina bhfuil leibhéil daonra cobhsaí go ginearálta laistigh de struchtúr dea-fhorbartha baile agus sráidbhaile agus sa cheantar tuaithe níos leithne thart orthu. Tacaíonn bun eacnamaíochta talmhaíochta láidir traidisiúnta leis an gcobhsaíocht seo agus bíonn an claonadh ag leibhéal na gníomhaíochta forbartha tithíochta aonair sna ceantair seo a bhí íseal go maith agus é teoranta do cheantair ar leith. Sainaitheint na Treoirínte freisin Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir mar na ceantair sin atá i bhfoisceacht purlán nó dlúthcheantar comaitéireachta cathracha agus bailte, daonra atá ag fás go tapa á léiriú iontu agus iad faoi bhrú nach beag d'fhorbairt tithíochta, ag cur brúnna ar bhonneagar mar an líonra bóithre áitiúil.

Tá dualgas ar an gComhairle cuspóirí phlean Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a bhaint amach trína feidhmeanna. I gcomhthéacs an bheartais tithíochta tuaithe léirítear é seo trí chosaint uisce dromchla agus screamhuisce agus céimeanna cuí á dtógáil chun ceantair ainmnithe sliogéisc agus diúilicín péarla fionnuisce a chosaint. D'fhéadfaí go mbainfí seo amach trí chloí le cód cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil do chórais chóireála dramhuisce agus do chórais diúscairthe a fhreastalaíonn ar thithe aonair. Maidir leis seo, tugann an Tuarascáil Timpeallachta, i gCuid D, eolas mionsonraithe ar staid reatha na timpeallachta thar raon táscairí timpeallachta. Go háirithe, tá léarscáilíú déanta ar leochaileachtaí timpeallachta aonair sa chaoi gur féidir iad a bhreithniú ar bhonn carnach. Cuideoidh an t-eolas seo chun cinneadh faoi iarratas ar thithíocht tuaithe a threorú maidir lena dtionchair channacha ionchasacha agus aonair ar an timpeallacht.

Bhí brú suntasach ar chúlchríocha tuaithe bailte níos mó, a d'fhág go raibh brú ar bhonneagar áitiúil agus cruthú brúnna forbartha bruachbhailte gan séarachas sna ceantair seo. Caithfidh an Chomhairle, mar fheagra ar an gcomhthéacs beartais náisiúnta agus in iarracht chun na brúnna forbartha seo a bhainistiú, bearta a chothabháil chun tacú le hinmharthanacht, inbhuanaitheacht agus mealltacht na mbailte agus na sráidbhaile sa chontae, ní le go mbeadh na daoine sin a raibh fíor-riachtanas tuaithe acu thíos leis, ach mar roghanna tarraingteacha ar an gceantar tuaithe.

Feidhmítear tionchar uirbeach láidir i gcónaí ar chúlchríocha aitheanta Leitir Ceanainn agus Chathair Dhoire agus thart ar lonnaithe áirithe i Sraith 2 (Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Bealach Féich/Srath ana Urláir) agus aithníodh na ceantair seo i léarscáil uimh. 6.2.1 bainteach le Croístraitéis an Phlean seo. Ach agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae 2012-2018 (Arna Athrú), chinn an tÚdarás Pleanála freisin go raibh ceantair áirithe thart ar bhailte agus ar shráidbhailte níos lú (go háirithe na ceantair sin thart ar na Gleannta, Ard an Rátha, na Cealla Beaga, Tamhnach an tSalainn, An Clochán Liath, An Bun Beag/Doire Beag, an Fál Carrach, Dún Fionnachaidh, Baile na nGallóglach, An Craoslach, Ráth Mealtain agus Carn Domhnach) nár thuill, ar an athbhreithniú, ainmniú mar *Cheantair Faoi Thionchar Uirbeach Láidir* ar an mbonn (a.) nach bhfuil na ceantair seo i bpurláin láithreacha nó i gceantair chomaitéireachta aon chathracha nó bailte móra agus/nó (b.) nach léiríonn na ceantair seo leibhéal daonra atá ag éirí go tapa agus/nó (c.) nár léirigh na ceantair seo aon fhianaise shuntasach ar bhrú ar fhorbairt tithíochta le blianta beaga anuas. Agus cinneadh á dhéanamh ar athainmniú na gceantar seo, bhí aird ar leith ag an Údarás Pleanála ar fhorálacha na dTreoirínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe (2005) agus dá réir, rinneadh athaicmiú ar 'Cheantair Faoi Thionchar Uirbeach Láidir' roimhe seo lonnaithe thart ar bhailte agus ar shráidbhailte níos lú a bhí (a.) faoi réir meath ar an daonra idir na tréimhsí daonáirimh 2002-2016 agus (b.) atá lonnaithe i gceantair níos imeallaí den chontae thart ar struchtúr shráidbhaile nó bailte is lú forbartha mar Cheantair Thuaithe atá Lag go Struchtúrach; agus tá athaicmiú déanta ar na 'Ceantair Faoi Thionchar Uirbeach Láidir' roimhe seo a bhfuil (a.) bonn daonra réasúnta cobhsaí coinnithe acu agus (b.) atá lonnaithe i gcodanna is lú imeallaí den chontae agus thart ar struchtúr baile/sráidbhaile níos forbartha, mar Cheantair Thuaithe níos Láidre (tagair do Léarscáil Uimh. 6.2.1).

Tithe Saoire

Maidir le forbairtí tithe saoire, ní chuireann soláthar agus forbairt tithe nua chun freastal ar an éileamh ón margadh seo ach buntáiste gearrthéarmach ar fáil don gheilleagar áitiúil, agus féadfaidh sé cur leis an strus ar bhonneagar áitiúil agus éifeacht dhíríreach a bheith aige ar chumas an phobail áitiúil láithreáin inacmhainne a fháil dóibh féin Bhí an bhéim i bPlean Forbartha Dhún na nGall 2012-2018 (Arna Athrú) ar fhás tithe saoire a bhainistiú agus iarracht á dhéanamh cothromaíocht a choinneáil ó thaobh freastal ar riachtanas tithíochta tuathghinte agus turasóireacht ionchasach thar tréimhse níos faide. Ach ag cur na leibhéal folúntais tithíochta atá sa chontae faoi láthair san áireamh agus an cuspóir tacú le fíor-riachtanas tithíochta tuaithe, díríonn an Plean seo ar an deis do thithe saoire i gceantair thuaithe a shásamh trí úsáid/athúsáid an stoic tithíochta atá ann cheana amháin, nó trí athchóiriú foirgneamh tréigthe.

6.3.2 Cuspóirí

Is iad seo a leanas na cuspóirí maidir le tithíocht tuaithe:

- RH-O-1:** An riachtanas tuartha d'aonaid tithíochta sa cheantar tuaithe a leithdháileadh ag teacht leis an gCroístraitéis.
- RH-O-2:** Tacú le cur chuige cothromaithe i leith ceantar tuaithe chun beogacht a choinneáil agus inbhuanaitheacht pobal tuaithe seanbhunaithe a chinntiú agus aird chuí á thabhairt ar chúrsaí timpeallachta.
- RH-O-3:** A chinntiú go soláthraíonn forbairt chónaitheach nua i gceantair thuaithe d'fhíor-riachtanas tuaithe.

- RH-O-4:** Ceantair thuaithe díreach lasmuigh de bhailte a chosaint ar dhianleibhéil forbartha cónaithe agus ar an gcaoi seo an t-ionchas d'fhás incriminteach bailte agus a n-ionchas tar éis tréimhse an phlean a chaomhnú; bonneagar sóisialta agus fisiciúil atá ann cheana a úsáid; agus éileamh ar sholáthar neamheacnamaíoch bonneagair nua a sheachaint.
- RH-O-5:** Tithíocht tuaithe a chur chun cinn atá lonnaithe, deartha agus foirgnithe ar bhealach atá inbhuanaithe agus nach mbaineann ó charachtar nó ó cháilíocht an tírdhreacha glactha agus aird ar leith ar Aicmithe Tírdhreacha atá léirithe ar léarscáil 7.1.1 agus atá ar fáil laistigh de chaibidil 7 den Phlean seo.
- RH-O-6:** Comhlíonadh cuspóirí agus straitéisí timpeallachta Phlean Bainistíochta Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a chur chun cinn agus riachtanas Airteagal 6 de Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

6.3.3 Beartais

Chomh maith le saincheist tithíochta tuaithe a bhreithniú i gcomhthéacs cineálacha ceantar socheacnamaíochta mar a bhfuil cur síos orthu thuas, caithfear soláthar Tithíochta Tuaithe a bhreithniú freisin (mar a dhéanfar le gach forbairt eile laistigh de Chontae Dhún na nGall) i gcomhthéacs an chaoi ar féidir freastal ar fhorbairt tithíochta tuaithe sa cheantar tuaithe a éascú, ó thaobh soláthar na seirbhísí agus saoráidí riachtanacha do theaghaisí tuaithe ach freisin maidir le cúrsaí timpeallachta agus an chaoi ar féidir leis an bhforbairt luí isteach leis an tírdhreach glactha ar bhealach nach mbaineann ó charachtar agus ó cháilíocht an tírdhreacha sin.

Leagann Caibidil 7 den phlean seo amach na trí Aicmiú Carachtair Thírdhreacha ar leith a aithníodh laistigh den chontae:

- Ceantair Sárscéimhe,
- Ceantair Ardscéimhe; agus
- Ceantair Scéimhe Measartha.

Caithfidh gach forbairt nua laistigh den Chontae, lena n-áirítear forbairtí tithíochta tuaithe, aird a bheith acu ar an aicmiú tírdhreacha sonracha, ó thaobh comhtháthú agus luí isteach na forbartha leis an tírdhreach glactha (go háirithe de réir Bheartais NH-P-13 den Phlean seo).

Sa chomhthéas seo, féachann beartais an phlean seo le cinntiú go gcuirtear forbairt chónaitheach i gceantair thuaithe ar fáil ag suíomhanna cuí agus ar bhealach a chothóidh pobail tuaithe gan tionchar diúltach a bheith acu ar phríomhshócmhainní eacnamaíochta, timpeallachta oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha ceantar tuaithe. Féachann sé freisin le brú a bhainistiú do sceitheadh ó cheantair uirbeacha sna ceantair thuaithe gar do na bailte níos mó agus de chathair Dhoire, a sainmhínítear mar Cheantair Faoi Thionchar Uirbeach Láidir i Léarscáil 6.2.1.

Tá sé tábhachtach i gCeantair Faoi Thionchar Uirbeach Láidir méid na forbartha a bhainistiú agus ag an am céanna iad siúd le "riachtanas tithíochta tuathghinte" a éascú. Go ginearálta, déanfar tithíocht tuathghinte aonuaire i gceantair a shainítear mar Cheantair Tuaithe Níos Láidre a éascú faoi réir comhlíonadh gach beartas ábhartha agus forálacha an Phlean Forbartha Contae. I gCeantair Thuaithe atá Lag go Struchtúrach déanfaidh beartais an Phlean go ginearálta, idir riachtanas tithíochta tuathghinte agus uirbeach araon a éascú. (Tag. Léarscáil 6.2.1)

Forálfaidh an creatbheartas tithíochta tuaithe seo do phobail tuaithe inbhuanaithe faoi réir roinnt príomhriachtanais bheartais atá leagtha amach faoi bheartas RH-P-1 a chomhlíonadh; go bhfuil an tithíocht de dhearadh cáilíochta cuí, go gcomhtháthaíonn sé go rathúil leis an tírdhreach agus nach gcuireann sé athrú chun donais ar, nó go mbaineann sé tuilleadh ó charachtar tuaithe an cheantair mar a shonraítear faoi Bheartas RH-P-2; agus go sásaíonn an t-iarratasóir an sainmhíniú ábhartha ar riachtanas tithíochta tuaithe.

RH-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é go mbaineann na ceanglais seo a leanas le gach togra do thithíocht tuaithe:

1. Beidh tograí do theaghaisí aonair faoi réir fheidhmiú Dea-Chleachtais maidir le lonnú, suíomh agus dearadh tithíochta tuaithe mar a leagtar amach in Aguisín 4 agus comhlíonfaidh siad Beartas RH-P-2;
2. Beidh tograí do theaghaisí aonair lonnaithe agus deartha ar bhealach a chuireann ar chumas na forbartha luí leis an tírdhreach glactha agus atá íogair do shláinte agus do charachtar ceantar tuaithe mar a aithnítear i gCaibidil 7 agus Léarscáil 7.1.1 den Plean seo. Beidh tograí do theaghaisí aonair lonnaithe freisin ar bhealach nach mbíonn drochthionchar acu ar láithreáin Natura 2000 nó ar ghnáthóga ainmnithe eile a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo, radhairc nó amhairc lena n-áirítear amhairc a chlúdaítear le Beartas NH-P-16.;
3. Ní bheidh tionchar diúltach ag aon teaghais bheartaithe, leis féin nó go carnach le forbairt cheadaithe eile agus/nó atá ann cheana, ar cheantair faoi chosaint a shainítear i bPlean Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt;
4. Beidh rochtain/bealach amach láithreáin leagtha amach ar bhealach nach mbeidh ina chontúirt d'úsáideoirí bóithre nó nach bhfágfaidh lorg suntasach ar an tírdhreach, agus beidh aird aige ar Bheartas T-P-15;
5. Soláthróidh aon togra do theaghais tuaithe nua nach nascann le séarach nó draein phoiblí do dhiúscairt slán agus éifeachtach eisiltigh agus uiscí dromchla ar bhealach nach baol don tsláinte phoiblí é agus go dtagann sé le cóid chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.
6. Beidh tograí do theaghaisí aonair faoi réir beartais bainistithe ar bhaol tuilte an Phlean seo;
7. I gcás go ndéanfaítear cead cuirfidh an Chomhairle coinníoll áitíochta i bhfeidhm a d'fhéadfadh tabhairt chun críche comhaontú dlíthiúil a éileamh faoi S47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

RH-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do theaghais tuaithe nua a bhreithniú a fhreastalaíonn ar riachtanas léirithe (féach Beartais RH-P-3–RH-P-6) ar choinníoll go ngabhann dearadh cáilíochta cuí leis an bhforbairt, go luíonn sé go rathúil leis an tírdhreach, agus nach gcuireann athrú díobhálach air, nó nach mbaineann sé tuilleadh ó charachtar tuaithe an cheantair. Agus inghlacthacht togra á breithniú beidh an Chomhairle treoraithe ag na cúrsaí seo a leanas:-

1. Seachnóidh teaghais bheartaithe cruthú nó leathnú patrún bruachbhailteach forbartha sa cheantar tuaithe;
2. Ní chruthóidh teaghais bheartaithe forbairt ribíneach nó ní chuirfidh sé leis (féach sainmhínte);
3. Ní bheidh forbairt a bheadh díobhálach do thaitneamhacht an cheantair nó áititheoirí tuaithe eile de thoradh ar theaghais bheartaithe de bharr a láithriú, a lonnú nó a suíomh nó a bheadh ina fhorbairt neamhrialta;
4. Ní bheidh teaghais bheartaithe inghlactha i gcás go bhfuil sé feiceálach sa tírdhreach; agus beidh aird aici ar Bheartas T-P-15.
5. Ní bheidh glacadh le teaghais bheartaithe nua nuair nach n-éiríonn léi luí isteach leis an gcineál talún, le crainn nó fásra atá ann cheana, foirgnimh, fána nó gnéithe nádúrtha eile a d'fhéadfadh cuidiú lena chomhtháthú. Ní dhéanfar breithniú fabhrach de ghnáth ar thograí d'fhorbairt a mbeadh tochailt nó inlíonadh fairsing nó suntasach ag baint leo nó tograí a mbeadh baint crann nó coillearnach thar an méid a bheadh riachtanach chun freastal ar an bhforbairt. Braithfidh méid na tochailte a bhféadfaí glacadh leis ar chúinsí an cháis, lena n-áirítear a mhéid a thiocfaidh forbairt an láithreáin bheartaithe, lena n-áirítear oibreacha láithreáin riachtanacha, go neamhfheiceálach lena comharsanacht láithreach agus níos leithne (tuilleadh sonraí thíos).

Treoir ar Shuíomh Forbairtí Nua i gCeantair Thuaithe*

Is acmhainn ar leith í taobhtíre Dhún na nGall. Is acmhainn áineasa agus sócmhainn turasóireachta nach beag í. Baineann an tírdhreach freisin le cáilíocht na beatha agus 'braistint chéannachta' agus 'braistint áite' do chónaitheoirí Dhún na nGall. Tá tírdhreacha suntasacha cáilíochta agus taitneamhachta ann, tá sé suntasach ó thaobh caomhnú agus bithéagsúlacht an nádúir trí ghnáthóga a chur ar fáil don fhiadúlra, flora agus fauna; agus ionchorpraíonn sé léirithe ar ár gcultúr oidhreachta. Tá sé ríthábhachtach, agus freastal á dhéanamh ar fhorbairt chónaitheach tuaithe nua go mbítear cúramach chun a chinntiú go gcomhtháthaíonn sé go rathúil agus nach ndéantar dochar do charachtar an cheantair thuaithe dá bharr.

Ní teist dofheictheachta é an cinneadh cibé an dtagann teaghais tuaithe nua leis an tírdhreach nó nach dtagann; teastaíonn measúnacht uaidh ar an méid a shuífidh forbairt an láithreáin bheartaithe, lena garchomharsanacht agus leis an gcomharsanacht níos leithne. Tabharfar breith ar an measúnacht ar chomhtháthú ón aicmiú tírdhreacha; amhairc chriticiúla mar a fheictear iad feadh stráicí den ghréasán bóithre poiblí; ceart slí poiblí nó ceantair eile rochtana agus comhchruinnithe poiblí ginearálta, e.g. carrchlós, trá nó páirc. Nuair a aithnítear láithreán oiriúnach ó phointí amhairc chriticiúla dá leithéid, beidh sé riachtanach a chinntiú go luíonn an teaghais bheartaithe lena garchomharsanacht agus go bhfuil ardchaighdeán dearaidh ann. Ba chóir go mbeadh teaghaisí nua lonnaithe le buntáiste a bhaint as na deiseanna a chuireann aon phlandáil lánfhásta atá ann cheana, cnoic, fánaí nó gnéithe nádúrtha eile ar fáil chun cuidiú leis an gcomhtháthú. Ní ghlacfar le tithíocht bheartaithe a d'fheicfí mar fhorbairt fíor na spéire nó a áiteodh suíomh ar bharr fána/droma nó a bheadh ina ghné fheiceálach sa tírdhreach. Ar an gcaoi chéanna ní ghlacfar le teaghais nua a bhraitheann ar oibreacha talún suntasacha mar ghearradh isteach i bhfánaí, líonadh isteach le "ardán" cothrom a chruthú nó carnadh chun comhtháthú a bhaint amach.

De bharr na radharc forleathan atá ar fáil de ghnáth ar thírdhreacha cothroma nó ceantair chnocacha nochta tá sé níos tábhachtaí ná riamh a chinntiú go dtagann teaghaisí nua go maith lena bhfuil sa timpeall orthu. I gceantair dá leithéid bíonn ionchas drochthionchair níos mó ag drochláithriú agus ag dearadh ar thaitneamhacht amhairc agus ar charachtar tuaithe. Caithfear cúram ar leith a dhéanamh mar sin de roghnú láithreáin sa chaoi go mbeidh tithe teaghaise nua ag teacht leis na tírdhreacha seo.

Amanna d'fhéadfadh sé nach é tionchar na teaghaise nua leis féin a théann i bhfeidhm ar an gcarachtar tuaithe, ach nuair a dhéantar é a mheasúnú go carnach le foirgnimh cheadaithe agus foirgnimh eile atá ann cheana sa chomharsanacht d'fhéadfadh sé a bheith díobhálach do charachtar tuaithe an cheantair sin. D'fhéadfadh gur trí chruthú nó leathnú pátrúin bhruachbhailte forbartha nó trí fhorbairt ribíneach doghlactha a chruthú nó a leathnú a dhéanfaí sin.

Agus tionchar carnach foirgnimh ar charachtar tuaithe á mheasúnú cuirtear seo a leanas san áireamh:

- idirléargas an fhoirgnimh bheartaithe le forbairt cheadaithe agus forbairt atá ann;
- láithriú, scála agus dearadh na forbartha beartaithe; agus
- leochaileacht an tírdhreacha agus a chumas glacadh le tuilleadh forbartha dóibh sin ar ghá dóibh cónaí sa cheantar tuaithe.

* Tagair le do thoil d'Aguisín 4 'Teach á thógáil faoin tuath i nDún na nGall. Treoir maidir le Suíomh, Láithriú agus Dearadh' le tuilleadh eolais a fháil ina leith seo. Tá an Rannóg Pleanála tiomanta do rannpháirtíocht leanúnach le Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae Dhún na nGall ó thaobh léirimhíniú agus cur i bhfeidhm an bheartais tithíochta tuaithe agus beidh sé freagrach do na saincheisteanna sin ar bhonn leanúnach via sraith ceardlann leis na Comhaltaí.

RH-P-3: Ceantair Thuaithe Níos Láidre

Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú ó iarratasóirí ionchasacha a bhfuil gá acu le tithíocht laistigh de cheantar atá sainithe mar Cheantar Tuaithe Níos Láidre, ar an gcoinníoll go léiríonn siad gur féidir leo gach beartas ábhartha eile an Phlean seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2, sa chás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go gcomhlíonann siad ceann amháin nó níos mó dóibh seo a leanas:

- daoine ar ghníomhaíocht tuathbhunaithe a bhfostaíocht príomha le fíor-riachtanas cónaí i gceantar an bhonn fostaíochta sin, mar shampla, iad siúd a oibríonn sa talmhaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht etc.;
- daoine a bhfuil nasc ríthábhachtach acu leis an gceantar tuaithe de bharr gur chónaigh siad sa phobal seo ar feadh tréimhse substaintiúil dá saoil (íosmhéid 7 mbliana), nó a bhfuil ceangail fhadhbhunaithe acu leis an gceantar tuaithe (íosmhéid 7 mbliana) le garghaolta, nó toisc go dtugann siad cúram do dhuine ar chónaitheoir reatha ann e (íosmhéid 7 mbliana);
- daoine ar chúinsí sláinte eisceachtúla ar féidir leo fíorghá a léiriú chun cónaí i suíomh tuaithe áirithe.

Ní bheidh feidhm leis an mbeartas seo i gcás go bhfuil duine tar éis leas a bhaint cheana as cead do theaghais ar láithreán eile, mura féidir a léiriú go bhfuil cúinsí eisceachtúla ann. Áireofaí ar chúinse eisceachtúil, cé nach mbeadh sé teoranta dó, tosca ina mbeadh an t-iarratasóir tar éis teaghais áitithe agus foirgnithe a raibh cead roimhe seo aige, a dhíol le duine a chomhlíonann ceanglais bona fide an chead sin. Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo.

RH-P-4: Ceantair Thuaithe a bhfuil Struchtúr Lag acu

Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do thithíocht aonuaire nua laistigh de cheantair thuaithe atá lag go struchtúrach a bhreithniú ó iarratasóirí ionchasacha ar bith a bhfuil riachtanas tí cónaithe acu (riachtanas uirbeach nó tuathghinte) ar an gcoinníoll go léiríonn siad gur féidir leo gach beartas ábhartha eile den Phlean seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2. Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo.

Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir

RH-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do thithíocht tuaithe aonuaire nua a bhreithniú laistigh de Cheantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir ó iarratasóirí ionchasacha a bhfuil fíor-riachtanas léirithe acu ar féidir leo fianaise a chur ar fáil gur chónaigh siadsan, nó a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí, ag am éigin laistigh den cheantar faoi thionchar uirbeach láidir i bhfoisceacht an láithreáin iarratais do thréimhse 7 mbliana ar a laghad. Tá an méid sin thuas faoi réir beartas ábhartha eile an phlean seo, lena n-áirítear RH-P-1 & RH-P-2. Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo.

RH-P-6: Athchóiriú teaghaisí/foirgnimh atá ann cheana

Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú d'athchóiriú foirgneamh tréigthe (tagair do shainmhínte thíos) laistigh de cheantair thuaithe, le húsáid mar theaghais bhuan nó mar theach saoire, faoi réir (inter alia) na gcritéir seo a leanas a shásamh:

- (i) Forálfaidh an fhorbairt bheartaithe do choinneáil formhór an fhoirgnimh atá ann cheana.
- (ii) Chomhtháthódh an fhorbairt bheartaithe go héifeachtach laistigh den timpeallacht tuaithe óstach ag féachaint don aicmiú tídhreacha atá leagtha amach i gCaibidil 7 agus Léarscáil 7.1.1 den Phlean seo, agus nach ndéanfadh sé dochar do thaithneamhachtaí amhairc an cheantair atá i gceist.
- (iii) Is féidir dramhuisce ón bhfoirgneamh a chóireáil agus a dhiúscairt de réir caighdeán EPA reatha,
- (iv) Níl aon bhac ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre ar úsáid aon rochtain atá ann cheana agus
- (v) Féadfaidh an togra comhlíonadh beartas ábhartha eile an phlean seo a léiriú, lena n-áirítear forálacha ábhartha eile Beartas RH-P-1 & RH-P-2.
- (vi) Ní sháróidh tograí do shíntí i gcás an athchóirithe níos mó na 50% de mhéid an fhoirgnimh bhunaidh de ghnáth, suas go uasmhéid achar urláir 90m². Caithfidh dearadh, méid, airde agus bailchrócha na forbartha/sínte beartaithe carachtar

ailtireachta an chineál foirgnimh bhunaidh a urramú, mura n-aontaítear a mhalairt leis an Údarás Pleanála agus caithfidh an foirgneamh críochnaithe thairis sin a bheith ar a leithéid de scála agus de chineál go dtagann an fhorbairt go héifeachtacha leis an tírdhreach óstach.

RH-P-7: Beartas Athsholáthair Tí

Is beartas de chuid na Comhairle é tograí d'athsholáthar teaghaisí i gceantair thuaithe a bhreithniú, sa chás:

- (a) go bhfuil an tÚdarás Pleanála sásta nach gcuireann an teaghais atá ann go suntasach le hoidhreacht fhoirgnithe an cheantair atá i gceist agus;
- (b) go mbeadh an teaghais athsholáthair ar scála agus cineál a bheadh ag teacht ar an iomlán leis an teach atá ar an láithreán cheana agus nach mbeadh aon tionchar amhairc suntasach breise de thoradh air de bhreis agus de bharr aon tionchar a eascraíonn as an bhforbairt ar an láithreán atá ann cheana agus;
- (c) gur féidir soláthar leordhóthanach a dhéanamh do chóireáil dramhuisce ar an láithreán agus
- (d) thairis sin go gcomhlíonfadh an fhorbairt bheartaithe gach beartas ábhartha eile den Plean Forbartha Contae.

RH-P-8: Cóiríocht choimhdeach do ghaolta cleithiúnacha

Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú do sholáthar cóiríochta coimhdí do ghaolta cleithiúnacha laistigh de chúirtealáiste teaghaise tuaithe atá ann cheana, faoi réir comhlíonadh na gcritéir seo a leanas:

- (a) Beidh cóiríocht choimhdeach do ghaolta cleithiúnacha géilliúil go soiléir don príomhtheaghais ó thaobh scála agus maise, beidh sé ag teacht le foirm agus le cuma na príomhtheaghaise agus beidh sé deartha chun comhtháthú go héifeacht laistigh den timpeallacht tuaithe óstach,
- (b) Freastalóidh an bealach isteach feithicle atá ag an láithreán cheana ar chóiríocht choimhdeach agus beidh an dualgas ar na hiarratasóirí ionchasacha a léiriú go bhfuil na socruithe don bhealach isteach atá ann cheana slán agus oiriúnach don fheidhm,
- (c) Déanfar soláthar leordhóthanach do chóireáil agus do dhiúscairt eisiltigh baile. I gcás go ndéanfaítear cead cuirfidh an Chomhairle coinníoll Áitíochta leis a mb'fhéidir go dteastóidh comhlánú comhaontaithe dlíthiúil uaidh faoi Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

RH-P-9: Dearadh

Is beartas de chuid na Comhairle é na caighdeáin láithrithe agus dearaidh ailtireachta is airde a lorg do gach teaghais nua a thógtar laistigh de cheantair thuaithe agus éileoidh an Chomhairle go ndéantar gach teaghais tuaithe nua a dhearadh de réir na bprionsabal a leagtar amach in Aguisín 4 den Plean Forbartha Contae, dar teideal 'Teach a Thógáil faoin tuath i nDún na nGall – Treoir do Shuíomh, Láithriú & Dearadh'.

RH-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go ndéanfaidh tograí forbartha do thithe aonair nua laistigh de dhobharcheantar an ghréasáin séarachais bheartaithe in An Bun Beg-Doirí Beaga soláthar do nasc todhcháí leis an ngréasán séarachais, i gcomhar le hUisce Éireann.

Caithfidh aon iarratas ar theach tuaithe aonair laistigh den cheantar seo:

- (a) sonraí faoin mbealach nasctha beartaithe leis an ngréasán beartaithe a bheith san áireamh ann, agus
- (b) tograí mionsonraithe a chur isteach faoin diúscairt eatramhach ar an suíomh go dtí caighdeáin reatha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le diúscairt eisiltigh ó chórais chóireála tithe aonair. Aithnítear an dobharcheantar den ghréasán

séarachais beartaithe a fhreastalaíonn ar an gceantar ar an gCreat Lonnaíochta do léarscáiliú An Bun Beag-Doirí Beaga atá ag dul leis an bPlean seo.

- RH-P-11:** Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéanfar, seachas tograí laistigh de Cheantair Shárscéimhe-áit nach mbeidh na forbairtí seo a leanas inghlactha –tograí d'fhorbairt tithe saoire i gceantair thuaithe a bhreithníú sna cúinsí seo a leanas, faoi réir ainmnithe oidhreacht agus timpeallachta, cúrsaí taitneamhachta, sábháilteacht tráchtá agus cúrsaí sláinte poiblí agus comhlíonadh gach beartas ábhartha eile den Phlean seo:
- Nuair is féidir leis an iarratasóir beartas a thagraíonn do 'thionscadail turasóireachta bainteach le hacmhainn' a léiriú.
 - Nuair is chun críocha cíosa amháin an togra (uasmhéid 5 aonad) mar chuid de phlean éagsúlaithe feirme.

- RH-P-12:** Ceanglófar ar aon fhorbairt tithe saoire (tograí bainteach le forbairt tithe tréigthe san áireamh) teacht leis na treoirlínte atá leagtha amach in 'Aguisín 4, Teach a Thógáil faoin tuath i nDún na nGall, Treoir maidir le Suíomh, Láithriú & Dearadh'. Agus seo á dhéanamh ní cheadófar teach saoire áit nach féidir leis an tírdhreach an teach saoire a shú isteach nó nuair a bheadh tionchar diúltach ag an teach saoire ar an tírdhreach.

Chun críocha beartas uimhir RHP-6 go RH-P-7, is é seo a leanas an sainmhíniú ar theach saoire; 'Dara áit chónaithe nach é an t-aon áras cónaithe ná an príomháras cónaithe é. Fágann sé seo dara áit chónaithe a áitítear ó am go ham ag daoine ar imircigh iad atá ag filleadh.

- RH-P-13:** Is beartas de chuid na Comhairle é aonaid tithíochta iolracha nua (a shainítear mar 2 aonad nó níos mó) a threorú go dtí na bailte sin a aithnítear sa Chroístraitéis/Ordlathas Lonnaíochta.

Sainmhínte:

- Daoine de neasteaghlach:** Sainmhínítear iad mar mhic, iníonacha, máithreacha, aithreacha, seantuismitheoirí, garpháistí, deartháireacha, deirfiúracha, uncail, neachta nó nianna an iarratasóra.
- Teach Buan:** An t-aon áras cónaithe agus an príomháras cónaithe.
- Foirgneamh tréigthe:** Go ginearálta sainmhínítear é seo mar fhoirgneamh a bhfuil formhór na mballaí seachtracha slán. I gcás gur ballaí ísle atá sna ballaí seachtracha laistigh de cheantar Ardscéimhe nó Scéimhe Measartha, déanfar gach cás a bhreithníú ar a fhiúntas maidir le suíomh agus le láithriú. Ach ní dhéanfar breithníú fábharach ar thograí d'athchóiriú ballaí ísle laistigh de Cheantair Shárscéimhe (tagair do Léarscáil 7.1.1).
- Ceantair Thuaithe Shárscéimhe:** Is tírdhreacha nádúrtha diamhra den cháilíocht is airde iad atá inaitheanta le céannacht Chontae Dhún na nGall. Tá cumas thar a bheith teoranta ag na ceantair seo forbairt bhreise a chomhtháthú agus dá réir sin ní mór tograí forbartha sna réimsí sin a cheapadh d'fhonn comhtháthú leordhóthanach isteach sa tírdhreach fála a chinntiú agus ní mór cloí le cuspóirí agus beartais uile eile an phlean.
- Clachan atá ann cheana:** cuimsíonn sé seo roinnt tithe agus/nó foirgnimh eile le cúirtealáistí tadhlaigh, nó i ngairíocht dhlúth dá chéile, agus áit nach n-eascraíonn forbairt ribíneach de bharr forbartha breise.

6. Forbairt Ribíneach:

Go ginearálta 5 theach ar aon taobh áirithe d'éadanas bóthair 250 méadar.

Braithfidh cibé an ndéanfaidh togra áirithe an fhorbairt ribíneach níos measa nó an bhféadfaí é a bhreithniú ar:

- An chineál ceantair thuaithe agus cúinsí an iarratasóra.
- A mhéid agus a d'fhéadfaí an togra a bhreithniú mar fhorbairt inlíonta
- A mhéid agus a gcuirfí síneadh le forbairt ribíneach atá ann cheana nó an dtiocfadh ceantair ar leith forbartha ribíní le chéile de thoradh na forbartha.
- D'fhéadfadh go bhfeidhmeodh bearnaí geografacha agus fisiciúla a bheadh ann, droimhní topagrafacha san áireamh, mar bhealach le forbairt ar thaobh an bhóthair a shíneadh i gcásanna cuí.
- A mhéid is a bhfoirmeodh an togra clachan beag le roinnt tithe nó foirgnimh eile le cúirtealáistí tadhlaigh, d'fhéadfadh go n-ionchorprófadh sé seo láithreáin talún cuil i gcúinsí cuí.

Glacfaidh an tÚdarás Pleanála dearcadh réasúnach agus cothromaithe ar léirmhíniú ar na critéir thuas agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh, comhthéacs an láithreáin, lena n-áirítear stair phleanála an cheantair agus brúnna forbartha.

7. **Teach Saoire:** Dara áit chónaithe nach an t-aon áras cónaithe nó príomháras cónaithe é. Fágann sé seo dara áras cónaithe a áitítear ó am go ham ag daoine ar imircigh iad atá ag fillleadh, as an áireamh.
8. **Láithreán Athfhorbraíochta:** Is láithreán é láithreán athfhorbraíochta ar tógadh cheana air




**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
Plean
Forbartha Contae
Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map: 6.2.1
Rural Area Types
Léarscáil: 6.2.1
Cineálacha Ceantar
Tuaithe**

Legend

- Urban Areas
Limistéir Uirbeacha
- Structurally Weak Rural Areas
Ceantair Thuaithe a bhfuil a struchtúr lag
- Areas Under Strong Urban Influence
Ceantair faoi Thionchar Láidir Uirbeach
- Stronger Rural Areas
Ceantair Thuaithe níos láidre
- District Electoral Division
Toghroinn Ceantair



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright Ordnance Survey Ireland, 2017. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhíreacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhíreacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhíreacht Ordnáis Éireann, 2018.
Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Leamh i gcomhar leis an teacs abhartha tionlacáin áta chun tosaigh sa chuid seo den aguisin chomh maith le cuspóir agus beartas abhartha eile sa PFC.

Caibidil 7 An Oidhreacht Nádúrtha agus Fhoirgnithe

Aidhm:

Oidhreacht nádúrtha, foirgnithe agus chultúrtha an Chontae a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú do na glúnta atá le teacht agus meas agus rochtain ar na hacmhainní seo agus sásamh astu a spreagadh.

Cúlra

Aithníonn an Chomhairle fiúntas an chuid is fearr dár n-oidhreacht foirgnithe, chultúrtha agus nádúrtha dár gcáilíocht saoil agus dár ngníomhaíochtaí laethúla. Aithníonn an Chomhairle freisin go gcaithfear í a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht, bunaithe ar dheachleachtas caomhnaithe. Chomh maith lena bhfiúntas bunúsach agus aeistéitiúil, féadfaidh ár n-oidhreacht foirgnithe, chultúrtha agus nádúrtha a bheith tábhachtach do chultúr, sochaí, timpeallacht, turasóireacht agus geilleagar an Chontae.

Sainmhíníonn an tAcht Oidhreachta (1995) oidhreacht mar chuimsiú ar nithe seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta, fauna, flora, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, nithe oidhreachta, uiscebhealaí intíre, tírdhreacha, séadchomharthaí, muirdhreacha, gnáthóga fiadhúla, agus báid bhriste. Aithníonn an Chomhairle gur freagracht roinnte é cosaint agus caomhnú oidhreachta an Chontae nuair is féidir impleachtaí a n-úsáid talún ar an oidhreacht foirgnithe, chultúrtha agus nádúrtha a fhorbairt mar shócmhainní pobail.

Plean Oidhreachta an Chontae

Déanann na beartais atá i bPlean Forbartha an Chontae 2018 – 2024 iarracht a chinntiú, agus forbairt á stiúradh agus cinneadh á dhéanamh faoi thograí forbartha, go bhfuil aird chuí ar chothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais an phobail agus an gheilleagair le linn cur chuige inbhuanaithe a ghlacadh maidir le forbairt a bhfuil meas cuí aige ar oidhreacht an Chontae. Tá beartais an Phlean ag iarraidh tacú agus cur le prionsabail an Phlean Oidhreachta Contae 2014-2019 (arna athrú).

Tírdhreach

Tá tírdhreach ar leith ag Contae Dhún na nGall, é uathúil agus ag teacht le céannacht Chontae Dhún na nGall, agus is comhghné lárnach iad an t-imeallbhord agus an muirdhreach fairsing. Fágann nádúr an tírdhreacha gur fachtóir é a chuireann leis an tarraingt eacnamaíoch dá cháilíocht mar áit le cónaí agus le hobair a dhéanamh ann, Infheistíocht Eachtrach Dhíreach á mealladh agus fás daonra gaolmhar, aire ar leith á thabhairt don mhargadh turasóireachta atá ag dul i méid, rud ar léir ón ardmholadh le deireanaí mar láthair seit don chéad scannán 'Star Wars' eile agus gur toghadh é mar 'The Coolest Place on the Planet' ag an iris *National Geographic Traveller Magazine* (Eanáir/Feabhra 2017).

Is iomaí rud a chuireann bonn faoin tírdhreach lena n-áirítear an gheolaíocht, clúdach talún, oidhreacht nádúrtha, oidhreacht foirgnithe agus oidhreacht chultúrtha, a nascann le chéile lena charachtar a shainiú. Ullmhaíodh Measúnacht ar Nádúr an tírdhreacha don Chontae i 2016 agus cuireann sé scéal na ngnéithe aonair agus coiteann ar fáil agus cuireann bonn fianaise ar fáil d'fhorbairt todhchaí beartais.

Breithníonn beartais agus cuspóirí tírdhreacha an phlean seo forbairt, bainistíocht agus breithniú cuí an tírdhreacha.

7.1 AN OIDHREACTH NÁDÚRTHA

Aidhm:

Oidhreacth nádúrtha an Chontae a chaomhnú, a chosaint agus a bhainistiú do na glúnta atá le teacht agus meas agus léirthuiscint ar na hacmhainní seo a spreagadh.

7.1.1 CÚLRA

Tá caomhnú, cosaint agus bainistiú oidhreacth nádúrtha an chontae, agus fás dearfach á ghiniúint, tábhachtach i ndáil le bithéagsúlacht a choinneáil chun taitneamh, oideachas, taighde agus éiceachórais sláintiúla a chothabháil. Tacaíonn an Chomhairle leis an dearcadh gur freagracht roinnte é bainistiú oidhreacth nádúrtha an Chontae agus tá sí tiomanta d'oibriú le gníomhaireachtaí, pobail agus daoine aonair ábhartha chun a chinntiú go nglacann gach ceann acu páirt i gcaomhnú agus i gcosaint ár n-oidhreactha nádúrtha mar ghné d'fhorbairt todhchaí an chontae. Tábla 7.1 Míniú ar théarmaí teicniúla agus giorrúcháin a bhaineann le gréasán Natura 2000 de Shuíomhanna Eorpacha agus eolas cúlra a bhaineann le próisis Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Chúí (MC)>

Tábla 7.1: Míniú ar Théarmaí Teicniúla agus Giorrúcháin

Téarma	Míniú
MC	Is é is Measúnacht chúí (MC) ann oibleagáid faoi Airteagal 6(3) de Threoir AE ar Ghnáthóga 92/43/EEC: <i>“Aon phlean nó tionscadail nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistíocht an tsuímh [suíomh Natura 2000] ach ar dócha tionchar suntasach a bheith aige ar an suíomh, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnacht chúí ar a impleachtaí don suíomh i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an tsuímh”.</i>
Bithéagsúlacht	Focal a úsáidtear go forleathan ar an éagsúlacht bhitheolaíochta agus a shainmhínítear mar chnuasach d'orgánaigh bheo ó gach gnáthóg lena n-áirítear éiceachórais talún, mara agus na coimpléisc éiceolaíochta ar cuid díobh iad.
Treoir um Éin	Treoir 2009/147/EC Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 30 Samhain 2009 ar chaomhnú éin fhiáine.
LCaSm	Iarrthóir ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
Suíomh Eorpach	Suíomh Eorpach: Iarrthóir ar Shuíomh de Thábhacht Pobail, Suíomh de Thábhacht Pobail, Iarrthóir ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, Iarrthóir ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta.

Téarma	Míniú
Gnáthóg	Is ceantar éiceolaíoch nó timpeallachta é gnáthóg ina maireann speiceas ainmhithe agus planda ar leith. Is í an timpeallacht nádúrtha í ina maireann orgánach nó an timpeallacht fhisiciúil thart ar (a théann i bhfeidhm air agus a úsáideann sé) speiceas.
Treoir um Ghnáthóga	Treoir na Comhairle 92/43/EC 21 Bealtaine 1992 ar chaomhnú gnáthóga nádúrtha agus ainmhithe agus plandaí fiáine.
Natura 2000	Is cuid de ghréasán éiceolaíoch Eorpach iad suíomhanna Natura 2000 de cheantair faoi chaomhnú speisialta a ainmnítear faoi Airteagal 3 den treoir um Ghnáthóga (92/43/EEC) agus cuimsítear leis Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCoS) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCoS).
Tearmainn Dúlra	Roghnaítear tearmainn dúlra as measc na samplaí is fearr dár bhfiabheatha, gnáthóga agus geolaíocht. Tá réimse leathan de speicis, pobail agus geolaíocht iontu. Is aitheantas poiblí é ar a dtábhacht é an t-aitheantas trí ordú ainmniú aireachta ag Rialtas an Stáit.
LON	Limistéir Oidhreachta Nádúrtha: Is le hordú Aireachta a ainmnítear Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus cuimsítear suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith suntasach i dtéarmaí bitheolaíochta do speicis, pobail agus gnáthóga nó a bheith suimiúil maidir le tírghnéithe, gnéithe geolaíochta nó geomoirfeolaíochta nó éagsúlacht a dtréithe nádúrtha. In Éirinn is é Limistéir Oidhreachta Nádúrtha an bunainmniú d'fhiabheatha. Is limistéir é seo a meastar é a bheith tábhachtach do na speicis a mhaireann ann nó ina maireann speicis plandaí agus ainmhithe ar gá a ngnáthóg a chosaint.
Coinbhinsiún/Suíomh Ramsar	Is conradh trasnáisiúnta é an Coinbhinsiún ar Bhogaigh, a síníodh in Ramsar, an Iaráin in 1971 ina bhforáiltear an creat faoi choinne gníomh náisiúnta agus comhoibriú idirnáisiúnta do chaomhnú agus úsáid stuama bogach agus na n-acmhainní atá iontu. Áirítear ar an liosta de shuíomhanna Ramsar in Éirinn bogaigh a meastar tábhacht idirnáisiúnta a bheith leo faoi Choinbhinsiún Ramsar.
LCoS	Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta: Suíomhanna a ainmníonn an tAire mar limistéir faoi chaomhnú speisialta de bhun Airteagal 4, paragraf 4 de Threoir um Ghnáthóga na hEorpa (92/43/EEC). Ainmnítear iad mar gheall ar bhaol féideartha do na gnáthóga nó speicis speisialta a mhaireann iontu.
MST	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta: Ceanglas le Pleananna, tionchair Pleananna agus Cláir áirithe ar an timpeallacht a mheasúnú (de bhun Threoir AE MST 2001/42/EC).

Bithéagsúlacht

Dírítear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017-2021 (PGNB) ar an ghá atá le Rialtais Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta don fholláine dhaonna a phríomhshruithú. Tagann sé seo ó 'Coinbhinsiún ar Bithéagsúlacht Fhorógra Cancun' na Náisiún Aontaithe (CBD, 2016) ina sainmhínítear éagsúlacht bithéolaíoch nó bithéagsúlacht mar, *"inathraitheacht i measc orgánaigh bheo as gach foinse lena n-áirítear inter alia, éiceachórais talún,*

mara agus uisce eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; áirítear leis seo éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis, trasna speiceas agus in éiceachórais ."

Tá fíis Bithéagsúlachta na hÉireann leagtha amach sa PGNB agus deirtear ann: "Go gcaomhnaítear agus go n-athnuaítear bithéagsúlacht agus éiceachórais in Éirinn, le buntáistí a chur ar fáil atá riachtanach do gach cuid den tsochaí agus go mbeidh Éire ag cur le hiarrachtaí stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus ídiú éiceachóras san AE agus ar bhonn domhanda.". Léirítear measúnú agus modhanna le riachtanais na físe seo a ghnóthú sna cuspóirí agus polasaithe atá sa chaibidil seo, faoi réir ceanglais reachtúla bithéagsúlachta mar atá leagtha amach sna paragraif thíos.

Láithreáin Chaomhnaithe Nádúir Ainmnithe

Tugann reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta cosaint anois dár gceantair oidhreacht náisiúnta is luachmhara. Is ceanglais de chuid Threoir um Ghnáthóga AE agus Rialúcháin AE um Éin agus an Timpeallacht Nádúrtha, mar atá leagtha amach thuas, gréasán de Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCoS) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCoS) a bhunú a chuimsítear i ngréasán éiceolaíoch Natura 2000 agus ar a dtugtar go forleathan 'Suíomhanna Natura 2000'.

Ar bhonn náisiúnta, is iad Limistéir Oidhreacht Náisiúnta (LON) agus Limistéir Oidhreacht Náisiúnta Mholta (LONm) an bunainmniú don fhiabheatha trí ordú Aireacht agus cuimsítear suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith suntasach i dtéarmaí bithéolaíochta do speicis, pobail agus gnáthóga nó suimiúil mar thírghnéithe, gnéithe geolaíocha nó geomorfeolaíocha nó mar gheall ar a n-éagsúlacht tréithe nádúrtha. In Éirinn is iad LON agus LONm a chosnaíonn na gnáthóga reatha nó a óstálann speicis plandaí agus ainmhithe ar gá a ngnáthóga a chosaint, ag Leibhéal Náisiúnta tharstu siúd a chosnaítear trí Theoracha AE agus is comhchúram é a gcosaint a chinntiú amach anseo.

Tá freagracht ar an Rialtas as ainmniú na láithreán seo ag an leibhéal náisiúnta, agus is comhfhreagracht é a gcosaint a chinntiú don toadhcháil. Tá próiseas ainmnithe láithreáin ag dul ar aghaidh i gcónaí agus láithreáin nua á gcur leo agus/nó á n-uasghrádú maidir lena stádas caomhantais, agus oiriúnú á dhéanamh ar theorainneacha láithreáin atá ann cheana de réir mar a bhíonn eolas níos fearr ar fáil. In Aguisín D, Tuairisc Timpeallachta, den Phlean Forbartha seo, léiríonn léarscáileanna atá sa tuarascáil na LCoSanna, LCoSanna agus na LONanna sa Chontae crios maolánach san áireamh; is féidir mapáil níos mine a bhreathnú ag www.npws.ie.

Láithreáin Lasmuigh de Limistéir Ainmnithe

Ceanglaíonn an Treoir maidir le hÉin ón AE ar bhallstáit freisin gnáthóga speiceas tábhachtacha lasmuigh de na limistéir ainmnithe a chosaint a aithnítear mar LCoSanna, (agus LCoSanna ainmnithe faoin Treoir um Ghnáthóga). Tá tábhacht ag baint le Contae Dhún na nGall mar gheall ar raon speiceas a bhfuil luach ard caomhnaithe leo, atá sa taobh tíre níos leithne lasmuigh de na limistéir ainmnithe, ar chóir cosaint a thabhairt dóibh freisin; níos mó mionsonraí orthu seo www.ec.europa.eu/environment/nature/birds

Cosaint Bogach

Is sínitheoir í Éire do Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Ramsar ar chaomhnú agus ar úsáid chiallmhar bogach. Tá luach ard éiceolaíoch ag gnáthóga bogach, mar phortaigh móna, agus tá rol tábhachtach acu sa timthriall carbóin, iad ag cuidiú le hathrú aeráide a mhaolú.

De réir forálacha na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2) 2011 tá gá le cead pleanála anois do dhraenáil agus/nó míntíriú gach bogach nuair atá an ceantar atá i gceist thar 0.1 heicteár. Fágann an ceangal seo do chead pleanála freisin go bhfuil na hoibreacha faoi réir mheasúnacht tionchair timpeallachta (EIA) ionchasach ag brath ar a suíomh agus nádúr na n-oibreacha atá i gceist. Ina dhiaidh sin, éilítear EIA éigeantach d'aon mhíntíriú talún atá níos mó ná 2 heicteár.

Cúlra Polasaí

Shínigh agus dhaingnigh Éire Coinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa, 2000 (ETS Uimh. 176) de chuid Chomhairle na hEorpa a cheanglaíonn go gcuirfí gníomhaíochtaí i gcrích chun oibleagáidí a chomhlíonadh laistigh de bhallstáit chun a dtórdhreacha a aithint, anailís agus tréithiú a dhéanamh orthu agus tiomantas a thabhairt beartais a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar 1 Márta 2004. Is athrú é ó luach traidisiúnta na tírghné aithint ról tábhachtach leas an phobail sna réimsí cultúrtha, éiceolaíocha, timpeallachta agus sóisialta. Is acmhainní iad seo a chuireann le fás eacnamaíochta agus a chuireann le cruthú post, cothú cultúir áitiúla agus atá mar chuid dhílis den oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chuireann le folláine dhaonna agus a chuireann síos ar thórdhreach mar seo:

"Ciallaíonn tírdhreach ceantar, mar a airíonn daoine é, gur toradh gníomh agus idirghníomh tosca nádúrtha agus/nó daonna é a charachtar" cumhdaítear:

"...Críoch iomlán na bPáirtithe agus cumhdaítear ceantair nádúrtha, uirbeacha agus garuirbeacha. Cuimsítear talamh, uisce intíre agus ceantair mhara. Baineann sé le tírdhreacha a bhféadfaí a mheas go bhfuil siad suntasach le cois gnáth-thírdhreacha nó tírdhreacha loite."

Aithnítear an tábhacht atá le gach tírdhreach, chan tírdhreacha suntasacha amháin, agus go bhfuil tionchar tábhachtach acu ar ár gcaighdeán beatha agus go bhfuil aird tuillte acu inár bpolasaí tírdhreacha.

Éilíonn Airteagal 6 den Choinbhinsiún ar shínteoirí a dtírdhreacha a shainithint agus a dtréithe agus luachanna a anailísiú, lena n-áirítear na fórsaí agus na cúiseanna brú a athraíonn iad.

Leagann Treoirlínte Eorpacha d'Fheidhmiú an Choinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa 2008 (ar ghlac Comhairle na nAír leis ar 06/02/08) amach sraith teoracha teoiriciúla, modheolaíochta agus praiticiúla do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin um Thórdhreach na hEorpa ag leibhéal náisiúnta. Éilíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt go mbeadh beartais don tírdhreach i bplean forbartha a chuireann 'creat beartais ar fáil d'aithint, do mheasúnú, cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha agus forbartha ag féachaint don Choinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa'. D'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta 'Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025' a bhfuil d'aidhm aige "an Coinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa a chur chun feidhme in Éirinn trí bhearta sonracha a chur ar fáil chun cosaint, bainistiú agus pleanáil na tírdhreacha a spreagadh" trí 6 chroíchuspóir straitéiseacha tírdhreacha náisiúnta agus 19 gcroíchuspóir bainteacha a léiríonn na cuspóirí straitéise tírdhreacha Eorpacha atá leagtha amach sa Choinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa. Úsáidfear an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha lena chinntiú go gcomhlíonfar an Choinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa agus le prionsabail a leagan síos le tírdhreach na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú agus, san am céanna, athrú maidir lena bhainistiú go héifeachtach. Is creat polasaí ardleibhéil é le cothroime a bhaint amach idir cosaint, bainistiú agus pleanáil an tírdhreacha trí bhearta tacaíochta. Tá sraith cuspóirí agus beartais tírdhreacha sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (2010-2022) de chuid na n-Údarás Réigiúnacha Teorann freisin chun an tírdhreach a chosaint agus a bhainistiú. Beidh na Treoirlínte seo dímholta i dtráth cúí trí ullmhú Straitéis Réigiúnach Eacnamaíochta & Spásúil (RSES) atá le hullmhú ag Tionól Réigiúnach an Iarthair agus an Tuaiscirt.

Is sócmhainn luachmhar áitiúil agus náisiúnta é tírdhreach Dhún na nGall a dteastaíonn bainistiú inbhuanaithe uaidh chun forbairt agus fás a éascú ach freisin nádúr, cáilíocht agus fiúntas comhthoraidh ár dtírdhreacha a choinneáil, a chaomhnú agus a chosaint.

D'ullmhaigh comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall agus thug tacaíocht do Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha (LCA) do Dhún na nGall (an chéad chéim sa phróiseas) i mBealtaine 2016; d'aithin an chéad chéim seo 'Cineálacha' Tírdhreacha agus freisin 'Ceantair Nádúir Tírdhreacha' agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall www.donegalcoco.ie. Is anailís, tréithiú agus insint ar chomhchodanna an tírdhreacha i gContae Dhún na nGall a bhí sa phróiseas agus ní he go nglacfaí leis mar dhoiciméad tionlacain beartais an Phlean seo. Is é feidhm na Measúnachta Carachtair Tírdhreacha rangú agus cur síos ar an tírdhreach le bonn fianaise a chur ar fáil de chomhchodanna an

tírdhreacha le cuidiú le cinnteoireacht leanúnach le cothroime a bhaint amach idir cosaint, bainistiú agus pleanáil an tírdhreacha ar aon dul le Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025.

Cuireann an Plean seo comhthéacs beartais ar fáil chun tógáil ar chur chuige fianaiseach an LCA. Tá tírdhreach an chontae rangaithe i dtrí shraith fiúntais agus tá léiriú orthu ar Léarscáil 7.1.1 den phlean seo. Rangáíodh na 3 shraith fiúntais seo mar cheantair 'Sárscéimhe' ceantair 'Ardscéimhe' agus ceantair 'Scéimhe Measartha', níor rangáíodh aon cheann de thírdhreacha Chontae Dhún na nGall mar Luach Íseal. Tá cur síos mion thíos ar na sainmhínte ar fhiúntas agus rangú tírdhreacha gach ceann de na ceantair sin:

Ceantair Sárscéimhe (EHSA)

Is tírdhreacha nádúrtha diamhra den cháilíocht is airde iad ceantair Sárscéimhe atá inaitheanta le céannacht Chontae Dhún na nGall. Tá cumas thar a bheith teoranta ag na ceantair seo chun forbairt bhreise a chomhtháthú.

Ceantair Ardscéimhe (HSA)

Is tírdhreacha iad ceantair Ardscéimhe a bhfuil cáilíocht timpeallachta, oidhreachta, cultúrtha agus aeistéistiúil shuntasach acu atá uathúil dá gcomharsanacht agus ar ghné bunúsach den tírdhreach agus de chéannacht Dhún na nGall iad. Tá an cumas ag na ceantair seo forbairt atá lonnaithe go hígair a shú isteach, iad de scála, dearadh agus úsáid a chumasóidh comhtháthú sa tírdhreach glactha agus nach mbaineann ó cháilíocht an tírdhreacha, faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an phlean.

Ceantair Scéimhe Measartha (MSC)

Is tírdhreacha go príomha iad ceantair Scéimhe Measartha atá lasmuigh de Theorainneacha an Phlean Ceantair Áitiúil agus creat-teorainneacha Lonnaíochta, a bhfuil cáilíocht uathúil, tuaithe agus talmhaíochta go ginearálta acu. Tá an cumas ag na ceantair seo forbairt bhreise a shú isteach atá lonnaithe go hoiriúnach, láithrithe agus deartha faoi réir comhlíonadh cuspóirí agus beartais eile uile an phlean.

D'fhéadfadh go mbeadh ceantair nach dtagann go hiomlán le sainmhíniú an ainmnithe laistigh de gach ceann de na ranguithe tírdhreacha a bhfuil mionchur síos orthu thuas (EHSA, HSA agus MSA) agus feadh an chomhéadain idir na hainmnithe. Ba chóir aimhrialtachtaí dá leithéid in ainmniú tírdhreacha a bhreithniú ina n-aonair agus i gcomhthéacs na gculpóirí agus na mbeartas eile uile atá sa Phlean, dá dtarlódh go ndéanfaí iarratas a chur isteach sna ceantair seo (gan tograí fuinnimh ghaoithe nó oibreacha coimhdeacha san áireamh). Beidh an dualgas ar an iarratasóir a léiriú nach dtagann an láithreán ina bhfuil sé lonnaithe le saintréithe an tírdhreacha ina bhfuil sé lonnaithe agus nach mbeidh drochthionchar ag aon fhorbairt a bhfuil iarratas curtha isteach faoina choinne ar rangú agus ar fhiúntas an tírdhreacha níos leithne.

Tá an Tuarascáil Timpeallachta (SEA) atá ag dul leis an bPlean seo tar éis staid reatha na timpeallachta a scrúdú lena n-áirítear líonraí éiceolaíochta, anaclanna dúlra reachtúla, clúdach talún, oidhreacht chultúrtha (lena n-áirítear oidhrheacht seandálaíochta agus ailtireachta), tírdhreach agus tionchair amhairc, sócmhainní ábhartha agus acmhainní muirí/cósta. Dá thoradh tá breithniú déanta ar an tionchar ionchasach ar an tírdhreach trí chur chun feidhme beartas agus cuspóirí an Phlean.

Crainn, Ballaí Cloiche agus Fálta Sceach

Cuireann teorainneacha páirce traidisiúnta mar bhallaí cloiche, fálta sceach, línte crann, bainc agus díoganna le nádúr réigiúnach tírdhreacha tuaithe i gContae Dhún na nGall agus léiríonn úinéireacht talún stairiúil agus cleachtais feirmeoireachta a neartaíonn ár mbraistint áite.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Bhí ullmhú an PFC 2018-2024 faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a rinne Baill de Chomhairle Contae Dhún na nGall de réir Rialúcháin Phleanála agus Forbartha (Measúnacht

Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (S.I. Uimh. 436 de 2004 arna leasú in S.I. Uimh. 201 de 2011) a thrasúíonn an Treoir um Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) i ndlí na hÉireann.

Is é atá sa phróiseas MST meastóireacht fhoirmiúil chórasach ar na torthaí dóchúla suntasacha timpeallachta a bheidh le feidhmiú plean nó clár sula ndéantar cinneadh an plean nó clár a ghlacadh. Cuireann sé eolas ar fáil don phróiseas déanta pleananna maidir leis na tionchair thimpeallachta a bheadh ag bearta eile agus cuireann sé le comhtháthú ceisteanna timpeallachta sa phleanáil. Leagtar amach sa Tuairisc Thimpeallachta, Cuid D den PFC, mar a rinneadh an MST sa Dréacht-Phlean agus cuimsítear cur síos ar thimpeallacht reatha (bonnlíne) an Chontae chomh maith le measúnú ar thionchair fheidhmiú pholasaithe agus chuspóirí an Dréacht-PFC, athruithe agus ceisteanna cuí agus moltaí maolaithe agus monatóireachta amach anseo.

Foilsíodh Aguisín den Tuairisc Thimpeallachta i mí Feabhra 2018 a ghabhann leis na hAthruithe Ábharacha Molta a foilsíodh ag an am sin. Ullmhaíodh Tuairisc Thimpeallachta bhreise ar Chuid B: Aguisín 3: Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Mír 6.5 de Dhréacht-Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024, in Aibreán 2018.

Measúnacht Chuí

Éilíonn Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) cosaint speiceas ainmnithe agus gnáthóga láithreáin Natura 2000. Mar sin ceanglaítear ar aon phlean nó tionscadal, a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chuspóirí caomhantais láithreán ainmnithe, céimeanna cuí a ghlacadh chun dearóilíú gnáthóga nádúrtha agus gnáthóga speiceas a sheachaint mar aon le cur isteach suntasach ar speiceas a raibh ceantair ainmnithe dóibh, agus d'fhéadfadh go mbeadh siad faoi réir ag Measúnacht Chuí.

Rinne baill de Chomhairle Contae Dhún na nGall Measúnacht Chuí ar an Dréacht-PFC de bhun Airteagal 6 de Threoir AE um Ghnáthóga (92/43/EEC), Rialúcháin AE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R Uimh. 477 de 2011 arna leasú in I.R Uimh. 355 de 2015) agus an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) (lena n-áirítear leasuithe a bhaineann leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilchineálacha) 2011.

Scagadh an Dréacht-PFC i leith Measúnacht Chuí (lena n-áirítear comhairliúchán leis na hÚdaráis Timpeallachta) agus socraíodh go raibh Measúnacht Chuí (Céim 2) den Dréacht-PFC molta de dhíth óir nach bhféadfaí í a chur as an áireamh ar bhonn eolas oibiachtúil, nach mbeadh tionchar suntasach ag an PFC molta ar shuíomh Eorpach. Comhtháthaíodh na bearta maolaithe a aithníodh sa Mheasúnacht Chuí Céim 2 (.i. Tuairisc Tionchar Natura) sa Dréacht-PFC. Foilsíodh an Tuairisc Tionchar Natura ag an am céanna leis an Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2018-2024 agus an Tuairisc Thimpeallachta. Foilsíodh Aguisín den Tuairisc Tionchar Natura i mí Feabhra 2018 a ghabhann leis na hAthruithe Ábharacha Molta. Ullmhaíodh Tuairisc Tionchar Natura bhreise ar Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Mír 6.5 de Dhréacht-Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024, in Aibreán 2018.

7.1.2 Cuspóirí

NH-O-1: Bithéagsúlacht shaibhir Chontae Dhún na nGall a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a fheabhsú do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht.

NH-O-2: Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) a chomhlíonadh agus aird a thabhairt ar na cuspóirí caomhantais ábhartha, pleananna bainistithe, leasa cáilitheacha agus baoil do shláinte láithreán Natura 2000.

NH-O-3: Fiúntas caomhantais gach SAC, SPA, NHA agus láithreán RAMSAR atá ann cheana agus/nó atá beartaithe, a chothabháil lena n-áirítear na speicis plandaí agus ainmhithe sin a aithníodh le haghaidh cosanta faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE), an

Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE arna leasú ag 2009/147/CE), na hAchtanna um Fhiadhúlra (1976-2014) agus an tOrdú um Flora (Cosaint) (2015).

- NH-O-4:** Cosaint agus bainistiú an tírdhreacha a chinntiú de réir reachtaíochta reatha, treoirlínte réigiúnacha agus aireachta agus ag féachaint don Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa 2000.
- NH-O-5:** Nádúr, cáilíocht agus fiúntas an tírdhreacha a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú ag féachaint do phleanáil agus d'fhorbairt chuí an cheantair, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar ainmnithe scéimhe an phlean seo, caomhnú radharc agus amharc agus taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe nádúrtha, cultúrtha, sóisialta nó stairiúla a bhfuil tábhacht ar leith leo.
- NH-O-6:** Sláine agus cáilíocht Uiscí Sliogéisc Ainmnithe agus Báisíní Diúilicín Péarla Fionnuisce a chosaint agus a fheabhsú agus aird a thabhairt ar aon Chlár Laghdaithe Sliogéisc ábhartha nó aon Phlean Fo-bháisín Diúilicín Péarla Fionnuisce.
- NH-O-7:** Na ceantair Sárscéimhe a chosaint ó fhorbairtí ionsáiteacha agus/nó neamhthuisceanacha.
- NH-O-8:** Cosaint agus caomhnú fálda sceach, ballaí cloiche agus teorainneacha traidisiúnta páirce a chinntiú más cuí mar phasáistí oidhreachta nádúrtha agus bealaí imirce don fhiadhúlra áit a léirítear ról oidhreachta suntasach a bheith acu.
- NH-O-9:** Prionsabail bhainistithe foraoise inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcosnaíonn agus go bhfeabhsaíonn bunú coillte agus foraoisí nua an timpeallacht.
- NH-O-10:** Éiceachórais a choinneáil agus a athnuachan agus gnáthóga agus speicis luacmhara nó atá i mbaol a chaomhnú chun tuilleadh caillteanas bithéagsúlachta a chosc agus chun sprioc an AE stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta faoi 2020 a chomhlíonadh trí chur chun feidhme Straitéis Bithéagsúlachta an AE (2011) nó mar a uasdátófar.
- NH-O-11:** Caomhnú agus bainistiú Tailte Móna sa Chontae a chinntiú.

7.1.3 Beartais

- NH-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú nach ndéanann tograí forbartha aon damáiste nó nach scriosann siad aon láithreán a bhfuil tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta leo, atá ainmnithe dá suntas gnáthóige/fiadhúlra de réir reachtaíochta Náisiúnta agus na hEorpa lena n-áirítear: SACanna, SPAnna Speisialta, NHAanna, Láithreáin Ramsar agus Anaclanna Dúlra Reachtúla.
- NH-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é gnáthóga speiceas atá liostaithe do chosaint trí chosc agus bainistiú leathadh speiceas ainmhí agus planda ionsaitheach sa Chontae de réir reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpaí.
- NH-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go mbreithneofaí Uiscí Sliogéisc Ainmnithe agus a gCláir Laghdú Truailithe i Sliogéisc i ngach togra forbartha a thagann faoina ndobharcheantar.

- NH-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go mbreithneofaí Diúilicíní Péarla Fionnuisce agus aon Phleananna Fo-imchuach Diúilicín Péarla Fionnuisce i ngach togra forbartha a thagann faoina gceantar imchuach.
- NH-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é breithniú a éileamh ar thionchar forbartha ionchasach ar ghnáthóga d'fhiúntas nádúrtha ar phríomhghnéithe de líonra éiceolaíochta an Chontae iad agus chun bearta bithéagsúlachta maolaithe ionchasacha a ionchorprú i dtograí forbartha.
- NH-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é ceantair a aithníodh mar Sárscéimhe ar Léarscáil 7.1.1: 'Taitneamhacht Scéimhe' a chosaint. Ní dhéanfar ach forbairtí a measadh tábhacht straitéiseach a bheith leo laistigh de na ceantair seo nó forbairtí a soláthraíodh dóibh de réir beartais in áit eile sa Phlean seo.
- NH-P-7:** Laistigh de cheantair 'Ardscéimhe' (HSC) agus 'Scéimhe Measartha' (MSC) mar a aithnítear ar Léarscáil 7.1.1: 'Taitneamhacht Scéimhe', is beartas de chuid na Comhairle é forbairt de nádúr, suíomh agus scála a éascú a cheadaíonn don fhorbairt comhtháthú leis an tírdhreach agus carachtar agus ainmniú taitneamhachta an tírdhreacha a léiriú.
- NH-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é an comhthéacs scéimhe, suntas an tírdhreacha cultúrtha, agus taitneamhachtaí timpeallachta agus áineasa imeallbhord an Chontae a chosaint ó fhorbairt mhíchuí.
- NH-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é an tírdhreach agus timpeallacht nádúrtha áitiúil, lena n-áirítear an muirdhreach, a bhainistiú trína chinntiú nach mbíonn tionchar díobhálach ag aon fhorbairtí nua ar nádúr, ar shláine, ar shainiúlacht nó ar fhiúntas scéimhe an cheantair.
- NH-P-10:** [Ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích](#) Is beartas de chuid na Comhairle é clampaí suntasacha crann/fálta sceanach/coillearnaí atá ann cheana a choinneáil agus a chosaint, agus plandáil mhéadaithe crann dúchasacha nuair is cuí i bhforbairtí nua.
- NH-P-11:** Is beartas de chuid na Comhairle é cosaint na dteorainneacha ballaí cloiche a lorg i gcás go mbíonn ról oidhreachta suntasach acu. Nuair atá leagan ballaí cloiche dá leithéid dosheachanta, éileofar athchóiriú ballaí cloiche ag suíomh leasaithe/curtha siar laistigh den láithreán agus ábhair agus teicnící áitiúla aontaithe in úsáid.
- NH-P-12:** Is beartas de chuid na Comhairle é sláine na Siúlóidí Cois Trá ó Bhun an Phobail go dtí an Caisleán Nua, Bun Dobhráin go Tullaghan, Bun Cranncha go dtí an Trá Ghil agus an siúlbealach thart ar Trusk Lough agus Bealach Féich a chosaint trí bhainistiú ar fhorbairt a chuirfeadh isteach ar nó a choscfadh taitneamhachtaí na siúlóidí sin agus na gceantar máguaird.
- NH-P-13:** Is beartas de chuid na Comhairle é tírdhreacha a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú ag féachaint do nádúr an fhorbartha beartaithe agus a mhéid agus is féidir glacadh leis isteach sa tírdhreach glactha. Maidir leis seo caithfear an togra a bhreithniú i gcomhthéacs ranguithe tírdhreacha agus radhairc agus amhairc atá laistigh den Phlean seo agus mar a léirítear ar Léarscáil 7.1.1: 'Taitneamhacht Scéimhe'.
- NH-P-14:** Is beartas de chuid na Comhairle é nádúr na mbóithre seo a leanas isteach go Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a chosaint:
- Gleann Domhain go Bóthar na Dúchoradh.

- Dún Lúiche go Bóthar an Tearmainn.
- Mín an Lábáin go dtí an Tearmann/Bóthar Dhún Lúiche.
- Mám na Mucaise go Droichead Cabiber.

NH-P-15: Is beartas de chuid na Comhairle é spéirlínite agus droimlínite feiceálacha a chosaint ar fhorbairt mhí-oiriúnach.

NH-P-16: Is beartas de chuid na Comhairle é nádúr tírdhreacha, cultúrtha agus oidhreachta na nOileán a chosaint agus a fheabhsú le linn forbairt oiriúnach a éascú. Caithfear gach forbairt a bhreithniú i gcomhthéacs na rangaithe tírdhreacha atá laistigh den Phlean seo agus mar a léirítear ar Léarscáil 7.1.1: Taitneamhacht Scéimhe.

NH-P-17: Is beartas de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh radhairc agus amhairc a bhfuil fiúntas agus leas taitneamhachta speisialta leo, go háirithe radhairc idir bóithre poiblí agus an fharraige, locha agus aibhneacha. Maidir leis seo, déanfar tograí forbartha lonnaithe ar thailte idir an bóthar agus an fharraige, locha nó aibhneacha a bhreithniú ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- Tábhacht fiúntais an radharc atá i gceist.
- Cibé an raibh éifeacht go dtí seo ag forbairt atá ann cheana ar shláine an radhairc.
- Cibé an gcuirfeadh an fhorbairt isteach go suntasach ar an radharc.
- Cibé an athródh an fhorbairt an radharc go hábhartha.

Agus an beartas seo á chur i gcrích, cuirfear cur chuige cothromaithe i bhfeidhim chun a chinntiú nach bhfeidhmíonn an beartas mar chosc iomlán ar fhorbairtídir an bóthar agus an fharraige, locha agus aibhneacha.

NH-P-18: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go ndéantar measúnacht éiceolaíochta (lena n-áirítear EIA más gá) ag an leibhéal cuí maidir le tograí do dhraenáil nó míntíriú bogach.

NH-P-19: Is beartas de chuid na Comhairle é Láithreáin Gheolaíoch Chontae (CGS) a chosaint trí chur chuige réamhchúramach i leith tograí forbartha leis an ionchas tionchar a bheith acu ar CGS. Ba cheart go mbeadh tuairisc mhionsonraithe ó dhuine inniúil ag dul le tograí ag leagan amach an tionchar ionchasach chun a chinntiú gur féidir cinneadh feasach a dhéanamh. Nuair a mheastar gur dóigh go ndéanfar dochar suntasach don CGS, ní cheadófar cead pleanála mura bhfuil cúrsaí sáraitheacha ann a bhfuil tábhacht phoiblí leo don Chontae.

NH-P-20: Is Beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcosnófar gnáthóga agus tearmann na gCearc Fraoigh i gCró na mBraonáin de bharr a tiúchan ard Cearc Fraoigh agus an tábhacht atá ann do líon náisiúnta na gCearc Fraoigh, atá ina speiceas cosanta faoin Treoir maidir le hÉin an AE'.

7.2 An Oidhreacht Fhoirgnithe

Aidhm:

Oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú.

7.2.1 Cúlra

Tugtar aitheantas forleathan do thábhacht acmhainn oidhreachta fhoirgnithe Dhún na nGall don chontae. Ullmhaíodh céad Mheasúnacht Nádúir an Tírdhreacha de chuid na Comhairle i 2016. Tugann an doiciméad léargas tosaigh ar dhoimhneacht ama shuntasach tírdhreacha Dhún na nGall. Is léir go bhfuil an t-atmaisféar sochpholaitiúil agus fisiciúil tar éis céannacht uathúil agus ar leith an Chontae a mhúnlú, le sraitheanna de thagairt shóisialta, stairiúil, pholaitiúil, eacnamaíochta, fisiciúil, eolaíoch agus mhothúchánach neadaithe i gcreatlach fhoirgnithe ár dtírdhreacha agus á léiriú féin inár mbailte, ár sráidbhailte agus níos láidre b'fhéidir inár lonnaíochtaí agus inár n-áitribh thuaithe. Tá na cáilíochtaí ar leith inár n-oidhreacht fhoirgnithe, go háirithe in ailtireacht thuaithe Dhún na nGall, chomh tábhacht d'ár bhféiniúlacht chultúrtha agus atá an focal nó véarsa labhartha nó scríofa.

Féadfaidh caomhnú príomhról a bheith aige i gcur chun cinn an rathúnais eacnamaíochta trí chinntiú go dtairgeann ceantar dalaí oibre agus cónaithe mealltacha a spreagfaidh infheistíocht isteach. Le blianta beaga anuas ba rannchuidí suntasach í an oidhreacht turasóireachta' do gheilleagar Dhún na nGall trí thurasóireacht idirnáisiúnta a mhealladh, eacnamaíochtaí i mbailte agus i gceantair thuaithe ar fud an Chontae á dtreisiú agus ag soláthar deiseanna fostaíochta gaolmhara. Léirigh líon na gcúairteoirí ar áiteanna stairiúla mar Chaisleán Ghleann Bheatha, Caisleán Dhún na nGall agus teach solais Fhánada fás láidir. Meastar go leanfaidh an turasóireacht ag fás sa todhchaí, go háirithe leis an gcaoi ar éirigh le Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus leanfaidh an Chomhairle air ag teacht i dtír ar an réimse nideoige seo de 'thurasóireacht oidhreachta'.

Ag leibhéal náisiúnta aithnítear gur lonnaíochtaí tábhachtacha iad 'Bailte Oidhreachta', nádúr fisiciúil láidir acu a chuireann le fás eacnamaíochta an Chontae, uirlis mhargaíochta á gcur ar fáil acu do thionscal na turasóireachta agus an timpeallacht fhoirgnithe á caomhnú mar acmhainn luachmhar. I 2000, d'ainmnigh Comhairle Contae Dhún na nGall 5 'Baile Oidhreachta' dá leithéid sa Chontae agus is iad sin Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth. Coinníonn na 'Bailte Oidhreachta' seo orthu agus ról tábhachtach acu i bhforbairt eacnamaíochta an Chontae, ról atá ag teacht chun cinn, agus dá réir sin aithníodh laistigh den Chroístraitéis feidhm turasóireachta agus eacnamaíochta speisialta a bheith acu. Ba cheart go gcuirfeadh a n-oidhreacht fhoirgnithe bonn eolais faoi forbairt thodhchaí sna bailte seo chun a nádúr stairiúil ar leith a chosaint.

Faoi láthair tá 466 déanmhas cosanta i gContae Dhún na nGall. Seoladh suirbhé Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) do Chontae Dhún na nGall ag Caisleán Ghleann Bheatha in Aibreán 2015. Go dtí seo aithníodh 2228 déanmhas in iomlán i nDún na nGall a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta leo sa Suirbhé (tá torthaí an tsuirbhé i gcuid bheag den Chontae le fáil go fóill ag an gComhairle). Tá Aire na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Ghnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag úsáid próiseas NIAH mar mheicníocht le moltaí a dhéanamh do Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi dhéanmhais atá le cur san áireamh i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta an Chontae (RPS). Dá réir, tá an Chomhairle tar éis tús a chur le clár breisithe don RPS thar thréimhse an phlean.

Leagann suirbhé an NIAH béim go háirithe ar fhoirgnimh dhúchasacha, droichid, tithe móra agus eastáit sa Chontae mar aon le hoidhreacht d'fhoirgnimh reiligiúnacha a chuimsíonn idir láithreáin luath-eaglasta mar an áit oilithreachta ag Loch Dearg agus na séipéil nua-aimseartha suaithinseacha a rinne ailtire

áitiúil, Liam McCormick nach maireann, a áirítear ar an mbailiúchán is fearr dá gcineál agus dá ndáta sa tír. Aithníonn an Suirbhé freisin oidhreacht láidir ailtireachta muirí lena n-áirítear stáisiún garda cósta agus tithe solais mar aon le túir chomharthaíochta ó aimsir Napoléon, dúnfoirt agus batairí feadh Loch Súilí agus Loch Feabhail. Thug an Suirbhé ar aird go háirithe teacht slán cuid mhór foirgneamh faoi cheann tuí agus d'aithin go bhfuil an comhchruinniú is mó d'fhoirgnimh dhúchasacha in aon áit sa tír ag Dún na nGall

Tógadh bailte agus foirgnimh fheirme Dhún na nGall, ar a dtugtar go minic ailtireacht dhúchasach tuaithe, thar na blianta, ábhair áitiúla in úsáid chun freastal ar a riachtanais féin laistigh de shrianta láithreáin sonracha. Níos minicí ná a mhalairt tháinig na foirgnimh seo chun cinn trí na blianta gan cur isteach ó ailtirí, ó stíleanna foirmeálta nó treochtaí faiseanta. Dá réir tá foirmíocht ár dtithe amuigh agus ár dtithe beaga an-láithreán sonracha agus go h-an-mhinic ní hionann lámh an tuíodóra in Inis Eoghain agus fear Ghaoth Dobhair. Sa gcaoi chéanna, athraíonn próifíl bhallaí cloiche aonair ó Chionn Mhálanna go Bun Dobhráin. Is iad na caolchúiseanna straitéiseacha seo a thugann luach dár n-oidhreacht fhoirgnithe agus fiúntas a coinneála.

Rinneadh coigeartú ar na foirgnimh seo thar na blianta agus ba chóir go leanfadh an éabhlóid seo trína ndéanfaí na gnéithe dúchasacha a choinneáil, a athchóiriú agus go gcuirfí leo chun ceanglais spásúla riachtanais an lae inniu a éascú. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cuid mhaith foirgneamh dúchasacha ann a chuireann leis an tírdhreach álainn agus sceirdiúil inaitheanta le Dún na nGall ach nach bhfuil san áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta reatha (RPS). Chomh maith le tús a chur le clár chun cur le déanmhais dá leithéid leis an RPS, tráth a bhfuil siad ar an NIAH, oibreoidh an Chomhairle freisin laistigh de bheartas tithíochta tuaithe chun ath-úsáid cuid mhór de na tithe beaga agus na foirgnimh thréigthe seo a spreagadh.

Áirítear ar ailtireacht thionsclaíoch Dhún na nGall na Trádstórais i Ráth Mealtain, na Muilte i gConmhaigh, sa Mhuileann Úr agus Béal Átha Seanaidh, na stáisiún garda cósta agus na tithe solais i gcuid mhór de na sráidbhailte iascaireachta ar fud an Chontae ó Bhun an Phobail go dtí na Cealla Beaga. Bhí cuid mhaith de na láithreáin seo in úsáid i gcónaí go dtí le fíordheireanaí. Níl feidhm leo feasta agus tá na foirgnimh seo i mbun próisis meathlúcháin ghníomhaigh faoi láthair. Leis an bpróiseas meathlúcháin seo a chiorrú ba chóir clár caomhantais, athchóirithe nó athúsáid choigeartaithe a éascú.

Tá cosaint ag ár n-oidhreacht ailtireachta, lena n-áirítear foirgnimh, bailedhreacha agus tírdhreacha faoi Cuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Arna Leasú). Tugann na Treoirínte ar Oidhreacht Ailtireachta a Chosaint d'Údarás Áitiúla, de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta 2004 a atheisíodh i 2011, treoir ar an gcuid seo den Acht. Tugtar tuilleadh treorach trí Bheartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015 (DEHLG, 2009), agus Sraith Comhairle leanúnach ar shaincheisteanna sonracha nó ábhair d'fhoirgnimh stairiúla (Uimh.1 -16). Tá foilseacháin neamhrechtúla ar fáil freisin a thugann treoir faoi dhéanmhais chosanta agus foirgnimh stairiúla mar Imleabhar 1: Tuarascáil ar an gCosaint Láithreach agus todhchaí Déanmhais Ceann Tuí in Éirinn (2002).

7.2.2 Cuspóirí

BH-O-1: Oidhreacht ailtireachta an Chontae a chaomhnú, a chosaint, a fheabhsú agus a thaifead.

BH-O-2: Oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chomhdhlúthú agus a chosaint tuilleadh trí chlár sistéamach breisithe don Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ag féachaint do mholtaí Aireachta ag éirí as suirbhé NIAH ar Dhún na nGall, ainmiú Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, cosaint Gairdíní Stairiúla, ullmhú Ráiteas Dearaidh Sráidbhaile do 5 Baile Oidhreacht an Chontae.

BH-O-3: Fás eacnamaíochta agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn trí athghiniúint leanúnach na hoidhreachta foirgnithe.

BH-O-4: Leas a bhaint as buntáistí eacnamaíochta na timpeallachta stairiúla lena n-áirítear cur chun cinn na turasóireachta oidhreachta i gceantair thuithe agus uirbeacha araon.

BH-O-5: Athbheochan agus athúsáid chuí na hoidhreachta foirgnithe ar fud an Chontae a éascú lena n-áirítear foirgnimh dhúchasacha agus/nó tionsclaíocha stairiúla agus muirí agus úsáid á baint as caomhnú dea-chleachtais agus scileanna foirgnithe traidisiúnta.

7.2.3 Beartais

BH-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é gach déanmhas (nó codanna de dhéanmhais) agus láithreáin atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ar ábhar speisialta leasa ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil iad, a chosaint agus a chaomhnú.

BH-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é athbhreithniú a dhéanamh ar an RPS ar bhonn leanúnach, agus cur le déanmhais (nó codanna déanmhas) ar ábhar spéise ar leith iad, lena n-áirítear iad siúd a mhol an tAire trí Shuirbhé NIAH ar Dhún na nGall nó foirgnimh eile ar dóigh leis an gComhairle gur ábhar spéise ar leith iad.

BH-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é déanmhas dúchasacha agus/nó stairiúla (agus codanna de dhéanmhais) [nach n-áirítear ar Thaifead na Struchtúr Cosanta](#) a choinneáil lena n-áirítear a mionsonraí maisiúla agus feidhmiúla atá íogair do mhodhanna agus d'ábhair foirgnithe traidisiúnta nach mbíonn tionchar díobhálach ar nádúr nó ar dhealramh déanmhais agus atá de réir treoirlínte caomhnaithe agus dea-chleachtais reatha- [ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.](#)

BH-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é deisiú, athúsáid agus athchóiriú cuí foirgneamh dúchasacha agus/nó stairiúla, [nach n-áirítear ar Thaifead na Struchtúr Cosanta](#) a dhéanann rannchuidiú dearfach d'oidhreacht fhoirgnithe an cheantair lena n-áirítear iad sin dá dtagraítear ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta- [ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.](#)

BH-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é foirgnimh muirí, tionsclaíoch stairiúil agus/nó dúchasacha [nach bhfuil san áireamh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta](#) a chosaint agus a chaomhnú. Ba cheart tograí d'athchóiriú nó athúsáid oiriúnaitheach a éascú faoi réir measúnachta ailtireachta iomláine- [ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.](#)

BH-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú, más cuí, go bhfuil bearta le síneadh, mionathrú nó athrú oiriúnaithe a chur ar chreatlach foirgneamh dúchasacha agus/nó stairiúla, íogair do mhodhanna foirgnithe traidisiúnta agus ábhair agus ceardaíocht agus nach bhfuil tionchar díobhálach acu ar nádúr nó ar dhealraimh déanmhais.

BH-P-7: Is beartas de chuid na Comhairle é creatlach foirgnithe a chur chun cinn agus a choinneáil mar mhoirtéal aoil, scláta, tuí, fuinneoga adhmaid, rindreáil agus siúinéireacht agus spreagfar a n-aischur siúd.

BH-P-8: Is beartas de chuid na Comhairle é réitigh dearaidh ardcháilíochta agus cuí a éascú, lena n-áirítear cúrsaí scála, comhréir, mionsonrú agus sonrú ábhartha do thograí forbartha a mbíonn éifeacht acu ar fhoirgnimh stairiúla agus/nó dúchasacha in áiteanna uirbeacha agus tuaithe araon.

BH-P-9: Is beartas de chuid na Comhairle é cáilíocht, nádúr agus sainiúlacht bailte agus sráid-dreach sa Chontae a chaomhnú agus a fheabhsú lena n-áirítear leagan amach sráide, déanmhais stairiúla, línte tógála, leithead ceapaí talún, comharthaíocht agus troscán sráide stairiúil mar aon le nádúr an cheantair.

- BH-P-10:** Is beartas de chuid na Comhairle é éadan siopaí stairiúla, éadain tabhairní agus comharthaíocht thraidisiúnta (péinteáilte de láimh) a choinneáil mar chuid de shráid-dreacha bailte agus sráidbhailte agus bóithre uirbeacha agus tuaithe Dhún na nGall.
- BH-P-11:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go ndéanfaidh tograí ar na hOileáin nádúr bunúsach, scála agus taitneamhacht amhairc na hoidhreachta ailtireachta a chaomhnú agus/nó a fheabhsú, nádúr foirgneamh atá ann cheana, amhairc agus spásanna tábhachtacha agus an patrún lonnaíochta stairiúil á n-urramú ó thaobh scála, airde, grúpáil, dlúis, dearaidh, ábhair, teicnící foirgnithe agus ceardaíocht thraidisiúnta.
- BH-P-12:** Is beartas de chuid na Comhairle é dearadh íogair, suiteáil agus cuíchóiriú troscán sráide nua-aimseartha a chinntiú mar aon le gnéithe mar shoilsiú, suíocháin agus bínsí, boscaí bruscair, mullaird, ráillí, comharthaí sráide, boscaí poist, bothanna teileafóin, pábháil, clocha colbha, boscaí fónais, cáblaí, cuaillí, aeróga, dealbha, plaiceanna agus séadchomharthaí eile, a dhéanfaidh comhtháthú ó thaobh amhairc lena suíomhanna aíochna.
- BH-P-13:** Is beartas de chuid na Comhairle é athúsáid cnuasaí/grúpálacha foirgnithe traidisiúnta a aithint agus a chur chun cinn i láithreacha tuaithe agus uirbeacha araon a chuireann le fiúntas sonrach agus uathúil nádúr tírdhreacha tugtha.
- BH-P-14:** Is beartas de chuid na Comhairle é leanúint de chosaint a thabhairt do chreatlach oidhreachta foirgnithe an Chontae trí ainmnithe Limistéar Caomhantais Ailtireachta cúí a aithint.
- BH-P-15:** Is beartas de chuid na Comhairle é carachtar foirgnithe speisialta agus feidhmeanna 'Bailte Oidhreachta' Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth a chaomhnú a chosaint agus a fheabhsú.
- BH-P-16:** Is beartas de chuid na Comhairle é ráitis dearaidh sráidbhaile a chomhlíonadh dá cúig 'Baile Oidhreachta' chun cur le tuiscint níos fearr ar acmhainní baile dhreacha an Chontae agus pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt chuí todhchaí.
- BH-P-17:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal go nglacfaí grianghraif agus go ndéanfaí taifeadadh (lena n-áirítear líníocht de réir scála) go dtí caighdeáin ghairmiúla aontaithe, ar aon déanamhas stairiúil a gcaithfear a leagan nó a athrú go suntasach.
- BH-P-18:** Is beartas de chuid na Comhairle é sláine Gairdíní Stairiúla agus láithreacha Tírdhreacha Deartha i gContae Dhún na nGall a aithnítear i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta a chaomhnú. (www.buidingsofireland.ie/Surveys/Gardens/).

7.3 Oidhreacht Seandálaíochta

Aidhm:

Oidhreacht seandálaíochta an Chontae a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht agus tuiscint agus taitneamh a spreagadh as na hacmhainní cultúrtha, neamh-inathnuaite luachmhara seo trí bhainistiú inbhuanaithe, feabhsú íogair agus forbairt chuí.

7.3.1 Cúlra

Aithníonn an Chomhairle tábhacht stairiúil agus cultúrtha oidhreacht seandálaíochta an Chontae. Is éard atá sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) ná liosta séadchomharthaí, déanmhais, láithreáin agus gnéithe a dtugtar cosaint reachtúil dóibh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1930-2004. Tugann na hAchtanna seo cosaint freisin do nithe seandálaíochta agus do bháid bháite.

Thug an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta aitheantas do na Bailte Stairiúla seo a leanas le haghaidh cosanta ginearálta: Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga, Leifear, Ráth Mealtain, Ráth Maoláin agus Baile Suingean. Léirítear teorainneacha treoirlíne do na bailte seo sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna. Tugtar Criosanna Ionchas Seandálaíochta ar na ceantair seo agus is ceantair iad ina bhfuil dianseandálaíocht. Níl oidhreacht seandálaíochta an Chontae teoranta do shéadchomharthaí agus do láithreáin aitheanta atá aitheanta sa RMP. Leagann Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994 amach na nósanna imeachta chun déileáil le fionnachtan ní nó láithreán seandálaíochta neamhthairfeadta. Aithníonn an Chomhairle na Séadchomharthaí Náisiúnta faoi úinéireacht/chúram an stáit a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí bainistiú orthu (Aguisín 3 Tábla 08). Tá an Chomhairle tiomanta d'oibriú i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun na Séadchomharthaí Náisiúnta seo a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a fheabhsú. Tá roinnt reiligi stairiúla faoina cúram/coimirce ag Comhairle Contae Dhún na nGall (Aguisín 3 Tábla 09). Tugtar ar aird go leagann an Cód Cleachtais a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta dar teideal 'Creat agus Prionsabail do Chosaint Oidhreachta Seandálaíochta' amach bunphrionsabail náisiúnta i ndáil le forbairt agus oidhreacht seandálaíochta.

7.3.2 Cuspóirí

AH-O-1: Oidhreacht seandálaíochta an Chontae a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht.

7.3.3 Beartais

AH-P-1: ~~Is beartas de chuid na Comhairle é sláine Séadchomharthaí Seandálaíochta agus a suiteálacha a chosaint agus a fheabhsú agus caomhnú in-situ gach séadchomhartha seandálaíochta atá san áireamh sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna a chinntiú. Ní dhéanfar caomhnú de réir taifid a bhreithniú ach i gcúinsí eisceachtúla tráth ar féidir prionsabail fhoilseachán de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta & na nOileán dar teideal 'Creat agus Prionsabail do Chosaint Oidhreachta Seandálaíochta' a shásamh.~~

Is beartas de chuid na Comhairle é:

- Sláine Séadchomharthaí Seandálaíochta agus a suíomhanna a chosaint agus a fheabhsú agus caomhnú *in-situ* gach séadchomhartha seandálaíochta atá san áireamh in *Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna* a chinntiú. Ní dhéanfar caomhnú de réir taifid a bhreithniú ach i gcúinsí eisceachtúla tráth ar féidir prionsabail fhoilseachán de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta & na nOileán dar teideal '*Creat agus Prionsabail do Chosaint Oidhreachta Seandálaíochta*' a shásamh.
- Suíomhanna séadchomharthaí seandálaíochta den sórt sin a chosaint ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.

AH-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é Criosanna Ionchas Seandálaíochta lonnaithe i gceantair uirbeacha Bhéal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga, Leifear, Ráth Mealtain, Ráth Maoláin agus Baile Suingean mar a aithnítear sa *Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna* a chaomhnú agus a chosaint.

AH-P-3: ~~Is é beartas na Comhairle nádúr, suíomhanna agus amhaire ó Shéadchomharthaí Náisiúnta & Séadchomharthaí Taifeadta a chosaint agus forbairt a bhainistiú a mheasfaí a chuirfeadh isteach (go fisiciúil agus go fisiciúil) nó a chuirfeadh cosc ar shásamh a bhaint as taitneamhachtaí na láithreán seo.~~

Is beartas de chuid na Comhairle é:

- Carachtar na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Séadchomharthaí Taifeadta a chosaint agus forbairt a bhainistiú a mheasfaí a chuirfeadh isteach (go fisiciúil) nó a chuirfeadh cosc ar shásamh a bhaint as taitneamhachtaí na láithreán seo.
- Suíomhanna séadchomharthaí seandálaíochta den sórt sin agus radhairc uathu a chosaint ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta TEN-T, Dún na nGall, a chur i gcrích.

AH-P-4: ~~Is beartas de chuid na Comhairle é carachtar agus suíomh aon ní nó láithreán seandálaíochta neamhthaifeadta a chosaint, más cuí.~~

Is beartas de chuid na Comhairle é:

- Carachtar aon réad nó láithreán seandálaíochta neamhthaifeadta a chosaint, más cuí.
- Réada nó suíomhanna seandálaíochta den sórt sin a chosaint ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.

AH-P-5: ~~Is beartas de chuid na Comhairle é láithreáin seandálaíochta, a gcarachtair agus a suíomhanna, a aithníodh tar éis foilsiú an Taifid ar Shéadchomharthaí & Áiteanna, a chosaint agus a chaomhnú~~

Is beartas de chuid na Comhairle é:

- Láithreáin seandálaíochta, a gcarachtair agus a suíomhanna, a aithníodh tar éis fhoilsiú *Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna*, a chosaint agus a chaomhnú.
- Suíomhanna seandálaíochta den sórt sin a chosaint ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.

AH-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é reiligi stairiúla a aithnítear sa *Taifead ar Shéadchomharthaí & Áiteanna* (lena n-áirítear iad siúd faoi choimirce Chomhairle Contae Dhún na nGall) a chosaint agus a chaomhnú i gcomhar le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta agus a mbainistiú a spreagadh de réir reachtaíochta, prionsabail chaomhantais agus dea-chleachtas.

AH-P-7: Is beartas de chuid na Comhairle é láithreáin seandálaíochta faoi uisce in aibhneacha, locha agus suíomhanna idirthaoideacha agus fothaoidmheara a chosaint agus a chaomhnú.

AH-P-8: Is beartas de chuid na Comhairle é láithreáin aitheanta láithreach catha agus a suíomhanna a chosaint.



**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
(As Varied)**


**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024
(Arna Leasú)**

**Map 7.1.1
Scenic Amenity**

**Léarscáil 7.1.1
Conláiste Scéimhe**

Legend

- Areas of Especially High Scenic Amenity (EHSA) Limistéar Conláiste Go háairithe Ardscéimh**
- Areas of High Scenic Amenity (HSA) Limistéar Conláiste Ardscéimhe**
- Areas of Moderate Scenic Amenity (MSA) Limistéar Conláiste Measartha Scéimhe**
- National Roads/Bóithre Náisiúnta**
- Regional Roads/Bóithre Réigiúnacha**
- Views Radhairc**



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey; Ireland data reproduced under OS Licence Number 2015/2322/CC/BA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey; Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey; Ireland, 2015. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhíreacht Ordánáil Éireann a bhfuil réimse faoi Ulmáir Chéadnáisiúil SOE 2015/2322/CC/BA Comhairle Contae Dhún na nGall. M8 dháimh 4 seo a stáisiún gan ódars, stáisiún de cúlpaíocht Shuirbhíreacht Ordánáil Éireann agus Rialas na hÉireann. Shuirbhíreacht Ordánáil Éireann, 2015. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.
To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le léamh i gcomhar leis an t-éireamh ábhartha ábhartha atá á chur faoi ghairneáil sa chuid seo den aghaidh chomh maith le cuspóir agus bearta ábhartha eile sa PPC.

Caibidil 8 Forbairt ar Acmhainní Nádúrtha

8.1 An Tionscal Eastósctha agus na Geolaíochta

Aidhm:

Eastóscadh inbhuanaithe agus cuí comhiomlán agus/nó mianraí a foinsíodh go háitiúil agus a chuireann leis an ngeilleagar áitiúil a éascú agus a chinntiú nach mbíonn tionchar díobhálach ag gníomhaíocht dá leithéid ar shaincheisteanna tábhachtacha aitheanta lena n-áirítear cáilíocht uisce, gnáthóga nádúrtha, ceantair thábhachtacha de shainghné tírdhreacha, amhairc agus radhairc, ceantair ar ábhar spéise geolaíochta iad nó sláinte an duine agus taitneamhacht chónaitheach.

8.1.1 Cúlra

Tá traidisiún láidir ag Dún na nGall maidir le cloch áitiúil a úsáid mar ábhar foirgníochta tithe, pábhála agus bóithre. Féadfaidh úsáid chomhaimseartha cloch áitiúil sa bhfoirgníocht a bheith spreagúil mar go léiríonn sé saothar agus traidisiúin na nglúnta roimhe seo agus níl a húsáid chomh feiceálach céanna laistigh de thírdhreach Dhún na nGall.

Is foinse nádúr riachtanach agus suntasach iad cumascáin d'fhorbairt eacnamaíochta leanúnach Dhún na nGall lena n-áirítear cruthú post agus is ábhair ríthábhachtacha don tógáil iad chomh maith le bheith ina gcomhábhair ríthábhachtacha de thionscadail bonneagair. Tá gá, mar sin, eastóscadh inbhuanaithe ábhar cuí a éascú mar chréanna, gairbhéal, gaineamh agus greanmheall, aird chuí á tabhairt ar a dtionchar sóisialta agus timpeallachta. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le haon tionchair dhíobhálacha ar an timpeallacht nádúrtha, tírdhreach, líonra bóithre, oidhreacht agus pobail a íoslaghdú. Ar na tionchair ar ghá a chur san áireamh áirítear a leanas: torann, crith, deanach, cáilíocht uisce, ísliú an mhaoschláir, oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha, an tírdhreach, an trácht agus fuíollábhar. Tugann an Chomhairle aitheantas don Léarscáiliú Ionchas Greanmheallta a d'ullmhaigh Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann a chuidíonn láithreáin le hionchas eastósctha greanmheallta/mianraí a aithint.

Rialaíonn na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940 go 1999, taiscéalaíocht agus forbairt gach mianra seachas cloch, gairbhéal, gaineamh agus cré (cé is moite de chormhianraí liostaithe e.g. Scláta dín, Marmar, Gaineamh Silice agus Meallchré). Chomh maith leis sin ní áirítear dromchla talmhaíochta nó móin i Mianraí sa chomhthéacs seo.

Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha freagrach as eisiúint Ceadúnas Sirtheoireachta chun tabhairt faoi Thaiscéalaíocht Mianraí in Éirinn. Eisíodh roinnt Ceadúnas Sirtheoireachta i nDún na nGall. Ní cheadaíonn na ceadúnais seo (iad bailí do 6 bliana de ghnáth) ach sirtheoireacht agus ní eastóscadh. Teastaíonn cead agus Ceadúnas Rialú Truailithe Comhtháite sular féidir dul ar aghaidh leis an eastóscadh. Teastaíonn Léas Mianadóireachta nó Ceadúnas freisin ón Aire ag DCENR.

Tá traidisiún láidir ag Dún na nGall maidir le cloch áitiúil a úsáid mar ábhar foirgníochta tithe, pábhála agus bóithre. Féadfaidh úsáid chomhaimseartha cloch áitiúil sa bhfoirgníocht a bheith spreagúil mar go léiríonn sé saothar agus traidisiúin na nglúnta roimhe seo agus níl a húsáid chomh feiceálach céanna laistigh de tírdhreach Dhún na nGall.

Is foinse nádúr riachtanach agus suntasach iad cumascáin d'fhorbairt eacnamaíochta leanúnach Dhún na nGall lena n-áirítear cruthú post agus is ábhair ríthábhachtacha don tógáil iad chomh maith le bheith ina gcomhábhair ríthábhachtacha de thionscadail bonneagair. Tá gá, mar sin, eastóscadh inbhuanaithe ábhar cuí a éascú mar chréanna, gairbhéal, gaineamh agus greanmheall, aird chuí á tabhairt ar a dtionchar sóisialta agus timpeallachta. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le haon tionchair dhíobhálacha ar an timpeallacht nádúrtha, tírdhreach, líonra bóithre, oidhreacht agus pobail a íoslaghdú. Ar na tionchair ar ghá a chur san áireamh áirítear a leanas: torann, crith, deanach, cáilíocht uisce, ísliú an mhaoschláir, oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha, an tírdhreach, an trácht agus fuíollábhar. Tugann an Chomhairle aitheantas don Léarscáiliú Ionchas Greanmheallta a d'ullmhaigh Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann a chuidíonn láithreáin le hionchas eastósctha greanmheallta/mianraí a aithint.

Rialaíonn na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940 go 1999, taiscéalaíocht agus forbairt gach mianra seachas cloch, gairbhéal, gaineamh agus cré (cé is moite de chormhianraí liostaithe e.g. Scláta dín, Marmar, Gaineamh Silice agus Meallchré). Chomh maith leis sin ní áirítear dromchla talmhaíochta nó móin i Mianraí sa chomhthéacs seo.

Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha freagrach as eisiúint Ceadúnas Sirtheoireachta chun tabhairt faoi Thaiscéalaíocht Mianraí in Éirinn. Eisíodh roinnt Ceadúnas Sirtheoireachta i nDún na nGall. Ní cheadaíonn na ceadúnais seo (iad bailí do 6 bliana de ghnáth) ach sirtheoireacht agus ní eastóscadh. Teastaíonn cead agus Ceadúnas Rialú Truaillithe Comhtháite sular féidir dul ar aghaidh leis an eastóscadh. Teastaíonn Léas Mianadóireachta nó Ceadúnas freisin ón Aire ag DCENR.

8.1.2 Cuspóirí

- EX-O-1:** An timpeallacht a chaomhnú agus a chosaint, lena n-áirítear go háirithe, an oidhreacht nádúrtha agus seandálaíochta agus caomhnú agus cosaint láithreán ainmnithe Eorpacha agus aon láithreáin eile a fhorordaítear.
- EX-O-2:** Sainghné an tírdhreacha a chaomhnú san áit agus a mhéid go n-éilíonn pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear caomhnú radharc agus amharc aitheanta, gnéithe cultúrtha agus taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe d'áilleacht nádúrtha nó ar ábhar spéise iad.
- EX-O-3:** Cáilíocht na timpeallachta a chosaint agus a chaomhnú chun a chinntiú nach mbíonn aon drochéifeachtaí suntasacha ann lena n-áirítear cosc, teorannú, díothú, maolú nó laghdú ar thruailliú timpeallachta agus cosaint uiscí, screamhuisce, an cladach agus an t-atmaisféar.

8.1.3 Beartais

- EX-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é a ceangal go bhfuil tograí forbartha don tionscal eastósctha de réir Treoirínte do Chairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha d'Údarás Áitiúla 2004 de chuid an DEHLG agus Treoirínte Bainistíochta Comhshaoil an EPA – Bainistíocht Chomhshaoil sa Tionscal Eastósctha (Mianraí neamhsceidealaithe) 2006.
- EX-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan tograí do thionscal eastósctha nua a cheadú i gceantar Sársceimhe nó i gceantair Ardscéimhe.. Chomh maith leis seo ní cheadófar tograí dá leithéid de ghnáth áit a mbeadh tionchar díobhálach acu ar aon láithreán Natura 2000,

Ceantar Oidhreacht Nádurtha, Anaclann Dúlra, Ceantar Cosanta Screamhuisce (Uiscíoch), Dobharcheantar Diúilicín Péarla Fionnuisce nó ceantair eile a bhfuil tábhacht leo do chosaint flora agus fauna, nó ceantair a bhfuil ionchas seandálaíochta suntasacha leo, murar féidir a léiriú go soiléir nach mbeadh drochthionchair shuntasacha ag tionscal eastósctha dá leithéid ar thaitneamhachtaí nó ar an timpeallacht, agus go gcomhlíonann siad Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Beidh gach togra tionscail eastósctha i nDobharcheantair Diúilicín Péarla Fionnuisce faoi réir Mheasúnacht na Treorach maidir le Gnáthóga agus comhlíonfaidh sé na cuspóirí agus na cleachtais atá leagtha amach sa bPlean Fo-abhantraí Diúilicín Péarla Fionnuisce ábhartha, agus aon chód cleachtais ábhartha.

EX-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é gan aon tograí forbartha do shaoráidí cairéil agus saoráidí coimhdeacha a cheadú mura mbíonn fianaise ann nach mbeidh aon bhaol suntasach truaillithe don timpeallacht dá bharr, lena n-áirítear sioltachán agus dríodró uiscí dromchla glactha síos an abhainn, ag féachaint do na leochaileachtaí a aithníodh laistigh den Phlean Bainistithe Abhantraí agus aon Phlean Fo-abhantraí Diúilicín Péarla Fionnuisce agus chun a chinntiú nach mbíonn drochthionchar suntasach ar an timpeallacht dá bharr lena n-áirítear cáilíocht agus cainníocht uisce dromchla agus screamhuisce (uiscíocha), conairí abhann, bogaigh ghaolmhara agus Réigiúin Bainistithe Abhantraí.

EX-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal go mbeadh forbairt chéimnithe chomhtháite agus plean athchóirithe d'iarchúram/athúsáid an láithreáin in éineacht le gach iarratas ar thograí tionscal eastóchta. Caithfidh aon phlean athchóirithe Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh ag féachaint do chuspóirí caomhantais ábhartha, leasaithe cáilíochta agus bagairtí do shláinte láithreáin Natura 2000. Ba chóir do phleananna athchóirithe na beartais a leanas a chomhlíonadh EX-P-1 agus EX-P-2 agus cuspóirí EX-O-1, EX-O-2 agus EX-O-3.

EX-P-5: Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal, nuair atá forbairt tionscail eastósctha beartaithe laistigh de 300m de láithreán seandálaíochta/séadchomhartha taifeadta nó ar dóigh go mbeidh tionchar ábhartha aige ar thaitneamhachtaí amhairc an séadchomharth/láithreáin, go bhfostóidh na hiarrtasóirí/oibritheoirí seirbhísí seandálaí nó duine atá cáilithe go cuí le measúnacht seandálaíochta a dhéanamh ar an láithreán. Ta an mheasúnacht seo le cur isteach ina hiomlán leis an iarratas pleanála don fhorbairt.

EX-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal go mbeadh fianaise faoi oiriúnacht an líonra bóithre ó thaobh leithead, ailínithe agus cumas iompair leis na tograí forbartha do thionscail eastósctha agus go gceanglófaí go dtabharfaí aghaidh ar aon easnaimh aitheanta ar chostas an iarrthóra.

I gcás go dteastaíonn oibreacha maolaithe le huasghrádu nó ath-ailíniú a dhéanamh ar bhonneagar bóithre, caithfidh siad Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh agus aird a bheith acu ar chuspóirí caomhantais ábhartha, leasanna cáilitheacha agus bagairtí do shláinte láithreáin Natura 2000, agus comhlíonfaidh siad na cuspóirí agus na cleachtais atá leagtha síos in aon Phlean Fo-Abhantraí Diúilicín Péarla Fionnuisce ábhartha, agus aon chód cleachtais ábhartha, sa mhéid agus is indéanta go réasúnach ag cur sábháilteacht úsáideoirí bóithre todhchaí san áireamh.

An Gheolaíocht

G-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle Láithreáin Gheolaíochta Contae (CGS) a chosaint. Dá réir glacfaidh an Chomhairle le cur chuige réamhchúramach i leith tograí forbartha leis an ionchas dul i bhfeidhm ar CGS. Ba chóir go mbeadh tuarascáil mhionsonraithe ó dhuine inniúil in éineacht le tograí ag leagan amach an tionchar ionchasach chun a chinntiú gur féidir cinneadh feasach a dhéanamh. Nuair a mheastar go ndéanfaí dochar suntasach don CGS, ní dheonófar cead pleanála mura mbíonn cúinsí sáraitheacha a bhfuil tábhacht phoiblí leodon Chontae.

8.2 Fuinneamh

Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghnéithe Áirithe den Bheartas Fuinnimh Ghaoithe

Le hOrdú arna dhéanamh an 5^ú lá de Shamhain 2018 in imeachtaí ar a raibh Uimhir Thaifid 2018/533JR idir Planree Limited, an tIarratasóir, agus Comhairle Contae Dhún na nGall, an Freagraí, ordaíodh go ndéanfaí forálacha áirithe de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 – ba iad sin Cuid 6.5(c) agus (f) de na caighdeáin Fuinnimh Ghaoithe atá i Roinn B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla agus Léarscáil 8.2.1 mar atá i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 mar atá foilsithe – a scríosadh agus/nó a bhaint ó Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024. Ba cheart an Plean Forbartha a léamh i bhfianaise an Ordaithe atá i gceist, ar feitheamh aon athraithe a d’fhéadfaí a dhéanamh air amach anseo.

(Níl anseo ach nóta míniúcháin agus níl sé mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024)



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Aidhm:

Forbairt punann fuinnimh éagsúil a éascú trí leas inbhuanaithe a bhaint as ionchas fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear fuinneamh aigéin, bithfhuinneamh, fuinneamh gréine, gaoithe agus geotéarmach, mar aon le húsáid inbhuanaithe ola agus gáis agus foinsí fuinnimh eile atá ag teacht chun cinn de réir beartas agus treorach Fuinnimh Náisiúnta. Is aidhm freisin é forbairt chuí bonneagair ghaolmhair a éascú chun a chumasú go mbainfí leas as na foinsí fuinnimh seo agus chun forbairt Dhún na nGall mar Ionad Sármhaitheasa d’Fhuinneamh In-athnuaite a chur chun cinn agus a éascú.

8.2.1 Cúlra

Ullmhaíodh an straitéis fuinnimh seo i gcomhthéacs na gcreataí beartais corparáideacha náisiúnta agus Eorpacha mar atá leagtha amach in: 'Treoir Fuinnimh In-athnuaite an AE, 2009'; agus an 'Straitéis d’Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020' de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Páipéar Bán dar teideal 'Aistriú na hÉireann go dtí Todhchaí Fuinnimh Íseal ar Charbóin, 2015-2030'. Plean Gnímh Náisiúnta Fuinneamh In-Athnuaite 2010 an Rialtais (Aighneacht Rialtas na hÉireann chuig an Choimisiún Eorpach) ina leagtar amach spriocanna náisiúnta na hÉireann le giniúint ídiú fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite go dtí 2020 (mar a dhíorthaítear ó Threoir AE 2009/28). Sa chomhthéacs seo, tá oibleagáid dlí ar Éirinn a chinntiú gur ó fhoinsí in-athnuaite 16% ar a laghad den fhuinneamh ar fad a úsáidtear sa stát faoi 2020. In Éirinn, tá sprioc 40% socraithe ag an rialtas maidir le húsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020, le cois sprioc 10% in earnáil an iompair agus 12% de theas in-athnuaite faoi 2020.

'Straitéis um Fhuinneamh In-Athnuaite 2012-2020' ina n-aithnítear gur ag croí polasaí foriomlán an fuinnimh in Éirinn atá forbairt fuinneamh in-athnuaite, óir tá d'fhéidearthacht leis nach mbeifear ag brath a oiread céanna ar bhreoslaí iontaise; go bhfeabhsófar slándáil soláthair; agus go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa, rud a chruthóidh sochair thimpeallachta agus poist ghlasa sa gheilleagar agus a chuirfidh le hiomaíochas náisiúnta.

Leagan na doiciméid seo amach creat chun beartas fuinnimh idir anois agus 2030 a threorú, leis an aidhm aschur fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú de réir cuspóir an AE de shocharaí íseal ar charbón faoi 2050.

Aitníonn an Chomhairle freisin straitéis Eirgrid (an tOibreoir Tarchuir Leictreachais neamhspleách)²⁴ ina bheartaítear gur féidir leis an Iarthuaisceart teacht chun a bheith ina easportálaí glan cumhachta go dtí an chuid eile den oileán, a spleáchas ar sholáthar ón dtaobh amuigh á laghdú. Cuireann an straitéis méadú ar an soláthar cumhachta chun cinn chun freastal ar infheistíocht eacnamaíochta todhchaí sa Chontae agus tuilleadh a mhealladh sa todhchaí. Beartaíonn sé infheistíocht bhreise de thart ar €750m a dhéanamh san Iarthuaisceart chun uasghrádú a dhéanamh ar bheagnach 700 km den ghréasán tarchurtha reatha agus chun ciorcaid nua a thógáil, lena n-áirítear treisiú 110 kV idir na Cealla Beaga (stáisiún an Bhinn Bhán) agus Leitir Ceanainn agus tuilleadh comhtháthaithe idir gréasáin Dhún na nGall agus Thuaisceart Éireann. Beidh tionchar ag infheistíocht leanúnach sna gréasáin agus sa bhonneagar leictreachais ar theacht aniar fuinnimh sa todhchaí.

Tá Contae Dhún na nGall suite go foirfe ar chósta an Atlantaigh Thiarthuaidh le buntáiste a bhaint as a fhoinní fuinnimh in-athnuaite, agus an fhostaíocht shuntasach ghaolmhar agus deiseanna eacnamaíochta a eascraíonn dá bharr. Soláthraíonn an suíomh seo deis freisin chun leanúint d'fhorbairt an Chontae mar mhol do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus taighde trí Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.

D'ainneoin an chomhthéacs straitéisigh seo, caithfear fiúntas oidhreacht chultúrtha, foirgnithe agus nádúrtha Dhún na nGall a bhreithniú freisin in ullmhú an chreata beartais seo.

Fuinneamh Gaoithe

Comhthéacs

Ag teacht leis an gclár beartas fuinnimh corparáideach náisiúnta agus Eorpach níos leithne, cuireann an Creat Pleanála Náisiúnta atá ag teacht chun cinn, béim freisin ar na saincheistanna criticiúla a bhaineann le fuinneamh. Tugann an páipéar 'Achoimre Feidhmeach: Saincheistanna agus Roghanna (Feabhra 2017)' ar aird go bhfuil: 'An fuinneamh...criticiúil chun tacú le fás todhchaí na hÉireann'. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn réamhthréachtairacht maidir leis an Straitéis Eacnamaíochta agus Spásúla Réigiúnach (RSES) atá le teacht, béim leanúnach ar sholáthar fuinnimh inbhuanaithe chun spriocanna fuinnimh Náisiúnta, Eorpacha agus Idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Ó thaobh luas na gaoithe agus comhsheasmhachta, tá Dún na nGall lonnaithe go hidéalach ar chósta Atlantach an Iarthuaiscirt agus tá an buntáiste á bhaint cheana féin as an acmhainn fuinnimh ghaoithe seo go céim shuntasach. Mar sin gineann Dún na nGall aschuir fuinnimh ghaoithe suntasach cheana féin le hais contaetha eile in Éirinn agus is onnmhairéoir fuinnimh é, ainneoin an bhonneagair theoranta greille leictreachais atá ar fáil sa Chontae agus ainmnithe oidhreachta agus timpeallachta suntasacha a chlúdaíonn aon trian den Chontae. Tá sé dúshlánach mar sin cur chuige cothromaithe a bhaint amach maidir le haithint suíomhanna oiriúnacha eile nach mbainfidh ó acmhainn scéimhe agus timpeallachta an Chontae.

Ullmhaíodh cur chuige na Comhairle maidir le fuinneamh gaoithe agus aird á thabhairt ar na Treoirínte Pleanála maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe, 2006- a ullmhaíodh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (mar a bhí). Cuireadh leis an athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais a threoraíonn táirgeadh fuinnimh ghaoithe leis an mbonn fianaise ar chuid den phróiseas measúnachta

²⁴ ¹ Eangach s'agatsa: Straitéis Forbartha Eangaigh na hÉireann 2017.

sainghné tírdhreacha, choimisiúnaigh an SEAI na tuarascálacha 'Examination of the Significance of Noise in Relation to Onshore Wind Farms' Marshall Day Acoustics. (Samhain 2013), agus 'Preliminary Report on Wind Turbine Noise Modelling RPS (Márta 2015),' tionscadal Interreg Iva Chomhairle Chontae Dhún na nGall, 'Practical Implementation of Freshwater Pearl Mussel Measures' tuarascáil 'Windfarm Development Guidance – An Dr., Tony McNally (Meitheamh 2014), tuarascálacha Eirgrid, 'All Island Ten Year Transmission Forecast Statement 2015' agus 'Generation Capacity Statement 2017-2026'.

Ag éirí as an bpróiseas seo, agus de réir E-P-12, Léarscáil 8.2.1 agus an chuid maidir le 'Fuinneamh Gaoithe' in Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Roinn B, Cuspóirí agus Beartais an Phlean. Aithníonn an Plean na ceantair bheartais/chriosaithe seo a leanas do bhreithniú forbairtí feirme gaoithe nua beartaithe, agus athruithe ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana sa Chontae.

- (1) Ar Fáil lena mBreithniú': Laistigh de na suíomhanna seo féadtar forbairtí feirme gaoithe a bhreithniú, faoi réir comhlíonadh cuspóirí agus beartais eile an Phlean. Tá na ceantair seo ar fáil lena mbreithniú do thograí fuinnimh ghaoithe cuí. Aithníodh iad ag féachaint do raon fachtóirí, lena n-áirítear féidearthacht fuinnimh ghaoithe (trí atlas luas gaoithe www.seai.ie), naisc ghreille atá ann cheana, naisc ghreille bheartaithe, ainmnithe oidhreachta nádúrtha agus íogaireacht tírdhreacha, bonneagar bóithre agus áit ar féidir coinbhleacht ionchasach le hainmnithe oidhreachta nádúrtha a bhainistiú go héifeachtach.
- (2) 'Inghlactha do mhéadú/feabhsúcháin ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana': Laistigh de na suíomhanna seo bheadh forbairt feirme gaoithe doghlactha seachas mar mhéadú nó feabhsúcháin ar fhorbairt feirme gaoithe atá ann cheana faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an Phlean.

Aithníonn an Chomhairle na deiseanna ag éirí as úsáid tuirbíní níos éifeachtaí ar fheirmeacha gaoithe seanbhunaithe, mar go ngineann siad torthaí fuinnimh i bhfad níos mó in aghaidh an tuirbín, riachtanas tuirbíní breise á laghdú ar an mbealach seo. I bhformhór na gcásanna tá an bonneagar, na bóithre, talamh crua, tuirbíní, fo-stáisiún agus claíocha ann cheana, mar sin níor chóir go mbeadh ach tionchar teoranta breise ann. Déanfar forbairtí fuinnimh ghaoithe laistigh de na ceantair seo a bhreithniú faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an Phlean.

- (3) 'Gan a bheith inghlactha': Suíomhanna nach mbeadh Forbairt Feirme Gaoithe inghlactha iontu. Aithníodh ceantair nach mbeadh tograí fuinnimh ghaoithe inghlactha iontu ag féachaint dá srianta suntasacha tírdhreacha, oidhreachta agus timpeallachta. Áirítear orthu seo: Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) agus Limistéir Chosanta Speisialta (láithreáin Natura 2000), Ceantair Oidhreachta Nádúrtha, ceantair a aithníodh mar mheán agus ardíogaireacht tírdhreacha, ceantair Diúilicín Péarla Fionnuisce lena n-áirítear na habhantraí arna n-aithint i bPleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí don Chláidigh, Eske, Glaskeelin, Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia (mar atá liostaithe in I.R. S.I. 296 de 2009), radhairc agus amhairc thábhachtacha, i measc nithe eile. Meastar nach bhfuil aon acmhainn ag na ceantair seo d'fhorbairt fuinnimh ghaoithe.

Fuinneamh Aigéin

Aithníonn Straitéis Fáis Ghoirm an AE 2012 'Fuinneamh Gorm' mar earnáil a d'fhéadfadh ní amháin cuidiú le comhlíonadh spriocanna fuinnimh in-athnuaite AE ach a d'fhéadfadh fás eacnamaíochta inbhuanaithe agus poist sa gheilleagar gorm a sheachadadh.

D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha creat d'fhorbairt eacnamaíochta inbhuanaithe acmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta dar teideal 'An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gcósta (OREDP)' i bhFeabhra 2014. Leagann an OREDP amach an fhís seo a leanas: "Ár n-acmhainn fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ag cur lenár bhforbairt eacnamaíochta agus fás inbhuanaithe, poist á nginiúint dár saoránaigh, le tacaíocht bheartais shoiléir, pleanáil agus rialáil, agus iad á mbainistiú ar bhealach comhtháite". Aithníonn an OREDP go léiríonn forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta deis shuntasach do chalafóirt go háirithe feadh chósta an Atlantaigh thiar. Is ionann é seo agus deis shuntasach do na Cealla Beaga go háirithe ó thaobh na heacnamaíochta agus giniúint fostaíochta chomh maith le taighde agus oiliúint teicneolaíochta.

Bithfhuinneamh

Is éard is bithmhais ann ná an t-ábhar bitheolaíochta a fhaightear ó orgánaigh bheo, nó a bhí beo go deireanach. Ar feadh na gcéadta bliain bhí daoine i nDún na nGall ag brath ar ár n-acmhainní nádúrtha lena n-áirítear móin mar fhoinsé breosla agus feamainn do thoirchiú barraí. Cé go bhfuil baint mhóna ag éirí níos neamh-inbhuanaithe tá raon leathan roghanna inacmhainne agus inbhuanaithe eile ar fáil. Tá ceantair mhóra foraoiseachta tráchtála bainistithe inbhuanaithe sa Chontae a bhfuil an fhéidearthacht acu go n-úsáidfid iad mar bhreosla do mhargaí tráchtála agus baile. Chomh maith leis seo léiríonn fás an díol spéise i mbarraí fuinnimh mar shaileach, síol ráibe agus mioscantach deiseanna bithbhreosla malartacha atá inmharthana agus ag fás cheana féin sa Chontae.

Breoslaí Iontaise

Go náisiúnta déanfar soláthar gáis a sholáthar go straitéiseach trí idirnaisc idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, a chinnteoidh soláthairtí leordhóthanacha gáis go ceann i bhfad. Tá píplíne gáis nua tógtha ó Bhéal Feirste go Doire agus thacódh an Chomhairle le síneadh seirbhísí reatha isteach sa Chontae.

Grianfhuinneamh

Go traidisiúnta níorbh foinse fuinnimh in-athnuaite coitianta í i gContae Dhún na nGall, ach fágann dul chun cinn sa teicneolaíocht go bhfuil an acmhainn do thairgeadh leictreachais ó sholas (photovoltaics) go leictreachas agus grianteasa do théamh, méadaithe. Áirítear go bhféadfadh córas tipiciúil 2.5kWp suas le 50% de leictreachas bliantúil teaghlach a chur ar fáil.

Fuinneamh Geoiteirmeach

Tá sárfoinsé fuinnimh gheoiteirmigh ag Éirinn, fuinneamh teasa inbhuanaithe agus glan stóráilte faoin talamh, ar féidir a eastóscadh trí roinnt modhanna innealtóireachta a mbeadh druileáil éadomhain agus domhain i gceist leis. Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) tar éis léarscáiliú ar an tír a ullmhú a aithníonn ceantair d'ionchas geoiteirmeach. Tá an léarscáiliú seo ar fáil ag láithreán gréasáin SEAI mar aon le heolas eile ar fhuinneamh geoiteirmeach (tagair www.seai.ie).

8.2.2 Cuspóirí

- E-O-1:** Punann fuinnimh in-athnuaite éagsúil a fhorbairt le freastal ar éilimh agus caipitliú ar bhuntáiste suímh iomaíoch an Chontae.
- E-O-2:** Láidriú na greille leictreachais a éascú le teacht i dtír ar fhuinnimh agus a dháileadh a chumasú. Tacóidh an Chomhairle le idirnascairí trasnáisiúnta agus trasteorann chun easpórtáil fuinnimh lasmuigh den Chontae a chumasú.
- E-O-3:** Forbairt inbhuanaithe Dhún na nGall a éascú mar Ionad Barr Feabhais do theicneolaíocht in-athnuaite agus na Cealla Beaga mar ionad seirbhíse amach ón gcósta agus ionad fuinnimh ghaoithe.
- E-O-4:** Meascán éagsúil agus inbhuanaithe forbairtí a éascú a dhéanann teorannú ar na glanthionchair dhíobhálacha bainteach le téamh domhanda mar chur chun cinn fuinnimh in-athnuaite, fás táirgí feirme áitiúla agus cur chun cinn modhanna inbhuanaithe iompair phoiblí.
- E-O-5:** A chinntiú go gcomhlíonann forbairtí fuinnimh ghaoithe na ceanglais agus na caighdeáin atá leagtha amach sna Treoirínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe 2006 de chuid an DEHLG nó aon Treoirínte gaolmhara ina dhiaidh sin (arna leasú).
- E-O-6:** Lena chinntiú nach bhfuil drochthionchar ag forbairtí fuinnimh ghaoithe ar thaitneamhachtaí cónaithe na maoine cónaithe, agus ionaid eile a bhfuil cónaí iontu (mar a shainmhínítear in Alt 6.6, 'Fuinneamh Gaoithe', Aguisín 3, Treoirínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Cuid B, Cuspóirí agus Beartais an Phlean).

8.2.3 Beartais

Ginearálta

- E-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt treisithe greille a éascú lena n-áirítear naisc ghreille agus gréasán fuinnimh trasteorann (Leictreachas agus gás) isteach agus tríd an gContae agus idir gach contae tadhlaigh agus chun tacú le forbairt naisc ghreille trasteorann, faoi réir cuspóirí agus beartas eile an Phlean seo.
- E-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chúí fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí éagsúla a éascú, lena n-áirítear hidreachumhacht, fuinneamh aigéin, bithfhuinneamh, gréine, gaoithe agus geoirteirmigh agus stóráil uisce mar fhoinse fuinnimh chinéitigh in-athnuaite de réir na cúrsaí ábhartha cuí agus planáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- E-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chúí an tionscail bhithbhreosla a éascú trí bhonneagar coimhdeach chun baint, stóráil agus táirgeadh barraí bithbhreosla inbhuanaithe a chumasú, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais eile an Phlean seo.
- E-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é suiteálacha grianfhuinnimh a éascú i dtionscadail fhoirgníochta phoiblí, tráchtála agus cónaithe, ar an gcoinníoll nach mbaineann tograí ón oidhreacht fhoirgnithe, de réir planáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- E-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é teacht chun a bheith ina lárionad barr feabhais do thaighde agus d'fhorbairt teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear gaoth, hidrea, taoide agus tonn agus go sonrach chun forbairt Chalafort na gCealla Beaga agus Aerfort Dhún na nGall a éascú mar ionaid soláthair, seirbhíse agus cothabhála do shaoráidí fuinnimh ar an gcladach agus amach ón gcósta i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais eile an Phlean seo.
- E-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt tograí a éascú chun dramhaíl a thiontú go fuinneamh, lena n-áirítear díleá anaeróbach agus díleá tirim nó dramhaíl eile agus fotháirgí faoi réir comhlíonadh cuspóirí agus beartais eile an Phlean seo.
- E-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt inbhuanaithe saoráidí bainteach le táirgí bithmhaise a éascú lena n-áirítear slis adhmaid agus millíní faoi réir comhlíonadh cuspóirí agus beartais eile an Phlean seo.
- E-P-8:** Is beartas de chuid Comhairle Contae Dhún na nGall é nach gceadófar an próiseas Scoilteadh Hiodrálach (nó fracáil)laistigh de Chontae Dhún na nGall.
- E-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú, nuair is féidir, go gcuirfí línte cumhachta faoi thalamh ag féachaint go háirithe do thaitneamhacht scéimhe an tírdhreacha glactha.

Fuinneamh Gaoithe

Chomh maith leis an gcreat beartais thíos luaite, spreagfaidh an Chomhairle freisin gach forbróir fuinnimh ghaoithe chun a bheith páirteach i gcomhairliúchán réamhphleanála leis an Údarás Pleanála maidir le tograí forbartha. Spreagfar forbróirí freisin chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil chun ionchas do leas an phobail áitiúil a d'fhéadfadh a eascairt a fhiosrú agus/nó socrúithe d'infheistíocht ón bpobal áitiúil.

- E-P-10:** Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh tograí forbartha d'fhuinneamh gaoithe de réir ceanglais na dTreoirínte Forbartha maidir le Fuinneamh Gaoithe: Treoirínte d'Údarás Phleanála, 2006 (nó arna leasú).

E-P-11: Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt fuinnimh in-athnuaite a bhreithniú trí fhorbairt tograí fuinnimh ghaoithe amach ón gcósta, de réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

E-P-12: Is beartas de chuid na Comhairle é:

Forbairtí fuinnimh ghaoithe nua cuí laistigh de na ceantair a aithníodh mar 'Ar fáil lena mBreithniú' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1 a bhreithniú, faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas ábhartha eile atá sa Phlean seo.

Méadú, uasghrádú agus feabhsúchán forbairtí feirme gaoithe atá ann cheana laistigh de cheantair a aithníodh mar 'Inghlactha do mhéadú/feabhsúcháin ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1 a bhreithniú ar bhonn cás-ar-chás faoi réir chomhlíonadh gach cuspóir agus beartas ábhartha eile atá sa bPlean seo agus an méid seo a leanas:

(a) **Athchumhachtú**

Is éard is athchumhachtú ann ná tuirbíní nua a chur in áit na sean cinn a bhfuil tuilleamh níos mó nó éifeachtacht níos fearr acu. Is é an toradh a bhíonn ar sin ná glanmhéadú ar an gcumhacht a ghintear. Féachann athchumhachtú chomh maith le saolré foriomlán na forbartha a leathnú. Ní thiocfaidh glanmhéadú ar líon na dtuirbíní mar thoradh ar thograí athchumhachtaithe, agus léireofar nach bhfuil aon drochthionchar aige ar an timpeallacht fála; nó

(b) **Leathnú**

I limistéir atá suite lasmuigh de láithreáin Natura 2000, déanfar tograí ar leathnú a dhéanamh ar fheirm ghaoithe atá ann cheana (suas le 20% ó thaobh líon ceadaithe tuirbíní nó i gcásanna ina gceadaítear 5 nó níos lú tuirbín ar fheirm ghaoithe, tuirbíní amháin sa bhreis) a bhreithniú. Beidh ar an togra a léiriú go bhféadfaidh an bonneagar atá ag freastal ar an bhforbairt reatha freastal ar na tuirbíní breise; nó

(c) **Athiarratas**

I limistéir atá suite lasmuigh de láithreáin Natura 2000, sa chás ina bhfuil feirm ghaoithe atá ann cheana féin ceadaithe agus go bhfuil an cead sin in éag, déanfar togra athbhreithnithe a chur san áireamh laistigh d'aonad pleanála na forbartha a ceadaíodh roimhe sin, agus sa chás ina dtaispeántar nach bhfuil aon glanmhéadú ar thuirbíní.

Gan tograí fuinnimh ghaoithe a bhreithniú go fabhrach sna ceantair sin a aithníodh mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1.

E-P-13: Laistigh de na limistéir arna n-aithint mar 'Ar fáil lena mBreithniú' ar Léarscáil 8.2.1, Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt feirmeacha gaoithe pobail/comharchumainn a spreagadh chun cur ar chumas pobal a leictreachas, ioncaim féin a ghiniúint, agus barrachas a dhíol ar ais ar an ngreille, de réir cuspóirí agus beartas eile an Phlean seo agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

E-P-14: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le tionscnaimh dheonacha ó fhorbróirí/oibritheoirí fuinnimh in-athnuaite chun leasa an phobail áitiúil, de réir beartais eile an Phlean seo agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

(Ar na samplaí d'fhéadfaí seo a leanas a chur san áireamh: úinéireacht roinnte tograí forbartha, díbhinní airgeadais, forbairt bonneagair áitiúil fheabhsaithe, deonú talún d'úsáid phobail, mar pháirceanna imeartha, forbairt nó athchóiriú saoráidí pobail áitiúla, cruthú cearta slí/rothaíochta, siúil agus cosáin marcaíochta, turais oideachasúla agus laethanta promóisin).

- E-P-15:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt fuinnimh gaoithe chúí ar an láthair ag uatáirgeoirí agus micrea-tháirgeoirí* a éascú sa chás ina bhfuil gá leis an bhfuinneamh a ghintear chun freastal ar riachtanais láithreacha na forbartha, cibé an fiontar pobail/talmhaíochta agus/nó fiontar beag atá i gceist, faoi réir chomhlíonadh na gcuspoirí ábhartha eile agus na nbeartas atá sa phlean seo.
- Ní chuireann an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1 aon srian ar shuíomh na dtuirbíní chun críocha uatáirgeadh *(féach sainmhínte ag deireadh na caibidle)
- E-P-16:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le treisiú agus feabhsú cumais feirmeacha gaoithe atá ann cheana, laistigh den chumas timpeallachta áitiúil lena n-áirítear uasghrádú/ athsholáthar inbhuanaithe tuirbíní níos sine le múnlaí níos nuaí agus níos éifeachtaí.
- E-P-17:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go ndéantar gach bóthar bainteach le forbairt feirmeacha gaoithe a chothabháil nó a dheisiú ar chostas an fhorbróra chun sástacht na Comhairle.
- E-P-18:** Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéantar tionchair ionchasacha ar oidhreacht chultúrtha, fhoirgnithe agus nádúrtha, lena n-áirítear tionchair ar shéadchomharthaí agus ar shruthchúrsaí seandálaíochta a mheasúnú mar chuid de thograí forbartha in-athnuaite. I gcás go n-aithnítear tionchair dá leithéid, ba chóir bearta maolaithe mar chriosanna maolánacha, achair scartha agus socruithe rochtana a fheidhmiú de réir mar is cuí.
- E-P-19:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt tograí gaoithe agus tonn in éineacht, taoideach agus/nó hidrea i gceantair nach bhfuil aon srianta tírdhreacha, oidhreachta nó timpeallachta suntasacha, chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus a easportáil agus ioncaim áitiúil a ghiniúint faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- E-P-20:** Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh aird ag gach togra maidir le forbairt in-athnuaite ar éifeacht charnach na forbartha ar an gcomhshaoil nuair a dhéantar iad a bhreithniú i dteannta forbairtí ceadaithe atá san limistéar cheana.
- E-P-21:** Is beartas de chuid na Comhairle é go gcinnteoidh gach iarratas ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite go ndéanfar sonraí an nasctha bheartaithe leis an ngréille agus gach bonneagar gaolmhar a bhreithniú sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus sa Ráiteas Tionchar Natura de réir mar is gá.

Sainmhínte:

1. Uatáirgeadh

Is éard is uatáirgeadh ann ná táirgeadh leictreachais lena n-úsáid ag an tomhaltóir féin ar áitreabh/suíomh ina bhfuil an fuinneamh é hídiú. Cé nach bhfuil aon uasteorainn leis an sainmhíniú maidir le uatáirgeoir, ní mór go mbeadh an tUasacmhainn Easpórtála (MEC) níos lú na dhá oireadh an tUasacmhainn Impórtála (MIC). Go ginearálta is úsáideoirí fuinnimh tionsclaíochta ar thoirt mhór iad na uatáirgeoirí a ghineann fuinneamh gaoithe chun a riachtanais fuinnimh láithreacha a fhritháireamh agus chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Maidir le giniúint suas go dtí 0.5MW, ní gá d'uatáirgeoirí iarratas a dhéanamh tríd an bPróiseas Próiseála Grúpa (scuaine geata) le ceangail a dhéanamh leis an ngréille. Maidir le giniúint idir 0.5MW agus 1MW, déantar iad a phróiseáil mar iarratasóirí neamhGPA má tá siad in ann a léiriú nach bhfuil aon idirghníomhaíocht ann agus go bhfuil dea-chritéir phoiblí á gcomhlíonadh. Féadfaidh uatáirgeoirí leas a bhaint as taraifí easpórtála, arna gcomhaontú idir an uatáirgeoir agus a soláthraithe fuinnimh. Athraíonn na taraifí ag brath ar an soláthraí leictreachais ar an teicneolaíocht a easpórtálann chuig an ngréille leictreachais. Tá sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de áfach d'uatáirgeoir úsáid a bhaint as an leictreachais a ghintear chun dul in ionad an leictreachais iompórtáilte.

2. Micrea-tháirgeadh

Tá micrea-tháirgeadh ina fho-thacar d'uatáirgeadh arna rangnú ag ESB Networks mar ghiniúint níos lú ná 11kW nuair atáthar nasctha leis an bpáirt thrí chéim den ghreille leithdháilte (400V). I gcás fhormhór na n-úsáideoirí áfach, atá nasctha leis an bpáirt aon chéim den ghreille leithdháilte (230V), ceadaítear uasrátáil 6kW. Tá forbairtí fuinnimh ghaoithe ar scála beag (ina bhfuil tuirbín amháin) atá 13m in iomlán ar airde d'úsáid teaghlaigh nó 20m ar airde d'úsáid éadrom talmhaíochta agus tionsclaíoch díolmhaithe faoi réir na gcritéar a shonraítear sna hIonstraimí Reachtúla (IR 83 de 2007 agus IR 235 agus IR 256 de 2008).

Caibidil 9 Turasóireacht

Aidhm:

Dún na nGall a chumasú le dul san iomaíocht mar cheannscríbe ardchaighdeán turasóireachta trí phríomhshócmhainní turasóireachta a chosaint agus tacú le forbairt inbhuanaithe aon táirgí turasóireachta agus nithe is díol spéise do thurasóirí atá ann cheana.

9.1 CÚLRA


Réamhrá

Tá cuimse sócmhainní ardchaighdeán ag Dún na nGall lena thírdhreach cósta garbh, a shléibhte sceirdiúla, a oileáin amach ón gcósta, gnáthóga nádúrtha éagsúla, saol bríomhar cultúrtha agus ceantair Ghaeltachta, agus oidhreacht shaibhir fhoirgnithe (Léarscáil 9.1: tagair turasóireacht). Ina dhiaidh sin féadfaidh áiteanna íocónacha ar díol spéise iad mar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Sliabh Liag, Teach solais Fhánada, Cionn Mhálanna, agus Grianán Ailigh líon suntasach cuairteoirí a mhealladh ina gceart féin.

Is difreálaí ionchasach don Chontae é an earnáil turasóireachta agus tá dul chun cinn suntasach déanta agus tús á chur le baint amach iomlán na ndeiseanna san earnáil don gheilleagar. Tá an rath a bhain le tionscnamh turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus an phoiblíocht sna meáin le deireanaí (mar an vóta do the Coolest Place on the Planet for 2017 ag National Geographic Traveller Magazine) tar éis Dún na nGall a chur ar an margadh ar chomhchéim le cinn scríbe eile, agus d'ardaigh feasacht an mhargaidh go suntasach do chuairteoirí iasachta agus baile a raibh fás ar líon na gcuirteoirí le blianta beaga anuas (tagair Fíor 9.1, 9.2 agus 9.3) agus a thugann mar sin deis uathúil d'fhás breise suntasach.


D'ainneoin líon na gcuirteoirí a bhí ag dul i méid agus nádúr na hearnála turasóireachta mar rannchuidí tábhachtach don gheilleagar agus d'fhostaíocht áitiúil, léiríonn Tuarascáil Feidhmíochta Turasóireachta Réigiúnach Fáilte Éireann do 2015 gur tearcfheidhmigh Dún na nGall agus an tIarthuaisceart i gcomparáid le contaetha agus le réigiúin eile in Éirinn maidir le turasóireacht mar gheall ar gheografaíocht/polaitíocht, easpa feasacht mhargaidh agus príomheasnamh bonneagair. Mar sin tá an t-ionchas atá ann chun 'réigiúnachas' a spreagadh trí chuairteoirí a mhealladh chun taisteal ó thuaidh go dtí ceantar an Iarthuaiscirt suntasach agus freisin chun séasúracht a spreagadh trí tháirge turasóireachta agus forbairt eispéiris a d'fhágfadh go bhfanfadh cuairteoirí níos faide agus go gcuirfí síneadh leis an séasúr. Tá Straitéis Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus a margáíocht ghaolmhar agus brandáil in éineacht le cur chuige comhtháite d'fhorbairt táirge agus eispéiris laistigh den Chontae criticiúil ina leith seo.

Fíor 9.1: Cuairteoirí ón gCoigríoch i nDún na nGall (000)




(Foinse: 'Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnach i 2015,' foilsithe ag Fáilte Ireland, Deireadh Fómhair 2016).

Fíor 9.2: Cuairteoirí Baile i nDún na nGall (000)



(Foinse: 'Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnach i 2015,' foilsithe ag Fáilte Ireland, Deireadh Fómhair 2016).

Fíor 9.3: Líon na gCuaríteoirí i bPríomháiteanna Turasóireachta i nDún na nGall 2016



(Foinsí: Comhairle Contae Dhún na nGall, OPW, NPWS)

Beartas agus Treochtaí

Déanann straitéis turasóireachta an rialtais *'Daoine, Áit agus Beartas ag Forbairt na Turasóireachta go 2025'* iarracht rannchuidiú easportála na turasóireachta a uasmhéadú le linn dó sócmhainní luachmhara arbh iad ár n-oidhreacht chultúrtha agus fhoirgnithe nádúrtha a chosaint' (tagair P.7). Aithníonn an straitéis an turasóireacht mar phríomhghné den tiomáint eacnamaíochta a bhfuil d'aidhm aici seo a leanas a mhéadú: ioncam turasóireachta náisiúnta a mhéadú go €5 billiún, líon na gcuairteoirí go 10m agus fostaíocht bainteach le turasóireacht go 250,000 faoi 2025. Tá sé d'aidhm ag an bplean seo scar Dhún na nGall agus réigiúin an Iarthuaiscirt d'ioncam turasóireachta náisiúnta todhchaí a mhéadú. Leagann Straitéis an Rialtais béim ar thábhacht na margaíochta ceann scríbe mar go roghnaíonn cuairteoirí ceann scríbe ar bhonn cáilíochta a bhfuil á thairiscint ag an turasóireacht lena n-áirítear radharc tíre, an cultúr, nithe agus imeachtaí ar díol spéise iad do chuaríteoirí. Agus é seo á dhéanamh tugann an straitéis tuilleadh aitheantais do thábhacht ghrúpáil ár dtairiscint turasóireachta thart ar eispéiris atá mealltach do phríomhchoda den margadh ar dóigh go roghnóidh siad Éire mar cheann scríbe lena n-áirítear:

- Fiosrach ó thaobh an Chultúir: Lucht taistil san aoisghrúpa os cionn 45 bliain ar mian leo an meon a leathnú agus a n-eispéireas a leathnú trí thórdhreacha nua, stair agus cultúr a iniúchadh.
- Lucht Éalaithe: Lucht taistil níos óige a bhfuil suim ar leith acu i saoire faoin tuath agus atá ar saoire le briseadh a thógáil agus taithí a fháil ar an nádúr agus iad buailte leis.
- Innealtóirí Sóisialta: Cuairteoirí níos óige ar maith leo dul ar saoire i ngrúpaí nó ina mbeirteanna. Cairde agus comhghleacaithe atá ag lorg turais spreagúil go ceann scríbe nua agus iontach.

D'aithin Fáilte Ireland ar a seal an gá atá le freagairt do na dálaí margaidh seo trí:

1. Tairiscintí branda réigiúnach a threisiú de scála a bheadh ábalta seasamh amach go hidirnáisiúnta bunaithe ar na príomhsciartha margaidh (e.g. Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann) agus;
2. Bonn turasóireachta na hÉireann a athshuí sa chaoi go léiríonn sé go díreach riachtanais agus nithe is suim le tomhaltóirí a aithníodh mar an sciar den mhargadh is fearr a mheallfaí. (Foinse: Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta - Straitéis Infheistíochta 2016-2022 arna fhoilsiú ag Fáilte Ireland, 2016) agus
3. Éispéireas a mbeidh cuimhne air ar feadh i bhfad a chur ar fáil do chuaríteoirí trí tháirgí údaracha, seirbhís ardcháilíochta, scéalta ar leith agus insint uathúil a chur ar fáil. Chun na críche seo aithníonn an straitéis Creat Forbartha Eispéiris a chuimsíonn Sár-Eispéiris Chuariteora a 'Chaithear a Dhéanamh' (a mheallann turasóirí go dtí ceantar), Eispéiris Tacaíochta (a chuireann raon leathan de rudaí le feiceáil agus le déanamh ar fáil do chuaríteoirí agus ar an mbealach seo cuairteoirí a

choinneáil, agus Eispéiris Choimhdeacha (a mbíonn cuairteoirí ag súil leo in aon cheann scríbe ardchaighdeáin e.g., bialanna, tithe tábhairne agus cóiríocht). Tá forbairt Phlean Eispéiris Chuariteora á ullmhú faoi láthair maidir le Sár-Radharc Shliabh Liag.

Slí an Atlantaigh Fhiáin

Tá tionscnamh turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin bunaithe ar an straitéis turasóireachta thuas agus go geografach cuimsíonn sé bealach turasóireachta achar 2500km ar fad a shíniann feadh Chósta an Atlantaigh mórthaibhseach ó Dhún na nGall go Iarthar Chorcaí le 181 Pointe Radhairc (a bhfuil 21% díobh lonnaithe i gContae Dhún na nGall), 15 pointí sár-radhairc (a bhfuil 3 díobh i gContae Dhún na nGall). Tá sé tógtha thart ar thogra Branda 'Áit a gcasann talamh agus muirdhreacha fiáine na hÉireann ar a chéile – an bealach turasóireachta cósta sainithe is faide ar domhan'. Tá sé deartha do dhaoine 'ar mian leo eispéireas ar an leathimeall a bheith acu a thumann iad i ndáiríre ar iliomad bealach sa chaoi go mbíonn siad spreagtha, fuinmhithe agus ardú meanman orthu'. (Foinse: Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta – Straitéis don Infheistíocht 2016-2022) agus tá sé bunaithe ar thrí théama uileghabhálacha:

- Spiorad na hEachtraíochta (Eachtraíocht)
- An Saol atá Múnlaith ag an Atlantach (Cultúr) agus
- An Áit a Bhuailéann an Talamh agus an Fharraige in Aghaidh a Chéile (Tírdhreach agus Muirdhreach)

Go hachomair is iad seo cuspóirí straitéiseacha Shlí an Atlantaigh Fhiáin:


- Deis eacnamaíochta agus forbairt eacnamaíochta a ghiniúint agus a chothabháil.
- Athphacáistiú a dhéanamh ar chósta farraige an Atlantaigh mar cheann scríbe do chuariteoirí ón gcoigríoch agus cuairteoirí baile agus branda ceann scríbe agus táirge bealach turasóireachta de scála agus sonraíocht sách mór a bhunú.
- Méadú ar líon na gcuariteoirí, ar an aga stoptha agus ar an sástacht.
- Líon na gcuariteoirí go dtí ceantar nach bhfuil an oiread sin clú air a mhéadú agus bainistíocht níos fearr cuairteoirí a spreagadh i gceantair ina bhfuil líon níos mó cuairteoirí bainte amach.
- Naisc idir raon áiteanna agus gníomhaíochtaí a mbíonn tóir orthu (agus eispéiris) a fheabhsú agus cuir luach breise leo
- Sainláidreachtaí agus tréithe na bpríomhchinn scríbe feadh an bhealaigh a threisiú.
- A chinntiú go ndéantar Slí an Atlantaigh Fhiáin a sheachadadh de réir prionsabal na turasóireachta inbhuanaithe.

Tá Dún na nGall, a bhfuil roinnt den radharc tíre cósta is sceirdiúla aige (lena n-áirítear 3 Phointe Sár-radhairc), a bhfuil buntáiste aige ó phríomhábhair spéise ghaolmhara mar Shliabh Liag agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, agus ar stráice den bhealach nach bhfuil an oiread sin aithne air (é tarraingteach ar an mbonn seo do phríomhghnéithe de na sciartha margaidh a luadh thuas), i gcaoi mhaith le teacht i dtír ar an deis a chuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin ar fáil. Léiríonn Fíor 9.4 arís tábhacht cur chuige réigiúnach i leith na turasóireachta chun líon na gcuariteoirí ón gcoigríoch go dtí réigiún an Iarthuaiscirt a mhéadú i gcomhthéacs Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Go deimhin, tá eanáil na turasóireachta sa Chontae agus na páirtithe leasmhara uile lena n-áirítear pobail áitiúla, gníomhaireachtaí reachtúla agus Comhairle Contae Dhún na nGall rannpháirteach go gníomhach i straitéis Shlí an Atlantaigh Fhiáin lena n-áirítear cur chuige trasteorann a nascann le Bealach Cósta Chlochán an Aifir agus na Gleannta. Ach bíonn dúshláin shonracha ag dul leis an deis seo d'earnáil turasóireachta agus do pháirtithe leasmhara Dhún na nGall lena n-áirítear: sócmhainn an tírdhreacha a thugann tacaíocht don bhealach a chosaint, lena n-áirítear suíomhanna, speicis agus gnáthóga Eorpacha (LCaS agus LCoS) agus suíomhanna, speicis agus gnáthóga faoi Chosaint Náisiúnta (LNG agus LNGm), bonneagar turasóireachta ardchaighdeáin agus áiteanna ar díol suime iad a fhorbairt, agus táirgí turasóireachta nuálaíocha agus nua a fhorbairt agus eispéiris a chuireann leis an mbranda.

Maidir leis seo tá roinnt príomhthionscadal curtha/á gcur chun cinn ag an gComhairle agus ag príomhpháirtithe leasmhara eile atá dírithe ar bhonneagar cuairteora a fheabhsú ag pointí sár-radhairc/áiteanna ar díol spéise turasóireachta iad feadh an bhealaigh (e.g. Sliabh Liag, Cionn Mhálanna, Cionn Fhánada) mar aon le áiteanna nua is díol spéise don turasóireacht a fhorbairt (e.g. Leibhéil na hInse, Páirc Dealbhóireachta Ealaíona Páirc Foraoise an Ardaigh). Chomh maith leis seo coinníonn an

Chomhairle uirthi ag tabhairt tacaíochta d'eispéiris turasóireachta tacaíochta mar Fhéile Ealaíne an Aragail, Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruaiche Goirme).

Fíor 9.4: Cuairteoirí on gCoigríoch i gContaetha Shlí an Atlantaigh Fhiáin (2015)



(Foinse: 'Feidhmíocht Turasóireachta Réigiúnach i 2015,' foilsithe ag Fáilte Ireland, Deireadh Fómhair 2016).

Táirgí agus Díol Spéise Turasóireachta Eile

Cé go bhfuil sé beartaithe go mbeidh Slí an Atlantaigh Fhiáin lárnach do rathúlacht earnáil turasóireachta Dhún na nGall sna blianta atá romhainn glactar leis freisin go bhfuil raidhse táirgí agus nithe tarraingteacha eile ag Dún na nGall a bhfuil rannchuidiú suntasach á dhéanamh acu don earnáil turasóireachta agus go bhfuil tuilleadh acmhainne nach beag acu lena n-áirítear: Féilte agus Imeachtaí (e.g. Féile Ealaíne an Aragail agus Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruaiche Goirme agus féilte agus imeachtaí Teaghlach-bhunaithe, Ceoil agus Cósta eile), Cnocadóireacht, rianta siúil agus Siúlóidí Foraoise, Rothaíocht, nithe tarraingteacha ar Oileán, Galf, Iascaireacht, gníomhaíochtaí Eachaíochta, Fóillíocht Mhuirí (e.g. lena n-áirítear Tonnmharcaíocht, Tumadóireacht, Iascaireacht Chairte, agus Seoltóireacht), Railíocht, Caisleáin agus Séadchomharthaí Foirgnithe, (e.g. Caisleán Dhún na nGall, Caisleán na dTuath agus Ciorcal Liag na Bealtaine). Déanfaidh an Chomhairle forbairtí turasóireachta nua agus atá ann cheana a éascú sna hearnálacha seo faoi réir beartais an phlean agus leanfaidh sí uirthi ag tabhairt tacaíochta do phríomhfhéilte agus imeachtaí trína clár mhaoinithe. Thairis sin aithníonn an Chomhairle sócmhainní turasóireachta na mbailte oidhreachta, Bun an Phobail, Ráth Mealtain, Ráth Bhotha, Ard an Rátha agus Béal Átha Seanaidh agus déanfaidh sí iarracht na príomhshócmhainní oidhreachta seo a chosaint agus a fhorbairt go hinbhuanaithe.

Anuas ar na táirgí agus na tarraingtí a luadh thuas aithníonn an Chomhairle ionchas ollmhór seanlínite traenach Dhún na nGall agus naisc ionchasacha eile chun feidhmiú mar Ghlasbhealaí do thurasóireacht siúil agus rothaíochta. Leanfaidh an Chomhairle mar sin ag cosaint bealaí glasbhealaí dá leithéid trí bheartais an phlean seo agus gníomhóidh sí go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir chun forbairt Ghlasbhealaí agus bealaí siúil agus rothaíochta a éascú ar fud an Chontae. Tábla 9.1 ina sainaithear forbairtí féideartha Glasbhealaí mar a leanas:

Tábla 9.1 Forbairtí Féideartha Glasbhealaí

1	Bun Cranncha-Doire
2	Doire - Maigh
3	Bealach Féich - Baile Dhún na nGall
4	Bealach Féich - Na Gleannta

5	Polestar - Áirse Thirim
6	Eileastran - Cill Mhic Réanáin
7	Carraig Airt - Na Dúnaibh
8	Bun Cranncha - Carn Domhnach
9	Carn Domhnach - Cionn Mhálanna
10	Carn Domhnach - Bun an Phobail
11	Bun an Phobail - An Caisleán Nua
12	Bun an Phobail - Maigh
13	An Carraigín - Leifear
14	An Clochán Liath - Na Gleannta
15	Leitir Ceanainn - Ailt an Chorráin
16	Béal Átha Seanaigh - Béal Leice
17	Baile Dhún na nGall - Na Cealla Beaga
18	Baile Dhún na nGall - Bun Dobhráin
19	Leifear - Leitir Ceanainn
20	Leifear - Bealach Féich
21	An Fál Carrach - An Bun Beag

Aithníonn an Chomhairle ról leanúnach agus ionchas na gCealla Beaga agus an Chaisleán Nua chun feidhmiú mar chinn scríbe do mhargadh long Cúrsála agus éascóidh sí forbairt bhonneagair bhreise ag na suíomhanna seo le buntáiste a bhaint as an deis seo. Ar deireadh aithníonn an Chomhairle go bhfuil Dún na nGall suite laistigh de réigiún turasóireachta trasteorann agus oibreoidh sí leis na húdaráis áitiúla agus na gníomhaireachtaí turasóireachta i dTuaisceart Éireann chun leas a bhaint as na sinéirgí trasteorann nádúrtha chun lánacmhainneacht turasóireachta na réigiún a fhuascailt.

Fáil ar an Turasóireacht

Tá suíomh geografach Dhún na nGall, saincheistanna polaitiúla agus easnaimh bhonneagair ag tabhairt dúshlán rochtana suntasacha (idir fhírinneach agus bhraite) d'fhás na turasóireachta i nDún na nGall. Tógann saincheist Brexit tuilleadh ceistanna agus dúshláin lena n-áirítear srianta teorann todhchaí ionchasacha. Mar sin is príomhghné d'fhuascailt turasóireachta Dhún na nGall é rochtain agus amanna taistil do thurasóirí isteach agus tríd an contae a fheabhsú.

Cé go bhfuil roinnt de na saincheistanna seo lasmuigh de rialú na Comhairle agus páirtithe leasmhara eile leanfaidh an Chomhairle uirthi ag brústocadóireacht ag an leibhéal náisiúnta le haghaidh uasghrádú na bpríomhnaisc bóithre isteach agus ar fud an chontae (lena n-áirítear an bóthar A5 Baile Átha Cliath go Doire agus an N56), déanfaidh sí feidhmiúlacht, cumas iompair agus bealaí todhchaí na mBóithre Náisiúnta laistigh den chontae a chosaint trí bheartais an phlean seo, tacóidh sí le fás agus forbairt Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire araon, agus tacóidh sí leis na seirbhísí farantóireachta ón gCaisleán Nua go Aird Mhic Giollagáin agus ó Bhun Cranncha go Ráth Maoláin.

Príomhdhúshláin Phleanála

Ar a seal meastar gurb ionann an tsraith cúinsí agus deiseanna thuasluaite agus roinnt príomhdhúshlán phleanála ar ghá a shárú le hacmhainn Turasóireachta Dhún na nGall a bhaint amach agus is iad sin:

- An príomhacmhainn tírdhreacha a thugann bonn tacaíochta do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus do bhranda Turasóireachta Dhún na nGall go ginearálta a chosaint ar fhorbairt neamhchuí.
- Forbairt nithe nua straitéiseacha nó nithe atá ann cheana is díol spéise don turasóireachta fheidhmíonn mar sháreispéiris inspreagtha 'a gcaithfear a dhéanamh' a éascú chun cuairteoirí a mhealladh go dtí an contae ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Forbairt raon leathan táirgí turasóireachta agus nithe is díol spéise a thacaíonn le eispéireas an chuairoteora trí raon leathan rudaí le feiceáil agus le déanamh a chur ar fáil do thurasóirí (e.g. turasóireacht bunaithe ar ghníomhaíocht agus caidreamh leis an tírdhreach) a éascú, agus ar an mbealach seo aga stoptha cuairteora a mhéadú ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Forbairt nithe coimhdeacha is díol spéise do thurasóirí a éascú (e.g. bialanna, caiféanna, tithe tábhairne agus cóiríocht do thurasóirí) ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Bonneagar do chuairoteoirí a fheabhsú go ginearálta feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Na bealaí isteach, suíomhanna amhairc agus bonneagar cuairteora a fheabhsú ag príomháiteanna is díol spéise do thurasóirí.
- An timpeallacht nádúrtha a chosaint, suíomhanna Natura 2000 san áireamh (LCaS agus LCoS), LNG agus LNGm chomh maith le timpeallachtaí cladaigh agus mara.
- Suíomhanna stairiúla agus seandálaíochta agus déantúsáin a chosaint, oidhreacht na mara san áireamh.
- Oidhreacht chultúrtha amhail nósanna agus an Ghaeilge sa Ghaeltacht a chosaint.
- Beogacht eacnamaíochta agus shóisialta príomhlonnaíochta a fheabhsú feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Ár n-oidhreacht fhoirgnithe agus carachtar dúchasach ár dtuaithe, ár mbailte agus ár sráidbhailte a chosaint agus a fheabhsú
- Bealaí agus suíomhanna amhairc Glasbhealaí ionchasacha agus siúlbealaí agus bealaí rothaíochta fóillíochta eile a chosaint.
- Rochtain farraige, aeir agus bóithre ar Dhún na nGall a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear feadh Phasáiste an Atlantaigh, an A5 agus A6 via Aerfoirt Dhún na nGall agus Chathair Dhoire.

Straitéis Forbartha Turasóireachta Ghinearálta

Sa chomhthéacs thuasluaite cuireann treochtaí, dúshláin agus deiseanna bonn eolais faoi straitéisí forbartha bunaithe ar: príomhacmhainn turasóireachta bhunúsach Dhún na nGalla chosaint, forbairtí nua turasóireachta aitheantaisa éascú, tacú le eispéiris turasóireachta choimhdeacha atá ag teacht leis na téamaí uileghabhálacha agus togra branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus cóiríocht turasóireachta nua d'árdchaighdeán a chur ar fáil ag na suíomhanna cuí ar bhealach a chosnaíonn an acmhainn turasóireachta agus a ghineann buntáistí eacnamaíochta don phobal áitiúil. Tugann na cuspóirí agus na beartais shonracha turasóireachta seo a leanas, agus cuspóirí agus beartais ghaolmhara in áiteanna eile sa phlean, éifeacht don straitéis seo.

9.2 Cuspóirí

TOU-O-1: Acmhainn táirge Turasóireachta Dhún na nGalla fhorbairt agus a chur i gcrích go hinbhuanaithe mar phríomhthiománaí eacnamaíochta agus mar chatalaíoch sóisialta don Chontae.

TOU-O-2: Tírdhreach agus timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall a chosaint agus a fheabhsú mar acmhainn bhunúsach a chuireann bonn taca faoi tháirge turasóireachta an chontae.

- TOU-O-3:** Forbairt áiteanna mealltacha turasóireachta straitéiseacha nua nó atá ann cheana a éascú a bhfuil an cumas acu feidhmiú mar sháreispéiris spreagúla a `gcaithfear a dhéanamh' chun cuairteoirí a mhealladh go dtí an contae, ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- TOU-O-4:** Forbairt raon leathan táirgí turasóireachta a éascú mar aon le nithe is díol spéise do thurasóirí a chuireann eispéiris chuairteora tacaíochta ar fáil, bunaithe ar rudaí le feiceáil agus le déanamh agus mar sin aga stoptha cuairteoirí a mhéadú ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- TOU-O-5:** Forbairt rudaí mealltacha turasóireachta coimhdeacha a éascú (e.g. bialanna, caiféanna, tithe tábhairne agus cóiríocht turasóireachta) ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- TOU-O-6:** Tacú le forbairt bonneagair phoiblí cáilíochta do chuairteoirí ag áiteanna straitéiseacha a mheallann cuairteoirí agus ag suíomhanna eile ar fud an chontae.
- TOU-O-7:** Forbairt a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn agus a chothaíonn tionscnamh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- TOU-O-8:** Tacú le forbairt feidhmiúcháin phríomhbhonneagair rochtana turasóireachta, agus é a chosaint, isteach agus ar fud an chontae mar bhonneagar bóithre (lena n-áirítear an bóthar A5 Baile Átha Cliath go Doire, Bealach an Atlantaigh agus an N56), Bonneagar Aeir (lena n-áirítear Aerfort Dhún na nGall, Aerfort Chathair Dhoire, agus Aerfort Chnoc Mhuire/Iarthar Éireann) agus rochtain farraige (lena n-áirítear bonneagar cuain sna Cealla Beaga agus bonneagar farantóireachta ar fud an Chontae.).
- TOU-O-9:** Tacú le forbairt Ghlasbhealaí, siúlbealaí agus rotharbhealaí nua agus atá ann cheana, agus a bhfeidhmiúlacht a chosaint mar phríomh-chomhábhar de bhonneagar turasóireachta glas foriomlán agus mar tháirgí turasóireachta neamhspleácha astu féin.
- TOU-O-10:** Beogacht, carachtar dúchasach, sráid-dreach agus dearadh cáilíochta ár mbailte agus ár sráidbhailte a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainní turasóireachta rí-thábhachtacha ár dtáirge turasóireachta foriomlán.
- TOU-O-11:** Oidhreacht stairiúil agus fhoirgnithe an chontae a chosaint agus a fheabhsú (lena n-áirítear déanmhais ar an RPS, NIAH, séadchomharthaí taifeadta agus láithreáin chatha) mar ghné thábhachtach de tháirge turasóireachta foriomlán an Chontae: [de réir, agus a mhéid a bhfuil foráil di, i mbeartais agus cuspóirí oidhreachta foirgnithe an phlean seo.](#)
- TOU-O-12:** Oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha Oileán Dhún na nGall a chosaint agus tacú le forbairt inbhuanaithe bonneagar chuairteora agus rochtana nua agus atá ann cheana ar na hoileáin chun a n-acmhainneacht turasóireachta shuntasach a chur ar fáil.
- TOU-O-13:** Beogacht agus bunús teangeolaíochta na Gaeltachta a chosaint chun é a chosaint mar phríomhacmhainn turasóireachta.
- TOU-O-14:** Cóiríocht turasóireachta nua a éascú ar bhealach a chosnaíonn agus a bhaineann leas go hinbhuanaithe as an acmhainn turasóireachta ar a bhfuil sé ag brath.
- TOU-O-15:** Oibriú i gcomhar le comhlachtaí turasóireachta ábhartha agus údaráis áitiúla i dTuaisceart Éireann le lánacmhainneacht turasóireachta réigiún trasteorann an Iarthuaiscirt a chur ar fáil.
- TOU-O-16:** Tacú le hinstitiúidí oideachais agus taighde a chuidíonn le forbairt na turasóireachta.
- TOU-O-17:** Tacú le forbairt na turasóireachta agus gníomaíochtaí caitheamh aimsire a bhainfidh leas as cumas na n-aibhneacha i gContae Dhún na nGall agus sa réigiún lena n-áirítear an

Fhinn agus an Fheabhal faoi réir breithnithe comhshaoil lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga.

9.3 Beartais

- TOU-P-1:** Is beartas de chuid na comhairle é a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ag tograí forbartha bainteach leis an turasóireacht ar an tírdhreach nádúrtha, ar ghnáthóg timpeallachta agus ar oidhreacht fhoirgnithe an chontae.
- TOU-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt sáreispéireas/áiteanna mealltacha turasóireachta straitéiseacha a éascú atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus le tionscnaimh eile dá leithéid agus atá de réir beartas an Phlean seo.
- TOU-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairtí turasóireachta a éascú a thacaíonn le lártáirge turasóireachta an Chontae trí eispéiris/áiteanna mealltacha cuairteora gníomhaíocht-bhunaithe agus amhairc a chur ar fáil atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus le tionscnaimh eile dá leithéid agus atá de réir beartas an Phlean seo.
- TOU-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt nithe coimhdeacha turasóireachta is díol spéise (e.g. bialanna, caiféanna, tithe tábhairne agus cóiríocht turasóireachta) ar bhealach atá ag teacht le féiniúlacht bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus le tionscnaimh eile dá leithéid agus atá de réir beartas an Phlean seo.
- TOU-P-5:** Is beartas de chuid na comhairle é gan forbairt a cheadú a bhainfeadh go hábhartha ó thaitneamhachtaí scéimhe agus amhairc feadh Shlí an Atlantaigh fhiáin.
- TOU-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairtí a cheadú a bhainfeadh go hábhartha ó thaitneamhachtaí scéimhe/amhairc ar na bóithre ar an mbealach isteach go dtí áiteanna suntasacha turasóireachta, nó suíomh amhairc, nó na radharcanna a bheadh le fáil uathu.
- TOU-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairtí do mhargadh na long Cúrsála sna Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua lena n-áirítear saoráidí do chur i mbeart agus bonneagar chuairoteora, a éascú.
- TOU-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire a éascú, cur lena bhfeidhmiúlacht agus í a chosaint, agus an rochtain orthu araon a fheabhsú.
- TOU-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é:
- Tailte críosaithe mar Thaitneamhacht/Spás Glas/Spás Oscailte i gcreata lonnaíochta/ceantair uirbeacha a choinneáil go heisiach d'úsáid taitneamhachta/fóillíochta phoiblí.
 - Conair 'Glasbhealaí, siúlbealaí agus rotharbhealaí a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a aithníodh sa Phlean seo agus a bhforbairt a éascú go dearfach, agus gan aon fhorbairt a cheadú a chuirfeadh bac ar a gcruthú.
 - Méid, cáilíocht, suíomh amhairc agus feidhmiúlacht 'Ghlasbhealaí, siúlbealaí agus rotharbhealaí atá ann faoi láthair lena n-áirítear iad seo a aithníodh sa Phlean seo a chosaint.
- TOU-P-10:** Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a bhreithniú d'fhorbairtí táirge turasóireachta gníomhaíocht-bhunaithe/bainteach le hacmhainn (e.g. forbairtí bainteach le siúl, rothaíocht, marcaíocht ar chapall, iascaireacht/slatiascaireacht, spóirt uisce,

gníomhaíochtaí allamuigh, ionaid chultúrtha/cheardaíochta etc) ar fud an chontae seachas sna Ceantair Sárscéimhe áit a léirítear a) go bhfuil croí an togra bunaithe ar tháirge turasóireachta follasach, b) nuair at an táirge a luadh ag brath ó thaobh feidhme ar an acmhainn a mbíonn leas á bhaint aisti nó atá gníomhaíocht-bhunaithe agus c) go bhfuil buntáistí eacnamaíochta níos leithe ag an bhforbairt don phobal. Agus tograí dá leithéid á mbreithniú féadfaidh an t-údarás pleanála seo leanas a cheadú:

- Aonaid chóiríochta ar an láthair atá coinnithe faoin úinéireacht chéanna, deartha mar aonaid chóiríochta, agus ligthe amach ar cíós ar bhonn gearrthéarmach (1 mí ar a mhéid) i gcomhar leis an ngnó turasóireachta a chuireann an táirge turasóireachta ar fáil.
- Gné miondíola beaga atá coimhdeach leis an bpríomhtháirge turasóireachta (e.g. siopa bronntanas, siopa trealaimh) agus spleách go feidhmeach air.
- Caifé/bialann bheag atá coimhdeach leis an bpríomhtháirge turasóireachta agus ag brath air go feidhmeach.

TOU-P-11: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do sholáthar go heisiach suíomhanna agastad do veain champála agus carbhán turasóireachta ag suíomhanna feadh agus gar go maith do bhealach ainmnithe Shlí an Atlantaigh Fhiáin, gan ceantair Sárscéimhe san áireamh, a chomhlíonann na critéir seo a leanas

- Soláthar a bheith ann do bhánna páirceála dromchla, deartha go hoiriúnach, le huisce agus saoráidí, spás glas do gach feithicil/carbhán turasóireachta agus saoráidí diúscairte dramhuisce.
- Na critéir shonracha atá leagtha amach i mBeartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tagair TOU-P-20).

TOU-P-12: Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a bhreithniú d'óstáin nua laistigh de theorainneacha sainithe creat lonnaíochta/ceantair uirbeacha agus laistigh d'achar siúil slán seirbhísí agus saoráidí áitiúla (i.e. via cosán beartaithe nó atá ann cheana). I gcás go léirítear nach bhfuil aon láithreán oiriúnach ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite breithneoidh an Chomhairle óstáin nua ag suíomhanna malartacha laistigh den chreat lonnaíochta/ceantair uirbeacha céanna. Déanfaidh an Chomhairle tograí forbartha d'óstáin nua a bhreithniú seachas ceantair Sárscéimhe sna cúinsí seo a leanas:

- I gcás go léirítear nach bhfuil láithreáin oiriúnacha ar fáil don fhorbairt bheartaithe laistigh de lonnaíocht ar bith sa dúiche nó;
- Go léirítear go bhfuil an fhorbairt ag brath go feidhmiúil ar acmhainn tuaithe atá ann cheana (e.g. Galfchúrsaí) agus go bhfuil an fhorbairt choimhdeach leo.
- Go bhfuil athchóiriú/athúsáid foirgneamh atá ann cheana i gceist sa bhforbairt lena n-áirítear síneadh a chur le foirgnimh dá leithéid i gcás go bhfuil tús áite ó thaobh scála de ag an bhfoirgneamh atá ann ar an síneadh.

TOU-P-13: Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do thithe aíochta nua i gceantair uirbeacha agus tithe aíochta de suas le 10 seomra leapa i gceantair thuaithe seachas ceantair Sárscéimhe a chomhlíonann Beartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).

TOU-P-14: Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do bhrúnna turasóireachta nua i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon seachas ceantair Sárscéimhe a chomhlíonann Beartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).

TOU-P-15: Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do shíntí d'óstáin, do thithe aíochta agus do bhrúnna turasóireachta atá ann cheana seachas ceantair Sárscéimhe, a chuireann dearadh inbhuanaithe ardchaighdeáin ar fáil agus a chomhlíonann Beartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).

TOU-P-16: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithniú d'ionaid saoire a mbeadh taitneamhachtaí fóillíochta ardchaighdeáin/saoráidí do chuairteoirí agus aonaid chóiríochta bainistithe ghaolmhara, i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon, seachas i gceantair Sárscéimhe áit a gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Tairgeann an t-ionad raon leathan gníomhaíochtaí fóillíochta agus spóirt ardchaighdeáin ar an láthair d'aoisghrúpaí éagsúla (e.g. áiteanna súgartha, cúirteanna liathróide, páirceanna uile-aimsire, linn snámha laistigh, fóillíocht mhuirí, eachaíocht, galf etc) agus saoráidí cuairteoirí eile (e.g. deasc fáilte, bialann beár/siamsaíocht tráthnóna, seomraí cluichí) faoi fhad siúil de na haonaid chóiríochta.
- Léirítear go gcoinneofar 75% de na haonaid chóiríochta ghaolmhara faoi úinéireacht an ionaid agus go bhfuil siad deartha agus ligthe amach ar cíos ar bhonn gearrthéarmach (mí amháin ar a mhéid) i gcomhar leis an ionad saoire agus an méid atá fanta de na haonaid ar léas ar bhonn níos fadtéarmaí.
- Go mbeadh an fhorbairt bheartaithe de dheardh agus leagan amach ardcháilíochta agus scáthú teorann nádúrtha aici, plandáil agus tírdhreachú inmheánach, bóthar inmheánach agus naisc choisithe le dromchla lárdhóthanach, é sainmhínte go fisiciúil.
- Tá an fhorbairt fad achar siúil atá slán ó sheirbhísí agus ó shaoráidí áitiúla (via cosán beartaithe nó atá ann cheana) sa chás go mbíonn forbairtí lonnaithe laistigh nó gar do bhailte agus do shráidbhailte.
- Go bhfuil soláthar oiriúnach saoráidí leithris/cithfholcadáin i gcás go bhfuil saoráidí campála á mbeartú.
- Tagann suíomh agus dearadh na forbartha go ginearálta le Rialúcháin Clárúcháin Campa Saoire agus Athnuachan Clárúcháin, 2008.
- Go gcomhlíonfadh sé thairis sin Beartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).

TOU-P-17: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do pháirceanna nua do thithe soghluaiste/carbháin sheasta (lena n-áirítear saoráidí do charabháin turasóireachta agus do veain champála agus do champáil) nach gcomhlíonann critéir ionaid saoire atá leagtha amach i mbeartas TOU-P-16 thuas laistigh de theorainneacha sainithe lonnaithe/ceantair uirbeacha seachas ceantair Sárscéimhe áit a gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Tá an fhorbairt laistigh d'achar siúil slán go dtí seirbhísí agus saoráidí áitiúla (i.e. via cosán beartaithe nó atá ann cheana).
- Na critéir shonracha atá leagtha amach i mBeartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).
- Tagann suíomh agus dearadh na forbartha go ginearálta le Rialúcháin Clárúcháin do Pháirceanna Carbháin agus Campála agus Athnuachan Clárúcháin, 2009 nó aon rialacháin ghaolmhara ina dhiaidh sin.

TOU-P-18: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do shintí le páirceanna atá ann cheana do thithe soghluaiste/carbháin seasta (lena n-áirítear saoráidí do Charbháin Turasóireachta, Veain Champála agus don Champáil) agus i gceantair thuaithe agus uirbeacha seachas ceantair Sárscéimhe nuair a chomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Na critéir shonracha atá leagtha amach i mBeartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).
- Tagann suíomh agus dearadh na forbartha go ginearálta le Rialúcháin Clárúcháin do Pháirceanna Carbháin agus Campála agus Athnuachan Clárúcháin, 2009 nó aon rialúcháin ghaolmhara ina dhiaidh sin.

TOU-P-19: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithniú do láithreáin champála eisiacha lena n-áirítear aonaid chóiríochta ardcháilíochta ísealdlúis den chineál 'Glampála'

i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon seachas i gceantair Sárscéimhe áit a gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Cuireann an fhorbairt saoráidí oiriúnacha leithris/cithfholcadáin ar fáil.
- Na critéir shonracha atá leagtha amach i mBeartas Critéar Ginearálta na Forbartha Turasóireachta (tag. TOU-P-20).
- Tagann suíomh agus dearadh na forbartha go ginearálta le Rialúcháin Clárúcháin do Pháirceanna Carbhán agus Campála agus Athnuachan Clárúcháin, 2009 nó aon rialúcháin ghaolmhara ina dhiaidh sin.

TOU-P-20: Is beartas de chuid na Comhairle é go gcomhlíonfaidh gach togra forbartha do chruthú Forbairtí Turasóireachta nua nó síneadh forbairtí atá ann cheana (lena n-áirítear Forbairtí Táirge Turasóireachta Gníomhaíocht-bhunaithe/Bainteach le hAcmhainn, Láithreáin Ag stad do Charbháin Turasóireachta agus Veain Champála, Óstáin, Tithe Aíochta, Brúnna Turasóireachta, Ionaid Saoire, Páirceanna do Charbháin Stadacha/Tithe Soghluaiste, Láithreáin Champála agus Forbairtí eile bainteach le Turasóirí) na critéir seo a leanas:

- a) Go bhfuil suíomh, láithriú agus dearadh na forbartha (lena n-áirítear bonneagar gaolmhar agus socruithe tírdhreachaithe) d'ardchaighdeán, go gcomhtháthaíonn sé go rathúil agus nach mbíonn drochthionchar aige, go haonarach nó i gcomhar le forbairtí ceadaithe nó forbairtí atá ann cheana, ar an gcáilíocht scéimhe, taitneamhacht amhairc, carachtar tuaithe, sráid-dreach, carachtar dúchasach nó timpeallacht fhoirgnithe an cheantair.
- b) Níl an fhorbairt lonnaithe laistigh de thimpeallachtaí fisiciúla leochaileacha/íogair (e.g. dumhcha agus machairí mara, etc.), agus cuireann bealaí leordhóthanacha cosanta timpeallachtaí dá leithéid ar fáil trí fhálta agus soláthar siúbhealaí ardaithe/fálaithe thar an trá agus ceantair dumhcha .
- c) Tá an fhorbairt suite go suntasach ar chúl ó imeallbhoird, ó línte an chladaigh agus ó bhruacha abhann agus é folaithe go leordhóthanach uathu.
- d) Ní bhainfidh an fhorbairt ó shuíomh amhairc an imeallbhoird nó ní chuirfidh sé isteach ó thaobh amhairc de ar phríomhphointe feadh an imeallbhoird.
- e) Cuirtear cóireáil teorann chúí agus bealaí imfhálaithe ar fáil agus bíonn aon cheantair stórála lasmuigh atá beartaithe folaithe a ndóthain ó radharc an phobail;
- f) Ní bheidh tionchar suntasach aige ar thaitneamhachtaí cónaitheacha tadhlaacha.
- g) Tá bealaí ann le soláthar uisce leordhóthanach a fháil
- h) Tá cumas réamhshocruithe ann faoi láthair, no beidh go luath, i mbonneagar dramhuisc poiblí d'fhorbairtí laistigh de cheantair uirbeacha nó is féidir saoráidí cóireála eisiltigh oiriúnacha ar an láthair go dtí caighdeán EPA a chur ar fáil i gceantair thuaithe.
- i) Ní bheidh an fhorbairt ina cúis guais tráchta, agus féadfaidh an líonra bóithre atá ann faoi láthair déileáil le aon trácht feithicle breise a ghintear ag an bhforbairt bheartaithe.
- j) Cuirtear soláthar páirceála leordhóthanach ar fáil, rochtain agus socruithe ainlithe (lena n-áirítear do chóistí turasóireachta agus veaineanna campála) agus ceantair seirbhísithe ag teacht le dea-chleachtas, agus le caighdeán teicniúla agus beartais an phlean seo.
- k) Soláthraíonn leagan amach na forbartha d'ardleibhéal tréscailteachta agus rochtain do choisithe, agus tugann tosaíocht dó.
- l) Ní chruthaíonn an fhorbairt nús torainn agus ní bheidh sí ina cúis astaíochtaí timpeallachta suntasacha.
- m) Ní bheidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt ar oidhreacht nádúrtha, scéimhe nó fhoirgnithe an cheantair lena n-áirítear déanamhas ar an RPS/NIAH agus láithreáin Natura 2000;
- n) Níl an fhorbairt lonnaithe i gceantar atá i mbaol ó thuilte agus/nó ní bheidh sí ina cúis tuile nó ní chuirfidh sí leis;
- o) Ní chuirfidh an fhorbairt cáilíocht an uisce i ndobharlaigh le Réigiúin Abhantraí ainmnithe faoin Treoir maidir le Creat Uisce i mbaol nó ní chuirfidh sí bac ar an gclár bearta atá laistigh d'aon Phlean Bainistithe Abhantraí gaolmhar.















**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024**

**Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 9.1
Tourism
Léarscáil 9.1
Turasóireacht**

Legend

-  Wild Atlantic Way
Slí an Atlantaigh Fhiáin
-  WAW Discovery Point
Pointe Fionnachtana ar
Shlí an Atlantaigh Fhiáin
-  WAW Signature Point
Pointe Aitheantais ar Shlí
an Atlantaigh Fhiáin
-  Blue Flag Beaches
Tránna Brataí Goirme
-  Heritage Places & Buildings
Áiteanna agus Foirgnimh
Oidhreacht
-  Walking Routes
Bealaí Siúil
-  Cycle Routes
Bealaí Rothaíochta
-  Glenveagh National Park
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
-  An Ghaeltacht
-  Airports
Aerfoirt
-  Car/Passenger Ferry
Bád Farantóireachta do
Charranna/Phaisinéirí
-  Cruise Ship Access
Rochtain Loinge Crúsála
-  Indicative Letterkenny -
Burtonport Greenway
Neas Bhealach Glas
Leitr Ceannainn - Ailt an Chorráin



Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2017/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright Ordnance Survey Ireland, 2017. Donegal County Council, 2017.
Sonraí de chuid Stúirbhéireacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Chleadúnais SOE 2017/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Stúirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Stúirbhéireacht Ordánais Éireann, 2017.
To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den agusín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

Caibidil 10 An Acmhainn Mhuirí agus Bainistiú Cósta

Aidhm:

Forbairt inbhuanaithe acmhainn mhuirí agus imeallbhord Dhún na nGall a éascú ar bhealach a uasmhéadaíonn an t-ionchas socheacnamaíochta agus a acmhainn timpeallachta bunúsach á cosaint.

10.1 Cúlra

Réamhrá

Mar chontae cois cósta ar imeallbhord an Atlantaigh thiar thuaidh de chuid na hÉireann, tá ceann de na hacmhainní muirí is saibhre in Éirinn ag Dún na nGall, lena n-áirítear 1,134 km d'imeallbhord (17% d'iomlán an stáit), 13 trá Bhrataí Goirme, cuanta nádúrtha doimhne, farraigí saibhre cósta, pobail chósta agus oileáin áitrithe. Cheadaigh an acmhainn mhuirí seo go mbeadh rath ar an earnáil iascaireachta agus tá mórthábhacht leis don turasóireacht agus do ghníomhaíochtaí fóillíochta, agus is cuid bhunúsach dár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha é. Thairis sin cé go síneann uiscí teorann na hÉireann amach go dtí 12 muirmhíle (nm) (22 km), síneann a Crios Eacnamaíochta Eisiach go dtí 200nm agus an Scairbh Ilchríochach go dtí uasmhéid 350nm, rud a thugann críoch muirí 880,000km² don stat (i.e. 10 n-uaire mais talún an stáit). Aithníonn an Chomhairle oll-luach eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta na hacmhainne cósta agus muirí seo agus déanann iarracht a lánacmhainneacht a uasmhéadú ar bhealach inbhuanaithe.

An Comhthéacs Reachtach

Rangaítear urthrú na hÉireann mar an talamh agus grinneall na farraige idir gnáth-thaoide lán nó meántaoidí (léirítear mar HWM ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis) agus an teorainn dhá mhíle déag (is ionann 12 muirmhíle agus thart ar 22.24 ciliméadar). Clúdaíonn urthrú ceantair thaoide aibhneacha freisin, go háirithe inbhir.

Teastaíonn cead pleanála faoi láthair d'fhorbairt ar an urthrú (nach forbairt dhíolmhaithe é) san áit a mbeadh sé buailte le ceantar feidhmiúil an údaráis phleanála nó aon talamh atá tugtha chun míntíreachais buailte le ceantar feidhmiúil dá leithéid²⁵, agus déanann an Chomhairle tograí dá leithéid a bhreithniú. Ach nuair a bheartaíonn an Chomhairle forbairt a dhéanamh go hiomlán nó go páirteach, ar an urthrú, caithfidh sé iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanáil lena faomhadh²⁶.

I gcomhthráth leis an bpróiseas pleanála, caithfear ceadúnas léasa urthrú a fháil faoi láthair 'chun oibreacha a dhéanamh, nó déanmhais nó ábhair a chur air, nó áitiú nó baint ábhar ó urthrú atá faoi úinéireacht Stáit'. Éilítear léasanna nuair is de chineál buan iad na forbairtí (e.g. céanna, slipeanna), cé go n-éilítear ceadúnais de ghnáth do ghníomhaíochtaí sealadacha (e.g. baint fheamainne, iniúchadh ar láithreán) agus leagan píblínte agus cáblaí teileachumarsáide. Is ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara atá an fhreagracht d'fhorbairtí urthrú bainteach le dobharshaothrú agus gníomhaíochta iascaireachta mara agus forbairtí laistigh do Lárionaid Chuan Iascaigh. Is faoin Roinn Tithíochta,

²⁵ Tag.S.225 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).
²⁶ S.226 den Acht thuas.

Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá an fhreagracht maidir le forbairtí urthrá bainteach le forbairtí fuinnimh amach ón gcósta (e.g. ola agus gás), eastóscadh mianraí agus cumascáin, agus, oibríochtaí cuain tráchtála. Dá bharr seo éilítear léas nó ceadúnas urthrá i dteannta cead pleanála ar fhorbairtí ar urthránna atá buailte le ceantar riaracháin Údaráis Áitiúil.

Tá próiseas nua toilithe muirí á bheartú faoin mBille um Forbairt Limistéar Muirí agus Urthrá a bhfuil d'aidhm aige an próiseas toilithe urthrá a ailíniú leis an gcóras pleanála ar an gcladach agus chun meicníocht shoiléir a chur ar fáil chun gníomhaíocht forbartha a bhainistiú i gceantar Muirí na hÉireann lena n-áirítear bonneagar straitéiseach. Molann an Bille go mbeadh An Bord Pleanála freagrach as forbairtí ón Neaschladaigh amach, agus is iad na hÚdaráis Phleanála a bheadh freagrach as forbairtí a bheadh go hiomlán laistigh, nó go páirteach ar thalamh/go páirteach laistigh den Neaschladaigh.

Comhthéacs Beartais Eorpach, Náisiúnta agus Réigiúnach

Cuireann na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach d'Údarás Réigiúnach na Teorann 2010-2022 béim ar iascach agus ar an earnáil mhuirí mar ghné thábhachtach de gheilleagar an réigiúin; aithníonn sé na Cealla Beaga agus an Caisleán Nua mar chalafoirt shuntasacha iascaireachta sa Réigiún; agus luann sé tábhacht na Dobharshaothraithe. Cuireann na Treoirínte béim freisin ar an ngá chun gníomhaíocht mhuirí a éagsúlú inter alia i gceantair eile agus chun úsáid na farraige mar acmhainn náisiúnta²⁷ a uasmhéadú. Cuireann an páipéar ar Shaincheisteanna Creata Pleanála Náisiúnta 'Éire 2040, Ár bPlean – Saincheisteanna agus Roghanna' béim inter alia ar luach ár n-acmhainne iascaigh, ár suíomh idéalach do dhobharshaothrú feamainne, sliogéisc agus d'iasc eite agus ár n-acmhainne taoide agus tonn nach beag.

Aithníonn Straitéis Mhuirí an Rialtais 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin - Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn a foilsíodh i 2012 saibhreas ár n-aigéin mar phríomhghné don téarnamh eacnamaíochta agus fás inbhuanaithe. Leagann sé amach 3 sprioc ardleibhéil do bhainistiú acmhainní Muirí Éireann, is é sin eacnamaíocht mhuirí atá faoi rath, éiceachóras sláintiúil, agus ár gcuidreamh leis an bhfarraige a mhéadú agus tá d'aidhm aige freisin luach ár saibhreas aigéin a dhúbailt go dtí 2.4% de réir GDP faoi 2030. Go háirithe leagann sé béim ar ghaoth amach ón gcósta, turasóireacht chúrsála, biteicneolaíocht ghorm, aigéan in-athnuaite agus dotharshaothrú mar phríomhdhiseanna fáis sa todhchaí.

Is bealach praiticiúil é Pleanáil Spásúil Mhuirí (MSP) chun eagrú níos ciallmhaire a chruthú agus a bhunú ar úsáid spáis mhuirí agus an idirghníomh idir a úsáid, chun éilimh ar fhorbairt agus an gá atá ann éiceachórais mhuirí a chosaint, a chothromú, chun cuspóirí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach ar bhealach oscailte agus pleanáilte (Foinse:UNESCO). Bunaíonn an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí 2014 creat do MSP agus ceanglaíonn ar bhallstáit AE Pleananna Spásúla Muirí a ghlacadh faoi 2021. Roghnaíodh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar an t-údarás inniúil le MSP a chur i bhfeidhm in Éirinn. Nuair a ghlacfar leis beidh feidhm ag Pleananna Spásúla Muirí ón Líne Bharr Láin agus leathnóidh go dtí uiscí cósta na hÉireann, farraigí teorann, criosanna eacnamaíochta eisiacha agus i gcodanna ainmnithe den scairbh ilchríochach.

Ó thaobh na Timpeallachta, ceanglaíonn an Chreat-Treoir maidir le Straitéis Mhuirí (MSFD) ar bhallstáit AE straitéisí muirí a ullmhú dá n-uiscí mara chun dea-stádas timpeallachta (GES) sa timpeallacht mhuirí a bhaint amach faoi mbliain 2020 ar a dheireanaí. Is é an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) an treoirchomhlacht do chur chun feidhme an MSFD agus tá tacaíocht aici ó roinnt ranna eile agus gníomhaireachtaí stáit. Faoin treoir, caithfear uiscí mara a mheas in aghaidh sraith de chaighdeán aontaithe thar roinnt réimsí timpeallachta tábhachtacha (e.g. bithéagsúlacht, stoic éisc agus éilleáin). Bunaithe ar an measúnacht caithfear spriocanna agus táscairí timpeallachta cuí a leagan síos agus cláir bearta a bheith ann le GES a bhaint amach.

Iascaireacht agus Bia Mara

Tá rannchuidiú na hearnála iascaireachta do gheilleagar Dhún na nGall láidir i gcónaí ainneoin athstruchtúraithe agus srianta cuóta. Fostaíonn earnáil mhuirí i nDún na nGall thart ar 3,200 duine go lánaimseartha agus go páirtaimseartha i ngníomhaíochtaí iascaireachta/feirmeoireachta, próiseála agus

²⁷ Tagrann P.69 de na Treoirínte luaithe.

seirbhíse²⁸. Go háirithe tá na Cealla Beaga (luach €92m á chur i dtír) agus An Chaisleán Nua (luach €69m á chur i dtír) ar an 2^ú agus an 8^ú calafort iascaireachta is mó sa tír ó thaobh an méid foriomlán éisc a cuireadh i dtír i 2015²⁹. Is ionaid thábhachtacha do ghníomhaíocht iascaireachta agus chabhlaigh iad na Cealla Beaga, an Caisleán Nua agus Ailt an Chorráin agus feidhmíonn siad mar chatalaíocha eacnamaíochta ríthábhachtacha dá n-eacnamaíochtaí áitiúla faoi seach. Tá cothabháil na maise criticiúla a bhaintear amach ag na suíomhanna seo riachtanach d'fhorbairt todhchaí. Ach ina dhiaidh sin tá sé tábhachtach straitéisí a chur i bhfeidhm a chuidíonn le fás agus le héagsúlú na hearnála. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag tacú leis an earnáil iascaireachta trí chothabháil na gcéanna agus na gcuanta atá ann cheana agus soláthar áiseanna cuain nua (e.g. An Caisleán Nua).

Tá earnáil iascaireachta bhreisluacha seanbhunaithe agus rathúil ag an gContae chomh maith, lena n-áirítear próiseáil ar an gcladach, pacáistiú, forbairt táirgí min éisc. Chomh maith leis seo tá raon éagsúil tionscal ar an gcladach a thacaíonn leis an earnáil mhuirí lena n-áirítear saoirseacht bád, déanamh/cóiriú líonta, tarlú agus lóistíocht, crainn tochraiste muirí, hidrálac, caidél, leictreonaic etc. Éascóidh an Chomhairle forbairt ar an gcladach bainteach leis an mara ag suíomhanna cuí de réir beartas forbartha eacnamaíochta an phlean seo.

Tá earnáil láidir do bharrshaothrhe ag an gcontae (e.g. feirmeoireacht Bhradán, Oisírí agus Diúilicíní) a chuireann roinnt mhaith fostaíochta ar fáil go háitiúil do phobail cois cósta, ar an gcladach agus amach ón gcladach araon, thart ar imeallbhord Dhún na nGall. Is ag an Roinn atá an toiliú d'fhorbairtí do bharrshaothraithe ar an urthrá agus in uisce cósta i gcónaí agus teastaíonn bainistiú cúramach timpeallachta ó ghníomhaíochtaí feirmeoireachta éisc go háirithe. Ach tacóidh an Chomhairle le forbairt inbhuanaithe forbairtí do bharrshaothraithe coimhdeacha/ar an gcladach chun ionchas na hearnála a uasmhéadú ó thaobh fostaíochta agus onnmhairiú táirge.

Fuinneamh Amach ón gCósta

Aithníodh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta (e.g. gaoth, tonn agus taoide) mar mhórearnáil fáis i straitéis mhuirí an Rialtais agus fágann ár dtimpeallacht chósta ardfhuinnimh ghaoithe, tonn agus taoide agus na saoráidí cuain doimhne sna Cealla Beaga a tugadh chun críche le deireanaí gur suíomh nádúrtha é Dún nanGall, agus tugann buntáiste iomaíoch dó i bhforbairt teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Tugann gaireacht Dhún nanGall do cheantar fairsing den scairbh ilchríochach deiseanna suntasacha i gcónaí do thaiscéaladh todhchaí Ola agus Gáis. Tugann sé seo ansin poitéinseal suntasach do tharlú agus dolóistíocht bainteach le fuinneamh, innealtóireacht agus seirbhísiú deisithe ar fhorbairtí bainteach le fuinneamh.

Fóillíocht Mhuirí agus Bonneagar

Tá na hacmhainní nádúrtha go léir ag Dún nanGall atá riachtanach chun earnáil fóillíochta mhuirí rathúil agus beoga a fhorbairt lena n-áirítear bádóireacht, iascaireacht farraige, seoltóireacht, tonnmharcaíocht, snámh, cadhcáil, tumadóireacht. Tá soláthar líonra de shaoráidí fóillíochta muirí (e.g. muiríní, saoráidí bearta do bháid bheaga, feistiú do chuirteoirí agus fánáin) ríthábhachtach do rathúlacht na hearnála seo. D'aithin Straitéis Forbartha Muiríne Chontae Dhún na nGall 2004 an gá a bhí le tearmann a chur ar fáil ag Baile Uí Thuair uisce, Bun an Ghaoith/Cúil Dabhcha, agus Toraigh, agus Muiríní ag Fathain, na Cealla Beaga agus Ailt an Chorráin. Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas i bhforbairt bonneagair fóillíochta muiríne nua ag suíomhanna éagsúla agus baineann an contae anois leas as Muiríne ag Fathain, saoráidí pontúin ag an Caisleán Nua, Cúil Dabhcha, Ráth Maoláin, na Cealla Beaga agus Teileann agus múráil do chuirteoirí ag roinnt suíomhanna thart ar an imeallbhord. Féadfaidh cuairteoirí chuig an gContae leas a bhaint as turais chairte ó iliomad céanna feadh chóstaí garbha iarthar Dhún na nGall, áit ar féidir fiadhúlra mara mar éin, róna, deilfeanna agus fiú liamháin ghréine a fheiceáil, nó cuairt a thabhairt ar na hoileáin amach ó Chósta Ghaeltacht Dhún na nGall lena n-áirítear Uaigh, Gabhla agus Árainn Mhór. . D'aithin an rannóg muirí den Chomhairle freisin an gá atá le saoráidí bearta fóillíochta muirí nua ag Béal Átha Seanaidh, Míobhaigh (Mulroy Bay), agus feadh chósta an iarthair. Leanann an Chomhairle uirthi ag tacú leis an rannóg Fóillíochta Muirí trína gréasán reatha de chéanna agus de chuanta a chothabháil agus a uasghrádú, Dún nanGall á chur ar an margadh mar cheann scríbe fóillíochta muiríne trí bhranda turasóireachta *Malin Waters* agus páirt a

²⁸Straitéis d'Fhás agus do Phoist i dTurasóireacht Muiríne agus Chósta Chomhairle Contae Dhún na nGall 2014 (tagair.P.9)
²⁹ <http://www.sfpa.ie/Portals/0/Users/020/20/20/2015%20Figures%20for%20website.pdf>

ghlacadh i dtionscadail fóillíochta muiríne mar an *Cool Route*, agus Farraige Fhiáin na hEorpa. Chomh maith leis seo tugann an Chomhairle aitheantas go sonrach do thábhacht Ráth Maoláin, na Dúnaibh agus Port an tSalainn mar lárionaid iascaireachta farraige, Bun Dobhráin agus Ros Neamhlach mar ionaid tonnmharcaíochta, agus Fathain, Ráth Maoláin agus An Caisleán Nua mar ionaid seoltóireachta.

Tá 13 Trá Bhrataí Goirme ag Dún na nGall faoi láthair (2016) i measc a shaibhreas tránna. Aithníonn an Chomhairle gur príomhshócmhainn fóillíochta muiríne iad na tránna seo agus teastaíonn bainistíocht chúramach lena sócmhainní timpeallachta agus áineasa a chosaint. Tá na tránna rialaithe ag Fo-dhlíthe a choscann gníomhaíochtaí áirithe agus leanfaidh an Chomhairle uirthi ag bainistiú agus ag cothabháil an bhonneagair choimhdigh (e.g. páirceáil agus leithris) bainteach leis na tránna seo.

Maidir le rochtain agus bonneagar muirí, tá punann 155 cé agus cuan ag an gComhairle ar fud an Chontae a chuireann rochtain mhuirí riachtanach ar fáil. Leanfaidh an Chomhairle uirthi na sócmhainní bonneagair seo á mbainistiú agus á gcothabháil aici. Anuas air sin aithníonn an Chomhairle freisin an tábhacht tursóireachta agus socheacnamaíochta agus tacóidh sí le hoibríochtaí leanúnacha seirbhísí farantóireachta do charranna ón gCaisleán Nua –Aird Mhic Giollagáin agus Ráth Maoláin - Bun Cranncha.

Oileáin

Is cuid uathúil, shainiúil ach shuntasach de Chontae Dhún na nGall na hoileáin mhara; Cruthaíonn suíomh geografach na nOileán amach ón chósta deacrachtaí a bhaineann le rochtain, cumarsáidí agus forbairt eacnamaíochta do phobail na n-oileán, mar shamplaí. Aithníonn an Chomhairle oidhreacht thábhachtach seandálaíochta, mhuirí, chultúrtha, nádúrtha agus fhoirgnithe na nOileán agus a n-ionchas turasóireachta suntasach. Tá forbairt bonneagair rochtana agus teileachumarsáide feabhsaithe riachtanach chun pobail oileánda bheoga a chothabháil trí nascacht leis an mhórtír a fheabhsú agus a chur ar chumas daoine cónaí agus oibriú ó chian agus borradh sa gheilleagar turasóireachta agus fóillíochta a eascú trí líon méadaithe cuairteoirí. Tá an iomad gnáthóg uathúil nádúrtha, éiceolaíoch ar na hoileáin le cois speicis a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo trína léirítear castacht agus naschtacht na dtimpeallachtaí mara agus oileáin. Ar an dóigh chéanna tá oidhreacht shainiúil chultúrtha ar na hoileáin, lena n-áirítear nósanna saoil agus oidhreacht láidir theanga ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais go forleathan. Is gnéithe tábhachtacha iad an oidhreacht seandálaíochta agus an tseandálaíocht mhara i stair agus oidhreacht na n-oileán agus is iad a dhéanann áiteanna ar leith díobh. Tá an-acmhainn turasóireachta ag baint leis an iomad sócmhainn oidhreachta fhoirgnithe, nádúrtha, chultúrtha, mhara, sheandálaíochta agus staire agus aithnítear iad mar réimse fáis don fhorbairt eacnamaíoch bunaithe ar thurasóireacht.

Bainistiú Cósta

Léiríonn Dún na nGall éagsúlacht shaibhir imeallbhoird ó aillte agus cinn tíre creagacha crua (imeallbhoird chrua) go tránna, dhumhcha agus inbhir cois cósta (línte cladaigh boga). Is feiniméan é athrú cósta, mar chreimeadh agus sil-leagan cósta, ar féidir leis eascirt as próisis nádúrtha (e.g. tonngníomhú, síobadh feadh cladaigh) agus gníomhartha an duine (e.g. tógáil ghainimh, satailt ar dhumhcha, tógáil céanna cuanta etc). Léiríonn ár línte cladaigh boga go háirithe, mar thránna agus córas duimhche, a bhíonn bunaithe de ghnáth ar acmhainn fhinideach gainimh díorthaithe ó oighear, a foirmíodh trí idirphlé casta fórsaí geomoirfeolaíochta, agus a mbíonn buiséid dríodair cothromaithe go mion bainteach leis, acmhainn leochaileach agus uathúil ar ghá bainistiú cúramach a dhéanamh uirthi.

Tugadh cosaint do Dhún na nGall don chuid is mo ó ardú suntasach ar leibhéal na farraige go dtí seo trí ardú iaroirghreach. Ach tá ár n-imeallbhord i mbaol ó bhorrthaí stoirme méadaithe agus ardú todhcháí ar leibhéal na farraige de thoradh athraithe aeráide. Tá an OPW tar éis ceantair a aithint atá i mbaol ó Thuilte Cósta mar chuid dá Staidéar Straitéise Cosanta do Chósta na hÉireann (ICPSS) agus an Plean Bainistithe ar Bhaol ó Thuilte agus bainfidh an Chomhairle úsáid as na tacair sonraí seo agus forbairt á bainistiú i suíomhanna atá i mbaol ó thuilte Cósta.

Tá roinnt straitéisí le bainistiú a dhéanamh ar chreimeadh cósta/ardú ar leibhéal na farraige ar féidir leo úsáid a bhaint as raon crua-innealtóireachta (e.g. ballaí mara, armúr carraige, muirmhúrtha, gradhana) agus teicnící boga (e.g. athsholáthar gainimh, plandáil muiríneach, cosaint dhumhcha) (féach thíos)

Tábla 10.1: Straitéisí Bainistithe Cósta

Straitéis	Cur Chuige Ginearálta	Suíomh Oiriúnach
Ná Déan Aon Rud	Gan aon bhearta coscaitheacha nó cosantacha a dhéanamh–freagair don tuile nuair a eascraíonn sí.	Ceantair iargúlta, gan duine ina chónaí ann
Cúlú Bainistithe	Ceadaíonn sé do thuile dul i bhfeidhm ar cheantar nach raibh i mbaol tuilte roimhe seo ón bhfarraige trí chosaint cósta a dhíchur.	Ceantair inbhearacha ísle a gabhadh ón bhfarraige roimhe seo.
Idirghabháil Theoranta	Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna tuilte go pointe trí úsáid timpeallachtaí nádúrtha a scaipeann tonnta (e.g. Riasca Goirte, Dumhcha).	Ceantair thuithe le timpeallachtaí ina bhfuil fuinneamh toinne íseal go maith.
An Fód a Sheasamh	Bíonn tógáil cosaintí crua i gceist de ghnáth (e.g. ballaí mara, armúr carraige, muirmhúr) agus bog-innealtóireacht (e.g. athsholáthar gainimh, plandáil muiríneach, cosaint dumhcha), chun talamh atá ann cheana a chosaint ó chreimeadh/ardú ar leibhéal na farraige.	Ceantair uirbeacha nó ceantair le talamh atá luachmhar.
Gluais Chun Farraige	Bíonn tógáil cosaintí ar thaobh na farraige den imeallbhord reatha i gceist anseo.	Ceantair ina bhfuil talamh fóirghann/míntíriú riachtanach.

Aithníonn an Chomhairle gurb iad na réitigh chrua-innealtóireachta na cinn is déine ó thaobh acmhainne agus go mbaineann an leibhéal is airde cur isteach ar phróisis nádúrtha leo. Dá thoradh ní féidir réitigh dá leithéid a úsáid ach i gcúinsí teoranta. Anuas ar chreimeadh cósta nádúrtha agus ardú ar leibhéal na farraige tá ár n-imeallbhord i mbaol freisin ó fhorbairtí bonneagair muirí a ndearnadh drochphleanáil orthu a d'fhéadfadh próiseas cósta nádúrtha a athrú mar shíobadh feadh cladaigh agus sruthanna taoide agus ar an mbealach seo bheith ina chúis sioltacháin/sil-leagain agus freisin d'fhéadfadh creimeadh in áit eile a mhéadú mar gheall ar an díláithriú dríodair a d'éirigh dá bharr.

Is creat bainistíochta agus pleanála é Bainistiú Creasa Cósta Comhtháite (ICZM) do chrios cósta ar leith, a forbraíodh trí chaidreamh le páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairt inbhuanaithe na timpeallachta cósta a cheadú. Bhain an Chomhairle úsáid as ICZM roimhe seo mar uirlis i mbainistiú na trá ag Ros Neamhlach agus aithníonn a ionchas do bhainistiú cásanna bainistithe creasa cósta.

Mar gheall ar na cúinsí thuas glacfaidh an Chomhairle le Straitéisí Bainistithe Cósta foriomlán bunaithe ar chuspóir MRCM-O-3 thíos

10.2 Cuspóirí

MRCM-O-1: Acmhainneacht eacnamaíochta agus sóisialta earnáil mhuirí Dhún na nGall a uasmhéadú trí:

- Tacaíocht a thabhairt don earnáil iascaireachta agus bia mara trí bhonneagar cuain a chothabháil agus a fheabhsú (de réir Clár Infheistíochta Caipitil Muirí na Comhairle) agus trí thionscail phróiseála bia mara agus forbairtí seirbhíse coimhdeacha a éascú.
- Ár n-earnáil Fóillíochta Muirí a chomhdhlúthú agus a threisiú trí cháilíocht timpeallachta agus áineasa ár gceantair chósta a chosaint, bonneagar rochtana muirí nua a chur ar fáil agus a bhfuil ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú (de réir Clár Infheistíochta Caipitil Muirí na Comhairle), forbairtí coimhdeacha fóillíochta muirí ar an gcladach a éascú agus ár dtáirge turasóireachta muirí a chur ar an margadh.

- Forbairtí a éascú a chumasáíonn buntáiste inbhuanaithe a bhaint as an acmhainn fuinnimh amach ón gcósta.
- Tacaíocht don earnáil táirgeadh príomha de thionsclaíocht an dobharshaothraithe ar muir, faoi réir measúnachtaí cuí timpeallachta agus cosaintí a chur ar fáil a shásódh an Chomhairle agus a sheachnódh an fhorbairt tionchar rómhór a bheith aici ar an tírdhreach san áit a bhfuiltear á moladh.

MRCM-O-2: Sláinte ár n-éiceachóras a chosaint agus a fheabhsú trí:

- Gnáthóg agus speiceas cáilíochta láithreán Natura 2000 a chosaint trí Mheasúnacht Chúí ar thograí forbartha.
- Cáilíocht uisce inár n-inbhir agus inár bhfarraige a chothabháil agus a fheabhsú trí Phlean Bainistithe Abhantraí a chur chun feidhme agus aon chláir thodhchaí faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí.
- Cinntiú go bhfuil cumas cóireála séarachais leordhóthanach ar fáil chun freastal ar fhorbairt i gceantair uirbeacha, cóireáil eisiltigh leordhóthanach ar an láthair go dtí caighdeán EPA d'fhorbairtí i gceantair thuithe/neamhsheirbhísithe, agus bearta srianta truaillithe leordhóthanacha d'fhorbairt thráchtála/tionsclaíoch.
- Bearta dea-chleachtais a lorg maidir le déanamh ullmhúchán ar láithreán agus oibreacha foirgníochta d'fhorbairtí i ndlúthghaireacht aibhneacha agus na mara.

MRCM-O-3: Ár dtimpeallacht chósta a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe trí:

- Forbairt nua a sheachaint i gceantair atá i mbaol ó Thuilte Cósta ag teacht le beartais tuilte an Phlean seo.
- Athrú cósta a bhainistiú ar bhealach a ghlacann leis gur próiseas nádúrtha agus/nó dosheachanta é creimeadh cósta/ardú ar leibhéal na farraige agus nach gceadaíonn sé/nach gcuireann sé ar fáil oibreacha cosanta cósta i gceantair atá faoi réir ag creimeadh cósta/ardú ar leibhéal na farraige suntasach fadtérmach mura bhfuil cúis sháraitheach leasa poiblí lena dhéanamh (e.g. ceantair uirbeacha fhoirgnithe), áit a ndéanfadh sé dochar do thaitneamhachtaí timpeallachta, scéimhe nó amhairc an ceantair nó i gcás go mbeadh tionchar suntasach aige ar phróisis agus ar chórais nádúrtha gheomoirfeolaíochta cósta.
- Forbairt a bhainistiú ar bhealach a chosnaíonn timpeallachtaí cósta íogair (e.g. timpeallachtaí dumhcha) agus tionscadail bhainistithe creasa cósta a dhéanamh.
- Cinntiú go ndéantar forbairtí bonneagair mhuirí nua (e.g. cé, muirmhúrtha) a lonnú, a láithriú agus a dhearadh ar bhealach a bhfuil íostionchar acu ar phróiseas Geomoirfeolaíoch Cósta nádúrtha.

MRCM-O-4: Ról na gCealla Beaga, An Chaisleán Nua agus Ailt an Chorráin mar lárionaid ghníomhaíochta cabhlaigh, phróiseáil bia mara agus seirbhísí coimhdeacha a chosaint agus a fheabhsú.

MRCM-O-4: Oibriú leanúnach Seirbhísí Farantóireachta ó An Caisleán Nua go Aird Mhic Giollagáin agus ó Bhun Cranncha go Ráth Maoláin a éascú.

MRCM-O-6: Forbairt chúí agus inbhuanaithe na nOileán a chothabháil agus a fheabhsú.

MRCM-O-7: An acmhainn mhuirí agus an timpeallacht chósta a bhainistiú ar bhealach comhordaithe agus comhoibríoch trí chaidreamh le páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí, agus uirlisí bainistithe mar Bhainistíocht Creasa Cósta Comhtháite a úsáid.

10.3 Beartais

- MRCM-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é ról na gCealla Beaga, An Chaisleán Nua, Ailt an Chorráin agus Inver mar lárionaid ghníomhaíochta cabhlaigh, phróiseáil bia mara agus seirbhísí coimhdeacha a chosaint agus a fheabhsú, agus, éagsúlú suíomhanna dá leithéid i réimsí nua infheistíochta cuí agus deiseanna fostaíochta a chumasú, lena n-áirítear gníomhaíocht eacnamaíochta bainteach leis an muir.
- MRCM-P-2:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt na gCealla Beaga a éascú mar lárionad oiliúna, taighde agus forbartha, iompar agus lóistíocht, déantús, seirbhísí agus deisiú teicneolaíochtaí bainteach le fuinneamh.
- MRCM-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt bonneagair rochtana mhuirí nua agus uasghrádú a bhfuil ann cheana a éascú, lena n-áirítear céanna, cuanta, saoráidí calaithe agus fánáin faoi réir beartais an Phlean seo.
- MRCM-P-4:** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha do bhonneagar rochtana muirí ar scála mór a bhreithniú (e.g. muiríní, saoráide cuain ar mhórsála) de réir na gcritéar suímh seo a leanas:
- (a) Ag suíomhanna cósta laistigh/nó buailte le teorainneacha sainithe creatalonnaíochta/ceantair uirbeacha.
 - (b) Ag suíomhanna malartacha, gan ceantair Sárscéimhe san áireamh, nuair a léirítear nach bhfuil aon láithreáin oiriúnacha ar fáil a fhreastalaíonn ar na critéir suímh i bPointe a) nó nuair atá an fhorbairt feidhmiúil, ceangailte le suíomh ar leith.
- MRCM-P-5:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chúí saoráidí iascaireachta a éascú ar fud an chontae faoi réir beartais an Phlean seo.
- MRCM-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairtí a cheadú a mbeidh tionchar suntasach acu ar phróisis agus ar chórais nádúrtha gheomoirfeolaíochta cósta (e.g. síobadh feadh cladaigh, sruthanna taoideacha, buiséid dríodair) nó a n-eascaíonn athrú cósta suntasach astu. Ceanglófar ar fhorbairt chóstameasúnachtaí fianaise-bhunaithe cuí a chur ar fáil a léiríonn go gcomhlíontar an beartas seo.
- MRCM-P-7:** Is beartas de chuid na comhairle é gan forbairtí a cheadú ag suíomhanna atá i mbaol ó thuille cósta de réir beartais tuilte an Phlean seo. [ach amháin a mhéid is gá le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dún na nGall, TEN-T, a chur i gcrích.](#)
- MRCM-P-8:** Is beartas de chuid na comhairle é gan tograí forbartha a cheadú d'oibreacha cosc tuile/cosanta cósta nó iad a dhéanamh sa chás go mbíonn oibreacha dá leithéid:
- Lonnaithe i gceantar atá faoi réir creimeadh/athrú cósta suntasach fadtéarmach nó ardú ar leibhéal na farraige mura mbíonn cúis sháraitheach ann don leas poiblí é a dhéanamh (e.g. ceantair uirbeacha fhoirgnithe).
 - Go ndéanfaidís dochar do thaitneamhachtaí amhairc, scéimhe nó timpeallachtaí an cheantair.
 - Go mbeadh tionchar suntasach acu ar phróisis agus ar chórais gheomoirfeolaíochta cósta nádúrtha/nach gcomhlíonfaidís Beartas MRCM-P-6.
- MRCM-P-9:** Is beartas de chuid na comhairle é a chinntiú nach mbíonn tionchar suntasach ag tograí forbartha i gceantair cois cósta ar thimpeallachtaí cósta leochaileacha (e.g. tráanna, dumdha agus línte cladaigh boga eile) agus go n-ionchorpraítear bearta cuí lena gcosaint.

MRCM-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú nach gcuireann tograí forbartha taitneamhacht fóillíochta agus cáilíocht timpeallachta ceantar cois cósta i mbaol lena n-áirítear Tránna Brataí, láithreáin Natura 200 agus ceantair Sárscéimhe.

MRZM-P-11: Is beartas de chuid na comhairle é tograí forbartha a chuireann le rochtain agus a sholáthraíonn d'fhorbairt inbhuanaithe na nOileán, a éascú.




**County Donegal
Development Plan
2018 - 2024
Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 10.1
Marine Resource and
Coastal Management
Léarscail 10.1
Acmhainn Farriage
agus
Cósta Bainistíocht**

Legend

-  Fishing Centre
Ionad Iascaireachta
-  Car/Passenger Ferry
Farantóireachta Gluaistean F
-  Marina Berthing Facility
Marina/Saoráid calaithe
-  Blue Flag Beach
Trá Bratach Gorm
-  Sailing Centre
Ionad Seoltoireachta
-  Angling Centre
Ionad Slatlascaireachta
-  Surfing Centre
Ionad Surfail



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donaghal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOE 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhíantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018.
To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín dhomh maith le cuspóir agus beartas ábhartha eile sa PFC.

Caibidil 11 Pobail, Cultúr agus an Ghaeltacht

Aidhm:

An cháilíocht saoil is fearr a chur ar fáil i nDún na nGall ar bhealach atá cuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta trína chinntiú:

- Go gcuirtear bonneagar cultúrtha, pobail agus ardcháilíochta Sóisialta ar fáil ag suíomhanna inbhuanaithe, san áit is fearr is féidir ar mhaithe le leas an phobail
- Go gcosnaíonn agus go dtreisíonn tionscadail forbartha todhchaí sócmhainní cultúrtha an chontae, agus bun teangeolaíochta agus beogacht shocheacnamaíochta na gceantar Gaeltachta.

11.1 Cúlra

Tá soláthar na cáilíochta beatha is fearr do phobail agus do dhaoine aonair ar bhealach atá cuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, lárnach d'fhorbairt todhchaí an Chontae agus léiríonn sé féin thar gach réimse ábhar den Phlean Forbartha. Bíonn cáilíocht na beatha ag brath i measc rudaí eile ar chothromaíocht deiseanna ar raon leathan fachtóirí lena n-áirítear deiseanna fostaíochta, bonneagar leordhóthanach, seirbhísí ardcháilíochta agus beocht chultúrtha.

Roinntear an fhreagracht maidir le cruthú fostaíochta, seachadadh bonneagair agus soláthar seirbhísí ar fud gach réimse araon gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais. Sa chomhthéacs seo féadfaidh an Plean Forbartha seo ról a bheith aige trí chreat pleanála a chur ar fáil bunaithe ar dhea-chleachtas pleanála a uasmhéadaíonn cumas acmhainní (daoine, talamh, maoiniú, bonneagar, fuinneamh agus cultúr) trí shuíomh, cáilíocht, nádúr agus scála na forbartha (mar thithíocht, bonneagar, tionsclaíocht) a bhainistiú go hinbhuanaithe leis na dálaí is fearr a chur ar fáil d'fhorbairt chultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta agus sa deireadh thiar, cruthú pobal beoga, sláintiúla, dea-sheirbhísithe, inbhuanaithe agus atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta.

Bonneagar agus Seirbhísí Sóisialta agus Pobail:

Tá soláthar bonneagair agus seirbhísí pobail agus sóisialta ardcháilíochta mar shaoráidí spóirt agus fóillíochta, siúlbealaí agus rotharbhealaí, páirceanna, spásanna poiblí, áiteanna súgartha, ionaid acmhainní pobail, scoileanna, seirbhísí cúram leanaí agus saoráidí cúram sláinte ríthábhachtach do chruthú pobal inbhuanaithe, agus dá réir sin, ardchaighdeán na beatha. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail i soláthar bonneagair agus seirbhísí dá leithéid agus cuirfidh bonneagar pobail, sóisialta agus fisiciúil nua ar fáil agus déanfaidh cothabháil ar a bhfuil ann cheana mar pháirceanna, áiteanna súgartha agus spásanna poiblí lena n-áirítear inter alia clár áiteanna súgartha na Comhairle agus an scéim athnuachana Baile agus Sráidbhaile.

Ach le hacmhainn bonneagair agus seirbhísí pobail agus sóisialta a fhírinniú, a choinneáil agus a uasmhéadú tá sé tábhachtach go mbainfí mais chriticiúil daonra amach inár lonnaíochtaí, forbairtí pobail agus sóisialta nua a lonnú i ndlúthghaireacht do sheirbhísí agus do cheantair chónaitheacha agus a chinntiú go bhfuil ardcháilíocht leagain amach agus deartha ag forbairtí dá leithéid. Chun na críche seo leagann beartais tithíochta an phlean seo amach beartais a bhfuil d'aidhm acu díriú ar chandam suntasach d'fhorbairt chónaitheach nua laistigh dár mbailte agus dár sráidbhailte ar bhealach a dhéanann comhdhlúthú ar an bhfoirm uirbeach agus a chomhtháthaíonn forbairt dá leithéid le seirbhísí agus le bonneagar atá ann cheana. Dá réir sin tá cuspóirí agus beartas na caibidle seo ceaptha:

- A chinntiú go bhfuil bonneagar agus seirbhísí nua pobail agus sóisialta lonnaithe san áit is fearr chun leas ionaid daonra chónaitheach a dhéanamh agus iad á gcothú acu agus go mbainfidh siad tairbhe freisin as sineirgí laistigh de sheirbhísí atá ann cheana.
- Bonneagar agus seirbhísí pobail agus sóisialta a fhreastalaíonn go sonrach ar phobail tuaithe a éascú.
- Soláthar d'fhorbairt ardcháilíochta ó thaobh lonnú agus dearadh bonneagair phobail agus shóisialta.

Ina theannta aithníonn an Chomhairle rannchuidiú suntasach spásanna glasa, siúlbealaí agus rotharbhealaí do shláinte ghinearálta agus cáilíocht na beatha ag saoránaigh Dhún na nGall agus dá thoradh déanann an chaibidil seo soláthar sonrach do chosaint bonneagair ghlais atá ann cheana agus soláthar bonneagair ghlais nua.

Tá saoráidí cúram leanaí cáilíochtúla agus leordhóthanacha riachtanach le freastal ar riachtanais forbartha leanaí agus freisin ar riachtanais eacnamaíochta agus shóisialta an phobail níos leithne. Dá réir caithfidh beartas pleanála riachtanas do chúram leanaí agus taitneamhachtaí do leanaí a bhreithniú go straitéiseach, go háirithe i gcomhthéacs tionscnamh cruthú poist, forbairtí geilleagar-bhunaithe, forbairtí tithíochta/cónaitheacha agus ionaid chomharsanachta sa Chontae.

Cultúr

Is iad cultúr agus cruthaitheacht na sócmhainní is mó ag aon sochaí. Tiomáineann rannphairtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus chomchoiteann, agus impleachtaí suntasach aige d'fholláine agus do ghaisce aonair agus sochaíoch. Aithníonn an Rialtas go gcuireann infheistíocht i mbonneagar cultúrtha bonn taca faoi chomhtháthú sóisialta agus tacaíonn le fás eacnamaíochta láidir agus inbhuanaithe.

Deir Cultúr 2025 - Éire Ildánach go bhfuil na healaíona agus an cultúr sainníúil do stát na Éireann, glacann sé leis an riachtanas rochtain agus rannphairtíocht sna healaíona a mhéadú, ár dtionscail chruthaitheacha a spreagadh agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le béim ar leith ar theanga, ar thírhdreach agus ar an timpeallacht. Chomh maith le fiúntas intreach an chultúir, is príomhfhíúntas breise de Chultúr 2025 fiúntas an chultúir mar bhealach le todhchaí níos inbhuanaithe a chothú d'Éirinn, lena n-áirítear trí bheartas sóisialta agus eacnamaíochta.

Is foinse mórmhórtais é cultúr uathúil agus ilchinéalach Dhún na nGall. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta do chosaint agus do chur chun cinn ár gcultúir, teanga, na healaíona, leabharlanna agus oidhreachta, agus chun cineálacha nua cultúrtha agus iad sin atá ann cheana a spreagadh. Is ardmhian na Comhairle go mbeidh cáil Dhún na nGall mar cheannródaí sa chultúr treisithe ag an tiomantas seo faoi 2020. Creideann an Chomhairle gur ionann infheistíocht a dhéanamh sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae níos sláintiúla, níos lánsásta, níos rachmasaí, níos saibhrithe agus níos rathúla.

An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Ba í an Ghaeilge, ceann de na teangacha liteartha labhartha marthanacha is sine san Eoraip, an teanga ba iomadúla in Éirinn go dtí an 16ú hAois. Ach d'fhág treochtaí agus imeachtaí stairiúla mar na plandálacha, úsáid fhorleathan an Bhéarla mar theanga thráchtála agus an dlí, an Gorta Mór agus oll-imirce, gur tháinig an Béarla chun a bheith ina teanga móraimh in Éirinn faoin 19ú haois. Sa lá atá inniu ann labhraíonn 77,185 duine Gaeilge ar bhonn laethúil i bPoblacht na hÉireann lasmuigh den chóras oideachais (Daonáireamh 2011). Labhraítear an teanga mar chéad theanga go háirithe i gceantair

Ghaeltachta feadh cósta an iarthair lena n-áirítear Dún na nGall, Muigh Eo, an Ghaillimh, Ciarraí, Corcaigh agus Port Láirge.

Gaeltacht Dhún na nGall

Is é Gaeltacht Dhún na nGall, a chlúdaíonn trian den Chontae agus a chuimsíonn ceantar 1502km² an dara ceann is mó de na seacht gceantar Gaeltachta in Éirinn. Tá pobal 24,744 inti, is é sin 24.5% den daonra iomlán Gaeltachta in Éirinn (Daonáireamh 2011). Clúdaíonn an Ghaeltacht réimsí móra d'iarthar an Chontae agus áirítear inti na 6 oileán áitrithe, Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne, Inis Fhaoigh, Oileán an Bhráighe agus Gabhla. Tá an Ghaeltacht roinnte i dtrí phríomhchatagóir bunaithe ar úsáid na Gaeilge:

- A: Toghranna ina labhraíonn níos mó ná 67% den phobal an Ghaeilge go laethúil.
- B: Toghranna ina labhraíonn 44-66% den phobal an Ghaeilge go laethúil.
- C: Toghranna ina labhraíonn níos lú ná 44% den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Anuas ar a foinse teangeolaíochta bhunúsach aithníonn an Chomhairle go bhfaigheann an Ghaeltacht tairbhí as oidhreacht shaibhir chultúrtha agus shóisialta, as ceantair sárscéimhe nádúrtha ach go mbíonn dúshláin suntasacha eacnamaíochta agus bonneagair roimpi freisin.

Meath ar Úsáid na Gaeilge le Deireanaí

Ainneoin a méid mhór gheografaíochta agus a pobal iomlán suntasach i nGaeltacht Dhún na nGall, léirigh staidéir le deich mbliana anuas go bhfuil líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht ag dul i laghad ag ráta méadaitheach agus gurb é an Béarla anois atá mar theanga cheannasach i measc daoine óga. Léirigh an príomhstaidéar go háirithe 'Staidéar Teangeolaíoch Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátail agus Moltaí 2007' agus níos moille trí 'Tuairisc Nuashonraithe ar an Staidéar Teangeolaíoch Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht; 2006-2011' a foilsíodh in 2015 go raibh an meath seo á thiomáint ag fachtóirí mar dinimic shóisialta (nascadh Pobal Gaeltachta le gréasáin lucht Labhartha an Bhéarla), gluaiseachtaí déimeagrafacha (aistriú daoine nár labhair Gaeilge isteach sa Ghaeltacht), agus sóisialú daoine óga trí Bhéarla. Chinn an staidéar freisin, gan idirghabháil, nach mbeadh an Ghaeilge ach ina teanga líonraí sóisialta seachas ina príomhtheanga teaghlaigh agus pobail, fiú sna réigiúin Ghaeltachta is láidre, taobh istigh de ghlúin.

Chuir an staidéar béim ar an tábhacht chriticiúil a bhain leis an gcéatadán de chainteoirí Gaeilge a choinneáil as cionn 67% agus a chinntiú go dtagann méadú ar an gcéatadán de dhaoine óga a labhraíonn Gaeilge agus aithnítear roinnt cuspóirí lena n-áirítear:

- Tacú le glúnta níos óige tuismitheoirí óga Gaeltachta agus iad a chumasú chun a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge.
- A chinntiú go dtacaíonn an córas oideachais le tuismitheoirí a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge agus go mbíonn próiseas sóisialaithe trí mheán na Gaeilge dá bharr.
- Plé a dhéanamh le daoine óga faoi leochaileacht na teanga agus tábhacht a n-iompar teanga ar inmharthanacht thodhchaí na teanga.
- Díriú ar chearta teangeolaíochta agus riachtanais cainteoirí dúchasacha Gaeilge.
- Próiseas pleanála teanga straitéiseach comhtháite a cheapadh don Ghaeltacht agus promhadh ó thaobh na Gaeltachta a dhéanamh ar gach gníomhaíocht a dhéanann eagraíochtaí stáit.
- Straitéisí forbartha eacnamaíochta teanga-lárnacha a cheapadh don Ghaeltacht.
- Dreasachtaí agus comhairle a chur ar fail do ghnólachtaí áitiúla maidir le dea-phróisis teanga.

Go háirithe rinne an staidéar roinnt moltaí pleanála lena n-áirítear cúlra teangeolaíoch iarratasóirí ar thithíocht a mheasúnú agus daoine óga dúchasacha ar mian leo tógáil agus cónaí ina gceantar féin a éascú.

Reachtaíocht, agus Beartas Rialtais maidir leis an nGaeilge

Ainmníonn Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann an Ghaeilge mar Chéad Theanga Oifigiúil an stáit. I 2003 chuir Acht na dTeangacha Oifigiúla oibleagáidí ar chomhlachtaí eanála poiblí seirbhísí a chur ar

fáil trí Ghaeilge agus ba é an toradh a bhí air gur bunaíodh An Coimisinéir Teanga, agus rinne foráil reachtúil d'ainmneacha áite Gaeilge agus a n-úsáid. D'athdhearbaigh Ráiteas an Rialtais ar an nGaeilge 2006 a thacaíocht d'fhorbairt agus do chaomhnú na Gaeilge, thug aitheantas do thábhacht na Gaeilge mar theanga labhartha pobail agus leag amach 13 cuspóir lena n-áirítear: tacú le pobal labhartha na Gaeilge chun an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlaiigh bheo, tacaíocht speisialta á tabhairt don Ghaeltacht agus ag tacú le Gaelscoileanna agus le réamhscolaíocht Ghaeilge.

Tá sé d'aidhm ag an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla a mhéadú go 250,000 agus líon na gcainteoirí a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil sa Ghaeltacht de 25%. Go sonrach mhol an Straitéis ullmhú pleananna Teanga Pobail do gach réigiún Gaeltachta chun an cur chuige a chomhtháthú maidir le saincheisteanna teangeolaíochta, pleanáil fhisiciúil oideachasúil agus forbairt phobail agus shóisialta agus Pleananna Teanga Contae. Faoi Acht na Gaeltachta 2012 aithníodh na ceantair phleanála teanga seo a leanas i nDún na nGall a n-ullmhófar pleananna teanga Pobail 7 mbliana ag príomheagraíochtaí á roghnú ag Údarás na Gaeltachta:

- Tuaisceart Dhún na nGall
- Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir
- Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh
- Na Rosa
- Árainn Mhór
- An Ghaeltacht Láir
- Dún na nGall Theas
- Toraigh

Chomh maith leis seo aithníonn an tAcht Leitir Ceanainn, An Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall mar bhailte Seirbhíse Gaeltachta a bhfuil ról suntasach acu i seirbhísí poiblí, saoráidí fóillíochta, sóisialta agus tráchtála do cheantair Ghaeltachta.

Go dtí seo, ullmhaíodh beirt de na pleananna, mar atá 'Gaoth Dobhair, Rann Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir' agus 'Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh.' Ullmhófar na sé phlean teanga eile roimh dheireadh 2018.

Dúshlán Phleanála agus Straitéis Fhoriomlán don Ghaeilge

Aithníonn an Chomhairle dianriachtanas straitéiseach cothabháil agus comhdhlúthú na Gaeilge mar theanga pobail i gceantair Ghaeltachta, Catagóir A agus an tábhacht a bhaineann leis an teanga a neartú i gceantair Ghaeltachta eile agus ar fud an chontae. Ó thaobh pleanála de meastar gur féidir leis an gComhairle ról tacaíochta a bheith aici i mbaint amach na straitéise foriomláine seo trí chuspóirí agus beartais shainiúla na Gaeilge a chur chun feidhme mar a bhfuil cur síos orthu thíos.

11.2 CUSPÓIRÍ

- CCG-O-1:** Pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae a chomhtháthú le riachtanais chultúrtha, phobail agus sóisialta an daonra ann.
- CCG-O-2:** Cáilíocht na beatha den scoth a chur ar fáil i nDún na nGall trí phobal inbhuanaithe, cuimsithe go sóisialta, agus beoga a fhorbairt.
- CCG-O-3:** Soláthar seirbhísí don phobal laistigh den Chontae a éascú, lena n-áirítear go háirithe scoileanna, naíolanna agus saoráidí eile cúram leanaí agus oideachais.
- CCG-O-4:** Cur chuige comhordaithe maidir le seachadadh bonneagair chultúrtha, phobail agus shóisialta agus soláthar seirbhísí a éascú trí obair stiúrtóireachtaí éagsúla na Comhairle, mar aon le caidreamh idirghníomhaireachta agus comhoibriú le heagraíochta ábhartha agus reachtúla eile lena n-áirítear tionscnaimh thrasteorann.

CCG-O-5: Taitneamhachtaí agus taitneamhachtaí áineasa an chontae a chaomhnú, a fheabhsú agus a leathnú lena n-áirítear:

- Ár n-áiteanna súgartha, páirceanna agus spásanna áineasa atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú agus taitneamhachtaí áineasa nua a chur ar fáil ag suíomhanna inbhuanaithe.
- Timpeallacht uirbeach ár mBailte agus Sráidbhailte a fheabhsú trí chlár athnuachana baile agus sráidbhaile na Comhairle.

CCG-O-6: Soláthar cúram leanaí cáilíochta a éascú trí:

- Soláthar saoráidí cúram leanaí cáilíochta leordhóthanacha inbhuanaithe a chumasú i suíomhanna cuí ag cur dáileadh spásúil an phobail i nDún na nGall san áireamh, idir thuaithe agus uirbeach.
- Dul i gcomhairle agus oibriú le Coiste Cúram Leanaí Chontae Dhún na nGall, grúpaí/comhpháirtíochtaí áitiúla, Boird Sláinte agus an Oifig Fiontair Áitiúil i soláthar agus monatóireacht ar shaoráidí cúram leanaí agus i gcórais eolais bunlíne a bhunú.
- Tacú le soláthar saoráidí cúram leanaí a úsáideann an Ghaeilge agus go háirithe sa Ghaeltacht.
- Cúram leanaí a aithint mar réimse cruthú áitiúil fostaíochta a bhfuil tábhacht leis do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta an cheantair.

CCG-O-7: Cultúr Dhún na nGall a spreagadh, a chosaint, tairbhe a bhaint as agus é a fhorbairt go hinbhuanaithe trí inter alia:

- Clár Caipitil/Plean Bonneagair na straitéise seirbhíse Cultúrtha 2016-2020 a chur chun feidhme agus aon chlár caipitil/plean bonneagair gaolmhar ina dhiaidh sin.
- Tacú le clár ealaíne poiblí na Comhairle.
- Caidreamh a chothú le pobail áitiúla chun buntáiste a bhaint as acmhainn chruthaitheach agus chultúrtha an chontae.
- An earnáil chruthaitheach agus chultúrtha a chur chun cinnmar chuid lárnach d'earnáil turasóireachta inbhuanaithe lena n-áirítear an táirge turasóireachta cultúrtha bainteach le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus táirgí turasóireachta cultúrtha bainteach le stair, geografaíocht, seanchas na ndaoine agus teanga agus traidisiún ceoil Dhún na nGall.
- Oidhreacht fhoirgnithe agus tírdhreacha Dhún na nGall a aithint agus a chosaint mar phríomhghnéithe dár gcultúr.
- Acmhainn chruthaitheach agus chultúrtha Oileáin Dhún na nGalla chothú agus buntáiste a bhaint astu.
- Gabháil de chaidreamh leis an acmhainn chruthaitheach agus chultúrtha de Diaspóra Dhún na nGall agus pobail nua Dhún na nGall ar fud an domhain.
- An earnáil ealaíne a chur chun cinn lena n-áirítear: amhaircealaíona, na taibhealaíona, an litríocht agus na healaíona comhaimseartha lena n-áirítear athúsáid agus athfhorbairt foirgneamh folmha agus tréigthe don earnáil ealaíon.

CCG-O-8: An Ghaeilge a chothabháil mar theanga bheo pobail sna ceantair Ghaeltachta is láidre, úsáid na teanga a neartú in áiteanna eile, agus oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta a chosaint agus forbairt eacnamaíochta, fhisiciúil agus shóisialta inbhuanaithe na Gaeltachta a éascú trí inter alia:

- Plean don Ghaeilge a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme ar fud an Chontae.
- Comhoibriú leis na príomheagraíochtaí roghnaithe agus le Údarás na Gaeltachta i gcur chun feidhme Pleananna Teanga Pobail do cheantair Ghaeltachta ar leith.
- Bunús teangeolaíochta ceantar Gaeltachta a chomhdhlúthú trí thithíocht tuaithe do chainteoirí dúchasacha Gaeltachta ar mian leo tógáil agus cónaí ina gceantar féin a

éascú agus Measúnachtaí Tionchair Teanga a éileamh ar ilfhorbairtí cónaitheacha de 10 n-aonad cónaitheacha nó níos mó.

- Forbairt agus leathnú Gaelscoileanna agus Naíonraí i gceantair Ghaeltachta a éascú.
- Tacú le forbairt Pháirc Gnó Ghaoth Dobhair mar ionad déantúsaíochta, fiontair agus gnó chun tacú le bonn fostaíochta agus beogacht eacnamaíochta na Gaeltachta.
- Forbairt inbhuanaithe Lonnaíochtaí Gaeltachta a chinntiú mar thiománaí socheacnamaíochta dá gceantair máguaird, lena n-áirítear buntáiste a bhaint as acmhainn turasóireachta na lonnaíochtaí céanna agus tacaíochtaí a chur ar fáil trí chláir agus tionscnaimh mhaoinithe chuí.
- Feiceálacht níos airde a bhaint amach agus úsáid níos forleithne na Gaeilge i gcomharthaíocht ghnó agus phobail trí bheartais chomharthaíochta chuí.
- Seirbhísí de chuid na Comhairle trí Ghaeilge a chur ar fáil go háirithe i gceantair Ghaeltachta agus sna bailte seirbhíse aitheanta Gaeltachta.
- Caidreamh a dhéanamh le Údarás na Gaeltachta, le gníomhaireachtaí stáit eile agus leis na pobail Ghaeltachta agus iad ag obair i gcomhar le cosaint na Gaeilge agus tábhacht chultúrtha na Gaeltachta a chinntiú.

CCG-O-9: Láithreáin a aithint chun críocha reilig(i) cathrach.

CCG-O-10: Maoiniú a ghintear trí ranníocaíochtaí airgeadais a thoibhítear faoi Alt 48 agus 49 agus foráil eile na nAchtanna Pleanála a úsáid chun bonneagar pobail a chur ar fáil mar shaoráidí áineasa agus spás oscailte.

11.3 Beartais

Ginearálta

CCG-P-1: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha do bhonneagar pobal agus sóisialta nua agus forbairtí seirbhísí gaolmhara (e.g. saoráidí cúram sláinte, saoráidí sciath-thithíochta, tithe altranais, tithe cúraim cónaitheacha, saoráidí spóirt/áineasa, áiteanna súgartha, ionaid acmhainní pobail, saoráidí nua oideachais, etc) de réir na gcritéar suímh seo a leanas:

- (a) Ag suíomhanna ata laistigh de theorainneacha sainithe creata lonnaíochta/ceantair uirbeacha atá laistigh d'achar slán siúil (i.e.viacosán beartaithe nó ceann atá ann cheana) chuig seirbhísí áitiúla agus ceantair chónaitheacha agus a spreagfadh cuimsiú sóisialta ar aon bhealach eile.
- (b) Ag suíomhanna malartacha laistigh de chreat lonnaíochta/ceantair uirbeacha áit a léirítear nach bhfuil aon láithreáin oiriúnacha ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite i bpointe a) thuas.
- (c) I suíomhanna tuaithe i ndlúthghaireacht do bhonneagar tuaithe atá ann cheana (e.g. scoileanna tuaithe, saoráidí spóirt, séipéil etc), gan ceantair Sárscéimhe san áireamh, áit a léirítear go bhfuil an fhorbairt ceaptha freastal ar riachtanas tuaithe go heisiach, go bhfuil an fhorbairt ag brath go feidhmiúil ar shuíomh tuaithe sonrath, nó i gcás nach bhfuil aon láithreáin ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite i bpointí a) agus b) thuas.
- (d) Ag suíomhanna tuaithe eile gan ceantair Sárscéimhe san áireamh nuair a léirítear go bhfuil an fhorbairt ceaptha freastal ar riachtanas tuaithe go heisiach, go bhfuil an fhorbairt ag brath go feidhmiúil ar shuíomh tuaithe sonrath, nó i gcás nach bhfuil aon láithreáin ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite i bpointí a), b) agus c) thuas.

CCG-P-2: Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcomhlíonann tograí forbartha do shaoráidí cúraim chónaithe mar thithe altranais na caighdeáin dearaidh atá leagtha

amach sna Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta maidir le Suíomhanna Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn, 2009 nó aon chaighdeáin dearaidh ábhartha ina dhiaidh.

CCG-P-3: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a éascú do chuibhrinn príobháideacha agus pobail agus gairdíní pobail ar fud an chontae.

CCG-P-4: Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh ar aon togra forbartha d'úsáid chultúrtha, pobail no sóisialta (e.g. saoráidí cúram sláinte, saoráidí sciath-thithíochta, tithe altranais, tithe cúraim chónaithe, saoráidí spóirt/áineasa, áiteanna súgartha, ionaid acmhainní pobail, saoráidí oideachais, leabharlanna, músaem, gailearaithe etc.) chomh maith le forálacha beartais eile an Phlean seo, na critéir seo a leanas a chomhlíonadh: Tá sé comhoiriúnach le úsáidí talún mórthimpeall atá ann cheana nó atá ceadaithe.

- (a) Ní bheadh aon tionchar suntasach aige ar thaitneamhachtaí cónaitheacha atá buailte leis.
- (b) Tá cumas cláraithe ann cheana nó ar tí tarlú sa bhonneagar dramhuisce poiblí d'fhorbairtí laistigh de cheantair uirbeacha nó féadtar saoráidí cóireála eisiltigh oiriúnacha ar an láthair go dtí caighdeáin EPA a chur ar fáil i gceantair thuaithe.
- (c) Níl sé ina chúis ghuaise tráchta agus féadfaidh an gréasán bóithre atá ann cheana déileáil go sábháilte le haon trácht feithicle breise a ghineann an fhorbairt bheartaithe.
- (d) Cuirtear soláthar páirceála cuí, socruithe rochtana, ceantair ionramhála agus seirbhísithe ar fáil i gcomhréir le caighdeáin teicniúla agus beartas an Phlean seo.
- (e) Soláthraíonn leagan amach na forbartha d'ardleibhéal tréscailteachta agus rochtana coisithe agus tugann tosaíocht dóibh
- (f) Ní chruthaíonn sé núis torainn agus ní bheidh sé ina chúis astaíochtaí timpeallachta suntasacha.
- (g) Tá suíomh, láithriú agus dearadh na forbartha lena n-áirítear bonneagar agus socruithe tírdhreachaithe gaolmhara, d'ardchaighdeán agus níl tionchar díobhálach aige ar an tírdhreach glactha, ar an gcarachtar tuaithe nó ar thaitneamhachtaí amhairc an cheantair (d'fhorbairtí i gceantair thuaithe), níl tionchar díobhálach aige ar/comhtháthaíonn sé go rathúil leis an sráid-dreach, le carachtar dúchasach nó timpeallacht fhoirgnithe an cheantair (d'fhorbairtí i gceantair uirbeacha).
- (h) Cuirtear cóireáil teorann chuí ar fáil agus bealaí imfhálaithe agus bíonn aon cheantar stórála lasmuigh folaithe go leordhóthanach ó radharc an phobail;
- (i) Níl tionchar díobhálach aige ar oidhreacht nádúrtha, scéimhe nó foirgnithe an cheantair lena n-áirítear déanmhais ar na láithreáin RPS/NIAH agus Natura 2000;
- (j) Níl sé lonnaithe i gceantar atá i mbaol tuile agus/nó ní bheidh sé ina chúis tuile ná ní chuirfidh sé leis;
- (k) Ní chuireann sé cáilíocht uisce do bharcheantair le Réigiúin Abhantraí atá deartha faoin gCreat-treoir Uisce i mbaol nó ní chuireann sé bac ar an gclár bearta atá laistigh d'aon Phlean Bainistithe Abhantraí gaolmhar.

Oideachas

CCG-P-5: Is é beartas na comhairle a chinntiú go gcomhlíonann tograí forbartha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna na foilseacháin seo a leanas nó aon fhoilseachán gaolmhar ina dhiaidh sin, ó thaobh suímh, láithrithe agus dearaidh:

- Soláthar Scoileanna agus an chórais Phleanála – Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Iúil 2008.
- Doiciméad Treorach Teicniúil TGD20-TGD25 An Roinn Oideachais agus Scileanna 2007
- Forbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Bealtaine 2009 (agus an Lámhleabhar Dearaidh Uirbeach atá in éineacht leis)

- CCG-P-6:** Is beartas de chuid na Comhairle é cur chun feidhme clár infheistíochta caipitil na Roinne Oideachais agus Scileanna a éascú i gcomhréir le planáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- CCG-P-7:** Is beartas de chuid na Comhairle é leathnú cuí saoráidí taighde agus oideachais ag institiúidí tríú leibhéal a éascú go háirithe maidir le nuálaíochtaí biteicneolaíochta, fuinneamh in-athnuaite agus nascachtaí trasteorann le soláthraithe tríú leibhéal i dTuaisceart Éireann faoi réir infhaighteacht bonneagair riachtanaigh, aon ainmnithe timpeallachta agus planáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
- CCG-P-8:** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairt a cheadú buailte le saoráidí oideachais poiblí atá ann cheana a chuirfeadh bac ar leathnú planáilte todhchaí saoráidí dá leithéid agus aon bhonneagar coimhdeach gaolmhar.

Cúram leanaí

- CCG-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é, nuair a aithnítear an riachtanas, tacú le soláthar saoráidí cúram leanaí agus é a éascú, i suíomhanna oiriúnacha lena n-áirítear bailte agus sráidbhailte, ceantair atá buailte le saoráidí pobail atá ann cheana, ceantair fostaíochta agus gar d'iompar poiblí chun soláthar suímh, rochtain agus forbairt inbhuanaithe a éascú.
- CCG-P-10:** Is beartas de chuid na Comhairle é saoráidí cúram leanaí a bhreithniú i gceantair Sárscéimhe nuair is féidir é a chomhtháthú go sásúil sa tírdhreach agus is éard a bheadh ann:
- Athchóiriú ar fhoirgnimh thréigthe, i ndroch-chaoi nó atá ag titim as a chéile;
 - Síneadh le foirgnimh/cnuasaigh foirgneamh atá ann cheana.
- CCG-P-11:** Is beartas é comhoibriú le Údarás na Gaeltachta agus grúpaí forbartha áitiúla sna ceantair Ghaeltachta chun soláthar naíonraí agus saoráidí do leanaí níos sine a éascú mar phríomhghné de chosaint oidhreachta teangeolaíochta agus chultúrtha na Gaeltachta. I gcás go mbíonn méideanna suntasacha tithíochta sóisialta agus/nó tithíocht inacmhainne á gcur ar fáil ag an gComhairle i gceantair Ghaeltachta, déanfar éascú saoráidí cuí cúram leanaí a bhreithniú mar chuid den fhorbairt. Oibríonn an DCCC sa Ghaeltacht freisin, in éineacht le Údarás na Gaeltachta chun a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais chúram leanaí an cheantair.

Sláinte, Spórt agus Áineas

- CCG-P-12:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go mbíonn aird chuí ar na tograí forbartha ábhartha ar shíúl agus ar rothaíocht a spreagfaidh gníomhaíocht fhisiciúil agus a laghdóidh úsáid carranna.
- CCG-P-13:** Is beartas de chuid na Comhairle é:
- Tailte atá criosaithe mar Thaitneamhacht/Spás Glas/Spás Oscailte i gcreataí lonnaíochta/ceantair uirbeacha a choinneáil go heisiach le haghaidh úsáid taitneamhachta poiblí/áineasa.
 - Bealaí Glasa todhchaí, bealaí siúil agus bealaí rothaíochta a chosaint agus a bhforbairt a éascú go dearfach, gan forbairt a cheadú a chuirfeadh bac ar na bealaí seo lena n-áirítear iad siúd a aithnítear sa Phlean seo.
 - Méid, cáilíocht, suíomh amhairc agus feidhmiúlacht Glasbhealaí, bealaí siúil agus rothaíochta atá ann cheana lena n-áirítear iad siúd a aithnítear sa Phlean seo.

Bonneagar agus Seirbhísí Cultúrtha

CCG-P-14: Is beartas de chuid na Comhairle é cur chun feidhme an Chláir Chaipitil/Plean Bonneagair atá sa straitéis seirbhísí Cultúrtha 2016-2020 agus aon chlár caipitil Cultúrtha/plean bonneagair gaolmhar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

- Leabharlann Phoiblí Bhaile Dhún na nGall.
- Lárionad Diaspóra Dhún na nGall.
- Athfhorbairt Mhúsaem an Chontae.
- An Lárionad Cartlainne.
- Páirc Dealbhóireachta Art Scape Dhún na nGall.
- Ionad na dTaifead.

CCG-P-15: Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhreithníú do Bhonneagar Cultúrtha ar scála mór (e.g. Leabharlanna, Amharclanna, Gailearaithe, Ionaid Cuairteoirí ar Scála Mór etc)de réir na gcritéir suímh seo a leanas:

- (a) Ag suíomhanna lárnacha laistigh de theorainneacha sainithe creatalonnaíochta/ceantair uirbeacha, atá laistigh d'achar sábháilte siúil (i.e. via cosán beartaithe nó ceann atá ann cheana)seirbhísí áitiúla agus ceantair chónaitheacha agus a spreagfadh cuimsiú sóisialta ar aon bhealach eile.
- (b) Ag suíomhanna malartacha laistigh den chreat lonnaíochta/ceantair uirbeacha sin áit a léirítear nach bhfuil aon láithreáin oiriúnacha ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite i bpointe a) thuas.
- (c) I suíomhanna tuaithe i ngaireacht do bhonneagar tuaithe atá ann cheana (e.g. scoileanna tuaithe, saoráidí spóirt, séipéil etc), gan ceantair Shárscéimhe san áireamh áit a léirítear go bhfuil an fhorbairt ceaptha freastal ar riachtanas tuaithe go heisiach, nó go bhfuil an fhorbairt ag brath go feidhmiúil ar shuíomh tuaithe sonrach.
- (d) Ag suíomhanna tuaithe eile, gan ceantair Shárscéimhe san áireamh, nuair a léirítear go bhfuil an fhorbairt ceaptha freastal ar riachtanas tuaithe go heisiach, go bhfuil an fhorbairt ag brath go feidhmiúil ar shuíomh tuaithe sonrach, nó i gcás nach bhfuil aon láithreáin ar fáil a chomhlíonann na critéir suímh thuasluaite i bpointe c) thuas.

CCG-P-16: Is beartas de chuid na Comhairle é forbairtí Cultúrtha ar scála beag a éascú (e.g. stiúideonna d'ealaíontóirí, ionaid cuairteoirí ar scála beag etc) ar fud an chontae ach gan ceantair Shárscéimhe san áireamh.

CCG-P-17: Is beartas de chuid na comhairle é a chinntiú go bhfuil spásanna poiblí nua d'ardchaighdeán, de dhearadh samhlaíoch, a úsáideann ábhair ardcháilíochta agus a ionchorpraíonn ealaín phoiblí chruthaitheach nuair is cuí.

An Ghaeltacht

CCG-P-18: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le bonn Teangeolaíochta na Gaeltachta trí thithíocht thuaithe inbhuanaithe a éascú do chainteoirí dúchasacha Gaeilge agus cur i bhfeidhm Measúnachtaí Tionchair Teanga d'ílfhorbairtí cónaitheacha de réir beartas tithíochta an Phlean seo.

CCG-P-19: Is beartas de chuid na Comhairle é forbairtí a éascú a neartódh beogacht shocheacnamaíoch bailte agus sráidbhailte Gaeltachta de réir beartas gaolmhara an Phlean seo.

CCG-P-20: Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt Pháirc Gnó Ghaoth Dobhair a éascú mar ionad gnó, fiontair agus déantúsaíochta de réir beartas forbartha eacnamaíochta an Phlean seo.

CCG-P-21: Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go n-úsáidfí an Ghaeilge i gcomharthaíocht phoiblí agus ghnó pobail araon de réir caighdeán teicniúla an Phlean seo.

CCG-P-22: Is beartas de chuid na Comhairle é seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge go háirithe i gceantair Ghaeltachta agus sna bailte seirbhíse aitheanta Gaeltachta.




**County Donegal
Development Plan.
2018 - 2024
Plean Forbartha
Contae Dhún na nGall
2018 - 2024**

**Map 11.1:
Community, Culture
and the Gaeltacht**

**Léarscáil 11.1:
Pobal,
Cultúr agus an Ghaeltacht**

Legend

-  Gaeltacht
-  County Museum
Iarsmalann Chontae
-  Regional Cultural Centre
Ionad Cultúrtha Réigiúnach
-  ArtScape Donegal Sculpture Park
ArtScape Dealbhóireachta Páirc
Dhún na nGall
-  Proposed Gaeltacht
Service Towns
Gaeltachta atá molta
Bailte Seirbhíse
-  Northern Ireland
Tuaisceart Éireann



Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI Licence Number 2018/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aghaidh chomh maith le cuspóirí agus bearta ábhartha eile sa PFC.

Scale to fit
Scála oiriúnaithe

ROINN B: Aguisín 3

Treoirínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla

Aidhm:

Forbairt inbhuanaithe agus eagraithe an Chontae a chinntiú trí chuspóirí agus caighdeáin do bhainistiú forbartha a leagan amach.

1 Forbairt Ghinearálta

Foilsíodh raon doiciméad a bhfuil prionsabail, caighdeáin, beartais agus treoirínte don fhorbairt iontu ag leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Contae.

- 1.1 Beidh gach togra forbartha faoi réir cúrsaí pleanála ábhartha cuí, cuspóirí, beartas agus caighdeán ábhartha an Plean Forbartha seo (lena n-áirítear na hagusíní), straitéisí, treoir agus beartas Réigiúnach agus Náisiúnta, ainmnithe agus cúrsaí timpeallachta, agus aon ainmniú, cúrsa nó leasú dá leithéid a foilsíodh i rith saolré an plean seo.

Chun críocha na caibidle seo liostaítear thíos cuid de na doiciméid is mó atá bainteach le hábhar. Tá teacht ar liosta den doiciméadú teorach pleanála atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: www.housing.gov.ie

- Treoirínte d'Údarás Phleanála ar Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (Cathracha, Bailte & Sráidhbailte)(DoEHLG 2009) agus an doiciméad Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh –Treoir Dea-Chleachtais, 2008 a ghabhann leis.
- Teach a Thógáil Faoin Tuatha i nDún na nGall. Treoir Dearaidh agus Suímh – Roinn B: Aguisín 4.
- Treoirínte Bainistithe Tráchtá, 2012.
- Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha.
- Beartas Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015.
- An Beartas um Bóithre Náisiúnta.
- Soláthar Comharthaíochta Turasóireachta & Áineasa ar Bhóithre Náisiúnta.
- Tithe á Seachadadh, Pobail á mBuanú, 2007.
- Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua, Treoirínte d'Údarás Phleanála, 2015.
- Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta – Treoirínte d'Údarás Phleanála, (DoEHLG 1996), arna uasghrádú ag Imlitir: PL 07/12.
- An Córas Pleanála agus Treoirínte Baol Tuilte d'Údarás Phleanála (DoEHLG 2009).

- Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha – Treoirínte d’Údarás Phleanála (DoEHLG 2004).
- Forbairt Fuinnimh Ghaoithe – Treoirínte d’Údarás Phleanála (DoEHLG 2006).
- Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta i nDún na nGall (2007).
- Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta (An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Meitheamh 2011).

1.2 Bonneagar Teileachumarsáide

Cuirfidh tograí forbartha d’ílfhorbairtí cónaitheacha snáthnaisc rochtana oscailte agus duchtáil neodrach díoltóra ar fáil ar fud na forbartha.

Déanfar dearadh agus suiteáil na duchtála go léir (poiblí agus príobháideach) de réir ‘Moltaí d’Oibreacha Cábla Teileachumarsáide Fo-thalamh – Do Scéimeanna Bóithre, Tráchtála agus Cónaitheacha’.

1.3 Bannaí

I gcás forbairtí a chuimsíonn 2 theach nó níos mó, ceanglófar ar fhorbróirí urrús leordhóthanach a chur ar fáil trí thaisce airgid thirim nó banna chun tabhairt chun críche sásúil agus cothabháil na forbartha a chinntiú, lena n-áirítear cothabháil go dtí go nglactar ar láimh é i gcúinsí ina shásaíonn an fhorbairt beartas na Comhairle ar Ghabháil Eastát Títhíochta Príobháideacha. I gcás go sásaíonn an fhorbairt beartas na Comhairle maidir le gabháil ar lámh ach go bhfuil na háitritheoirí/an forbróir tar éis socruithe cothabhála oiriúnacha malartacha a dhéanamh, mar chuideachta Bainistíochta, ansin féadtar an t-urrús a scaoileadh.

Forchuirfear coinníollacha de réir forálacha Alt 34(4)(g) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Déanfar méid an urrúis a ríomh ar bhonn €5000 in aghaidh an tí laistigh d’fhorbairt nach bhfuil aon trealamh leictreach/meicniúil ann. I gcásanna ina bhfuil trealamh leictreach/meicniúil beidh urrús €15,000 in aghaidh an tí.

Ceanglófar ar an bhforbróir líníochtaí “mar ar tógadh”, suirbhé CCTV, tuarascáil scríofa agus deimhniú i scríbhinn gur críochnaíodh seirbhísí bonneagair go dtí na caighdeáin atá riachtanach sula scaoiltear an t-urrús.

2 Iompar

Gach Bóthar Poiblí

2.1 Riachtanas Ráiteas Iompair agus Tráchtála

Ginfidh tograí forbartha áirithe turais shuntasacha i gcarr, i bhfeithiclí tráchtála, ar rothar, ag siúl nó ar chóras iompair poiblí, agus impleachtaí tromchúiseacha ionchasacha aige don ghréasán bóithre áitiúil. D’fhéadfadh go mbeadh gá le hathruithe ar an mbóthar/ar chumas agus ar leagan amach achomhail, i gcúinsí áirithe, chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi shábháilteacht ar bhóithre agus leibhéal sásúil seirbhíse a choinneáil d’úsáideoirí bóthair. Sna cúinsí seo d’fhéadfadh go n-éileofaí measúnacht tráchtála (TTA) chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na himpeachtaí a d’eascródh agus cuidiú le measúnú ar an iarratas pleanála. Caithfidh iarratais phleanála a dteastaíonn rochtain ar bhóthar poiblí uathu agus a ghineann trácht suntasach breise Ráiteas Tráchtála agus Iompair comhlánaithe a bheith leo, i.e. TTS 1 agus TTS 2. Ní éileofar iad seo de ghnáth i gcás iarratais ar theaghais aonair.

Ba chóir gur cur síos neamhchlaonta ar thionchair na forbartha beartaithe a bheadh sa Mheasúnacht Iompair agus Tráchtá agus ba chóir cur síos a bheith ann ar ghnéithe dearfacha agus diúltacha araon. Caithfear a scóip seo a aontú le hInnealtóirí Bóthair na Comhairle. Ar na doiciméid treoracha áirítear Treoirínte Measúnachta Iompair agus Tráchtá an NRA.

2.2 Riachtanas Iniúchadh Sábháilteachta

I gcúinsí airithe d'fhéadfadh go n-éileofaí iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre le eolas níos fearr a chur faoin mheasúnacht sin ar impleachtaí sábháilteachta na forbartha beartaithe agus cuidiú le haithint na mbeart cuí a theastíonn le caighdeáin sábháilteachta a choinneáil. Ní féidir ach le foirne iniúchadh sábháilteachta iniúchtaí sábháilteachta a dhéanamh, a bhfuil faomhadh ag na baill ón NRA/Údarás Áitiúil.

Na nithe is gá Iniúchadh sábháilteachta a dhéanamh orthu:

- Tá iniúchtaí ar shábháilteacht ar bhóithre éigeantach do gach iarratas pleanála ar Bhóithrí Náisiúnta (Foilseachán TII GE-STY-01024; NRA HD19)
- Tá Iniúchtaí Sábháilteachta éigeantach ar bhóithre Áitiúla d'iarratais sa bhreis ar 50 teaghais nó forbairtí eile de chineálacha agus/nó toirteanna tráchtá comhchosúla nó de réir mar a mheasann Comhairle Contae Dhún na nGall a bheith riachtanach chun leasa sábháilteachta tráchtá.
- Ar fhorbairtí ina mbeadh sé deacair Caighdeáin NRA DMRB a bhaint amach, féadfaidh an t-iarratasóir roghanna eile a chur isteach, arna dtacú le iniúchadh sábháilteachta ag staid féidearthachta, lena mbreithniú.

Cén uair ar chóir Iniúchadh Sábháilteachta a dhéanamh:

- Staid féidearthachta (F) – measúnú comparáideach ar roghanna.
- Céim 1 – An réamhdhearadh tugtha chun críche.
- Céim 2 – Dearadh mionsonraithe tugtha chun críocha.
- Céim 1/2 – Comhcheangailte do mhionscéimeanna.
- Céim 3 – An tógail tugtha chun críche/roimh oscailt don trácht.

2.3 Teorainneacha Cois Bóthair i gCeantair Thuaithe

- Ba chóir an líne teorann cois bóthair atá ann cheana i gceantair thuaithe a choinneáil, nuair is féidir, go háirithe feadh bóithre scéimhe, faoi réir ag cúrsaí sábháilteachta tráchtá, tráth a mbeadh gá b'fhéidir le slánachar. Beidh ithir ar an gceantar slánachair go dtí leibhéal nach mó ná 100mm os cionn leibhéal an charrbhealaigh buailte leis agus é síolaithe le fear.
- Tá gach teorainn cois bóthair le cothabháil ag úinéir na talún chun a chinntiú go gcoinnítear riachtanais na hamharclíne. (Plandáil ar Leibhéal Íseal le infheictheacht a chinntiú).
- Ba chóir go mbeadh an teorainn cois bóthair i gceantair thuaithe curtha siar go dtí an t-íosachar a shonraítear i dTábla 01 Aguisín 3 thíos chun bealach isteach a éascú.

Tábla 1 Aguisín 3: Teorainneacha Cois Bóthair i gCeantair Thuaithe

AN CINEÁL BÓTHAIR	AN T-ÍOS-SLÁNACHAR Ó LÍNE LÁIR AN BHÓTHAIR
Bóthar Náisiúnta Tánaisteach	10.0m
Príomhbhóthar Náisiúnta	12.0m
Réigiúnach	6.5m
Bóthar Tuaithe	5.0m

Dá dtarlódh go raibh an teorainn úinéireachta cois bóthar reatha siar níos faide ná an slánachar a aithnítear sa tábla thuas, ansin coinneofar an teorainn sin.


Dá mbeadh an teorainn forbartha cois bóthar tadhlaigh atá ann cheana níos lú ná an méid a luaitear sa tábla thuas, socróidh an Chomhairle an t-íos-slánachar.

Ba chóir tagairt a dhéanamh freisin do Theach a Thógáil faoin Tuath i nDún na nGall - Treoir Dearaidh agus Suímh (Aguisín 4) áit a dtagraítear do chóireáil teorann/ bealach isteach agus rochtain.

2.4 Mionsonraí do Bhealach Isteach

- Leagfar mionsonraí an bhealaigh isteach do réadmhaoine cónaitheacha amach de réir Tábla 01 Aguisín 3, agus Fíor 01 Aguisín 3, Mionsonraí an Bhealaigh Isteach agus Réadmhaoine Cónaitheacha.

Fíor 1 Aguisín 3: Mionsonraí an Bhealaigh Isteach do Réadmhaoine Cónaitheacha



- Do bhealaigh isteach neamhchónaitheacha beidh íosmhéid 20m ag an slánachar geataí/ bacainn isteach ó cholbha an bhóthair.

Cuirfidh gathanna iontrála do gach forbairt seachas teaghais aonair, gathanna bóthair phoiblí/acomhail fhorbartha ar fáil de réir Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid NRA (DMRB) leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Beidh gathanna inmheánacha laistigh d'fhorbairtí cónaitheacha ar íosmhéid 6m.

Beidh bóithre rochtana inmheánacha deartha agus tógtha de réir Moltaí d'Oibreacha Forbartha ar Láthair do Cheantair Tithíochta agus Lamhleabhar Dearaidh, Comhairle Contae Dhún na nGall.

Ní bheidh rochtain ar chabhsán suite ag béal acomhail ná laistigh de dhá uair ga an cholbha ar mhionbhraisí acomhail.

2.5 **Uisce Dromchla agus Draenáil ar Thaobh an Bóthair**

Déanfar draenáil cois bóthair atá ann cheana a chothabháil agus cuirfear silteáin uisce dromchla bóithre nó córas oiriúnach malartach ar fáil chun déileáil le rith chun srutha ón mbóthar poiblí. Beidh an bealach isteach deartha le sceitheadh uisce ón láithreán amach ar an mbóthar poiblí nó ar chosán a chosc. De rogha seolfar córais uisce dromchla ar bhealach le sceitheadh a dhéanamh i sruthchúrsa oiriúnach a bhfuil ar a chumas an méid mheasta uisce a thógáil (ní spreagar sloic shúite de ghnáth). Beidh córais draenála deartha go hiomlán go dtí an sruth éalaithe deiridh ag oibreacha bóthair uile atá beartaithe agus áireofar iontu córais mhaolúcháin nuair is gá, go háirithe ar láithreáin ghéara nó ag sruthanna éalaithe a d'fhéadfaí a mheas go raibh siad lán nó gar dó.

2.6 **Spré Léargais ag Acomhail/Bealaí Isteach go dtí Láithreán**

Cuirfear spré léargais ag acomhail agus ag bealaí isteach go dtí láithreán de réir tábla 03 Aguisín 3 nó tábla 04 Aguisín 3, mar is cuí.

2.7 **Aischur Bóthair**

Déanfar aon damáiste do bhóithre poiblí a tharlaíonn de bharr forbartha a dheisiú chun sástacht na Comhairle Contae, nuair a mheastar é a bheith riachtanach, d'fhéadfadh go mbeadh urrús airgid thirim riachtanach chun deisiú sásúil an damáiste a ráthú.

2.8 I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh go mbeadh an gréasán bóithre easnamhach ina chumas iompair agus d'fhéadfadh go mbeadh sé cuí an fhorbairt a éascú faoi réir ceanglais go ndéanadh an Chomhairle oibreacha treisithe bóthair ar chostas an fhorbróra. Ina leithéid de chúinsí déanfar ranníocaíocht forbartha a thobhach nó i gcúinsí cuí d'fhéadfaí coinníoll a leagan síos ag éileamh go ndéanadh an forbróir na hoibreacha go dtí sonraíochtaí na Comhairle, lena n-áirítear slánaíocht na Comhairle.

Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta

2.9 **An tUasmhéid Grádáin inghlactha ar an mbealach isteach go dtí bóthar poiblí**

Is léiriú é an tábla thíos ar na huasghrádáin a cheadaítear ar bhóithre – tagair do NRA DMRB le tuilleadh mionsonraithe a fháil:

Tábla 2 Aguisín 3: Bóithre Tionsclaíocha/Cónaitheacha Inmheánacha

	Pointe Rochtana	An chuid gar do Bhóthar Poiblí	Uasghrádán bóthair inmheánaigh
TD41-42/09/ DN-GEO-03043	Rochtain Dhíreach	15m @ 2.5%*	Grádán 10%
	Rochtain Aonair **	15m @ 2.5%	


* féadtar é a mhaolú go ceantar moillithe 10m agus 4% i gcúinsí deacra

** féadtar é a mhaolú go ceantar moillithe 5m agus 4% i gcúinsí deacra

2.10 Amharclínte

Amharclínte ag acomhail le Bóithre Poiblí Nach Bóithre Náisiúnta iad: Cuirfear spré léargais buan ar fáil chun cur ar chumas tiománaithe atá ag teacht amach agus an rochtain dhíreach in úsáid acu léargas leordhóthanach a bheith acu i ngach treo le trácht ina gcoinne a fheiceáil sách luath le go ndéanfaidís a n-ionramháil go sábháilte gan tionchar a imirt ar an luas tráchta ar an mórbhóthar. Beidh Amharclínte ag acomhail leis an mBóthar Poiblí nach Bóthar Náisiúnta é i gceantair thuaithe lasmuigh de chrios teorann luais 60kph de réir an achair stoptha súil a leagtar amach faoi Tábla 04 Aguisín 3 agus de réir Fíor 02 Aguisín 3 nó 03 Aguisín 3, mar is cuí. Féadtar athrú ó na riachtanais i dTábla 03 Aguisín 3 / Tábla 04 Aguisín 3 a bhreithniú ar dheimhniúchán ó Dhearthóir an Iarratasóra le bheith deartha agus tógtha de réir NRA DMRB / DMURS mar is cuí. Léiríonn an léaráid seo a leanas an modh ina ndéanfar an clúdach láithreáin a ríomh agus a chur i láthair do gach iarratas pleanála, cé is moite de bhóithre uirbeacha áit a bhfuil srianadh ar scoitheadh.

Fíor 2 Aguisín 3: Tomhas do Spré Léargais [achair X & Y]



Sainmhíniú ar achair 'X' agus 'Y'

Tagraítear d'achair 'X' mar an t-achair slánachair agus déanfar é a thomhas ón síneadh den chiumhais is gaire do lána reatha an mhórbhóthair (ciumhais na marcanna ar an gcarrbhealach agus ní ar an


stráice cruais) feadh lárline na rochtana díre. Sa chás go leanann an ghualainn chrua ar an mórghóthar ar aghaidh trasna líne na rochtana díre, déanfar an t-achar 'X' a thomhas ó chúil na gualainne cruais.

Is éard atá in achar 'Y' an t-amharclíne is íosta a cheadaítear agus déanfar é a thomhas ó phointe ar an gciumhais is gaire ar lána reatha an phríomhbhóthair go dtí an crosbhealach le líne láir an bhóthair rochtana.

Do bhóithre uirbeacha áitiúla agus réigiúnacha, áit a gcoshtar scoitheadh le líne bhán gan briseadh, d'fhéadfaí go gceadófaí maolú chun an spré léargais a thomhas ar an taobh clé den ciumhais ar clé do thrácht ag teacht ina gcoinne, agus ní ciumhais neastaoibh an bhóthair; Féach Fíor 03 Aguisín 3.

Fíor 3 Aguisín 3: Spré léargais malartach do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tuaithe áit a bhfuil cosc ar scoitheadh (foinse: DMURS).

Tagraíonn spréití léargais ar aghaidh do luach X agus Y. Ceadáíonn an luach X do thiománaithe trácht ar an mbrainse atá ag dul trasna a fheiceáil. Ceadáíonn luach Y do thiománaí feithicle stopadh go sábháilte dá dtagadh aon ní roimhe agus tá sé seo bunaithe ar luach SSD.



Tábla 3 Aguisín 3: Amharclínte ag pointí rochtana ar Bhóithre Tuaithe nach Bóithre Náisiúnta iad, lasmuigh de chrios teorainn luais 60kph

Amharclínte ag rochtain ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad				
DMRB - Ref	Cineál Rochtana	Luas Kph	Achar Y Méadair	Achar X Méadair
TD 41- 42/09 Table 7.1/DN- GEO-03043	Ilochtain	42	50	3m*-9m**
	Ilochtain	50	70	3m*-9m**
	Ilochtain	60	90	3m*-9m**
	Ilochtain	70	120	3m*-9m**
	Ilochtain	85	160	3m*-9m**
	Ilochtain	100	215	3m*-9m**
	Rochtain Aonair		Ag brath ar an teorainn luais thuas	2.4m

* Nuair atá comhartha stop curtha in airde ag acomhal

** Nuair atá an comhartha géill slí curtha in airde ag acomhal

Tábla 4 Aguisín 3: Achair Stoptha Amhairc do Cheantair Uirbeacha laistigh de chrios teorann luais 60kph (SSD).

Caighdeáin laghdaithe SSD d'iarratas laistigh de chathracha, bailte agus sráidbhailte. Méadaíonn léargas laghdaithe ar aghaidh cúram an tiománaí agus laghdaíonn luasanna feithicle.

SSD STANDARDS			
Design Speed (km/h)	SSD Standard (metres)	Design Speed (km/h)	SSD Standard (metres)
10	7	10	8
20	14	20	15
30	23	30	24
40	33	40	36
50	45	50	49
60	59	60	65
Forward Visibility		Forward Visibility on Bus Routes	

(Foinse: DMURS)

2.11 Slánachar a Thógáil ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Teastóidh íos-slánachar de 25m ó lár líne carrbhealaigh ar Bhóithre Réigiúnacha agus 15m ó lár líne carrbhealaigh ar Bhóithre Áitiúla. Sa chás go bhfuil foirgnimh atá ann cheana tar éis líne tógála bunaithe a fhoirmiú, féadfaidh foirgnimh nua an líne thógála bunaithe a leanúint agus d'fhéadfadh nach mbeadh an slánachar beartaithe ag teastáil.

2.12 Achar Stoptha Amhairc

Beidh íos-achair stoptha amhairc ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad i gceantair thuaithe lasmuigh de chrios teorann luais 60 kph de réir Tábla 05 Aguisín 3 thíos. Féadtar maolú ó na riachtanais i dTábla 05 Aguisín 3 bhreithniú ar dheimhniú ó dhearthóir an iarratasóra le bheith ceaptha agus tógtha de réir NRA DMRB.

Tábla 5 Aguisín 3: Achair Stoptha Amhairc

Luas Deartha (km/h)	100	80	70	60	50
Achar Stoptha Amhairc (m)	215	160	120	90	70

DMRB tag TD 9/07 / TII DN-GEO-03031

3 Páirceáil

Tábla 6 Aguisín 3: Caihdeáin Pháirceála Carranna

Forbairt	Páirceáil Carranna	Páirceáil Rothar (lín na seastán)
Teaghaisí/ Cónaitheacha		
Teach cónaithe	2 in aghaidh na teaghaise 1.5 in aghaidh an Tí Sraithe	Ní chuirtear aon cheann ar fáil má tá rochtain ón taobh amuigh ar ghairdín/clós cúilseachas sin 1 ceann an t-aonad.
Árasán dhá urlár (aonad teaghaise ar an urlár uachtarach)	2 in aghaidh na Teaghaise	1 seastán clúdaithe an t-aonad
Árasáin	1.25 do Sheomra Leapa Amháin 1.5 do Dhá Sheomra Leapa 1.75 do Thrí Sheomra Leapa	1 seastán clúdaithe an t-aonad
Carbháin/Teach Soghluaiste	1 spás do Charbhán/Teach Soghluaiste	
Siopaí/Miondíol		
Siopaí/Miondíola Bia	1 an 20m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí Móide páirceáil d'Fheithiclí Seachadta	Íosmhéid 2 an t-aonad. 1 an 500m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí 1 an 250m ² d'achar urláir

Forbairt	Páirceáil Carranna	Páirceáil Rothar (líon na seastán)
		atá inrochtana go poiblí ina dhiaidh sin
Siopaí/Miondíola Neamhbhia	1 an 25m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí Móide Páirceáil d'Fheithiclí Seachadta	1 an100m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí 1 an500m ² d'achar urláir atá inrochtana go poiblí ina dhiaidh sin
Miondíol Earraí Toirtiúla	1 an 35m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí Móide Páirceáil d'Fheithiclí Seachadta	Íosmhéid 2 an t-aonad 1 an 500m ² d'achar urláir atá inrochtana go poiblí
Oifigí agus Seirbhísí Profaisiúnta		
Oifigí agus Seirbhísí Airgeadais/Profaisiúnta agus eile chun freastal ar dhaoine den phobal go háirithe	1 an 30m ²	1 an 100m ²
Stóráil nó Dáileadh Tionsclaíoch/Tionsclaíoch Éadrom		
Tionsclaíoch Crua	Measúnaithe ar fhiúntais aonair ag féachaint do líon na n-oibrithe, patrúin oibriúcháin agus gaireacht d'iompar poiblí ach íosmhéid 1 an 2 fhostaí	Measúnaithe ar fhiúntais aonair ag féachaint do líon na n-oibrithe, patrúin oibriúcháin agus gaireacht d'iompar poiblí ach íosmhéid 1 an 10 fhostaí
Tionsclaíoch Éadrom	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Trádstóráil	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Óstáin/Brúnna/Tithe Aíochta		
Óstáin/ Tithe Aíochta (Gan Tábhairní, Bialanna agus Seomraí Ócáide san áireamh)—le ríomh ar leithligh.	1 an seomra leapa Móide 1 spás an 10 Seomra Leapa Carrpháirceáil Foirne Móide Páirceáil d'Fheithiclí Seachadta	1 an 10 Seomra Leapa le híosmhéid 2 sheastán
Brúnna	1 spás an 5 leaba	1 an 20 Leaba le híosmhéid 2 sheastán.
Bialanna agus Beir Bia Leat		
Bialann	1 an 9m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí	1 an 100m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí
Beir Leat (Cúntar Beir Leat laisitigh de bialanna san	Íosmhéid 5 spás suas go 30m ² d'achar urláir inrochtana go poiblí	1 an Beir Leat

Forbairt	Páirceáil Carranna	Páirceáil Rothar (líon na seastán)
áireamh)	agus 1 an 10m ² ina dhiaidh	
Bunaíochtaí Oideachais/Cúram Leanaí		
Scoileanna- Bunscoil agus Meánscoil	1.5 an seomra ranga	2.5 an seomra ranga
Coláistí Tríú Leibhéal/ Saoráidí Eile Oideachais - Poiblí/Príobháideach/Aosach agus Breisoideachas	5 an seomra ranga	4 an seomra ranga
Saoráidí Cúram Leanaí	1 an fostaí móide 0.25 spás an páiste (mar a shainítear ag uasmhéid na leanaí a cheadaítear don spás urláir atá leagtha síos i Rialacháin Cúram Leanaí an Rialtais)	1 an 5 fostaí
Saoráidí Cúram Sláinte		
Ionaid Sláinte, Clinic Dochtúra, Cleachtóirí Cúram Sláinte, Fiaclóirí, Clinicí Tréidlianna etc	3 an seomra comhairliúcháin Móide spás tiomnaithe d’otharcharr ag ionaid sláinte Móide spás leordhóthanach ionramhála/casadh ag clinic tréidlianna d’ainmhithe móra.	1 an seomra comhairliúcháin
Tithe Altranais	1 an fostaí ar diúite 1 an leaba/seomra do pháirceáil carranna cuairteoirí Móide páirceáil d’Fheithiclí Seachadta	1 an 5 fostaí
Ospidéal	1 spás an dochtúir nó lia comhairleach 2 spás an 3 den fhoireann altranais 1 spás an 3 leaba 3 spás an seomra comhairliúcháin othair sheachtraigh Móide spás oibríochtúil do leorraithe leis an tseirbhís otharchairr.	1 an 10 foirne
Sóisialta/Siamsaíocht		
Tithe Tábhairne gan seomraí damhsa	1 an 20m ² d’achar urláir inrochtana go poiblí	1 an 200m ² d’achar urláir inrochtana go poiblí.
Tithe Tábhairne/Clubanna Oíche/ionaid Cheoil le seomraí damhsa	1 an 20m ² d’achar urláir inrochtana go poiblí Móide láthair thuirlingte do 3 thacsaí	1 an 200m ² d’achar urláir inrochtana go poiblí.

Forbairt	Páirceáil Carranna	Páirceáil Rothar (lín na seastán)
	agus dhá áit pháirceála do bhusanna ag láithreáin nach bhfuil i lár baile.	
Sóisialta/Reiligiún/Comhthionól		
Seomraí Ócáide/Ionaid Chomhdhála	1 an 10m ² Móide láthair thuirlingte do thacsaithe/feithiclí eile agus páirceáil bus tiomanta nuair is cuí ag láithreáin neamhlár baile.	1 an 200m ²
Pictiúrlann	1 an 5 suíochán	1 an 200m ²
Amharclann	1 an 5 suíochán	1 an 200m ²
Séipéal	1 an 5 suíochán	1 an 200m ²
Saoráidí Pobail/Spóirt		
Leabharlanna	1 an 50m ²	Íosmhéid 5 spás
Músaem	1 an 100m ² móide páirceáil do bhusannaar shuíomhanna neamhlár baile	Íosmhéid 5 spás
Halla Spóirt	1 an 50m ² móide páirceáil do bhusanna	Íosmhéid 5 spás
Club Spóirt/Páirceanna Igeartha	30 an Club Spóirt/an Phríomhpháirc Igeartha Déanfar iarratais do chlubanna spóirt agus páirceanna spóirt níos mó le saoráidí lucht féachana tiomanta a mheas ar a bhfiúntas féin.	Íosmhéid 5 spás

- 3.1 Ba chóir na caighdeáin thuas a léamh i gcomhar leis na beartais bainteach le Páirceáil atá sa chaibidil ar Iompar. NB – agus riachtanais charrpháirceála á measnú, éileoidh an Chomhairle go ndéanfar céatadán de na spásanna atá le cur ar fáil a leithdháileadh mar phointí luchtaithe d’fheithiclí leictreacha de réir dea-chleachtais (tagair do Bheartas T-P-13).
- 3.2 Beidh comhionannas idir na spásanna urláir atá liostaithe thuas agus an spás urláir glan den fhorbairt bheartaithe, mura luaitear a mhalairt.
- 3.3 Déanfar gach togra eile do chineálacha forbartha nach bhfuil liostaithe thuas a mheasnú ag féachaint do thréithe sonracha na forbartha, lena n-áirítear: lín na bhfostaithe, uaireanta oibre, suíomh agus gaireacht d’iompar poiblí etc.
- 3.4 Déantar limistéir charrpháirceála a thírdhreachú agus a phlandú le crainn chun a dtionchar amhairc a íoslaghdú nuair is cuí.

- 3.5 Lorgóidh an t-údarás pleanála ranníocaíochtaí airgeadais in áit spásanna páirceála de réir na Scéime Ranníocíochta Forbartha reatha nuair
- Nach féidir leis an bhforbróir na spásanna riachtanacha a chur ar fáil go héasca.
 - Is mian leis an gComhairle carrchlós atá lonnaithe go lárnach a fhorbairt agus ní líon de charrchlósanna aonair. Léireoidh an ranníocaíocht de réir spáis costas an spáis mhalartaigh sin a fhorbairt.
- 3.6 Beidh an Chomhairle réidh le comhaontaithe airígh a dhéanamh le úinéirí talún/úinéirí réadmhaoine chun páirceáil do charranna a chur ar fáil i mbailte:
- Trí na tailte a aistriú isteach ina charrchlós sealadach (do thréimhse 5 bliana ar a laghad de ghnáth).
 - Faoin mbeartas seo, féadtar tailte buailte ar a chéile ar le úinéirí talún difriúla iad (tailte cúil) a chomhlánú, le toil na gcomhpháirtithe, in aon charrchlós aonair amháin.
 - In this policy, adjoining lands owned by different landowners (back lands) may, by agreement with the parties, be aggregated into one single car park.

Tábla 7 Aguisín 3: Toisí Bánna Páirceála agus Luchtaithe

TOISÍ BÁNNA PÁIRCEÁLA AGUS LUCHTAITHE	
Bá páirceála do charranna	5m x 2.5m
Limistéir Chúrsaíochta	6m
Bá Luchtaithe	Deartha agus tomhastha d’Fheithiclí Seirbhíse chuí

4. Measúnacht Tionchair Teanga

4.1 Ullmhú Measúnacht Tionchair Teanga

- Maidir le cásanna ina mbeidh ceanglas ar chead ar bith gur ionann céatadán na n-aonad a bheidh le háitriú ag cainteoirí Gaeilge agus an céatadán de chainteoirí Gaeilge laistigh de DED (bunaithe ar na sonraí daonáirimh is deireanaí atá ar fáil) an láithreáin iarratais (faoi réir íosmhéid 20%), agus nuair is codán den iomlán iad líon na n-aonad, ansin déanfar an líon a chothromú go dtí an slánuimhir is gaire.
- Beidh an struchtúr do Mheasúnacht Tionchair Teanga mar seo a leanas:
 - Cur síos ar an bhforbairt agus ar an gceantar.
 - Anailís ar shonraí an daonáirimh (CSO), agus úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil sa cheantar.
 - Anailís ar bhonneagar sóisialta an cheantair áit ar féidir úsáid na Gaeilge agus a héifeacht chultúrtha a léiriú, mar shampla sna meáin, sna scoileanna, i saoráidí spóirt, saoráidí/ionaid Ghaeilge, gnólachtaí, comharthaíocht.
 - Tátail agus léiriú bearta maolaithe ionchasacha a áit a léirítear tionchair diúltacha.

5 Forbairt Tionscail agus Tráchtála

- 5.1 Beidh gach togra forbartha tráchtála agus tionsclaíoch faoi réir ag cúrsaí timpeallachta agus gach cúrsa pleanála eile agus beidh siad lonnaithe agus deartha de réir Treoirínte agus Caighdeáin NRA, DMRB, EPA agus aon fhoilseacháin dá leithéid sa todhchaí.
- 5.2 Ceanglófar go gcuirtear tírdhreachú, agus i gcásanna iomchuí, criosanna maolánacha idir úsáidí difriúla ar fáil. Cuirfidh forbróirí sciath éifeachtach ón mbóthar poiblí nó ó cheantair chónaitheachta ar fáil nuair is cuí.
- 5.3 Beidh gach ceantar seirbhíse lonnaithe go hiomlán laistigh de chúirtealáiste an láithreáin le spás ionramhála leordhóthanach agus bealach oiriúnach rochtana ar an mbóthar poiblí á chur ar fáil.
- 5.4 Déanfar gach ábhar dramhaíola a stóráil ar chúl na bhfoirgneamh i gcúinsí sábháilte timpeallachta agus beidh siad ceilte ó radharc an phobail.
- 5.5 Beidh an dramhaíl uile stóráilte ar bhealach lena chinntiú nach silfidh rith chun srutha isteach sa chóras draenála uisce dromchla.
- 5.6 Baileofar gach rith chun srutha ó cheantair bhundaithe agus déanfar é a dhiúscairt ar leithligh ó dhraenáil uisce dromchla.
- 5.7 Beidh gach pointe nasctha breosla nó pointe sceite comhchosúil bundaithe tar-rollta.
- 5.8 Beidh an duchtáil uile (poiblí agus príobháideach) deartha agus suiteáilte faoi réir 'Moltaí d'Oibreacha Cábla Teileachumarsáide faoi Thalamh – Do Scéimeanna Bóithre, Cónaitheacha agus Tráchtála'. DCNR

6 Fuinneamh Gaoithe

- 6.1 Déanfar tograí fuinnimh ghaoithe a scagadh do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnú Cuí do thionchair ionchasacha an togra ar an óst-timpeallacht. Sa chás nach dteastaíonn EIA ón bhforbairt ansin ba chóir Tuarascáil Timpeallachta a ullmhú.
- 6.2 Ba chóir seo a leanas a bhreithniú freisin in ullmhú tograí fuinnimh ghaoithe:
 - Measúnacht gheolaíoch ar an gceantar.
 - Measúnacht gheoiteicniúil ar an sraith uachtair agus ar an mbuncharraig.
 - Measúnacht ar flora agus fauna áitiúil agus imirceach.
 - Measúnacht Chobhsaíochta Móna chun féidearthacht brúchtadh portaigh nó sciorradh talún a chinneadh.
 - Measúnacht ar thionchair amhairc ionchasacha.

- 6.3 Ní chóir go mbeadh aon chlaí ar aon chuid den láithreán seachas thart ar fhorbairtí coimhdeacha mar fho-stáisiúin.
- 6.4 Ba chóir go mbeadh gach nasc cábla greille laistigh den láithreán leagtha faoin talamh.
- 6.5 **Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghnéithe Áirithe den Bheartas Fuinnimh Ghaoithe**

Le hOrdú arna dhéanamh an 5^ú lá de Shamhain 2018 in imeachtaí ar a raibh Uimhir Thaifid 2018/533JR idir Planree Limited, an tIarratasóir, agus Comhairle Contae Dhún na nGall, an Freagraí, ordaíodh go ndéanfaí forálacha áirithe de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 – ba iad sin Cuid 6.5(c) agus (f) de na caighdeáin Fuinnimh Ghaoithe atá i Roinn B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla agus Léarscáil 8.2.1 mar atá i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 mar atá foilsithe – a scriosadh agus/nó a bhaint ó Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024. Ba cheart an Plean Forbartha a léamh i bhfianaise an Ordaíthe atá i gceist, ar feitheamh aon athraithe a d'fhéadfaí a dhéanamh air amach anseo.

(Níl anseo ach nóta míniúcháin agus níl sé mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024)



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Caithfidh tuirbíní gaoithe na riachtanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sna Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe 2006 de chuid an DEHLG a chomhlíonadh, nó aon Treoirlínte gaolmhara ina dhiaidh sin agus anuas air sin ní chóir go mbeidís lonnaithe:

- I gcrios tionchar amhairc (ZVI) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.
- Sa chrios tionchair/ruthag eitilte ag Aerfort Dhún na nGall.
- I gceantair atá aitheanta mar shuíomhanna nach mbeadh glacadh le forbairt feirme gaoithe iontu mar a aithnítear ar léarscáil 8.2.1, caibidil 8 den Phlean Forbartha Contae 2018-2024.
- I Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) ná Limistéir Chosanta Speisialta (SPAanna)
- Sna 6 abhantrach Diúilicín Péarla Fionnuisce (I.R. 296 de 2009) atá le fáil i bPleananna Bainistíochta Abhantraí na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce maidir leis an gCláidigh, Eske, Glaskeelin, Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia .
- I slánachar atá deich n-uaire níos mó ná achar bharr na dtuirbíní beartaithe ó mhaoin chónaithe agus ó ionadh eile a bhfuil cónaí ag daoine iontu. A set back distance of ten times the tip height of proposed turbines from residential.

6.6 Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha: Crios Tionchair Amhairc

Sainmhíniú:-

Cuimsíonn nádúr amhairc agus timpeallachta Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha méid gheografach na páirce agus a garphurláin. Níor chóir glacadh ó léirmhíniú ar chur chun feidhme an bheartais ábhartha go mbaineann sé le tailte a raibh nasc amharc nó fisiciúil teoranta acu leis an bpáirc. Tá an dualgas ar an iarratasóir méid an tionchair ionchasaigh a bheadh ag forbairt fuinnimh ghaoithe bheartaithe ar an bPáirc Náisiúnta a léiriú.

Ionaid a Bhfuil Cónaí Iontu:

Sainmhíniú:-

Cuimsíonn 'Ionaid a bhfuil Cónaí Iontu' scoileanna, ospidéal, eaglaisí, foirgnimh chónaithe nó foirgnimh a úsáidtear do thionóil phoiblí.

7 Carbhán agus Campáil

- 7.1 Ba chóir aird chúí a thabhairt ar an dearadh agus ar thírdhreachú na páirce agus béim ar leith ar na ceantair fáilte agus ar an mbealach isteach.
- 7.2 Uasdlús 50 carbhán an heicteár (20 acra).
- 7.3 Íosmhéid 8m idir gach áit carbhán agus íosmhéid 9m idir gach áit carbháin agus aon déanmhas buan. Teastóidh spás breise nuair a dhéanfar carr a pháirceáil le taobh carbháin.
- 7.4 Íosmhéid 30m idir aon áit carbháin agus an bóthar poiblí nó 15m má chuirtear sciath oiriúnach ar fáil móide íosmhéid 3m idir aon áit carbháin agus carrbhealaí láithreáin.
- 7.5 I gcás nach bhfuil soláthar ar fáil caithfear foinse malartach uisce óil a chur ar fáil chun sástachta na Comhairle Contae, i.e. a cheadóidh 136 líotar (30 gal) sa lá an áit carbháin.
- 7.6 Ba chóir hidrant dóiteáin a chloínn le BS750 a chur ar fáil ar láithreán uasmhéid 100m ón áit carbháin is faide ar shiúl. Ba chóir go mbeadh an hidrant nasctha le príomhphíobán le trastomhas d'íosmhéid 100mm. Forálfar do sholáthar uisce sreafa dóiteáin de 2000 líotar an nóiméad a d'fhéadfaí a choinneáil ar feadh 30 nóiméad ag an am céanna le buaicéileamh laethúil. Mura mbíonn aon sreabhadh oiriúnach uisce nó foinse ar fáil, féadtar stóráil a chur ar fáil. Cuirfear pointe dóiteáin agus spóil píobán dóiteáin ar fáil laistigh de 30m d'áit carbháin ar bith.
- 7.7 Cuirfear soilsíú ginearálta ar fáil agus déanfar é a chothabháil go mbeidh bail mhaith i gcónaí air do gach foirgneamh, carbhán, bealach isteach, agus bealach amach agus bóithre a úsáidtear do chúrsáil inmheánach.

8 Stáisiúin Líonta Peitрил

- 8.1 Beidh feidhm le seo a leanas maidir le stáisiúin líonta peitрил nua:
 - Nuair is cuí, tógfar balla íseal, thart ar airde 0.6m feadh éadanas bóthair i gcomhar le bearta chun soláthar d'ímfhálú agus do shlándáil leordhóthanach áitreabh lasmuigh d'uaireanta oibriúcháin.
 - Déanfar soláthar d'uasmhéid 2 pointe rochtana bóthair a dhearfá agus a thógfa de réir na NRA DMRB / DMURS, mar is cuí. Cuirfidh an t-iarratasóir doiciméad isteach a léiríonn comhlíonadh na NRA DMRB / DMURS mar chuid den iarratas pleanála.
 - Ní bheidh aon chomharthaíocht fógraíochta nó tráchtála ina bac ar léargas thar pointe rochtana an láithreáin nó an teorainn tosaigh/ballaí sciatháin.

- 8.2 Ceadófar siopa le achar urláir suas le 100 méadar cearnach glan nuair atá sé i gcomhcheangal le stáisiún líonta peitрил. Nuair a lorgaítear spás miondíola glan sa bhreis ar 100 méadar cearnach beidh feidhm leis an gcur chuige seicheamhach d'fhorbairt dá leithéid.
- 8.3 Chun cumas iompair bealaí straitéiseacha a chosaint, ní bhreithneofar stáisiúin líonta peitрил nua a mbíonn rochtain díreach uathu ar bhealaí dá leithéid, lasmuigh den teorainn luais 60kph. Beidh feidhm leis an mbeartas seo ar an ngréasán bóithre straitéiseacha a bhfuil léarscáiliú déanta air sa Chaibidil Iompair.

9 Comharthaíocht

Féadfaidh comharthaíocht fógraíochta tionchar suntasach a bheith aige ar chuma amhairc agus ar nádúr ceantair agus mar sin is sprioc de chuid na Comhairle é a chinntiú go bhfuil aon chomharthaíocht dá leithéid deartha agus lonnaithe ar bhealach a chomhtháthaíonn go héifeachtach laistigh den timpeallacht óstach. Go ginearálta, ba chóir do chomharthaí cur le gnéithe ailtireachta foirgneamh agus gan ró-líonadh a dhéanamh ar shráid-dreacha. Thairis sin, ba chóir go mbeadh comharthaí deartha chun gníomhaíocht pobail, gnó agus miondíola a spreagadh ar bhealach a chuireann leis an eispéreas cuairteora, coisí agus a sheachnaíonn aon tionchair dhíobhálacha ó thaobh sábháilteachta tráchta.

- 9.1 Is beartas de chuid na comhairle é gan ach Comharthaíocht Threoch a cheadú ar an ngnó/forbairt is ábhar, nó i gcomharsanacht láithreach príomhacomhal go dtí an gnó/an fhorbairt is ábhar nuair atá sé:
- Treoch amháin ó thaobh cineáil;
 - Ar scála cuí dá feidhm treoch agus a suíomh óstach. I gceantair thuaithe beidh comharthaí ar scála measartha.
- 9.2 Is beartas de chuid na Comhairle é gan ach Comharthaíocht Fógraíochta ghinearálta a cheadú ar/laistigh de chúirtealáiste gnó/forbartha nó laistigh d'ionaid sainmhínte so-aitheanta gach creatcheantar lonnaíochta.
- 9.3 Is beartas de chuid na Comhairle é gan ach Comharthaíocht Eolais/Léirmhínte Ginearálta de nádúr neamhthráchtála a cheadú ar leataobhanna, páirceanna, carrchlóis phoiblí, pointí amhairc nó pointí eile nó ceantair a bhfuil suntas stairiúil, geografach, eolaíoch, liteartha nó ailtireachta ag baint leo.
- 9.4 Is beartas de chuid na Comhairle é gan ach comharthaíocht Ainm/Fáilte a cheadú don Chontae, do Bhaile/Sráidbhaile nó do Cheantar Geografach Sonrach (lena n-áirítear do bhlandaí turasóireachta sonrach go geografach) do phointí iontrála go dtí an contae, an baile/sráidbhaile ábhartha nó ceantair gheografacha (e.g. Bealach Féich/Srath an Urláir, An Ghaeltacht, Leithinis Fhánada etc.) áit arbh é ainm/suaitheantas an chontae, an bhaile/sráidbhaile áirithe nó branda turasóireacht an ghné cheannasach más cuí.
- 9.5 Is beartas de chuid na Comhairle é gan an Chomharthaíocht do phríomhínte is díol spéise do Thurasóirí (e.g. Ionaid Oidhreachta, Músaeim, Ionaid Léirmhínte etc), Bealaí Turasóireachta, Saoráidí Pobail (e.g. ionaid phobail, saoráidí spóirt etc) nó Príomhshaoráidí Bonneagair nó Poiblí eile (e.g. Saoráidí páirceála, Postoifig, Ospidéal, Clinicí Sláinte, Leabharlanna, leithris phoiblí, láithreáin taitneamhachtaí sibhialta, aerfoirt etc) ar an bhforbairt is ábhar, ag na pointí iontrála go dtí an baile/sráidbhaile óstach, nó ag, nó i gcomharsanacht láithreach príomhacomhail a dhíríonn ar an bhforbairt is ábhar. Ag suíomhanna dá leithéid beidh

comharthaíocht d'ílsaoráidí/ nithe mealltacha curtha le chéile ar chomhartha aonair. Beidh comharthaíocht do Áiteanna/Bealaí a mbíonn tóir ag Turasóirí orthu donn agus bán. Beidh comharthaíocht do shaoráidí pobail/poiblí Dubh agus bán de ghnáth. Beidh comharthaíocht do pháirceáil carranna/iompar gorm agus bán den chuid is mó. Beidh siombail/lóganna ina ngné cheannasach ar chomharthaí dá leithéid. Beidh siombail de nádúr neamhthráchtála a Aithnítear go hIdirnáisiúnta ina ngné cheannasach de chomharthaí dá leithéid.

9.6 Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go ndéanfaidh gach togra comharthaíochta a leanas:-

- Ní chuirfidh sé isteach ar shábháilteacht ar bhóithre;
- Beidh Ardcháilíocht Amhairc aige ó thaobh dearaidh, datha agus ábhar;
- Beidh sé, de réir mar is cuí, ar scála/nádúr oiriúnach don fhoirgneamh is ábhar agus don timpeallacht óstach;
- Ní bhainfidh sé ón oidhreacht fhoirgnithe nó nádúrtha;
- Comhlíonfaidh sé beartais éadan siopaí atá leagtha síos i mBeartais Dearaidh Uirbeacha na Croístraitéise

9.7 Úsáid na Gaeilge i gComharthaíocht Phoiblí agus Ghnó/Phobail

- Cloífidh gach comharthaíocht a chuirfidh comhlachtaí poiblí in airde le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004, Rialacháin Chomharthaíochta I.R. Uimh. 391 de 2008 agus an Lámhleabhar um Thrácht ar Bhóithre maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chineálacha éagsúla comharthaíochta.
- Beidh gach comharthaíocht Ghnó/Phobail sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin nó Dhátheangach leis an nGaeilge ar dtús agus níos feiceálaí ná na teangacha eile a úsáidtear.
- Beidh gach comharthaíocht Ghnó/Phobail lasmuigh den Ghaeltacht Dhátheangach.

10 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi choimirce Oifig na nOibreacha Poiblí

O Faoi Úinéireacht Stáit

G Faoi Choimirce an OPW

Tábla 8 Aguisín 3: Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi choimirce an OPW

Séadchomhartha	Baile Fearainn	Uimh. Séadchomhartha	Stádas
Eaglais, Cros	An Ráith	23	O
Cloigtheach, Mainistir, Dhá Chros etc.	Toraigh	24	O
Eaglais, Cos Croise, Croscheann	Cluain Catha	25	O
Eaglais & Tobar, N. Aodha (MacBreacon)	An Baile Mór	139.01	O
Ionad Aithrí	An Caiseal	139.02	O
Teampall Cahan & Créfort	Málainn Bhig	139.03	O
Tuamaí Meigiliteacha & Imfhálú Cloiche	Málainn Mhóir	139.04	O
Dún Ghrianán Ailigh	An Cheathrú Riabhach	140	G
Caisleán Dhún na Gall	Dún na nGall	174	G
Mainistir Dhún na nGall (Proin.)	Glebe	175	O
Cros agus Leaca Charn Domhnach	Churchland Quarters	271	O
Caisleán na dTuath	Caisleán na dTuath	319	O
'Sean Chaisleán' nó 'Daingean Uí Dhochartaigh'	Tulach Armhaoile	435	G
Gallán	Pluc	453	G
Ciorcal Liag na Bealtaine, Gallán	Tops	463	O
Coimpléasc Muillte Arbhair & Lín	An Muileann Úr	639	O
Séipéal Naomh Mhuire, Séipéal Naomh Chonail	Inis Caoil (Port Nua)	658	O

11 Reiligí Stairiúla (faoi choimirce Chomhairle Chontae Dhún na nGall)

Tábla 9: Aguisín 3 Reiligí Stairiúla (faoi choimirce Chomhairle Chontae Dhún na nGall)

Ainm	Baile Fearainn	Uimhir RMP	Toghcheantar
An Carn, Peiteagó/Teampall Carna-gold	An Carn (Paiteagó ED)	DG105-003003-	Dún na nGall
Fionnúir	Fionnúir	DG106-007001-	Dún na nGall
Killaghtee	Beaugreen Glebe	DG098-013004-	Dún na nGall
Cill Ó mBaird/ Eadroim	Eadroim	DG099-001-	Dún na nGall
Seanmhainistir, Dún na nGall	Glebe (Dún na nGall ED)	DG093-013005-	Dún na nGall
Naomh Naille, Inbhear	Inbhear	DG098-005001-	Dún na nGall
Naomh Caitríona, na Cealla Beaga	Glebe (na Cealla Beaga ED)	DG097-015005-	Dún na nGall
Teightunney	Cloich Óir (An Charraig Bhuí ED)	DG107-073001-	Dún na nGall
Cloonbeg	Clonbeg Glebe	DG026-027001-	Na Gleannta
An Chluanaidh	An Chluanaidh (An Más ED)	DG064-007001-	Na Gleannta
Caisleán na dTuath	Caisleán na dTuath	DG026-024003-	Na Gleannta
Inis Caoil	Inis Caoi	DG064-003001-	Na Gleannta
Cill Chaisil	Cill Chaisil	DG073-013004-	Na Gleannta
Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	DG065-014003-	Na Gleannta
Cill Riáin	Cill Riáin Uachtarach	DG074-009007-	Na Gleannta
Kilteasney/Kiltiernan	Ardvally	DG083-001----	Na Gleannta
Kiltooris	Kiltooris	DG073-002001-	Na Gleannta
Machaire Gathlán	Machaire Gathlán	DG032-003001-	Na Gleannta
An Sean Reilg, Dún Fionnachaidh	An Chill (Dún Fionnachaidh ED)	DG015-017002-	Na Gleannta
An Ráith	An Ráith (Crosbhóthar ED)	DG025-029006-	Na Gleannta

Ainm	Baile Fearainn	Uimhir RMP	Toghcheantar
Teampall Cróine	An Tearmann	DG048-008003-	Na Gleannta
Tullaghbegley/Baile an Teampaill	Baile an Teampaill	DG025-042001-	Na Gleannta
Baile Ághaidh Chaoin	Baile Aghaidh Chaoin (Maineár Uí Chuinneagáin ED)	DG054-003001-	Inis Eoghain
Cluain Caoil	Cluain Caoil	DG012-002011-	Inis Eoghain
Cooley	Cooly	DG021-008001-	Inis Eoghain
Drumhaggart	Drumhaggart	DG039-012----	Inis Eoghain
Glebe, An Bheart	Caiseal Cúile	TBC	Inis Eoghain
An Ghráinseach	An Ghráinseach (An Bheart ED)	DG046-012001-	Inis Eoghain
Reilig Inse, Srath an Chaca	TBC	TBC	Inis Eoghain
An Lag (Cuid na bProtastúnach)	An Lag	DG004-005003-	Inis Eoghain
An Ráith/Ramoghey	Ramoghy	DG054-032001-	Inis Eoghain
Naomh Mura, Fathain	Glebe (Fathain Ed)	DG038-013004-	Inis Eoghain
An tSráid	An tSráid (An tSráid ED)	DG010-011001-	Inis Eoghain
Ard an Chrainn	Ard an Chrainn	DG030-014002-	Inis Eoghain
Achadh nUinseann	Cill Tuaidh	DG053-019001-	Leitir Ceanainn
Cluain tSalach /Míobhaigh	Cluain tSalach	DG016-004006-	Leitir Ceanainn
Conbháil	Conbháil	DG053-029007-	Leitir Ceanainn
Gartán	Baile an Teampaill (Gartán ED)	DG044-017007-	Leitir Ceanainn
Cill Mhic Réanáin	Cill Mhic Réanáin	DG045-010006-	Leitir Ceanainn
Killydonnell	Killydonnell	DG046-017001-	Leitir Ceanainn
Cill Gharbháin	Cill Gharbháin Íochtarach	DG028-033----	Leitir Ceanainn
An Leac	Droim na hUamha/An Seanbhaile	DG053-033004-	Leitir Ceanainn
An Seanmhainistir, Ráth Maoláin	Ráth Maoláin & Baile na Bó	DG037-007----	Leitir Ceanainn
Ráth Mealtain	Ráth Mealtain	DG046-005006-	Leitir Ceanainn

Ainm	Baile Fearainn	Uimhir RMP	Toghcheantar
(Tullyaughnish)			
Tulach Dhúghlaise	Tulach Dhúghlaise	DG052-019006-	Leitir Ceanainn
Tully	Tully More (Baile Áir ED)	DG045-004---	Leitir Ceanainn
Baile Uí Bhogáin/Baile an Teampaill	Baile an Teampaill (Cluain Lao Theas ED)	DG079-009001-	Srath an Urláir
Churchminister/Kilmonaster	Kilmonaster Íochtarach	DG070-044001-	Srath an Urláir
Cluain Lao	An tÉadan Mór (Cluain Lao Thuaidh ED)	DG071-002005-	Srath an Urláir
Baile Suingean	Baile Suingean	DG063-003002-	Srath an Urláir

12 Taifead na nDéanmhas Cosanta

Tá 474 déanmhas cosanta i gContae Dhún na nGall faoi láthair. Ach seoladh suirbhé Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Náisiúnta i gCaisleán Ghleann Bheatha i 2015 agus aithníodh 2228 déanmhas in iomlán a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta leo de bhun an tsuirbhé seo. Mar ar tugadh ar aird i gCuid 6.2 den Plean seo (Oidhrecht Fhoirgnithe), tá ag tAire ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag úsáid phróiseas an NIAH mar mheicníocht chun moltaí a dhéanamh le Comhairle Chontae Dhún na nGall le go gcuirfí déanmhais san áireamh ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta agus dá thoradh seo beidh na táblaí seo a leanas faoi réir athbhreithnithe sistéamaigh agus uasghrádaithe thar tréimhse an Phlean, chun taifid na hoidhreachta foirgnithe a chomhdhlúthú tuilleadh laistigh den chontae agus cosaint déanmhas d'fhiúntas oidhreachta ailtireachta a chinntiú.

Tábla10 Aguisín 3: Ceantar Bardasach na nGleannta

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40901501	Droichead Hornhead	Droichead bóthair spallaí cloiche dhá airse déag thar sruth taoideach a tógadh c.1800 le háirsí teascánacha spallaí cloiche; boghtaí, earainní, uchtbhallaí, teanntaí agus cabhsa ó dheas	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta	Réigiún	ATS
40901504	Eaglais Phreisbitéireach Dhún Fionnachaidh	Eaglais Phreisbitéireach aonstóir, cúig bhá, scoite le spuaic seach-churtha, a tógadh 1878; beistrí agus coire-theach ar chúl	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta	Réigiúnach	AGDSM
40901509	Séipéal na Tríonóide Naofa	Eaglais scoite aonstóir trí bhá de chuid Eaglais na hÉireann, c.1873, ar phlean L-chruthach le póirse isteach beannach starrach siar ó thuaidh, seomra innealra ar an taobh thiar agus beistrí ar an taobh thoir	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta	Réigiúnach	AIDM
40901512	Teach Dúchasach	Teach dhá stór dhá bhá leathscoite, le trí shíneadh aonstóir ó thréimhsí difriúla ar an taobh thiar	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta		
40901513	Teach an Reachtaire	Teach reachtaire Seoirseach trí stór trí bhá scoite le póirse isteach ón 19ú haois chun tosaigh sa lár agus síneadh aonstóir sa taobh thoir	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta	Réigiúnach	
40901514	Teach Victoiriach	Teach dhá stór trí bhá le póirse isteach chun tosaigh ina bhfuil	Dún Fionnachaidh	CB na nGleannta		

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
		fuinneog chrann chruinn d'airde dúbailte, a cuireadh leis c. 1880				
40901601	Teach na Foithre	Teach Plandála scoite dhá stór os cionn íoslaigh, cúig bhá, agus áiléar dormánta, tógtha c. 1630, póirse isteach starrach roimhe seo agus balla spallaí cloiche bábhúin le caisealóirí agus poill lámhaigh	An Fhothair, An Baile Mór, Port na Bláiche	CB na nGleannta	Náisiúnta	AGF
40902301	Teach Ceann Tuí	Teach ceann tuí aon stóir dhá bhá scoite c. 1910, síneadh bá aonair ar an taobh thiar a tógadh c.1930 agus síneadh trí stór soir. 1995	Bun na Leaca, Cnoc Fola	CB na nGleannta	Áitiúil	VM
40902401	Teach Ceann Tuí	Teach ceann tuí aon stóir ceithre bhá scoite le cró dhá stór dhá bhá buailte leis an taobh ó thuaidh, seid oscailte le balla ó dheas, cró cearc ó thuaidh, cuasán leapa ó thuaidh	Machaire Rabhartaigh, Gort an Choirce	CB na nGleannta	Réigiúnach	IVM
40902405	Séipéal Chríost Rí	Séipéal Caitliceach ceithre bhá scoite a tógadh 1952, culbhá go haltóir, taobhranna ísle ar an dá thaobh, gailearaí don chóir agus póirsí starracha isteach siar agus ó dheas; sacraistí sa chúinne thoir thuaidh agus seomra coire san íoslach thíos	Gort an Choirce	CB na nGleannta	Réigiúnach	AIP
40902501	Teach Beag Cloiche	Teach beag cloiche rindireáilte le dion scláta Roisín a tógadh c. 1880. Scioból dhá stór le céimeanna seachtracha ar an taobh ó thuaidh. Póirse starrach, cailleadh leapa agus gan aon oscailt d'fhuinneoga ar an aghaidh chló.	Ballyboe, Leitir Ceanainn.	CB na nGleannta	Réigiúnach	AHS
40902502	Teach Beag Cloiche	Teach beag cloiche aoldaithe cheithre bhá aon stóir le dion sclátaí roisín agus tithe amuigh ceangailte soir ó dheas.	Roisín, Dún Fionnachaidh, Leitir Ceanainn.	CB na nGleannta	Réigiúnach	AHS
40902503	Teach Beag Cloiche	Teach beag cloiche aon stóir aon seomra le tithe amuigh ceangailte ar an taobh thoir theas.	Baile Chonaill, Baile an Dún, An Fál Carrach, Leitir Ceanainn.	CB na nGleannta	Áitiúil	AHS
40902601	Séipéal Naomh Mhícheál	Séipéal Caitliceach scoite de dhéanamh Ronchampa tógadh 1970, agus baistealann, Séipéal na Naomhshacraiminte, póirse isteach, sacraistí, boscaí faoistine agus séipéal Mhuire ar an imlíne	An Craoslach	CB na nGleannta	Náisiúnta	AP

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40902611	Teach	Teach scoite dhá stór trí bhá a tógadh c. 1845 le sciatháin dhá bhá aon stóir ar cheachtar taobh agus inchásáil dorais starrach	An Caiseal, An Craoslach	CB na nGleannta	Áitiúil	S
40902615	Eaglais Naomh Eoin	Eaglais scoite aon stóir ceithre bhá de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh 1752, loca cloig ar bhinn iartharach, fuinneog Veinéiseach thoir, áiléar inmheánach, póirse le staighre siar agus beistrí beannach starrach sa chúinne thiar thuaidh	Naomh Eoin, Paróiste Chluain Dá Chorcach, An Baile Mór Íochtarach, An Craoslach	CB na nGleannta	Náisiúnta	AIPSM
40902619	Teach Beag Cloiche	Teach beag aon stóir aon seomra iarcheann tuí le seomra stórais ceangailte agus díon scláta roisín siar.	Ceathrú na Madaí, An Craoslach, Leitir Ceanainn.	CB na nGleannta	Áitiúil	AHS
40902620	Teach Beag	Teach beag cloiche rindireáilte dhá bhá dhá stór le póirse starrach agus ceangailte le sciobóil chun an iardheiscirt.	Ceathrú na Madaí, An Craoslach, Leitir Ceanainn .	CB na nGleannta	Áitiúil	AHS
40903210	Eaglais na Carraige Finne	Séipéal Cúnta aon stóir trí bhá scoite de chuid Eaglais na hÉireann le póirse isteach beannach, le loca cloig i lár taobh an iardheiscirt agus sacraistí starrach ó thuaidh, a tógadh go luath sa 19ú haois.	Eaglais Charraig Fhinn, An Charraig Fhinn, Loch Chionn Caslach, Leitir Ceanainn	CB na nGleannta	Réigiúnach	AHSM
40904202	Teach Dhún Lúiche	Teach scoite dhá stór trí bhá ón luath 19ú haois le póirse oscailte starrach, sciathán dhá stór cuasaithe soir, seomra billéardaí aon stóir trí bhá a bhfuil forbhallaí air thiar, sciathán dhá stór ó dheas agus dhá bháfhuinneog chuarach aon stóir siar	Teach Dhún Lúiche, Dún Lúiche, Gaoth Dobhair	CB na nGleannta	Réigiúnach	AGSM
40904203	Séipéal an Chroí Ró-Naofa	Séipéal Caitliceach aon stóir cúig bhá le cloigtheach, beistrí spuaice sa chúinne soir ó dheas agus altóir cúlbhách tógtha 1877	Moneybeo, Dún Lúiche	CB na nGleannta	Réigiúnach	APSM
40905603	Túr Comhartha	Túr faire an gharda cósta ó thréimhse Napoléon trí stór dhá bhá a tógadh c. 1810 le poill lámhaigh níos mó ag an dá chúinne soir agus i lár an ingearchló siar chun na farraige	Illy, Ceann na Cruaiche	CB na nGleannta	Réigiúnach	AHGS
40905802	Droichead na	Droichead bóthair thar Abhainn Ghaoth Beara i ndhá réise	Droichead na	CB na nGleannta	Réigiúnach	ATS

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
	Dúchorraidh	thaisceánacha stuacha le voussoirs clocha gearrtha, teanntaí eisléireachta corrógacha spallaí cearnógacha cóirithe agus uchthballaí spallaí cloiche. Earrainne mór agus leac eisléireachta starrach láraitheach, tógtha c. 1785	Dúchorraidh, An Dúchorraidh			
40906501	Séipéal Naomh Bríd	Séipéal Caitliceach scoite ar an stíl Ghotach a tógadh c. 1875 , meánlann sé bhá agus áiléar don chóir taobhstigh, póirse siar agus sacraistí soir, athchóirithe c. 1980	Maigh Dabhcha, Leitir Mac an Bhaird	CB na nGleannta	Réigiúnach	AI
40906502	Séipéal Paróiste Leitir Mhic an Bhaird	Eaglais scoite Seirseach-Ghotach de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh 1788, póirse isteach siar, loca cloig ar an mbinn thiar, beistrí sa chúinne soir o thuaidh	Mín an Ghaghann, Leitir Mac an Bhaird	CB na nGleannta	Réigiúnach	AGSM
40906503	Teach Glebe (Teach an Reachtaire)	Iartheach an reachtaire scoite dhá stór os cionn íoslaigh ar dhéanamh 'L' le díon gabhaléadain agus clós múrtha agus stáblaí dhá stór ar chúl.	Teach Glebe (Teach an Reachtaire), Glebe, Leitir Mac an Bhaird, Dún na nGall.	CB na nGleannta	Áitiúil	AHCS
40907301	Eaglais Chonaill Naofa	Eaglais scoite de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh in 1833, póirse ar an taobh thiar, loca cloig, saingeal agus beistrí soir, tógtha 1908	Ard an Rátha	CB na nGleannta	Réigiúnach	ASM
40907303	Séipéal an Teaghlaigh Naofa	Séipéal Caitliceach d'athnuachan Rómhanúil croschruthach a tógadh 1900 le crosclann dúbailte bheannach agus taobh-altóir, saingeal polagánach, cúlbhá, sacraistí agus imchásáil dorais bheannach ar phóirse starrach ag taobh thiar de chorp na heaglaise agus áiléar do chóir laistigh le gloine dhaite de chuid Evie Hone	Ard an Rátha	CB na nGleannta	Réigiúnach	AIP
40907304	The Central	Teach sraithe dhá stór cúig bhá a tógadh c. 1800, síneadh beannach le leithead an fhoirgnimh ar chúl, tábhairne ar urlár na talún sa bhá ar dheis a bhíodh ann, siopa anois sa bhá ar chlé ar urlár na talún	Ard an Rátha	CB na nGleannta	Réigiúnach	ASM
40907405	Eaglais	Séipéal scoite den stíl Seirseach Ghotach déanach de chuid Eaglais na hÉireann tógtha c. 1860 agus saingeal ar an taobh thoir a cuireadh leis c. 1880, túr a raibh forbhallaí air ar an	Na Gleannta	CB na nGleannta	Réigiúnach	AISM

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
		taobh thiar agus sacraistí soir ó dheas				
40907406	Teach Cúirte na nGleannta	Teach cúirte dhá stór cúig bhá os cionnóslaigh a tógadh 1840-43, éadan Eisléireach air agus bánna starracha ar bhánna cinn	Teach Cúirte na nGleannta, Na Gleannta	CB na nGleannta	Réigiúnach	AIPSM
40907407	Séipéal Naomh Conaill	Séipéal Caitliceach scoite aon stóir naoi mbá a tógadh c. 1975, díon mór monachlaonta air	Na Gleannta, Dún na nGall	CB na nGleannta	Réigiúnach	ATIP
40907430	The Laurels	Teach dúchasach scoite cúig bhá aon stór, tógadh c. 1870, ina bhfuil lochta arna rochtain trí staighre inmheánach, céimeanna taobh amuigh go dtí an bhinn thoir le seomra céad urlár a rochtain, cailleadh dhá bhá ag an chúil	Gort na Muclach Na Gleannta Contae Dhún na nGall	CB na nGleannta	Náisiúnta	ASC
40908101	Teag Beag Ceann Tuí	Teach feirme scoite ceann tuí aon stóir ceithre bhá a tógadh c. 1860, cailleadh leapa ar an taobh thiar	Abhainn an Teiscinne, Gleann CholmCille	CB na nGleannta	Réigiúnach	VS
Cuireadh na Déanmhais thíos leis an taifead ar dhéanmhais chosanta ag cruinniú Cheantar Bardasach na nGleanntach an 18 Meán Fómhair 2018						
40904816	Teach an Tearmainn	Ba é an Marcas Conyngham a thóg Teach an Tearmainn dá gníomhaire sna 1770idí. Tá ball gorta ann timpeall ar an teach go fóill, rud a tógadh mar thionscadal deiridh oibreacha poiblí chun an fhulaingt a mhaolú le linn an Ghorta Mhóir sa bhliain 1847	An Tearmann, an Machaire, an Clochán Liath	CB na nGleannta	Réigiúnach	ASH
40906421	Teach	Teach scoite trí bhá dhá stór atá suite ar phlean casta neamhriala atá i gcruth L, a tógadh thart ar an bhliain 1880 agus a athraíodh thart ar an bhliain 1910	Kiltoorish, na Gleannta	CB na nGleannta	Réigiúnach	A
40903209	Eaglais Mhuire, Doire Beag	Iar-eaglais Chaitliceach scoite atá i gcruth T, a tógadh thart ar an bhliain 1860. Tá príomh-ingearchló cúig bhá i dtreo an iarthuaiscirt uirthi. Tá saingeal éadomhain ann sa lár, a bhfuil sacraistí atá i gcruth U a tógadh thart ar an bhliain 1874 os a chomhair. Tá fortheilgean dhá bhá ann ar aon taobh thoir theas	Doire Beag	CB na nGleannta	Réigiúnach	AS

Tábla 11 Aguisín 3: Ceantar Bardasach Inis Eoghain

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40900101	Túr Mhálanna	Túr faire Napóleon scoite trí stór aon bhá, tógtha c. 1812 agus poill lámhaigh i lár an éadain ó thuaidh agus ar an dá chúinne ó dheas agus marcanna iarleithreas ar an taobh thiar agus thoir	Ard Mhálanna Ard Mhálanna	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AHGS
40900102	Teachín Bhá Inbhearáin	Teach beag ceann tuí aon stóir cúig bhá, tógtha c. 1860 agus póirse beagán starrach le díon cothrom air	Baile Uí Ghormáin, Baile Thiar, Cionn Mhálanna	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	GVS
40900103	Teachín Skildren	Teach scoite cúig bhá a tógadh c. 1969, ar phlean heicseagánach triarach le nascphasáistí a dhéanann corrán go dtí paiteo siar o dheas. Rinneadh athchóiriú c. 1985		CB Inis Eoghain	Áitiúil	AP
40900403	Eaglais Pharóiste Chluain Chatha	Eaglais scoite aon stóir trí bhá de chuid Eaglais na hÉireann, tógtha 1827, túr trí stór ar an mbinn iartharach agus beistrí ó thuaidh	Carrowmore, Málainn	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ASM
40900404	Droichead Mhálanna	Droichead spallaí cloiche deich n-áirse thar an t-inbhear, c. 1800 agus cóipeálacha móra spallaí cloiche ar uchtbhallaí agus áirseanna leathchiorcalacha, scartha go leathan óna chéile le teanntaí spallaí cloiche ar phiaraí agus deisiúcháin maischoinchréide; éiríonn an droichead beagán chun an láir	Carrowmore, Málainn	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ATS
40900407	Halla Mhálanna	Teach scoite ceithre bhá dhá stór os cionn íoslaigh le áiléar dormánta, c. 1758 le síneadh ceithre bhá agus aon stóir go leith soir c. 1900, agus binn chuarlíneach agus síneadh aon stóir os cionn íoslaigh do linn snámha ar chúil, c. 1980 ar an láthair	Norrira, Málainn	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIGSM
40900408	Eaglais Phreibeitíreach Mhálanna	Eaglais Phreibeitíreach scoite aon stóir sé bhá tógtha c. 1790, síneadh ar an taobh thoir le áiléar cóir ar chruth crú chapail go himmheánach agus póirse isteach ar an taobh thoir, tógtha 1868	Goorey, Málainn	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIGSM
40900409	Séipéal Caitliceach	Séipéal Caitliceach scoite aon stóir ceithre bhá, c.1785, ar phlean T-chruthach agus sacraistí starrach siar agus póirse	An Lag, Málainn	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AHGS

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
		isteach go dtí cúinne thoir thuaidh chorp na heaglaise				
40900410	Teach Beag Ceann Tuí	Teach Beag aoldaithe cloiche aon stóir le sraith scioból ceangailte le tús na maoinne a chuireann cruth 'L' ar an gclós. Athchóirithe le deireanaí	Dunross, Cúl Dabhcha, Leitir Ceanainn.	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AHS
40900411	Teach Beag	Teach beag ceithre bhá aon stóir scoite le bá starrach isteach.	Lagacurry, Oileán na Dumhcha, Leifear.	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AHS
40900501	Naomh Buadán, Eaglais na hÉireann	Eaglais aon stóir dhá bhá scoite de chuid Eaglais na hÉireann, tógtha 1747, túr ceithre stór le poill lámhaigh siar agus beistrí starrach ó thuaidh	Cúl Dabhcha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AM
40901001	Séipéal Naomh Mhuire	Séipéal Caitliceach aon stóir cúig bhá scoite, c. 1815, síneadh ar an taobh thoir le plean T-chruthach a dhéanamh, tógtha c.1833; áiléir chóir inmheánacha agus póirsí beannacha ag binn bheannacha	Cluain Maine	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIM
40901008	Teachín	Teach beag ceann tuí aon stóir ceithre bhá scoite ón 19ú haois, síneadh dhá bhá ó dheas agus imchásáil dorais starrach; síneadh aon stóir ar chúl.	Baile Lifín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	VM
40901101	Eaglais Pharóiste Dhomhnaigh	Eaglais aon stóir dhá bhá scoite de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh 1769, loca cloig ag an mbinn iartharach agus beistrí sa chúinne thoir thuaidh agus íoslach faoi; oscailt áirsithe le colbha Eisléire seaimféarálte dúbailte agus múnlaíl húda thairis agus stadanna lipéid bobailíní	Eaglais Pharóiste Dhomhnaigh	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AFM
40901102	Eaglais Phreishbitéireach Charn Domhnach	Eaglais Phreishbitéireach a bhfuil aghaidh bheannach air, aon stóir ceithre bhá, scoite, tógtha 1886, le aghaidh pheidiméide air; síneadh ar chúl, c. 1995	Eaglais Phreishbitéireach Charn Domhnach, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ADSM

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40901103	Séipéal an Chroí Ró-Naofa	Séipéal Caitliceach aon stóir cúig bhá déag, scoite, tógtha 1942, ar phlean na croise Laidinigh le clogás seach-churtha, sa chúinne thiar thuaidh, cruinneachán ar an trastúr, taobhranna ar an dá thaobh, áiléar cóir inmheánach, beistrí dhá stór thiar theas	Séipéal an Chroí Ró-Naofa , Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIS
40901107	Carrickafodan	Teachín ceann tuí aon stóir ceithre bhá scoite ón 19ú haois agus imchásáil dorais starrach agus cailleadh leapa ó thuaidh ar chúil	Carrickafodan, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	VM
40901111	Halla Cuimhneacháin John Colgan	Iar-Halla an Pharóiste dhá stór sé bhá scoite c. 1914, dhá stór os cionn íoslaigh, sciathán dhá leibhéal sa chúinne thiar, in úsáid anois mar Ionad Oidhreacht agus Pobail, agus imchásáil dorais bheannach chosanta ar thaobhanna an oirthuaiscirt agus an oirdheiscirt	Baile Bhloscaidh, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AM
40901201	Séipéal Naomh Chongail	Séipéal Caitliceach Rómhánach T-chruthach, trí bhá, scoite a tógadh 1824, túr ar an aghaidh isteach thiar agus taobhranna thuaidh agus theas curtha leis c. 1848; beistrí starrach ar an taobh thiar	Glackdrummond, Cúil Dabhcha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AG
40901202	Eaglais Mhodhach Glacknadrummond	Séipéal Modhach aon stóir trí bhá scoite a tógadh c. 1850, agus póirse isteach starrach ar an taobh thoir agus beistrí aon stór os cionn íoslaigh ó thuaidh	An Ghlaic, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIM
40805008	Teach Dúchasach	Teach scoite dúchasach ceithre bhá aon stór, a tógadh c.1860 a bhfuil póirse isteach starrach aige seach-churtha ag an taobh thoir thuaidh den phríomhairde (soir ó dheas).	Bóthar Mhálanna, Churchland Quarter, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT
40805009	Sean-Stáisiún Traenach Charn Domhnach	Seanstáisiún traenach ilbhá scoite agus teach mháistir an stáisiúin, ilbhá, tógadh c. 1900-1, ina bhfuil bloc lárach trí bhá, dhá stór agus bloc aon stór ceithre bhá soir buailte leis agus bloc aon bhá aon stór siar.	Atlanfish Teo (Comhlacht faoi Dhliteanas Teoranta), Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40805014	Séipéal Veislíoch	Trí bhá aon stór scoite thar Shéipéal Veislíoch ina bhfuil íoslach ardaithe agus aghaidh bheannach, dár dáta 1867 agus síneadh dhá stór ag an chúl ardaithe (ó thuaidh).	Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS
40805015	Teach Dúchasach	Teach dúchasach trí bhá aon stór ceangailte, tógadh c. 1820, a bhfuil póirse isteach aon bhá, díon cothrom starrach aige a fhad le bá lárnach a fhad leis an airde thosaigh (siar) agus síneadh póirse claonseantáin ag an chúl (soir) ar a bhfuil díon miotal rocach. Díon claonta tuí gona rópaí agus líontán sreinge ceangailte de fhionnaí miotail agus barra iarainn saoirsithe faoi leibhéal na sceimhleacha.	Sráid an tSéipéil, Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT
40805022	Teach Dúchasach	Teach dúchasach ceithre bhá aon stór ceangailte, tógadh c. 1820.	Sráid an Phóna Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT
40805023	Droichead Ghleann Ó gCanann	Droichead trí áirse ar a bhfuil an bóthar thar Abhainn Ghleann Ó gCanann, tógadh c. 1800.	Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT
40805024	Teach Cúirte Charn Domhnach	Seanteach cúirte scoite cúig bhá dhá stór thar íoslach, tógadh 1873 agus 'atógadh' in 1925 ar a bhfuil aghaidh starrach lárnach caol trí bhá.	Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS
40805030	Ospidéal Ceantair Charn Domhnach	Reilig sheanteach na mbocht ar phlean dronuilleogach, in úsáid c. 1845 - 51, ina bhfuil uaigheanna gan leacht íospartaigh de chuid an Ghorta Mhóir.	Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	HS
40901119	Clochar Ard Mhuire	Reilig sheanchlochar Shiúracha na Trócaire, bunaíodh c.1880.	Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	S
40901120	Teach Dúchasach	Teach dúchasach scoite trí bhá aon stór, tógadh c.1820 gona scioból dhá bhá, aon stór ó thuaidh.	Churchland Quarters, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40901121	Droichead Bhaile Bhloscaidh	Droichead trí áirse thar Abhainn Ghleann Tóchair, tógadh c.1800	Baile Bhloscaidh, Carn Domhnach	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AT
40901203	Eaglais na Naomh Uile	Eaglais na hÉireann aon stóir ceithre bhá scoite a tógadh 1856	Aghaglassan, Gleann Aola	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	APM
40901204	Grouse Hall	Teach scoite seacht mba aon stóir os cionn íoslaigh, tógtha 1735, agus síneadh dhá stór ar phlean L-cruthach soir ó dheas agus síntí aon stóir siar ó dheas ar chúil	Grouse Hall, Gleann Aola, Leifear	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGM
40901301	Teach Solais	Teach solais sorcóireach dhá bhá scoite le póirse isteach starrach aon stóir a tógadh c. 1835, túr agus solas curtha leis 1870 agus seomra comhartha	Dún na Graí, Srúibh Brain	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ATIGPM
40901302	Iar-Theach Solais	Iar-theach solais sorcóireach dhá stór scoite le bloc starrach dhá stór thar an pasáiste soir, póirse isteach aon stór siar ó dheas, tógtha 1835	Dún na Graí, Srúibh Brain	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ATIGPM
40901303	Teach Choimeádaí Teach Solais	Teach coimeádaí tí solais aon stóir trí bhá scoite a tógadh 1835, agus seideanna le balla ag an dá bhinn, agus áiléar dormánta	Dún na Graí, Srúibh Brain	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGM
40901304	Teach Iar-Choimeádaí	Teach iar-choimeádaí tí solais trí bhá aon stóir a tógadh c. 1835, agus seideanna aon bhá le balla ag an dá bhinn, le áiléar dormánta	Dún na Graí, Srúibh Brain	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGM
40901305	Teach Iar-Choimeádaí	Teach Iar-Choimeádaí tí solais trí bhá dhá stór os cionn íoslaigh le áiléar, tógtha 1870, le aon stóir starrach os cionn íoslaigh soir ó thuaidh agus bá aonair starrach ar an íoslach ar an gcúinne ó dheas	Dún na Graí, Inis Eoghain Island	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGM
40901812	Séipéal Réalt na Mara	Séipéal Caitliceach aon stóir sé bhá scoite a tógadh 1964, gailearaí inmheánach, altóir cúlbhách, sacraistí starrach, póirsí isteach agus clogás oscailte	Díseart Éignigh, Glebe, Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIP

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40901813	An Dún Riabhach	Foirgneamh músaeim ballaí spallaí cloiche, díon gabhailéadain dronuilleogach air lonnaithe laistigh de Dhún Bataire Napóleon, a tógadh c. 1810	An Dún Riabhach, Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AHPS
40902002	Scioból	Scioból dhá stór dhá bhá le céimeanna cloiche seachtracha. Tá an scioból ceangailte le maoin chónaitheach.	Carrowmore, Gleann Tóchair, Carn Domhnach, Leifear.	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AHS
40902108	Tithe Gardaí Cósta & Custaim	Sraith scoite de sheacht dteach dhá stór seacht mbá ó lár na 19ú haois a tógadh d'Oifigí Custaim le sintí éagsúla dhá stór agus aon stóir agus sraith de chróite aon stóir ar chúl.	Carrickarory, Carrownaff, Bun an Phobail, Leifear	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGPM
40902109	Stáisiún an Gharda Cósta	Iar-stáisiún an gharda cósta dhá stór ocht mbá scoite a tógadh lár na 19ú haois; péire bánna starracha ar thaobh na lámhe clé, bánna cuasaithe ar an taobh clé agus an taobh deas, póirsí aon stóir ar chúl, fuinneoga oiriala ar na taobhanna thoir thuaidh agus thiar thuaidh ar phoill lámhaigh	Carrownaff, Bun an Phobail, Leifear	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGPM
40902201	Teach Mainéir	Teach sé bhá dhá stór os cionn íoslaigh, c.1850 agus cuas dhá bhá dhá stór os cionn íoslaigh i lár ingearchló soir ó dheas, síneadh dhá stór os cionn íoslaigh siar ó thuaidh, póirse isteach aon bhá imfhálaithe beannach soir ó thuaidh	Baile Bó Déag, An Caisleán Nua	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIGM
40902202	The Old Fort Inn	Túr Martello dhá ghunna, tógtha 1812, agus seomra bogtaí cuartha faoin léibheann gunna os cionn íoslaigh agus iar-bhearaicí dhá stór soir ó thuaidh; in úsáid anois mar óstán le daingniúcháin agus cóiríocht ag an leibhéal níos ísle soir ó dheas	Baile Bó Déag, An Caisleán Nua	CB Inis Eoghain	Náisiúnta	HIGU
40902204	Séipéal Naomh Mhuire	Séipéal Caitliceach aon stóir cúig bhá scoite, tógtha 1885, áiléar cóir go himmheánach, túr siar ó dheas agus sacraistí soir ó thuaidh	Ballybrack, An Caisleán Nua	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AISM

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40902205	Músaem Muirí an Chaisleáin Nua	Sraith sé theach dhá stór trí bhá le póirsí isteach starracha beannacha agus iar-stáisiún an gharda cósta dhá stór trí bhá aghaidh starrach i lár na sraithe tógtha c. 1857; in úsáid anois mar thithe músaem agus caifé	Droim an Mhaoir, An Caisleán Nua	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIGPSM
40902208	Séipéal Naomh Pius X	Séipéal Caitliceach aon stóir seacht mbá scoite, tógtha 1953, le áiléar cóir laistigh agus lóchrann mór polagánach thar saingeal, sacraistí ar chúl agus áiléar na mban rialta ar aghaidh an altóra	Séipéal Naomh Pius X, Bun an Phobail	CB Inis Eoghain	Áitiúil	APM
40902209	Teach Carnagarve	Teach trí bhá dhá stor os cionn íoslaigh, c.1825, le báfhuinneoga dhá stór ar leathmhaing siar ó dheas, breiseanna aon stór agus dhá stór faoi seach ar chúl agus ar an taobh, agus bá cuasaithe dhá stór beannach le imchásáil dorais agus feanléas Tuscánach	Teach Carnagarve, Carnagarve, Bun an Phobail, Leifear	CB Inis Eoghain	Regional	AIUSM
40902210	Eaglais Naomh Columba	Eaglais aon stóir cúig bhá de chuid Eaglais na hÉireann le póirse isteach starrach soir ó dheas, spuaic os cionn saingil soir ó thuaidh agus beistrí sa chúinne ó thuaidh, tógtha 1858	Eaglais Naomh Columba, Baile an Eallaigh, Bun an Phobail	CB Inis Eoghain	Regional	APSM
40903101	Eaglais Naomh Fhionáin	Eaglais scoite de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh 1850 agus croslanna agus saingeal ar an taobh thoir, póirse isteach starrach ar an taobh thiar agus beistrí go dtí an cúinne thoir thuaidh.	Tullynavin, Carraig Mhic Uidhilín	CB Inis Eoghain	Regional	APM
40903103	An Caisleán Bán	Teach trí bhá trí stór scoite ó lár go déanach sa 18ú haois le báfhuinneog lánairde láir le coirnéal maolaithe, cuasa ar an dá bhinn agus cúl seomra ar dhá leibhéal starrach cuasach ar chúl, síneadh cuasach aon stóir ar thaobh na lámhe clé	An Caisleán Geal, Carraig Mhic Uidhilín	CB Inis Eoghain		
40903104	Séipéal Naomh Columba	Séipéal Caitliceach aon stóir cúig bhá a tógadh 1871, saingeal polagánach air, loca cloig ar an mbinn siar ó dheas agus sacraistí starrach sa chúinne ó thuaidh	Drong, Carraig Mhic Uidhilín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	APM
40903801	Teach Inse	Teach scoite dhá scór seacht mbá os cionn íoslaigh, ó luath sa	Moress,	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIGM

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
		18ú haois b'fhéidir, le áiléar dormánta, síntí grianáin agus cistine ó dheas agus ó thuaidh faoi seach, bánna lárnach aghaidh starrach agus imchásáil dorais stucó agus síneadh aon stóir ar chúl	An Inis			
40903808	Teach Fahan	Teach scoite cúig bhá dhá stór os cionn íoslaigh c. 1740 agus síneadh dhá stór dhá bhá ó dheas, sciathán dhá stór cúig bhá ar chúl agus síneadh aon stóir dhá bhá ó thuaidh le grianán starrach	Carrowmullin, Fathain, Leifear	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AI
40903809	Teach Altranais Nazareth House	Teach scoite dhá stór ceithre bhá, iartheach le carachtar suntasach Albanach tógtha 1870 le cuasfhuinneoga chun tosaigh agus ar an taobh thiar thuaidh, síneadh trí stór ar chúl ar phlean L-chruthach, síneadh aon stóir ceithre bhá siar ó dheas agus síneadh eile fiche is a sé bhá	Figary, Faughan	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ASM
40903905	Teach Choill Doire	Teach scoite dhá stór cúig bhá os cionn íoslaigh le cuas lánairde chun tosaigh agus báfhuinneoga le coirnéil mhaolaithe ar chúl, c.1770, agus sciatháin starracha dhá stór dhá bhá os cionn íoslaigh le sciathbhallaí ísle cliathánacha ar phlean cuartha ar an dá thaobh tógtha go luath sa 19ú haois	Teach Choill Doire, Ardmore, Magh	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIPM
40904604	Eaglais na Naomh Uile, Eaglais na hÉireann	Eaglais scoite aon stóir ceithre bhá agus túr trí shraith ó dheas, tógtha c. 1722.	Cnoc na Cúile, An Baile Nua, Leitir Ceanainn.	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AHCS
40904608	An Sean-Reachtaire	Teach scoite dhá stór trí bhá, iar-theach Reachtaire d'Eaglais Colehill a tógadh c. 1825 le síneadh dhá stór siar ó thuaidh	Cnoc na Cúile, An Baile Nua, Leitir Ceanainn.	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AHCS
40904702	Séipéal Naomh Aenghusa	Séipéal Caitliceach Nua-aoiseach scoite a tógadh 1965-67 ar phlean ciorcalach le díon cónúil copair	Ceathrú na Madaí, Spíonóg, An Bheart	CB Inis Eoghain	Idirnáisiúnta	AIPDM

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40904703	Eaglais Phreisbitéireach na Birte	Eaglais Phreisbitéireach scoite aon stóir cúig bhá tógtha 1895 agus beistrí ar chúl agus imchásáil dorais bheannach starrach don bhealach isteach agus dóirsí péireáilte chun an áiléir istigh	Ceathrú na Madaí, Spíonóg, An Bheart	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AIM
40904705	Teach na Birte	Teach scoite dhá stór os cionn íoslaigh ó dhéanach sa 17ú haois le áiléar dormánta ar plean L-chruthach agus síneadh dhá stór ó dhéanach sa 18ú haois ar chúl agus síneadh dhá stór trí bhá ó dhéanach sa 19ú haois chun tosaigh agus cuas dhá stór ó dheas	Spíonóg, An Bheart	CB Inis Eoghain	Náisiúnta	AI
40904706	Droim Gamhan	Teach scoite dhá stór cúig bhá agus áiléar dormánta a tógadh 1845 agus síneadh aon stóir dhá bhá curtha leis an taobh soir ó thuaidh le póirse imfhálaithe beannach agus áiléar dormánta ar chúl agus imchásáil dorais Tuscánach ar an éadan	Carrown, An Bheart	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ASM
40904707	Páirc na Feá	Teach scoite dhá stór trí bhá os cionn íoslaigh ón luath 19ú haois le póirse isteach beannach starrach ar phlean L-chruthach, agus síneadh aon stóir dhá bhá ar thaobh na láimhe clé c.1988	Teach na Feá, Both Chuilinn Íochtarach, An Bheart	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ASM
40904709	Teach Bhoth Ghé	Teach scoite cúig bhá dhá stór os cionn íoslaigh luath go lár na 18ú haois agus áiléar dormánta agus síneadh íoslaigh aon bhá soir, síneadh póirse starrach ó thuaidh c.1890	Teach Bhoth Ghé Bogay Glebe, An Baile Nua	CB Inis Eoghain	Náisiúnta	AGSM
40904711	Séipéal na Naomh Uile	Séipéal Caitliceach nua-aimseartha scoite aon stóir ocht mbá, gloine dúbailte istigh	Spíonóg, P.O. Spíonóige, An Bheart	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIM
40905403	Eaglais Pharóiste Raymoghy	Eaglais Seoirseach-Ghotach scoite de chuid Eaglais na hÉireann, corp trí bhá agus túr ó thuaidh, tógtha 1792 le sintí saingil agus beistrí ó dheas a tógadh 1910 agus díon nua ar chorp na heaglaise	Raymochy, An Ráith, An Baile Nua	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
40905405	Eaglais Phreisbitéireach First Ray	Eaglais Phreisbitéireach scoite ceithre bhá aon stóir a tógadh 1746, póirse isteach ó thuaidh, beistrí aon stóir os cionn íoslaigh ó dheas agus áiléar istigh, athchóiriú agus díon nua c. 1990.	An Baile Nua	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AI
40905501	Eaglais Pharóiste Chill Fhéich	Eaglais scoite le corp trí bhá de chuid Eaglais na hÉireann a tógadh 1765, póirse isteach siar agus saingeal agus beistrí soir agus soir ó dheas faoi seach, tógtha 1856	An Carraigín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS
40905502	Prospect Hill	Teach scoite aon stóir trí bhá a tógadh c.1820, le híoslach agus áiléar dormánta, póirse isteach aon stóir lárnach curtha leis c. 1910, agus binn agus fuinneog dhormánta os a chionn agus cúlseomraí aon agus dhá stór ar chúl	An Dún Mór, An Carraigín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS
40905503	Teach Dunmore	Teach Seoirseach cúig bhá dhá stór os cionn íoslaigh, agus cúlteach ar an staighre ar chúl, tógthai 1742, dhá stór dhá bhá os cionn síneadh ar an íoslach soir, póirse isteach aon stóir a tógadh i 1845 agus sintí aon stóir agus dhá stór ar chúl	An Dún Mór, An Carraigín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AISM
40905509	Eaglais Phreisbitéireach	Eaglais Phreisbitéireach aon stóir trí bhá scoite dár dháta 1783 agus póirse soir ó thuaidh agus beistrí siar ó dheas agus seomra coire san íoslach faoin bheistrí.	Crossroads, Garshooey, Both Ghé, Cill Fhéich	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AGS
40905512	Eaglais Phreisbitéireach Monreagh	Eaglais Phreisbitéireach scoite ar phlean T-chruthach a tógadh 1644 ar dtús, rinneadh athmhúnlú air c.1840 le beistrí ar chúl agus seomraí coire leath-íoslach faoi, mórchóiriú inmheánach déanta air c. 1880	Monreagh	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIDOM
40905513	Eaglais Theach Baoithín	Eaglais scoite de chuid Eaglais na hÉireann, a tógadh c. 1627 ar dtús, rinneadh athchóiriú c. 1830 agus is féidir go bhfuil ábhar Meánaoiseach ann	An Bhréadaigh, Baile an Teampaill, An Carraigín	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AIPOFM
40905517	Muilleán an Lín	Iar-Mhuileann aon stóir aon bhá scoite, c. 1860, roth uisce seachtrach agus síneadh aon stóir síos an chnoic	Tullyannan, An Carraigín, Leifear	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	O

Uimh. Thagartha	Ainm	Cur síos	Seoladh	Ceantar Bardasach	Rátáil	Fiúntas Tábhachta
4090 2907	Drift Inn	1860-1865. Iar-stáisiún traenach scoite sé bha, dhá stór a tógadh 1864 le beanna dormánta, bá binne beannach starrach ar thaobh na láimhe deise agus bá bealach isteach iar-seideanna 3 bhá aon stóir ar thaobh na láimhe clé agus stór amháin breise curtha leo.	Bóthar an Iarnróid Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Áitiúil	AP
4080 0102	Droichead Abhainn an Mhuilinn	1700-1750. Droichead bóthair 3 áirse ar eas, tógtha 1740, leathnaithe siar faoi dhó le voussoirs, boghtaí, teanntaí agus uchtbhallaí spallaí cloiche.	Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	ASM
4090 2901	Caisleán Bhun Cranncha	1710-1720. Teach scoite 7 mbá, 2 stór os cionn íoslaigh tógtha 1718 le pailliúin le díonta starracha ar an dá thaobh, síneadh 2 bhá, 2 stór ó dheas ar thaobh na láimhe clé agus cúlteach staighre ar dhá leibhéal ar chúl agus aghaidh starrach ar 3 bhá lárnacha le peidiméid oscailte.	Swan Park, Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Náisiúnta	AGH
40902945	Teach Westbrook	Teach scoite trí bhá, dhá stór, tógadh c.1840.	Tulaigh Armhaoile, Bun Cranncha	CB Inis Eoghain	Réigiúnach	AS
40801311	Teach Ceann Tuí	Teach Beag sraithe 3 bhá ceann tuí a tógadh c. 1830	Bun Dobhráin	CB Dhún na nGall	Áitiúil	V
40801314	Railway Bar	Iar-theach cúinne deireadh sraithe 3 bhá, 2 stór a tógadh c. 1875 le cúlteach 2 stór agus síneadh aon stóir os cionn íoslaigh ar chúl.	Bun Dobhráin	CB Dhún na nGall	Réigiúnach	A
Cuireadh na Déanmhais thíos leis an taifead ar dhéanmhais chosanta ag cruinniú Cheantar Bardasach Dhún na nGall an 11 Meán Fómhair 2018						
40852041	Teach	Teach scoite trí bhá dhá stór, a tógadh thart ar an bhliain 1910, ar a bhfuil claon-fhortheilgean lánairde i dtreo bhánna seachtracha an phríomh-ingearchló (an chuid thiar) agus ar a bhfuil cúlteach dhá stór taobh thiar de (an chuid thoir).	An Meal, Béal Átha Seanaidh	CB Dhún na nGall	Réigiúnach	A
40909108	Droichead Cheann an Locha	Droichead bóthair aon stua os cionn Abhainn Bhun Góistín, a tógadh thart ar an bhliain 1860. Stua cruinncheannach, ar a bhfuil <i>voussoir</i> atá déanta de chloch chóirithe; déantús cearnógach cloiche atá i gcúrsa i dtreo bhairille an stua, agus stiallchúrsaí cloiche gearrtha ag dul amach ag pointe spriongach an stua.	Na Cealla Beaga	CB Dhún na nGall	Réigiúnach	AT
40909101	Droichead Cheann an Locha	Droichead bóthair aon stua os cionn Abhainn Bhun Góistín, a tógadh thart ar an bhliain 1770. Níl sé in úsáid a thuilleadh agus tá sé cumhdaithe le fásra. Stua cruinncheannach, ar a bhfuil <i>voussoir</i> atá déanta de chloch chóirithe chearnógach atá i gcúrsa; déantús cloiche atá i gcúrsa i dtreo bhairille an stua.	Na Cealla Beaga	CB Dhún na nGall	Réigiúnach	AT

Tábla 15 Aguisín 3: Cearta Slí Poiblí

UIMHIR	ÁIT
1.	Ceann Thiar Thuaidh de Thrá Chúil Dabhcha
2.	Trá Carnashanna
3.	Trá Glenburnie
4.	Trá Ballynarry
5.	Trá Leckon, An Inis
6.	Ceann Thiar Thrá Kinnegar
7.	Trá Kinnegar ar an gCeann Thiar
8.	Ceann Theas Thrá Stocker
9.	Trá Stocker
10.	Taobh Thiar Thrá Bhaile Thiarnáin
11.	Lár Thrá Bhaile Thiarnáin
12.	Taobh thoir Thrá Bhaile Thiarnáin
13.	Pointe 600 slat. I dtreo Thrá Dhumhaigh Mhór
14.	Trá Trafaghboy
15.	Trá Ghort na Luchóg
16.	Trá na Trá Móire
17.	Ceann thoir Thrá Marble Hill
18.	Ceann Breaghy
19.	Trá Dhún Fionnchaidh
20.	Trá an Dumhaigh
21.	Trá Mhachaire Chlochair
22.	An Ché Thiar, An Bun Beag
23.	Ceann Theas de Thrá Breade Thiar
24.	Trá Mhullach Dearg
25.	Cé Iascaigh agus Sleamhnán Bád ar an taobh thoir de Bhóthar Contae an L1463
26.	Trá siar ó Bhóthar L1463 ag Trá Dearg




UIMHIR	ÁIT
27.	Ceann thiar de Thrá na nArlann
28.	Trá an Mhachaire
29.	Trá an Dumhnaigh
30.	Trá Castlegoland
31.	Dumhcha taobh thoir de Thrá an Mhachaire
32.	Ceann theas de Thrá Ghleann Cholm Cille
33.	Trá sa Málainn Bhig
34.	Ceann thoir de Thrá Fhionntrá
35.	Trá Fhionntrá
36.	Ceann thiar de Thrá Fhionntrá
37.	Ceann theas de Thrá Mullinasole
38.	Ceann theas de Thrá Fhionnúir
39.	Trá agus Cuasa Phort na Bláiche
40.	Ceann Theas den Trá sna Dúnaibh
41.	Trá Tullagh
42.	Trá an Dúin Riabhaigh
43.	Trá an Dúin Riabhaigh
44.	Príomhbhóthar Charraig Airt


County Donegal Development Plan 2018 - 2024

Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024

Map 01 Appendix 3 Léarscáil 01 Aguisín 3

Public Rights of Way Cearta Slí Poiblí

-  Public Rights of Way/Cearta Slí Poiblí
-  National Roads/Bóithre Náisiúnta
-  Regional Roads/Bóithre Réigiúnacha



Source - Donegal County Council
 Foinsé - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OS Licence Number 2018/02/CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2018. Donegal County Council, 2018. Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordánais Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2018/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordánais Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordánais Éireann, 2018. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018.

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP. Le léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóir agus beartaís ábhartha eile sa PFC.

ROINN B: Aguisín 4

Ag Tógáil Tí faoin Tuath i nDún na nGall - Treoir maidir le Suíomh, Suí agus Dearadh

1.0 Réamhrá

Is acmhainn a bhfuil teorainn léi an tírdhreach i nDún na nGall agus is acmhainn í ar fiú bainistíocht chúramach stuama a dhéanamh ina leith. D'fhonn cuma bhreá an chontae a choinneáil mar atá, leagtar de chúram orainn bainistíocht a dhéanamh i ndáil leis an tionchar a bheadh ag bearta nua forbartha ar an tírdhreach.

Tá an lón eolais a chuirtear ar fáil sa treoir seo á chur i láthair mar ábhar cúnata dóibh siúd a oibríonn sa phróiseas pleanála agus forbartha a bhaineann leis an dearadh ar theach faoin tuath, agus go háirithe tá sé leagtha amach chun cuidiú le hiarratasóirí/gníomhairí tograí a thabhairt chun cinn a bhaineann go sonrach le tréithe Dhún na nGall agus d'fhonn breithniú níos fearr ar an gcur isteach is dócha a bheadh ag an scéim ar an tírdhreach a chumasú.

Cuirtear cur chuige slánchóirithe maidir leis an dearadh a thugtar ar áras cónaithe faoin tuath chun cinn leis an treoir agus na trí ghné buntábhachta, Ionad, Suíomh agus Dearadh, á dtabhairt faoi mheas. Go hachomair, ba chóir maidir le teach faoin tuath;

- Go dtitfeadh sé isteach go sásúil leis an tírdhreach.
- Go mbeadh ionad an tí le sonrú air, go mbeadh an teach ag cur le tréithe an cheantair, go mbeadh tionchar ó stíl na háite ar an teach agus ábhar a oireann don cheantar tuaithe in úsáid.
- Go dtabharfaí dea-dhearadh ar an teach agus sin bunaithe go mór mór ar shaintréithe an tsuímh.

Glúin i ndiaidh glúine, tá daoine ag maireachtáil ar an talamh i nDún na nGall agus na foirgnimh ag titim isteach leis an áit ina bhfuil siad agus á dtógáil de réir na timpeallachta. Is féidir leanacht den cheangal sin a chaomhnú trí shuíomh agus dearadh den chúram agus den tuiscint.

Cé go mbeidh an t-eolas seo ina chúnamh ag lucht iarratais maidir leis na gnéithe dearaidh den phróiseas maidir le cead pleanála a fháil, is sna príomhcháipéisí de chuid an phlean a luaitear na polasaithe a dhíríonn ar an bprionsabail a bhaineann le teach a thógáil i réimsí éagsúla den tírdhreach.

D'ainneoin na bprionsabal sin, ní thabharfar cead pleanála maidir le tograí nach léirítear tuiscint ina leith maidir le saintréithe an tsuímh agus nach dtarlaíonn ina dhiaidh sin go gcoirítear na foirgnimh nua go slán sa tírdhreach ina dtimpeall.

Eascraíonn an treoir seo ón Chroídhociméad, Beartas TT-P-1 Cuid 1 maidir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall ina luaitear go dtiocfaidh tograí maidir le tithe aonair faoin tuath faoi réir ag an Sárchleachtas a chur i bhfeidhm i ndáil le hionad, suíomh agus dearadh tithe faoin tuath mar a leagtar amach in Aguisín B agus go mbeidh siad ag teacht le Beartas TT-P-2.

- An Treoir Dearaidh.
- Comhairliúchán Réamhpleanála.
- Eile:
 - Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh.
 - Diúscairt Eisiltigh.
 - Bóithre agus Bealach Isteach.
 - Sochóiriúchán.
 - Acmhainní Inathnuaite.

1.1 Treoir Ghinearálta don Lucht Iarratais

Agus dearadh á thabhairt ar fhoirgneamh nua in aon chineál comhshaoil, tá roinnt céimeanna le tabhairt san áireamh. Tugtar na prionsabail bhuntábhachta maidir le roghnú an tsuímh, dearadh an tí, mionchóiriú ailtireachta agus an t-ábhar a shonraítear faoi mheas ionas go dtugtar seift dearaidh stuama i ndáil leis an suíomh áirithe i gcrích. Ina bhun sin, ní mór aird faoi leith ar roinnt tosca;

- An Treoir Dearaidh
- Comhairliúchán Réamhphleanála
- Eile:
 - Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh
 - Diúscairt Eisiltigh Bóithre agus Bealach Isteach
 - Sochóiriúchán
 - Acmhainní Inathnuaite



1.2 An Treoir Dearaidh

Nuair a bhítear ag smaoineamh ar theach nua a thógáil i gceantar tuaithe, scrúdaítear an suíomh, déantar liosta dár mian leat a bheith ag baint le teach faoin tuath, téitear i gcomhairle leis an dearthóir agus pléitear a bhfuil de dhíth. Ba cheart go dtosódh an dearthóir le hanailís ar a bhfuil de dhíth, go mbeadh an suíomh féin ar an rud is mó agus is tábhachtaí a thabharfaí san áireamh, chomh maith leis an chomhthéacs beartais a bhaineann le hábhar, tosca spáis de réir mar atá de dhíth agus an buiséad ionas go dtugtar an rud is mian leat i gcrích mar ba cheart, go héifeachtach agus ar chostas réasúnta. Tugtar dearadh chun cinn bunaithe ar na tosca sin agus é cóirithe don suíomh agus do na riachtanais spáis agus ag teacht leis an reachtaíocht reatha agus leis an chreachóras beartais.

Tá eolas agus mionsonraí maidir le hiarratas ar chead pleanála a dhéanamh leis an oifig pleanála áitiúil ar fáil san Ionad Seirbhíse Poiblí áitiúil, in Áras an Chontae i Leifear nó ar an idirlíon ag www.donegalcoco.ie.

Moltar do gach iarratasóir dearthóir proifisiúnta leis na cáilíochtaí cuí a fhostú. Ní gá go mbeadh costas breise ag baint le prionsabail dea-dearaidh a chur i bhfeidhm ach ina áit sin go gcuirfeadh siad le feidhmíocht fuinnimh agus cúrsaí feidhmiúcháin ar feadh ré iomlán an fhoirgnimh. D'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar luach caipitil an fhoirgnimh chomh maith le cur le caighdeán an tsaoil a chaitheann áitritheoirí san fhoirgneamh.

1.3 Comhairliúchán Réamhphleanála

Socraítear cruinniú réamhphleanála leis an Oifig Pleanála d'fhonn a bhfuil ar intinn agat a phlé. Molann Comhairle Chontae Dhún na nGall caidreamh a dhéanamh leis an oifig Pleanála ón tús agus cuirtear comhairle réamhphleanála ar fáil maidir le hiarratas, trína ndírítear ar aon ábhar buartha a thagann chun cinn agus a bpléitear malairt roghanna de réir mar is gá.

Cuirtear léarscáileanna den suíomh, grianghraif den suíomh agus réamhsceitseáil dearaidh ar fáil, roimh ré más féidir, mar chuidiú maidir leis an phlé leis an oifig Pleanála ionas go gcinntítear go mbíonn comhairle eolasach ar fáil lena dtugtar an t-iarratas chun cinn.

1.4 Rialacháin Foirgníochta agus Feidhmíocht Fuinnimh na bhFoirgneamh

Ba cheart a bheith ar an eolas faoi na Rialacháin Náisiúnta Foirgníochta maidir le gnéithe éagsúla den obair thógála. Réimse reachtaíochta sin atá neamhspleách ar an chód maidir le cúrsaí pleanála agus tá

ceangailte ort faoin dlí déanamh de réir na rialachán foirgníochta ionas go gcinntítear go ndéantar an foirgneamh a thógáil ar chaighdeán cuí. Maidir leis sin, tá ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den reachtaíocht i ndáil le Rialacháin Náisiúnta Foirgníochta atá le tabhairt san áireamh iniúchadh ar na deiseanna a bhainfeadh le héifeachtúlacht fuinnimh agus cúrsaí inbhuanaitheachta. Beidh sin mar lón eolais maidir le suíomh an fhoirgnimh agus an dearadh a thugtar air, ionas go ndéantar soláthar do theach sócúil teolaí, go bhféadfadh go laghdófaí ar chostas breosla, agus go gcuirtear le luach thoradh na hinfheistíochta.

Tá an Treoir ón AE maidir le Feidhmíocht Fuinneamh Foirgneamh dírithe ar fheabhsú maidir le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe agus leagtar síos freisin, i measc nithe eile, go bhfuil dlite rátáil fuinnimh an fhoirgnimh a chur ar fáil ar an fhoirgneamh a dhíol nó a ligean ar cíos nó ar an obair thógála ar fhoirgneamh nua a thabhairt chun críche, agus sin i bhfoirm Teastas Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER). Bíonn an fuinneamh a caitheadh le linn an foirgneamh a thógáil san áireamh leis an rátáil chomh maith leis an fhuinneamh a ídítear le linn ré úsáide an fhoirgnimh. Bíonn tionchar ar ghnéithe áirithe den rátáil ag cúrsaí topagrafaíochta agus treoshuímh mar gheall ar an ghnóthachtáil ón ghrian, an foscadh ón ghnáthghaath, fuinneamh na gaoithe etc.; agus moltar dá bharr tithe a shuíomh sa dóigh agus go ngnóthaítear an leas is mó is féidir ón timpeallacht ina bhfuil siad suite.

1.5 Diúscairt Eisiltigh

Ba cheart don lucht iarratais a léiriú go bhfuil an modh ina ndéanfar dramhuisce a dhiúscairt ón teach atá beartaithe inbhuanaithe agus seiceáil maidir le deiseanna ceangail le saoráidí uisce agus séarachais, de réir choinníollacha de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus ag teacht le treoirlínte de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Ba cheart a thabhairt chun aire chomh maith, ó tugadh isteach Rialacháin Pleanála Forbartha na bliana 2006, nach mór i ndáil le gach iarratas ar chead pleanála lena mbeifí ag beartú ábhar eisiltigh a dhiúscairt ar bhealach eile seachas isteach i gcóras príomhphíopa poiblí, measúnacht maidir le hoiriúnacht an tsuímh a chur in éineacht leis an iarratas.

1.6 Bóithre agus Bealach Isteach

Ba chóir go dtabharfaí tús áite do cheisteanna sábháilteachta ar an bhóthar agus an áit a mbeadh an bealach ón suíomh amach ar an bhóthar poiblí á shocrú agus ba chóir an bealach isteach agus amach a shuíomh san áit is fearr a mbeadh amharc ar an bhóthar. Tá na caighdeáin theicniúla mar a leagtar amach in Aguisín 1, Cuid B den Phlean seo, agus ní mór na gnéithe a bhaineann leis na caighdeáin sin a thabhairt san áireamh agus a thabhairt i bhfeidhm.

1.7 Sochóiriúchán/Síneadh le linn a Ré

Ba cheart cúrsaí sochóiriúcháin agus so-athraitheachta a choinneáil sa áireamh agus dearadh á thabhairt ar fhoirgnimh, ionas go mbaineann áisiúlacht leo don sean, don óg agus don duine atá faoi mhíchumas. Is fiú smaoinemh ar an athrú a d'fhéadfadh teacht ar riachtanais lucht an tí agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le leithreas thíos staighre sa chás go mbeadh sin de dhíth tráth is faide anonn.

1.8 Acmhainní Inathnuaite

Moltar i bprionsabail, i ndáil le háitribh atá ann cheana féin chomh maith le háitribh nua, foinsí fuinnimh inathnuaite a úsáid, mar shampla, painéil griantea sa, tuirbín gaoithe tí, córais teasa gheoteirmeacha, córais athchúrsála fearthainne etc.

1.9 Co2 Corpraithe

Tá rogha ábhar tógála tábhachtach i maidir leis an fhorbairt inbhuanaithe. Faoi láthair, in Éirinn is é an méid astúcháin CO2 is féidir a chur síos do dhéantús ábhar tógála timpeall 3-4 mhilliún tonna an bhliain. Cuirtear 'CO2' corpraithe ar an CO2 seo nó is é an CO2 corpraithe sna hábhair thógála. Ba chóir breithniú ar ábhair thógála glasa, ar a n-áirítear stroighin ar bheagán carbóin, inlíu le níos lú CO2 corpraithe, adhmaid ó fhoinsí inbhuanaithe nó ábhair sho-inathchúrsáilte mar chuid d'aon tionscadal tógála. Má dhéantar bearta le CO2 corpraithe a laghdú cuirfidh sin le laghdú foriomlán CO2, agus laghdófar dá réir spleáchas ar bhreoslaí iontaise, agus ag an am chéanna spreagar agus tabharfar tacaíocht d'fhás an gheilleagair ghlas.

Ba chóir maidir le teach faoin tuath;

- Go dtitfeadh sé isteach go sásúil leis an tírdhreach.
- Go mbeadh ionad an tí le sonrú air, go mbeadh an teach ag cur le tréithe an cheantair, go mbeadh tionchar ó stíl na háite ar an teach agus ábhar a oireann don cheantar tuaithe in úsáid.
- Go dtabharfaí dea-dhearadh ar an teach agus sin bunaithe go mór mór ar shaintréithe an tsuímh.

2.0 Ionad

Beidh tionchar ag tréithe an cheantair ina suitear an t-áras cónaithe, luí na talún agus an fásra, ar an dóigh a suitear an foirgneamh sa tírdhreach faoin tuath agus ní mór anailís chúramach stuama a dhéanamh ina leith.

Tá éagsúlacht ag baint le tréithe dhroim na talún ar fud Dhún na nGall agus is féidir athrú suntasach in imeacht achair ghairid. Is de réir an tírdhreach sa chontae, an topagrafaíocht, an tír-raon, an fásra, an oscailteacht, na pátrúin atá faoi na goirt agus na tithe, a shocraítear cé chomh maith agus a shuíodh aon fhoirgneamh nua sa tírdhreach.



Ní ionann an acmhainn a bhaineann le haon tírdhreach faoin tuath glacadh le foirgnimh ag brath ar an toradh atá le cuid mhór de na réimsí thuasluaite, ach is iondúil gur mó an deis i dtírdhreach comhrianaithe glacadh le foirgneamh nua i ndreach na tíre. Ní hé sin le rá nach bhféadfaí teach nua a chóiriú go sásúil i dtírdhreach íseal. Is é an toisc is bonn le teach nua a shuíomh go sásúil nó go míshásúil sa tírdhreach tuiscint ghéar chuimsitheach ar shaintréithe sonracha an tsuímh agus an acmhainn atá ag baint leis an suíomh maidir le foirgneamh nua a shuíomh go sásúil ann.

Ar an chéad dul síos, tá eolas agus tuiscint ar an tírdhreach de chineálacha éagsúla agus ar na tréithe foirgníochta éagsúla i nDún na nGall ina lón eolais maidir leis na deiseanna atá ar fáil le suíomh ar bith faoi leith.



2.1 Cineálacha Sainiúla den Tírdhreach:

Tírdhreach le cósta

Lena n-áirítear ailltreacha, oileáin amach ón chósta agus dhumhcha. Is de thréithe an chósta i nDún na nGall gur cósta fiáin atá ann atá briste ag cuanta beaga agus inbhir, carraigeacha loma agus tránna fada leis agus foscadh dóibh ó dhumhcha gainimh. Tá ailltreacha géara le farraige chomh maith le talamh íseal réidh le cuid den chósta, tránna gainimh i mbánna agus oileáin amach ón chósta ionas go bhfuil cósta an chontae ar chuid den chósta is mó scéimhe sa tír. Is oileáin gharbha cuid mhór de na hoileáin amach ón chósta, iad scoite amach gan crann ar bith ar fás orthu agus gan foscadh ar bith acu ó ghaoth mhór agus ó fharraigí sáile.

Ba cheart forbairt nua leis an chósta agus ar na hoileáin a bheith ag cur leis an taitneamhacht don tsúil a bhaineann leis an chósta agus go léireofaí go mbeadh tairbhe don cheantar as. Ní mór cúram agus tuiscint faoi leith maidir le scála toirte agus cuma aon fhoirgneamh nua in áiteanna den chineál sin.

Sléibhte

Tailte garbha sléibhte cuid mhór de Dhún na nGall. Tá na limistéir chrochta sin, ar iondúil gan aon chónaí iontu, in áiteanna a thagann faoi chosaint ainmniúchán faoi reachtaíocht na hEorpa agus faoi reachtaíocht na hÉireann maidir le cúrsaí caomhantais. Maireann réimse leathan fiadhúlra iontu agus meallann siad cuid mhór cuairteoirí chucu. Fágann cineál faoi leith an tírdhreacha sléibhte, tír-raon oscailte na sléibhte agus easpa fásra gur minic leibhéal ard feiceálachta agus deacrachtaí dá réir sin maidir le foirgneamh nua a chur sa tírdhreach nuair nach mórán deiseanna atá ann go gcóireofaí go sásúil ann é.

Beidh a fheabhas a éiríonn le togra ar bith ag brath ar thuiscint ghéar iomlán maidir leis an suíomh trína ndéantar soláthar do chóiriú tuisceanach ar fhoirgneamh nua sa tírdhreach. Ba cheart tógáil ar chíorfhána nó ar ghualainn cnoic a sheachaint. De rogha air sin, ba cheart smaoineamh ar ascaillí agus logáin nádúrtha ar mhaithe le foscadh agus príobháideachas agus d'fhonn cuidiú le foirgneamh a shuíomh sa tírdhreach ar dhóigh sásúil. Níl glacadh le cuid mhór tochailte chun ardán réidh a chruthú i dtírdhreach den chineál seo.

Droimní

Ar fud réimse de Dhún na nGall, tuairim is 10 nó 12 míle bliain ó shin, ghluais an leac oighir agus cruthaíodh cnoicíní droimníneacha áitiúla, ar a dtugtar droimní. Is minic a fhásann crainn ag bun na ndroimní sin a mbaineann teorainneacha gharraithe beaga cúnga de thréithe leo. Is minic claíocha cloiche ar fáil le teorainneacha na ngarraithe seo mar gheall ar an oiread cloch atá le fáil sna garraithe. Nuair a chuirtear san áireamh chomh coitianta agus atá ballaí cloiche, is féidir tábhacht faoi leith a

bheith le cloch de chuid an cheantair a úsáid maidir le foirgneamh nua a chóiriú sa tírdhreach sna réimsí seo agus teacht le carachtar an cheantair mar atá cheana féin. Ba cheart gnéithe nádúrtha den tírdhreach, cnoic, crainn agus ballaí cloiche a úsáid ar mhaithe le foscadh a chur ar fáil agus foirgneamh nua a chóiriú mar chuid dílis den tírdhreach.

Talamh Portaigh

Cuirtear cúlra lena mbaineann dathanna agus ábhar uigeachta ar fáil leis na portaigh i nDún na nGall le radhairc fada breátha a bhfuil roisíní fásra scaipthe thall is abhus iontu. Tá cuid mhór de bhratphortaigh Dhún na nGall faoi chosaint faoin tráth seo mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Speisialta Caomhantais, le bratphortaigh gníomhacha ina nGnáthóga Tosaíochta faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Mar gheall ar chineál fliuch scagach na talún, ní hiondúil talamh oscailte portaigh oiriúnach d'fhoirgníocht ná furasta a oibriú maidir le cúrsaí tógála agus is féidir deacrachtaí móra a bheith i gceist chomh maith maidir le diúscairt mar is ceart a dhéanamh ar an ábhar eisiltigh. Dá réir sin, is beag deis a bhaineann leis an chineál seo tírdhreacha maidir le forbairt nua. Sa chás go mbíonn deis lena aghaidh sin, tá tábhacht faoi leith le scála agus cuma an fhoirgnimh agus leis an ábhar a shonraítear maidir le bailchríoch a chur air.

Ní mór cúram agus tuiscint faoi leith chun teacht ar sheift trína gcuirtear leis an réimse dathanna sa chomharsanacht ionas go gcinntítear go dtiteann aon fhoirgníocht nua isteach leis an timpeallacht mar ba chóir.

Talamh Curadóireachta

Tá radhairc fhada fairsinge agus talamh méith íseal ar na príomhthréithe a bhaineann leis na réimsí garraithe glasa seo. Bíonn roisíní crann duillsilteacha lánfhásta scaipthe ar fud na machairí méithe fairsinge seo atá réidh cothrom nó fána bheag leo chomh maith le fála sceaigh agus fásra úr méith ag fás go flúirseach. Is iondúil iad roinnte ina bhfeirmeacha móra agus an talamh á shaothrú go dian. Tá tithe móra ar shuíomhanna fairsinge ina dtithe feirme ar an talamh méith seo go traidisiúnta agus cé gur gá cúram faoi leith a dhéanamh den chur isteach a bheadh ag aon fhorbairt ar radhairc fada sa cheantar, d'fhéadfaid soláthar a dhéanamh d'fhoirgneamh níos fairsinge a chóiriú i dtírdhreach den chineál seo ach é a

shuíomh go cúramach agus go hoiriúnach agus leas á bhaint as crainn atá ag fás cheana féin. D'ainneoin a ndeirtear thuas, ba cheart aire faoi leith i gceantair den chineál seo ionas go seachnaítear a oiread is féidir aon chur isteach chun míbhuntáiste ar thaitneamhacht an cheantair don tsúil dá gcuirfí tithe aonair ar fáil nach bhfuil ag teacht leis an suíomh agus iad ag teacht chun cinn rómhór sa timpeallacht. Ba cheart an dóigh a bhfásann crainn in aice a chéile a chothú chomh mór agus is féidir mar chúlra nádúrtha a mbaineann foscadh agus príobháideacht leis thart ar theach nua amuigh faoin tír. Is féidir, anuas air sin, cloigín foirgneamh feirme atá ann cheana féin a bheith ina thúsphointe nádúrtha nuair a bhíonn anailís á déanamh maidir le láthair do theach nua sa dóigh agus gur féidir leanúint le forás chloigín foirgneamh atá ann cheana féin.



2.2 Tagairt do Chineálacha Foirgníochta - Tithe faoin Tuath i nDún na nGall

Tá athrú tagtha ar oidhrecht ailtireachta Dhún na nGall agus is athrú sin go háirithe ón gcruth agus ón mionchóiriú líneach ar theachíní tuaithe a bhíodh ar fáil tráth go dtí tomhaisí i bhfad níos fairsinge maidir leis an teach eastáit ina dhiaidh sin, agus is minic a bhíodh réimse forthithe de chineálacha agus

ar chaighdeáin éagsúla ag gabháil leis an dá chineál acu sin. Bíonn ábhar tagartha i gcineálacha éagsúla den ailtireacht dhúchais sin, ón dúiche intíre san oirthear go dtí an cósta san iarthar, maidir leis an gcomhréir chlaisiceach agus bíonn tionchar ré faoi leith, idir an drochshaol, ré na Plandála agus ré na linne seo le sonrú ar an ábhar mionchóiriúcháin.

Tá roinnt cineálacha ag baint leis na foirgnimh faoin tír faoi láthair a chuireann le saibhreas an tírdhreacha agus na hoidhreachta i nDún na nGall;

- Tithe Eastáit agus foirgnimh seirbhíse.
- Tithe Feirme Claisiceacha agus na forthithe a théann leo.
- Teachainí tuaithe agus na forthithe a théann leo.
- Árais chónaithe dea-dheartha de chuid na linne seo.


Is minic na prionsabail chéanna le sonrú ar na foirgnimh sin maidir leis an gcuma foirgníochta;

- Tagairtí claisiceacha.
- Simplíocht ó thaobh crutha.
- Iad ag baint lena suíomh féin go sonrath
- Iad déanta as réimse ábhair de chuid an cheantair.

Is ón ábhar tagartha sin a thosaítear ar shainiúlacht áitiúil a chur i láthair i gcomhthéacs na tuaithe.

2.3 Na Príomhprionsabail:

- Tréithe nádúrtha sonracha de chuid an cheantair áitiúil a thabhairt san áireamh, e.g. an láthair agus cineál an fhásra crann, cineál na talún, etc. Beidh an fhaisnéis sin mar lón eolais maidir le suíomh agus bonnchló an fhoirgnimh nua.
- Cúrsaí mionchóiriúcháin agus bonnchló maidir leis an timpeallacht foirgníochta mórtimpeall a thabhairt san áireamh agus aird ar an éagsúlacht idir cineálacha traidisiúnta mionchóiriúcháin ar fud an chontae. Ba cheart an éagsúlacht sin ar fud an chontae a thabhairt san áireamh maidir le dearadh an fhoirgnimh.
- Gnéithe nádúrtha sonracha an ionaid a thabhairt chun aire agus úsáid a bhaint astu mar lón eolais maidir le foirgneamh nua a chóiriú go tuisceanach agus go caomh sa timpeallacht.
- Ba cheart go dtitfeadh foirgnimh nua isteach le tréithe an cheantair don amharc seachas seasamh amach ina n-aghaidh.
- Radhairc le bóithre poiblí, le cósta agus le gleannta aibhneacha a chosaint agus a chaomhnú ar fud an chontae nuair atá fiúntas mór leis na radhairc sin ó thaobh taitneamhachta.
- Ainmiúcháin a bhaineann le hábhar maidir leis an tírdhreach nó cúrsaí foirgníochta a thabhairt san áireamh nuair a d'fhéadfadh sin cur isteach ar fhorbairt a bheartófaí.



3.0 Suíomh

Ní ionann acmhainn an tírdhreacha glacadh le forbairt nua ag brath ar thréithe áitiúla an cheantair, agus dá réir sin, cuidíonn dearadh a dhéanamh de réir an tírdhreacha lena chinntiú go socraítear na foirgnimh sa dóigh agus go bhfuil siad neamhfheiceálach agus taitneamhach san áit a bhfuil siad suite.

Nuair a bhíonn suíomh á mheas maidir le teach beartaithe amuigh faoin tír, ba cheart eolas mór a chur ar an suíomh, an tírdhreach a shonrú, agus smaoineamh faoi shuíomh an tí nua. Agus sin á dhéanamh, tugtar gnéithe sonracha an tsuímh faoi anailís a dtugtar roinnt ceisteanna san áireamh leis, agus bíonn an anailís sin ar an suíomh ina lón eolais ina dhiaidh sin maidir leis an mbonnchló agus leagan amach an tí ar an suíomh. Tugtar san áireamh leis:

- Topagrafaíocht
- Treoshuíomh
- Cóiriú ar Imeallacha Teorann/Bealaí Isteach agus Amach
- Gairdíní
- Tionchar Cultúrtha

Tuigtear gurb é tógáil an tí, i gcás cuid mhór daoine, an beart infheistíochta is mó is dócha a dhéanfaidh siad agus gur den riachtanas dá bhrí sin, maidir le teach atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh, atá ina thimpeallacht maireachtála ardchaighdeán agus a chuireann go tairbheach leis an tírdhreach, go mbainfí an leas is fearr is féidir as an suíomh. D'ainneoin sin ar fad, meastar go bhfuil an dóigh a suitear foirgneamh sa tírdhreach ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den phróiseas pleanála.

3.1 Anailís ar an Suíomh

Sonraítear gnéithe suntasacha nó tréithe suntasacha a bhaineann le suíomh trí anailís a dhéanamh ar an suíomh agus baineann leis sin, cuairt a thabhairt ar an suíomh, an suíomh a shiúl, tagairt a dhéanamh do ghrianghrafanna, d'ábhar cartlainne, d'ábhar sceitseála agus do léirscáileanna etc. Le hiniúchadh den chineál sin, tagtar ar thuiscint níos fearr agus níos mine ar na deiseanna a bhaineann le suíomh agus bíonn sin ina lón eolais ina dhiaidh sin maidir leis an phróiseas a bhaineann leis an dearadh agus le hiarratas ar chead pleanála a mheas.

D'fhéadfadh go mb'fhiú mar bheart tosaigh, grianghraif a thógáil den cheantar áitiúil lena mbaineann an suíomh. D'fhéadfadh grianghraif a thógtar ó ionaid éagsúla ina bhfuil amharc ar an suíomh a bheith ina lón eolais maidir leis an chur isteach ó thaobh chuma an tsuímh don tsúil a bheadh ag baint leis an fhorbairt atá beartaithe, agus na radhairc fada i dtreo an tsuímh á dtabhairt san áireamh go mór mór. D'fhéadfaí an t-eolas sin a chur isteach in éineacht le hiarratas ar chead pleanála agus tagairt dó mar cháipéisí taca mar lón eolais don phróiseas maidir le cinneadh a dhéanamh.

Déantar plé níos mine anois i ndáil le gach ceann de na ceisteanna buntábhacha maidir le cúrsaí topagrafaíochta, treoshuíomh, cóiriú imeallacha teorann/bealaí isteach agus amach, gairdíní agus thionchar cultúrtha a mbíonn an toradh ar a n-iniúchadh mar lón eolais maidir le suíomh agus leagan amach aon fhoirgneamh a bheartófaí a thógáil ar an suíomh.

Ba cheart tabhairt faoin phróiseas dearaidh ar bhealach uilechuimsitheach lena léireofaí tuiscint don comhshaol tuaithe agus do chaomhnú nádúrtha fuinnimh, meas ar an tírdhreach tuaithe sa chomhshaol agus ar gnéithe sonracha maidir leis an suíomh.



3.2 Cúrsaí Topagrafaíochta

Tá réimse leathan saibhir ag baint leis an tírdhreach i nDún na nGall, machairí agus gleannta méithe fairsinge, tailte arda agus sléibhte sceirdiúla, cósta garbh breá agus cuid mhór bealaí uisce agus locha intíre, iad ar fad ag cur le topagrafaíocht an Chontae. Tugtar na nithe seo a leanas san áireamh:

- Nuair is féidir sin, socraítear foirgnimh ionas go ritheann siad le comhrianta an tsuímh. I gcásanna eisceachtúla, nuair is gá dul trasna comhriain, binn ghéar nó claonadh géar faoin díon agus nuair is gá sin, déantar suirbhéireacht mhion maidir le comhrianta mar lón eolais don phróiseas dearaidh.
- Seachnaítear tochairt nach bhfuil gá leis ar an suíomh d'fhonn ardán tógála a chruthú nach bhfuil ag titim isteach leis an suíomh go nádúrtha.
- Suitear na foirgnimh ionas go dtiteann siad isteach leis an tírdhreach, iad ina gcuid slán den timpeallacht seachas ag seasamh amach ann.
- Ní thabharfar cead pleanála maidir le tithe a thógáil ar shuíomhanna crochta nó ar shuíomhanna oscailte ina mbeidís feiceálach agus ag cur isteach ar thréithe radhairc an cheantair tuaithe.
- Ba cheart an foirgneamh a shuíomh sa dóigh agus nach mbristear líne na spéire ná líne uisce.



3.3 Treoshuíomh

Ba cheart go dtabharfaí treo na gaoithe de ghnáth, radhairc agus bealach na gréine san áireamh maidir le treoshuíomh tí. Bhíodh tábhacht faoi leith leis an treo ina suití tithe maidir lena suíomh sa tseanaimsir agus ba cheart gur mar a chéile a bheadh i gcónaí, d'fhonn fuinneamh a chaomhnú agus laghdú ar bhíllí teasa sa teach. Is iondúil i ndáil le tithe faoin tuath go mbíonn cóibhéas láidir idir ballaí agus bearnaí ionas gurb iad na ballaí is mó a bhíonn ar fáil, agus tá tábhacht faoi leith leis seo maidir le hingearchló an taobh thuaidh mar ar iondúil fuinneoga níos lú d'fhonn a laghad teasa agus is féidir a chailleadh nuair is iondúil réimsí leathana gloine ar an taobh ó dheas, le béim ar línte suas síos go hiondúil d'fhonn oiread solais agus gnóthachtála agus is féidir ón ngrian.

- Déantar an teach a shuíomh ionas go mbaintear leas as an ghnóthachtáil atá le baint go héighníomhach as an ghrian agus as foscadh ón ghaoth.
- Tugtar dearadh ar an fhoirgneamh ionas go dtagann oiread agus is féidir de sholas na gréine isteach, go mbíonn spás siamsaíochta agus spás sábháilte spraoi ann.
- Ba cheart bealaí isteach agus doirse a shuíomh sa dóigh agus go mbíonn foscadh ón ghnáthghaoth. Nuair is féidir sin, baintear úsáid as crainn atá ag fás cheana féin chun crios foscaidh a chur ar fáil ón ghaoth agus ón fheartainn.
- Smaoinítear ar an bhinn a thabhairt leis an suíomh is mó atá oscailte don ghaoth, ligeann réimsí le foscadh do phlandaí déanamh go maith agus cuireann sin arís le cóiriú na bhfoirgneamh sa tírdhreach.
- Smaoinítear ar ionad na seomraí taobh istigh ionas go mbaintear an leas is fearr as bealach na gréine; grian na maidne isteach sa chistin, grian an tráthnóna isteach sa seomra suite, agus a mbaineann leis sin maidir le leagan amach an tí san áireamh.
- Nithe ar nós an ghrian, an ghaoth agus cuma na talún a thiocfaidh i gceist maidir le treoshuíomh an tí a shocrú, agus ní hé an líne a bhaineann leis an mbóthar is gaire don teach.
- Ligeann leagan amach cúng maidir leis an bhonnchló don déthreoíocht agus is féidir leas a bhaint as 100% den ghnóthachtáil ón ngrian agus de sholas an lae dá bharr sin.

3.4 Cóiriú ar Imeallacha Teorann/ Bealaí Isteach agus Amach

Is cuid den tírdhreach pátrún na ngarraithe, córas na mbóithre, foirgnimh sa chomharsanacht, ballaí teorann, geataí agus gáirdíní, fáлта sceach agus crainn agus isféidir gur leo sin a chuirtear an cúlra ar fáil siar ó fhoirgneamh nua a shuífí sa tírdhreach, agus na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh;



3.5 Cóiriú ar Imeallacha Teorann:

- Tugtar cóiriú ar imeallacha teorann, lena n-áirítear mionghnéithe na ngeataí, na bpiléar, agus den bhailchríoch a chuirtear ar bhallaí teorann, fáлта sceach agus fásra sa chaoi agus go gcuirtear leis an teorainn atá leis an suíomh agus go gcuirtear leis an teach ar an suíomh seachas seasamh amach ina aghaidh.
- Ba cheart meas ar chiumhaiseanna seanbhunaithe na mbóithre i ndáil leis na ballaí teorann ar cheart príobháideachas agus slándáil mar gheall orthu do lucht an tí. Nuair is féidir sin, baintear athúsáid as aon chloch atá ar an suíomh agus as cloch de chuid na háite agus déantar ballaí a atógáil de réir nósanna an cheantair maidir le cúrsáil, siúntáil, airde agus bailchríoch.
- Ba cheart ballaí cloiche a choinneáil nuair is féidir sin agus nuair atá siad ag cur leis an cheantar máguaird. Sa chás gur gá balla cloiche a thabhairt ar shiúl d'fhonn caighdeáin amhairc a shásamh, nó i ndáil le leathnú an bhóthair, déanfar ballaí cloiche nua a chur ar fáil atá sásúil don chomhairle.
- Ba cheart gnéithe sonracha den bhailchríoch ar imeallacha teorann, lena n-áirítear geataí, piléir agus ballaí, ag cur leis an cheantar áitiúil agus níor cheart iad ag seasamh amach an iomarca in aghaidh fhoirgnimh eile in aice láimhe nó le taobh an bhóthair.

3.6 Bealach Isteach agus Amach:

- Is de réir na gCaighdeán Teicniúil a leagtar amach in Aguisín 3 den Plean a dhéantar sonraí agus coinníollacha maidir leis an mbealach isteach chuig teach nua a mheas.
- Ba cheart go dtabharfaí san áireamh, i ndáil leis an mbealach isteach chuig suíomh, an cineál, an t-ionad agus an réise mullaigh maidir le haon chrann dúchasach, aon speiceas faoi leith agus aon fhálta sceach seanbhunaithe ar an suíomh. Nuair is féidir sin, tá gnéithe den chineál sin le caomhnú.
- Ba cheart bealach isteach a dhéanamh ó bhóithríní atá ann cheana féin nuair is féidir sin.
- Ba cheart bealaí isteach agus cabhsáin a lonnú nuair is féidir sin sa chaoi agus go leantar línte na gcomhrianta agus go dtéitear trasna na línte ar bhealach caomh ionas go gcoirítear an teach agus an bealach isteach chuige mar chodanna dílse den suíomh.
- BA cheart go mbeadh líníocht mhionsonraithe agus sonraíocht i ndáil leis an mbealach isteach agus leis an gcóir a chuirfí ar bhallaí teorann mar chuid de gach iarratas ar chead pleanála i ndáil le teach amuigh faoin tír.

3.7 Gáirdíní

Is furasta gáirdíní, crainnte agus fáлта sceach a chur ina gcúlra leis an timpeallacht foirgníochta. Cuireann a leithéid go mór leis an taitneamhacht ó thaobh na súl de agus leis an fhiadhúlra sa tírdhreach agus is modh maith iad chun an t-athrú ón dúlra go dtí réimse níos saothraithe sa tírdhreach a mhaolú.

- Ba chóir go dtabharfaí foscadh agus príobháideachas a chur ar fáil agus teorainneacha na ngort mar atá san áireamh le haon sceideal beartaithe maidir le garraíodóireacht phictiúrtha
- Ní mór tograí don gharraíodóireacht phictiúrtha a chur faoi bhráid le gach iarratas ar chead pleanála i ndáil le forbairt agus speicis dhúchasacha a fheictear go háitiúil mar chuid de atá

oiriúnach do riocht an tsuímh chomh maith le haird faoi leith ar an chóir a chuirtear ar imeallacha teorann.

- Nuair is féidir, coinnítear crainn duillsilteacha lánfhasta dúchasacha, fála sceach seanbhunaithe agus seanchlaíocha cloiche. Cuireann crainn duillsilteacha dúchasacha le taitneamhacht an cheantair áitiúil agus cuirtear suíomh agus cúlra nádúrtha ar fáil leo do theach nua amuigh faoin tír.
- Áirítear iad seo a leanas ar na crainn agus na toim dhúchasacha; an fhearnóg, an fhuinseog, an crann beithe, an crann draighin, aiteann, an sceach gheal, an crann coill, an crann darach, an crann caorthainn agus an crann sailí.

3.8 Tionchar Cultúrtha



Tá tionchar suntasach ag an timpeallacht foirgníochta agus ag an timpeallacht nádúrtha ar thréithe an cheantair. Baineann tábhacht faoi leith le grúpáil na bhfoirgneamh agus cineál na spásanna eatarthu maidir le haon togra i dtaobh forbartha, agus ní mór aird a thabhairt ar phátrúin lonnaithe atá ann cheana, ballaí a mhaireann, forthithe dúchasacha atá ag gabháil leo, foirgnimh a bhfuil tábhacht faoi leith leo, mar shampla iad sin a luaitear mar fhoirgnimh faoi chosaint, a ainmnítear mar shéadchomharthaí nó mar limistéir a bhfuil tábhacht leo maidir le cúrsaí seandálaíochta.

3.9 Na Príomhphrionsabail:

- Roghnaítear an suíomh agus suitear an teach ionas go dtitfeadh sé isteach go tuisceanach leis an tírdhreach agus go laghdófaí oiread agus is féidir ar aon chur isteach den mhíbhuntáiste ón fhoirgneamh ar an tírdhreach.
- Baintear an leas is fearr as gnéithe den suíomh faoi láthair; ba cheart crainn lánfhasta, crann sainiúil, fála sceach seanbhunaithe nó claíoch cloiche a leagan a sheachaint chomh mór agus is féidir.
- Ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as gnéithe den ghnóthachtáil ón ghrian, cúrsaí solais agus foscadh ón ghaoth, agus úsáid a bhaint as aon chrainn atá ag fás go nádúrtha cheana féin ar mhaithe le foscadh agus príobháideachas, d'fhéadfadh go mbeadh gá le breis plandála chun cur leis an fhásra ar an suíomh faoi láthair agus mar imeall teorainneach leis an suíomh.
- Cuirtear seift dearaidh ar fáil a dtugtar tréithe sonracha an tsuímh san áireamh leis agus leas á bhaint as aon ghnéithe den suíomh faoi láthair ar fiú iad a thabhairt faoi mheas.
- Ba cheart go mbeadh teach nua amuigh faoin tír ag cur go tairbheach leis an timpeallacht tuaithe.




Tá an anailís ar an suíomh ar an ghné is tábhachtaí de thogra dea-dheartha. Is féidir le tograí forbartha níos fearr, cur i bhfeidhm níos éifeachtaí ar an dearadh agus, sa deireadh thiar, timpeallacht foirgníochta ar chaighdeán níos airde a theacht de bharr anailís chúramach iomlán ar an suíomh agus ar chomhthéacs na timpeallachta.



4.0 Dearadh

Féachtar leis an treoir seo le dearadh den nuáil a chothú nuair atá sin lán eolais, ag baint go sonrach leis an suíomh, nuair is den chomhaimsearthacht é ó chineál agus nuair a bhaineann sé lena ré féin go sainiúil. Is samplaí de dhea-chleachtas iad na líníochtaí agus na grianghraif atá anseo ach nach gceaptar iad a bheith saintreorach mar go mbeidh éagsúlacht go leor ag baint le cineál agus comhthéacs na suíomhanna ar fud an chontae’.



Tá ionad na seomraí in árais nua faoin tuath ag teacht faoi scáth anailíse ar shuíomh an fhoirgnimh nua i ndáil le cúrsaí topagrafaíochta agus treosuímh a bheag nó a mhór cheana féin. Ba cheart meas ar an chomhthéacs tuaithe ina bhfuil foirgnimh nua á suíomh agus ba cheart úsáid lántuisceanach ar an lón tagartha traidisiúnta le sonrú ar sheift dearaidh dea-cheaptha a bhaineann go sainiúil leis an suíomh. Déantar tagairt anois don leagan amach sa bhonnchló agus do ghnéithe éagsúla den fhoirgneamh.

4.1 Leagan amach sa Bhonnchló

Tá tábhacht staire faoi leith le cruth líneach an bhonnchló faoin tuath, measartha ó thaobh leagan amach cúng, measartha ó thaobh scála agus béim ar an airde suas síos ag an bhinn. Ainneoin a luaitear ansin, d'fhéadfadh go measfaí leagan amach domhain ar an mbonnchló chomh hoiriúnach céanna ag brath ar na deiseanna atá ar fáil ar an suíomh. Is le mionsonraí faoin anailís ar an suíomh a shocraítear leagan amach áras faoin tuath sa bhonnchló. Tugtar san áireamh;

- Nuair is gá is féidir an toirt iomlán a bhriseadh síos idir aonaid níos lú ionas go laghdaítear scála na forbartha ó thaobh a chuma;
- Ba cheart ionad le réimsí seirbhíse; garáistí, stórtha agus foirgnimh taobh amuigh a thabhairt san áireamh ionas go gcuirtear cloigín slánchóirithe ar fáil le cuma na foirgníochta.
- Is minic leagan amach líneach ag teacht go maith le leibhéal na talún, comhrianta agus treosuímh.
- Ba cheart go mbeadh toirt na foirgníochta ag teacht i gcomhréir leis an suíomh agus leis an tírdhreach mórthimpeall, agus ag titim isteach leis an timpeallacht. Ní iondúil go mbeadh foirgnimh mhóra ag teacht le suíomhanna beaga cúnga.
- Tugtar cúrsaí scála agus comhréire na bhfoirgneamh traidisiúnta faoin tuath san áireamh mar lón eolais maidir le seifteanna dearaidh na linne seo.
- Tá ceangal dlúth idir cruth, scála, cúrsaí comhréire agus toirte agus ba cheart iad uilig a thabhairt faoi mheas go cúramach ionas go ndéantar soláthar do bhearta tógála tuisceanacha a thiteann isteach go breá leis an timpeallacht.

4.2 Gnéithe Éagsúla:

Tagann cur i láthair an leagan amach ar fhoirgneamh, sa bhonnchló agus san ingearchló, faoi anáil na ngéithe faoi leith a bhaineann leis; an díon, na fuinneoga agus na doirse, an t-ábhar agus gnéithe mionchóiriúcháin. Is gnáth-thréith maidir le háitribh faoin tuath an tsimplíocht san ingearchló agus ba cheart sin a thabhairt san áireamh go cúramach maidir le foirgneamh a chóiriú, agus gnéithe faoi leith de shaintréithe na háite, nach ionann iad ó cheantar go ceantar taobh istigh den chontae, a thabhairt san áireamh go mór mór.



4.3 Bearnaí

Windows and Doors/Porches.

- Ba cheart go mbeadh an cóimheas traidisiúnta idir ballaí agus bearnaí mar lón eolais maidir leis an dearadh a thugtar ar an ingearchló.
- Sa chás go mbíonn póirsí i gceist, ba cheart go mbeidís ag teacht go dílis le cúrsaí cóimheasa agus scála an fhoirgnimh agus an t-ábhar a úsáidtear ag teacht le hábhar an tí go ginearálta.
- Ba cheart go mbeadh béim ar línte suas síos maidir leis na fuinneoga agus iad ag cur go maith dá réir sin leis an gcóimheas idir fuinneoga agus ballaí.
- Sa chás go mbíonn fuinneoga dormánta nó díonléasacha in úsáid, ba cheart i ngach cás go mbeidís ag teacht leis an ingearchló ina bhfuil siad suite ó thaobh scála, mionchóiriúcháin agus an cineál ábhair a shonraítear. Tá fuinneoga dormánta maide balla ina saintréith den fhoirgníocht faoin tuath.
- Ba cheart fuinneoga cuasacha a bheith simplí ó thaobh a gcrutha, ag teacht ó thaobh cóimheasa agus mionchóiriúcháin leis na fuinneoga eile sa teach. Ba cheart pánaí fairsinge nach bhfuil i gcomhréir lena dtimpeallacht a sheachaint.



4.4 Mionchóiriúchán maidir leis an Díon; Simléir, Sleánna Binne, an Mullach, Diúscairt Uisce Fearthainne

- Is é an sean-nós traidisiúnta go mbíonn simléir daingean ó thaobh a gcuma, iad i gcodarsnacht ghéar suas síos le línte soir siar an bhonnchló agus is iondúil gur ar mhullach an dín a bhíonn siad suite.
- Is iondúil cuma shimplí ar na sceimhleacha agus ar na sleánna binne agus an tsleá binne chomhréidh ina saintréith faoin tuath.
- Ba cheart go ndéanfaí an cóiriú maidir le ciumhais an dín a mheas go cúramach agus ceangal díreach idir sin agus stíleanna mionchóiriúcháin an cheantair faoin tuath.
- Ba cheart go ndéanfaí an suíomh agus líon na bhfánphíobáin uisce fearthainne a mheas go cúramach, ba cheart an iomarca fánphíobáin uisce fearthainne ar aghaidh an tí a sheachaint.
- Ag brath ar chomhthéacs an tsuímh, d'fhéadfadh gurbh fhearr foirgneamh dhá stór iomlána seachas an iomarca tithe stór go leith le fuinneoga dormánta agus díonléasacha san áit amháin.
- Tá seanbhunús staire le claonadh 35-45 céim faoin díon maidir leis an seasamh is fearr in aghaidh gaoithe agus fearthainne agus tá sin ar cheann de na saintréithe faoin tuath.

4.5 Sonraíocht maidir le hÁbhar/Bailchríoch

- Sa chás go mbíonn cloch in úsáid, ba cheart leas a bhaint as ábhar a fhaightear sa cheantar féin. Cuireann an úsáid as ábhar ón gceantar le saintréithe na háite, ag teacht leis an láthair ina bhfuil an foirgneamh suite agus ag treisiú leis an tuiscint do shainiúlacht an cheantair.
- Stuaim maidir le réimse dathanna an ábhair a úsáidtear, rud a threisíonn leis an tsimplíocht maidir leis an ingearchló.
- Cur chuige uileghabhálach a úsáid maidir leis an dearadh a thugtar ar an fhoirgneamh agus na dathanna agus na cineálacha ábhair a thabhairt faoi mheas ón tús d'fhonn cur le dearadh an fhoirgnimh.
- Tá dathanna agus cuma na huigeachta ina ngnéithe láidre den tírdhreach i nDún na nGall agus ba chóir sin le sonrú ar an bhailchríoch a thugtar ar aon fhoirgneamh nua faoin tuath agus ar na cineálacha ábhair a shonraítear ina leith.



4.6 Na Príomhphrionsabail

- Déanfar scála agus cruth aon fhoirgneamh nua a mheas i ndáil le tréithe dhroim na talún san áit; an tír-raon, an cineál fásra, cúrsaí topagrafaíochta etc., chomh maith le hachar agus sonraí an tsuímh agus an cheantair thart air d'fhonn socrú cé chomh furasta agus a chóireofaí foirgneamh nua mar chuid den áit ina bhfuil sé suite.
- Ní mór an comhréir iomlán idir ballaí agus bearnaí a thabhairt faoi mheas go cúramach maidir leis an dóigh ina ndéileáiltear le cúrsaí ingearchló.
- Níor cheart forthithe ná garáistí a bheith ag teacht chun cinn ar an phríomhtheach agus ba cheart iad a shuíomh sa dóigh is go gcuireann siad leis an phríomhtheach.
- Ba cheart go mbeadh meas ar an chomhthéacs tuaithe á léiriú le foirgnimh nua faoin tuath, agus ba cheart go léireofaí úsáid lántuisceanach as tréithe traidisiúnta le seifteanna dearaidh de chuid na linne seo.
- Ba cheart go mbeadh teach nua faoin tuath ag cur go tairbheach leis an timpeallacht tuaithe.

Cothaítear leis an eolas a chuirtear i láthair sa cháipéis seo cur chuige maidir le dearadh a thabhairt ar theach faoin tuath atá bunaithe ar shuíomh an tí agus cuirtear bonn treise ar an chaoi sin faoin sean-nós traidisiúnta maidir le hailtireacht Dhún na nGall a bheith ag eascairt ón talamh agus ó ghnéithe an tí seachas ar chúrsaí stíle nó tíopeolaíochta. Is féidir meas a léiriú ar an oidhreacht foirgníochta thraidisiúnta agus ar na sean-nósanna comhréire i gcomhthéacs nua-aimseartha agus ar sin a dhéanamh, oidhreacht ailtireachta de chuid na linne seo a chruthú do na glúine atá ag teacht.